**Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2009**

Bainistíocht Vóta

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Imleabhar 2

Curtha faoi bhráid Dháil Éireann faoi réir Ailt 3(11) de Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Meán Fómhair 2010

Ullmhaíodh an tuarsacáil ar bhunús na doiciméadachta faisnéise agus na mínithe a fuarthas ó Ranna agus Oifigí Rialtais a ndéantar tagairt dóibh sa Tuarascáil.

Seoladh dréachtanna de mhíreanna ábhartha na Tuarascála chuig na Ranna agus Oifigí Rialtais lena mbaineann agus iarradh a gcuid tuairimí orthu. Nuair is cuí coimsíodh na tuairimí sin sa leagan deiridh den Tuarascáil.

An English language version of this report is also available (Prn. A10/1218).

© Rialtas na hÉireann 2010

# Clár – Imleabhar 2


Bainistíocht Vóta ........ 267

Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath ........ 281

Dílárú ........ 301

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ........ 321

Léasáil ar Thithíocht Shóisialta ........ 329

Bainistiú ar Chúrsaí Comhtháite agus Slánchóiriúcháin ........ 345

Cúnamh Forbartha Oifigiúil ........ 363

Cláir Fhuinnim ........ 379

Cigireachtaí Talmhaíochta ........ 395

Córas Dola gan Bhacainn ar an M50 ........ 363

An Ciste Náisiúnta Oiliúna - Skillnets ........ 385

Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta ........ 429

Caiteachas ar Leas Sóisialach ........ 437

Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh ........ 445

Fiachais Ró-Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh ........ 461

An Scéim Pinsin Neamh-ranníocaigh Stáit ........ 477

Íocaíochtaí Teaghlach Aontuismitheora ........ 489

An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála ........ 501

Clár SKILL ........ 519

Bainistiú Réadmhaoine ........ 541

Rialachas ICT ........ 555

Bainistiú Ioncam Othar ........ 571

Scéim Aisíoca Fadchónaithe ........ 577

An tSeirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse ........ 589

Acmhainní Altranais ........ 603

Cleachtadh Príobháideach Sainchomhairleoirí ........ 609

Soláthar Seirbhísí Míchumais ........ 621

# Caibidil 19

---

# Bainistíocht Vóta

# Bainistíocht Vóta

19.1 Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh gnáthsheirbhísí ranna agus oifigí Rialtais, idir soláthar chaipitiúil agus sholáthar Neamhchaipitiúil:

- trí mheastacháin i gcomhair na seirbhísí sin a cheadú le linn gach bliana
- trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastachán in Acht Leithreasa a ritear gach uile bhliain.

19.2 Is faoi "vótaí" a dhéantar foráil maidir le caiteachas agus bíonn vóta amháin nó níos mó ann a bhaineann le feidhmeanna gach roinne nó oifige ar leith. Sa chéad chuid den mheastachán do gach vóta (dá ngairtear an raon), tugtar achoimre ar na seirbhísí atá le maoiniú. Cuirtear an raon isteach san Acht Leithreasa gach bliain agus, dá bhrí sin, is ionann é agus na críocha ar chucu atá cistí údaraithe ag Dáil Éireann.

19.3 Ag deireadh gach bliana airgeadais, tá ar gach roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, do gach seirbhís a riarann sí agus a bhfuil vóta ann ina leith. Is é atá sa cheanglas reachtúil ná go dtabharfaí tuairisc sa chuntas leithreasa ar an toradh don bhliain i gcomparáid leis an tsuim arna soláthar ag Dáil Éireann. Déantar cuntais leithreasa a tharraingt suas ar bhonn airgid thirim. Ar mhodh faisnéise forlíontaí, déantar torthaí agus iarmhéideanna áirithe atá bunaithe ar fhabhrúcháin a chur san áireamh sna nótaí a ghabhann leis na cuntais.

## Torthaí Iniúchóireachtaí 2009

Táthar tar éis iniúchóireachtaí a dhéanamh ar Chuntais Leithreasa 2009 i gcomhair na vótaí go léir. Tá na cuntais, mar aon le mo chuid tuarascálacha iniúchóireachta, leagtha amach in imleabhar a ghabhann leis seo dar teideal Cuntais Leithreasa 2009. Tá tuairimí soiléire ar fáil i ngach cás. San áireamh i Vóta 38, Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, tá tagairt don leibhéal íocaíochta atá de bhreis ar theidlíocht.

## Leithreasaí 2009

### *Soláthar Measta*

19.4 Sna meastacháin tosaigh i gcomhair seirbhísí poiblí sa bhliain 2009, rinneadh soláthar maidir le deontais soláthair do sheirbhísí a bhfuil vóta ann ina leith, ar deontais iad ina raibh suim iomlán €47.6 billiún. De bhreis air sin, bhí foráil iontu maidir le ranna agus gníomhaireachtaí do bhailiú €6 bhilliún eile trí leithreasaí i gcabhair. In éineacht le cistiúchán caipitiúil iomlán €128 milliún a tugadh anonn ón mbliain 2008.

### *Meastacháin Fhorlíontacha*

19.5 Ina dhiaidh sin, d'iarr Airí leithroinntí forlíontacha i leith 13 vóta. Sna leithroinntí forlíontacha sin, rinneadh soláthar maidir le méaduithe iomlána thart ar €605 mhilliún i roinnt fo-mhírcheann, agus bhí na méaduithe sin le fritháireamh trí choigilteas pleanáilte €267 milliún i bhfo-mhírchinn eile. I gcás leibhéal na leithreasaí i gcabhair a rabhthas ag súil leis, bhí glanlaghdú iomlán €22 mhilliún ann i dtaca leis na vótaí go léir. I bhFíor 98, liostaítear na vótaí ar deonaíodh meastacháin fhorlíontacha ina leith sa bhliain 2009.

**Fíor 98 Meastacháin Fhorlíontacha, 2009**

| Vóta | | Caiteachas breise a ceadaíodh | Lúide | | Glan-deontas soláthair forlíontach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Méaduithe ar leithreasaí i gcabhair | Coigilteas i bhfo-mhírchinn eile | |
| | | €m | €m | €m | €m |
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 65.0 | — | — | 65.0 |
| 12 | An tSeirbhís Shicréideach | 0.2 | — | — | 0.2 |
| 14 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 4.0 | — | — | 4.0 |
| 19 | Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú an Dlí | 55.7 | 12.0 | 43.7 | —* |
| 20 | An Garda Síochána | 77.2 | 25.0 | 22.2 | 30.0 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 8.1 | 6.8 | 1.3 | —* |
| 27 | Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta | 1.3 | — | 1.3 | —* |
| 30 | Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | 2.9 | 0.5 | 2.4 | —* |
| 31 | Talmhaíocht, Iascach agus Bia | 125.4 | 18.4 | 107.0 | —* |
| 34 | Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht | 20.5 | — | 20.5 | —* |
| 37 | Arm-Phinsin | 7.2 | (1.3) | 1.3 | 7.2 |
| 40 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 238.0 | (83.0) | 67.0 | 254.0 |
| 41 | Leanaí agus Gnóthaí na hÓige | —* | — | — | —* |
| **Leithroinntí Forlíontacha do na Vótaí go léir** | | **605.5** | **(21.6)** | **266.7** | **360.4** |

Nóta:

* Léiríonn * gur deonaíodh suim fhorlíontach (dá ngairtear meastachán forlíontach teicniúil). I gcás Vóta 41, bhí gá leis an meastachán forlíontach chun soláthar a dhéanamh maidir le tabhairt isteach na Scéime an Chúram agus Oideachas Luathóige.

19.6 Ba é a bhí i nglantionchar vótaí forlíontacha Dháil Éireann ná méadú €360 milliún sa ghlandeontas soláthair iomlán (méadú 0.8%). I bhFíor 100 d'Iarschríbinn A, taispeántar an méid iomlán arna sholáthar ag Dáil Éireann faoi gach vóta don bhliain 2009.

19.7 Iomlán an tsoláthair de na meastacháin bhunaidh agus bhreise a shuimiú le chéile, agus ionchorpú a dhéanamh ar leithghabháil i gcabhair agus cistiú caipitil tugtha anonn, ná €54 billiún sa bhliain 2009 thar an 41 Vóta ar fad.

### *Toradh an Chaiteachais*

19.8 Ba é a bhí i dtoradh an chaiteachais ag ranna agus ag oifigí sa bhliain 2009 ná €53.1 billiún. Tar éis fáltais ó leithreasaí i gcabhair, ina raibh suim iomlán €5.9 billiún, a asbhaint, ba é a bhí sa ghlanchaiteachas don bhliain ná €47.2 billiún de réir mar atá leagtha amach i bhFíor 99.

**Fíor 99 Toradh Vótaí 2008 agus 2009**

| | 2008<br>€m | 2009<br>€m |
|---|---|---|
| Caiteachas comhlán a vótáladh | 53,761 | 53,119 |
| Lúide leithtreasaí i gcabhair | 4,464 | 5,916 |
| Glanchaiteachas a vótáladh | 49,297 | 47,203 |
| Leithroinnt barrachais don bhliain | 878 | 794 |
| An méid a tugadh anonn chuig an mbliain dár gcionn | 128 | 126 |
| An barrachas atá le tabhairt suas | 750 | 668 |

19.9 Ní cheadaítear do ranna ná do ghníomhaireachtaí aon suim a chaitheamh atá os cionn na suime atá ceadaithe i gcomhair gach réimse dá vóta. Nuair atá toradh an chaiteachais sa bhliain níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, dlitear an tsuim bharrachais a thabhairt suas don Státchiste.

19.10 €794 milliún a bhí sa soláthar barrachas sa bhliain 2009. I dtaca leis an méid sin de, ceadaíodh €126 mhilliún de lena tabhairt ar aghaidh chuig an mbliain 2010[144]. Bhíothas chun an t-iarmhéid €668 mhilliún a thabhairt suas. I gcás gach vóta, tá na suimeanna a dlíodh a thabhairt suas nó a thabairt ar aghaidh chuig 2010 ar taispeáint i bhFíor 101 d'Iarschríbinn A.

## Conclúidí maidir le Toradh an Chaiteachais

Rinne gach roinn agus gach oifig bainistíocht de réir a gcuid leithroinntí reachtúla. Dá dhroim sin, ní raibh aon vóta farasbairr ann sa bhliain 2009. Taifeadadh barrachais i ndáil le gach vóta, ar bhonn a gcaiteachais chomhláin agus, freisin, ar bhonn a nglanchaiteachais tar éis leithreasaí i gcabhair a chur san áireamh.

### *Leithroinnt Bharrachais 2008 a Dhiúscairt*

19.11 Ba é a bhí sa leithroinnt bharrachais sa bhliain 2008 ná €878 milliún. €128 milliún a bhí sa tsuim a ceadaíodh lena tabhairt ar aghaidh chuig 2009. Bhíothas chun an t-iarmhéid €750 mhilliún a thabhairt suas don Státchiste.

## Conclúidí maidir le Tabhairt Suas sa bhliain 2008

€750 milliún a bhí sna hiarmhéideanna a bhí le tabhairt suas as vótaí i gcomhair seirbhísí poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008. Deimhním go ndearnadh na hiarmhéideanna sin a thabhairt suas go cuí.

---

144 Le halt 91 den Acht Airgeadais 2004, ceadaítear maoiniú neamhchaite caipitiúil a thabhairt ar aghaidh chuig an mbliain dár gcionn, ach sin faoi réir comhaontú a fháil ón Aire Airgeadais.

## Fáltais Bhreise Státchiste

19.12 Ordaíonn an Roinn Airgeadais suimeanna áirithe a bhailíonn ranna agus oifigí Rialtais a chreidiúnú don Státchiste agus gan déileáil leo mar a bheadh leithreasaí i gcabhair iad. Áirítear sna suimeanna sin fáltais an Gharda Síochána ó fhíneálacha (ar an láthair) agus ó fhíneálacha cúirte. Go hiondúil, is sa tslí sin a thugtar cuntas ar fháltais neamhghnácha freisin, lena n-áirítear fáltais ó dhíol suntasach maoine, fáltais ar scór ioncaim barrachais nó brabús cuideachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitiúla, íocaíochtaí cúitimh agus tabhairt suas saorálach tuarastail.

19.13 I gcás ina raibh fáltais bhreise Státchiste ann sa bhliain 2009, taispeántar an méid i nóta a ghabhann leis na cuntais leithreasa faoi seach. Tá méid comhiomlán na bhfáltas sin a thuairiscítear i ngach méid leagtha amach i bhFíor 102 d'Iarschríbinn A.

### Conclúidí maidir le Fáltais Bhreise Státchiste

I dtaca le fáltais bhreise Státchiste, €111 mhilliún a bhí sa tsuim iomlán a fuair ranna agus oifigí Rialtais.

Rinneadh na fáltais bhreise Státchiste a thaispeántar i gcuntais leithreasa 2009 a íoc isteach sa Státchiste. Tharla cuid de na híocaíochtaí sin go luath sa bhliain 2010.

## Cuntais Stoic agus Stóir

19.14 Faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, ceanglaítear orm scrúdú a dhéanamh ar chuntais áirithe stoic agus stóir de chuid ranna agus oifigí. Déantar an scrúdú sin mar chuid den iniúchadh ar na Cuntais Leithreasa.

### Conclúidí maidir le Cuntais Stoic agus Stóir

Rinneadh scrúdú ar chuntais stoic agus stóir ranna agus oifigí agus bhí torthaí na scrúduithe sin sásúil i gcoitinne.

## Deontais i gcabhair

19.15 Chomh maith leis na gnáthsheirbhísí a riarann roinn nó oifig Rialtais go díreach a chlúdach, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh soláthar airgeadais áirithe san áireamh i vóta, ar soláthar é do ghníomhaíocht áirithe nó do chomhlacht seachtrach agus é i bhfoirm deontais nó deontais i gcabhair don chomhlacht lena mbaineann. Tagann deontais faoi réir na gnáthshrianta a bhaineann le haon íocaíocht as fo-mhírcheann agus ní mór aon iarmhéid atá fágtha gan bheith caite ag deireadh na bliana a thabhairt suas. Tá deontas i gcabhair éagsúil le deontais eile a vótáiltear, is é sin le rá, maidir leis na suimeanna a eisítear ón vóta nó ón bhfo-mhírcheann, ní dhlitear aon iarmhéid neamhchaite gan choinne i ndáil leo ag deireadh na bliana a thabhairt suas don Státchiste.

19.16 De ghnáth, baineann deontais i gcabhair le comhlachtaí poiblí a chomhlíonann feidhmeanna áirithe. Tá pharaiméadair dhea-shainithe ag na feidhmeanna sin agus forghníomhaítear iad gan teagmháil leanúnach leis an Roinn is deontóir. Sula ndéantar togra maidir le caiteachas a aicmiú mar dheontas i gcabhair, ní mór do Roinn a bheith sásta gur cuí iarmhéideanna neamhchaite ag deireadh na

bliana a choimeád agus, freisin, gur cuí na socruithe cuntasaíochta agus na socruithe eile a bhaineann le deontais i gcabhair.[145]

19.17 I gcoitinne, déantar gach deontas i gcabhair a chur i láthair mar fho-mhírcheann ar leithligh sa vóta iomchuí. I gcás eisiúintí chuig íocaithe éagsúla a bheith i gceist, d'fhéadfadh sé go mbeidh deontas i gcabhair iníoctha le ciste ainmnithe arna riaradh ag an Roinn lena mbaineann agus go bhféadfar na híocaíochtaí a dhéanamh as an gciste sin in am trátha. Déantar mionsonraí faoi chuntas an chiste a chur san áireamh sna nótaí a ghabhann leis an gcuntas leithreasa.

19.18 Ní cheadaítear an méid iomlán a íoctar ar mhodh deontais i gcabhair a bheith níos mó ná an méid a shonraítear i bhfo-mhírcheann an Mheastachán. Ní féidir coigilteas i bhfo-mhírchinn eile a úsáid chun an méid a mhéadú.

## Conclúidí maidir le Caiteachas ar Dheontais i gCabhair

Sa bhliain 2009, ba é a bhí sna heisiúintí iomlána faoi fho-mhírchinn deontas i gcabhair ná €2.86 billiún. I ngach cás, bhí an méid a íocadh ar mhodh deontais i gcabhair comhionann le méid sholáthar an fho-mhírchinn a cheadaigh Dáil Éireann nó bhí sé níos lú ná méid an tsoláthair sin.

## Muirear ar Vóta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

19.19 Is é atá sa mhuirear ar Vóta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ná caiteachas a thaifeadtar ar bhonn limistéir agus caiteachas a bhaineann le cláir a riartar ar bhonn náisiúnta. Déantar an caiteachas a thaifeadtar ar bhonn limistéir a ullmhú do limistéir a bhí ann sula raibh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar marthain agus díorthaíonn sé as córais airgeadais leagáide a oibrítear sna limistéir sin. Tá na córais sin ceaptha chun cuntais a ullmhú atá bunaithe ar fhabhrúcháin. Tá na figiúirí atá bunaithe ar airgead tirim agus atá ag teastáil le haghaidh cuntasaíochta Vóta ag brath ar choigeartú substaintiúil ar na figiúirí Fabhrúcháin. I ndeireadh na dála, cé go n-ullmhaítear toradh foriomlán leis an bpróiseas seo, ar toradh é atá comhionann leis heisíoc airgid thirim na Feidhmeannachta sa bhliain, tá an muirear ar roinnt fo-mhírcheann ar leithligh bunaithe ar chionroinntí. Go háirithe

- déantar na costais a ghabhann le Cúram Fadchónaithe (do dhaoine scothaosta) a riaradh go háitiúil agus tá an muirear ar Fho-Mhírcheann B.16 bunaithe ar mhúnla leithroinnte costais a d'fhorbair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar múnla é trína ndéantar, go hachomair, na costais a ghabhann lena haonaid fhadchónaithe a chionroinnt ar bhonn na leapacha a leithroinntear chuig grúpaí éagsúla cúraim.
- maidir le caiteachas áirithe a riartar go lárnach faoi láthair (e.g. deontais d'institiúidí tríú leibhéal le haghaidh oideachais altranais), déantar foráil maidir leis i bhfo-mhírchinn atá bunaithe ar limistéir agus, dá réir sin, ní mór íocaíochtaí a riartar go lárnach a chionroinnt chuig na fo-mhírchinn sin ar bhonn leithroinnte.

---

145 Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuid mhór de na comhlachtaí a mhaoinítear le deontais i gcabhair.

## Conclúid maidir leis an Muirear ar Vóta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

I gCaibidil 39, tugtar achoimre ar stádas Córais Náisiúnta um Airgeadas agus um Fháil Earraí agus Seirbhísí atá a fhorbairt ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Cé go bhfuil cás gnó curtha i gcrích i ndáil le córas nua airgeadais, tá an tionscadal fós faoi réir a cheadaithe deiridh ag an Roinn Sláinte agus Leanaí agus ag an Roinn Airgeadais.

San idirlinn, b'fhiú an méid seo a leanas a dhéanamh

fo-mhírchinn atá bunaithe ar limistéir a ailíniú le limistéir oibríochta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

fo-mhírchinn dhiscréideacha a chruthú do na cláir go léir a riartar go lárnach.

## Athbhreithniú ar an gCiste Teagmhais

19.20 Is é atá sa Chiste Teagmhais ná ciste neamhreachtúil a bunaíodh ar dtús chun deontais i gcabhair a vótáladh sa bhliain 1923 a riaradh. Le comhaontú ón gCoiste um Chuntais Phoiblí, coisctear úsáid a bhaint as an gCiste Teagmhais nuair atá an Dáil ina suí nó le haghaidh seirbhísí nua de chineál conspóideach.

19.21 Is é an Roinn Airgeadais a bhainistíonn an Ciste. Maidir le cinneadh chun airgead a shealbhaítear sa Chiste a úsáid, ní dhéanann ach Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne cinneadh den sórt sin, le comhaontú roimh ré ón Aire Airgeadais. Oibríonn an Ciste cuntas taisce a shealbhaítear in Oifig an Phámháistir Ghinearálta[146].

19.22 Is é atá sa nósmhaireacht ná go ndéantar gach íocaíocht ón gCiste a aisíoc ina dhiaidh sin

trí Vóta nua nó trí Vóta breise más rud é go mbaineann an t-airleacan le seirbhís nua ar fad

ar mhodh Meastacháin Fhorlíontaigh más rud é go mbaineann an tseirbhís le Vóta láithreach

as an bPríomh-Chiste, agus tá gá le reachtaíocht shonrach ina leith sin.

19.23 Déantar méid an Chiste a athbhreithniú gach cúig bliana. Tar éis athbhreithnithe sa bhliain 2004, rinneadh an méid a bhí sa Chiste a mhéadú go dtí €1.2 milliún. Tar éis athbhreithnithe a tosaíodh sa bhliain 2009, cinneadh gur cheart go bhfanfadh an Ciste ag an leibhéal sin. Tá an chéad athbhreithniú eile le déanamh sa bhliain 2014.

## Conclúidí maidir leis an gCiste Teagmhais

Ní raibh aon idirbhearta ann maidir leis an gCiste sa bhliain 2009.

146 Tá na nósanna imeachta a bhaineann le hoibriú an Chiste leagtha amach i bhfoilseachán na Roinne Airgeadais dar teideal Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí (Ranna C.1.5 go C.1.12).

## Iarscríbinn A  Torthaí Airgeadais an Rialtais Láir

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead do ghnáthsheirbhísí ranna agus oifigí an Rialtais trí mheastacháin a cheadú i leith na suimeanna a bheidh riachtanach do na seirbhísí sin i rith na bliana, agus trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. Soláthraítear don chaiteachas faoi shraith "vótaí".  De réir dlí, ní mór cuntas leithghabhála a tháirgeadh le haghaidh gach vóta. Ní mór go soláthróidh an cuntas mionsonraí na dtorthaí don bhliain in aghaidh na suime a sholáthróidh Dáil Éireann.

Fíor 100 tugtar achoimre ar na torthaí ar chaiteachas agus ar fháltais i dtaobh na suimeanna a leithghabhadh do sheirbhísí poiblí i 2009.

Fíor 101 léirítear cén chaoi ar cuireadh leithghabhálacha breise i bhfeidhm i 2009 — trí chaiteachas a bheith iarchurtha go dtí 2010 nó trí ghéilleadh don Státchiste.

Fíor 102 léirítear fáltais Státchiste breise a bhíothas ag súil leo agus a baineadh amach.

Tugtar mínithe thíos ar chuid de na téarmaí a n-úsáidtear sna táblaí.

| | |
|---|---|
| **Deontas Soláthair** | An t-airgead arna bronnadh (nó arna vótáil) ag Dáil Éireann do gach seirbhís phoiblí. |
| **Iarchurtha ó 2008** | Suimeanna airgid chaipitil nár caitheadh i 2008 agus a tugadh ar aghaidh do chaiteachas ar sheirbhísí caipitil i 2009.  Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt ar aghaidh na suimeanna sin san Acht Leithreasa 2008. |
| **Leithghabhálacha i gCabhair** | Fáltais rannaigh a d'fhéadfaí a choinneáil, le comhaontú Dáil Éireann, chun speansais an vóta dá dtagraíonn siad a ghlanadh. |
| **Leithghabhálacha Iomlána** | Suim comhdhéanta den deontas soláthair, d'airgid chaipitil iarchurtha 2008 (más ann) agus de leithreasaí i gcabhair. |
| **Géilleadh Iarchurtha** | Suim airgid chaipitil nár caitheadh i 2009 agus a tugadh ar aghaidh do chaiteachas i 2010.  Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt ar aghaidh na suimeanna sin san Acht Leithreasa 2009. |
| **Suim le géilleadh** | Suim airgid a leithghabhadh i 2009 ach nár caitheadh sa bhliain é nó nach bhfuil iarchurtha go dtí 2010, agus caithfear dá bhrí sin é a ghéilleadh don Státchiste. |
| **Fáltais Státchiste Breise** | Fáltais rannaigh nach fáltais leithghabhálacha-i-gcabhair iad, ach a n-íoctar díreach leis an Státchiste. |

**Fíor 100  Achoimre ar Leithreasaí le haghaidh Seirbhísí Poiblí i 2009, in aghaidh an Vóta**

| Vóta | Seirbhís | Suim a Leithreasaíodh | | | | Torthaí | | | Soláthar i gComparáid le Torthaí | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais Sholáthair[a] | Iarchurtha ó 2008 | Leithreasaí-i-gCabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí-i-gCabhair a baineadh amach | Glan-Chaiteachas | Barrachas/ (Easnamh) Soláthair d'Ollchaiteachas | Iomarca/ (Easnamh) i bhFáltais | Glan-Bharrachas[b] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Áras an Uachtaráin | 3,422 | — | 87 | 3,509 | 2,896 | 64 | 2,832 | 613 | (23) | 590 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 32,686 | — | 1,100 | 33,786 | 25,149 | 914 | 24,235 | 8,637 | (186) | 8,451 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 17,480 | — | 733 | 18,213 | 16,320 | 670 | 15,650 | 1,893 | (63) | 1,830 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 53,640 | — | 2,040 | 55,680 | 50,483 | 1,911 | 48,572 | 5,197 | (129) | 5,068 |
| 5 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 8,271 | — | 5,032 | 13,303 | 12,150 | 5,508 | 6,642 | 1,153 | 476 | 1,629 |
| 6 | Oifig an Aire Airgeadais | 68,355 | — | 15,130 | 83,485 | 76,260 | 11,086 | 65,174 | 7,225 | (4,044) | 3,181 |
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 333,735 | — | 78,250 | 411,985 | 408,932 | 89,926 | 319,006 | 3,053 | 11,676 | 14,729 |
| 8 | Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc | 603 | — | 28 | 631 | 466 | 28 | 438 | 165 | — | 165 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 403,255 | — | 57,546 | 460,801 | 460,170 | 66,987 | 393,183 | 631 | 9,441 | 10,072 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 468,745 | 5,000 | 27,140 | 500,885 | 478,352 | 31,447 | 446,905 | 22,533 | 4,307 | 26,840 |
| 11 | Saotharlann Stáit | 9,465 | — | 510 | 9,975 | 9,234 | 832 | 8,402 | 741 | 322 | 1,063 |
| 12 | An tSeirbhís Sicréideach | 900 | — | — | 900 | 602 | — | 602 | 298 | — | 298 |
| 13 | Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 35,886 | — | 3,441 | 39,327 | 38,199 | 4,708 | 33,491 | 1,128 | 1,267 | 2,395 |
| 14 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 45,121 | — | 775 | 45,896 | 45,687 | 901 | 44,786 | 209 | 126 | 335 |
| 15 | Oifig Luchála | 11,344 | — | 2,238 | 13,582 | 12,093 | 2,788 | 9,305 | 1,489 | 550 | 2,039 |
| 16 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 12,655 | — | 453 | 13,108 | 10,363 | 563 | 9,800 | 2,745 | 110 | 2,855 |
| 17 | An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 1,204 | — | 39 | 1,243 | 983 | 32 | 951 | 260 | (7) | 253 |
| 18 | Oifig an Ombudsman | 7,958 | — | 345 | 8,303 | 7,290 | 317 | 6,973 | 1,013 | (28) | 985 |
| 19 | Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí | 434,888 | — | 42,327 | 477,215 | 470,833 | 43,653 | 427,180 | 6,382 | 1,326 | 7,708 |
| 20 | Garda Síochána | 1,510,021 | — | 111,936 | 1,621,957 | 1,619,972 | 112,226 | 1,507,746 | 1,985 | 290 | 2,275 |

| | | €000 | €000 | €000 | | | | €000 | €000 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 21 | Príosúin | 363,586 | — | 15,733 | 379,319 | 374,120 | 16,293 | 357,827 | 5,199 | 560 | 5,759 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 77,620 | — | 51,172 | 128,792 | 125,772 | 51,358 | 74,414 | 3,020 | 186 | 3,206 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 41,472 | 350 | 1,148 | 42,970 | 41,380 | 1,182 | 40,198 | 1,590 | 34 | 1,624 |
| 24 | Tabhartas agus Tiomnachtaí Carthanúla | 446 | — | 24 | 470 | 392 | 13 | 379 | 78 | (11) | 67 |
| 25 | Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil | 2,661,735 | 6,277 | 20,999 | 2,689,011 | 2,673,582 | 21,688 | 2,651,894 | 15,429 | 689 | 16,118 |
| 26 | Oideachas agus Eolaíocht | 8,921,349 | — | 570,353 | 9,491,702 | 9,355,736 | 579,521 | 8,776,215 | 135,966 | 9,168 | 145,134 |
| 27 | Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta | 443,873 | — | 31,828 | 475,701 | 458,686 | 18,234 | 440,452 | 17,015 | (13,594) | 3,421 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 206,762 | — | 40,386 | 247,148 | 232,173 | 40,481 | 191,692 | 14,975 | 95 | 15,070 |
| 29 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 570,203 | — | 939 | 571,142 | 567,490 | 1,790 | 565,700 | 3,652 | 851 | 4,503 |
| 30 | Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | 262,999 | 15,500 | 249,184 | 527,683 | 473,232 | 240,699 | 232,533 | 54,451 | (8,485) | 45,966 |
| 31 | Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia | 1,599,081 | — | 404,353 | 2,003,434 | 1,937,842 | 408,140 | 1,529,702 | 65,592 | 3,787 | 69,379 |
| 32 | Iompar | 2,515,935 | 78,500 | 586,629 | 3,181,064 | 3,174,757 | 582,987 | 2,591,770 | 6,307 | (3,642) | 2,665 |
| 33 | Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | 10,934 | — | 297 | 11,231 | 10,903 | 263 | 10,640 | 328 | (34) | 294 |
| 34 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 1,477,387 | 18,326 | 87,310 | 1,583,024 | 1,550,058 | 73,253 | 1,476,805 | 32,966 | (14,057) | 18,909 |
| 35 | Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht | 524,076 | 1,500 | 5,065 | 530,641 | 526,855 | 4,810 | 522,045 | 3,786 | (255) | 3,531 |
| 36 | Cosaint | 786,253 | 3,000 | 36,330 | 825,583 | 804,301 | 39,434 | 764,867 | 21,282 | 3,104 | 24,386 |
| 37 | Pinsin an Airm | 209,200 | — | 5,700 | 214,900 | 214,805 | 5,623 | 209,182 | 95 | (77) | 18 |
| 38 | Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh | 10,917,009 | — | 213,083 | 11,130,092 | 10,877,552 | 219,040 | 10,658,512 | 252,540 | 5,957 | 258,497 |
| 39 | Sláinte agus Leanaí | 491,174 | — | 4,316 | 495,490 | 425,436 | 5,600 | 419,836 | 70,054 | 1,284 | 71,338 |
| 40 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 11,886,588 | — | 3,294,263 | 15,180,851 | 15,103,550 | 3,225,504 | 11,878,046 | 77,301 | (68,759) | 8,542 |
| 41 | Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige | 441,578 | — | 9,850 | 451,428 | 443,884 | 5,240 | 438,644 | 7,544 | (4,610) | 2,934 |
| | | **47,868,895** | **128,453** | **5,978,112** | **53,975,460** | **53,118,940** | **5,915,714** | **47,203,226** | **856,520** | **(62,398)** | **794,122** |

Notaí:

a Tá meastacháin bunaidh (€47.6 billiún) agus meastacháin bhreise (€0.3 billiún) san áireamh anseo

b Is é an glanbharrachas (€794.1 milliún) barrachas na nglanleithghabhálacha don bhliain (€48 billiún – ina raibh €47.9 billiún de dheontais sholáthar agus €0.1 billiún de mhéideanna iarchurtha ó 2008) roinnte ar an an nglantáirgeacht (€47.2 billiún).

**Fíor 101  Cur i bhFeidhm Leithreasaí Breise 2009, in aghaidh an Vóta**

| Vóta | Seirbhís | Glan-bharrachas | Géilleadh Iarchurtha | Méid le Géilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Áras an Uachtaráin | 590 | — | 590 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 8,451 | — | 8,451 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 1,830 | — | 1,830 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 5,068 | — | 5,068 |
| 5 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 1,629 | — | 1,629 |
| 6 | Oifig an Aire Airgeadais | 3,181 | — | 3,181 |
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 14,729 | — | 14,729 |
| 8 | Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc | 165 | — | 165 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 10,072 | — | 10,072 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 26,840 | 20,279 | 6,561 |
| 11 | Saotharlann Stáit | 1,063 | — | 1,063 |
| 12 | An tSeirbhís Sicréideach | 298 | — | 298 |
| 13 | Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 2,395 | — | 2,395 |
| 14 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 335 | — | 335 |
| 15 | Oifig Luchála | 2,039 | — | 2,039 |
| 16 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 2,855 | — | 2,855 |
| 17 | An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 253 | — | 253 |
| 18 | Oifig an Ombudsman | 985 | — | 985 |
| 19 | Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí | 7,708 | — | 7,708 |
| 20 | Garda Síochána | 2,275 | — | 2,275 |
| 21 | Príosúin | 5,759 | — | 5,759 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 3,206 | — | 3,206 |

**Fíor 102  Fáltais Státchiste Bhreise 2009, in adhaidh an Vóta**

| Vóta | Seirbhís | Fáltais Bhreise Measta | Fáltais Bhreise Réadaithe |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| 1 | Áras an Uachtaráin | — | — |
| 2 | Roinn an Taoisigh | — | — |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | — | — |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | — | 22 |
| 5 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | — | — |
| 6 | Oifig an Aire Airgeadais | — | 126 |
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | — | — |
| 8 | Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc | — | — |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | — | 2,564 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | — | 300 |
| 11 | Saotharlann Stáit | — | — |
| 12 | An tSeirbhís Sicréideach | — | — |
| 13 | Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | — | 10 |
| 14 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | — | 129 |
| 15 | Oifig Luchála | — | — |
| 16 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | — | — |
| 17 | An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | — | — |
| 18 | Oifig an Ombudsman | — | 3 |
| 19 | Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí | — | — |
| 20 | Garda Síochána | 23,850 | 21,384 |
| 21 | Príosúin | — | — |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 17,300 | 24,172 |

| | | €000 | €000 | €000 |
|---|---|---|---|---|
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 1,624 | — | 1,624 |
| 24 | Tabhartas agus Tiomnachtaí Carthanúla | 67 | — | 67 |
| 25 | Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil | 16,118 | 3,277 | 12,841 |
| 26 | Oideachas agus Eolaíocht | 145,134 | 79,000 | 66,134 |
| 27 | Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta | 3,421 | — | 3,421 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 15,070 | — | 15,070 |
| 29 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 4,503 | — | 4,503 |
| 30 | Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | 45,966 | 15,721 | 30,245 |
| 31 | Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia | 69,379 | — | 69,379 |
| 32 | Iompar | 2,665 | — | 2,665 |
| 33 | Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | 294 | — | 294 |
| 34 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 18,909 | 6,440 | 12,469 |
| 35 | Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht | 3,531 | — | 3,531 |
| 36 | Cosaint | 24,386 | 1,000 | 23,386 |
| 37 | Pinsin an Airm | 18 | — | 18 |
| 38 | Gnóthaí Sóisialacha gaus Teaghlaigh | 258,497 | — | 258,497 |
| 39 | Sláinte agus Leanaí | 71,338 | — | 71,338 |
| 40 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 8,542 | — | 8,542 |
| 41 | Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige | 2,934 | — | 2,934 |
| | | **794,122** | **125,717** | **668,405** |

| | | €000 | €000 |
|---|---|---|---|
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 46,620 | 39,976 |
| 24 | Tabhartas agus Tiomnachtaí Carthanúla | — | — |
| 25 | Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil | — | 2,935 |
| 26 | Oideachas agus Eolaíocht | — | 325 |
| 27 | Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta | — | 333 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | — | — |
| 29 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | — | — |
| 30 | Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | — | 53 |
| 31 | Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia | — | 5,173 |
| 32 | Iompar | — | 11 |
| 33 | Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | — | — |
| 34 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 25,356 | 9,570 |
| 35 | Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht | — | 26 |
| 36 | Cosaint | — | 3,845 |
| 37 | Pinsin an Airm | — | — |
| 38 | Gnóthaí Sóisialacha gaus Teaghlaigh | — | 83 |
| 39 | Sláinte agus Leanaí | — | 97 |
| 40 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | — | 309 |
| 41 | Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige | — | — |
| | | **113,126** | **111,446** |

# Caibidil 20

## Oifig na nOibreacha Poiblí

## Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath

# Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath

20.1 I mí Aibreáin 2007, bhronn Oifig na nOibreacha Poiblí, Conradh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) ar Spencer Dock Convention Centre Dublin Ltd[147] (SDCCD) chun ionad comhdhála nua a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Tá an t-ionad comhdhála ar Chéanna Thuaidh Bhaile Átha Cliath, in aice leis an gCanáil Ríoga. Osclaíodh é ar an 5 Lúnasa 2010.

20.2 Is iad cuspóirí an ionaid ná ionad a mbeidh cáil idirnáisiúnta air a fhorbairt, ina mbeifear in ann imeachtaí turasóireachta gnó agus comhdhálacha móra a reáchtáil in aon ionad amháin, ionas go mbeidh Éire níos mealltaí mar cheann scríbe turasóireachta gnó agus go gcruthófar ioncaim bhreise ar an dóigh sin.

## An Tionscadal a Fhaomhadh

20.3 Táirgeadh sraith tuarascálacha ó 1991 ar aghaidh, a thacaigh go ginearálta leis an ngá le hionad comhdhála a bheith ann. Cé go raibh conclúidí éagsúla sna tuarascálacha, aontaíodh i gcoitinne go raibh gá le hionad comhdhála tiomnaithe ar mheánmhéid a bheadh bunaithe i mBaile Átha Cliath. Cuireadh togra chun ionad dá leithéid a thógáil i gceantar Dhuga Spionsair i 2001, a bhí le cistiú ag an earnáil phríobháideach le €33 milliún de chabhair ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ar leataobh nuair a tharraing an AE a chuid tacaíochta siar toisc nach raibh aon dul chun cinn substainteach déanta.

20.4 Cuireadh tús leis an tionscadal arís in 2003. I gcinneadh ón Rialtas i Meitheamh 2003, comhaontaíodh i bprionsabal le hionad comhdhála a thógáil i mBaile Átha Cliath ar an gcoinníoll nach mbeadh tionchar ag an gcostas tógála ar Iarmhéid an Rialtais Ghinearálta [148].

20.5 I mí na Samhna 2003, cuireadh fógraí sna meáin chun léirithe spéise a iarraidh maidir leis an ionad a sholáthar faoi shocrú CPP. I mí Feabhra 2007, bronnadh conradh ar SDCCD. Rinne an conradh foráil freisin chun íocaíocht aonadach €27 milliún a dhéanamh le SDCCD[149] i dteannta íocaíochtaí bliantúla breise de €20 milliún atá le déanamh gach bliain sna chéad chúig bliana chun na costais chaipitil a chlúdach i bpáirt. Ghlacfadh an SDCCD freagracht as an ionad a sholáthar mar chúiteamh. Gheall sé freisin líon áirithe toscairí a fháil thar shaolré 25 bliain an chonartha. Déanann an conradh foráil chun brabúis a roinnt i gcúinsí ina sáraíonn brabúis leibhéil shonraithe agus chun pionóis a ghearradh i gcás easpa feidhmíochta.

20.6 Is iad na príomhpháirtithe a bhfuil baint acu leis an ionad comhdhála a sholáthar ná

---

147 Léirítear i dtaifid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí go bhfuil SDCCD á rialú go díreach ag Spencer Dock International Convention Centre Limited, agus go bhfuil sé sin ar a uain á rialú ag Spencer Dock Development Company Limited. Is é Treasury Holdings an scairshealbhóir tromlaigh i Spencer Dock Development Company Limited agus tá na scaireanna eile i seilbh Follyford Limited.

148 Is é atá in Iarmhéid an Rialtais Ghinearálta, ar a dtugtar Fiachas an Rialtais Ghinearálta chomh maith ná beart a úsáidtear chun féichiúnas na mballstát laistigh den Aontas Eorpach a chur i gcomparáid le chéile.

149 Is ionann an íocaíocht aonadach agus €27 milliún don chéad chúig bliana den chonradh, agus an figiúr sin á laghdú go €23 milliún don 20 bliain eile. Méadóidh 10% den ghné seo de réir athruithe ar an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí, íocaíocht sheasta atá sa chuid eile.

- An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt[150] (an Roinn) – an roinn rialtais ag déanamh na hurraíochta
- Oifig na nOibreacha Poiblí – na bainisteoirí tionscadail agus an t-údarás conarthachta
- An Roinn Airgeadais - comhairleoirí eacnamaíochta don Rialtas
- an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (GNFA) – na comhairleoirí airgeadais ar mhórthionscadail Stáit
- Iniúchóir Próisis - ceapaí a chuidíonn leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le cúram an tionscadail trí sheiceáil ar a s(h)on gur comhlíonadh na próisis agus na nósanna imeachta cuí a comhaontaíodh i seicliosta an phróisis soláthair.

## Béim na Caibidle

Tá sé d'aidhm ag an gCaibidil athbhreithniú a dhéanamh

- ar chaighdeán an cháis ghnó tosaigh
- ar an tslí ar measúnaíodh costais agus sochair
- ar cibé an ndearnadh an soláthar de réir threoirlínte an rialtais agus an raibh an luach ar airgead is fearr le fáil ón tairiscint a roghnaíodh
- ar cibé ar thug idirbheartaíochtaí sular bronnadh an conradh cosaint do staid an Stáit.

## An Cás Gnó Tosaigh

Sa chás go bhfuil sé beartaithe ag comhlacht poiblí acmhainní a ghealladh do thionscadal ní mór dó cás gnó a chomhlánú lena chinntiú go sainaithneofar na costais agus na sochair go léir is dócha a bhainfidh leis an tionscadal.

20.7 Ar an 19 Meitheamh 2003, i Meamram a cuireadh faoi bhráid an Rialtais, d'iarr an tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt faomhadh an Rialtais

- chun comhaontú i bprionsabal le hIonad Comhdhála a fhoinsiú nó a léasú i mBaile Átha Cliath ar an gcoinníoll nach mbeadh tionchar ag an gcostas tógála, más ann dó, ar Iarmhéid an Rialtais Ghinearálta
- chun bunú Grúpa Stiúrtha a údarú le comhairle a chur ar an Aire faoi shonraíocht an tionscadail nua agus i gcás nach bhféadfaí é seo a íoc as punann reatha Oifig na nOibreacha Poiblí, na paraiméadair a chomhaontú chun próiseas soláthair oscailte agus iomaíoch a reáchtáil ar an mbonn go mbeadh an dearadh, tógáil, maoiniú, oibriú agus cothabháil clúdaithe
- chun iarraidh ar Oifig na nOibreacha Poiblí an próiseas soláthair a ghlacadh mar chúram uirthi féin.

20.8 Bunaithe ar an taighde a rinneadh i 1999 agus in 2002, rinneadh meastachán sa Mheamram don Rialtas go bhfaigheadh an Stát idir €25 milliún agus €50 milliún d'ioncaim thurasóireachta bhreise in aghaidh na bliana.

---

[150] Ar a dtugtaí roimhe seo an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

- I 1999, rinneadh meastachán in anailís a rinneadh ar son Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath go mbeadh ioncaim thurasóireachta bhreise €24 milliún ann.
- In 2002, rinneadh meastachán in anailís a rinneadh ar son Eagraithe Gairmiúla Comhdhálacha na hÉireann go mbeadh 19 gcomhdháil bhreise ar an meán ina mbeadh 44,000 toscaire páirteach ar siúl gach bliain. Measadh go mbeadh caiteachas iomlán €49.7 milliún acu in Éirinn agus liúntas do dhaoine ina dteannta á áireamh - €1,129 in aghaidh an toscaire ar an meán.

20.9 Rinneadh tagairt sa mheamram freisin do thaighde a rinneadh in Éirinn in 2001, thar ceann Fáilte Éireann. Thángthas ar an gconclúid sa taighde go raibh deis láidir ag Baile Átha Cliath na deiseanna a bhí aige i margadh comhdhála na hEorpa a fhorbairt agus, ar an mbonn sin, moladh go dtógfaí ionad ina bhféadfaí freastal ar 2,000 toscaire. Cé nár áiríodh meastachán faoin tairbhe a bhainfeadh an turasóireacht ná an geilleagar i gcoitinne as infheistíocht den chineál seo, luadh go raibh formhór na n-ionad den chineál sin cistithe ag airgead poiblí.

20.10 Chuathas i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais maidir le dul chun cinn a dhéanamh leis an tionscadal chun ionad náisiúnta comhdhála a sholáthar. Ar an 5 Meitheamh 2003, chuir sí in iúl don Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (an Roinn) go raibh dualgas ar an Aire Airgeadais agus an tionscadal á mheas aige an tionchar ar Iarmhéid an Rialtais Ghinearálta a áireamh[151]. Mhol sé nach mór dul chun cinn a dhéanamh leis an tionscadal trí rogha soláthair nach gcruthódh mórchostais chaipitil láithreacha dá mbeadh an tionscadal le dul ar aghaidh.

20.11 Tugadh faomhadh mar a bhí á iarraidh i gcinneadh ón Rialtas ar an 23 Meitheamh 2003. Mar thoradh air sin, cuireadh fógraí sna meáin i Samhain 2003 chun léirithe spéise a iarraidh. Sonraíodh i Meamram Faisnéise faoin Tionscadal gur chóir na rudaí seo a leanas a bheith san ionad:

- príomh-halla éisteachta comhdhála ina mbeadh áit suite do 2,000 duine agus halla cóisire le freastal ar 2,000 duine
- halla taispeántais 2,000 méadar cearnach ar a laghad agus spás taispeántais bhreise 3,000 méadar cearnach in aice leis
- ionad miondíola feiliúnach agus carrchlós.

## Costais agus Sochair a Mheas

I measc dhá phróiseas thábhachtacha chun cinnteoirí a chur ar an eolas faoin gcostas a bhaineann le tionscadal tá

- costas tagarmharcála a fhorbairt ina léirítear an costas a bheadh ar an tionscadal dá soláthrófaí é go díreach as acmhainní poiblí
- measúnacht ar chostais agus ar shochair an tionscadail i gcoitinne.

---

151 I gcás ina bhfuil aistriú dóthanach riosca i gceist le tionscadail CPP, ní féidir caiteachas láithreach ó thaobh na cuideachta CPP a áireamh chun críocha Iarmhéid an Rialtais Ghinearálta. Is féidir na muirir aonadacha bhliantúla ina dhiaidh sin, a áireamh mar chaiteachas poiblí áfach.

## *Tagarmharc na hEarnála Poiblí a fhorbairt*

20.12 Sula bhféadfaí tionscadal CPP a thairiscint ar an margadh, bhí ar an údarás conarthachta (Oifig na nOibreacha Poiblí) tagarmharc a fhorbairt don earnáil phoiblí. Is é atá i dtagarmharc na hearnála poiblí ná tagarmharc ar féidir tairiscintí ón earnáil phríobháideach a mheas trí chomparáid a dhéanamh leis. Tá sé ceaptha a bheith ina mheastachán cuimsitheach ar chostas an tsaolré iomláin, agus costas an riosca á chur san áireamh, i dtaobh an chostais a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthar a bhfuil tairiscintí le lorg ón earnáil phríobháideach ina leith trí ghnáthphróisis soláthair na hearnála poiblí. Bunús atá i dtagarmharc na hearnála poiblí chun measúnú luach ar airgead a dhéanamh ar an tairiscint is airde rangú.

20.13 I mí na Nollag 2004, d'ullmhaigh sainchomhairleoirí príobháideacha, thar ceann Oifig na nOibreacha Poiblí, measúnacht ar thagarmharc na hearnála poiblí. Ba é costas measta iomlán an tsoláthair phoiblí, agus costais riosca á áireamh, ná €414.4 milliún i dtéarmaí glanluacha láithrigh (gan CBL a áireamh). An an 19 Eanáir 2005, chomhaontaigh an Rialtas go socrófaí an teorainn inacmhainneachta don ionad comhdhála ag leibhéal thagarmharc na hearnála poiblí. Leagtar amach i bhFíor 103 na heilimintí a úsáidtear chun tagarmharc na hearnála poiblí a ríomh gan aon luach iarmharach a d'fhéadfadh a bheith ann a áireamh.

**Fíor 103 Tagarmharc na hEarnála Poiblí - Tionscadal an Ionaid Comhdhála, Nollaig 2004**

| Mír Chostais (gan CBL a áireamh) | Costas Iomlán €m | Glanluach Láithreach[a] €m |
|---|---|---|
| Costas ceannaithe talún | 32 | 32 |
| Costais chaipitil | 206 | 197 |
| Costais agus ioncaim athfhillteacha | 139 | 101 |
| Costas coigeartaithe roimh riosca a áireamh roimh ré | 377 | 330 |
| Cainníochtú riosca | 100 | 84 |
| **Costas Tagarmharcála** | **477** | **414** |

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí

Nóta:

a Rinneadh tagarmharc na hearnála poiblí amach agus ráta lascaine 4.5% á úsáid chun sreafaí airgid an tionscadail amach anseo a lascainiú thar thréimhse 25 bliain.

20.14 Áiríodh na comhpháirteanna seo a leanas i dtagarmharc na hearnála poiblí

- **Costais cheannaithe talún** — measadh go gcosnódh sé €32.1 milliún suíomh feiliúnach ceithre acra i lár na cathrach a sholáthar.
- **Costais chaipitil** — Áiríodh i dtagarmharc na hearnála poiblí na costais chaipitil ar fad a bhaineann le foirgneamh 24,000 méadar carnach a thógáil ag €120.6 milliún i dteannta táillí foirne deartha €21 milliún, boilsciú tógála €31.2 milliún a cheannach amach, trealamh agus troscán a raibh costas measta €18.1 milliún air agus árachas agus táillí eile de €6.7 milliún.
- **Costais agus ioncaim athfhillteacha** — measadh gurbh iad na costais oibriúcháin amhail cothabháil, fóntais, glantachán, árachas, bainistiú saoráidí, margaíocht an lárionaid agus costais saolré a bheidh i gceist chun an t-ionad a oibriú ná €263.6 milliún. Measadh go mbeadh ioncaim €162.5 milliún ann thar 25 bliain an CPP rud a thug meastachán costais deiridh de €101 milliún.

- **Riosca** — measadh gurbh iad costais iomlána an riosca a chaithfí a bhainistiú ná €83.6 milliún[152]. Rinne ceardlanna riosca, a raibh na páirtithe leasmhara tábhachtacha go léir páirteach iontu, cainníochtú ar an riosca agus meastacháin phointe á n-úsáid acu, ina gcuirtear an dóchúlacht go dtarlóidh riosca le chéile le meastachán ar chostas an riosca sin. Measúnaíodh go raibh rioscaí caipitil €42 milliún agus rioscaí oibriúcháin €41.6 milliún i gceist, a chuimsigh riosca infhaighteachta agus feidhmíochta agus riosca an chostais oibriúcháin.

Measadh gurbh ionann rátaí boilscithe i gcoibhneas le costas oibriúcháin agus 2.5%. Lascainíodh na sreafaí airgid go léir agus úsáid á baint as ráta lascaine sainiúil don tionscadal de 4.5% mar a mhol an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

### *Costais Mheasta*

20.15 Ba é an meastachán costais a úsáideadh ar mhaithe le hanailís costais is tairbhe a dhéanamh ná tagarmharc na hearnála poiblí. Bunaithe ar thagarmharc na hearnála poiblí, bheadh costas measta €414.4 milliún i dtéarmaí glanluacha láithrigh i gceist chun an t-ionad a sholáthar trí sholáthar poiblí traidisiúnta.

20.16 Ceapadh tagarmharc na hearnála poiblí le bheith ina mheastachán cuimsitheach ar an gcostas ar an ngníomhaireacht urraíochta as an tionscadal a sholáthar ar mhodhanna traidisiúnta. Ós rud é nach gcuireann tagarmharc na hearnála poiblí aon chostais láithreacha ná costais neamhdhíreacha ar an Státchiste a d’fhéadfadh a bheith ag baint leis an tionscadal san áireamh, bheadh claonadh aige an costas ar an Stát as an tsaoráid a sholáthar a ghanniontráil. Chuimseodh costais neamhdhíreacha costais bhreise ar an Stát mar thoradh ar an tsaoráid a thógáil agus d’fhéadfaidís mar shampla na rudaí seo a leanas a áireamh, costas an bhonneagair nua a bheadh ag teastáil chun an tsócmhainn a oibriú go héifeachtach, costais a bhaineann le caiteachas caipitiúil agus cothabhála mar thoradh ar éileamh breise ar bhonneagar atá ann cheana féin (m.sh úsáid níos mó a bhaint as bóithre agus as cóireáil dramhaíola) chomh maith le costais a thagann chun cinn mar gheall ar phlódú tráchta.

### *Sochair Mheasta*

20.17 I gcleachtadh faoi leith, rinne sainchomhairleoirí a bhí fostaithe ag Fáilte Éireann agus an Roinn forbairt ar mheastacháin ar an nglansochar eacnamaíoch a d’fhabhródh don tír agus úsáid á baint as tréimhse ionchais 20 bliain agus 25 bliain mar aon le roinnt cásanna éagsúla ó thaobh líon na dtoscairí. Chun críocha na tuarascála seo, ní dhéantar tagairt ach do na meastacháin a bhaineann le tréimhse ionchais 25 bliain ionas gur féidir an tionscadal mar atá sé beartaithe a chur i gcomparáid le nithe eile ar an mbonn céanna.

## Bunús an Mheastacháin ar Shochair

Cuireadh ioncaim bhreise ó thoscairí comhdhála, ó chuairteoirí ina dteannta agus éifeachtaí iarmhartacha maidir le comhdhálacha níos lú a mhealladh san áireamh chun ollioncaim thurasóireachta réamh-mheasta a mheas. Cuireadh iolraitheoir i bhfeidhm ar an ioncam turasóireachta seo chun iarmhairtí neamhdhíreacha a eascraíonn as caiteachas a thabhaítear ar earraí agus seirbhísí Éireannacha a chur san áireamh.

---

[152] Dá mbronnfaí an conradh ar chomhpháirtí príobháideach sheasfadh an comhpháirtí sin na rioscaí sin.

Glacadh leis gurbh ionann ranníocaíocht chánach agus 36% de na hioncaim bhreise agus gurbh é a bhí sa chuid eile ná tuarastail agus brabúis. Lascainíodh na hioncaim bhreise sin mar seo a leanas ansin chun an deischostas eacnamaíoch a ríomh

- Glacadh leis go mbainfeadh an geilleagar leas as 60% de na hioncaim chánach bhreise. Rinneadh an fuílleach a asbhaint as sochair fhoriomlána.
- Glacadh leis nár chóir ach 5% de na tuarastail agus na brabúis a áireamh. Bhí sé seo bunaithe ar lánfhostaíocht agus ar sheachrachtaí, lena n-áirítear an tionchar a bheadh ag brú tráchta agus riachtanais ó thaobh bonneagair air. Glacadh leis go mbeadh na coinníollacha seo i réim thar shaolré an tionscadail.

20.18 Agus tréimhse ionchais 25 bliain á húsáid, measadh sa tuarascáil go mbeadh glansochar eacnamaíoch idir €170 milliún agus €255 milliún ann ag brath ar líon na dtoscairí idirnáisiúnta a mheallfaí chuig an ionad. Dá bhrí sin, ó thaobh costais mheá ar mheá, agus luach an fhoirgnimh ag deireadh na tréimhse 25 bliain á chur san áireamh, measadh go bhféadfaí idir €236 milliún agus €321 milliún a chaitheamh ar an tionscadal, ag brath ar líon na dtoscairí. Ina dhiaidh sin sháródh na costais na sochair. Tá na sonraí a úsáideadh chun teacht ar na figiúirí costais mheá ar mheá sin leagtha amach i bhFíor 104.

**Fíor 104 Sochar Eacnamaíoch an Ionaid Comhdhála, Samhain 2004**

| **Líon na gcuairteoirí breise** | **20,000** | **25,000** | **30,000** |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **Glanluach Láithreach[a]** | |
| | **€m** | **€m** | **€m** |
| Ollioncam réamh-mheasta | 683 | 854 | 1,025 |
| Deischostas eacnamaíoch[b] | 514 | 642 | 770 |
| **Glansochair eacnamaíocha** | **170** | **212** | **255** |
| **Críochluach an fhoirgnimh[c]** | **66** | **66** | **66** |
| **Sochar eacnamaíoch[d]** | **236** | **278** | **321** |

Foinse: Tuarascáil na Sainchomhairleoirí, Sochair Eacnamaíocha Réamh-Mheasta an Ionaid Comhdhála atá Beartaithe, Samhain 2004.

Nótaí:

a Baineadh leas as ráta lascaine 5% atá leagtha amach i dtreoirlínte na Roinne Airgeadais chun sreafaí airgid a lascainiú.

b Aithníonn an deischostas eacnamaíoch an tairbhe nach féidir a bhaint de bharr acmhainní a úsáid ar an tionscadal seo. Glacann sé leis go bhfabhródh céatadán suntasach de na hioncaim fiú dá n-úsáidfí na hacmhainní seo ar thionscadal eile.

c Sainmhínítear an críochluach mar luach réamh-mheasta aon mhíreanna caipitil dá ndíolfaí iad nó dá leanfaí díobh a úsáid ag deireadh an tionscadail.

d Is é seo an t-uasmhéid a fhéadfaidh an Stát a chaitheamh ar an tionscadal sula dtosódh na costais ag sárú na sochar.

## *Costas a chur i gComparáid le Sochair Réamh-Mheasta*

20.19 Rinneadh comparáid idir costais agus sochair ar bhonn na nglansochar eacnamaíoch réamh-mheasta a chur i mbaint leis an gcostas airgeadais a réamh-mheasadh bunaithe ar thagarmharc na hearnála poiblí. Mar a léiríodh níos luaithe, ní raibh sé feiliúnach tagarmharc na hearnála poiblí a úsáid chun costais a réamh-mheas chun na críche seo.

20.20 In ainneoin sin is uile, díríodh aird ar an difríocht idir an costas réamh-mheasta agus na sochair eacnamaíocha a measadh a d'fhabhródh i nóta eolais a ullmhaíodh do chruinniú idir an tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, agus an tAire Airgeadais ar an 9 Nollaig 2004. Tá na nithe seo a leanas luaite ann

- Bhí luach ar airgead maith le fáil as an tionscadal mar thionscadal neamhspleách nuair a cuireadh ollioncaim i gcomparáid le tagarmharc na hearnála poiblí. Bhí sé seo bunaithe ar ollioncaim €604 milliún a fuarthas ó staidéar na sainchomhairleoirí le costas coigeartaithe €493 milliún do thagarmharc na hearnála poiblí[153]. Ar an mbunús seo, measadh go gcruthódh an tionscadal glansochar €111 milliún.
- Ar an taobh eile, bhí na torthaí a bhí ag teacht ó anailís na sainchomhairleoirí a rinneadh i Samhain 2004 ag tabhairt le tuiscint gur glanchostas eacnamaíoch ar an ngeilleagar a bheadh san ionad dá gcosnódh sé mórán níos mó ná €200 milliún i dtéarmaí glanluacha láithrigh. Bhí sé mar chonclúid sa nóta eolais gurbh amhlaidh a bhí sé mar gheall ar an meastachán ar líon na dtoscairí a bheith íseal agus mar gheall ar dhíluacháil na n-ioncam ón tionscadal chun an deischostas a bhaineann le dáileadh na n-acmhainní a chur san áireamh. Thug sé ar aird áfach, go raibh an réasúnaíocht deischostais seo ar aon dul le cur chuige an Údaráis Forbartha Tionscail maidir le tionscadail thionsclaíocha mhóra a mheasúnú.

20.21 Dúradh sa nóta freisin go raibh an Roinn den tuairim gur chóir gnéithe eile a chur san áireamh. Ba iad na gnéithe a bhí i gceist ná

- go raibh an Rialtas tar éis gealltanas daingean a thabhairt ina Chlár don Rialtas ionad comhdhála a sholáthar
- gur chomhaontaigh an Rialtas i bprionsabal dul ar aghaidh leis an tionscadal
- nárbh fhéidir turasóireacht gnó ard-bhreisluacha a fhorbairt toisc nach raibh ionad comhdhála úrscothach ann agus go bhféadfaí gnó reatha a chailleadh dá bharr.
- bheadh sé mífhreagrach an próiseas a scor bunaithe ar na figiúirí i dtuarascáil na gcomhairleoirí agus orthu amháin, tar éis a chur in iúl do thairgeoirí agus do mhargadh na turasóireachta i gcoitinne, go n-eiseofaí doiciméadúchán tairisceana.

20.22 Luadh chomh maith dá stopfaí an próiseas gur dócha go ndéanfadh duine nó roinnt de na tairgeoirí[154] cúiteamh a lorg trí na Cúirteanna. Mhol an tIniúchóir Próisis go láidir freisin an doiciméadúchán tairisceana a eisiúint.

20.23 Iarradh faomhadh chun an doiciméadúchán tairisceana a eisiúint ar an 10 Nollaig 2004 ar an mbonn go raibh taighde fairsing déanta ag sainchomhairleoirí airgeadais neamhspleácha ar thagarmharc na hearnála poiblí, agus go mbeadh sé ina chomparadóir feiliúnach le freagairtí na gcuibhreannas ar iarradh tairiscintí orthu a mheasúnú. Eisíodh an doiciméadúchán tairisceana ar an dáta sin.

20.24 Thug an Roinn faoi deara gur chuir an Rialtas na tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta níos leithne a bhainfí as an tionscadal san áireamh. Tugadh na rudaí seo a leanas faoi deara i Meamram don Rialtas an 14 Samhain 2005

---

153 Rinneadh tagarmharc na hearnála poiblí de €414 milliún a atháireamh agus leas á bhaint as tréimhse ionchais 20 bliain agus cuireadh ioncaim inmheánacha an tionscadail siar chun costas iomlán a fháil thar thréimhse ionchais 20 bliain.

154 Iarradh tairiscintí ar thrí chuibhreannas a bhí gearrliostaithe ach níor eisíodh doiciméadúchán tairisceana.

- Léirigh anailís costais is tairbhe an tionscadail caillteanas eacnamaíoch de thart ar €166 milliún go €217 milliún - is é sin an méid ar mó glanluach láithreach na gcostas ná na sochair.
- In ainneoin sin is uile, mheas an tAire gur chóir don phróiseas dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile, toisc go raibh sé den tuairim go mbeadh Ionad Náisiúnta Comhdhála ina chuid ríthábhachtach de bhonneagar turasóireachta nua-aimseartha idirnáisiúnta agus go gcuirfeadh sé go mór le tírdhreach cathartha phríomhchathair na tíre.

20.25 Maidir leis an gcinneadh dul ar aghaidh leis an tionscadal cé go raibh an chuma air gur mó na costais ná na sochair réamh-mheasta

- Tharraing an Roinn agus an Roinn airgeadais aird ar an bhfíoras nár fhág aon ní sa mheasúnú caipitil ná i dtreoirlínte an CPP nach bhféadfadh an Rialtas nó Airí cinneadh a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail chun tionscadail a cheadú gan feidhmiú na dtreoirlínte a áireamh.
- Thug an Roinn Airgeadais faoi deara freisin go bhfuil sé mar aidhm ag an measúnú caipitil agus ag na treoirlínte CPP cabhrú le hAirí agus lena n-oifigigh a gcuid dualgas agus feidhmeanna a chomhlíonadh maidir le tionscadail a mheasúnú, a fhaomhadh, a sholáthar agus a iniúchadh. Cabhraíonn measúnú clár agus tionscadal le cinnteoireacht a dhéanamh ach ní ionann iad agus cinntí críochnaitheacha iontu féin. Níor chóir glacadh leis, dá bhrí sin, go bhfágann aon ní sna treoirlínte nach féidir leis an Rialtas nó le hAirí cinneadh a dhéanamh, ar mhaithe le leas an phobail, tionscadail a fhaomhadh gan na treoirlínte seo a áireamh.

## Tairiscintí a Mheasúnú

Tá sé riachtanach tograí a mheasúnú go héifeachtach chun an méid a bhainfear amach a luacháil.

20.26 D'fhaomh an Grúpa Stiúrtha tionscadail fógraí a chur sna meáin chun léirithe spéise a lorg, bunaithe ar Mheamram Faisnéise an Tionscadail le hOifig na nOibreacha Poiblí, chun an t-ionad a sholáthar ar an mbonn go mbeadh an dearadh, tógáil, maoiniú, oibriú agus cothabháil clúdaithe agus léas (nó socrú eile) le forghníomhú ar an tionscadal a bheith tugtha chun críche go sásúil. Fuarthas tograí ó cheathrar iarratasóirí.

20.27 Cuireadh trí cinn de na cheithre thogra seo ar ghearrliosta tairisceana ar bhonn na gcritéar a bhí leagtha amach i Meamram Faisnéise faoin Tionscadal. Tharraing tairgeoir amháin siar ón gcomórtas ina dhiaidh sin agus fuarthas tairiscintí ón dá chuibhreannas eile.

20.28 Tá cead cumarsáid a dhéanamh le tairgeoirí agus le tairgeoirí féideartha faoi dhlí soláthair an AE. Le linn na céime cumarsáide seo, mhol tairgeoir amháin go bhféadfaí luach ar airgead níos fearr a thabhairt dá ndéanfaí costais chaipitil a chúiteamh trí íocaíocht aonadach mhéadaithe sna blianta tosaigh seachas na costais sin a scaipeadh go cothrom thar shaolré an tionscadail.

20.29 Chuir gach tairgeoir trí thairiscint isteach - bun-tairiscint amháin chun na ceanglais ar fad a bhí leagtha amach san iarratas ar idirbheartaíocht a léiriú agus dhá thairiscint athraitheacha, ceann amháin ina raibh €100 milliún a íoc i leith an chostais chaipitil thar na chéad chúig bliana le háireamh. Chomhaontaigh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, agus sainchomhairleoirí príobháideacha ag obair don Stát, go bhféadfadh tairgeoirí tograí a chur isteach a chruthódh costais fhoriomlána níos ísle ar an Stát nuair a thomhaistear iad i dtéarmaí glanluacha láithrigh mar gheall ar íocaíochtaí láithreacha chun costais chaipitil a chlúdach. Is mar gheall ar chostais mhaoinithe níos ísle ar an tairgeoir atá sé seo mar thoradh ar ioncam a bheith cinntithe maidir leis na chéad chúig bliana den ionad á oibriú.

20.30 Fuarthas amach nach raibh ceanglais á gcomhlíonadh ag tairiscint amháin[155]. Measúnaíodh na cúig thairiscint eile i Mí Lúnasa 2005.

## *Measúnú Foriomlán Tairiscintí*

20.31 I Samhain 2004, chinn an Grúpa Stiúrtha miondealú na marcanna do na critéir mheasúnaithe ar leith. Leagadh síos an córas marcála beartaithe in iarratas ar idirbheartaíocht a eisíodh i Nollaig 2004. Fuarthas tairiscintí i mí Bealtaine 2005 agus bronnadh marcanna ar gach togra maidir le gach aon cheann de na ceithre chritéar. Tá na torthaí leagtha amach i bhFíor 105.

**Fíor 105 Torthaí an Mheasúnaithe Tairiscintí[a]**

| | | Tairgeoir A | | Tairgeoir B | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gné Luachála** | **Marcanna Uasta** | **Bun-tairisci** | **Athróg 1** | **Bun-tairiscint** | **Athróg 1** | **Athróg 2** |
| Tógáil agus Dearadh | 40 | 29.60 | 29.60 | 21.20 | 21.20 | 21.20 |
| Oibriú agus Cothabháil | 30 | 19.80 | 19.80 | 14.40 | 14.40 | 14.40 |
| Airgeadas | 20 | 8.15 | 11.39 | 17.00 | 18.00 | 19.00 |
| Dlíthiúil | 10 | 7.2 | 7.2 | 8.23 | 8.23 | 8.22 |
| **Iomlán na Marcanna a bronnadh** | **100** | **64.75** | **67.99** | **60.83** | **61.83** | **62.82** |
| ***Costas*** | | ***€402.2m*** | ***€390.5m*** | ***€223.8m*** | ***€207.8m*** | ***€203.5m*** |

Foinse: Anailís ar mheasúnú tairiscintí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Nóta:
a Ba é Athróg 1 Thairgeoir A an tairiscint bhuacach.

20.32 Bhí an scór is airde ar an iomlán ag togra (Athróg 1) Thairgeoir A agus faoi na critéir mheasúnaithe ar leith fuair sé scór níos airde i ndearadh agus tógáil agus in oibriú agus cothabháil ach bhí scór níos ísle aige ar chritéir airgeadais ná mar a bhí ag an tairiscint a chuir Tairgeoir B isteach.

20.33 Rinneadh measúnú ar ghné dheartha agus thógála gach togra trí thagairt do thionchar, do chaighdeán agus d'fheidhmiúlacht na bhfoirgneamh a bhí beartaithe. Bhronn an fhoireann mheasúnaithe marcanna níos airde ar thairiscint Thairgeoir A, bhí sé seo bunaithe go háirithe ar a measúnacht ar chaighdeán an fhoirgnimh a bhí beartaithe agus an tionchar a bheadh aige.

20.34 Rangaíodh gnéithe oibrithe agus cothabhála na dtograí trí thagairt do cheithre chritéar agus áiríodh seirbhísí, inoibritheacht, bainistíocht, chomh maith le suí sa mhargadh agus iarmhairt. Bhronn an fhoireann mheasúnaithe marcanna níos airde ar thogra Thairgeoir A toisc gur mheas sí gur leag sé béim ar chomhdhálacha idirnáisiúnta, go raibh plean margaíochta maith aige agus go raibh struchtúir na bainistíochta agus na heagraíochta sainmhínithe go soiléir.

155 Measadh nach raibh an tairiscint ag teacht le ceanglais an iarratais ar idirbheartaíocht.

### *Measúnú Airgeadais ar Thograí*

20.35 D'aontaigh an Grúpa Stiúrtha leis an leithdháileadh 20% de na marcanna foriomlána do ghnéithe airgeadais na tairisceana. I gcruinniú den Ghrúpa Stiúrtha in 2004, bhí imní ar an Roinn Airgeadais nuair a íslíodh an ualú do na critéir airgeadais ó 25% go dtí 20% agus ardaíodh an ualú deartha agus tógála go dtí 40%. Chuir an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, ar a ndearnadh ionadaíocht ag an gcruinniú, tuairim in iúl go mbeadh tionchar ag aon laigí sna gnéithe cothabhála agus oibríochta agus deartha/teicniúla ar an inbhuanaitheacht airgeadais go fadtéarmach. Chinn an Cathaoirleach, agus aird ar leith á thabhairt ar an méid a bhí le rá ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, go raibh an t-ualú luachála a moladh sásúil.

20.36 Maidir leis an ualú a leithdháileadh i measúnú na dtairiscintí, dúirt an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais go bhfuil an chomhairle a fuair sí maidir le critéir luachála tairisceana bunaithe ar na tosaíochtaí a sainaithníodh do gach tionscadal agus go bhféadfadh níos mó nó níos lú áite a bheith tugtha do chostas, bunaithe ar an gcineál tionscadail. Thug sí faoi deara, mar shampla, gur tugadh céatadán níos airde marcanna do chostas sa luacháil tairiscintí do sholáthar scoileanna trí CPP ná don ionad comhdhála os rud é go dtuigtear gur tionscadal níos simplí atá i dtógáil scoileanna na i dtógáil ionaid comhdhála.

20.37 Taobh istigh de na critéir airgeadais, tugadh 13 den 20 marc a leithdháileadh do mheasúnú ar chostas an idirbhearta. Bronnadh formhór na marcanna eile bunaithe ar luacháil ar an meicníocht roinnt ioncaim a moladh agus ar dhaingne airgeadais an idirbhearta. Leagann Fíor 106 síos marcáil na dtairiscintí aonair faoi chritéir airgeadais.

**Fíor 106 Torthaí an Mheasúnaithe Tairiscintí — Critéir Airgeadais[a]**

| | | Tairgeoir A | | Tairgeoir B | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bun-tairiscint | Athróg 1 | Bun-tairiscint | Athróg 1 | Athróg 2 |
| **Costas** | | **€402.2m** | **€390.5m** | **€223.8m** | **€207.8m** | **€203.5m** |
| **Gné Luachála** | **Marcanna ar fáil** | | | | | |
| Táille in aghaidh an aonaid | 13 | 6.15 | 9.39 | 13.00 | 13.00 | 13.00 |
| Scair ioncaim | 3 | 0 | 0 | 1.0 | 2.0 | 3.0 |
| Daingne airgeadais | 2 | 2.0 | 2.0 | 2.0 | 2.0 | 2.0 |
| Comhaontú maidir le Ráta Toraidh Inmheánach cothromais [b] mar ráta lascaine do chúiteamh ar chríoch | 1 | 0.0 | 0.0 | 1.0 | 1.0 | 1.0 |
| Comhaontú maidir le hathmhaoiniú fiacha sóisearaigh | 1 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| **Iomlán** | **20** | **8.15** | **11.39** | **17.00** | **18.00** | **19.00** |

Foinse: FGS, An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, Tuarascáil Measúnaithe Airgeadais, Lún 2005.

Nótaí::
a Ba é Athróg 1 Thairgeoir A an tairiscint bhuacach.
b Ráta Toraidh Inmheánach.

20.38 Bhí difreáil suntasach sa phraghas idir an bheirt thairgeoirí. Bhí na tairiscintí a fuarthas ó thairgeoir amháin idir €200 milliún agus €220 milliún. Bhí na tairiscintí a fuarthas ón tairgeoir eile idir €390 milliún agus €400 milliún. Bhain formhór an difir leis na comhchodanna costais oibríochta agus margaíochta de na tairiscintí[156]. Rinne an tairgeoir neamhrathúil meastacháin costais i bhfad níos ísle sa réimse seo. Bhí costais chaipitil na dtairiscintí cosúil go maith le chéile.

20.39 Maidir leis an difear i gcostais na dtograí

- Thug an Roinn Airgeadais faoi deara faoi na treoirlínte CPP, nach mór do gach gníomhaireacht urraíochta sonraíocht aschur mionsonraithe a chur le chéile, a eisítear leis an gcuireadh chun tairisceana. Ba chóir go dtabharfadh sé seo treoir do na tairgeoirí chun na tairiscintí a ullmhú.
- Thug Oifig na nOibreacha Poiblí faoi deara gur eisíodh cáipéisí tairisceana cuimsitheach don dá thairgeoir réamhcháilithe. Dúirt an Oifig go bhféadfaí an difear suntasach i gcostas na dtograí a bheith mar thoradh ar chinntí tráchtála na dtairgeoirí faoi seach.

20.40 Chosain an tairiscint ba shaoire a fuarthas ón tairgeoir neamhrathúil timpeall €187 milliún níos lú ná an tairiscint rathúil. Mar thoradh ar an ualú measúnaithe a úsáideadh agus in ainneoin an difear suntasach costais a bhí i gceist, ní bhfuair sé ach 3.6 marc (as 13 marc san iomlán a bhí ar fáil) i measúnú an chostais.

20.41 Measúnaíodh costais na dtairiscintí molta ní i gcomparáid lena chéile ach i gcomparáid le leibhéal 90% de chostais aonadach thagarmharc na hearnála poiblí. Nuair a bhí an measúnú seo á dhéanamh, áfach, tugadh marcanna iomlána do thairiscintí a chosnaíonn 90% nó níos lú, de mheastachán thagarmharc na hearnála poiblí, is cuma cén mhéad níos saoire a bhí siad. D'fhág sé seo gur tugadh marcanna réasúnta ard do thograí a bhí i bhfad níos costasaí i dtéarmaí absalóideacha.

## Comparáid - Ollionad na gCúirteanna Coiriúla

Bhí dhá dhifear idir an measúnú airgeadais ar an tionscadal CPP maidir le hOllionad na gCúirteanna Coiriúla[a] agus an measúnú a úsáideadh i gcás na dtairiscintí sa tionscadal seo.

- Tugadh 30% san iomlán de na marcanna do chritéir airgeadais, i gcomparáid le 20% don ionad comhdhála. Bhí 27% de na marcanna foriomlána bunaithe ar chostas na dtairiscintí i gcomparáid le 13% maidir leis an ionad comhdhála.
- Chuir an measúnú ar chostas na dtairiscintí maidir le hOllionad na gCúirteanna Coiriúla costais na dtairiscintí i comparáid lena chéile, seachas i gcomparáid leis an gcostas a aithníodh i dtagarmharc na hearnála poiblí. Tugadh an 27% iomlán don tairiscint ba shaoire agus tugadh marcanna do na tairiscintí eile bunaithe ar a bhfad ón tairiscint ba shaoire ar an mbunús seo a leanas

**Scór = (1-A)*27**

**Sa chás go bhfuil A = (Glanluach Láithreach Tairisceana - Glanluach Tairisceana an togra is ísle)/(Glanluach Láithreach an togra is airde)**

Nóta:

a Fuarthas trí thairiscint i bhFeabhra 2006 maidir leis an tionscadal chun Ollionad na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla a dhearadh, a thógáil agus a oibriú. Bronnadh an conradh in Aibreán 2007. Tá tuarascáil iomlán maidir le scrúdú an tionscadail seo cuimsithe i gCaibidil 17 de Thuarascáil Bhliantúil 2008.

156 Glan ó shruthanna ioncaim.

20.42 Tá tionchar suntasach ag leithdháileadh marcanna do na gnéithe measúnaithe aonair, chomh maith leis an modheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar chostas na dtairiscintí, ar rangú foriomlán na dtairiscintí. Sa tionscadal seo, leithdháiltear 20% de na marcanna foriomlána do mheasúnú na gné airgeadais de na tairiscintí agus i mbronnadh marcanna bunaithe ar chostas; cuireadh tairiscintí i gcomparáid le tagarmharc na hearnála poiblí seachas iad a chur i gcomparáid lena chéile. Tá an toradh ag brath ar an gcóras ualaithe measúnaithe, a aithnítear a socraíodh roimh ré.

20.43 Maidir leis an scéim mharcála measúnaithe, thug Oifig na nOibreacha Poiblí faoi deara gur é an aidhm atá ag aon scéim marcála ná an toradh tionscadail is fearr is féidir a sheachadadh agus iarracht a dhéanamh na gnéithe agus na cuspóirí éagsúla den tionscadal a chothromú taobh istigh de bhuaic-chostas an tionscadail. Dúirt sí gurbh léir an costas suntasach a bhain le hoibriú agus cothú an lárionaid thar an tréimhse 25 bliain nuair a bhí tagarmharc na hearnála poiblí á chur le chéile. Dúirt an Oifig freisin go raibh an fhaisnéis a fuarthas ón obair seo, chomh maith le taithí gach ball de Fhoireann an Tionscadail lárnach ó thaobh na scéime marcála a chur le chéile. Dúirt sí gur thóg Foireann an Tionscadail na gnéithe tábhachtacha den tionscadal a bhí le measúnú san áireamh agus gur thug an scéim mharcála a ceapadh léiriú cruinn ar na gnéithe sainiúla den tionscadal.

## An Tairgeoir Tosaíochta a Roghnú

Roghnaítear an tairgeoir tosaíochta ar bhunús na tairisceana is mó buntáiste go heacnamúil a bheith curtha i láthair, chomh fada is go bhfuil costas na tairisceana níos ísle ná tagarmharc na hearnála poiblí.

20.44 Forbraítear tagarmharc na hearnála poiblí sula ndéantar measúnú ar na tairiscintí. Baintear úsáid as mar chostas tagartha chun measúnú a dhéanamh ar luach na n-idirbhearta molta. Os rud é go raibh costas gach tairisceana níos ísle ná tagarmharc na hearnála poiblí, roghnaíodh an tairiscint leis an scór ab airde mar thairgeoir tosaíochta sealadach. I mí na Samhna 2005, chinn an Rialtas SDICC[157] a cheapadh mar thairgeoir tosaíochta sealadach, agus ina dhiaidh sin, chuaigh Oifig na nOibreacha Poiblí i mbun idirbheartaíochta leis an aidhm conradh a chur i gcrích.

20.45 Thug meamram don Rialtas an 31 Iúil 2006 faoi ndeara go raibh SDCCD ceaptha mar thairgeoir tosaíochta.

## Caibidlíocht maidir leis an Margadh Deiridh

20.46 Bhí idirbheartaíocht leis an tairgeoir tosaíochta sealadach ar siúl idir mí na Samhna 2005 agus mí Lúnasa 2006. Tháinig dhá phríomh-shaincheist chun cinn le linn na hidirbheartaíochta sular ceapadh an tairgeoir tosaíochta sealadach, SDCCD, mar thairgeoir tosaíochta. Bhain siad seo le

- teideal don suíomh
- freagracht as rátaí.

157 Spencer Dock International Conference Centre Ltd (SDICC), a athraíodh ina dhiaidh sin go Spencer Dock Convention Centre Dublin (SDCCD).

### Teideal an tSuímh

20.47 Sonraíodh suíomh le teideal saor neamhualaithe sa chuireadh chun idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le doiciméid. Ba le CIE suíomh an tairgeora bhuacaigh, agus bhí máistir-chomhaontú forbartha ag SDCCD maidir leis. Bhí tréimhse idirbheartaíochta fhada ann chun an cheist seo a réiteach. Fuair an tairgeoir buacach léas 500 bliain ar an suíomh a chuir ar a chumas riachtanais an chuiridh chun idirbheartaíochta a chomhlíonadh.

### Rátaí

20.48 Sonraíodh sa chuireadh chun idirbheartaíochta go mbeadh aon rátaí a thiocfadh chun cinn iníoctha ag an gCuideachta CPP (SDCCD). Cé nach raibh aon fhorais acu chuige, mheas SDCCD chun cuspóirí a dtairisceana, nach mbeadh rátaí le gearradh ar an ionad comhdhála.

20.49 Shocraigh an réiteach idirbheartaithe go n-íocfaí an dliteanas rátaí as aon ioncam breise a ghin an t-ionad comhdhála os cionn na n-ioncam réamh-mheasta do gach bliain a leagadh síos sa chonradh, agus sa chás nach raibh dóthain airgid sa chiste um roinnt ioncaim[158], d'íocfadh an Stát an sprioceasnamh sa bhille rátaí suas go dtí uasmhéid comhiomlán de €8 milliún i dtéarmaí glanluacha láithrigh. Dá dtarlódh sé go rachadh na dliteanais rátaí thar an leibhéal sin, d'íocfadh SDCCD dliteanais rátaí idir €8 milliún agus €13 milliún thar an tréimhse oibriúcháin. Tá an Stát freagrach as rátaí os cionn €13 milliún[159].

20.50 Chuir an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais tuarascáil ar fáil a rinne anailís ar an riosca a bhaineann le gluaiseachtaí rátaí, bunaithe ar luachálacha ón Oifig Luachála. Tháinig sí ar an tuairim gur dóigh go mbeidh rátaí bliantúla an ionaid comhdhála thart ar €1.5 milliún. Ba é an measúnú a rinne sí ná gur dóigh nach mbeadh dliteanais rátaí an Stát os cionn €1.5 milliún in aghaidh na bliana.

### An Tástáil Deiridh Luach ar Airgead

Sular sínítear an conradh deiridh, déantar nuashonrú ar thagarmharc na hearnála poiblí chun athruithe a tharla le linn na céime idirbheartaíochta a thógáil san áireamh. Cuimsíonn siad seo aon athrú i dtéarmaí an chonartha agus athruithe ar ráta(í) úis agus/nó an ráta lascaine arna úsáid.

Cuirtear tagarmharc athbhreithnithe na hearnála poiblí i gcomparáid leis an gcostas a bhaineann leis an margadh idirbheartaithe deiridh chun a chinntiú go bhfuil luach níos fearr ar airgead fós i gceist leis an tionscadal CPP ná le soláthar traidisiúnta.

20.51 Ag an gcéim dheiridh, measadh go gcosnódh an tionscadal €416 milliún. Ba é tagarmharc na hearnála poiblí a bhí le cur i gcomparáid leis seo ná €422 milliún. Chuimsigh na háirimh nuashonraithe boilsciú, leathnú na céime tógála, cuimsiú chostais rátaí agus an ráta lascaine a bheith laghdaithe ó 4.5% go dtí 4.2%.

20.52 Dhearbhaigh tuarascáil deiridh Phróiseas an Iniúchóra, inter alia, gur cloíodh le treoirlínte soláthair agus tairisceana náisiúnta agus an AE agus, go raibh an próiseas oscailte agus trédhearcach agus gur cloíodh leis na leibhéil chearta chothromais agus neamhchlaontachta. Dhearbhaigh Iniúchóir an Phróisis freisin go ndearnadh na tástálacha daingne airgeadais riachtanacha, agus go raibh luach ar airgead le fáil ar na tograí a aontaíodh ar deireadh i gcomparáid le tagarmharc na hearnála poiblí. Chuir an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha

158 Is é an ciste um roinnt ioncaim an farasbarr thar ioncaim réamh-mheasta atá leagtha síos sa chonradh.

159 Tá na figiúirí go léir i dtéarmaí glanluacha láithrigh.

Airgeadais in iúl go bhféadfadh luach an chonartha a bheith suas le €422 milliún i dtéarmaí glanluacha láithrigh agus go bhfuil luach ar airgead ar fáil air i gcomparáid le tagarmharc na hearnála poiblí.

20.53 D'aontaigh an Rialtas an 6 Feabhra 2007 gur chóir an conradh a bhronnadh ar SDCCD faoi réir an choinníll nach rachadh an costas ar an státchiste thar €422 milliún i dtéarmaí glanluacha láithrigh.

## An Conradh Deiridh

Ní mór don chonradh deiridh leis an gCuideachta CPP a chinntiú go bhfuil dreasacht ann don chuideachta an tseirbhís a sheachadadh mar a sonraíodh. Déantar é seo trí tháscairí feidhmíochta lárnacha réamhshocraithe le pionóis oiriúnacha i gcás tearcfheidhmíochta.

20.54 Déanann an tairiscint bhuacach soláthar i gcomhair íocaíochta aonadaí de €27.3 milliún don chéad chúig bliana den chonradh, agus an figiúr sin á laghdú go €23 milliún don 20 bliain eile. Déanann an conradh foráil freisin i gcomhair íocaíochtaí breise de €20 milliún sna chéad 5 bliana oibriúcháin (tá 10% den chostas aonaid nasctha leis an innéacs).

20.55 Déantar foráil i gcomhair asbhaintí nuair nach mbaintear amach táscairí feidhmíochta lárnacha réamhshocraithe maidir le hinfhaighteacht agus feidhmíocht an ionaid comhdhála agus an líon toscairí idirnáisiúnta a thugann cuairt ar an ionad. Ag brath ar an leibhéal tearcfheidhmíochta, déantar asbhaintí ón muirear aonadach sa bhliain dar gcionn, ag baint úsáide as foirmle comhaontaithe, roinnte go cothrom thar an 12 mhí.

20.56 Déanfar measúnú ar infhaighteacht trí thagairt a dhéanamh do chaighdeáin aontaithe. Déantar ualú ar fheidhmeanna lárnacha taobh istigh den ionad comhdhála de réir tábhachta. Beidh asbhaint mar thoradh ar theipeadh an caighdeán riachtanach a bhaint amach. Beidh tionchar ag minicíocht agus fad na dteipeanna ar an leibhéal asbhainte a chuirtear i bhfeidhm, agus i gcásanna thar fóir, d'fhéadfadh sé seo a bheith suas le 80% den muirear aonadach bliantúil.

20.57 Déantar measúnú ar fheidhmíocht i gcoinne 11 réimse seirbhíse ualaithe, ar a n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, lónadóireacht agus seirbhís do chustaiméirí. Bíonn asbhaintí feidhmíochta i gceist nuair nach gcuirtear seirbhísí ar fáil de réir shonraíochtaí an chonartha. Déanann an conradh foráil i gcomhair asbhaintí suas le 10% den bhun-muirear aonadach sna chéad chúig bliana den chonradh, ag méadú go dtí 15% ina dhiaidh sin.

20.58 Déantar sainiú ar thoscairí comhdhála idirnáisiúnta mar dhaoine a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann. Beidh asbhaint íocaíochta grádaithe mar thoradh ar theipeadh an líon riachtanach toscairí comhdhála idirnáisiúnta a mhealladh.

20.59 Féachtar ar an gcéad cúig bliana mar 'bhlianta rampála' agus an t-ionad comhdhála ag forbairt a bhranda agus a sheasamh sa mhargadh agus aithnítear é seo sna tairseacha toscairí idirnáisiúnta do na blianta sin. Ní chuirfear aon phionós i bhfeidhm má bhíonn an líon toscairí idirnáisiúnta sa chéad bhliain os cionn 4,660. Méadaítear an tairseach seo go dtí 12,140 sa cheathrú bliain. Déantar foráil sa chonradh do phionóis idir 0.6% agus 3% den muirear aonadach bliantúil sa chás go dtiteann líon na dtoscairí faoin tairseach seo.

20.60 Méadaíonn an tairseach seo sa chúigiú bliain le córas grádaithe pionóis á chur i bhfeidhm i dtosca ina bhfuil líon na dtoscairí níos ísle ná 34,140. Is féidir pionóis suas le 5% den muirear aonadach bliantúil a chur i bhfeidhm.

20.61 Ina theannta sin, beidh fuinneog rollaithe cúig bliana i bhfeidhm maidir le líon na dtoscairí. Sa chás go dteipeann ar SDCCD gach bliain thar thréimhse cúig bliana, beidh 'mainneachtain imeachta' den chonradh iomlán i gceist.

20.62 Sa chás go dteipeann ar SDCCD an conradh a chomhlíonadh, tá na sealbhóirí fiachais sinsearacha (na bainc) freagrach as an ionad comhdhála a reáchtáil thar ceann an Stáit.

### *Socruithe Roinnte Brabúis*

20.63 Faoin gconradh, tá an Stát i dteideal sciar de bhrabúis áirithe a fháil. Bainfear úsáid as ioncam thar thairseacha áirithe chun an dliteanas rátaí a dhíscaoileadh. Roinntear an t-ioncam de bhreis sa chiste roinnte ioncaim 45% - 55% idir an Stát agus SDCCD. Tá an tairseach sa chéad bhliain socraithe ag €6 mhilliún. Ardaíonn sé de réir a chéile ón gceathrú bliain go dtí deireadh an chonartha nuair atá tairseach de €10 milliún curtha i bhfeidhm.

20.64 Réamh-mheastar thar thréimhse an chonartha, go bhfaighidh an Stát íocaíochtaí scair ioncaim de €49.5 milliún i dtéarmaí glanluacha láithrigh.

### *Monatóireacht agus Maoirseacht ar an Obair Thógála*

20.65 Cuireadh tús le tógáil an lárionaid láithreach bonn tar éis don chonradh a bheith bronnta. Chinntigh Oifig na nOibreacha gur cloíodh leis an tsonraíocht aschur trí athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis theicniúil a sheol SDCCD isteach ar bhonn coicíse. Seoladh Teastais Deartha chuig Oifig na nOibreacha Poiblí chun faomhadh a fháil, agus dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí go bhfuil faomhadh tugtha do 208 Teastas Deartha go dtí seo.

### *Riachtanais Coimisiúnaithe agus Aistrithe*

20.66 Nuair a chríochnaítear an foirgneamh, cinntíonn Oifig na nOibreacha Poiblí, le cabhair ó chomhairleoirí teicniúla, go gcloíonn an foirgneamh mar a tógadh é leis an tsonraíocht aschuir. Cuireadh an próiseas seo i gcrích an 5 Lúnasa 2010. Baineann saincheist amháin atá fós le réiteach le háiseanna séarachais don cheantar foriomlán. Tá gá ann an toilleadh fuíolluisce a mhéadú. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí tar éis a chur in iúl dom, áfach, nach raibh aon ghá do SDCCD stáisiún caidéalúcháin a thógáil faoi na coinníollacha pleanála a bhain leis an ionad. Is faoi Spencer Dock Development Company atá forbairt den chineál seo.[160], Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath.

20.67 Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí cur síos ar stádas reatha an stáisiúin caidéalúcháin mar a leanas

- Tá cead pleanála ag an stáisiún caidéalúcháin ó Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, atá i mbun díchill chuí maidir le saincheist comhlíonta a bhaineann leis an gcead pleanála.
- Tá Comhaontú Forbartha ann idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Spencer Dock Development Company maidir leis an stáisiún caidéalúcháin.
- Tógfaidh sé timpeall 16 mhí an áis a thógáil.

160 Tá Spencer Dock Development Company bainteach le hathfhorbairt cheantar níos leithne de Dhuga Spionsair. Cuimsíonn sé seo tógáil an ionaid comhdhála féin agus forbairt mholta óstáin, oifige, agus réadmhaoin cónaitheach agus miondíola.

- Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sásta síneadh breise an cheadúnais sceite a cheadú don ionad comhdhála le linn an stáisiúin caidéalúcháin a bheith á thógáil.

## Monatóireacht agus Aistriú an Chonartha

20.68 Beidh Oifig na nOibreacha Poiblí ar an bpríomhchomhlacht Stáit atá freagrach as comhlíonadh an chonartha agus as monatóireacht feidhmíochta a dhéanamh ar an ionad comhdhála. Tá gnólacht ón earnáil phríobháideach ar fhochonradh ag Oifig na nOibreacha Poiblí chun tabhairt faoi luacháil agus monatóireacht an chonartha thar ceann an Stáit. Clúdaíonn an conradh seo tréimhse 35 mí i láthair na huaire, agus cosnóidh sé timpeall €85,000 in aghaidh na bliana ar an Stát.

### *Monatóireacht Feidhmíochta*

20.69 Is iad na trí phríomhthoisí feidhmíochta ná

- infhaighteacht
- feidhmíocht seirbhíse
- líon na dtoscairí idirnáisiúnta.

20.70 Maidir le hinfhaighteacht, tá an t-ionad comhdhála briste síos i bpríomh-limistéir agus tá na limistéir seo ualaithe de réir tábhachta, mar shampla tá ualú 16% ag an halla éisteachta agus ag an spás taispeántais. Ní mór neamh-infhaighteacht aon limistéar a logáil agus a sheoladh ar aghaidh chuig Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá tionchar ag fad agus minicíocht neamh-infhaighteachta ar an asbhaint ón muirear aonadach.

20.71 Maidir le feidhmíocht seirbhíse, déantar measúnú air faoi cheannteidil cosúil le glanadh, bainistíocht seirbhísí ginearálta agus bainistíocht dramhaíola. Ní mór do SDCCD Oifig na nOibreacha Poiblí a chur ar an eolas go pras má bhíonn a fhios aici faoi thearcfheidhmíocht in aon réimse agus is féidir le hOifig na nOibreacha Poiblí cigireachtaí a dhéanamh ag am ar bith chun comhlíonadh leis an gconradh a chinntiú. Cuirtear asbhaint muirir aonadaigh i bhfeidhm i gcás nach gcloítear leis na caighdeáin a leagtar síos sa chonradh.

20.72 Maidir le líon na dtoscairí, ní mór do SDCCD tuarascáil áirithintí a sheoladh isteach chuig Oifig na nOibreacha Poiblí ag sonrú imeachtaí a bhí ar siúl an bhliain roimhe sin, an 31 Eanáir i ngach bliain féilire. Tá an fhoirm áirithintí mar bhunús do luacháil feidhmíochta. Gheobhaidh Fáilte Éireann an tuarascáil áirithintí freisin chun cinneadh a dhéanamh cé acu toscairí ar toscairí comhdhála idirnáisiúnta iad ó cheart.

20.73 Tá ceart rochtana ag an Stát ar an ionad comhdhála chun iniúchtaí a dhéanamh agus cruinneas na gcuntas, na muirear agus na n-éileamh dhearbhú. Is féidir leis an Stát tabhairt faoina mhonatóireacht feidhmíochta féin (a chloíonn le dea-chleachtas tionscail) ag am ar bith i rith an chonartha chun a chinntiú go bhfuil na hoibríochtaí á seoladh de réir an chonartha idir SDCCD agus an Stát.

### *Riachtanais Aistrithe*

20.74 Táthar ag súil go mbeidh ionchas saoil de 75 bliain tar éis chríoch an chonartha ag na mórghnéithe struchtúrtha den ionad comhdhála thar dheireadh an chonartha. Nuair a bheidh an conradh críochnaithe, ní mór do SDCCD an t-ionad comhdhála a thabhairt ar ais don Stát i riocht a chuirfidh ar chumas an Stáit leanúint á úsáid tar éis don chonradh 25 bliain dul in éag. Tabharfar aird ar chothabháil agus ar thaifid cheannaigh chun saol iarmharach na bpríomhghnéithe a dhearbhú.

## Conclúid

I mí na Nollag 2004, forbraíodh tagarmharc na hearnála poiblí, a rinne measúnú ar chostas an ionaid comhdhála ag €414 milliún i dtéarmaí glanluacha láithrigh agus in Eanáir 2005, shocraigh an Rialtas an teorainn inacmhainneachta ag leibhéal thagarmharc na hearnála poiblí. Timpeall an ama sin, fostaíodh sainchomhairleoirí chun anailís eacnamúil a dhéanamh agus rinne siad measúnú ar na sochair eacnamaíocha ag €236 milliún i dtéarmaí glanluacha láithrigh.

Nuair a cuireadh na sochair i gcomparáid leis an gcostas, arna thomhais de réir thagarmharc na hearnála poiblí, taispeánadh go mbeadh ioncam an tionscadail dearfach, ach tar éis na bhfachtóirí eacnamaíocha go léir a thógáil san áireamh, gur dóigh go mbeadh ar an Stát níos mó ná sochar eacnamaíoch an tionscadail ar an ngeilleagar a infheistiú.

Ag tógáil na faisnéise go léir atá ar fáil san áireamh, chinn an Rialtas gur chóir an tionscadal a thairiscint don mhargadh agus go mbainfí úsáid as tagarmharc na hearnála poiblí chun measúnú a dhéanamh ar chostas na dtairiscintí molta.

Rinne dhá chuibhreannas tairiscint ar an gconradh chun ionad comhdhála a sholáthar. Moladh roinnt athróga. Bhí dhá thairiscint a chuir ceann de na cuibhreannais ar fáil thart ar €400 milliún, i dtéarmaí glanluacha láithrigh, i gcomparáid le tairiscintí thart ar €200 milliún go dtí €220 milliún ón tairgeoir eile. Cé go raibh costais chaipitil na dtairiscintí cosúil go maith le chéile, bhí difear an-suntasach idir meastacháin na gcostas maidir le hoibriú agus feidhmiú an lárionaid a bhí ag an dá thairgeoir.

Roghnaíodh ceann de na tairiscintí ón gcuibhreannas leis an togra ba dhaoire ar deireadh. Roghnaíodh é mar thoradh ar mharcanna níos airde a bheith bronnta maidir le dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil, a rinne breis le cúiteamh ar na marcanna níos ísle a bronnadh maidir le critéir airgeadais.

Is cosúil ón éagsúlacht shuntasach a bhí idir na tairiscintí maidir leis na tograí don tionscadal seo go raibh ceal soiléireachta (ar thaobh na dtairgeoirí) maidir leis an méid a raibh gá leis nó éagsúlú suntasach sna toimhdí costais a bhí mar bhunús leis na tograí faoi seach.

D’fhéadfadh sé gurbh fhiú luach thagarmharc na hearnála poiblí a chur in iúl do na tairgeoirí, i gcásanna cuí, chun cur ar chumas na dtairgeoirí réiteach cost-éifeachtúil a mholadh. Déantar é seo i ndlínsí áirithe agus déantar cinneadh ina leith ar bhunús cás ar chás. D’fhéadfadh foilsiú thagarmharc na hearnála poiblí, i gcásanna oiriúnacha, níos mó soiléireachta a thabhairt maidir le scóip an tionscadail, ag cur ar chumas tairgeoirí caighdeán a dtairisceana a chothromú le teorainn inacmhainneachta éifeachtach don Stát. Ag an gcéim mheasúnaithe, freisin, d’fhéadfaí measúnú níos doimhne a dhéanamh ar luach an mhéid a tairgeadh sna tograí. Mar a tharla sé, sa chás seo, bhí an rogha a tógadh gar don teorainn inacmhainneachta.

Dúirt an Roinn Airgeadais go mbeadh athrú suntasach ar threoir reatha maidir le CPP i gceist le cinneadh tagarmharc na hearnála poiblí a fhoilsiú. Thug sí faoi deara gur é an príomhriosca a bhaineann leis an méid atá an Stát sásta a íoc a chur in iúl ná go bhféadfadh sé deis a thabhairt do thairgeoir an praghas a bheadh á iarraidh acu a ardú thar mar a bheadh sé gan an t-eolas sin a bheith acu. Dúirt an Roinn go bhfuil sé i gceist aici dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais maidir leis an tsaincheist seo agus go ndéanfaidh sí iarracht foghlaim ó thaithí dlínsí eile.

Nascann luacháil tairiscintí i dtionscadail CPP measúnú ar réimse critéar chun scór comhiomlán a fháil. Ní raibh fachtóirí airgeadais ag tabhairt ach 20% de na marcanna a bhí ar fáil sa chás seo, agus taobh istigh den chomhphháirt seo, b'fhiú 13% de na marcanna foriomlána costas na tairisceana.
Cé go raibh sé beagnach dúbailt chostas chuid de na tairiscintí eile a bhí ar fáil, bhain an tairiscint buacach amach 72% de na marcanna a bhí ar fáil sa chomhpháirt airgeadais.

Nascann an mhodheolaíocht reatha a úsáidtear chun tairiscintí a luacháil costas agus critéir eile chun scór comhiomlán a fháil. D'fhéadfadh sé a bheith fiúntach measúnú a dhéanamh ar thairiscintí i dtosach báire ar bhunús chritéir neamhairgeadais. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfaí luacháil a dhéanamh ar thairiscintí a shásaíonn na riachtanais aschur is ísle ar bhunús comparáide, ag féachaint ar an gcostas a bhainfeadh leis na sochair bhreise arna moladh sna tairiscintí níos daoire.

Thug an Roinn Airgeadais faoi deara nach bhfuil treoir eisithe aici go dtí seo maidir leis an gcaoi ar chóir tairiscintí aonair a luacháil, agus dúirt sí nach mór do na húdaráis chuí mionscrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith le treoir ar leith a eisiúint ar luacháil tairiscintí, le haird ar leith ar dhlí soláthair an AE.

Déanann an conradh deiridh a socraíodh le SDCCD foráil i gcomhair íocaíochtaí de thimpeall €47 milliún in aghaidh na bliana don chéad cúig bliana, ag laghdú anuas go dtí €23 milliún in aghaidh na bliana ar feadh 20 bliain eile.

Tá na heis-sreafaí iomlána thar thréimhse an tionscadail measta ag €725 milliún tar éis foráil a dhéanamh do bhoilsciú réamh-mheasta. Bhí CBL de €29 milliún iníoctha in 2010 i leith costais thógála. I dtéarmaí glanluacha láithrigh, meastar go gcosnóidh an conradh mar a cuireadh i gcrích é €416 milliún ar an Stát thar an tréimhse iomlán. Ba é tagarmharc na hearnála poiblí - an costas a bhain leis an tionscadal seo a sholáthar ar bhealaí gnásúla - ná €422 milliún.

D'éirigh leis an Stát teannas iomaíoch réasúnta a chothú le linn na hidirbheartaíochtaí le SDCCD. Ghlac sé freagracht as cion de na híocaíochtaí rátaí a bhféadfadh costas suas le €1.5 milliún a bheith leo in aghaidh na bliana, ach d'éirigh leis freisin an leibhéal ag a mbeadh íocaíochtaí aonadacha laghdaithe i bhfeidhm a laghdú. Beidh sé d'éifeacht aige seo nach ndéanfar an íocaíocht aonadach iomlán ach amháin má bhaintear tréchur toscairí idirnáisiúnta níos airde amach. Tá spriocanna bliantúla socraithe ag 4,660 toscaire sa chéad bhliain, agus ardaíonn sé seo go dtí 34,140 toscaire sa cúigiú bliain.

Is féidir suas le 5% den íocaíocht aonadach a asbhaint mura mbaintear amach an líon toscairí riachtanacha. Léireodh ráta pionóis carnach de 15% thar chúig bliana mainneachtain ar an gconradh iomlán.

Dreasaíonn an conradh feidhmíocht os rud é gur féidir pionóis suas le 80% den íocaíocht aonadach bhliantúil a ghearradh i gcomhair neamh-infhaighteacht, agus go bhfuil forálacha breise ann chun feidhmíocht a chinntiú thar réimsí éagsúla ar a n-áirítear sláinte agus sábháilteacht agus seirbhís do chustaiméirí.

Tá córas cuimsitheach monatóireachta feidhmíochta ceaptha chun feidhmíocht a mheasúnú thar na trí réimsí lárnacha - infhaighteacht, feidhmíocht agus líon toscairí. Ina theannta sin, tá foráil sa chonradh i gcomhair pionós méadaithe sa chás nach gcuireann SDCCD neamh-fheidhmíocht in aon réimse in iúl agus go dtagann Oifig na nOibreacha Poiblí (atá ag bainistiú an chonartha) air.

# Caibidil 21

## Oifig na nOibreacha Poiblí

## Dílárú

# Dílárú

21.1 Bhí sé socraithe 11,000 státseirbhíseach agus fostaí sa tseirbhís phoiblí a dhílárú as Baile Átha Cliath chuig 95 ionad ar fud na tíre. Rinne an rialtas cinneadh faoi Aibreán 2010 cuid den aistriú sin a chur siar agus leagadh amach stádas an chláir díláraithe i bhFíor 107.

**Fíor 107 Stádas an Chláir - Aibreán 2010**

| Foireann | Dílárú ar siúl | Dílárú curtha siar | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Líon na n-ionad**[a] | **34** | **61** | **95** |
| Poist a aistríodh | 2,430 | 718 | 3,148 |
| Poist le haistriú | 1,191 | - | 1,191 |
| Aistriú post curtha siar | - | 6,583 | 6,583 |
| **Líon iomlán aistrithe foirne beartaithe** | **3,621** | **7,301** | **10,922** |

Nota:

a Bhí sé i gceist sa chinneadh bunaidh 75 eagraíocht nó rannóg a aistriú chuig 53 ionad. Maidir le cuid de na tionscadail sin tá roinnt céimeanna curtha i gcrích ach tá an dara céim curtha siar. Ar an ábhar sin tá 95 tionscadal i gceist.

21.2 Nuair a rinneadh cinneadh cuid shuntasach den chlár díláraithe a chur siar go dtí go ndéanfaí athbhreithniú ar an scéal in 2011 cuireadh san áireamh an dul chun cinn a bhí déanta ag aistriú foirne, na ceanglais a bhí déanta cheana féin, na costais a bhain leis, an chaoi a raibh na heagraíochtaí ullamh lena ngnóthaí a aistriú agus i gcás na ngníomhaireachtaí Stáit, an tuarascáil a sholáthar an Grúpa Forfheidhmithe don Aire Airgeadais [161].

21.3 Bhí 3,148 ball foirne tar éis aistriú go dtí na hionaid díláraithe faoi Aibreán 2010.

- Bhí 2,430 díobhsan in ionaid ina raibh socruithe déanta maidir le cóiríocht bhuan a sholáthar dóibh. Tá foráil ann go ngluaisfeadh 1,191 ball foirne breise go dtí na hionaid sin nuair a chuirfear cóiríocht bhuan ar fáil agus go mbeidh an líon iomlán ball foirne ar fáil iontu.
- Tá 718 ball foirne tar éis bogadh go hionaid inar bunaíodh réamhoifigí ach tá an clár iomlán díláraithe curtha siar anois. Bhí sé beartaithe 260 ball foirne breise a aistriú chuig na hionaid sin.

21.4 Tá dílárú 6,583 post san iomlán curtha siar. Baineann thart ar 5,000 de na poist sin le hionaid inar cuireadh siar an dílárú go hiomlán agus baineann an chuid eile le hionaid arb ionann líon na mball foirne a bhfuil faomhadh gluaiseachta acu faoi láthair agus iad siúd atá iontu cheana féin.

161 Cuireadh bailchríoch in Iúil 2008 ar an tuarascáil faoi na Gníomhaireachtaí Stáit a bhí le hathlonnú faoi chlár díláraithe na Seirbhíse Poiblí agus foilsíodh í i nDeireadh Fómhair 2008. Scrúdaigh sí an dul chun cinn a bhí déanta go dtí sin, d’aithin sí na tosca a raibh tionchar acu ar an dul chun cinn agus scrúdaigh sí na heagraíochtaí ina gceann agus ina gceann le féachaint an bhféadfaí iad a aistriú.

## Béim na Caibidle

Baineann an chaibidil seo le bainistiú na réadmhaoine a bhaineann leis an gclár díláraithe. Rinneadh gearradh siar mór ar an gclár seo ó Dheireadh Fómhair 2008 i leith. Rinneadh iarracht san iniúchadh ar athbhreithniú a dhéanamh ar

- na himpleachtaí a bhí ag dálaí reatha an mhargaidh ar bhainistiú réadmhaoine Oifig na nOibreacha Poiblí agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar an luach a fuarthas maidir le sealbhú réadmhaoine i gcomhair an chláir ag cur san áireamh na ndálaí a bhí ann nuair a rinneadh na hidirbhearta réadmhaoine.

Baineadh leas i rith an iniúchta as tagarmharcáil inmheánach Oifig na nOibreacha Poiblí agus athbhreithniú neamhspleách a rinne sainchomhairleoirí réadmhaoine fostaithe ag m'Oifigse.

21.5 Tugtar léiriú i bhFíor 108 ar an méid a caitheadh ar réadmhaoin, an méid post a aistríodh agus líon na n-ionad atá i gceist.

**Fíor 108 Aistriú Foirne agus na Costais Réadmhaoine atá Beartaithe, Aibreán 2010**

| | Idirbhearta Réadmhaoine curtha i gcrích | Faomhadh tugtha leanúint ar aghaidh | Réamhbhuíon san ionad ach an ghluaiseacht iomlán curtha siar | Gan aon grúpa san ionad agus an ghluaiseacht curtha siar | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na nIonad** | **27** | **7** | **17** | **44** | **95** |
| **Costas Réadmhaoine Beartaithe** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Ceannach suíomhanna | 12.9 | 14.6 | 19.8 | 24.0 | **71.3** |
| Costas tógála[a] | 133.9 | 56.6 | - | - | **190.5** |
| Feistú costas de na foirgneamh ar leas[b] | 20.5 | 0.1 | 7.0 | - | **27.6** |
| **Iomlán** | **167.3** | **71.3** | **26.8** | **24.0** | **289.4** |
| **Costais Athfhillteach** | | | | | |
| Costais léasanna bliantúla sealadacha [c] | 0.7 | 0.6 | 1.9 | | **3.2** |
| Costais léasanna bliantúla fadtéarmacha | 3.8 | - | - | - | **3.8** |
| **Iomlán** | **4.5** | **0.5** | **2.0** | | **7.0** |

Foinse: Costais Réadmhaoine: Oifig na nOibreacha Poiblí, seasamh na foirne: An Roinn Airgeadais.

Notaí:

a Áirítear leis seo 12 fhoirgneamh a tógadh ar chostas (€180 milliún) agus foirgneamh amháin a ceannaíodh ar chostas €10 milliún.

b Chaith Oifig na nOibreacha Poiblí €26.5 milliún agus chaith dhá údarás eile, a chuir cóiríocht ar fáil dóibh féin, an chuid eile.

c Fuair eagraíochtaí a bhí á ndílárú trí léas ar chostas bliantúil €452,824 agus fuair Oifig na nOibreacha Poiblí an chuid eile.

## Tionchar an Ghiorrúcháin

21.6 Tá roinnt impleachtaí airgeadais ag an gcinneadh a rinneadh cur i bhfeidhm chuid eile na scéime a chur siar go dtí go ndéanfar athbhreithniú in 2011.

21.7 Ceannaíodh 12 shuíomh a measadh ag an am gurbh fhiú €43.8 milliún iad in ionaid nach bhfuil an clár díláraithe á chur i bhfeidhm iontu faoi láthair.

21.8 Tá níos lú daoine ná mar a bhíothas ag súil leo sna foirgnimh a tógadh nó a fuarthas ar léas in áiteanna éagsúla mar chóiríocht don fhoireann.

- Tá níos lú ná 75% den fhoireann a bhí beartaithe ar dtús ag obair i sé cinn de na foirgnimh a fuarthas ar léas chun críche an díláraithe. Ní raibh costas an léasa ar cheann amháin de na foirgnimh sin ar fáil ach is é €801,296 costas bliantúil na léasanna eile. Bhí sé ceaptha go gcuirfí cóiríocht ar fáil i gcomhair 320 ball foirne i sé fhoirgneamh agus níl ach 190 ball iontu faoi láthair.
- Tá dhá fhoirgneamh a críochnaíodh le déanaí agus a bhfuil an fhoireann ag aistriú chucu faoi láthair ach nach bhfuil áitithe go hiomlán ach an oiread. Tógadh foirgneamh i gcomhair na Roinne Comhshaoil i Loch Garman ar chostas €19 milliún agus é deartha chun cóiríocht a sholáthar do 270 ball foirne ach níl ach 175 acu ann faoi láthair. Tógadh foirgneamh i gcomhair Oifig na nOibreacha Poiblí i mBaile Átha Troim ar chostas €32 milliún agus é deartha chun cóiríocht a sholáthar do 334 ball foirne ach níl ach 232 acu ann faoi láthair.

### *Athstruchtúrú na Punainne Réadmhaoine*

21.9 Cuspóir amháin a bhain leis an gclár díláraithe ab ea go n-íocfaí as costas na réadmhaoine a fuarthas i gcomhair an díláraithe trí dhiúscairt na réadmhaoine a bheadh fágtha i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile. Déantar iniúchadh sa chuid seo

- ar an gcaoi a dhiúscair Oifig na nOibreacha Poiblí réadmhaoin ó 2004 go 2009 agus an méid ar féidir na diúscairtí a chur i leith tréigean na n-áiteanna i mBaile Átha Cliath de thoradh an chláir díláraithe
- tionchar athruithe sa mhagadh réadmhaoine ar iarrachtaí cuíchóirithe Oifig na nOibreacha Poiblí.

### *Diúscairtí Réadmhaoine*

21.10 Thug Oifig na nOibreacha Poiblí le fios go bhfuil airgead á spáráil ó thaobh cúrsaí réadmhaoine de thoradh an chláir díláraithe, agus go bhfuiltear á dhéanamh sin trí chuíchóiriú na punainne réadmhaoine trí dhiúscairt réadmhaoine ar ruíleas agus ar léas.

21.11 Dhiúscair an Oifig réadmhaoin ar ruíleas idir 2004 agus 2009 agus fuarthas €374 milliún san iomlán dá barr. Fuarthas formhór an airgid sin roimh 2007. Tharla formhór mór na ndiúscairtí sin i mBaile Átha Cliath. Sábháladh €10 milliún in aghaidh na bliana de bharr na léasanna a géilleadh i mBaile Átha Cliath. Tá na fáltais maidir le diúscairtí réadmhaoine i mBaile Átha Cliath de thoradh an chláir díláraithe leagtha amach i bhFíor 109.

**Fíor 109 Diúscairtí Réadmhaoine i mBaile Átha Cliath ó 2004 i leith**

| **Bliain** | **Diúscairtí Réadmhaoine i mBaile Átha Cliath** | **Luach Bliantúil na Léasanna a Géilleadh** |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| 2004 | 83.6 | |
| 2005 | 54.3 | 1.4 |
| 2006 | 217.2 | 0.6 |
| 2007 | 0.8 | 0.5 |
| 2008 | 0.1 | 2.6 |
| 2009 | — | 1.9 |
| 2010 [a] | — | 3.0 |
| **Iomlán** | **356.0** | **10.0** |

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí

Nóta:

a Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí tús le straitéis cuíchóirithe eile in 2009 i gcomhair réadmhaoine i mBaile Átha Cliath nuair a dhírigh sí ar phunann lárnach oifigí na Cathrach agus tá súil aici léasanna a ghéilleadh in 2010 a bhfuil idir €6 mhilliún agus €8 milliún á n-íoc orthu in aghaidh na bliana.

21.12 Maidir le dul chun cinn an chuíchóirithe, d’fhógair Oifig na nOibreacha Poiblí gur samhlaíodh go bhfeadfaí laghdú mór a dhéanamh ar an méid oifigí a bheadh ag teastáil i mBaile Átha Cliath ar an mbonn tuisceana gur san ardchathair a bheadh na poist go léir a bheadh le dílárú. Cuspóir beartais eile ab ea go ndéanfaí cuíchóiriú i mBaile Átha Cliath trí na feidhmeanna a bheadh fágtha sa chathair a chur le chéile i líon laghdaithe oifigí, go dtabharfaí tús áite do dhiúscairt na bhfoirgneamh ar léas trí na léasanna a ghéilleadh chun go gcuirfí cóiríocht ar fáil don fhoireann i mBaile Átha Cliath, an oiread agus ab fhéidir, i bhfoirgnimh den scoth ar leis an Stát iad nó a bheadh ar léasanna fada.

21.13 Is éard atá tarlaithe go dtí seo ná go bhfuil spásanna beaga folmha anois sna hoifigí i bhfoirgnimh éagsúla de thoradh an díláraithe. Ós rud é go bhfuil athrú ag teacht ar líon na mball foirne, agus toisc nach bhféadfar a rá go dtí 2011 cad a dhéanfar maidir le dílárú, tá sé deacair ar Oifig na nOibreacha Poiblí teacht ar chinntí críochnaitheacha maidir le punann iomlán na n-oifigí i mBaile Átha Cliath.

21.14 Dúirt an Oifig gurb é an rud ab fhearr a d’fhéadfaí a dhéanamh maidir le cuíchóiriú a punainne réadmhaoine ná í a scrúdú cás ar chás agus déileáil leis na hionaid faoi leith agus le ceisteanna áitíochta iontu de réir mar bheadh an deis ann. Cé go bhfuil glactha ag an Oifig le straitéis leathan cuíchóirithe i gcomhair na ceithre bliana atá romhainn, is iomaí cinneadh faoi chuíchóiriú nó comhdhlúthú nach féidir a dhéanamh go dtí go mbeidh scéal cinnte ann faoi líon na mball foirne a bheidh ann amach anseo agus an méid spáis a bheidh ag teastáil ó gach Roinn nó Oifig i Baile Átha Cliath i ndiaidh 2011. Ar an ábhar sin is cosúil go dtógfaidh sé roinnt blianta sula mbeidh an deis ann léasanna atá ag dul in éag a ghéilleadh agus go bhféadfar airgead a spáráil ar chíosanna.

21.15 D’fhógair Oifig na nOibreacha Poiblí freisin dá mbeadh ról níos ceannasaí aici féin go bhféadfadh torthaí níos fearr a bheith ann ó thaobh cuíchóirithe de trí iallach a chur ar Ranna agus ar Oifigí comhoibriú go hiomlán le straitéis réadmhaoine na hOifige agus a bheith sásta cóiríocht níos lú a ghlacadh, nó cóiríocht a roinnt eatarthu, nó bogadh chuig foirgnimh níos éifeachtúla.

### *An Tionchar a bhí ag Dálaí an Mhargaidh Réadmhaoine ar Chuíchóiriú*

21.16 Fuair Oifig na nOibreacha Poiblí amach i rith blianta tosaigh an chláir díláraithe (2004-2007) gur fáiltíodh roimh luathghéilleadh léasanna roinnt áitreabh i lár na cathrach toisc fonn a bheith ar dhaoine de ghnáth iad a athfhorbairt. Ar an gcaoi chéanna bhí rath ag an am sin ar iarrachtaí na hOifige roinnt áitreabh de chuid an Stáit a dhíol.

21.17 Tá athrú tagtha ar an margadh réadmhaoine, agus cé go mb'fhéidir go gcuirfeadh tiarnaí talún a raibh airgead acu le caitheamh ar réadmhaoin thábhachtach fáilte roimhe seo roimh luathghéilleadh léasanna níl siad ag tairiscint a leithéid anois don Oifig nuair atá cuid de na hoifigí i mBaile Átha Cliath á bhfágáil ag foireann na státseirbhíse. Ós rud é go bhfuil cúrsaí amhlaidh níl an dara rogha ag an Oifig ach fanacht go dtéann na léasanna in éag, nó leas a bhaint as roghanna scoir agus deiseanna cuíchóirithe a thapú de réir mar a thagann siad chun cinn.

21.18 Bíodh is go bhfuil sé beartaithe léasanna ar áitribh a ghéilleadh sna cúig bliana atá romhainn de réir mar a théann na léasanna sin in éag nó má bhíonn rogha scoir ann, ní mór a rá áfach go bhfuil an-athrú tagtha ar cúrsaí réadmhaoine agus an Oifig ag iarraidh a punann a chuíchóiriú. Sna cásanna sin ina bhfuil an Oifig ag smaoineamh ar léasanna a ghéilleadh tá roinnt tiarnaí talún ag iarraidh gach constaic is féidir leo faoi théarmaí agus coinníollacha na léasanna a chur sa mbealach uirthi ag súil go n-éireoidh sí as iad a ghéilleadh. Airítear leis na constaicí sin éilimh shubstaintiúla a dhéanamh faoi throchlú agus léirmhíniú dian daingean a thabhairt ar na clásail sin a deir 'is é an t-am bun agus barr an scéil'.

21.19 Thug an Oifig le fios maidir lena cur chuige foriomlán go bhfuil roinnt aistrithe curtha siar go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar an scéal in 2011 ach go gcaithfidh an Oifig a bheith ullamh chun gach aistriú riachtanach díláraithe a dhéanamh má bheartaíonn an Rialtas leanúint ar aghaidh le gnéithe an chláir.

## Costais Faighte Réadmhaoine

21.20 Baineadh leas as bearta éagsúla chun réadmhaoin a fháil i gcomhair an chláir

- suíomhanna a fháil i gcomhair forbairt oifigí
- tógáil na n-oifigí ar na suíomhanna sin
- socruithe chun réadmhaoin a fháil ar léasanna fadtéarmacha agus léasanna gearrthéarmacha.

### *Fáil Suíomhanna*

21.21 Sna cásanna sin inar scrúdaíodh na suíomhanna ar leis an Stát iad agus nach bhfuarthas aon cheann oiriúnach baineadh leas as bealaí éagsúla chun suíomhanna a aimsiú a d'fhéadfaí a úsáid

- trí thograí a chuir páirtithe ar spéis leo an scéal faoi bhráid na hoifige de thoradh fógra a foilsíodh i Nollaig 2003
- trí dhul i gcomhairle le húdaráis áitiúla
- sna cásanna sin nach bhfuarthas aon thogra oiriúnach chuaigh Oifig na nOibreacha Poiblí chun cainte le gníomhairí eastáit le fáil amach faoi réadmhaoin oiriúnach sa cheantar.

21.22 Thug an Oifig le fios gur scrúdaigh a cuid ailtirí beagnach 1,000 suíomh chun liosta suíomhanna a roghnú ar dtús. Rinneadh gearrliosta ansin de 250 suíomh agus foirgneamh a d'fhéadfadh a bheith inghlactha agus ansin rinneadh iad a chíoradh tuilleadh chun críche idirbheartaíochta.

21.23 Ar an gcéad dul síos rinneadh na suíomhanna go léir a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach a roghnú don ghearrliosta ag baint leasa as trí chritéar ar tugadh an luach céanna dóibh: ionad, tréithe agus méid na suíomhanna. Cuireadh úinéireacht na suíomhanna, an costas agus rogha an chliaint san áireamh ansin chun suíomhanna a roghnú ón ngearrliosta.

21.24 Fuair Oifig na nOibreacha Poiblí 22 suíomh sa deireadh thiar agus fuair an ghníomhaireacht Stáit, FÁS, suíomh dó féin.

### *Costas na Suíomhanna a fuair Oifig na nOibreacha Poiblí*

21.25 D'fhostaigh m'Oifigse sainchomhairleoirí réadmhaoine chun costais tagarmharcála a sholáthar maidir leis na suíomhanna a fuarthas. Leagadh síos leibhéil níos airde agus níos ísle i gcomhair catagóirí éagsúla suíomhanna mar chuid den tagarmharcáil. Úsáideadh meánfhigiúr a fuarthas uathu chun caiteachas an Stáit a mheas. Bíodh is go bhfuil na leibhéil tagarmharcála úsáideach mar tháscairí ginearálta d'fhéadfadh sé tarlú gur beag an tairbhe a bheadh iontu i gcásanna áirithe

- toisc gur obair deisce amháin a bhí i gceist sa tagarmharcáil
- agus toisc go luíonn sé le nádúr luacha tagarmharcála gur meánuimhreacha iad a fhaightear ó réimse mór idirbheart in a lán áiteanna éagsúla.

21.26 Fuarthas 15 den 22 suíomh ar phraghsanna a bhí faoi bhun an meánleibhéal tagarmharcála agus íocadh praghsanna os cionn an leibhéil sin i gcomhair na seacht suíomh eile. Íocadh €67.4 milliún san iomlán ar an 22 suíomh agus bhí an praghas sin ní b'ísle ná na leibhéil tagarmharcála ab ísle. Tá torthaí na tagarmharcála leagtha amach i bhFíor 110.

**Fíor 110 Comparáid idir Costas Suímh agus Costas Tagarmharcála i gcomhair suíomhanna a fuair Oifig na nOibreacha Poiblí sa tréimhse 2005-2008**

| Coibhneas le tagarmharc | Faoin tagarmharc íochtair | Os cionn an tagarmhairc íochtair ach faoi bhun an mheáin | Os cionn an tagarmhairc meánaigh ach faoi bhun an tagarmhairc ab airde | Os cionn an tagarmhairc ab airde | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na suíomhanna | 8 | 7 | 1 | 6 | **22** |
| Líon a ceannaíodh ó úinéirí príobháideacha | 1 | 3 | 1 | 5 | **10** |
| Líon iomlán na n-acraí a ceannaíodh | 32.4 | 30.1 | 3.1 | 21.2 | **86.8** |
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Costas Iomlán | 29.4 | 15.3 | 2.9 | 22.1 | **69.7** |
| Costas an tagarmhairc íochtair | 55.2 | 11.1 | 1.6 | 5.8 | **73.7** |
| Meánchostas tagarmharcála | 75.4 | 25.7 | 2.3 | 10.5 | **113.9** |
| Costas tagarmharcála uachtair | 95.5 | 40.4 | 3.1 | 15.2 | **154.2** |

Foinse: Lisney — Examination of Property aspects in the implementation of decentralisation, Nollaig 2008.

21.27 Ba ó údaráis áitiúla agus ó ghníomhaireachtaí eile Stáit a ceannaíodh 11 den 15 shuíomh a ceannaíodh ar phraghsanna a bhí faoi bhun na meánphraghsanna tagarmharcála [162]. Ba ó úinéirí príobháideacha a ceannaíodh cúig cinn de na sé shuíomh ar íocadh praghsanna orthu a bhí os cionn an leibhéal tagarmharcála uachtair.

21.28 Maidir leis na sé shuíomh sin ar íocadh praghsanna orthu a sháraigh an leibhéal tagarmharcála uachtair bhí ceithre cinn acu i gcomharsanachtaí bailte beaga agus péire acu i mbailte réigiúnacha. Ba €22.1 milliún costas iomlán na sé shuíomh sin i gcomparáid leis an leibhéal tagarmharcála uachtair €15.2 milliún. Tá na sonraí faoi na sé shuíomh sin leagtha amach i bhFíor 111.

**Fíor 111 Suíomhanna a Fuarthas os Cionn an Leibhéil Tagarmharcála Uachtair, 2005 go 2008**

| Ionad | Tagarmharc uachtair €m | Caiteachas Iomlán €m | Méid os cionn an tagarmhairc €m |
|---|---|---|---|
| An Muileann gCearr | 5.3 | 8.2 | 2.9 |
| Droichead Nua | 4.0 | 5.5 | 1.5 |
| Clár Chlainne Mhuiris | 1.3 | 2.5 | 1.2 |
| Ros Comáin | 2.1 | 3.0 | 0.9 |
| Baile Mhic Andáin | 1.5 | 1.8 | 0.3 |
| Bun Crannacha | 1.0 | 1.1 | 0.1 |
| **Iomlán** | **15.2** | **22.1** | **6.9** |

21.29 Thug Oifig na nOibreacha Poiblí le fios go bhfuarthas na suíomhanna i ngach cás ar ráta a bhí laistigh de na luachanna a bhí á bhfáil i gcomhair suíomhanna tráchtála sa cheantar. Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí an méid seo a leanas faoi na suíomhanna faoi leith a ceannaíodh.

- An Muileann gCearr - Aithníodh trí shuíomh faoi leith. Diúltaíodh do cheann acu de bharr srianta zónála agus don cheann eile toisc nach raibh sé suite in ionad chomh maith.
- An Droichead Nua - Bíodh is gur chuir Oifig na nOibreacha Poiblí trí shuíomh ar an ngearrliosta ar dtús measadh nach raibh aon cheann acu oiriúnach. Thairg an t-údarás áitiúil suíomh oiriúnach dúinn ina dhiaidh sin. Tharraing Oifig na nOibreacha Poiblí aird ar riachtanas an chliaint go dtógfaí balla teorainn ceithre mhéadar ar airde timpeall air agus thug le fios go bhféadfadh an pobal an-tairbhe a bhaint as dá gceannófaí an suíomh.
- Clár Chlainne Mhuiris - Cuireadh ceithre shuíomh ar an ngearrliosta. Ba le cuideachta forbartha trí cinn acu agus ní riabh siad in ann nó sásta an suíomh a bhí ag teastáil a sholáthar.
- Ros Comáin - fuarthas 21 togra, cuireadh péire acu ar an ngearrliosta ach measadh go raibh siad ródhaor. Aithníodh suíomh eile agus ceannaíodh é.
- Baile Mhic Andáin - cuireadh trí shuíomh ar an ngearrliosta. Bhí ceann acu lasmuigh den bhaile agus ní oirfeadh sé don chliant ach amháin mura mbeadh aon áit eile le fáil. Bhí suíomh eile rómhór. Ceannaíodh an suíomh deireanach.

---

[162] Ceannaíodh formhór na suíomhanna sin ó na húdaráis áitiúla agus ceannaíodh suíomh amháin i bPort Laoise ón Údarás Forbartha Tionscail.

- Bun Crannacha - dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí go raibh dhá shuíomh eile á dtairiscint ach go raibh siad ní ba dhaoire agus nach raibh siad chomh maith.

### *Torthaí Tagarmharcála Oifig na nOibreacha Poiblí*

21.30 D'fhostaigh Oifig na nOibreacha Poiblí sainchomhairleoirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chostas na suíomhanna a ceannaíodh i gcomhair an chláir díláraithe. Bhí dhá bhonn éagsúla á n-úsáid acu.

- Athbhreithniú ar an bpraghas a íocadh i gcás gach idirbhirt faoi leith trí thagairt a dhéanamh do thuairim an tsainchomhairleora faoin luach oiriúnach a bheadh le híoc as an talamh sin sa tréimhse 2004-2008. Ba é tuairim na sainchomhairleoirí nuair a d'úsáid siad an modh sin gur íoc an Oifig níos mó ná luach an mhargaidh i dtrí chás.
- Ba é an dara bonn comparáide a bhí ann ná tagairt a dhéanamh do ghnáthphraghsanna talún lasmuigh de Bhaile Átha Cliath sa tréimhse 2004-2008. Cuireadh na hidirbhearta in dhá chatagóir - idirbhearta in ionaid mhóra uirbeacha agus idirbhearta in ionaid bheaga uirbeacha. ba é tuairim na sainchomhairleoirí nuair a d'úsáid siad an modh measúnaithe sin ná gur sháraigh na praghsanna a íocadh na tagarmharcanna i sé chás, go raibh siad faoi bhun na tagarmharcanna i 15 chás agus go raibh sé laistigh de na praghsanna tagarmharcála i gcás amháin.

### *Costas Suímh FÁS*

21.31 Thug Bord FÁS faomhadh i Nollaig 2004 do mholadh go gceannófaí suíomh 5.59 acra ar chostas €1.5 milliún (€275,000 in aghaidh an acra) i gcomhair ardoifige nua.

21.32 I Lúnasa 2004, d'fhostaigh Oifig na nOibreacha Poiblí sainchomhairleoirí réadmhaoine chun luach an tsuímh a mheas. Bhí tréithe faoi leith ag baint leis an suíomh agus mheas siad gurbh é €700,000 a luach margaidh, rud ab ionann agus €140,000 in aghaidh an acra. Suíomh talamhiata ab ea é ach rinne an díoltóir comhaontú go gcuirfí bóthar rochtana ar fáil laistigh de thréimhse áirithe ó chomhaontú an chonartha. Nuair a fuair FÁS tuairim an tsainchomhairleora rinne siad tairiscint athbhreithnithe agus thairg siad €150,000 in aghaidh an acra. Dhiúltaigh an díoltóir don tairiscint sin. Bhí tréimhse fada caibidlíochta ag FÁS leis an úinéir agus ceannaíodh an suíomh faoi dheireadh ar chostas €1.5 milliún nó €275,000 in aghaidh an acra.

21.33 Thug FÁS le fios gur luaigh na sainchomhairleoirí réadmhaoine luach €140,000 in aghaidh an acra mar luach táscach i Lúnasa 2004, gur mhéadaigh siad an luach sin go €300,000 in aghaidh an acra de bharr tuilleadh oibre agus anailíse agus gur mhol siad praghas €275,000 in aghaidh an acra i Samhain 2004.

21.34 Tá sé ráite ag FÁS go bhfuil cead iomlán pleanála faighte i gcomhair bóthar isteach. Níl aon obair déanta ar an suíomh, áfach, agus táthar ag fanacht ar thorthaí an athbhreithnithe a dhéanfar faoi dhílárú in 2011.

### *Tógáil Foirgneamh*

21.35 Dámhadh conarthaí arbh fhiú €180 milliún san iomlán iad maidir le foirgnimh ar 12 shuíomh [163]. Ba iad an dá chineál socruithe a bhí ann maidir le soláthar foirgneamh ná

---

[163] Ba é €191 milliún luach iomlán na gconarthaí a dámhadh maidir leis an 12 fhoirgneamh. Ba é €17.6 milliún luach iomlán an chonartha in ionad amháin ach níor bhain ach €7 milliún den mhéid sin leis an gclár díláraithe. Ní áirítear ach gné an díláraithe chun críche na tuarascála seo.

- "Dear agus Tóg" - sna cásanna sin sholáthraigh Oifig na nOibreacha Poiblí faisnéis do na gnólachtaí tógála faoi shonraíocht an toraidh a bhí ag teastáil, na caighdeáin a bhí i gceist i gcomhair an fhoirgnimh (feidhm, déanamh, inbhuanaitheacht agus inrochtaineacht) mar aon lena raibh siad ag súil leis uathu. Mhol na gnólachtaí a bhí ag déanamh tairiscintí dearaí iomlána i gcomhair an fhoirgnimh go léir lena n-áirítear gach struchtúr, páirceáil do charranna, forbairt an tsuímh, leagan amach iomlán don taobh istigh de na foirgnimh agus fiú leagan amach an troscáin.
- Soláthar traidisiúnta - Sna cásanna sin chuir Oifig na nOibreacha Poiblí tacair iomlána doiciméad conartha ar fáil do na gnólachtaí a rinne tairiscintí. Ba é a bhí le déanamh ag na gnólachtaí tógála ná na foirgnimh a chríochnú a raibh cur síos orthu sna líníochtaí a bhí curtha ar fáil ag an Oifig.

### *Soláthar "Dear agus Tóg"*

21.36 Síníodh naoi gconradh ar bhonn "dear agus tóg". Rinneadh measúnú ar thairiscintí maidir le dearadh agus tógáil agus tugadh 65% de na marcanna i gcomhair gnéithe deartha agus teicniúla na bhfoirgneamh agus na marcanna eile maidir le costas. Tairgeadh na conarthaí don ghnólacht a raibh an scór ab airde aige sa chóras meastacháin sin ar choinníoll go raibh costas an tionscadail níos lú ná Tagarmharc na hEarnála Poiblí a d'fhorbair Oifig na nOibreacha Poiblí chun cost-éifeachtúlacht tairiscintí a mheas.

### *Soláthar Traidisiúnta*

21.37 Soláthraíodh trí thionscadal ar an modh traidisiúnta soláthair. Sna cásanna sin chuir an Oifig dearadh an fhoirgnimh ar fáil mar aon le meastachán faoin gcostas tógála bunaithe ar phraghas na mBillí Cainníochtaí bainteacha. Sna cásanna sin mheas an Oifig gurb é €25.8 milliún an costas foriomlán. Ba é €23.2 milliún san iomlán costas na dtrí thairiscint ab ísle agus glacadh leosan.

### *Tagarmharc Oifig na nOibreacha Poiblí*

21.38 Tá tagarmharcanna bainteacha Oifig na nOibreacha Poiblí ar taispeáint i bhFíor 112.

**Fíor 112 Tagarmharc Tógála Oifig na nOibreacha Poiblí**

| Modh soláthair tógála | Costas tagarmhairc in aghaidh an mhéadair chearnaigh | |
|---|---|---|
| | Tagarmharc Íochtair | Tagarmharc Uachtair |
| Dear agus Tóg lena n-áirítear feistiú | €3,477 | €4,103 |
| An modh traidisiúnta | €2,985 | €3,553 |

21.39 Bhí tagarmharc na hearnála poiblí bunaithe ar shamhail airgeadais a bhí bunaithe ar obair a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí roimhe sin ag baint leasa as noirm chostais i dtionscal na tógála. Chabhraigh an tagarmharc chun tograí a mheas ag úsáid roinnt comparadóirí, lena n-áirítear bunchostais tógála in aghaidh an mhéadair chearnaigh agus costas iomlán an togra in aghaidh an mhéadair chearnaigh.

21.40 Bhí athruithe i gceist maidir le tagarmhairc Oifig na nOibreacha Poiblí a chur i bhfeidhm

- Rinneadh an tagarmharc a áireamh in dhá chás trí oll-achar iarbhír an urláir a bhí á mholadh ag an ngnólacht tairisceana a mheas
- I sé chás eile áiríodh an costas in aghaidh an mhéadair chearnaigh ar bhonn oll-achair tháscaigh an urláir arna mheas ag Oifig na nOibreacha Poiblí
- I gcás amháin (Ros Comáin) níorbh fhéidir aon tagairt a fháil sa chomhad do chostas tagarmharcála in aghaidh an mhéadair chearnaigh. Glacadh leis an tairiscint toisc gur bhain sé amach na marcanna ab airde i bpróiseas measúnaithe na dtairiscintí.

21.41 Thug Oifig na nOibreacha Poiblí le fios sna cásanna go léir inar soláthraíodh na foirgnimh ag baint leasa as an gcóras "dear agus tóg" go raibh méid na bhfoirgneamh a bhí á moladh ag na tairgeoirí go léir ní ba mhó ná an t-achar a bhí luaite ag an Oifig i sonraíocht an toraidh a bhí uathu. Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí gur tharla sé sin de bharr na ndearaí éagsúla a ceapadh chun na riachtanais shonracha maidir le spás agus maidir le riachtanais úsáideoirí a bhí leagtha síos i sonraíocht an toraidh a shásamh. Is é tuairim Oifig na nOibreacha Poiblí maidir lena lán de na tairiscintí a raibh achair urláir níos mó luaite iontu go raibh dearaí ceaptha a chabhródh chun costais saolré na bhfoirgneamh a laghdú.

### *Costas in aghaidh an mhéadair chearnaigh*

21.42 Ba chuma cén próiseas a úsáideadh chun na tairiscintí a mheas nó cén modh soláthair a úsáideadh, rinneadh comparáid idir costas foriomlán an chonartha agus tagarmharc foriomlán Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomhair na dtionscadal céanna [164].

21.43 Síníodh conarthaí ar chostas iomlán €180 milliún chun foirgnimh a thógáil a bhí riachtanach chun dílárú a chur i gcrích. Bhí an costas foriomlán a bhain le 12 fhoirgneamh níos lú ná costas tagarmharcála Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá comparáid i bhFíor 113 idir na costais iarbhír a tabhaíodh agus na tagarmharcanna agus iad sin de réir na gcineálacha socruithe.

**Fíor 113 Tagarmharc Tógála Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomparáid le Costas Iarbhír an Tionscadail**

| | "Dear agus Tóg" lena n-áirítear Feisiú | Traidisiúnta |
|---|---|---|
| Líon na bhfoirgneamh | 9 | 3 |
| Méadar cearnach iomlán | 49,824 | 7,624 |
| Costas iarbhír | €157m | €23m |
| Costas bunaithe ar an tagarmharc íochtair | €173m | €23m |
| Costas bunaithe ar an tagarmharc uachtair | €204m | €27m |

Foinse: Anailís an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta::

a Ríomhadh an costas trí thagairt a dhéanamh d'oll-achar iomlán an urláir rud is ionann agus achar iomlán an urláir laistigh de thaobh istigh na mballaí atá á iamh.

## *Soláthar ar bhonn Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí*

21.44 Cuireadh trí thionscadal díláraithe le chéile i gCeatharlach, i bPort Laoise agus sa Mhuileann gCearr agus fógraíodh iad mar thionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) amháin. Ba é a bhí i gceist sa tionscadal ná trí fhoirgneamh a sholáthar a mbeadh 35,900 méadar cearnach iontu san iomlán.

---

164 Rinneadh an chomparáid sin ar achar iarbhír na n-urlár.

21.45 Ullmhaíodh tagarmharc na hearnála poiblí faoi mar is gnách a dhéanamh i gcás tionscadal CPP chun comparáid a dhéanamh idir costas na cóiríochta a sholáthar ar an modh traidisiúnta agus an costas a bhainfeadh lena sholáthar trí CPP. Bhí costas na tairisceana a bhuaigh ní b'ísle ná an tagarmharc agus ba luach ar airgead i súile an Stáit í ag an am sin, agus cuireadh ar aghaidh í go céim an tairgeora tosaíochta. Rinne an Roinn Airgeadais cinneadh in 2009, áfach, gan leanúint ar aghaidh leis an tionscadal ar fháthanna a bhain le luach ar airgead agus le hinacmhainneacht. Bhí €598,000 caite ar chomhairle dlí agus ar chomhairle airgeadais d'fhonn an tionscadal a chur chun cinn.

21.46 Thug Oifig na nOibreacha Poiblí le fios gur thug an Roinn Airgeadais treoir an tionscadal chun foirgneamh a thógáil i bPort Laoise a chur chun cinn ar an mbealach traidisiúnta soláthair. Tá na heilimintí eile curtha siar.

### *Socruithe Léasaithe*

21.47 Glacadh le 37 léas mar chuid den chlár. Léasanna fadtéarmacha a mhairfidh ó 20 go 25 bliain ab ea 12 de na léasanna sin. Bhí clásail scoir i bhformhór acusan. Léasanna a mhairfeadh idir bliain agus cúig bliana ab ea na léasanna gearrthéarmacha.

- Fuair Oifig na nOibreacha Poiblí léasanna ar 34 foirgneamh a bhfuil 38,400 méadar cearnach de spás oifige iontu.
- Ba í an eagraíocht díláraithe a rinne an chaibidlíocht i gcomhair an dá léas eile.

#### *Léasanna faighte ag Oifig na nOibreacha Poiblí*

21.48 Ba iad na sainchomhairleoirí réadmhaoine a fostaíodh mar chuid den iniúchadh a sholáthraigh na luachanna tagarmharcála. Nuair a chuir na sainchomhairleoirí san áireamh méid agus ionad na bhfoirgneamh a fuarthas ar léas mheas siad go gcosnódh na léasanna idir €6.4 milliún agus €8.5 milliún in aghaidh na bliana. Ba €6.6 milliún an costas bliantúil a bhí ar léasanna na réadmhaoine a fuarthas mar chuid den chlár.

21.49 Caitheadh €26.5 milliún breise lena chois sin, áfach, ag feistiú na bhfoirgneamh. Is é costas iarbhír réadmhaoine ar léas ná íocaíochtaí bliantúla an léasa agus an méid a chaitear ag feistiú na n-áitreabh[165] lena n-áitiú. Cuireadh na costais feistithe san áireamh le costais léasaithe san iniúchadh seo chun an luach ar airgead a fuarthas a mheas. Déantar costais feistithe a dhíscríobh thar thréimhse deich mbliana nó thar thréimhse mheasta an léasa, cibé acu is giorra. Tá na torthaí leagtha amach i bhFíor 114.

165 Is í Oifig na nOibreacha Poiblí nó an ghníomhaireacht díláraithe a íocann na costais sin.

**Fíor 114 Comparáid idir Costais Léasanna agus Tagarmharcanna 2004 - 2008**

| Ionad | Líon na Léasanna | Achar | Costas Bliantúil [a] (feistiú san áireamh) | Tagarmharc[b] Banda Íochtair | Tagarmharc[b] Banda Uachtair |
|---|---|---|---|---|---|
| | | m² | € | € | € |
| Baile satailíte comaitéirí lasmuigh de chathair Bhaile Átha Cliath | 2 | 5,415 | 1,538,200 | 1,283,300 | 1,570,400 |
| Cathair chúige | 5 | 7,896 | 2,148,200 | 1,697,600 | 2,131,900 |
| Baile mór cúige | 15 | 13,503 | 2,949,600 | 2,174,000 | 2,903,100 |
| Baile beag | 12 | 11,560 | 3,205,900 | 1,248,500 | 1,861,200 |
| **Iomlán** | **34** | **38,374** | **9,841,900** | **6,403,400** | **8,466,500** |

Foinse: Anailís an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a Tá na costais feistithe san áireamh sna costais bhliantúla léasa bunaithe ar ísealscríobh thar thréimhse deich mbliana nó thar thréimhse mheasta an léasa, cibé acu is giorra.

b Forbraíodh na tagarmharcanna ar bhunús an chostais a bheadh le cóiríocht nua-aimseartha oifige a fháil in ionaid a bhí rangaithe sna ceithre chatagóir seo a leanas: baile beag, baile mór cúige, cathair chúige agus baile satailíte comaitéirí lasmuigh de chathair Bhaile Átha Cliath.

21.50 Is thart faoi €9.8 milliún an costas bliantúlaithe maidir le réadmhaoin a fháil ar léas nuair a chuirtear feistiú san áireamh. Sháraigh an costas coigeartaithe bliantúil an tagarmharc uachtair €8.5 milliún a mheas na sainchomhairleoirí réadmhaoine a bheadh feiliúnach maidir le costas na bhfoirgneamh sin. Nuair a chuirtear costas bliantúil na gcíosanna agus costas bliantúlaithe an fheistithe san áireamh is léir gur sáraíodh na tagarmharcanna i gcás 19 as an 34 léas agus go raibh siad beagnach €2 mhilliún os cionn na dtagarmharcanna sna cásanna sin.

21.51 Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí conspóid ar na hábhair seo a leanas in aghaidh costais feistithe a chur san áireamh nuair a bhíonn costas 'iarbhír' cíosa á áireamh

- Thug sí le fios go dtairgtear áitribh don mhargadh agus gach bail orthu idir fhoirgnimh nach bhfuil críochnaithe ach an 'sliogán' agus dath liath coincréite ar na hurláir, na ballaí agus na síleálacha, agus áitribh atá beagnach ullamh le siúl isteach iontu, agus go mbíonn réimse leathan foirgneamh idir eatarthu.
- Thug sí le fios go bhféadfaí dallamullóg a chur ar dhaoine ó thaobh luach ar airgead a fháil i gcás foirgneamh réamhfheistithe toisc gurbh annamh a shásaíonn feistiú ginearálta riachtanais an chliaint.
- Thug sí le fios freisin go bhfuil dualgais chomhghéillte reachtúla uirthi de bhreis ar dhualgais na hearnála príobháidí go mór mór maidir le rochtain do chách. Dúirt an Oifig nach gcomhlíonann a lán den chóiríocht oifige nua-aimseartha na rialacháin ná na caighdeáin reatha. Ar an ábhar sin bíonn an chosúlacht ar an scéal go mbíonn costas ard i gceist nuair a fheistíonn Oifig na nOibreacha Poiblí áitreabh lena úsáid mar oifig phoiblí fiú nuair is i gcomhair tréimhse gearr a dhéantar an obair.

21.52 Úsáideann na sainchomhairleoirí a fhostaíonn Oifig na nOibreacha Poiblí critéir éagsúla chun costas réadmhaoine ar léas a mheas. Roinneadh na hidirbhearta a bhain le léasanna in dhá chatagóir - idirbhearta in ionaid mhóra uirbeacha agus idirbhearta in ionaid bheaga uirbeacha. Ceapadh tagarmharcanna i gcomhair cineálacha éagsúla foirgneamh chun an bhail atá orthu a chur

san áireamh. Cuireadh costas na gcíosanna i gcomparáid leis na tagarmharcanna sin. Níor cuireadh costas feistithe san áireamh sa mheasúnú sin. Ba é tuairim na sainchomhairleoirí gur íoc Oifig na nOibreacha Poiblí níos mó ná luach an mhargaidh i gcás seacht cinn den 36 léas a scrúdaíodh. [166].

21.53 D'fhógair Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le fáil léasanna gearrthéarmacha gurbh iad an Grúpa Forfheidhmithe a cheap na critéir a úsáidtear chun cinneadh a dhéanamh faoi sholáthar réamhchóiríochta. Ba éard a tharlaíodh i ndáiríre ná go ndéantaí cinneadh ar bhonn 'an chostais in aghaidh an phoist' in aghaidh na bliana. Bhíodh an figiúr seo bunaithe ar an gcíos mar aon le costas an fheistithe aonuaire arna áireamh in aghaidh an duine, ar feadh fad measta an léasa ghearrthéarmaigh.

21.54 Dúirt siad lena chois sin go ndéantaí costais mheasta na cóiríochta a chur san áireamh i gcomhthéacs an cháis ghnó a dhéanfadh an roinn chliaint faoi na buntáistí oibriúcháin a bhainfeadh le bheith i láthair sa chomharsanacht roghnaithe sula leanfaí ar aghaidh le díláru buan. Sa chaoi sin ba iad an Roinn Airgeadais agus an Grúpa Forfheidhmithe a dhéanadh an cinneadh deireanach faoi airgead a chaitheamh ar réamhoifigí gearrthéarmacha agus dhéanaidís é sin bunaithe ar meastacháin chaiteachais Oifig na nOibreacha Poiblí agus ar an gcás gnó a chuireadh an Roinn chliaint faoina mbráid.

## *Costas na Léasanna faighte ag Eagraíochtaí atá á ndíláru*

21.55 Fuair an dá eagraíocht Stáit, FÁS agus Pobal cóiríocht ar léasanna i gcomhair ball foirne a bhí á ndíláru.

### *FÁS*

21.56 Ghlac FÁS le léas deich mbliana in 2007[167] le haghaidh foirgnimh 708 méadar cearnach i mBiorra ar chostas €99,000 in aghaidh na bliana. Bhí sé beartaithe go n-aistreodh 40 ball foirne go dtí na hoifigí sin. Tá 20 ball tar éis aistriú go dtí seo.

21.57 Shínigh FÁS conradh arbh fhiú beagán os cionn €1 milliún é i Nollaig 2006 go ndéanfaí an foirgneamh a bhí faighte ar léas a fheistiú. Níor iarradh ach ar ghnólacht amháin, comhlacht tógála an tiarna talún, tairiscintí a dhéanamh maidir leis an gconradh feistithe. Thug FÁS le fios go bhféadfaí tairiscint feistithe an chonraitheora a chur i gcomparáid go fabhrach le plean costais a bhí forbartha ag suirbhéir cainníochta a bhí fostaithe ag FÁS.

21.58 Níor mhór amúchadh na gcostas feistithe a chur san áireamh mar aon leis na híocaíochtaí léasa bliantúla chun costas iomlán léasa a mheas. Má úsáidtear scála ama deich mbliana chun na costais feistithe a ísealscríobh, is é €200,000 in aghaidh na bliana costas an léasa, rud atá 77% níos airde ná an tagarmharc uachtair i gcomhair oifigí ar léas sa limistéar sin.

### *Pobal*

21.59 Shínigh Pobal léas cúig bliana i Feabhra 2007 le haghaidh foirgnimh 349 méadar cearnach sa Chlochán ar chostas bliantúil €81,893. Shínigh Pobal conradh €60,611 freisin maidir le feistiú an fhoirgnimh. Bhí sé beartaithe go n-aistreodh 42 ball foirne go dtí na hoifigí sin. Tá 25 acu tar éis aistriú ann go dtí seo.

---

166 Bhí níos mó ná léas amháin i gceist i gcás cuid de na háitribh ar léas. Bhí difríocht bheag le sonrú i líon iomlán na léasanna a scrúdaigh na sainchomhairleoirí réadmhaoine agus líon na léasanna a ndearnadh tagairt dóibh níos luaithe sa tuarascáil.

167 Bhí clásal scoir cúig bliana sa léas.

21.60 Má úsáidtear scála ama cúig bliana (fad an léasa) chun na costais feistithe a ísealscríobh, is é €94,000 in aghaidh na bliana costas an léasa. Beidh costas bliantúil an léasa 25% níos airde ná an tagarmharc ar feadh téarma an léasa.

21.61 Thug Pobal le fios go raibh spás oiriúnach oifige gann sa Chlochán agus nach bhfuair siad ach dhá oifig a d'fhéadfaidís a úsáid.

### *Údarás Sláinte agus Sábháilteachta*

21.62 Ghlac an tÚdarás le léas deich mbliana in 2008 le haghaidh foirgnimh 905 méadar cearnach i gChill Chainnigh ar chostas €271,924 in aghaidh na bliana. Bhí sé beartaithe go n-aistreodh 50 ball foirne go dtí na hoifigí sin. Tá 29 ball tar éis aistriú go dtí seo.

21.63 Is é 11% níos airde ná an tagarmharc uachtair i gcomhair oifigí ar léas sa limistéar sin.

### *Dearcadh Oifig na nOibreacha Poiblí ar Chostais Faighte Réadmhaoine*

21.64 Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí go raibh an-tionchar ag cúrsaí an mhargaidh inar cuireadh tús leis an gclár díláraithe ar cad a tharla maidir le fáil réadmhaoine. I measc na dtosca a raibh tionchar acu ar an gcostas bhí

- fógra poiblí a rinneadh faoi bheartas an Rialtais ranna nó gníomhaireachtaí rialtais faoi leith a athlonnú i mbailte cúige ainmnithe agus go mba mhór an dúshlán é sin a dhéanamh laistigh den achar gearr 3 bliana a bhí ceaptha dó.
- an borradh a bhí ar bhoilsciú sa margadh réadmhaoine.
- go mba cuspóir mór náisiúnta an clár sin agus gur méadaíodh na praghsanna de bharr a raibh díoltóirí féideartha ag súil leis.
- nach raibh aon chumhacht ag an Stát orduithe ceannaigh éigeantaigh a dhéanamh le haghaidh an chláir díláraithe.

21.65 D'fhógair Oifig na nOibreacha Poiblí ón tús gurbh í an phríomhaidhm a bhí acu ná an luach foriomlán ar airgead ab fhearr a fháil don Stát trí shuíomhanna a bheadh oiriúnach don ghnó a roghnú in ionaid mhaithe. In ainneoin sin, áfach, measadh i gcomhthéacs an chláir díláraithe go mba 'cheannaitheoirí speisialta' iad na Coimisinéirí agus d'fhéadfadh daoine a bheith ag súil i gcásanna áirithe go n-íocfaidís praghas a bheadh os cionn an mhéid a raibh glactha leis mar thagarmharc *"Luach an Mhargaidh"* [168]chun an suíomh ab oiriúnaí a fháil chun go bhfeadfadh an clár dul ar aghaidh.

21.66 Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí gurbh é an toradh a bhí ar an tiomantas a rinneadh na státseirbhísí a athlonnú in ionaid faoi leith ná go raibh ar an Stát déileáil le slua beag díoltóirí féideartha a raibh a fhios acu gur gá suíomh nó foirgneamh a fháil i ngach ceann den 53 áit sin. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an eolas sin ar chumas margaíochta na hOifige. Ó bhí an scéal amhlaidh ní raibh sé ar chumas na gCoimisinéirí, gan cead an rialtais, aistriú go baile cóngarach eile má bhí margadh achrannach in áit amháin faoi mar a dhéanfadh sreangshiopa miondíola ina leithéid de chás.

21.67 Dúirt Oifig na nOibreacha Poiblí gur aibhsigh sainchomhairleoirí réadmhaoine an fhadhb sin i bhFeabhra 2004 i dtuarascáil a ullmhaíodh chun comhairle a thabhairt faoi bPlean

168 Is é an sainmhíniú a thugtar ar luach an mhargaidh ná an méid a mheastar a mhalartófaí ar dháta na luachála idir ceannaitheoir deonach agus díoltóir deonach in idirbheart ar fad rí láimhe tar éis margaíochta córa inar ghníomhaigh na páirtithe araon go heolasach, go críonna agus gan bhrú.

Forfheidhmithe. Dúirt na sainchomhairleoirí ansin *"ní mór glacadh leis gur beag deis atá ann na socruithe is costéifeachtaí a dhéanamh, ós rud é go bhfuil an fhaisnéis ag lucht an mhargaidh agus go bhfuil a fhios ag daoine go gcaithfear an obair a dhéanamh laistigh d'achar ama gearr. Braithfidh costas réadmhaoine ar na deiseanna atá ar fáil i ngach áit faoi leith agus ar cathain a bheidh siad ar fáil."*

21.68 D'iarr Oifig na nOibreacha Poiblí ar na sainchomhairleoirí réadmhaoine a fostaíodh ar dtús maidir leis an tionscadal díláraithe a dtuairimí nuashonraithe a thabhairt faoin scrúdú seo. Measann siad nach féidir Luach an Mhargaidh ná Cíos an Mhargaidh a úsáid leo féin chun Luach ar Airgead a mheas i gcás an chláir díláraithe. Tugann siad le fios

- D'fhéadfadh sé gur ghníomhaigh an tiarna talún nó úinéir na talún nó an ceannaitheoir nó an tionónta "faoi bhrú". Mar shampla, d'fhéadfadh Údarás Áitiúil a raibh fonn air go mbeadh an oifig díláraithe sa bhaile mór áitiúil a bheith sásta réadmhaoin a dhiúscairt nó a ligean ar cíos chuig Oifig na nOibreacha Poiblí ar théarmaí a thaitneodh go mór leis an áititheoir le cinntiú go gcuirfí an oifig ar fáil agus go gcuirfí na jabanna a rabhthas ag súil iad a dílárú ar fáil sa bhaile mór.
- I gcásanna eile d'fhéadfadh an Oifig a bheith faoi bhrú áirithe cóiríocht a chur ar fáil agus d'fhéadfadh na tiarnaí talún nó na húinéirí talún é sin a bheith ar eolas acu agus é ar a gcumas praghas a éileamh os cionn Luach an Mhargaidh agus bhí ar an Oifig i gcásanna áirithe glacadh leis an bpraghas sin le cinntiú go bhfaighfí an réadmhaoin in am, go mór mór sna cásanna nuair ab ea an rogha tosaíochta an t-aon socrú réalaíoch sa bhaile mór sin.
- Is é an sainmhíniú is oiriúnaí is féidir a thabhairt ar luach i gcomhthéacs an chláir díláraithe ná 'luach cóir' nó 'fiúchas' agus é sin a shainmhíniú mar chás ina bhfuil páirtí sásta luach os cionn luach nó cíos an mhargaidh a íoc ar réadmhaoin chun é a fháil agus a sholáthar laistigh de scála ama áirithe. Baineann sé sin go háirithe le cás ina n-aithnítear nach bhfuil ach réadmhaoin amháin ar fáil.

21.69 Lena chois sin dhírigh Oifig na nOibreacha Poiblí aire ar a dheacra is a bhí sé cóiríocht ar léas a fháil i gcomhair réamhoifigí i mbailte beaga. Dúirt sí gur bheag rogha a bhí ar fáil i bhformhór na mbailte sin ó thaobh cóiríocht oiriúnach oifige. Ba é an gnáthrud a bhí ar fáil go minic ná oifigí aon seomra nó dhá sheomra os cionn siopaí. Bhain mórchuid den fhorbairt amhantrach a bhí le fáil ar an margadh ag an am le spásanna tráchtála, miondíola nó tionsclaíocha agus gan iontu ach mar a bheadh 'sliogáin fholmha' agus uaireanta bhí cead pleanála ag teastáil chun spásanna tionsclaíocha nó miondíola a úsáid mar oifigí sula bhféadfaí aon chomhaontú a dhéanamh iad a ligean ar cíos le hOifig na nOibreacha Poiblí.

## Conclúidí

Ós rud é go bhfuil gnéithe den chlár díláraithe curtha siar go dtí go ndéanfar athbhreithniú in 2011, tá aistriú beagnach 6,600 ball foirne ó Bhaile Átha Cliath go hionaid ar fud na tíre curtha siar freisin. Bhí 3,148 ball foirne tar éis bogadh roimh Aibreán 2010 agus ceadaíonn na socruithe reatha go ndéanfar 1,191 ball foirne eile a dhílárú.

Ceannaíodh 12 shuíomh ar chostas €43.8 milliún in ionaid nach bhfuil an clár díláraithe á chur i bhfeidhm iontu faoi láthair.

Tá athrú tagtha ar chúrsaí réadmhaoine agus ní cosúil go bhféadfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí na léasanna a ghéilleadh sula dtéann siad in éag nó sula dtagann dátaí scoir na léasanna.

Nuair a bhí réadmhaoin á fáil i gcomhair an chláir

- fuarthas sé cinn den 22 suíomh ar phraghsanna os cionn an tagarmhairc a bhí ceaptha ag na sainchomhairleoirí réadmhaoine a bhí fostaithe ag m'Oifigse. Ar an taobh eile fuarthas ocht suíomh ar phraghsanna faoi bhun tagarmhairc níos ísle.
- Ba le húdaráis áitiúla formhór na suíomhanna a fuarthas ar chostas íseal agus ba le heagraíocht Stáit ceann amháin acu.
- D'íoc FÁS breis agus dhá oiread na luachála tosaigh a chuir a sainchomhairleoirí réadmhaoine féin ar shuíomh i mBiorra.
- Rinneadh formhór na hoibre tógála ar phraghas faoi bhun costais tagarmharcála Oifig na nOibreacha Poiblí.
- Nuair a chuirtear costais fhoriomlána na n-áitreabh ar cíos le chéile is léir gur sháraigh siad fiú an costas tagarmharcála ab airde.

Cé go bhfuil tagarmharcanna úsáideach le fáil amach an bhfuair an Stát luach ar airgead sna hidirbhearta sin, ní mór inspreagadh na ndíoltóirí a chur san áireamh freisin

- D'fhéadfadh sé tarlú gur shocraigh údaráis áitiúla na praghsanna ar leibhéal a mheallfadh jabanna isteach ina limistéir
- Bheadh sé ar chumas díoltóirí príobháideacha a raibh réadmhaoin acu i lár bailte móra praghsanna a éileamh bunaithe ar riachtanais Oifig na nOibreacha Poiblí an cinneadh maidir le dílárú a chur i bhfeidhm.

Ní dhearnadh an oiread sin cuíchóirithe ar phunann réadmhaoine an Stáit agus a bhíothas ag súil leis. Is éard a deir tuarascálacha Oifig na nOibreacha Poiblí gurb é atá tarlaithe go dtí seo ná go bhfuil spásanna beaga folmha anois sna hoifigí i bhfoirgnimh éagsúla. Dúirt an Oifig go dteastódh ról níos treise uaithi chun cuíchóiriú a chur chun cinn go héifeachtach.

# Caibidil 22

## An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

## Maoiniú Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla


# An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

22.1 Meastar go raibh caiteachas comhiomlán ag údaráis áitiúla in 2008 ag €11.6 billiún. Tá sé sin comhdhéanta de €6.5 billiún i gcaiteachas caipitil, agus thart ar €5.1 billiún i gcaiteachas reatha.

- Is é an toradh a bhíonn ar chaiteachas caipitil ná cruthú nó gnóthú sócmhainne ag údarás áitiúil a bhfuil úsáid níos faide aici ná an bhliain ina soláthraítear an tsócmhainn sin e.g. tógáil bóithre, tógáil nó ceannacht tithe, linnte snámha, leabharlanna, etc. Tá cláir chaipitiúla údaráis áitiúil maoinithe den chuid is mó ag deontais Stáit ó éagsúlacht fhoinsí, le roinnt maoinithe ó thobhaigh forbartha, ó iasachtaí, ó acmhainní inmheánacha féin agus ó dhíolachán maoine. Féadann roinnt tionscadal (e.g. tógáil nó gnóthú oifigí údaráis áitiúil) a bheith maoinithe go hiomlán ag acmhainní agus iasachtaí an údaráis áitiúil féin.
- Clúdaíonn caiteachas reatha (a dtagraítear dó amanna mar chaiteachas ioncaim) feidhmiú na n-údarás áitiúil ó lá go lá, lena n-áirítear tuarastail na foirne, cothabháil tithíochta, pinsin, costais oibríochta chóras cóireála, etc. Tagann maoiniú do chaiteachas reatha ó éagsúlacht foinsí, lena n-áirítear deontais ón Státchiste agus ón gCiste Rialtais Áitiúil (thart ar 45% den iomlán in 2008), rátaí na n- údarás áitiúil (thart ar 28%) agus muirir d'earraí agus seirbhísí ar nós muirir uisce tráchtála, cíos tithíochta, muirir pháirceála, etc (thart ar 27%). Tugadh an muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach nach hé an Phríomháit Chónaithe é (€200 an áit chónaithe) isteach in 2009 chun an bonn ioncaim d'údaráis áitiúla a leathnú.[169]

22.2 Léiríonn Fíor 115 an tslí ar athraigh caiteachas ag údaráis áitiúil thar na tréimhse 2006 go dtí 2008.

**Fíor 115 Caiteachas ag údaráis áitiúla de réir an chineáil, 2006 to dtí 2008**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

[169] Tagann athrú ar an ranníoc sonrach chuig chaiteachas reatha ó na foinsí ioncaim éagsúla ag brath ar na húdaráis.


## Béim na Caibidle

Is é cuspóir na caibidle seo ná forléargas a thabhairt ar chistí atá ag sreabhadh as agus trí fhoinsí Rialtais Láir chuig údaráis áitiúla, agus ar na cuspóirí dár cuireadh maoiniú ar fáil.

## Foinsí d'Aistrithe Rialtais Áitiúil

22.3 Is thart ar €5.3 billiún maoiniú san iomlán a aistríodh ó fhoinsí Rialtais Láir chuig údaráis áitiúla in 2009. Tháinig thart ar 82% de sin as maoiniú ón Státchiste a soláthraíodh trí Ranna Vótaí don Rialtais. Tháinig an maoiniú nach maoiniú ón Státchiste é (18% den iomlán) ón gCiste Rialtais Áitiúil agus ón gCiste Comhshaoil. Féach Fíor 116.

**Fíor 116 Foinsí Mhaoiniú Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla, 2009**




22.4 Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil in 1999 faoin Acht Rialtais Áitiúil 1998. Tá sé maoinithe ag fáltais ó mhótarcháin agus rannaíocaíocht bhliantúil ón Státchiste a íoctar isteach sa Chiste ó Vóta 25. Úsáidear acmhainní an Chiste den chuid is mó chun maoiniú a sholáthar d'údaráis áitiúila do ghníomhaíochtaí lá go lá agus do chothabháil na mbóithre nach bóithre náisiúnta iad.[170] Úsáidtear méid beag den Chiste chun tacú le tionscnaimh rialtais áitiúil áirithe eile.

22.5 Baintear úsáid as an gCiste Comhshaoil den chuid is mó chun tacú le tionscnaimh, feachtais agus cláir chomhshaol-bhunaithe ag leibhéal áitiúil nó réigiúnach faoi choimirce na n-údarás áitiúil. Íoctar na fáltais ón tobhach ar mhálaí plaisteacha a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ó

---

170 Bailíonn údaráis áitiúla ioncaim mhótarchánach ar dtús agus tríd an láithreán gréasáin Mhótarcháin ar Líne, agus íoctar isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil iad. Ó 2007, íocadh cuid den leithdháileadh Ciste chuig an Aire Iompair i bhfoirm leithreasaí-i-gcabhair faoi Vóta 32. Baineann sé sin le deontais a d'íoc an tAire le húdaráis áitiúla chun cabhrú leo na bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil.

mhiondíoltóirí isteach sa Chiste. Íocann oibritheoirí líonadh talún tobhaigh líonadh talún le húdaráis áitiúla isteach sa Ciste chomh maith. Baintear úsáid as eisíocaíochtaí ón gciste chun cabhrú le tionscadail ar bhonn a n-acmhainneacht an comhshaol a chosaint nó a fheabhsú.

22.6 Leagann Fíor 117 amach na foinsí maoinithe do chaiteachais ó fhoinsí Rialtais Láir chuig údaráis áitiúla ó 2007 go dtí 2009.

**Fíor 117 Foinsí Maoinithe Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla, 2007 - 2009**

| **Foinse Chistí** | **2007** | **2008** | **2009** |
|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** |
| ***Cistí Státchiste*** | | | |
| Vóta 25 - Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil | 2,584 | 2,804 | 2,401 |
| Vóta 26 – Oideachas agus Eolaíocht | 272 | 301 | 379 |
| Vóta 27 - Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta | 49 | 64 | 36 |
| Vóta 32 - Iompar | 1,476 | 1,374 | 1,488 |
| Vóta 35 - Ealaín, Spórt agus Turasóireacht | 32 | 26 | 17 |
| Vote 41 —Leanaí agus Gnóthaí Óige | — | — | 5 |
| | **4,413** | **4,569** | **4,326** |
| ***Foinsí Maoinithe Eile*** | | | |
| Ciste Rialtais Áitiúil (gné neamh-státchiste) [a] | 1,049 | 1,102 | 905 |
| Ciste Comhshaoil [b] | 40 | 39 | 30 |
| | **1,089** | **1,141** | **935** |
| **Maoiniú ó gach fhoinse Rialtais Láir** | **5,502** | **5,710** | **5,261** |

Nótaí:

a Comhdhéanta den chuid is mó d'fháltais chánacha agus ús a thuilltear. Tá ranníoc an Státchiste chuig an gCiste san áireamh i gcaiteachas Vóta 25 a thuairiscítear thuas.

b Áirítear fáltais ó thobhaigh ar mhálaí plaisteacha agus ar líonadh talún agus ús a thuilltear.

## Cur i bhfeidhm an Mhaoinithe

22.7 Caithfidh na húdaráis áitiúla an chuid is mó den mhaoiniú a fhaigheann siad ó fhoinsí rialtais láir a úsáid ar shainseirbhísí údaráis áitiúil. Is féidir iad sin a ghrúpáil i sé chatagóir clár leathana.


- **Tithíocht agus Athnuachan Uirbeach -** Soláthraíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil formhór an mhaoinithe do thithíocht agus d'athnuachan uirbeach díreach le húdaráis áitiúla. Úsáideann na húdaráis áitiúla an maoiniú chun an méid seo a leanas a sholáthar tithíocht údaráis áitiúil, obair athnuachana agus feabhais, cóiríocht don lucht siúil, tithíocht dheonach agus tithíocht de chuid na gcomharchumann, Scéim Cóiríochta Cíosa, deontais oiriúnaithe tithíochta agus cóiríocht do dhaoine atá gan dídean.
- **Feabhsúcháin agus Cothabháil Bóithre -** Is é an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair, atá freagrach as feabhsúchán agus cothabháil na mbóithre náisiúnta. Nuair a bhíonn an tÚdarás ag tabhairt faoin tionscadail baineann sé

úsáid as údaráis áitiúla mar a ngníomhairí agus cuirtear an chaiteachas tríothu sin. Íocann an Roinn maoiniú lárnach i bhfoirm deontais do chothabháil na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla díreadh chuig údaráis áitiúla.

- **Seirbhísí Comhshaoil -** Tá thart ar 91% den mhaoiniú lárnach a sholáthraítear d'údaráis áitiúla mar thacaíocht do sheirbhísí comhshaoil dírithe ar infheistíocht i seirbhís uisce, á maoiniú go príomha ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tagann an maoiniú atá fanta do sheirbhísí comhshaoil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus ón gCiste Comhshaoil.
- **Íocaíochtaí a Bhaineann leis an Oideachas -** Cúitíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna an costas a bhaineann le deontais ardoideachais a bhronnann údaráis áitiúla. Cúitíonn an Roinn chomh maith na húdaráis áitiúla as na costais a bhaineann le sochair aoisliúntais a sholáthar d'iarfhoireann scortha ó Choistí Gairmoideachais agus ó Institiúidí Teicneolaíochta atá ina gcomhaltaí den Scéim Aoisliúntais do Mhúinteoirí Gairmoideachais nó den Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais faoi seach.
- **Áineas agus Seirbhísí Áitiúla Eile -** Tá sé seo comhdhéanta de mhaoiniú Rialtais Láir do sheirbhísí údarás áitiúil ar nós seirbhísí leabharlainne agus cartlainne, tógáil agus cothabháil linnte snámha agus tionscnaimh thaitneamhachta phoiblí agus cultúir, chomh maith le seirbhísí dóiteáin agus éigeandála do dhaoine faoi mhíchumas.
- **Deontais do Chuspóirí Ginearálta -** Soláthraíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tríd an gCiste Rialtais Áitiúil maoiniú breise d'údaráis áitiúla chun cabhrú leo an t-easnamh idir a bhfoinsí ioncaim eile agus costas na seirbhísí a sholáthraíonn siad a líonadh, lena n-áirítear costais riaracháin na n-údarás féin.

22.8 Cuireann Fíor 118 briseadh síos i láthair d'aistrithe Rialtais láir chuig údaráis áitiúla in 2009 de réir limistéir na gclár. Léiríonn sé sin go raibh díreach os cionn aon trian den soláthar iomlán i ndáil le feabhsúcháin agus cothabháil bóithre. Soláthraíodh díreach faoi aon trian do chláir thithíochta agus athnuachana uirbigh. B'ionann maoiniú do chuspóirí ginearálta agus 17% den mhéid iomlán a soláthraíodh.

**Fíor 118 Cur i bhfeidhm Mhaoiniú Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla, 2009**



22.9 Cuireann Fíor 119 i láthair níos sonraithe briseadh síos de na haistrithe maoine chuig údaráis áitiúla do 2007, 2008 agus 2009, ag taispeáint na cláir agus na scéimeanna atá ag fáil tacaíochta.

**Fíor 119 Aistrithe Rialtais Láir chuig Údaráis Áitiúla, de réir Chlár Caiteachais, 2007 - 2009**

| **Catagóir Caiteachtais** | **2007** | **2008** | **2009** |
|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** |
| **Tithíocht agus Athnuachan Uirbeach** | | | |
| Soláthar tithíochta sóisialta | 1,382 | 1,571 | 1,297 |
| Tithíocht Inacmhainne, etc | 64 | 89 | 94 |
| Tacaíochtaí Tithíochta Eile | 6 | 7 | 4 |
| Athnuachan Uirbeach | 20 | 5 | 1 |
| | **1,472** | **1,672** | **1,396** |
| **Seirbhísí Comhshaoil** | | | |
| Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta | 529 | 544 | 538 |
| Bainistiú Dramhaíola | 28 | 27 | 8 |
| Athchúrsáil | 12 | 22 | 14 |
| Bearta Comhshaoil Eile | 11 | 15 | 29 |
| | **580** | **608** | **589** |
| **Feabhsúchán agus Cothabháil Bóithre** | | | |
| Bóithre Náisiúnta | 1,476 | 1,374 | 1,488 |
| Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad | 623 | 616 | 455 |
| | **2,099** | **1,990** | **1,943** |
| **Seirbhísí Oideachais** | | | |
| Deontais Ardoideachais | 126 | 137 | 160 |
| Aoisliúntas d'Iarfhoireann Scortha | 146 | 164 | 219 |
| | **272** | **301** | **379** |
| **Áineas agus Seirbhísí Áitiúla Eile** | | | |
| Linnte Snámha | 25 | 20 | 11 |
| Seirbhís Leabharlainne | 17 | 15 | 9 |
| Deontais Spóirt, Áiteanna Súgartha agus Tionscadail Chultúrtha | 9 | 7 | 10 |
| Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála | 24 | 24 | 20 |
| Seirbhísí Oidhreachta (Oidhreacht Ailtireachta) | 7 | 8 | 6 |
| Seirbhísí Míchumais | 15 | 15 | 12 |
| Seirbhísí Caipitiúla Ilghnéitheacha | 19 | 31 | 2 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 15 | 20 | 6 |
| | **131** | **140** | **76** |
| **Deontais do Chuspóirí Ginearálta** | **948** | **999** | **878** |
| **Maoiniú Iomlán a Sholáthraítear d'Údaráis Áitiúla** | **5,502** | **5,710** | **5,261** |

## Táscairí Seirbhísí

22.10 Ó 2005, tá tuarascálacha bliantúla foilsithe maidir le feidhmíocht na n-údarás áitiúil ar fud raon táscairí seirbhísí[171]. I ndiaidh athbhreithnithe in 2008, mhéadaigh líon na dtáscairí ó 42 go dtí 46. Áirítear ar shonraí an táscaire seirbhísí raon eolais staitisticiúil ach ní chlúdaítear gach gné d'fheidhmíocht an údaráis áitiúil.

22.11 Creideann an Grúpa Athbhreithnithe Éifeachtachta Rialtais Áitiúil[172] go bhféadfaí na táscairí seirbhísí a fheabhsú trí phríomhtháscairí airgeadais a chur in ionad roinnt de na táscairí atá ann cheana agus go ndéanfaí iad a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh orthu gach bliain agus

- gur chóir go mbeadh táscáirí seirbhísí a bheith leabaithe níos daingne agus in úsáid mar chuid de chlár oibre éifeachtachta chun athrú a stiúradh
- go bhfuil an cumas ann táscairí seirbhísí a úsáid chun leithdháileadh na n-acmhainní rialtais láir a threorú ag leibhéal áitiúil amach anseo
- gur chóir d'údaráis áitiúil a úsáid níos mó a bhaint as na sonraí agus as an anailís i dtéarmaí cinnteoireachta áitiúil, lena n-áirítear maidir le leithdháileadh acmhainní.

## Conclúid

Déanann údaráis áitiúla leibhéal suntasach caiteachais bhliantúil ón Státchiste agus ó chistí eile a bhainistítear go lárnach a riaradh ag an bpointe seachadta. Go bunúsach, tá an t-airgead á chaitheamh ar chláir náisiúnta, mar soláthar tithíochta sóisialta, tógáil agus cothabháil an ghréasáin bhóithre agus infrastruchtúir seirbhísí sláintíochta. Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil cuntasacht éifeachtach ann ag leibhéal náisiúnta don chaiteachas sin, neamhspleách ar ról an rialtais áitiúil mar shraithe rialtais lena sheirbhís iniúchta féin agus cuntasacht áitiúil.

D'fhéadfadh comhaontuithe leibhéil seirbhíse foirmiúla idir ranna rialtais láir agus gníomhaireachtaí a sholáthraíonn an maoiniú agus na húdaráis áitiúila faoi seach fócas soiléir a thabhairt don chaiteachas agus cabhrú leis na cuspóirí agus na spriocanna ábhartha a shocrú.

Chabhródh sé sraith bearta agus táscairí feidhmíochta tráthúla agus ábhartha a fhorbairt do gach clár náisiúnta, mar a mholann an Grúpa Éifeachtacha Rialtais Áitiúil chun cinntí leithdháilte a dhéanamh agus chun tacú le seachadadh seirbhísí agus cuntasacht éifeachtach agus éifeachtúil.

---

171 Táscairí Seirbhísí in Údaráis Áitiúla, tuarascálacha bliantúila chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag an mBord Seirbhísí Bainistíochta an Rialtais Áitiúil.

172 Bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe Éifeachtachta Rialtais Áitiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn costais, ar chaiteachas agus ar líon na ndaoine fostaithe in údaráis áitiúla. Foilsíodh a thuarascáil i mí Iúil 2010.

# Caibidil 23

## An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

## Léasáil ar Thithíocht Shóisialta

# Léasáil ar Thithíocht Shóisialta

23.1 Is ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) a leagtar an cúram maidir le beartas a cheapadh agus a chur i bhfeidhm agus le reachtaíocht a ullmhú i ndáil le cúrsaí tithíochta, tithíocht incheannaithe agus shóisialta an Stáit san áireamh.

23.2 Is é cuspóir ginearálta atá le beartas tithíochta na Roinne go mbeadh áras incheannaithe ar chaighdeán maith, oiriúnach don riachtanas, i dtimpeallacht mhaith agus faoin gcineál tionachta ab áil leo chomh fada agus is féidir sin ar fáil ag gach teaghlach. Tá réimse scéimeanna éagsúla ar bun d'fhonn an chuspóir sin a thabhairt i gcrích. Tá an riarachán ar an gcuid is mó de na scéimeanna á dhéanamh ag 88 údarás tithíochta atá ag feidhmiú faoi scáth 34 údarás áitiúil.

23.3 Tá isteach agus amach le 152,000 aonad tithíochta sóisialta á gcur ar fáil ag an Stát faoi láthair. Orthu sin tá 120,000 aonad á gcur ar fáil ag údaráis áitiúla, 20,000 á gcur ar fáil ag earnáil na tithíochta deonaí agus na comharthithíochta agus 12,000 á gcur ar fáil tríd an Scéim um Chóiríocht ar Cíos.

23.4 Chomh maith leis sin, baineadh úsáid as an fhorlíonadh cíosa chun cabhrú le daoine ata ar ioncam íseal a dteastaíonn cóiríocht uathu. B'ionann agus €510 milliún do 93,030 faighteoir costas iomlán an fhorlíonaidh cíosa in 2009.

23.5 Socraíodh de sprioc sa Chomhaontú Páirtnéireachta Sóisialaí deich mbliana *'I dTreo 2016'* 27,000 aonad nua de tithíocht shóisialta a chur ar fáil i rith na tréimhse 2006-2015. Ba é stair a bhain leis an tithíocht shóisialta go dtí sin go gcuirtí árais ar fáil trína dtógáil nó a soláthar ag údaráis áitiúla nó ag eagraíochtaí tithíochta deonacha agus comharthithíochta. Le tamall anuas, tá tithíocht shóisialta á cur ar fáil chomh maith trí árais a thógáil ar cíos nó ar léas.

## An Scéim Léasála

23.6 Mar chuid den chóras trína gcuirtear tithíocht shóisialta ar fáil, thug an Roinn isteach modh nua soláthair i dtús na bliana 2009. Is é a bhí i gceist leis an gcur chuige nua sin go dtógfaí árais ar léas ón earnáil phríobháideach d'fhonn freastal ar an riachtanas le tithíocht shóisialta[173].

23.7 Bhí athrú eile arís i gceist leis an Scéim seo trína ndéantar léasáil go fadtéarmach ón gcur chuige seanbhunaithe trína ndéantaí tithíocht shóisialta a chur ar fáil bunaithe ar 100% den chostas caipitil á mhaoiniú ag an Stát. Tháinig socruithe nua isteach leis an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, a tugadh isteach sa bhliain 2004, i ndáil le tithíocht shóisialta a chur ar fáil do dhaoine a raibh forlíonadh cíosa á fháil acu le 18 mí nó tréimhse níos faide ná sin agus a raibh riachtanas tithíochta fadtéarmach orthu, agus sin trí chóiríocht á fáil ag na húdaráis áitiúla ar mhargadh na dtithe príobháideacha ar cíos. I gcodarsnacht leis sin, is é a bhaineann leis an gcur chuige nua maidir le léasáil go gceanglaíonn na húdaráis áitiúla agus eagraíochtaí tithíochta ceadaithe comhaontú léasála le húinéirí árais. Is iondúil gur tréimhse idir deich mbliana agus fiche bliain a bhaineann leis na léasanna. Bhí dhá chéim ag baint leis an Scéim a theacht chun cinn

- Ar dtús, rinneadh soláthar d'árais a léasáil ón earnáil príobháideach d'fhonn cóiríocht a chur ar fáil do theaghlaigh a bhí ar liostaí feithimh na n-údarás áitiúil.
- Rinneadh leathnú ar na socruithe sin tráth ab fhaide anonn ionas gur tugadh eagraíochtaí tithíochta ceadaithe[174] faoi scáth na scéime.

173 Tá an bunús reachtaíochta le tithíocht shóisialta a chur ar fáil trína léasáil le fáil san Acht Tithíochta, 1996 agus athchóiriú déanta ina leith san Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2000.

174 Ar eagraíochtaí den chineál sin, tá Clúid, Helm agus Respond.

23.8 Tá de rún airgead a chur ar fáil do na léasanna mar chuid den Chlár Infheistíochta maidir le Tithíocht Shóisialta agus beidh sin ar an gciste ‘tús áite’ faoin gclár sin sna blianta atá romhainn. Cuireadh €20 milliún i leith an chúraim sa bhliain 2009 agus tá €25 milliún curtha ar fáil don bhliain 2010.

23.9 Cé gurbh é an cuspóir a bhí i gceist le tionscnamh na léasála i bhfíorthús na beartaíochta roinnt aonad nó áitreabh ilaonaid a sholáthar in árais níos mó, leathnaíodh air sin ina dhiaidh sin ionas gur féidir aonaid aonaracha a sholáthar.

## Béim na Caibidle

Nuair a tugadh isteach an cur chuige nua sa bhliain 2009, is é a bhí á fheiceáil go ligfeadh an úsáid as léasáil d’úsáid níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla as na hacmhainní poiblí a bhí ar fáil maidir leis na spriocanna a bhí leagtha síos i gcúrsaí tithíochta a bhaint amach.

Sa chaibidil seo, déantar scrúdú ar na socruithe maidir le haonaid tithíochta sóisialta a thógáil ar léas ó úinéirí príobháideacha. Ní dhéantar scrúdú maidir leis an úsáid ag údaráis áitiúla as tithe incheannaithe nach bhfuil díol orthu i ndáil le tithíocht shóisialta ná scrúdú ar sholáthar aonad ag eagraíochtaí tithíochta ceadaithe trí úsáid a bhaint as airgead príobháideach a íoctar ar ais ar bhonn íocaíochtaí léasa ainneoin go rangaíonn an Roinn an dá mhodh sin mar chuid den Tionscnamh maidir le Léasáil ar Thithíocht Shóisialta. Déantar athbhreithniú sa chaibidil seo ar

- na nósanna imeachta atá mar bhonn faoi oibriú na Scéime ag na húdaráis áitiúla agus ag na heagraíochtaí tithíochta ceadaithe
- leibhéal na úsáide a baineadh as an Scéim ó cuireadh ar bun í agus meánchostas na n-aonad a soláthraíodh
- an réasúnaíocht ba bhonn leis an gcinneadh cur chuig tithíocht shóisialta a chur ar fáil le modh oibre bunaithe ar léasáil
- na bearta rialúcháin atá ar bun sa Roinn maidir le húsáid na Scéime ag údaráis áitiúla agus eagraíochtaí tithíochta ceadaithe.

## Tithíocht Shóisialta a Chur ar Fáil

23.10 Sular cuireadh tús leis an tionscnamh léasála, bhí dhá phríomh-mhodh oibre trínar cuireadh na húdaráis áitiúla tithíocht ar fáil faoin gClár Infheistíochta maidir le Tithíocht Shóisialta

- Cheannaigh nó thóg siad tithíocht le ciste caipitil arna chur ar fáil ag an Roinn.
- Chuir siad tithíocht ar fáil tríd an Scéim maidir le Cóiríocht ar Cíos a cuireadh ar bun sa bhliain 2004.

23.11 Tá an tionscnamh léasála nua cosúil leis an Scéim maidir le Cóiríocht ar Cíos sa mhéid agus go mbaintear úsáid as árais chónaithe príobháideacha ar cíos chun freastal ar an riachtanas tithíochta ach tá sé éagsúil go ginearálta leis an Scéim sin sa mhéid agus

- go n-úsáidtear socrú léasa níos fadtéarmaí seachas comhaontú soláthair gearrthéarmach nó meántéarmach a n-úsáidtear faoin Scéim maidir le Cóiríocht ar Cíos
- tagann cúraimí an tiarna talún ar an údarás áitiúil nó ar an gcomhlacht tithíochta ceadaithe faoin tionscnamh léasála agus is iondúil go mbíonn siad freagrach as árachas, obair chothabhála nach mbaineann le cúrsaí struchtúir agus gnáthobair dheisiúcháin ar na hárais.
- tá an scéim ar fáil do gach duine atá i dteideal cúnamh tithíochta sóisialta agus ní hiad siúd amháin a bhfuil an forlíonadh cíosa á fháil acu le tréimhse 18 mí nó níos faide.

### *Léasáil ar Thithíocht Shóisialta*

23.12 Faoi réir mar atá an córas faoi láthair is féidir le húdarás áitiúil nó le heagraíocht tithíochta ceadaithe comhaontú léasála a cheangal le húinéir tí príobháideach[175]. Is féidir le téarma sa réimse ó dheich mbliana go dtí fiche bliain a bheith i gceist leis an téarma a socraítear air do chomhaontú léasa. Is ar an údarás áitiúil nó ar an eagraíocht tithíochta ceadaithe a thiteann an cúram maidir le hárachas, obair chothabhála i ndáil le cúrsaí struchtúir agus gnáthobair dheisiúcháin ar na hárais.

## Eagraíochtaí Tithíochta Ceadaithe

Eagraíochtaí seachbhrabúis iad na heagraíochtaí tithíochta ceadaithe agus iad á gcur ar bun ag bord bainistíochta deonach. Is iondúil gur chun déileáil le riachtanas áirithe tithíochta a chuirtear ar bun iad[176]. Bhí níos mó ná 700 eagraíocht tithíochta ceadaithe ag an Roinn i mí na Nollag 2008.

Go dtí seo, bhí dhá bhealach ina bhfaigheadh comhlachtaí tithíochta ceadaithe caipiteal

- Scéim Chúnaimh Chaipitil, a cuireadh ar bun sa bhliain 1984, ar sruth cistíochta atá ann ar féidir le heagraíochtaí tithíochta leas a bhaint as chun tithíocht riachtanais speisialta a chur ar fáil, mar shampla tithíocht do dhaoine aosta, do dhaoine atá faoi mhíchumas nó do dhaoine gan dídean. Cuirtear 95% de chostas airgid na dtionscadal ar fáil faoi réir ag teorainneacha uasta áirithe. Is iad na húdaráis áitiúla a dhéanann an scéim a riar agus cuireann siadsan iarratas ar chiste isteach chuig an Roinn thar ceann an chomhlachta tithíochta ceadaithe atá i mbun an tionscadail. De réir mar a bhíonn an obair á déanamh ar an tionscadal, íocann an Roinn ranníocaíochtaí leis an gcomhlacht tithíochta ceadaithe tríd an údarás áitiúil.
- Scéim Iasachta agus Fóirdheontais Caipitil (SIFC) a tugadh isteach sa bhliain 1991 agus ar d'fhonn tithíocht gnáthriachtanais agus tithíocht de chineál an teaghlaigh a chur ar fáil is mó a bhaintear leas as. Cuirtear 100% de chostas an tionscadail ar fáil trí iasacht morgáiste ón údarás áitiúil a mbíonn teacht aige ar chiste lena aghaidh ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe. Íoctar liúntas bliantúil i ndáil le bainistíocht agus cothabháil leis an gcomhlacht tithíochta a bhaineann le hábhar. Tá luaite ag an Roinn gur tháinig laghdú ar an airgead a íoctar faoin SIFC mar gheall ar chúinsí eacnamaíochta mar atá faoi láthair agus nach dócha go mbeidh ciste breise á chur ar fáil d'obair nua faoin scéim seo san am atá ag teacht.

23.13 Tugtar ráthaíocht don úinéir príobháideach tí (an léasóir) i ndáil leis an gcíos iníoctha faoin léas ar feadh tréimhse iomlán an léasa agus tagann sin faoi réir athbhreithniú ar an gcíos agus d'fhéadfadh go n-ardófaí nó go n-ísleofaí an cíos ag brath ar chúinsí an mhargaidh. Nuair a bhí na socruithe nua á dtabhairt isteach, leag an Roinn amach go rabhthas ag súil go mbeadh lorg bhuntáiste na ráthaíochta maidir leis an ioncam cíosa, fhad an léasa, aistriú chúraimí bainistíochta agus cothabhála agus théarmaí agus choinníollacha speisialta an léasa le brath ar an gcíos. Thug an Roinn le fios go mbeifí ag súil le lascaine 20% i gcomparáid leis an gcíos atá i réim ar an margadh bunaithe ar lascaine 8% i ndáil le tréimhsí folúntais[177] agus lascaine 12% i ndáil le ceist na bainistíochta agus na cothabhála.

23.14 Is iondúil go bhfanann an cúram maidir le táille chomhlacht bainistíochta agus maidir le hobair dheisiúcháin i ndáil le cúrsaí struchtúir ar an úinéir faoi na comhaontuithe. Ní mór, ag deireadh an

---

175 Is féidir le comhlachtaí tithíochta ceadaithe tabhairt faoi aonaid a cheannach nó a thógáil le hairgead príobháideach chomh maith. Déantar airgead a íoc ar ais leo bunaithe ar íocaíochtaí faoin léas arna ríomh i ndáil le rátaí atá i réim ar an margadh, le lascaine 20% go ginearálta, chomh maith le suim bhreise 12% de na híocaíochtaí faoin léas i ndáil le hobair chothabhála go tráthrialta.

176 Is é an bunús reachtúil d'eagraíochtaí tithíochta ceadaithe Alt 6 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992.

177 Is ionann folúntais agus tréimhsí nach mbíonn aon tionónta in aonad. Íoctar an léasóir gan bheann ar thionónta a bheith san áras agus féachtar le lascaine a fháil ar an gcíos a aontaítear i gcúiteamh ar an sruth dearfa ioncaim.

téarma, an t-áras a thabhairt ar ais don tiarna talún sa riocht céanna go ginearálta seachas athrú a thiocfadh trí ghnáthchaitheamh agus trí ghnáthchuimilt.

23.15 Tá dlite ar na comhlachtaí tithíochta ceadaithe ceangal caidrimh a choinneáil leis an údarás tithíochta a bhaineann le hábhar i ndáil le haonaid léasáilte a dháileadh. Ceanglaítear comhaontú íocaíochta agus soláthair idir an Roinn agus an comhlacht tithíochta ceadaithe ionas go mbíonn na hárais sin ar fáil chun críche tithíochta sóisialta.

23.16 Dáileann an t-údarás áitiúil an teach ansin ar dhuine atá ar an liosta maidir le tithíocht shóisialta agus bailítear an cíos de réir mar is cuí. Coinníonn an t-údarás áitiúil nó an comhlacht tithíochta ceadaithe an cíos d'fhonn costais chothabhála leanúnacha a thabhairt isteach.

## Líon na nAonad Tithíochta a Cuireadh ar Fáil go dtí seo

23.17 Faoi dheireadh mhí Meitheamh 2010, bhí ciste ceadaithe ag an Roinn i ndáil le 175 aonad tithíochta sóisialta a thógáil ar léas. Astu sin, bhí 47 a raibh feidhm á bhaint astu agus 128 aonad sa bhreis air sin a raibh an ciste ceadaithe go hiomlán ina leith agus an obair dheiridh maidir le hidirbheartaíocht agus comhaontú dlí ar siúl. Bhí 468 aonad eile arís a raibh ceadú i bprionsabail tugtha ina leith. Leagtar amach go hachomair i bhFíor 120 an dul chun cinn go dtí mí Meitheamh 2010.

**Fíor 120 Aonaid Tithíochta Léasaithe, Meitheamh 2010**

| An Cineál Léasála | In úsáid | Ciste Ceadaithe | Ceadú Sealadach | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Údaráis Áitiúla | 17 | 93 | 137 | **247** |
| Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe | 30 | 35 | 331 | **396** |
| **Iomlán** | **47** | **128** | **468** | **643** |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

23.18 Ainneoin an líon mór áras atá ar fáil ar an margadh, níl glaoch mór ar an scéim nua léasála. Rinneadh roinnt bearta scrúduithe d'fhonn leibhéal na n-áras atá le díol a mheas.

- Measadh i dtuarascáil a chuir an Chomhpháirtíocht um Thithíocht Inacmhainne le chéile i mí Meitheamh 2009 go raibh isteach agus amach le 11,400 aonad tithíochta nuathógtha ar fáil lena gceannach i mórlimistéar Bhaile Átha Cliath[178].
- Luadh i dtuarascáil a cuireadh ar fáil i mí Iúil 2010[179] meastachán de líon idir 103,300 agus 171,200 aonad tithíochta maidir leis an rósholáthar a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ar fud na tíre.

23.19 Is é tuairim na Roinne gur mar gheall ar éiginnteacht faoin margadh tithíochta agus cuid mhór úinéirí maoine a bheith ag teacht faoi scáth phróiseas NAMA nach bhfuil glaoch mór ar an scéim. Táthar ag súil go mbeidh soláthar níos fairsinge ar árais oiriúnacha lena léasáil trí NAMA faoi dheireadh na bliana 2010. Luaigh an Roinn chomh maith

- gur iomaí údarás áitiúil atá dírithe ar dhéileáil leis an stoc tithíochta incheannaithe atá gan díol acu mar bheart tús áite

178 Tuarascáil a cuireadh ar fáil do Bhord na Comhpháirtíochta um Thithíocht Inacmhainne i mí Meitheamh 2009 faoin stoc atá gan díol ar an margadh i mórlimistéar Bhaile Átha Cliath i rith na tréimhse ó Mhárta go Bealtaine na bliana 2009.

179 An Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Páipéar Oibre 59, Iúil 2010.

- go mbíonn tréimhse nádúrtha tionscanta i gceist le haon scéim nua, agus go mbíonn raon nósanna imeachta agus próisis á gcur ar bun lena linn sin maidir le cúrsaí rialúcháin, cúrsaí conarthaí agus cúrsaí beartais
- cé go bhfuil rósholáthar so-aitheanta ag baint leis an margadh tithíochta, nach mbíonn gach aonad oiriúnach chun críche tithíochta sóisialta
- fágann an éiginnteacht a bhain leis na margaí airgeadais go raibh drogall ar chomhlachtaí iasachta aontú le conarthaí níos fadtéarmaí.

### *Costas na nAonad*

23.20 Rinneadh scrúdú mar gheall ar chostas na n-aonad a ceadaíodh faoi na socruithe léasála le linn iniúchta. Tugtar briseadh síos de réir chineál na n-aonad i bhFíor 121.

**Fíor 121 Costas na nAonad Tithíochta faoi Úinéireacht Phríobháideach atá in Úsáid nó Ceadaithe i ndáil le Cistíocht faoi Shocruithe Léasála, Meitheamh 2010**

| Cineál an Aonaid | Údaráis Áitiúla | | Comhlachtaí tithíochta ceadaithe | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon na nAonad | Meánchostas in aghaidh na míosa | Líon na nAonad | Meánchostas in aghaidh na míosa |
| 1 seomra leapa | 18 | €390 | - | - |
| 2 seomra leapa | 35 | €470 | 46 | €670 |
| 3 seomra leapa | 57 | €494 | 19 | €610 |
| **Iomlán** | **110** | **€470** | **65** | **€652** |

23.21 As 175 aonad atá in úsáid nó a bhfuil ciste ceadaithe i ndáil leo, tá 34 aonad a tógadh ar léas ar feadh tréimhse 20 bliain agus fuílleach na n-aonad tógtha ar léas ar feadh deich mbliana nó tréimhse is giorra ná sin.

## Réasúnaíocht agus Éifeachtacht ó thaobh Costais

23.22 Maidir leis an réasúnaíocht a bhí mar bhonn leis an gcinneadh go ndéanfaí éadáil ar aonaid tithíochta sóisialta trí léasáil, luaigh an Roinn nach ndearnadh aon anailís fhoirmeálta maidir le costas agus tairbhe. Luadh ina dhiaidh sin féin go raibh torthaí bheart meastóireachta[180], trína ndearnadh comparáid idir costas léasála agus an costas a bhain le soláthar díreach in earnáil na tithíochta deonaí agus na comharthithíochta, mar bhonn taca faoi ghlacadh leis an léasáil mar mhodh soláthair. Ina ainneoin sin, ba i mí Meán Fómhair 2009 a tugadh an t-athbhreithniú sin chun críche agus b’shin tráth ba dheireanaí ná an tráth ar tugadh isteach an scéim. Bhí sé dírithe go cúng ar an soláthar tithíochta trí chomhlachtaí tithíochta ceadaithe. Ba é comhairle na meastóireachta go raibh costas níos ísle in imeacht tréimhse 30 bliain le rogha na léasála.

180 Athbhreithniú Straitéiseach ar na Scéimeanna Cistíochta Caipitil maidir le Tithíocht Dheonach agus Comharthithíocht, Meán Fómhair 2009.

## Meastóireacht ar Roghanna

Rinne an tIonad Taighde ar Thithíocht[a] athbhreithniú straitéise a choimisiúnú mar gheall ar scéimeanna chistí caipitil don tithíocht dheonach agus don chomharthithíocht d'fhonn comhairle a fháil faoi shocruithe cistíochta san am atá le theacht agus faoi ról na hearnála tithíochta deonaí agus comharthithíochta maidir le cúrsaí soláthair, cothabhála agus feidhmiúcháin i ndáil le cóiríocht shóisialta ar cíos in Éirinn.

Bhí bonn tuisceana mar seo a leanas i gceist agus an t-athbhreithniú á dhéanamh maidir leis na roghanna a bhí á dtabhairt san áireamh.

### *Aonaid Tithíochta a thógáil*

- Is ionann an costas a bhainfeadh le haonad a cheannach nó a thógáil agus €250,000 agus is ionann an luach iarmharach a bhainfeadh leis tar éis 30 bliain agus €333,626. Is ionann sin agus ráta ardaithe iarmhír ar luach an árais de 33% i rith na tréimhse 30 bliain nó ráta 1% in aghaidh na bliana.
- Caiteachas measta de €2,800 in aghaidh na bliana a bhainfeadh le hobair chothabhála, bunaithe ar na sonraí is deireanaí a bhí ar fáil ó na húdaráis áitiúla. Agus an meastachán sin á chur le chéile, bhíothas ag glacadh leis go mbeadh na hárais ag teacht leis na caighdeáin tógála mar atá i réim faoi láthair.
- Measadh go mbeadh suim €30,000 de dhíth i rith an tréimhse 30 bliain chun caiteachas níos suntasaí a ghlanadh a thiocfadh i gceist ó am go chéile.
- Rinneadh soláthar €60,000 i ndáil le hathchóiriú suntasach ar an áras ag deireadh an tréimhse 30 bliain.
- €2,400 in aghaidh na bliana an meastachán maidir leis an gcíos a gheofaí ón tionónta agus sin bunaithe ar an meánchíos de €2,363 a d'íoc tionóntaí i rith na bliana 2007. Admhaíodh go raibh éagsúlacht i gceist leis an ioncam a fuarthas dáiríre i measc na n-údarás áitiúil.

### *Aonaid a Léasáil*

- Níor tugadh san áireamh maidir le costais ach amháin na híocaíochtaí faoin léas ar an mbonn tuisceana go mbeadh an Stát freagrach as an ngnáthobair chothabhála agus go mbeadh an fhreagracht maidir le hobair chothabhála tráthrialta agus obair athchóiriúcháin ar an úinéir.
- €7,700 in aghaidh na bliana a measadh a bheadh i gceist le costas an léasa. Bhí sin bunaithe ar ráta fáltais dáiríre de 4% a bheith á iarraidh ag an úinéir agus morgáiste 100% ar feadh 30 bliain a fháil maidir le costas an árais chónaithe (€250,000 de réir meastacháin).

Foinse: Athbreithniú Straitéise ar na Scéimeanna Chistí Caipitil do Thithíocht Dheonach agus do Chomharthithíocht.

Nóta:

a Is é atá de chuspóir leis an Ionad Taighde ar Thithíocht go gcuirfí feabhas ar an mbainistíocht in earnáil na tithíochta deonaí agus inacmhainne trí obair thaighde, oiliúint agus comhairle mar gheall ar chúrsaí beartais. Is í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus na húdaráis áitiúla a chuireann ciste ar fáil d'obair an Ionaid

### *Torthaí na Meastóireachta*

23.23 Rinneadh comparáid san obair mheastóireachta a choimisiúnaigh an Roinn idir an costas a bhainfeadh le tithíocht shóisialta a chur ar fáil trí chaiteachas caipitil, trí theach a chur ar fáil le morgáiste 30 bliain agus trí árais chónaithe a léasáil. Rinneadh lascainiú ar an sreabhadh airgid i ndáil le gach bealach ar feadh tréimhse 30 bliain ag baint leas as ráta lascainithe dáiríre de 4%. B'ionann an costas measta a bhain le haonad tithíochta a chur ar fáil trí sholáthar caipitil ón tús, arna ríomh ar bhonn an luacha glan láithreach, agus €180,315 agus b'ionann an costas measta nuair a bhainfí úsáid as léasáil agus

€139,681. Ar an mbonn sin, ba é comhairle chríochnúil an athbhreithnithe go raibh bonn treise, de réir na hanailíse a rinneadh, faoi bheartas na Roinne léasáil ar árais chónaithe a chur chun cinn. Leagtar amach torthaí na meastóireachta i bhFíor 122.

**Fíor 122 Comparáid idir na Roghanna Soláthair, Meán Fómhair 2009**

| An Modh Cistíochta | Luach Glan Láithreach |
|---|---|
| | € |
| Caiteachas Caipitil d'fhonn áras a cheannach nó a thógáil | 180,315 |
| Aonad tithíochta a chur ar fáil trí mhorgáiste | 146,996 |
| Rogha na Léasála | 139,681 |

Foinse: Athbhreithniú Straitéise ar na Scéimeanna Chistí Caipitil don Tithíocht Dheonach agus don Chomharthithíocht, Meán Fómhair 2008.

## *Athbhreithniú ar Mheastóireacht na Roinne*

23.24 Bhí an mheastóireacht teoranta ó thaobh roinnt gnéithe de mar bhonn le meastóireacht a dhéanamh ar roghanna éagsúla

- Bhí na costais léasála bunaithe ar an ráta sochair a raibh tnúth leis ag an úinéir. Níor tugadh san áireamh ar chor ar bith na rátaí a bhí faoi réim sa mhargadh maidir le hárais ar cíos, rátaí a raibh titim faoi isteach agus amach le 18% tagtha orthu i rith na tréimhse ó mhí Iúil 2008 go dtí mí Iúil 2009[181]. Níor tugadh san áireamh ach oiread an gá a bheadh le lascaine ar ráta 20% a oibriú i ndáil le híocaíochtaí léasa a aontófaí mar gheall ar an gcinnteacht a bhainfeadh leis an gcíos.
- Ní raibh costas cothabhála á thabhairt san áireamh leis an gcostas a bhainfeadh le rogha na léasála ó bhíothas ag glacadh leis go dtógfadh an t-úinéir an fhreagracht air féin maidir le hobair chothabhála agus athchóiriúcháin tráthrialta. Níl sin ag teacht leis na socruithe beartaithe ina leagtar amach go sonrach gur ar an údarás áitiúil nó ar an gcomhlacht tithíochta ceadaithe atá an fhreagracht maidir le hárachas, obair chothabhála nach mbaineann le cúrsaí struchtúir agus gnáthobair dheisiúcháin ar an áras agus gur ar an úinéir a fhanann an fhreagracht maidir le táille an chomhlacht bainistíochta agus obair dheisiúcháin a bhaineann le cúrsaí struchtúir. Ní mór, ag deireadh an téarma, an t-áras a thabhairt ar ais don tiarna talún sa riocht céanna go ginearálta seachas athrú a thiocfadh trí ghnáthchaitheamh agus trí ghnáthchuimilt.
- Tréimhse ama 30 bliain a bhain leis an gcomparáid nuair is téarmaí idir deich mbliana agus fiche bliain atá i gceist leis na socruithe léasála.
- Tá tionchar suntasach ag luach iarmharach an árais (i gcás chaiteachas caipitil ón tús) ar an gcostas a bhaineann le rogha na léasála. Ní raibh aon dheis ionadaíochta ar fáil i ndáil leis an luach sin, lena mbaineann an bonn tuisceana go dtiocfaidh ardú dáiríre 33% ar luach an árais in imeacht 30 bliain.
- Tá an tuarascáil bunaithe ar léasáil a dhéanfadh comhlacht tithíochta ceadaithe agus d'fhéadfadh nach mar a chéile an príomh-mhodh oibre ag comhlacht dá shórt agus ag údarás áitiúil.
- Ní dhearnadh anailís íogaireachta go scrúdófaí cé chomh mór agus a bheadh na torthaí ag brath ar phríomhghnéithe costais, go háirithe luach iarmharach an árais a cheannófaí.

[181] Foinse: The Daft.ie Rental Report, An Dara Ráithe, 2009

23.25 Chun críche an scrúdúcháin seo, tar éis coigeartú a dhéanamh i ndáil le costas rogha na léasála, rinneadh na costais choibhneasta a ríomh an athuair agus leas as an mbonn tuisceana céanna maidir le costais chothabhála agus a bhí in úsáid maidir leis an áras a cheannach nó a thógáil. Tagann ardú ar chostas rogha na léasála nuair a thugtar san áireamh an difríocht idir costas bliantúil obair chothabhála agus fáltais chíosa a mbainfeadh suim mheasta €400 in aghaidh na bliana leis, costas €30,000 ar obair chothabhála ó thráth go chéile agus costas €60,000 maidir le hathchóiriúchán ag ceann an téarma. Is ionann costas rogha na léasála i dtéarmaí an luacha glan láithreach nuair a thugtar costais chothabhála san áireamh agus €178,000 i gcomórtas le costas €180,000 nuair a dhéanfaí an t-áras a thógáil nó a cheannach — níl mórán difríochta sa chostas. Ar an ríomh a dhéanamh maidir le tréimhsí ama deich mbliana, cúig bhliana déag agus fiche bliain, bhí le tuiscint, ach leas a bhaint as bonn tuisceana mar a chéile, gur beag an difríocht a bhí idir an dá rogha agus go mba saoire rogha an cheannacháin i ngach cás. Leagtar amach na torthaí i bhFíor 123.

**Fíor 123 An Costas maidir le Rogha na Léasála agus leis an Rogha Ceannacháin i ndáil le Trí Thréimhse Ama**

| Téarma an Léasa | Rogha na Léasála<br>€ | An Rogha Ceannacháin[a]<br>€ | Farasbarr an Chostais maidir le Léasáil seachas le Ceannach |
|---|---|---|---|
| Deich mbliana | 90,700 | 83,700 | 8% |
| Cúig bhliana déag | 122,300 | 117,300 | 4% |
| Fiche bliain | 143,800 | 141,600 | 2% |

Nóta:

a Rogha na léasála bunaithe ar chíos €7,700. An Rogha Ceannacháin bunaithe ar chostas tosaigh €250,000 agus ar luach iarmharach €273,421 tar éis 10 mbliana, €287,369 tar éis cúig bhliana déag agus €302,027 tar éis 20 bliain. Tá an bonn tuisceana i ndáil le hobair chothabhála tráthrialta in aghaidh na bliana agus ag ceann an téarma mar a bhí in úsáid i ndáil le Fíor 122 ach coigeartú a dhéanamh maidir le tréimhse ama níos giorra a thabhairt san áireamh.

## *Comparáid Bunaithe ar Chúinsí an Mhargaidh faoi Láthair*

23.26 Chun críche an athbhreithnithe seo rinneadh an costas maidir le rogha na léasála agus le rogha an cheannacháin a ríomh an athuair bunaithe ar an eolas is deireanaí atá ar fáil i ndáil le praghasanna tithe agus le costais chíosa. Ní foláir a lua go mbaineann *caveat* le torthaí an athbhreithnithe seo mar nach bhfuil cúinsí an mhargaidh tithíochta seasmhach faoi láthair. Bheifí ag tnúth de ghnáth i gcás an mhargaidh tithíochta go mbeadh an ceangal idir leibhéil chíosa agus praghasanna tithe seasmhach. Bheadh an cíos agus an gnóthúchán caipitil a mbeadh tnúth leo agus costas na hiasachta i gceist leis an bpraghas a bheadh infheisteoir sásta a íoc ar theach. Mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta mar atá faoi láthair, d’fhéadfadh go dtiocfadh praghasanna cíosa go dtí ráta roinnt mhaith níos ísle ná sin i ngeall ar líon mór áras a bheith ar fáil agus marbhántacht an mhargaidh.

- Bhí de bhonn tuisceana ann go mbainfeadh €226,500 leis an gcostas ceannacháin bunaithe ar shonraí a d’fhoilsigh an Roinn maidir le praghasanna ag deireadh na bliana 2009.
- Glacadh le meastachán €6,280 i ndáil le costais léasála bunaithe ar na praghasanna a aontaíodh maidir leis an 76 aonad trí sheomra leapa a raibh cead d’údaráis áitiúla nó do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe comhaontú léasa a cheangal ina leith.

23.27 Leagtar amach na torthaí i bhFíor 124.

**Fíor 124 Costas Rogha na Léasála agus Rogha an Cheannacháin (Luach Glan Láithreach)**

| Téarma an Léasa | Rogha na Léasála[a] | Rogha an Cheannacháin[b] |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deich mbliana | 78, 700 | 78,200 |
| Cúig bhliana déag | 105, 800 | 109,400 |
| Fiche bliain | 123, 700 | 131,500 |

Foinse: Anailís de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

a Ar an mbonn tuisceana go mbeadh íocaíochtaí €6,280 in aghaidh na bliana ag baint leis an léas

b Ar an mbonn tuisceana go mbeadh praghas ceannacháin de €226,500 i gceist

23.28 Bheadh le tuiscint ó na torthaí, ach eolas cothrom le dáta a úsáid i ndáil le praghasanna tithe agus leis na rátaí cíosa a aontaíodh maidir leis na hárais a tugadh chun cinn faoi shocruithe léasála, go bhfuil costas rogha na léasála agus costas an rogha cheannacháin cothrom go maith le chéile go ginearálta agus gur fearr de bheagán an luach a chuireann rogha na léasála ar fáil nuair atá tréimhsí ama níos faide i gceist.

23.29 Ina ainneoin sin, bheadh an toradh an-íogair i ndáil le roinnt tosca

- Mar shampla, má ghlactar le ráta 0.5% in aghaidh na bliana mar mheastachán ar an ráta ardaithe ar luach áras in ionad an ráta 1% ar glacadh leis don athbhreithniú, bheadh ardú go dtí costas €85,800 i gceist le rogha an cheannacháin i ndáil le creat ama deich mbliana agus go dtí costas €143,200 i ndáil le tréimhse ama fiche bliain.
- Tá an costas a ghabhann le rogha na léasála ag brath go mór ar leibhéal an chíosa. Dá mbeadh cíos €7,000 in aghaidh na bliana i gceist i gcomórtas leis an gcostas €6,280, thiocfadh ardú go dtí costas €84,800 ar rogha na léasála i ndáil le tréimhse ama deich mbliana agus go dtí costas €143,300 i ndáil le tréimhse ama fiche bliain.
- Níl an costas a ghabhann le rogha na léasála chomh híogair céanna i ndáil le costais athchóiriúcháin. Mar shampla, dá mbeadh an costas a bhainfeadh le hathchóiriú a dhéanamh ar árais a ligeadh ar léas 33% níos daoire ná an costas a ghabhfadh le hathchóiriúchán den chineál céanna ar áras cónaithe úinéara, thiocfadh ardú go dtí costas €83,400 ar rogha na léasála i ndáil le tréimhse ama deich mbliana agus go dtí costas €129,900 i ndáil le tréimhse ama fiche bliain.

## *Tuairim na Roinne – Réasúnaíocht agus Éifeachtúlacht ó thaobh Costais*

23.30 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb iad na cuspóirí buntábhachta atá leis an mbeartas tithíochta leathnú a dhéanamh ar réimse na gclár, éagsúlacht a chruthú maidir leis na modhanna a dtugtar an beartas i bhfeidhm agus córas céimnithe de bhearta sochóirithe cúnamh taca a chur ar fáil ar féidir iad a chur in oiriúint ionas go dtugtar san áireamh an riachtanas faoi leith a bhaineann le líon tí ag pointe ar bith le linn a saolré. Is féidir mar gheall ar an gcoincheap maidir le saolré an leibhéal cúnamh taca a chuirtear ar fáil a chóiriú de réir athruithe ar an riachtanas a bhaineann le teaghlach faoi leith le himeacht aimsire, agus an leibhéal is airde cúnamh taca a chur ar fáil nuair is géire an gá leis, agus cúnamh taca níos lú a chur ar fáil de réir mar a thagann feabhas ar chúrsaí.

### *Meastóireacht maidir leis an Léasáil mar Mhodh Soláthair*

23.31 Maidir le hanailís faoi chostas agus tairbhe, leag an Roinn amach roinnt deacrachtaí ríofa.

- Luadh gur deacair samhailmhúnlaí airgeadais a thabhairt chun cinn mar bhonn taca faoi réimse modhanna chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil, go háirithe le linn tréimhse ina bhfuil cúinsí an mhargaidh ina gciarthuathail.
- Luaigh an Roinn freisin nárbh fhéidir aon bheart staidéir eacnamaíochta amháin a chur ar fáil nuair a bhí téarmaí agus coinníollacha na múnlaí cistíochta éagsúla faoin tionscnamh léasála á dtabhairt chun cinn agus idirbheartaíocht ar siúl i ndáil leo.

23.32 Luaigh an Roinn go raibh tús curtha aici le staidéar foirmeálta (mar chuid de Thionscnamh Luach as an Airgead agus Athbhreithnithe Beartais an Rialtais) ar cheisteanna níos ginearálta maidir le beartas an rialtais i leith infheistíocht caipitil ar thithíocht shóisialta agus go raibh súil sin a thabhairt chun críche go luath sa bhliain 2011. Déanfar scrúdú mar chuid den staidéar sin ar an úsáid as modhanna éagsúla cur i bhfeidhm, léasáil san áireamh, agus beidh an ról agus an costas a bhaineann leis an bhforlíonadh cíosa á thabhairt faoi mheas chomh maith le torthaí sóisialta níos ginearálta a bheadh ar aon mhoill i ndáil leis an riachtanas tithíochta a shásamh.

23.33 Cuirtear in iúl go bhfuil le tuiscint ó obair réamhbheartaíochta a rinneadh go bhfuil modh feidhmiúcháin atá éifeachtach ó thaobh costais de ar fáil leis an léasáil maidir le cúnamh taca a chur ar fáil i gcúrsaí tithíochta sóisialta.

23.34 Chuir an Roinn an méid seo a leanas in iúl maidir le costais chothabhála.

- Tá athbhreithniú ar siúl ag an Roinn faoi láthair maidir le costais chothabhála, costais deisiúcháin tráthrialta agus costais athchóiriúcháin i ndáil le tithíocht shóisialta. Is léir ó bhearta staidéir roimhe seo go mbaineann éagsúlacht mhór leis na suimeanna a chaitear mar gheall ar na costais sin ar fud na n-údarás áitiúil ar fad mar gheall ar aonaid de chineálacha éagsúla nach ionann ó thaobh aoise ná méide a bheith i gceist. Ainneoin na ndeacrachtaí sin, meastar go mbeadh costas athchóiriúcháin isteach agus amach le €30,000 ag ceann tréimhse 20 bliain ina chostas réasúnta mar bhonn tuisceana i ndáil le cúrsaí tithíochta sóisialta.
- I ndáil le soláthar cuí a dhéanamh d'árais ar léas, thug an Roinn chun aire nach bhfuil aon samplaí praiticiúla ná taithí praiticiúil i gceist lena bhféadfaí teacht ar mheastachán maidir le costais athchóiriúcháin ionchais. Luadh ina dhiaidh sin féin gur gá costas is lú ná €30,000 a mheas a bheith cuí i ndáil le hathchóiriúchán ar aonad ar léas ó tharla nach ar an Stát a leagtar cúram maidir le hobair dheisiúcháin a bhaineann le struchtúr agus nach gá a thabhairt d'athchóiriú ar an aonad ach an méid a d'fhágfadh é sa riocht céanna ina raibh sé tráth thosach an léasa seachas a mbeadh tarlaithe trí ghnáthchaitheamh agus trí ghnáthchuimilt.

## *Ceisteanna níos Ginearálta maidir le Cúrsaí Éifeachtúlachta*

23.35 Chuir an Roinn sonraí ar fáil lena léirítear an líon is mó aonad tithíochta is féidir a chur ar fáil nuair a bhaintear leas as an léasáil ná mar is féidir le hinfheistíocht chaipitil ón tús. Sonraíodh ar an gcaoi sin go bhféadfadh an Roinn in aon bhliain ar bith, trí infheistíocht €25 milliún a dhéanamh, timpeall is 100 aonad tithíochta a sholáthar trí cheannachán i gcomórtas le tuairim is 3,500 dá mbeadh úsáid á bhaint as léasáil.

23.36 Luaigh an Roinn go raibh réasúnaíocht níos ginearálta ag baint leis an scéim ná an réasúnaíocht eacnamaíochta amháin (an costas is ísle). Luadh gur léiriú an t-athrú go dtí an léasáil ar an athrú atá faoin mbeartas tithíochta le tamall anuas ionas go bhuil córas cúnamh taca i ndáil le cúrsaí tithíochta atá níos sochóirithe agus níos céimnithe á thabhairt chun cinn.

## Maoirseacht na Roinne

23.37 Cuireadh ocht gcinn de thograí foirgníochta lena mbaineann 125 aonad faoi scrúdú d'fhonn deimhniú

- cibé an raibh na socruithe conartha ag teacht le coinníollacha na scéime
- cibé an raibh dóthain fianaise ag an Roinn go raibh an lascaine a raibh tnúth leis maidir le híocaíochtaí cíosa tugtha i bhfeidhm.
- cé chomh soiléir agus a bhí na socruithe maidir leis an gcúram a bheadh ar an léasóir agus ar an údarás áitiúil nó comhlacht tithíochta ceadaithe ag ceann théarma an léasa.

### *Cineálacha Socruithe Conartha*

23.38 Rinneadh soláthar leis na scéimeanna tosaigh do shocrú léasa a cheangal idir an t-údarás tithíochta agus úinéir árais ar feadh tréimhsí idir deich mbliana agus fiche bliain maidir le hárais a bhí folamh nó gan troscán. Is éard a bhí i gceist leis sin go mbeadh sé ina léas iomlán 'deisiúcháin agus árachais' agus an t-údarás tithíochta freagrach as árachas, cothabháil agus cúram ach amháin sa chás go mbeadh comhlacht bainistíochta ar an bhfód a raibh de fhreagracht air cúram a dhéanamh de chúrsaí árachais maidir le gnéithe áirithe den mhaoin.

23.39 Bhain na socruithe a bhí ann i leith sé thionscadal le léasanna idir úinéirí maoine agus údaráis áitiúla nó comhlachtaí tithíochta ceadaithe.

23.40 Tugadh chun aire le linn an iniúchta go raibh togra údaráis áitiúil amháin a bhí rangaithe faoin socrú léasála seo, comhdhéanta dáiríre de dhá shocrú faoin Scéim do Chóiríocht ar Cíos lenar bhain aonad amháin an ceann. Comhaontuithe tionóntachta a bhí sna comhaontuithe. Ní rangaíonn an Roinn ná an t-údarás áitiúil iad sin mar chuid den Scéim do Chóiríocht ar Cíos ó tharla nach dtugtar d'údarás di socruithe cíosa a cheangal maidir le tionóntaí seachas dóibh siúd a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu. Sa chás go ndéantar socruithe cíosa i ndáil le tionóntaí seachas iad siúd a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu, luaitear iad sin faoin Tionscnamh maidir le Tithíochta Sóisialta ar Léas.

23.41 Bhí gnéithe neamhghnácha ag baint le togra eile, ar sráidbhaile lucht scoir a bhí i gceist leis, a aontaíodh i ndáil le comhlacht tithíochta ceadaithe sa mhéid agus go raibh dreasachtaí cánach ag dul leis an maoin sin ag eascairt as socrú léasála a bhí ann roimhe. Comhaontú tionóntachta idir an lucht forbraíochta agus an tionónta a bhí sa socrú dá bharr sin.

23.42 Bhí comhaontuithe íocaíochta agus soláthair, comhaontuithe bainistíochta agus comhaontuithe den chineál a bhaineann leis an Scéim do Chóiríocht ar Cíos i gceist leis an togra seo agus iad leagtha amach sa chaoi agus go bhféadfadh socruithe maidir le dreasachtaí cánach d'úinéir an árais leanacht ar bun.

23.43 Ní mór do na tionóntaí, mar gheall ar shrianta maidir le hainmniúchán agus cúrsaí cánach, an comhaontú tionóntachta leis an tiarna talún a shíniú agus ní mór na tionóntaí ar fad a bheith ina n-áitritheoirí incháilithe, faoi mar a thugtar sainmhíniú ina leith sin san Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, ní a bhfuil deimhniúchán ó Dhochtúir Teaghlaigh de dhíth lena aghaidh.

23.44 Luaigh an Roinn go bhfuil áireamh na socruithe den chineál a bhaineann leis an Scéim maidir le Cóiríocht ar Cíos mar chuid de thionscnamh na léasála beartaithe d'fhonn breis solúbthachta a thabhairt do na húdaráis áitiúla ina gcuid idirbheartaíochta agus ina gcuid oibre maidir leis an léasáil. Luadh maidir leis na staitisticí a cuireadh ar fáil faoi thionscnamh na léasála, go bhfuiltear sásta go ginearálta go bhfuil na catagóirí éagsúla tithíochta agus cistíochta sonraithe mar is ceart. Tá de rún ag an Roinn, ina dhiaidh sin féin, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ina gcuirtear staitisticí dá sórt i láthair.

### *Íocaíochtaí Léasa*

23.45 Luaigh an Roinn go ndéantar, nuair a bhíonn tionscadail á gceadú, fianaise a iarradh, i bhfoirm luacháil fhoirmeálta de chuid daoine atá creidiúnaithe go cuí chuige sin, ar an lascaine cuí maidir le híocaíochtaí cíosa a bheith tugtha san áireamh.

23.46 Mar seo a leanas an fhianaise i ndáil le gnáthleibhéil cíosa an mhargaidh a bhí ar na comhaid maidir leis na hocht dtionscadal a bhí faoi scrúdú

- Tá tuairisc cheantálaí ar an gcomhad maidir le seacht gcinn de na cásanna. Sna cásanna sin, bhí laghdú den leibhéal cuí i gceist leis na híocaíochtaí léasa a aontaíodh i gcomórtas leis na tuairiscí luachála ar an gcomhad.
- Ní raibh aon luacháil neamhspleách i dtaca leis na híocaíochtaí cíosa a aontaíodh ar an gcomhad i ndáil leis an tionscadal eile. Ní léas a bhí sa chomhaontú sin ach comhaontú den chineál a bhaineann leis an Scéim maidir le Cóiríocht ar Cíos lenar bhain níos lú ná cúig cinn d'aonaid agus i gcásanna den chineál sin, tá údarás tarmligthe ag an Roinn don údarás áitiúil an comhaontú léasa a cheangal gan aontú faoi leith.

### *Socruithe Foirceanta*

23.47 Cúiteoidh an Roinn leis an údarás áitiúil nó leis an gcomhlacht tithíochta ceadaithe suim i ndáil le suas le 50% den chostas athchóiriúcháin ag ceann an téarma. Níl aon mheastacháin tugtha chun tosaigh ag an Roinn faoin leibhéal costais is dócha a bhainfidh leis an obair athchóiriúcháin.

23.48 Foráiltear faoin teimpléad léasa a d'eisigh an Roinn go gcoinneoidh an t-údarás áitiúil nó an comhlacht tithíochta ceadaithe an t-aonad i ndeisriocht maith, i ndea-ord agus faoi dhea-bhail ach amháin dá dtarlódh mar gheall ar ghnáthchaitheamh agus ar ghnáthchuimilt. D'iarr an Roinn comhairle ón nGíomhaireacht um Thithíocht agus Phobail Inbhuanaithe[182] maidir lena bhfuil i gceist le gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt. Ba í an chomhairle a cuireadh ar fáil gur cheart, agus an cheist faoi ghnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt á meas, líon na dtionóntaí a bhfuil cónaí orthu san áras, an téarma tionóntachta agus aois an fheistis agus an fhearais a chur san áireamh. Luadh chomh maith gur cheart, d'fhonn maolú ar bhaol tráth is faide anonn, suirbhé mionsonraithe ar bhail na háite a aontú idir an léasóir agus an léasaí ag tús an téarma.

23.49 Thaispeáin trí cinn de na hocht gcomhad a scrúdaíodh fianaise de na suirbhéanna sin. Ní chuardaíonn an Roinn fianaise gur tionóladh suirbhé agus tá sí den tuairim gur ábhar é seo do na húdárais indibhidiúla agus do na comhlachtaí tithíochta ceadaithe.

---

[182] Bunaíodh an Ghníomhaireacht i mBealtaine 2010 ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Beidh sí ag déanamh athsholáthar ar roinnt gníomhaireachtaí a bhaineann le cúrsaí tithíochta atá ann cheana féin, eadhon an Chomhpháirtíocht um Thithíocht Inacmhainne, an tIonad do Thaighde Tithíochta, an Ghníomhaireacht do Dhaoine gan Dídean agus an Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta. Oibríonn an Ghníomhaireacht le húdaráis áitiúla, comhlachtaí tithíochta ceadaithe agus an Roinn, agus cabhraíonn sí leo, maidir le tithíocht, pleanáil agus seirbhísí gaolmhara a sheachadadh.

## Conclúid

Tá athrú tagtha ar na meicníochtaí a bhíonn in úsáid chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil le blianta beaga anuas. Leathnaíodh an cur chuige traidisiúnta atá bunaithe den chuid is mó ar sholáthar agus ar thógáil le cíos, léasáil agus forlíonadh cíosa a chur san áireamh.

Bhreathnaigh an chaibidil seo ar scéim nua maidir le hárais a thógáil ar léas ó úinéirí príobháideacha chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil. Go dtí seo, is beag leas atá á bhaint as na socruithe nua léasála. Faoi mhí Meitheamh 2010, bhí léasáil i ndáil le 175 aonad cónaithe ceadaithe ag an Roinn agus ní raibh feidhm iomlán á bhaint as níos mó ná 47 aonad acu sin. Is é áiteamh na Roinne go mbaineann an mhoill i ndáil le páirt a ghlacadh sa scéim le tús áite a bheith á tabhairt ag na húdaráis áitiúla do dhíol an stoc tithe incheannaithe atá idir lámha acu, an tréimhse tionscanta a bhaineann le haon bheartaíocht nua agus an cás nach bhfuil na haonaid ar fad atá ar fáil oiriúnach do chúrsaí tithíochta sóisialta. Tá áitithe ag an Roinn chomh maith gur chuir an lagtrá sna margaí airgeadais agus líon mór tograí forbraíochta a thabhairt isteach faoi scáth phróiseas NAMA in aghaidh úsáid níos mó a bheith á baint as na socruithe léasála.

Tá an t-údar eacnamaíochta a luaitear le léasáil i gcomórtas le hinfheistíocht chaipitil ón tús bunaithe ar anailís a rinneadh i mí Meán Fómhair 2009, ar iarratas ón Roinn. Rinneadh comparáid leis sin idir an costas a bhainfeadh le hinfheistíocht chaipitil ón tús agus costas léasála i ndáil le tréimhse ama 30 bliain agus thángthas ar an tuairim go raibh costas €180,000 le haonad amháin tithíochta a chur ar fáil le hinfheistíocht caipitil ón tús i gcomparáid le costas €138,000 i ndáil le háras a léasáil. D'fhéadfaí téarmaí na léasanna a haontaíodh dáiríre a rangú in dá chatagóir - téarma 20 bliain maidir leis an gcúigiú cuid de na léasanna agus téarmaí 10 mbliana nó níos lú maidir leis an bhfuílleach.

Bheadh le tuiscint ón meastóireacht a rinne an Roinn, ach a dhéanamh an athuair d'fhonn cinntiú go rabhthas ag plé mar a chéile leis na costais, gurbh ionann tríd agus tríd an costas a bhain leis an dá phríomhrogha agus go mbeadh, le cúinsí an mhargaidh mar atá faoi láthair, luach níos fearr, de bheagán, le baint as an léasáil i gcás téarma níos faide.

Ó thaobh na meastóireachta de, ba den fhiúntas, d'fhonn bonn eolais a chur faoi bheartas an rialtais agus lón fianaise a chur ar fáil a ndéanfaí socruithe ina leith, meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar na roghanna éagsúla de réir próiseas a mbainfeadh dhá chéim leis.

- Ba cheart an chomparáid idir an costas a bhainfeadh le rogha na léasála agus an rogha ceannacháin a dhéanamh agus gach gné den chostas a bhaineann le gach rogha acu á thabhairt san áireamh. Ba cheart go mbainfeadh comparáid bunaithe ar aonaid de mhéideanna éagsúla agus ar théarmaí léasa éagsúla leis an tástáil chomh maith leis na coinníollacha éagsúla sna léasanna a aontaíonn na húdaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe.
- Ina dhiaidh sin, ba cheart go gcuirfí critéir éifeachtachta níos ginearálta san áireamh agus ba cheart go mbeadh údar maith le haon chostas breise a bhaineann le rogha níos daoire a roghnú trí bhuntáistí a theacht uaidh maidir le cúrsaí éifeachtachta, an gá le haonaid tithíochta gan úsáid a thabhairt ar neamhní san áireamh chomh maith leis an ngá costais iasachta a laghdú chomh mór agus is féidir.

I bhfianaise so-athraitheacht an mhargaidh mhaoine, ba cheart an anailís sin a dhéanamh go minic agus an t-eolas is deireanaí atá le fáil i ndáil le costas tithe agus praghasanna cíosa a úsáid.

Ó thaobh cúrsaí riaracháin, is gá don Roinn, ó tharla gur ar an Stát a thitfidh costais athchóiriúcháin a ghlanadh, a bheith sa riocht agus gur féidir bonn fírinne a chur faoi éileamh san am atá le theacht trína chinntiú go ndeimhníonn na húdaráis áitiúla agus na comhlachtaí tithíochta ceadaithe go bhfuil suirbhéanna faoi bhail na n-aonad á ndéanamh.

Maidir le héifeachtacht na socruithe soláthair, tá Athbhreithniú faoi Luach an Airgid agus faoin mBeartas á ullmhú ag an Roinn. Mar chuid den bheart staidéir sin, tá scrúdú á dhéanamh ar an gcostas fadtéarmach a bhaineann le tithíocht shóisialta a chur ar fáil trí mhodhanna feidhmiúcháin éagsúla, an léasáil fhadtéarmach ar cheann acu. Tuigeann an Roinn go mbeidh gá filleadh go tráthrialta ar mheastóireacht den chineál sin de réir mar a bhíonn athrú ar chuinsí an mhargaidh.

Go ginearálta, is gá don Roinn rangú níos fearr a dhéanamh ar thorthaí na hoibre maidir le tithíocht shóisialta agus, go háirithe, éirí as an ngnás trína mbíonn socruithe den chineál a bhaineann leis an Scéim maidir le Cóiríocht ar Cíos á lua in éineacht le staitisticí faoi chúrsaí léasála agus tuairisc ar leith óna chéile a thabhairt ar líon na n-aonad atá ar léas faoi gach cineál socraithe. Ba chóir smaoineamh chomh maith ar chásanna ina bhfuil cúnamh á thabhairt maidir le háras a léasáil ón earnáil phríobháideach a choinneáil glan ar na cásanna sin ina bhfuil árais ar bhain fóirdheontas Stáit leo cheana á léasáil ar aghaidh arís nó ar idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu.

## *Tuairim Ghinearálta an Oifigigh Chuntasaíochta*

23.50 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb é cuspóir sonraithe na Roinne ag gach tráth a chinntiú go mbíonn luach an airgid le fáil as an gclár infheistíochta i gcúrsaí tithíochta chomh maith le cuspóirí na Roinne i ndáil le tithíocht shóisialta a thabhairt i gcrích.

23.51 Is athrú tábhachtach maidir leis an mbeartas tithíochta atá i gceist leis an tionscnamh léasála a thabhairt isteach, sa bhreis ar an Scéim maidir le Cóiríocht ar Cíos a bhí ann cheana, agus tá ríthábhacht maidir le dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le cinntiú go mbeidh soláthar dóthaineach tithíochta sóisialta ar fáil sna blianta beaga atá romhainn. Beidh tábhacht leis an léasáil san obair chun an sprioc a bhaint amach maidir le cóiríocht tithíochta sóisialta a chur ar fáil chun riachtanais na dteaghlach aonair taobh istigh de mhúnla saolré a shásamh.

23.52 Luaigh an Roinn gur thángthas ar an tuairim, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar eolas ó roinnt foinsí, agus leas a bhaint as gnáthmhodhanna lascainithe, bonn tuisceana stuama maidir le pátrúin na linne atá romhainn agus an t-eolas ab fhearr a bhí ar fáil faoi chostais agus faoi phraghasanna, go raibh an léasáil, i bhfoirmeacha éagsúla, éifeachtach ó thaobh costais agus forásach ó thaobh cúrsaí sóisialta mar chur chuige chun an riachtanas tithíochta a shásamh agus cúinsí an mhargaidh mar atá faoi láthair agus mar is dócha a bheidh.

23.53 Luadh go dtreisíonn obair réamhbheartaíochta atá déanta maidir leis an Athbhreithniú faoi Luach ar Airgead agus ar Bheartais atá ar siúl faoi láthair leis an tuiscint níos luaithe gur bealach í an léasáil ar árais chónaithe phríobháideacha atá éifeachtach ó thaobh costais maidir leis an riachtanas tithíochta a shásamh. Beidh roinnt cásanna éagsúla á gcur faoi scrúdú mar chuid den athbhreithniú sin ach is é tuairim na Roinne go dtreiseoidh torthaí an scrúdaithe sin, de réir mar a thugtar réimse rioscaí eacnamaíochta agus sóisialta faoi mheas, leis an gcás eacnamaíochta go mbeadh fabhar le léasáil i gcomparáid leis an gcuid is mó de na modhanna eile chun cúnamh taca a thabhairt i ndáil le cúrsaí tithíochta.

23.54 Luadh freisin, gur ghá don Roinn, agus an léasáil á cur chun cinn mar ghné amháin den chlár infheistíochta maidir le tithíocht shóisialta, a bheith aireach faoi na srianta a bhaineann le cistí caipitil a chur ar fáil agus ar an deischostas a bhaineann le cistí caipitil a úsáid don cheannachán ar thithíocht shóisialta in áit leas a bhaint as léasáil. Luadh ina dhiaidh sin nach mbeadh aon laghdú ar líon na dteaghlach a gcuirfí cúnamh taca ar fáil dóibh i ndáil le tithíocht shóisialta in aon bhliain ar bith mar gheall ar infheistíocht chaipitil a úsáid in áit na léasála saor ó dhochar sóisialta agus eacnamaíochta a ghabháil leis.

# Caibidil 24

## An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta

## Bainistiú ar Chúrsaí Comhtháite agus Slánchóiriúcháin

# Bainistiú ar Chúrsaí Comhtháite agus Slánchóiriúcháin

24.1 Is trí chraobhchóras casta a thugtar bearta i ndáil leis an gcuimsiú sóisialta i gcríoch agus baineann comhlachtaí forbartha áitiúla, páirtnéireachtaí uirbeacha, tascfhórsaí áitiúla um dhrugaí agus tascfhórsaí réigiúnacha um dhrugaí, comhchoistí póilíneachta, tionscadail forbartha pobail, ionaid acmhainne do theaghlaigh agus coistí cúram linbh contae, i measc eagraíochtaí eile, leis an gcraobhchóras sin.

24.2 Is iad na Boird Forbartha Contae agus Cathrach, a bhfuil 34 acu ann - ceann in aghaidh gach limistéir contae agus cathrach - atá ag croílár an chraobhchórais fhorleathan seo. Cuireann na boird oiread áirithe comhordúcháin ar fáil maidir le seirbhís a chur ar fáil ar bhonn slánchóirithe agus déantar sin trí straitéisí aontaithe a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm i ndáil leis an bhforbairt ar chúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir sa limistéar cathrach nó contae lena mbaineann. Tá ról ag roinnt ranna rialtais sa mhaoirseacht a dhéantar ar na bearta seo.

## Athbhreithniú ar Scéimeanna Áitiúla agus Pobail

Mar thoradh ar phróiseas athbhreithnithe sa bhliain 2003, arna thionscnú ag an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, i gcomhar leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus leis an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, iarradh aontú an Rialtais i ndáil le roinnt moltaí ag leibhéal struchtúrtha, institiúide agus cláir d'fhonn feabhas ar sholáthar seirbhíse faoi na scéimeanna forbartha áitiúla agus pobail, agus d'aontaigh an Rialtas leo.

I measc na mbeart maidir le hathruithe struchtútha, bhí coinníollacha éagsúla a chur i bhfeidhm ar ghrúpaí i limistéir ar fud na gcúigí éagsúla, sa Ghaeltacht agus i limistéir mhóra uirbeacha d'fhonn feabhsúchán a thabhairt chun cinn maidir le naisc, comhtháthú agus comhúsáid as acmhainní agus a éileamh ar Ranna Rialtais agus ar chomhlachtaí poiblí féachaint le haon tionscnaimh bhreise sa réimse seo a thabhairt i gcríoch le heagraíochtaí forbartha áitiúla nó pobail agus/nó leis na húdaráis áitiúla.

I measc na n-athruithe a aontaíodh ar leibhéal na gclár, bhí siad seo a leanas

- an fhreagracht maidir le pleananna áisínteachtaí forbartha pobail agus áitiúla a cheadú a leagan ar na boird forbartha cathrach agus contae chomh maith leis an bhfreagracht maidir le cur chuige slánchóirithe i ndáil leis an soláthar seirbhíse ag an leibhéal áitiúil agus pobail a chur chun cinn agus maoirseacht a dhéanamh ina leith
- na struchtúir maidir le forbairt pobail a thabhairt níos fearr lena chéile trí, mar shampla,
  - cóineasú níos dlúithe ar ghrúpaí LEADER[a] agus comhlachtaí páirtíochta i gceantair thuaithe
  - athbhreithniú a dhéanamh mar gheall ar an iliomad foinsí cistíochta d'fhonn na simplíochta, na follasachta agus luach níos fearr ar an airgead
  - coinníollacha nua maidir le háiseanna i gcomhar, mar shampla, áiseanna cóiríochta agus áiseanna cúnta riaracháin, chomh mór agus a d'fhéadfaí le praiticiúlacht agus
  - athbhreithniú ar chomhlachtaí forbartha áitiúla agus pobail ó thaobh na gcomhaltaí de.

Nóta:

a Is é LEADER Tionscnamh Comhphobail an Aontais Eorpaigh d'Fhorbairt Tuaithe a sholáthraíonn maoiniú poiblí (AE agus Náisiúnta) do Ghrúpaí Gnímh Áitiúla atá ceadaithe chun pleananna gnó il-earnálach a chur i bhfeidhm ar mhaithe lena limistéar féin a fhorbairt.

24.3 Is é ábhar a ndírítear go sonrach air sa tuarascáil seo an próiseas i ndáil leis an gcomhtháthú a ndéanann an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (an Roinn) ceannródaíocht mar gheall air.

24.4 Bhí an próiseas bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- go raibh gá le feabhas a chur ar na seirbhísí ar an bhfód
- go raibh gá le caomhchóiriúchán a dhéanamh ar chúrsaí struchtúir go seachnófaí dul thar a chéile, dúbailt oibre agus barrchostais riaracháin nach raibh call leo
- go raibh follasacht, comhordúchán agus rialú níos fearr ar chúrsaí maoiniúcháin agus feidhmiúcháin maidir le beartaíocht forbartha áitiúil agus pobail a thabhairt i gcríoch ina chuspóir
- go raibh gá bonn treise a chur faoi fhreagracht áisínteachtaí agus soláthraithe seirbhíse ó thaobh cúrsaí daonlathais de.

24.5 Chuir an Roinn beagnach €16 milliún ar fáil mar bhonn taca faoin bpróiseas maidir le comhtháthú i rith na mblianta idir 2004 agus 2009, an dá bhliain sin san áireamh. Rinne na Boird Forbartha Cathrach agus Contae an riarachán ar na cistí thar ceann na Roinne. Cuireadh an cúnamh airgid i ndáil leis an bpróiseas maidir leis an gcomhtháthú ar fáil le linn trí cinn de thréimhsí, de réir na gcéimeanna a leagtar amach i bhFíor 125

**Fíor 125 Ciste don Phróiseas maidir le Comhtháthú 2004 – 2009**

| Bliain | Príomhréimse beartaíochta[a] | Ciste<br>€ |
|---|---|---|
| 2004 | Feabhas ó thaobh naisc | 3,248,600 |
| 2005 – 2007 | Feabhas ó thaobh réimse / lánpháirtíochta | 10,327,027 |
| 2008 – 2009 | Bonn taca faoin gcomhtháthú | 2,126,151 |
| **Iomlán** | | **15,701,778** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Nóta:
a Pléitear níos mine thíos leis na príomhréimsí a rabhthas ag díriú orthu.

24.6 Bhí d'aidhm leis an gciste a cuireadh ar fáil i rith na bliana 2004 go gcuirfí feabhas ar an gceangal córais idir na háisínteachtaí áitiúla, bonn treise a chur faoi bheartaíocht iláisínteacha agus an comhar-roinnt ar áiseanna a chur chun cinn d'fhonn an toradh is fearr a d'fhéadfaí a bhaint as an gciste a bhí a fáil a thabhairt i gcríoch.

24.7 Is é a bhí de chroíchuspóir le babhta cistíochta na mblianta 2005 – 2007 go dtabharfaí i gcríoch

- réimse iomlán cathrach agus contae faoi scáth na struchtúr forbartha áitiúil
- slánchóiriú ar ghrúpaí LEADER agus ar ghrúpaí páirtnéireachta (grúpaí páirtnéireachta pobail san áireamh) ionas go mbeadh cláir fhorbartha áitiúla agus tuaithe á gcur i gcríoch ag aon eagras amháin i ngach ceantar
- teorainneacha limistéir na gcomhlachtaí nua a thabhairt le teorainneacha cathrach agus teorainneacha contae (nó le toghcheantair údaráis áitiúil) chomh mór agus ba phraiticiúil, agus
- an tsaorálaíocht a chur chun cinn ag an leibhéal áitiúil i gcomhthéacs an obair dheonach a chaomhnú sna struchtúir maidir leis an bhforbairt áitiúil.

24.8 Bhí d'aidhm le cistí a dáileadh ón mbliain 2008 ar aghaidh bonn treise a chur faoi bhearta agus faoi bheartaíocht a bhí leagtha amch d'fhonn freastal don chomhtháthú. Is é a bhain leis an bpróiseas maidir leis an gcomhtháthú go ginearálta, beartaíocht a thabhairt chun críche a bhí á déanamh trí chomhlachtaí a bhí i réim cheana féin agus líon níos lú comhlachtaí nua a chruthú a mbeadh acmhainn níos fairsinge iontu. I roinnt cásanna, ní raibh aon ghá comhlacht nua a chur ar bun - tháinig baill foirne de chuid na gcomhlachtaí éagsúla a bhí á gcuimsiú in aon cheann amháin isteach faoi chomhlacht a bhí ar an bhfód cheana féin. Tháinig socruithe leasaithe rialacháin a ghlacadh i gceist freisin, chomh maith le conarthaí Stáit, gealltanais maidir le cúrsaí foirne, socmhainní agus dliteanais a chur ar lámh go dtí na comhlachtaí nua.

## Toradh an Phróisis maidir le Comhtháthú

24.9 Is é toradh a bhí ar an bpróiseas maidir leis an gcomhtháthú gur tharla ón 1 Eanáir 2009 i leith, laghdú ar líon na gcomhlachtaí a thugann cláir maidir le forbairt tuaithe agus / nó le cuimsiú sóisialta i gcríoch ó 94[183] go dtí 52[184] comhlacht forbartha áitiúil[185] a dtagann an réimse iomlán taobh istigh de na contaetha éagsúla agus ar fud na tíre ar fad faoina scáth. Anuas air sin, cuirtear pleananna na gcomhlachtaí forbartha áitiúla ar fad agus na gcomhlachtaí ar fad a thugann an clár forbartha pobail (CFP)[186] i gcríoch faoi bhráid an bhoird forbartha contae nó cathrach lena mbaineann d'fhonn a cheadaithe.

## Bearta ina dhiaidh sin maidir le Lánpháirtíocht

24.10 D'fhéach an Roinn, le linn céim bhreise den bheartaíocht, le cóir nua a chur ar ar na cláir forbartha tuaithe nó na cláir cuimsithe sóisialta - go háirithe an Clár Forbartha Áitiúil um Chuimsiú Sóisialta (CFACS) a bhí á riar thar a ceann ag an gcomhlacht idirghabhála, Pobal[187] agus an Clár Forbartha Pobail (CFP) a bhí á riar ag an Roinn féin. Bhí an dá chlár á dtabhairt i gcríoch go háitiúil trí struchtúir sholáthraíochta éagsúla.

24.11 Le cúnamh ón Ionad um Seirbhísí Éifeachtúla (ISÉ)[188], cuireadh tús ó mhí Eanáir 2010 le clár nuachóirithe (CFPÁ[189]) agus cuireadh deireadh an tráth céanna leis an CFACS agus leis an CFP. Féachtar tríd an gclár nua le dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta trí obair pháirtnéireachta agus trí obair chomhair idir an rialtas, áisínteachtaí dá chuid agus na daoine i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste. Tá ceithre cinn de spriocanna ardréime mar bhonn taca faoin gclár nua

183 56 comhlacht páirtnéireachta, dhá chomhaontú fostaíochta, 24 comhlacht forbartha tuaithe (nó comhlacht LEADER) agus 12 comhlacht forbartha áitiúil slánchóirithe (comhlachtaí a raibh cláir forbartha tuaithe agus cláir maidir leis an gcuimsiú sóisialta araon á dtabhairt i gcríoch acu).

184 53 mar gheall ar an bpróiseas maidir le comhtháthú. Tháinig deireadh ina dhiaidh sin le Páirtnéireacht Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, rud a d'fhág gur 52 an líon iomlán.

185 Baintear úsáid síos tríd an tuarascáil seo as an téarma 'comhlacht forbartha áitiúil' i ndáil le páirtnéireachtaí cathrach agus le comhlachtaí forbartha áitiúla slánchóirithe araon.

186 Baintear úsáid as an ngiorrúchán 'CFP' síos tríd an tuarascáil ar fad ag tagairt, gan idirdhealú, don chlár forbartha pobail féin agus do na comhlachtaí a thugann an clár i gcríoch sna pobail go háitiúil. Déantar tagairt go ginearálta dóibh freisin mar thionscnaimh nó mar thograí forbartha áitiúla.

187 Is comhlacht seachbhrabúis é Pobal a bhfuil stádas carthanais aige a dhéanann bainistíocht maidir le cláir thar ceann Rialtas na hÉireann agus thar ceann an AE.

188 Ionad neamhspleách a cuireadh ar bun i gcomhar idir an Rialtas agus Atlantic Philanthropies d'fhonn an beartas agus an obair bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn maidir le seirbhísí i gcúrsaí leanaí, teaghlaigh agus pobail.

189 Clár Forbartha Pobail Áitiuil.

- Tuiscint agus eolas a chothú ar réimse leathan seirbhísí reachtúla, deonacha agus pobail agus an úsáid astu a chur chun cinn
- Feabhas ó thaobh an teacht a bhíonn ar bheartaíocht agus ar acmhainní oideachais, caitheamh aimsire agus cultúir, idir fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta
- Feabhas ó thaobh daoine a bheith ullamh don obair agus ó thaobh ionchas fostaíochta
- An pháirtíocht a chothú maidir le cúrsaí beartais, feidhmiúcháin agus próisis cinnteoireachta i ndáil le cúrsaí a bhaineann le pobail áitiúla.

24.12 Is é atá d'aidhm leis an dara céim go mbeadh an clár á thabhairt i bhfeidhm trí struchtúr feidhmiúcháin slánchóirithe lena dtabharfaí na CFPanna isteach faoi scáth chomhlachtaí forbartha áitiúla. Táthar ag tnúth le titim i líon na n-eintiteas faoi dheireadh na bliana 2010 ó timpeall is 216 (tuairim is 164 CFP agus 52 comhlacht forbartha áitiúil) go dtí 52 comhlacht forbartha áitiúil.

## Béim an Caibidle

Bunaithe ar bhearta athbhreithnithe áitiúla, féachadh leis na nithe seo a leanas a shonrú tríd an iniúchadh

- tosca iarmhartacha ar bith a d'eascair ó iarrachtaí na Roinne maidir leis an gcomhtháthú
- aon ábhar deacrachta ar bith eile a eascraíonn ón CFPÁ nua a chur i bhfeidhm agus ón dlús breise maidir leis na córais feidhmiúcháin.

## An Próiseas maidir leis an gComhtháthú – Comhlachtaí Forbartha Áitiúla

24.13 Maidir leis na comhlachtaí forbartha áitiúla, tugadh faoi deara le linn an iniúchta go raibh dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an gcomhtháthú a thabhairt i gcríoch. Seo a leanas roinnt réimsí a raibh gá le breis feabhais nó le tuilleadh oibre ina leith

- cinntiú go n-oibríonn na heintitis nua CFPÁ faoi phlean straitéiseach
- aon sócmhainní farasbairr a bheadh ar fáil mar gheall ar an gcomhtháthú a shonrú
- bainistiú mar gheall ar thoradh ar bith nach raibh i gceist a thiocfadh mar gheall ar fhoirceannadh
- soláthar a dhéanamh do thuairiscíocht níos fearr ar thorthaí na beartaíochta.

### *Pleanáil Straitéiseach*

Is den tábhacht, go háirithe i gcás na n-eintiteas nua, go mbeadh soiléire ann maidir leis an ról atá acu. Is maith an rud plean straitéise d'fhonn cinntiú go mbíonn soiléire agus leanúnachas ag baint le haidhmeanna agus le cuspóirí na gcomhlachtaí forbartha áitiúla nua agus leis na comhlachtaí méadaithe a thiocfaidh chun cinn mar gheall ar an sclánchóiriú faoin CFP.

24.14 Tá an CFACS faoi athrú ón mbliain 2006. Níor tharla, dá thoradh sin, pleanáil straitéiseach ar bith ag an leibhéal áitiúil. Is é nós atá tagtha chun cinn, go ndéanann an comhlacht forbartha áitiúil, bunaithe ar an gciste a chuireann an Roinn ar fáil ina leith, clár beartaíochta bliantúil a chur le chéile chomh maith le cuntas caiteachais buiséadaithe. Déantar, go hiondúil, an clár beartaíochta pleanáilte a leanacht ó bhliain go chéile gan aon bhreithmheasúnacht foirmeálta a thabhairt air.

24.15 Tá iarrtha le gairid faoin CFPÁ, a tháinig i bhfeidhm ag tús na bliana 2010, go ndéanfadh na comhlachtaí forbartha áitiúla pleananna straitéise a chur le chéile faoi dheireadh na bliana 2010.

Ba cheart go mbeadh an phleanáil straitéise agus an t-athbhreithniú ar straitéisí ina sainghnéithe den rialúchán agus den bhainistíocht ar na comhlachtaí forbartha áitiúla. Ní mór caidreamh ceangail dlúth leis na Boird Forbartha Cathrach agus Contae ionas go gcinntítear comhordúchán agus slánchóiriúchán mar is ceart le pleananna straitéise agus le pleananna gníomhaíochta na gcomhlachtaí sin.

### *Sócmhainní Farasbairr*

Bheifí ag súil go mbeadh scóip áirithe maidir le comhdhlúthú sócmhainní a d'eascródh ón bpróiseas maidir le comhdlúthú / slánchóiriúchán.

24.16 Tugadh chun aire le linn an iniúchta go ndearnadh scrúdú le dícheall cuí i rith na bliana 2008 ar thrí cinn de chomhlachtaí a bhí á dtabhairt isteach faoi scáth comhlachta nua - Páirtnéireacht Leader Lú - faoin bpróiseas maidir le comhdhlúthú. Cé gur díríodh le linn an scrúdaiteh le dícheall cuí ar mhaoin agus ar leas ruílse agus ar leas léasachta, ní raibh sócmhainní eile, mar shampla troscán agus trealamh oifige, trealamh TEC ná bogearraí a bhí faoi úinéireacht na gcomhlachtaí sin, á sonrú. Luadh de chomhairle sa tuarascáil go ndéanfaí athbhreithniú ó bhun ar an trealamh ar fad agus ar na hacmhainní ar fad a bhí ar fáil taobh istigh de na comhlachtaí a rabhthas á gcomhtháthú agus go bhfaighfí comhairle saineolaí maidir le córais TEC a chóiriú dá chéile.

24.17 Tugadh chun aire le linn an scrúdaithe ar Westmeath Community Development Limited go raibh comhlacht amháin a raibh i gceist é a bheith mar chuid den phróiseas maidir le comhdhlúthú - Tascfhórsa Pobail Bhaile Átha Luain - a bhí ann i gcónaí agus nár aistríodh aon ní ach amháin na bearta feidhme a raibh ciste á fháil ina leith faoin CFACS go dtí Westmeath Community Development Limited. Bhí an fhoireann ag obair i gcónaí ón áitreabh i mBaile Átha Luain a bhí faoi úinéireacht Thascfhórsa Pobail Bhaile Átha Luain an t-am ar fad. Bhí cíos le híoc ag Westmeath Community Development le Tascfhórsa Pobail Bhaile Átha Luain i ndáil le spás oifige.

24.18 Tá luaite ag an Oifigeach Cuntasaíochta gur chuir an Roinn de chomhairle go tréan ar chomhlachtaí a ndearnadh a bhfoirceannadh, nó a bhfuiltear i mbun foirceannadh a dhéanamh orthu, gur dócha, sa chás go bhfuil sócmhainní glan ar fáil, gur mar gheall, go díreach nó go hindíreach, go raibh cistí Stáit á bhfáil ag an gcomhlacht le roinnt blianta ab ann dóibh. Tá seasamh na Roinne, gur cheart sócmhainní glan (e.g. airgead tirim, maoin) a aistriú go dtí an comhlacht slánchóirithe nua a bhaineann le hábhar, curtha in iúl go soiléir ag an Roinn. Tá luaite ag an Roinn i gcuid mhaith cásanna go mbeadh sin ina choinníoll faoin dlí.

Tá gá le próiseas críochnúil trína ndéantar sócmhainní a shonrú ionas go gcinntítear nach dtéann sócmhainní de chuid an Stáit amú le linn an phróisis maidir leis an gcomhtháthú nó slánchóiriú. Ba mhaith an rud socruithe a chur ar bun ionas go ndeimhnítear

- go bhfuil leas an Stáit i maoin nó i sócmhainní eile á gcosaint mar is cuí faoin bpróiseas maidir leis an gcomhtháthú nó slánchóiriú, agus
- nuair nach bhfuil i gceist sócmhainní de chuid chomhlachtaí atá á dtabhairt isteach faoi scáth comhlachta nua a aistriú go dtí an comhlacht nua, go ndéantar plé ar bhealach inghlactha leis na sócmhainní sin agus go mbíonn aon chiste Stáit ina leith agus na cuspóirí pobail a bhí i gceist leis an éadáil orthu á gcur san áireamh.

Tá an Roinn i mbun oibre ar phlé le ceisteanna den chineál sin nach bhfuil socraithe go fóill agus cuirfear tús go gairid le hathbhreithniú ar cheisteanna a eascraíonn ó fhoirceannadh agus ar ghnóthaí eile a bhaineann leis an ábhar céanna.

### *A n-eascródh ó Fhoirceannadh*

Taobh amuigh de dheacrachtaí a bhaineann le cúrsaí maoine, d'fhéadfadh go dtiocfadh rudaí i gceist freisin maidir le héilimh ar chistí. Ní foláir a chinntiú nach ndéantar comhlachtaí a bhfuil comhtháthú á dhéanamh orthu a fhoirceannadh roimh an tráth cuí agus go bhfágfaí dá bharr sin an Stát i mbaol riosca airgeadais mar gheall nach bhféadfaí coinníollacha a bhí ag gabháil le deontais, aisghabháil an chiste i gcásanan faoi leith san áireamh, a chur i bhfeidhm.

24.19 Le linn athbhreithniú a dhéanamh ar Pháirtnéireacht Leader Lú, tugadh chun aire gur tháinig san áireamh, cibé an mbeadh an comhlacht nua - Páirtnéireacht Leader Lú - i dteideal, dá dtagadh an cás i gceist, tabhairt faoi aisghabháil ar dheontais a thug ceann de na comhlachtaí a raibh foirceannadh á dhéanamh air faoin gcomhtháthú. Lorgaíodh ráthaíocht phearsanta mar choinníoll leis na deontais agus sa chás go ndéanfaí an gnóthas a dhíscaoileadh taobh istigh de thréimhse cúig bhliana, beadh de dhliteanas pearsanta ar na stiúrthóirí iomlán na ndeontas a aisíoc.

24.20 Iarradh comhairle dlíodóra maidir lena bhféadfadh a theacht i gceist de bharr foirceannadh a dhéanamh ar an gcomhlacht a thug amach na deontais agus cibé an bhféadfadh Páirtnéireacht Leader Lú de réir an dlí tabhairt faoi aisghabháil na ndeontas sin sa chás gur tharla loiceadh. Ba é a bhí le tuiscint ón gcomhairle a fuarthas gur ghá an seanchomhlacht a bheith ar an bhfód i gcónaí ionas go bhféadfaí tabhairt faoi fhiacha dá sórt a aisghabháil.

Ní foláir don Roinn an baol ó thaobh cúrsaí airgeadais atá ann don Stát faoi láthair a shonrú maidir leis na coinníollacha a ghabh leis na deontais a thug comhlachtaí amach a bhfuil foirceannadh á dhéanamh anois orthu.

Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh ar an mbord reatha, i gcás comhlachta a rabhthas ag iarraidh foirceannadh a dhéanamh air ach a bhfuarthas amach nach bhféadfaí aistriú iomlán ar chearta agus ar dhliteanais an chomhlachta a dhéanamh go cuí, leanacht de chomhlíonadh a chuid cúraimí go dtí go dtiocfadh réiteach sásúil ar an gcás. Tá deimhnithe ag an Roinn go raibh foirceannadh críochnúil tugtha ar 32 comhlacht faoi mhí Iúil 2010.

### *Tuairiscíocht ar Thorthaí Oibre*

D'fhonn a léiriú gur chun na críche a bhí i gceist a cuireadh cistí de chuid an Stáit chun fónaimh agus d'fhonn ar tháinig de thoradh ar an gcaiteachas a léiriú, ní mór an riachtanas maidir le tuairiscíocht ar thoradh na beartaíochta a leagan amach go sainiúil agus córas a leagan síos trína gcuirtear na sonraí is gá ar fáil ionas gur féidir tionscnaimh agus cláir a mheas ina dhiaidh sin.

Mura mbíonn dóthain tuairiscíochta agus monatóireachta á dhéanamh ar thoradh na beartaíochta, tá an baol ann nach dtabharfaí i gcríoch go hiomlán na haidhmeanna a bhí leis an gclár a chur ar bun.

24.21 Faoin CFACS, shocraigh na comhlachtaí forbartha áitiúla toradh sprice a luadh sa chlár beartaíochta bliantúil. Baineadh úsáid as táscairí táirgiúlachta aicmeacha agus tiomsaíodh na sonraí i gcóras bunachair sonraí - SCOPE[190].

24.22 Tar éis scrúdú maidir le fiúntas an chaiteachais a dhéanamh ar an CFACS sa bhliain 2007, moladh roinnt beart d'fhonn feabhas a chur ar an monatóireacht, ar mheastóireacht agus ar shainmhíniú ar tháscairí feidhmiúcháin don CFACS. Mar shampla, moladh i ndáil le córas SCOPE

- go mbeifí ag díriú níos géire ar thorthaí agus ar thionchar seachas ar phróiseas
- go gceanglófaí táscairí náisiúnta le riocht bonnlíne
- go mbeifí ag díriú ar dhul chun cinn, agus tuairisc á choinneáil maidir le líon bheag táscairí le himeacht aimsire
- go ndéanfaí suirbhéanna go rialta orthu siúd a raibh tairbhe acu as an CFACS d'fhonn scrúdú a dhéanamh mar gheall ar a stádas. I measc na dtáscairí a bheadh úsáideach ina leith sin, bheadh stádas fostaíochta dhaoine, an teacht a bhí acu ar oideachas tríú leibhéal, táscairí ginearálta maidir le caighdeán an tsaoil, táscairí maidir le caighdeán sláinte, an leibhéal páirtíochta i gcúrsaí oideachais, laghdú ar an spleáchas maidir le leas shóisialach, agus leibhéil litearthachta.
- go ndéanfaí seiceáil ar shonraí SCOPE i gcomórtas le sonraí náisiúnta (mar shampla, sonraí de chuid LOS[191]) maidir leis an spriocghrúpa céanna d'fhonn, *inter alia*, tuiscint níos fearr a fháil ar leibhéal na hidirghabhála a dhéantar tríd an CFACS leis na grúpaí príomhthábhachta.

24.23 D'fhostaigh an Roinn an CES sa bhliain 2008 chun cuidiú le hathchóiriú ar an CFACS agus ar an CFP agus mionsonraíocht maidir le torthaí a chuideodh le meastóireacht éifeachtúil a dhéanamh ar an gclár mar chuid den chúram. Cé go bhfuil na táscairí táirgiúlachta príomhthábhachta i ndáil leis an gclár nua leagtha amach go sonrach, níl táscairí tionchair leagtha síos go críochnúil go fóill. Seo a leanas samplaí de na táscairí táirgiúlachta

- Líon na mbeart trína gcuirtear chun cinn tuiscint nó eolas ar sheirbhísí reachtúla, deonacha agus pobail go háitiúil.
- Líon na ndaoine a mbíonn tairbhe acu as na seirbhísí áitiúla agus líon na ngrúpaí pobail áitiúla a ghlacann páirt agus a bhfuil baint acu leis na seirbhísí áitiúla ar fad.
- Líon na ndaoine a mbíonn tairbhe acu as na bearta oideachais, caitheamh aimsire agus cultúir agus líon na ngrúpaí pobail áitiúla a ghlacann páirt iontu sin.

---

190 System for Coordinated Programme Evaluation.

191 An Lár-Oifig Staidrimh

- Líon na mbeart gníomhaíochta nó fostaíochta d'fhonn daoine a ullmhú don mhargadh saothair.
- Líon na ndaoine a mbíonn tairbhe acu as bearta i ndáil leis an margadh saothair agus líon na ngnólachtaí nó na bhfostóirí áitiúla a ghlacann páirt iontu.
- Leibhéal na gcistí a fhaightear trí ghiaráil ó eagraíochtaí eile d'fhonn beartaíocht i ndáil leis an gcuimsiú sóisialta a thabhairt i gcríoch.

24.24 Cé go bhfuil táscairí táirgiúlachta leagtha síos go sonrach, níl na spriocanna a théann leo socraithe i leith na bliana 2010. Tá i gceist go mbeadh sonraí táirgiúlachta na bliana 2010 nuair a thiomsaítear iad, ina mbonnlíne agus sin in úsáid nuair a bheidh spriocanna á leagan amach san am atá le theacht.

24.25 Ina ainneoin sin, níl aon chóras i bhfeidhm faoi láthair d'fhonn sonraí bonnlíne a thiomsú. Éiríodh as an córas SCOPE a bhíodh in úsáid chun sonraí táirgiúlachta a chnuasach faoin seanchlár a úsáid sa bhliain 2010 go dtí go dtabharfaí córas nua isteach. Cé nach bhfuil córas ar bun chun na sonraí a chur ar taifead agus a thabhairt faoi anailís, tuigtear go bhuil an cháipéisíocht ar fáil a chuireann bonn faoi na torthaí atá á dtabhairt i gcríoch agus, dá réir sin, na sonraí a chuirfí isteach i gcóras. Sa chomhthéacs sin, tá an córas SCOPE á thabhairt isteach an athuair mar bheart eadramhach go dtí go gcuirtear comórtas soláthair ar siúl i ndáil le córas nua a thabhairt chun cinn.

24.26 Maidir le tuairiscíocht ar thorthaí na hoibre, is cosúil go bhfuil easpa comhordúcháin idir an CES, an Roinn agus Pobal i ndáil leis na deismireachtaí meastóireachta atá beartaithe. Cé gur cosúil go bhfuil leagtha de chúram ar Phobal cinntiú go bhfuil córais ar bun ionas go gcnuasófaí sonraí faoi thorthaí agus faoi thionchar de réir mar a bheadh déanta amach ag an CES, ní cosúil go raibh aon treoir tugtha faoi mhodhanna ina bhféadfaí sin a thabhairt i gcríoch.

24.27 Ní léir ar tugadh san áireamh an tuairiscíocht 'faoi dhó' a tharlaíonn nuair a bhíonn cistí á dtabhairt i gcomhar idir an CFPÁ agus foinsí eile i ndáil leis an mbeartaíocht amháin. Go ginearálta, cuirfear an toradh céanna in iúl i gcás mar sin do na ranna rialtais ar fad lena mbaineann na cistí faoi leith. Mar shampla, cuireadh líon na ndaoine ar cuireadh oiliúint orthu trí Aonad Oiliúna Solúbtha Pháirtnéireacht Ghleann na Dothra in iúl i dtuairisc ar thoradh an CFPÁ don Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus i dtuairisc ar thoradh na Roinne Oideachais agus Scileanna nuair a rinne an Roinn sin páirtmhaoiniú ar chláir oiliúna faoin Tionscnamh Filleadh ar an Oideachas.

24.28 Sprioc bhuntábhachtach a leagadh síos don CES i mí Deireadh Fómhair 2008 go mbeadh meastóirí seachtracha neamhspleácha ceaptha ina leith faoin dara ráithe den bhliain 2011 d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar thabhairt i bhfeidhm an CFPÁ. Ní léir feasta an iontaofa i gcónaí an sprioc ama sin ó tharla go bhfuiltear ag glacadh leis an mbliain 2010 anois mar bhliain bonnlíne amháin.

24.29 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil Pobal, le haontú na Roinne, ag cur córas nua pleanála agus monatóireachta i ndáil leis an CFPÁ ar tairiscint. Beidh ag baint leis an gcoras nua seo go ndéanfar réimse mór leathan sonraí a chnuasach agus go mbeidh sin mar bhonn treise faoi bhreis follasachta maidir le táirgiúlacht agus torthaí an chláir agus faoin meastóireacht ar an gclár go ginearálta. Ligfidh sin chomh maith don slánchóiriú ar an gcóras pleanála, an córas monatóireachta agus an córas tuairiscíochta ionas go mbíonn bonn treise faoi naisc dhíreacha le linn na gcéimeanna éagsúla de chúrsa an chláir.

24.30 Maidir leis an meastóireacht bheartaithe ar an CFPÁ, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta chomh maith go bhfuil sainteagasc tairisceana á dhréachtadh ag an CES i ndáil le staidéar féidearthachta a thabharfaí chun críche roimh dheireadh na bliana 2010. Déanfar amach leis sin cineál agus oiread na sonraí atá á mbailiú faoin CFPÁ go náisiúnta agus go háitiúil, chomh maith

leis an gcaighdeán atá ag baint leo. Déanfar amach leis freisin cén bheartaíocht atá ar siúl faoi láthair maidir le cuspóirí agus aidhmeanna an chláir agus cén leanúnachas a bhaineann léi ar fud na gcomhlachtaí éagsúla. Bainfear úsáid as torthaí an staidéir sin mar eolas bonnlíne agus is dá réir sin a dhéanfar an mheastóireacht fhoirmeálta ar an CFPÁ. Faoi réir ag cúrsaí buiséid, tá an Roinn ag tnúth go mbeidh meastóirí seachtracha ceaptha faoi dheireadh an chéad ráithe den bhliain 2011.

Is den tábhacht go gcuirfí córas ar bun ón mbliain 2010 ar aghaidh trína mbeadh tuairisc mar is cóir ar na torthaí atá de dhíth. Ba chóir brostú a chur faoin socrú críochnúil ar tháscairí tionchair ionas gur féidir próisis a thabhairt isteach lena gcinntítear go mbíonn an fhaisnéis is gá á cnuasach agus an bealach á réiteach do mheasúnacht.

Ba mhaith an rud comhordú ar leibhéal níos fearr idir CES, Pobal agus an Roinn maidir le faisnéis a chnuasach agus cúrsaí monatóireachta.

Ba chóir dul i gcomhairle le heagraíochtaí eile a chuireann cistí ar fáil sula ndéantar socrú faoi chóras nua monatóireachta feidhmiúcháin d'fhonn a dhéanamh amach ar chóir córas a thabhairt chun cinn lena ndéanfaí freastal don ghá atá le tuairiscíocht acusan chomh maith. Ba chóir go ndéanfaí freastal leis an gcóras a chuirtear ar bun don riachtanas atá ag na comhlachtaí forbartha áitiúla i ndáil le tuairiscí bainistíochta inmheánacha freisin.

## Conclúid – Comhtháthú

An tráth seo, níl na buntáistí as an gcomhtháthú tugtha i gcríoch go fóill i dtéarmaí soláthar seirbhíse atá slánchóirithe ina iomláine, cuíchóiriú ar chúrsaí maoine, ath-imlonnú ar bhaill foirne agus sábháil airgid. Bhíothas ag díriú den chuid is mó, le linn an chéim den chomhtháthú a bhfuiltear ag plé léi faoi láthair, ar struchtúir agus scéimeanna a thabhairt lena chéile. Cé go nglactar leis go bhféadfadh gur ceart díriú, ar dtús, ar shlánchóiriú foirmeálta na n-áisínteachtaí ó thaobh struchtúir rialachais de, ba mhaith an rud d'fhonn cinntiú go mbíonn luach an airgid á fháil ag an Stát, go mbeadh scrúdú géar á dhéanamh go luath sa chúram ar dheiseanna lena dtabharfaí breis sineirge agus éifeachtacht níos mó i gcríoch. Nuair a dhéantar an slánchóiriú atá i ndán ar na CFPanna, beidh na comhlachtaí forbartha áitiúla níos casta agus d'fhéadfadh go mbeadh gá níos géire le díriú ar chuíchóiriú i ndáil leis na próisis oibre iontu. Ba chóir go bhféachfaí, sa chéad chéim eile den chúram, le leas a bhaint as na buntáistí ionchais cinniúnacha sin.

## An Dúshlán atá i ndán

24.31 Bunaithe ar athbhreithniú le linn an iniúchta, tugtar faoi deara dúshláin mar seo a leanas a bheith á gcur roimh an bpróiseas slánchóiriúcháin

- comhtháiteacht feidhmiúcháin a bhaint amach tar éis an tslánchóirithe
- cinntiú go gcoinnítear an bheartaíocht inmharthana ar fad agus go laghdaítear oiread agus is féidir ar bhearta a théann thar a chéile
- cinntiú go mbaineann sineirge le hoibriú na n-eintiteas slánchóirithe
- an chomhairle ó athbhreithniú ar fhiúntas an chaiteachais agus ar an mbeartas maidir leis an CFACS a rinneadh sa bhliain 2007 a thabhairt i bhfeidhm chomh mór agus a bhaineann le hábhar an CFPÁ
- díriú ar bhainistiú airgeadais agus ar chúrsaí rialála airgid.

### *Comhtháiteacht Feidhmiúcháin a thabhairt i gcríoch*

24.32 Eascraíonn ábhar dúshláin faoi leith ó na deacrachtaí a d'fhéadfadh a theacht ón méid a bheidh i roinnt CFPanna don CFP agus don chomhlacht forbartha áitiúil a bhfuil i gceist iad a thabhairt isteach faoina scáth. Mar shampla, tugadh faoi deara le linn an iniúchta go raibh CFP áirithe amháin a bhfuil 45 duine fostaithe ar an bhfoireann ann. Níl i gceist leis an gciste CFP ach timpeall is 17% den teacht isteach iomlán. Tá i gceist leis an bpróiseas slánchóiriúcháin go dtabharfadh an comhlacht forbartha áitiúil an t-eintiteas seo, atá níos mó ná é, isteach faoina scáth.

24.33 Tugadh faoi deara le linn an scrúdaithe go gcuirtear go suntasach in aghaidh an tslánchóiriúcháin atá beartaithe ar fud na dtionscadal forbartha pobail go ginearálta. Tá go leor éiginnteachta freisin ag baint leis an bpróiseas agus leis an toradh a bheidh air.

24.34 Ó thaobh cúrsaí rialachais de, tá CFPanna á rialú ag boird bhainistíochta deonacha. Ní móide i ngach cás an saineolas is gá ag na boird sin chun rialachas mar is ceart agus rialáil airgeadais a chinntiú.

24.35 Le linn scrúduithe cigireachta a rinneadh ar cúig cinn de CFPanna mar chuid den scrúdúchán seo, tháinig ceisteanna mar seo a leanas chun suntais

- Easpa ó thaobh gnáis agus polasaithe airgeadais a raibh tuairisc cháipéisíochta orthu.
- Easpa rialála maidir le caiteachas. I CFP áirithe amháin, bhí an smacht ar fad ar chúrsaí caiteachais fágtha faoi bheirt d'fhostaithe an chomhlachta gan gá le ceadú an bhoird. I CFP eile, bhí easpa rialála ann maidir le híocaíochtaí le cárta creidmheasa agus aistriú airgid leictreonach.
- Caiteachas ar nithe nár léir go raibh siad ag teacht le haidhmeanna an chláir. Mar shampla, caiteachas maidir le fruiliú bus agus bileoga a scaipeadh mar chuid d'agóidíocht in aghaidh chiorruithe a bhí beartaithe i ndáil le cistí, boscaí do lucht foirne faoi Nollaig, turas oíche as baile do thriúr den fhoireann.
- Ní raibh comhaontú léasa ar fáil mar bhonn le híocaíochtaí cíosa i ndáil le háitreach CFP amháin. Anuas air sin, ní raibh comhaontú léasa ar fáil mar bhonn le cuid den áitreabh a athligean.
- Conarthaí lucht foirne nach raibh sínithe agus, i gcás amháin, ní raibh conradh ar bith ar fáil.
- Easpa tuairisce ar aontú an bhoird le hardú ar thuarastail lucht foirne.

24.36 I bhfianaise nádúr aníos an CFP, é a bheith lonnaithe ar fud na bpobal is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa Stát, agus na ceisteanna faoi chumas an bhoird a eascraíonn uaidh sin, tugadh chun suntais le linn an iniúchta an gá le treisiú suntasach a dhéanamh i ndáil le spriocanna a leagan síos agus tuairisc a thabhairt ar thorthaí. Tugadh faoi deara le linn obair chigireachta go raibh easpa córais taca ann chun bonn treise a chur faoi na torthaí a raibh tuairisc orthu sna ráitis bhliantúla faoi thoradh na hoibre.

24.37 Tugadh chun aire gur cuireadh tuairisc ar thrí chás calaoise chuig coiste iniúchta na Roinne i rith na bliana 2009 a bhain le míleithreasú nó mí-úsáid airgid ag daoine den fhoireann i dtrí cinn de thionscadail forbartha pobail. Ba é toradh a bhí ar fhiosrúchán de chuid an Gharda faoi chás amháin nach raibh dóthain fianaise ann go ndéanfaí imchúiseamh coiriúlachta ach go bhféadfadh an tionscadal féin imeachtaí sibhialta a thionscnamh. Níl dóthain airgid ag an tionscadal chun imeachtaí sibhialta a thionscnamh agus go deimhin tá dearbhaithe go bhfuil sé dócmhainneach tar éis athbhreithniú iniúchóireachta. Táthar i mbun foirceannadh a dhéanamh air. I gcás eile, tugadh ar ais an tsuim €24,000[192] ar dúradh go ndearnadh míleithreasú air agus tá an comhlacht ar an bhfód i gcónaí. Sa tríú cás, tá an comhlacht ar an bhfód i gcónaí agus tá comhad curtha ar aghaidh chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí.

24.38 D'admhaigh an Roinn go raibh ceisteanna maidir le cúrsaí bainistíochta agus rialála ann. Tarraingíodh aird ar na cásanna calaoise a luaitear anseo agus gurbh iad seirbhísí na Roinne féin a thug faoi deara iad agus a thug tuairisc mar gheall orthu. Thug an Roinn le fios chomh maith go raibh bearta éagsúla déanta, ó ghlac an Roinn an cúram i ndáil leis an CFP ar láimh níos lú ná deich mbliana ó shin, chun dul i ngleic le ceisteanna den chineál a bhí ag teacht chun cinn, iad seo a leanas san áireamh

- roinnt CFPanna a raibh ceisteanna tromchúiseacha faoin rialachas ag teacht chun cinn iontu a dhúnadh síos
- treisiú le seirbhísí cigireachta na Roinne agus a dtabhairt le chéile mar aon fheidhm amháin ar fud na gclár éagsúil, CFP san áireamh
- treoir agus cúnamh oiliúna a chur ar fáil do bhoird na CFPanna agus
- cúnamh taca agus comhairle fhorleathan a chur ar fáil don lucht foirne i CFPanna.

24.39 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh próisis ar bun ag an Roinn chun déileáil go sásúil leis na ceisteanna seo agus go ndearnadh san am a caitheadh íocaíochtaí le CFP a chur ar fionraí nó deireadh ar fad a chur le cistí.

24.40 Tá de ghnás ag an Roinn chomh maith treoir a eisiúint go tráthrialta leis na CFPanna maidir le neamhchlaontacht i gcúrsaí polaitíochta agus staonadh ó bheartaíocht a bhaineann le cúrsaí den chineál sin.

24.41 Is é dearcadh na Roinne gur den bhunriachtanas an slánchóiriúchán chun treisiú arís leis na próisis bhainistíochta agus rialála agus le toradh na hoibre sa réimse seo.

192 Tugadh ar ais €26,237 san iomlán (lena n-áirtear ús).

Ní mór don Roinn dul i ngleic leis na ceisteanna atá mar bhac ar an bpróiseas slánchóiriúcháin a thabhairt chun críche a luaithe agus is féidir ionas go maolaítear ar an mbaol a bhaineann le cistí a thabhairt do líon mór eintiteas beag. D'fhéadfadh go mb'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar gach CFP de réir a cháis féin ó tharla oiread éagsúlachta eatarthu maidir le méid agus cineálacha beartaíochta.

Ba cheart déileáil go pras le ceisteanna maidir le cúrsaí rialachais, cúrsaí bainistíochta, rólanna lucht foirne agus línte tuairiscíochta, maoin, buiséid agus cúrsaí beartaíochta d'fhonn cinntiú go dtagann an sineirge a bhfuiltear ag súil leis as an bpróiseas i gcríoch dáiríre.

### *Inmharthanacht, Forluí agus Giaráil*

24.42 Ag teannadh le deireadh na bliana 2009, rinne an Roinn athbhreithniú ar na CFPanna ar fad (180 tionscadal um an dtaca sin) d'fhonn an deis a bheadh ann breis éifeachta a bhaint amach maidir leis na socruithe feidhmiúcháin a shonrú agus d'fhonn tionscadail a thabhairt faoi deara nach mbeadh ag teacht chomh maith sin le cuspóirí an chláir. Ba iad na critéir bhuntábhachta a ndearnadh na tionscadail a mheas ina leith

- Chomh maith agus a bhíothas ag teacht le cuspóirí an chláir.
- Baint le hábhar.
- An gá leis an tionscadal i measc an phobail agus fiúntas an chaiteachais.
- Cúrsaí rialachais.

24.43 Mar gheall ar an gcéad athbhreithniú sin, dearbhaíodh go raibh 29 CFP (16%) nach raibh inmharthana. D'éirigh le 10 gcinn acu sin, tar éis próiseas athbhreithnithe, an cinneadh sin a chur ar neamhní, rud a d'fhág gurbh ionann an céatadán ar measadh nach mb'inmharthana iad agus 10.5%.

24.44 Tugadh faoi deara go raibh dlús mór CFPanna i gceantar áirithe i mBaile Átha Cliath agus iad ar fad i ngar agus i ngaobhar dá chéile. Tugadh faoi deara chomh maith leis sin gur fearr an leas a bhíonn as an CFP a bhíonn i mbun beartaíochta eile freisin a mbíonn ciste lena aghaidh ó fhoinsí eile de chuid an Stáit. Ina ainneoin sin, is beag foinse eile airgid a bhí ag péire de na cúig CFPanna ar tugadh cuairt orthu mar chuid den scrúdúchán seo. Dá bhrí sin, ba ríbheag an bheartaíochta a bhí á déanamh sna CFPanna sin (is i ndáil le tuarastail lucht foirne agus barrchostais an chistíocht CFP).

Agus scrúdú á dhéanamh an bhfuil údar maith leanacht ag tabhairt chiste do bheartaíocht shlánchóirithe, ba cheart go dtabharfadh an comhlacht forbartha áitiúil san áireamh cé chomh mór agus atá seirbhísí pobail eile á gcur ar fáil trí na struchtúir sin.

### *Sineirge a bhaint amach*

24.45 Tá próiseas foirmeálta ar bun trína gcuirtear pleananna an CFP nó an chomhlachta forbartha áitiúil faoi bhráid na mBord Forbartha Cathrach nó Contae d'fhonn a n-aontú sula gcuirtear faoi bhráid na Roinne iad. Ní léir cé mhéad de scrúdú a chuireann an Bord Forbartha Cathrach nó Contae ar a leithéid.

24.46 Tugadh isteach próiseas den chineál céanna i ndáil le CFPanna mar chuid den CFPÁ nua agus sin sula mbeadh an slánchóiriú iomlán ar fáil. D'fhág sin gur ghá do na CFPanna, sula bhfaighfí ciste ar bith i leith na bliana 2010, plean oibre a chur le chéile ina leagfaí amach an

bheartaíocht a bhí i gceist a dhéanamh agus a mbeadh de tháirge as sin agus de thoradh air sin agus aontú leis a fháil ón gcomhlacht forbartha áiitúil deimhnithe a mbeidís á slánchóiriú leis.

24.47 Tugadh chun aire le linn an scrúdúcháin gur beag a bhain leis an bpróiseas seo go ginearálta seachas próiseas síniúcháin. Ní raibh aon scrúdú mionghéar á dhéanamh ar na pleananna oibre i ndáil le chomh mór agus a bheidís ag teacht le clár oibre na gcomhlachtaí forbartha áitiúla féin. I gcás amháin, fuarthas an plean oibre ón CFP a bhí i gceist uaireanta beaga an chloig sula raibh gá é a chur faoi bhráid na Roinne. Luaigh lucht foirne i gcomhlacht forbartha áitiúil amháin gur chosúil, i ndáil leis an mbliain 2010, go raibh gach cúram i ndáil le CFPanna ar an gcomhlacht forbartha áitiúil ach nach raibh aon chuid den údarás ag dul leis.

24.48 Tá luaite ag an Roinn go bhfuil próiseas á thabhairt chun cinn aici faoin gclár leasaithe trína ndéanfar scéimeanna straitéise fadtéarmacha agus pleananna oibre bliantúla na gcomhlachtaí forbartha áitiúla a thabhairt chun cinn agus a chur faoi bhráid na mBord Forbartha Cathrach agus Contae. Beidh de cheangal ar na Boird Forbartha Cathrach agus Contae cinntiú go mbíonn an plean straitéise maidir le forbairt áitiúil ag teacht le plean an Bhoird Forbartha Cathrach nó Contae agus scrúdú a dhéanamh ag faire an dtarlódh aon dúbailte díchill agus d'fhonn ord tábhachta a shocrú a bheadh ag teacht le hord tábhachta ag áisínteachtaí eile Stáit. Éileofar ar an mBord Forbartha Cathrach nó Contae tuairim a lua agus deimhniú go bhfuil plean oibre bliantúil an chomhlachta forbartha áitiúil ag teacht le plean straitéise an Bhoird féin.

24.49 Iarradh ar na Comhlachtaí Forbartha Áitiúla plean agus straitéis feidhmiúcháin a ullmhú faoi dheireadh mí Meitheamh 2010 lena mbainfeadh tráthchlár ama do sheirbhísí a chur i bhfeidhm ar bhealach slánchóirithe.

24.50 Is beag dul chun cinn a tugadh faoi deara ina leith seo le linn an scrúdúcháin agus tá roinnt CFPanna nach bhfuil ag dul i ngleic leis an bpróiseas.

Ní mór don Roinn a chinntiú go nglacann na comhlachtaí forbartha pobail agus na CFPanna go hiomlán leis an bpróiseas agus go ndírítear ar an ngá atá le straitéisí agus pleananna a bheith ag teacht le chéile mar bheart tús áite agus mar choinníoll le cistí sa bhliain 2011.

24.51 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil aontaithe faoin tráth seo na comhlachtaí ar fad - idir na comhlachtaí forbartha áitiúla agus na CFPanna - a bhfuil cistí á bhfáil acu faoin gclár faoi láthair

- an clár nua a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs straitéis slánchóiriúcháin na Roinne
- teacht leis na spriocdhátaí sonracha (pleananna oibre a chur faoi bhráid faoin 26 Márta 2010 agus pleananna slánchóiriúcháin faoin 30 Meitheamh 1010). Tá na pleananna slánchóiriúcháin ina leagtar amach na chéad bhearta eile (lena n-áirítear soláthar d'aistriú gealltanais, aistriú sócmhainní etc.) idir seo agus deireadh na bliana 2010 curtha faoi bhráid agus iad á meas faoi láthair ag Pobal.

24.52 Anuas air sin, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go laghdófar, mar gheall ar an gcóras slánchóiriúcháin faoin CFPÁ, ar an ualach riaracháin ar na boird forbartha cathrach agus contae, trí phlean amháin i leith gach ceantair a theacht faoina mbráid ó gach comhlacht forbartha áitiúil faoi leith agus gné na forbartha pobail den CFPÁ san áireamh ansin.

### *Athbhreithniú maidir le Fiúntas an Chaiteachais*

24.53 Sa bhliain 2007, chuir an Roinn Fitzpatrick Associates ar coimisiún maidir le athbhreithniú a dhéanamh ar an CFACS ó thaobh fiúntas an chaiteachais de agus ó thaobh cúrsaí beartais. Is dócha go mbeadh torthaí an athbheithnithe i gceist chomh mór céanna i ndáil leis an CFPÁ.

24.54 As na 26 moladh a rinne na comhairleoirí, dheimhnigh an Roinn

- go bhfuil cúig cinn de na moltaí curtha i gcríoch nó i bhfeidhm
- go bhfuil na moltaí á gcur i bhfeidhm i sé chás agus
- go bhfuil an t-iarmhéid á mbreithniú.

24.55 I measc na mbeart a moladh agus atá faoi mheas i gcónaí, tá siad seo

- Ról na Roinne agus Phobail faoi seach i ndáil le beartas a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, níor mhór soiléiriú trí chomhaontú leibhéal seirbhíse follasach daingean.
- Ba cheart don Roinn an cheist maidir leis an ról atá ag Pobal a chur amach ar tairiscint a thabhairt faoi mheas.
- Gá le straitéis cumarsáide níos forghníomhaí i ndáil leis an gclár a thabhairt chun cinn ag an Roinn agus ag Pobal maidir le caidreamh idir iad féin agus ranna rialtais eile nó áisínteachtaí eile faoin ról a bheadh ag cláir a théann trasna ar a chéile.
- Ba cheart Coiste Caidrimh náisiúnta a chur ar bun d'fhonn feabhas a chur ar an gceangal idir an clár agus na príomhsholáthraithe ar leibhéal na tíre ar fad.
- Ba cheart do na príomhsholáthraithe seirbhíse cúnamh taca níos fearr, agus níos mó den chomhordú i gceist leis, a chur ar fáil dá gcuid ionadaithe ar bhoird agus ar choistí áitiúla.
- Ní foláir straitéis ghinearálta a thabhairt chun cinn ionas go dtugann na struchtúir áitiúla an clár isteach mar chuid slán dá réimse iomlán beartaíochta.
- Ba cheart don Roinn nó do Phobal cúnamh taca lárnach aon uaire a chur ar fáil d'eintitis nua d'fhonn scrúdú a dhéanamh faoi cheisteanna pearsanra iontu agus cinntiú go mbíonn an cumas ceannasaíochta atá cinniúnach agus na scileanna bainistíochta is gá ar fáil sna struchtúir nua.

> Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht na mbeart sin i gcomhthéacs an CFPÁ nua agus cinntiú go ndéileáiltear go críochnúil mar chuid den chlár nua leis na cinn a bhaineann le hábhar.

### *Tabhairt faoi cheisteanna maidir le Bainistiú Airgeadais agus Rialáil Airgeadais*

24.56 Tugadh faoi deara le linn bearta iniúchóireachta de chuid Phobail go raibh réimse ceisteanna ann faoin mbainistiú airgeadais agus faoin rialú airgeadais le linn na hoibre le dhá bhliain anuas. Bhí cásanna ina measc inar tharla

- nach raibh cáipéisí faoi nósanna imeachta inmheánacha i ndáil le cúrsaí airgeadais sách cuimsitheach agus nár léir go raibh nós imeachta ann maidir le hathbhreithniú inmheánach.
- gur tugadh faoi deara iomrall maidir le tráth caiteachais agus an tráth a tuairiscíodh - mar gheall ar aistriú go dtí cuntais bainc inmheánacha agus seiceanna a scríobhadh ag deireadh bliana ach nár eisíodh go dtí an bhliain dar gcionn. Tugadh faoi deara chomh maith go

raibh cúlchistí suntasacha den airgead tirim ag roinnt comhlachtaí forbartha áitiúla mar gheall ar airgead deontais nár caitheadh.

- go raibh comhaid maidir le tionscadail neamhiomlán.
- nach raibh na gnáis oibre maidir le hiniúchóireacht tríú páirtí a dhéanamh sásúil agus nach raibh na coinníollacha is bunúsaí á gcomhlíonadh ag roinnt páirtnéireachtaí
- nach raibh an Roinn ná Pobal á slánú leis na polasaithe árachais.
- gur tugadh faoi deara baol maidir leis an rialáil inmheánach i ndáil le baincéireacht ar an idirlíon nó córais leictreonaice chun airgead a aistriú.
- nach raibh an cháipéisíocht maidir le polasaithe cionroinnte sásúil i gcónaí ná ceadaithe go foirmeálta.
- nach raibh an reachtaíocht i ndáil le híoc pras cuntais á sásamh go hiomlán.
- nach raibh leabhar fáltas airgid lárnach á choimeád.

Ní foláir díriú ar na ceisteanna seo trí níos mó monatóireachta a dhéanamh i ndáil leis na réimsí áirithe sin a dtarraingítear aird orthu, litreacha faoi sárchleachtas a theacht amach ó Phobail agus cúnamh taca agus oiliúint bhreise a chur ar fáil.

24.57 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh réimse beart tugtha i gcríoch ag Pobal mar gheall ar cheisteanna ar tugadh suntas dóibh le linn iniúchóireachta. I gcás gach iniúchadh faoi leith, déantar gach ábhar suntais a shonraítear a phléigh ina dhiaidh sin leis an gcomhlacht ionas go gcinntítear réiteach air.

24.58 Déanann an t-aonad iniúchóireachta in Pobal seiceáil go tráthrialta chomh maith an bhfuil na bearta a moladh mar gheall ar iniúchadh roimhe seo curtha i bhfeidhm, mar a bheadh geallta ag an gcomhlacht forbartha áitiúil a bhaineann le hábhar, agus déantar tuairiscíocht mar gheall air sin.

24.59 Sa chás nach ndéantar ceist a réiteach a bhí ina ábhar suntais le linn iniúchóireachta, is féidir sraith smachtbhannaí a chur i bhfeidhm dá thoradh sin, idir srianta cistíochta (ionas nach gceadaítear don chomhlacht ach na croíchostais go dtí go réitítear na ceisteanna atá faoi chaibidil) agus an smachtbhanna deiridh (deireadh a chur leis an gconradh).

24.60 Tá réimse beart tugtha i gcríoch ag Pobal freisin chun laigí a tugadh chun suntais mar gheall ar phróiseas an iniúchta a chur ina gceart agus chun a bhfuil foghlamtha ó phróiseas an iniúchta a thabhairt chun aire agus a chur in iúl.

## Conclúid

Tá líon na gcuideachtaí forbartha áitiúla laghduithe ó 94 go dtí 52 de bhun an phróisis chomhtháthaithe. I gcéim bhreise, d'athdhear an Roinn an LDSIP agus an CDP le cúnamh ó CES. Cuireadh tús leis an gclár athdeartha sin (LCDP) in Eanáir 2010. Tá sé mar aidhm ag an gcéad chéim eile an clár nua a sheachadadh trí struchtúr lánpháirtithe a ionchorpraíonn na CDPanna isteach sna cuideachtaí forbartha áitiúla faoi dheireadh 2010.

I gcás cuideachtaí forbartha áitiúla, tá dul chun cinn suntasasch déanta maidir le comhtháthú a bhaint amach. Áirítear ar na réimsí ina bhfuil feabhsuithe nó breis oibre ag teastáil – a chinntiú go n-oibríonn aonáin LCDP nua faoi phlean straitéiseach, sócmhainní barrachais a eascraíonn ó chomhtháthú a aithint, éifeachtaí neamhbheartaithe atá ag teacht chun cinn a bhaineann le clabhsúir aonán a bhainistiú agus soláthar do thuairisciú aschuir feabhsaithe.

Leagann an tuarascáil amach roinnt saincheisteanna a chaithfear dul i ngleic leo le go tabharfar an próiseas lánpháirtithe leanta i gcríoch go héifeachtach agus go héifeachtúil.

- moving to delivery based on a strategic approach to local development and social inclusion initiatives funded through the LCDPgluaiseacht chuig seachadadh bunaithe ar chur chuige straitéiseach maidir le forbairt áitiúil agus tionscnaimh uilechuimsitheacht shóisialta maoinithe tríd an LDCP.
- addressing any remaining barriers to integrationaghaidh a thabhairt ar aon bhac maidir le comhtháthú atá fágtha
- maximising the extent to which other community services are delivered or levered and the impact of local networks optimisedan méid agus a sheachadtar nó a stiúrtar seirbhísí pobail eile a uasmhéadú agus tionchar na líonraí áitiúla a bharrfheabhsú
- implementing relevant recommendations from a 2007 value for money review of the predecessor programme.moltaí ábhartha ó athbhreithniú luach ar airgead ó 2007 ar chlár réamhtheachtaí a chur i bhfeidhm.

# Caibidil 25

## Comhoibriú Idirnáisiúnta

## Cúnamh Forbartha Oifigiúil

# Cúnamh Forbartha Oifigiúil

25.1 Is éard atá i gcúnamh forbartha Oifigiúil (ODA) aistrithe acmhainní arna ndéanamh ag gníomhaireachtaí oifigiúla - bíodh in airgead nó i bhfoirm tráchtearraí nó seirbhísí iad - go tíortha nó críocha i mbéal forbartha nó go forais forbartha iltaobhacha. Ní áirítear aistrithe i meastacháin ODA ach amháin nuair atá siad dírithe ar chur chun cinn forbairt eacnamaíochta agus leasa tíortha i mbéal forbartha[193].

25.2 Is é Cúnamh na hÉireann an rannán laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha a cuireadh ar bun chun clár ODA Rialtas na hÉireann a riar.

25.3 Tá cuntas tabhartha ar an chuid is mó de chaiteachas ODA na hÉireann faoi Vóta 29: Comhoibriú Idirnáisiúnta. In 2009, b'ionann é agus 79% den iomlán. Tá an chuid eile den chaiteachas comhdhéanta de ranníocaíocht na hÉireann do bhuiséad forbartha comhoibriú an AE den chuid is mó, íocaíochtaí ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia do chomhlachtaí idirnáisiúnta (ar a dtugtar cuntas ar a gcuid vótaí faoi seach) agus íocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leis an Scéim In-asbhainteachta Cánach maidir le deonacháin le cumainn charthanais ábhartha.

## Béim na Caibidle

Cuireadh an chaibidil seo le chéile leis an gcaiteachas iomlán ar ODA a chur i láthair in aon ráiteas amháin. Breithnítear freisin na córais atá i bhfeidhm maidir le measúnú a dhéanamh ar ghnéithe den chlár ODA.

## Caiteachas Foriomlán

25.4 B'ionann ODA na hÉireann sa bhliain 2006 agus iomlán de €718 milliún, síos ó €921 milliún in 2008, ar laghdú €202 milliún nó 22% é.

25.5 Léirítear briseadh síos i bhFíor 126 ar conas a cuireadh maoiniú ODA na hÉireann i bhfeidhm. Déantar idirdhealú ansin idir

- **Cúnamh Déthaobhach** — a dhéanann tír bhronntach go díreach le tír atá i mbéal forbartha, agus a sheachadtar trí rialtas na tíre atá i mbéal forbartha nó trí eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna), lena n-áirítear cumainn mhisinéara. Áirítear i gCúnamh Déthaobhach freisin idirbhearta forbartha amhail fóirdheontas úis, caitheamh ar chur chun cinn forbairt feasachta agus atheagrú fiach.
- **Cúnamh Iltaobha*ch*** — a bhaineann le ranníocaíochtaí le gníomhaireachtaí, institiúidí nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéanann ranníocaíochtaí ó thíortha ballstáit a chomhthiomsú agus a fheidhmíonn chun críche forbartha iad.

---

193 Féach bileog sonraí de chuid Choiste Cúnamh Forbartha OECD ***Is it ODA?*** (Bealtaine 2007) le haghaidh míniú ar na critéir a chuirtear i bhfeidhm maidir le meastacháin agus taifeadadh ODA. Is féidir iasacht a áireamh i meastacháin ODA i gcás rátaí úis a bheith faoi bhunleibhéil an mhargaidh agus gné dheontais inti is fiú ar a laghad 25%.


**Fíor 126 Cúnamh Forbartha Oifigiúil, de réir Cineáil, 2007 go 2009**

| | 2007 €m | 2008 €m | 2009 €m |
|---|---|---|---|
| Cúnamh Déthaobhach | 576.0 | 614.8 | 454.9 |
| Cúnamh Iltaobhach | 264.8 | 270.7 | 231.1 |
| Costais Riaracháin (Vóta 29) | 30.1 | 35.1 | 32.2 |
| **Ollchaiteachas Iomlán** | **870.9** | **920.6** | **718.2** |

25.6 Ba do na cláir cúnaimh dhéthaobhaigh ba mhó a rinneadh difear de bharr an laghdaithe ar an gcaiteachas — b'ionann agus 26% an laghdú ar an gcaiteachas ar na cláir sin, sin i gcomparáid le laghdú 15% ar an gcaiteachas ar chúnamh iltaobhach, agus titim 8% ar chostais riaracháin.

25.7 Tá sprioc is ionann agus 0.7% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) leagtha amach ag na Náisiúin Aontaithe do thíortha forbartha le híoc mar chúnamh oifigiúil forbartha in aghaidh na bliana[194]. Mar a léirítear i bhFíor 127, tháinig ardú ar ODA na hÉireann ó 0.3% den OTN in 2000 go 0.59% in 2008, roimh thitim siar go dtí 0.55% in 2009.

**Fíor 127 Cúnamh Forbartha Oifigiúil na hÉireann mar Chéatadán den OTN, 2000-2009**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha

25.8 Níor sháraigh ach cúig thír bhronntacha sprioc na Náisiún Aontaithe in 2009: An tSualainn (1.12%), an Iorua (1.06%), Lucsamburg (1.01%), an Danmhairg (0.88%) agus an Ísiltír (0.82%). Bhain Lucsamburg amach an leibhéal sprice in 2000, agus tá sé ag freastal ar an sprioc ó shin. Bhain na ceithre thír eile an sprioc amach seasta ó na 1970idí.

25.9 Bhí ranníocaíocht ODA na hÉireann ar an seachtú ceann is airde, cothrom leis na bhFionlainn, i measc thíortha na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE).[195] D'fhadaigh an Rialtas an tréimhse ama chun an spriocleibhéal 0.7% a bhaint amach ó 2012 go 2015 ag tabhairt Éire i gcomhréir le tiomantas an AE.

194 Rún 2626 (XXV), 24 Deireadh Fómhair 1970 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

195 ECFE, Glanchúnamh Forbartha Oifigiúil in 2009, Aibreán 2010.

## Cúnamh Forbartha Oifigiúil Déthaobhach

25.10 Soláthraítear beagnach dhá thrian (63%) de ODA na hÉireann trí chláir chomhoibrithe dhéthaobhaigh. Tugtar briseadh síos i bhFíor 128 ar na haistrithe déthaobhacha.

**Fíor 128 Cúnamh Forbartha Oifigiúil Déthaobhach, de réir Cineáil, 2007 go 2009**

| | 2007<br>€m | 2008<br>€m | 2009<br>€m |
|---|---|---|---|
| **Caiteachas comhoibrithe idirnáisiúnta Vóta 29** | | | |
| Cúnamh do thíortha cláir | 185.0 | 218.6 | 195.0 |
| Cúnamh do thíortha eile | 29.4 | 38.2 | 24.5 |
| Tacaíocht ón tSochaí shibhialta, lena n-áirítear cómhaoiniú le NGOanna. | 117.6 | 134.2 | 107.6 |
| Tionscnaimh sláinte agus oideachais dhomhanda | 96.5 | 67.6 | 21.2 |
| Cúnamh éigeandála agus daonchairdiúil | 120.8 | 108.4 | 67.7 |
| Cláir eile | 17.8 | 39.5 | 31.8 |
| ODA déthaobhach ó ghníomhaireachtaí eile rialtais | 8.9 | 8.3 | 7.2 |
| **ODA déthaobhach iomlán** | **576.0** | **614.8** | **454.9** |

### *Cúnamh do Thíortha Sprice*

25.11 Caitheadh €195 milliún ar chláir pháirtíochta cúnaimh tíre in 2009 san iomlán. Is comhpháirtíochtaí straitéise na cláir sin le rialtais tíortha roghnaithe chun tacú, ar bhonn fadtéarmach, le bochtaineacht a laghdú agus le forbairt. Is iad seo a leanas na tíortha lena dtacaíonn Éire faoi na cláir sin: an Aetóip, Leosóta, An Mhaláiv, Mósaimbíc, An Tansáin, Tíomór Thoir, Uganda, Vítneam agus an tSaimbia. Is iad ambasáidí na hÉireann a bhainistíonn an cúnamh forbartha i ngach tír, agus is trí thacaíocht a thabhairt do bheartais forbartha náisiúnta agus buiséid na rialtas comhpháirtíochta, chomh maith le trí eagraíochtaí sochaí sibhialta, NGOanna agus eagraíochtaí eile a bhíonn páirteach i bhforbairt sna tíortha sin a sholáthraítear é.

25.12 Soláthraíodh cúnamh ab iomlán €24.5 milliún freisin do thíortha eile a roghnaíodh in 2009. Tá tacaíocht á tabhairt do chlár san Afraic Theas, faoi mhaoirseacht ag an ambasáid Éireannach ann. Tá clár athshlánaithe a sheachadtar go príomha trí ghníomhaireachtaí sainfheidhmeacha de chuid na Náisiún Aontaithe agus trí NGOanna i bhfeidhm i Siarra Leon agus sa Libéir, arna mhaoirsiú ó oifig i Siarra Leon. Tugadh tacaíocht freisin do chlár sna limistéir atá faoi riar ag na Palaistínigh, agus le haghaidh cláir VEID/SEIF sa tSiombáib a sheachadtar den chuid is mó trí NGOanna. Soláthraíodh cúnamh freisin do chlár chomhpháirtíochta ar mhaithe le tíortha áirithe in Oirthear na hEorpa agus san Áise Láir. Cuireadh deireadh leis an gClár sin in 2010.

### *Tacaíocht Shochaí Sibhialta*

25.13 Áirítear ar an mbuiséad Sochaí Sibhialta scéimeanna éagsúla a ceapadh chun maoiniú le haghaidh idirghabhálacha forbartha a sholáthar do NGOanna, do ghrúpaí misinéireachta agus do chomhpháirtithe sochaí sibhialta eile. Thit caiteachas sa réimse seo 20% in 2009. Is iad seo a leanas príomhbhealaí an chaiteachais

- An ***Scéim Cláir Ilbhliantúil*** — leis an scéim seo soláthraítear maoiniú intuartha ilbhliantúil do chúig NGO, bunaithe ar a gcuid pleananna straitéise. Is iad sin Concern, Trócaire, Christian Aid, Goal agus Self Help Africa. Tá an maoiniú tríd an Scéim bunaithe ar chreat

pleanála straitéise agus ar mhonatóireachta a bheith i bhfeidhm an eagraíocht fála agus ar ghealltanas le feabhsú leanúnach a bheidh ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

- An ***Ciste Sochaí Sibhialta*** — soláthraíonn an ciste seo maoiniú ilbhliantúil thar raon earnálacha sóisialta agus eacnamaíochta. In 2009, maoiníodh thart ar 100 NGO faoin scéim seo.
- ***Misean Cara*** (roimhe seo, the Irish Missionary Resource Service) - Is gníomhaire bainistíochta do mhisinéirí an comhlacht seo a thugann fodheontais do 87 eagraíocht misinéireachta agus a sholáthraíonn acmhainn bhreise tógála agus maoirseacht maidir lena n-idirghabhálacha forbartha.
- **An Scéim Micreathionscadal Laistigh de Thír** — faoin scéim seo, tá buiséid ag naoi n-ambasáid Éireannacha agus ag aon chonsalacht amháin chun tacú go díreach le tionscadail forbartha ar scála beag. Oibríonn an scéim i dtíortha i mbéal forbartha ina bhfuil creidiúnú taidhleoireachta ag Éirinn ach nach bhfuil aon chlár Chúnamh Éireann ar bun iontu.
- **Ionad Eolais agus Clár Bainteach le hOibrithe Deonacha** — Is é cuspóir an ionaid eolas a sholáthar ar shaothar Chúnaimh na hÉireann, agus chun seirbhís eolais a chur ar fáil do dhaoine ar mian leo bheith ag obair mar oibrithe deonacha forbartha thar lear.

## *Cúnamh Sláinte Agus Oideachais Dhomhanda*

25.14 Bhí laghdú dhá thrian ar an gcaiteachas faoi chatagóir na dtionscnamh sláinte agus oideachas domhanda a chuireann tacaíocht ar fáil do líon pháirtithe domhanda san earnáil sláinte agus oideachais. Tá siad seo dírithe go príomha ar VEID / SEIF a chosc agus ar chúram do dhaoine a bhfuil VEID / SEIF orthu agus ar oideachas bunúsach a chur ar fáil sna tíortha is lú forbairt. Soláthraítear maoine do na tionscnaimh trí páirtnéirí domhanda atá go sainiúil do na hearnálacha sláinte agus oideachais.

## *Cúnamh éigeandála agus daonchairdiúil*

25.15 Soláthraítear cúnamh éigeandála agus daonchairdiúil le linn staideanna éigeandála a eascraíonn mar thoradh ar thubaistí nádúrtha nó le linn géarchéimeanna daonnúla, agus ina ndiaidh, agus a bhfuil mar aidhm leis daoine a shábháil, fulaingt a mhaolú agus dínit an duine a choimeád. D'fhéadfaí an maoiniú a sholáthar do rialtais a mbeadh ag déileáil le géarchéimeanna daonnúla trí NGOanna a mbeadh in ann freagairt go tapa do ghéarchéimeanna den sórt, nó trí eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe agus an Chros Dhearg Idirnáisiúnta. Ba €67.7 milliún méid iomlán an chaiteachais ar chúnamh éigeandála agus daonchairdiúil in 2009, mar a léirítear i bhfíor 129. Léiríonn sé sin laghdú 38% i gcomórtas leis an soláthar in 2008.

**Fíor 129 Cúnamh Éigeandála agus Daonchairdiúil, de réir Cineáil, 2007 go 2009**

| | 2007<br>€m | 2008<br>€m | 2009<br>€m |
|---|---|---|---|
| Cúnamh Éigeandála | 90.0 | 87.0 | 56.0 |
| An Tionscnamh um Fhreagra Gasta | 5.0 | 4.5 | 4.5 |
| Ullmhacht d'Éigeandálaí agus Cúnamh Iar-Athshlánaithe[a] | 25.8 | 16.9 | 7.2 |
| **Iomlán an Chúnaimh Éigeandála agus Daonchairdiúla** | **120.8** | **108.4** | **67.7** |

Nóta:

a Ina theannta sin, soláthraíodh maoiniú tríd an gclár speisialta d'athshlánú iar-choinbhleachta i Siarra Leon agus sa Libéir, dá dtagraíodh roimhe seo.

25.16 D'fhonn freagra tapa a éascú ar éigeandálaí, ranníocadh os cionn €23 milliún in 2009 (laghdaithe ó €34 milliún in 2008) le socruithe maoinithe comhthiomsaithe lena n-áirítear Ciste Láir na Náisiún Aontaithe um Fhreagairt ar Éigeandálaí. Tugadh €7.2 milliún breise tríd an gCros Dhearg. Fuair eagraíochtaí de chuid na Náisiún Aontaithe €7.9 milliún a bhfuair an Clár Bia Domhanda an chuid is mó de (€4.6 milliún). Soláthraíodh €12.7 milliún don earnáil NGO dar soláthraíodh €10.9 milliún d'eagraíochtaí bunaithe in Éirinn.

## Cúnamh Forbartha Iltaobhach

25.17 Soláthraítear thart ar 32% de ODA na hÉireann trí ranníocaíochtaí ginearálta le costas obair forbartha arna déanamh ag réimse eagraíochtaí iltaobhacha idirnáisiúnta. Tugtar briseadh síos i bhFíor 130 ar na heagraíochtaí a fuair maoiniú.

**Fíor 130 Cúnamh Forbartha Oifigiúil Déthaobhach, de réir Eagraíochta, 2007 go 2009**

| | 2007 €m | 2008 €m | 2009 €m |
|---|---|---|---|
| Na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear Ranníocaíochtaí Deonacha le gníomhaireachtaí de chuid NA | 111.9 | 102.1 | 60.1 |
| **Gníomhaireachtaí agus tionscnaimh de chuid an Chomhphobail Eorpaigh** | | | |
| Buiséad Comhoibriú Forbartha an AE | 82.0 | 85.3 | 95.1 |
| Ciste Forbartha na hEorpa | 15.3 | 22.0 | 22.0 |
| An Banc Domhanda agus Forais Iltaobhacha Eile | 46.4 | 53.6 | 32.8 |
| Comhaoinithe in éineacht le Gníomhaireachtaí Iltaobhacha | 9.2 | 7.7 | 21.3 |
| **ODA Déthaobhach Iomlán** | **264.8** | **270.7** | **231.1** |

25.18 Is ar na réimsí seo a leanas a dhírítear an maoiniú comhoibrithe iltaobhach go príomha:

- ***Gníomhaireachtaí de chuid na NA*** – Tá ról ag na Náisiúin Aontaithe in aghaidh na bochtaineachta ar fud an domhain agus chun cuidiú cuspóirí comhaontaithe idirnáisiúnta agus Spriocanna Forbartha na Mílaoise a sheachadadh. Soláthraíonn Éire cuid dá ODA le cistí agus le cláir de chuid na NA, go príomha mar chroímhaoiniú dá n-oibríochtaí agus dá ngníomhaíochtaí, ach freisin chun tacú le bearta athchóirithe agus le cláir shonracha lena n-áirítear daonlathas a chruthú agus athchóiriú toghchán, oideachas agus oiliúint, cúnamh do dhídeanaithe, cosaint chearta an duine, cur in aghaidh VEID agus SEIF, córais sláinte a fhorbairt agus cosaint an chomhshaoil.
- **Comhoibriú Forbartha an AE** – Is é an tAontas Eorpach (lena n-áitítear ranníocaíochtaí óna Bhallstáit) an soláthraí cúnamh forbartha is mó ar leibhéal domhanda agus bíonn tionchar aige ar chláir oibre forbartha ar an leibhéal idirnáisiúnta.
- Is bealaí seachadta cúnaimh suntasacha an **Banc Domhanda** agus na bainc forbartha réigiúnacha agus is gníomhairí tábhachtacha iad i ndáil le saincheisteanna beartais agus saincheisteanna athchóirithe ag an leibhéal tíre. Tá Éire ina ranníocóir suntasach, tríd an Roinn Airgeadais, leis an gCumann Forbartha Idirnáisiúnta agus shnaidhm sí le Banc Forbartha na hÁise le gairid. Déanann sé plé leis na bainc ar shaincheisteanna amhail fiach, éifeachtacht an chúnaimh agus beartais forbartha maoinithe, chomh maith le saincheisteanna sonracha a bhaineann le tíortha i gclár Chúnamh na hÉireann.

- ***Comhaoiniú le gníomhaireachtaí iltaobhacha*** lena n-áirítear tacaíocht do thaighde talmhaíochta chun cabhrú leis na boicht trí mheán an Ghrúpa Comhairligh um Thaighde Talmhaíochta Idirnáisiúnta agus an Ciste Domhanda um Éagsúlacht Barr. Tugtar tacaíocht d'fhorbairt na fiontraíochta agus gnóthas ar scála beag tríd an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

## Monatóireacht agus Measúnú ar Chaiteachais ODA

25.19 Feidhmíonn An Roinn Gnóthaí Eachtracha Aonad Luachála agus Iniúchta, arb í an phríomhaidhm atá leis a dhearbhú go bhfuil maoiniú forbartha comhoibrithe á úsáid chun na gcríoch a bhí beartaithe dó agus go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach. Is é Coiste Iniúchta na Roinne a dhéanann oibríochtaí an Aonaid a mhaoirsiú.

25.20 Áirítear ar shaothar an Aonaid Luachála agus Iniúchta cúnamh a sholáthar d'Aonaid eile laistigh de Chúnamh na hÉireann i ndáil le hiniúchtaí a bhainistiú, agus le cur chuige bunaithe ar thorthaí a fhorbairt maidir le foirmliú straitéisí tíortha ina ndéanfar cuspóirí a lua i dtéarmaí a bhféadfaí monatóireacht agus measúnú a dhéanamh orthu. Tugadh isteach plean forásach in 2006 le haghaidh measúnú agus iniúchadh araon chomh maith le plean oibre oibríochta bliantúil arna cheadú ag an Ard-Rúnaí agus comhaontaithe ag an gCoiste Iniúchta

25.21 Déanann an tAonad féin roinnt oibre iniúchta agus measúnaithe, agus coimisiúnaíonn sé gnólachtaí comhairleachta agus gnólachtaí iniúchta le hobair a dhéanamh thar a cheann chomh maith. Braitheann sé freisin ar obair a dhéanann na forais iniúchta náisiúnta laistigh de thíortha cláir faoi seach. Tá béim níos mó á leagan ag Cúnamh na hÉireann ar obair go dlúth leis na forais náisiúnta iniúchta i dtíortha comhpháirtíochta ar mhaithe le feabhas a chur ar bhainistíocht airgeadais agus ar chuntasacht, chomh maith le cumas iniúchta inmheánaigh a neartú ar leibhéal na tíre cláir.

### *Measúnuithe a Cuireadh i gCrích in 2009*

25.22 Rinneadh tríe mheasúnú fhoirmiúla in 2009 ar chláir chúnaimh. Bhain siad sin leis am méid seo a leanas:

- an clár cúnaimh thíre d'Uganda
- tacaíocht do Shiarra Leon agus
- tacaíocht don Libéir.

Tugtar achoimre ar phríomhchonclúidí agus ar mholtaí na measúnuithe in Iarscríbhinn A.

25.23 Cuirtear na measúnachtaí uile faoi bhráid an ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí agus faoi bhráid Choiste Iniúchta na Roinne agus tugtar freagraí foirmiúla orthu. Déantar na measúnachtaí a fhoilsiú agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin Chúnamh na hÉireann.

25.24 Déantar measúnuithe ar an gcaiteachas ar chúnamh mar chuid de chlár an Rialtais i ndáil le hathbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais. Sna measúnuithe sin déantar scrúdú ar luach ar airgead i ndáil leis na cláir chaiteachais, ar feadh réimse Ranna, i dtéarmaí na réasúnaíochta don chaiteachas, d'éifeachtúlacht an tseachadta, d'éifeachtacht, don tionchar a bhaintear amach, agus d'ábharthacht leanúnach an chaiteachais

In 2009, rinneadh athbhreithniú ollmhór ar chaiteachas Chúnamh na hÉireann ar thacaíocht HIV agus AIDS mar chuid den chlár seo.  Tá achoimre ar phríomhchonclúidí agus moltaí an athbhreithnithe le fáil in Iarscríbhinn B.

### *Athbhreithniú Piaraí ar ODA na hÉireann*

25.25 Is coiste de bhallstáit é an Coiste ECFE um Chúnamh Forbartha a chomhaontaigh leathnú a áirithiú ar mhéid comhiomláin na n-acmhainní a chuirtear ar fáil do thíortha i mbéal forbartha agus éifeachtacht chur i bhfeidhm na n-acmhainní sin a fheabhsú. Déanann an Coiste athbhreithniú piaraí thart ar uair sna cúig bliana ar na hiarrachtaí arna ndéanamh ag a gcuid comhaltaí faoi seach maidir le comhoibriú forbartha. Rinneadh beartais agus cláir na hÉireann a athbhreithniú in 2009, agus bhí na torthaí air sin dearfach go ginearálta. Ba iad seo a leanas príomhthorthaí an athbhreithnithe:

- Tá Éire ina ceannródaí maidir le cúnamh a dhéanamh níos éifeachtaí. Díríonn an clár go maith ar líon teoranta tíortha an-bhocht san Afraic. Is deontóir praiticiúil solúbtha í agus is mór an meas atá ag a comhpháirtithe sna tíortha i mbéal forbartha ar an aird a thugtar do thosaíochtaí áitiúla.
- Tá cur chuige na hÉireann maidir le NGOanna Éireannacha agus lena comhpháirtithe iltaobhacha straitéise agus dírithe agus soláthraíonn sí cúnamh daonchairdiúil de réir prionsabal a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta.
- Is clár láidir ceannródaíoch comhoibrithe forbartha é clár Chúnamh na hÉireann atá comhtháite go hiomlán leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Tá dúshláin ann, áfach, i ndáil le Ceannáras Chúnamh na hÉireann a aistriú ó Bhaile Átha Cliath go Luimneach. Glacfaidh sé roinnt ama sula bhféadfaí tionchar fadtéarmach an chláir cúnaimh a mheasúnú, agus molann an Coiste go ndéanfar monatóireacht chúramach air seo.
- Fad atá Éire ag díriú ar thorthaí a bhaint amach ba cheart go ndéanfar feabhas ar a cuid iarrachtaí le tionchar a cláir chúnaimh a mheas.

## Conclúid

Idir 2004 agus 2008, rinne Éire dul chun cinn seasmhach i dtreo sprioc na Náisiún Aontaithe do thíortha forbartha chun ODA de 0.7% nó níos mó den OTN a thabhairt. I ndiaidh leibhéal 0.59% den OTN a bhaint amach in 2008, thit ODA na hÉireann ar ais go 0.55% de OTN mar thoradh ar ghearradh suntasach i leibhéal an leithroinnte in 2009.

Tá próisis agus acmhainní i bhfeidhm ag Cúnamh na hÉireann le measúnuithe foirmiúla a dhéanamh ar éifeachtacht agus ábharthacht leanúnach a chláir chúnaimh, agus comhshnaidhmtear ina straitéise beartas iad. Ba í tuairim an athbhreithnithe piaraí ar chlár cúnaimh oifigiúil na hÉireann go bhfuil Éire chun tosaigh go hidirnáisiúnta ó thaobh cinntiú de go mbíonn comhoibriú forbartha éifeachtach, agus go bhfuil sí dírithe go soiléir ar thorthaí a bhaint amach trína cuid iarrachtaí. Mhol sé gur chóir breithmheas Chúnamh na hÉireann ar thionchar an chláir chúnaimh a fheabhsú.

## Iarscríbhinn A Measúnachtaí ar Chúnamh a Cuireadh i gCrích in 2009 – Príomhchonclúidí agus Moltaí

### *Straitéise Tíre d'Uganda*

Tá Uganda ar an bhfaighteoir is mó ar chúnamh forbartha na hÉireann ó 2000. Faoin straitéis tíre d'Uganda 2007-2009, thoirbhir Cúnamh na hÉireann €118 milliún trí mheascán de mhodhanna seachadta agus earnálacha, lena n-áirítear oideachas (€41 milliún), an Ciste Gníomhaíochta Bochtaineachta (€30 milliún), rialachas (€24 milliún), VEID / SEIF (€16 mhilliún), sláinte (€6 mhilliún) agus tionscadail eile (€1 mhilliún).

Ba í tuairim an athbhreithnithe ar an straitéis tíre gur athraigh Uganda ó bheith ina stát meathlach sa fiche bliain deireanacha go ceann de na geilleagair is tapúla fás san Afraic. Bhí meánfás eacnamaíoch 7.5% in aghaidh na bliana ann idir 2002 agus 2007 agus chuir patrún an fháis leanúnaigh sa tréimhse 20 bliain le laghdú na bochtaineachta ioncaim.

Ba í tuairim na tuarascála go raibh páipéar straitéise tíre Chúnamh na hÉireann 2007-2009 ag teacht go maith le beartais Rialtas Uganda agus gur thug sé aghaidh ar thosaíochtaí straitéise Uganda i ndáil le bochtaineacht a laghdú mar atá leagtha síos sa tríú céim den Phlean Gníomhaíochta um Dhíothú na Bochtaineachta. Meastar gur chruthaigh an plean go maith ach mar sin féin bhí laghdú tagtha ar ábharthacht an phlean de réir mar a chuaigh fás Uganda chun cinn.

Ba í tuairim na tuarascála gur aithin Cúnamh na hÉireann an gá le fócas a chúraim a fheabhsú rud a rinne sé trí aistarraingt as tacaíocht a thabhairt sna hearnálacha sláinte agus talmhaíochta. Rinneadh an t-aistriú as tacú le sláinte tar éis go ndearna measúnú cúramach a dheimhniú go raibh an earnáil maoinithe go maith ag deontóirí eile. Bhí an t-oideachas i gcónaí ar an earnáil is mó ag Cúnamh na hÉireann ó thaobh maoinithe de. Na cláir arna roghnú ag Cúnamh na hÉireann i réimse an rialachais chun tacú leo lena n-áirítear athchóiriú san earnáil phoiblí, dílárú, bainistíocht airgeadais phoiblí, agus an ceartas, dlí agus ceart, fuarthas go raibh gach ceann acu ábhartha.

Áirítear ar na moltaí sa tuarascáil le breithniú maidir le cinneadh á dhéanamh ar straitéis do rannpháirtíocht Chúnamh na hÉireann i soláthar cúnaimh in Uganda amach anseo, an méid seo a leanas

- Raon na n-idirghabhálacha laistigh den dá réimse fócais, eadhon forbairt an duine agus rialachas, a laghdú a thuilleadh agus beartú tosaíochta níos fearr a chinntiú ó thaobh earnálacha, fo-earnálacha agus clár de, chomh maith le straitéisí imeachta cuí i gcás ina mbeidh sé beartaithe díscor.
- Ba chóir tosaíochtaí Chúnamh na hÉireann a bheith ar dhul i ngleic leis an mbochtaineacht thromchúiseach agus leis an éagothroime, ar fheabhas a chur ar cháilíocht an oideachais i réigiúin sprice gheografacha, ar rialachas a fheabhsú, agus ar inscne agus VEID / SEIF a phríomhshruthú.
- Glacadh le cur chuige níos éifeachtaí i leith tacú le buiséad ginearálta agus le buiséad earnálacha lena n-áireofar anailís ar an riosca mhuiníne, grinnscrúdú ar chumas rialtas áitiúil déileáil le deontais choinníollacha, agus fócasú ar thorthaí in earnálacha tosaíochta.
- Cuspóirí an Pháipéir Straitéise Tíre agus na heilimintí tacaíochta a struchtúrú chun cuidiú le monatóireacht agus measúnú a fheabhsú chun críche loighce níos soiléire idir cuspóirí na bhfochlár, torthaí na gclár agus na spriocanna foriomlána.
- Maidir le hoideachas, sruthlíniú a dhéanamh ar thionscnaimh éagsúla agus gan ach gníomhaireachtaí a mhaoiniú - amhail an Coimisiún um Sheirbhís Oideachais, Bord

Náisiúnta na Scrúduithe, Ionad Forbartha an Churaclaim Náisiúnta agus Bord na gCaighdeán Oideachais - le haghaidh gníomhaíochtaí ar leith, agus an Aireacht Oideachais a spreagadh lena maoiniú a ghlacadh chuici féin trí thacú le buiséad na hearnála.

- Maidir le hathchóiriú san earnáil phoiblí, ba chóir do Chúnamh na hÉireann smaoineamh ar dhíriú ar athchóiriú airgeadais seachas ar réimsí eile amhail athchóiriú ar an tseirbhís phoiblí.
- Maidir le hinscne, ba chóir do Chúnamh na hÉireann buiséad sonrach sa chlár a chur i leataobh chun tacú le tionscnaimh inscne. Tá gá freisin le rannpháirtíocht a thabhairt don Aireacht Inscne, Saothair agus Forbartha Sóisialta i bpríomhshruthú inscne.

### *Tacaíocht don Libéir 2006-2009*

Sholáthair an t-athbhreithniú seo do Chúnamh na hÉireann measúnacht dá thacaíocht don Libéir sa tréimhse 2006-2009. Tugadh measúnú san athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar ghnóthachtálacha an chláir le linn na tréimhse sin, agus bhí sé mar aidhm aige cinnteoireacht straitéise a chur ar an eolas faoi fhoirmliú chláir Chúnamh na hÉireann ó 2010 go 2012.

Ba é measúnú foriomlán na measúnachta ar chomhthéacs rannpháirtíocht Chúnamh na hÉireann ná go bhfuil an Libéir fós lag bocht sé bliana tar éis dheireadh an chogaidh. Le linn thréimhse na straitéise, thug Cúnamh na hÉireann €25.7 milliún don tír. Bhí sé seo roinnte ar shíocháin a thógáil (€3 milliún), ar shláinte (€16 milliún), ar uisce agus sláintíocht (€2 milliún), ar bhonneagar (€2 milliún), ar chúnamh éigeandála (€2.1 milliún) agus ar thionscadail eile (€0.6 milliún).

Ba í tuairim an athbhreithnithe go raibh tacaíocht Chúnamh na hÉireann don Libéir i rith 2006-2009 an-ábhartha do riachtanais forbartha an phobail agus do thosaíochtaí rialtais na Libéire. Bhí an fócas ar sheachadadh seirbhíse bunúsaí in earnáil na sláinte agus san earnáil uisce agus sláintíocht, chomh maith leis an obair i réimse na slándála agus an bhonneagair an-ábhartha do riachtanais mhuintir na Libéire.

Dúradh sa tuarascáil go raibh na gníomhaíochtaí sa Libéir arna thacú le Cúnamh na hÉireann ag teacht go maith le beartais chorparáideacha Chúnamh na hÉireann mar atá leagtha amach i mbeartais earnála, téamacha agus daonnúla, agus i bPrionsabail Pháipéir Bháin Rialtais na hÉireann ar fhorbairt an duine, leis an tslándáil, le comhionannas inscne agus le gealltanas chun caidreamh gníomhach Chúnamh na hÉireann le stáit laga a neartú.

Ba é measúnú foriomlán an athbhreithnithe gur baineadh amach sprioc straitéise uileghabhálach Straitéis Eatramhach Chúnamh na hÉireann 2008-2009 i leith na Libéire. Baineadh amach sprioc intuigthe Chúnamh na hÉireann freisin chun cur le bochtaineacht a laghdú trí ghníomhaíocht éigeandála, tarrthála agus athshlánaithe. Chomh maith leis sin, d'éirigh le Cúnamh na hÉireann comhpháirtíochtaí daingne éifeachtacha a fhorbairt le comhpháirtithe rialtas agus le comhpháirtithe forbartha eile agus go raibh sé éifeachtach maidir le cur chun cinn an chomhchuibhithe.

Ba í tuairim an athbhreithnithe gur seachadadh an cúnamh chun tacú le neartú institiúideach an rialtais agus le seachadadh seirbhíse ar bhealaí éagsúla - cistí comhthiomsaithe, cuibhreannais NGO idirnáisiúnta agus tionscadail NGO. Ba í tuairim na tuarascála go raibh an meascán sin de mhodhanna seachadta éifeachtúil iomchuí. Dúradh sa tuarascáil, áfach, gur chóir do Chúnamh na hÉireann, chun bheith ag teacht níos mó le prionsabail an chaidrimh ghníomhaigh le stáit laga, smaoineamh ar rioscaí bainistithe níos mó a ghlacadh trí mhaoiniú a sholáthar go díreach trí chórais rialtais le gnóthachain éifeachtúlachta níos airde a bhaint amach.

Moladh sa tuarascáil go ndéanfar na réimsí seo a leanas a bhreithniú agus cinneadh á dhéanamh ar straitéis do rannpháirtíocht Chúnamh na hÉireann amach anseo i soláthar cúnaimh sa Libéir.

- sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma misean neamhchónaitheach a choinneáil sa Libéir
- leanúint le páirt a ghlacadh san earnáil sláinte, agus an réimse sin a choinneáil sa chéad áit tosaíochta sa Libéir
- leanúint le páirt a ghlacadh i síocháin a thógáil a bheith sa dara háit tosaíochta
- iarrachtaí a athbhreithniú agus tacaíocht a thabhairt dóibh laistigh dá earnálacha gníomhaíochta reatha ina dtugtar aghaidh ar ocras agus ar neamhdhaingneacht faoi bhia
- rannpháirtíocht san earnáil bhonneagair agus sa chiste arna bhainistiú ag an mBanc Domhanda a scor nuair a bheidh deireadh leis an gcéim reatha den ghealltanas
- san fhadtéarma, smaoineamh ar níos mó cúnaimh a scaipeadh go díreach trí chórais rialtais.

### *Tacaíocht do Shiarra Leon 2006-2008*

Sa mheastóireacht sin rinneadh measúnú ar straitéis Chúnamh na hÉireann i ndáil le tacaíocht do Shiarra Leon sa tréimhse 2006-2008 ó thaobh feidhmíochta agus gnóthachtálacha de go dtí seo.

Tá Siarra Leon ag teacht ar ais faoi láthair ó chogadh cathartha a chríochnaigh in 2002. Le linn thréimhse na straitéise, thug Cúnamh na hÉireann beagán níos mó ná €21 milliún don tír. Bhí sé sin roinnte ar shíocháin a thógáil (€10.2 milliún), ar shláinte (€8.8 milliún) agus ar shlándáil bia (€2.1 milliún).

Tá sé mar chonclúid sa Tuarascáil go raibh tacaíocht Chúnamh na hÉireann ábhartha d'fhorbairt riachtanais Shiarra Leon ó thaobh dearaidh agus cur chun feidhme de. Fuarthas go raibh fócas Chúnamh na hÉireann ar an tsláinte, ar shlándáil bia agus ar thionscnaimh síochána a thógáil ábhartha mar réimsí tacaíochta, agus iad dírithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine is boichte agus is imeallaithe sa tír.

Ba í tuairim na measúnachta gur baineadh amach cuspóir Straitéis Eatramhach Chúnamh na hÉireann i leith Shiarra Leon - is é sin, gur chuir Cúnamh na hÉireann 'le comhdhlúthú na síochána agus le laghdú bochtaineachta ag teacht le cuspóirí an Pháipéir Straitéise um Laghdú Bochtaineachta de chuid Rialtas Shiarra Leon.' Deirtear inti freisin gur bhunaigh clár Chúnamh na hÉireann comhpháirtíochtaí fíre éifeachtacha, gur léirigh sé tiomantas láidir le comhchuibhiú deontóra chomh maith le feidhmeanna polaitiúla agus feidhmeanna forbartha a bhí comhtháite go maith. Ar an mbonn sin, ba í tuairim na meastóireachta gur chlár forbartha suaitheanta an-mhaith an tacaíocht.

Go fiú nár seachadadh an cúnamh go díreach trí chórais rialtais, ba í tuairim na meastóireachta go raibh an meascán de mhodhanna seachadta a úsáideadh éifeachtúil. Bhí siad ag teacht go maith le polasaithe agus beartais an Rialtais, agus d'oibrigh siad ar bhealaí a bhí comhoiriúnach le córais rialachais na tíre.

Moladh sa tuarascáil go ndéanfaidh Cúnamh na hÉireann na réimsí seo a leanas a bhreithniú agus straitéis nua á dearadh do Shiarra Leon

- iarrachtaí a dhíriú i gcónaí ar an tsláinte, ar shlándáil bia agus ar chuspóirí tógála síochána
- na céimeanna is gá a ghlacadh san fhadtéarma chun bogadh i dtreo cúnamh a sheachadadh níos dírí trí chórais rialtais
- leanúint le maoiniú intuartha a sholáthar - a mheastar a bheith ar an gcleachtas oibre is fearr i stát lag – do chlár Shiarra Leon

- córais fheabhsaithe a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht faisnéise, monatóireacht, tuairisciú, iniúchadh, doiciméadú agus scaipeadh
- leanúint le prionsabail na stát lag a chur i bhfeidhm go docht[196], a bheith nuálach agus solúbtha ó thaobh dearadh cláir de agus a bheith toilteanach i gcónaí oiriúnú go pras i bhfianaise imthosca athraitheacha.

[196] Soláthraíonn ***na Prionsabail le haghaidh Dea-Rannpháirtíochta Idirnáisiúnta i Stáit agus i gCásanna Laga –*** dá dtagraítear go minic mar Phrionsabail na Stát Lag – tacar treoirlínte chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht an phobail idirnáisiúnta i suíomhanna coinbhleachta agus laige. Cheadaigh an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) in 2007 iad agus tá siad liostaithe ag www.oecd.org/fsprinciples

## Iarscríbhinn B Caiteachas Chúnamh na hÉireann a Bhaineann le VEID agus SEIF

San athbhreithniú rinneadh scrúdú ar an gcaiteachas sa tréimhse 2000-2007, agus déileáladh go sonrach le

- cáilíocht fhoriomlán fhreagra Chúnamh na hÉireann ar VEID agus SEIF
- bainistíocht chaiteachas Chúnamh na hÉireann ar VEID agus SEIF ag teacht lena straitéis fhoriomlán
- éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, tionchar/rannchuidiú agus inbhuanaitheacht fhreagra Chúnamh na hÉireann ar an bpaindéim dhomhanda VEID agus SEIF.

Sa tréimhse atá clúdaithe san athbhreithniú, tá caiteachas ar chúnamh iomlán de €340 milliún tiomnaithe go sonrach d'idirghabhálacha VEID agus SEIF.

Seachadtar freagra Chúnamh na hÉireann ar VEID agus ar SEIF ar leibhéil dhomhanda, réigiúnacha agus náisiúnta, trí raon modhanna seachadta agus trí raon eagraíochtaí. Áirítear ar na tacaíochtaí sin tionscnaimh i roinnt tíortha san Afraic Fho-Shahárach, maoiniú le haghaidh NGOanna agus cúnaimh iltaobhaigh, amhail UNAIDS agus an Ciste Domhanda le cur in aghaidh SEIF, na hEitinne agus na Maláire. Ina theannta sin, bainistíonn Cúnamh na hÉireann clár réigiúnach VEID agus SEIF i nDeisceart agus in Oirthear na hAfraice, agus tacaíonn sé le cláir VEID agus SEIF de chuid UNICEF in Oirthear na hEorpa agus i nGána.

Ba í tuairim an athbhreithnithe gur feidhmiú bailí de mhaoiniú poiblí lena raibh údar maith freagra Chúnamh na hÉireann ar an bpaindéim VEID agus SEIF, agus gur bhain leibhéal ard ábharthachta agus comhleanúnachais leis.

Scaip Cúnamh na hÉireann cuid shuntasach (níos mó ná 41%) dá mhaoiniú le haghaidh VEID agus SEIF trí ghníomhaireachtaí iltaobhacha domhanda a raibh an acmhainn acu suimeanna móra maoinithe a úsáid go héifeachtach. Breathnaíodh easnamh sa tuarascáil, áfach, i dtaca le húsáid an chóid DAC de chuid na hECFE i dtuairisciú caiteachais ar VEID agus SEIF sa chóras bainistíochta faisnéis airgeadais de chuid Chúnamh na hÉireann. Is féidir cineálacha eile caiteachais a bheith i gceist sa chód, agus d'fhéadfaí caiteachas a aicmiú go neamhréireach, mar sin, agus an caitheamh ar thionscnaimh VEID agus SEIF a áibhliú.

Ba í tuairim na tuarascála go raibh cinnteoireacht Chúnamh na hÉireann bunaithe ar fhianaise le linn thréimhse an athbhreithnithe agus go raibh sí curtha ar an eolas ag tréanobair anailíse ba mhinic a choimisiúnaigh Cúnamh na hÉireann go díreach. Ghlac siad cur chuige comhchuibhithe i leith monatóireacht agus measúnú inar baineadh feidhm as creataí tomhaiste feidhmíochta a bhí ann cheana féin, agus bhí siad réamhghníomhach ó thaobh staidéar agus taighde a dhéanamh chomh maith.

Moladh sa tuarascáil go ndéanfaí na réimsí seo a leanas a bhreithniú agus cinneadh á dhéanamh ar straitéis do rannpháirtíocht Chúnamh na hÉireann i dtacú le VEID agus SEIF amach anseo - Ba chóir do Chúnamh na hÉireann

- scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir an clár VEID agus SEIF atá ann cheana féin a oiriúnú lena chinntiú go ndéanfaidh an fhoireann atá ann faoi láthair an clár a bhainistiú go héifeachtach, agus an spleáchas do chomhairleoirí seachtracha a laghdú ag an am céanna
- leanúint le creataí tomhaiste feidhmíochta a fhorbairt faoi threoir cuspóirí beartas lárnach faoi leith
- scrúdú a dhéanamh ar conas a fhéadfaidh a chóras eolais bainistíochta airgeadais an maoiniú do VEID agus SEIF a rianú níos éifeachtaí.
- cur lena chuid iarrachtaí chun éifeachtacht an chúnaimh a chur chun cinn i measc a chomhpháirtithe domhanda agus náisiúnta i gcomhthéacs a chláir VEID agus SEIF.

# Caibidil 26

## Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

## Cláir Fhuinnim

# Cláir Fhuinnim

26.1 Tá an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) freagrach as beartas a bhaineann le bainsitíocht agus soláthar fuinnimh na hÉireann. Áirítear ar a gcuspóirí éifeachtacht fuinnimh níos fearr a chur chun cinn trí chúnamh dírithe agus níos mó úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí inathnuaite sna hearnálacha baile agus na hearnálacha nach earnálacha baile iad. Chaith sí €81 millliún ar thionscnaimh fhuinnimh in 2009 (€68 milliún i 2008).

## Meicníochtaí Seachadta

26.2 Maoiníonn DCENR gníomhaireacht fuinnimh na hÉireann, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun na scéimeanna seo a sholáthar. Áirítear ar na feidhmeanna atá aige scéimeanna atá dírithe ar imscaradh teicneolaíochtaí fuinnimh a bhainistiú agus feasacht a ardú maidir le héifeachtacht fuinnimh trí eolas, comhairle agus poiblíocht ar shárchleachtas sa timpeallacht fuinnimh a sholáthar.

### Béim na Caibidle

Is ionann an earnáil chónaithe agus níos mó ná 24% den ídiú fuinnimh deiridh. Athbhreithníodh trí scéim le linn an iniúchta – péire faoin gclár fuinnimh inbhuanaithe agus ceann faoin gclár taighde fuinnimh. Ba iad seo a leanas na scéimeanna

- Tithe Níos Teo
- Tithe Níos Glaise
- Teach na Todhchaí.

Rinneadh athbhreithniú ar na trí scéim fuinnimh

- lena mheas cibé an ndearnadh rialú cuí ar an gcúnamh airgeadais a soláthraíodh
- lena fháil amach cén bealach a ndearnadh na scéimeann a riaradh lena n-áirítear an t-aschur agus an fheidhmíocht faoi gach scéim agus an méid a ndearnadh measúnú ar na scéimeanna.

26.3 Tá na scéimeanna deartha chun cuid de pholasaí fuinnimh inbhuanaithe na hÉireann a chur i bhfeidhm, atá dírithe ar mheascán d'éifeachtacht fuinnimh feabhsaithe agus leas níos leithne a bhaint as fuinneamh inathnuaite. Léiríonn Aguisín A na scéimeanna atá mar chuid den tionscnamh seo.

## Rialú Airgeadais na Scéimeanna

26.4 Ó bunaíodh iad, bhí caiteachas carnach de €120 milliún ag na trí scéim suas go dtí 31 Nollaig 2009 mar a léirítear i bhFíor 131.

**Fíor 131 Athbhreithniú Caiteachais ar Scéimeanna**

| Scéim | Bliain a Bunaíodh | Caiteachas Carntha go dtí deireadh 2009[a]<br>€m |
|---|---|---|
| Tithe Níos Teo | 2003 | 26.03 |
| Tithe Níos Glaise | 2006 | 66.91 |
| Teach na Todhchaí | 2001 | 27.12 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **120.06** |

Foinse: SEAI
Nóta:
a Tá sonraí 2009 sealadach

26.5 Mar chuid den iniúchadh seo rinneadh athbhreithniú ar shampla idirbheart do gach ceann de na trí scéim lena chinntiú

- go bhfuil sonraí na foirme iarratais ag cloí le cáipéisíocht tacaíochta
- gur chomhlíon an t-iarrthóir coinníollacha na scéime agus go raibh siad i dteideal an deontais
- go raibh an fheidhm cheadaithe d'íocaíocht coinnithe ag leibhéal cuí bainistíochta
- go raibh íocaíochtaí ag cloí le taifid airgeadais
- gur taifeadadh agus gur tuairiscíodh íocaíochtaí faoi na teidil chuí
- gur taifeadadh íocaíochtaí agus sonraisc sa tréimhse chuntasaíochta cheart.

Fuair an t-iniúchadh amach go raibh na rialuithe roimhe seo i bhfeidhm agus gur próiseáladh na híocaíochtaí go cuí.

## Riaradh Scéime

### *Scéim Tithe Níos Teo*

26.6 Measadh in 2001 go raibh thart ar 62,000 sealbhóir tí in Éirinn ina gcónaí i mbochtaineacht fuinnimh sheasmhach agus go raibh 165,000 eile ag fulaingt bochtaineacht fuinnimh eatramhach[197]. Is éard is bochtaineacht fuinnimh ann ná gan a bheith in ann do theach a théamh chuig teocht dhóthanach (sábháilte agus compordach) mar gheall ar ioncam íseal agus tithíocht nach bhfuil éifeachtach ó thaobh fuinnimh de [198].

26.7 In iarracht aghaidh a thabhairt air sin, cuireadh tús le Clár Thithíocht ar Ioncam Íseal sna 1990idí, á riaradh ag SEAI ag úsáid eagraíochtaí pobalbhunaithe le tacaíocht ó Scéimeanna Fostaíochta Pobail, Scéimeanna Geilleagair Shóisialta agus Scéimeanna Tionscnaimh Poist. In 2003, ionchorpraíodh an clár sin isteach sa Scéim Tithe Níos Teo. Bunaíodh an Scéim Tithe Níos Teo mar thoradh ar na moltaí i dTuarascáil Fitzpatrick [199].

---

197 Tuarascáil Fitzpatrick – Athbhreithniú ar Bhochtaineacht Fuinnimh agus ar Thithíocht ar Ioncam Íseal 2003, Samhain 2003 (Comhpháirtithe Fitzpatrick)

198 Clinch agus Healy – Bochtaineacht Bhreosla a Mhaolú in Éirinn: Clár don 21ú Aois

199 Tuarascáil Fitzpatrick – Athbhreithniú ar Bhochtaineacht Fuinnimh agus ar Thithíocht ar Ioncam Íseal 2003, Samhain 2003 (Comhpháirtithe Fitzpatrick)

### *Bunús agus Cuspóirí na Scéime*

26.8 Soláthraíonn Scéim Tithe Níos Teo maoiniú chun bearta atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh a shuiteáil i líonta tí nach bhfuil in acmhainn na hinfheistíochta caipitil ábhartha. Seo a leanas príomhchuspóirí na scéime:

- éifeachtacht fuinnimh agus riocht compoird na dtithe a tógadh roimh 2002 a fheabhsú atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a bhfuil bochtaineacht fuinnimh ag dul dóibh
- na córais a bhunú agus acmhainneacht bearta den sórt sort a shuiteáil in Éirinn a mhéadú.

### *Socruithe Feidhmithe*

26.9 Tá an scéim á riaradh go príomha ag SEAI trí 22 Eagraíocht PhobalBhunaithe (CBOanna) charthanach nó neamhbhrabúsach.

## Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Tá Eagraíochtaí Pobal Bhunaithe (CBOanna) éagsúil i dtéarmaí modh oibríochta agus maoinithe de. De ghnáth, soláthraíonn siad deiseanna dóibh siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach, trí Scéimeanna Fostaíochta Pobail, iad ag fáil oiliúna agus fostaíochta agus na táirgí fuinnimh á suiteáil acu. Faigheann CBOanna maoiniú ó roinnt foinsí lena n-áirítear FÁS, údaráis áitiúla agus Ranna eile.

Roghnaíonn an SEAI eagraíochtaí seachadta i ndiaidh dó measúnú a dhéanamh faoi chritéir ar nós

- cibé an bhfuil teist rathúil acu go dtí seo maidir le fuinnimh nó bearta comhchosúla a sheachadadh nó nach bhfuil
- cibé an bhfuil feasacht theicniúil acu agus go mbeidis in ann a bheith tiomanta do na caighdeáin agus do riachtanas oiliúna SEAI nó nach bhfuil
- cibé an bhfuil siad in ann maoiniú a fháil ó fhoinsí eile chun costais saothair agus forchostais a chlúdach nó nach bhfuil
- cibé an bhfuil siad suite i gceantar ina dteastaíonn an tseirbhís nó nach bhfuil.

I gcleachtas, is é an gnáthchineál oibre a bhíonn i gceist ná insliú, teach a dhéanamh díonmhar ar shéideáin agus fálú a dhéanamh ar shorcóirí uisce te. Tarraingítear anuas maoiniú i dtráthchodanna bunaithe ar ghníomhaíocht iarbhír.

26.10 Déanann an CBO measúnú ar an sealbhóir tí ag cur fachtóirí ar nós ioncam, imthosca agus aois bhaill an líon tí san áireamh. Is é an príomhchritéar cáilitheachta ná go bhfuil an líon tí ag fáil liúntas breosla ón Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP), chomh maith le maoin a tógadh roimh 2002 a bheith i seilbh. Nuair a mheastar sealbhóir tí a bheith i dteideal deontais agus go bhfuil an áit chónaithe oiriúnach do na bearta riachtanacha, déanann an CBO an obair. Roimh 2010, rinne an sealbhóir tí ranníocaíocht airgeadais bheag chuig an CBO i gcásanna ar leith.

### *Toradh agus Costas*

26.11 Idir 2003 agus Nollaig 2009, bhí leas bainte ag 32,591 líon tí as an scéim seo. Tá sé tugtha le fíos ag SEAI go bhfuil luas leathnaithe na scéime ó thaobh sheachadadh clár agus tionchair á chinneadh ag leithroinntí buiséid bhliantúla.

26.12 Ba ionann an infheistíocht bheartaithe iomlán don scéim ó 2003 go dtí deireadh 2009 agus €27.5 milliún. Sin i gcomparáid le caiteachas €26 milliún sa tréimhse chéanna. Tá costais bheartaithe, toradh agus lion líonta tí don scéim leagtha amach i bhFíor 132.

**Fíor 132 Costais, Toradh agus Líon Líonta Tí Beartaithe, don Scéim 2003-2009**

| | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009[a] | Iomlán go dtí deireadh 2009 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Costais Bheartaithe (€m) | 0.90 | 0.85 | 1.55 | 1.70 | 2.50 | 5.00 | 15.00 | **27.50** |
| Toradh (€) | 0.79 | 0.95 | 1.42 | 2.00 | 2.40 | 5.69 | 12.78 | **26.03** |
| **Líonta Tí a fuair Cúnamh** | **1,768** | **1,947** | **1,813** | **2,102** | **3,378** | **5,343** | **16,240** | **32,591** |

Foinse: SEAI

Nóta:

a Tá sonraí 2009 sealadach

## *Riaradh na Scéime*

26.13 Cuireann an CBO cáipéisíocht íocaíochta isteach chuig an SEAI agus íoctar é in am trátha. Déanann an SEAI iniúchadh ar gach CBO lena chinntiú go bhfuil an cháipéisíocht a chuirtear isteach cruinn agus ceart. Déanann na hiniúchtaí seiceáil chomh maith go bhfuil an CBO ag cloí le téarmaí SEAI ar nós árachais agus riaradh sonraí. Déanann na CBOanna nuashonrú ar bhunachar sonraí atá ag an SEAI thar an idirlíon a thugann sonraí ar líon na líonta tí a bhfuil cúnamh faighte acu, na bearta a suiteáladh, na costais, foinse an iarratais bhunaidh, suíomh geografach agus ainm an tsuiteálaí. Tá an bunachar sonraí sin faoi úinéireacht an SEAI agus á bhailíochtú ag gníomhaireacht neamhspleách (an ghníomhaireacht deontais fuinnimh)[200].

26.14 Déanann an ghníomhaireacht deontais fuinnimh iniúchtaí thar ceann an SEAI nuair atá an obair shuiteála deontas-chuidithe curtha i gcríoch. Tá spriocráta iniúchta idir 10% agus 15% suíomhanna socraithe ag an ngníomhaireacht deontais fuinnimh. In 2009, chosain an próiseas iniúchta agus seirbhís ábhartha (lena n-áirítear cothabháil na n-ionad glaonna agus tacaíocht riaracháin) €553,000 ar an SEAI. Mar chuid dá conradh leis an SEAI, déanann an ghníomhaireacht deontais fuinnimh suirbhéanna sástachta custaiméirí chomh maith. Baintear úsáid as aiseolas ón bpróiseas iniúchta agus as na suirbhéanna sástachta custaiméirí chun sástacht chustaiméirí a mheas. Tá sé tuairiscithe ag an SEAI go bhfuil leibhéil sástachta leis an scéim ard.

200 I ndiadh comórtas tairisceana, chuir an SEAI gnéithe cáilíochta na hoibre amach ar conradh chuig gníomhaireacht. Bunaíodh an ghníomhaireacht seo in 1990 sa Ríocht Aontaithe mar chomhlacht faoi úinéireacht phríobháideach chun éifeachtaí maoinithe a threorú chun coinníollacha maireachtála na ndaoine leochaileacha a raibh cónaí orthu i dtithe neamhéifeachtúla fuinnimh fuar agus tais a fheabhsú. In 2007, bhí an ghníomhaireacht seo ar an bpríomhchonraitheoir, nó an gníomhaire bainistithe, do scéimeanna éifeachtachta fuinnimh ar nós Tithe Te (i dTuaisceart Éireann), Warm Front (i Sasana) agus HEES (sa Bhreatain Bheag).

26.15 Tuairiscíonn an ghníomhaireacht deontais fuinnimh gach mí

- maidir le líon na dtithe ina ndearnadh an obair laistigh de mhí agus go carnach
- maidir leis an gcineál gníomhaíochta a rinneadh
- maidir le caiteachas gach CBO
- maidir le líon na n-iniúchtaí rialaithe cáilíochta agus a dtorthaí.

## Scéim Tithe Níos Teo Plus

In 2009, mar thoradh ar an maoiniú breise a sholáthair an DCENR, leathnaíodh an Scéim Tithe Níos Teo. Soláthraíonn an leathnú sin ar an scéim do chlúdach geografach níos leithne toisc go bhfuil roinnt de na suíomhanna lasmuigh den líonra CBO atá ann cheana agus méidíonn sé líon na mbeart atá ar fáil chun idirghabhálacha mar théamh lárnach agus tirimlíneáil a chur san áireamh. Baineadh an leathnú sin maidir le seachadadh scéime amach trí phainéal conraitheoirí príobháideacha a cheapadh trí sholáthar phoiblí.

As na 16,240 teach a cuireadh i gcríoch faoin Scéim Tithe Níos Teo in 2009, sheachaid an CBO 12,669 teach agus seachadadh 3,571 trí chonraitheoirí príobháideacha. Ghlac 219 acu as bearta nach raibh ar fáil ach amháin mar thoradh ar leathnú na scéime.

De réir an SEAI, tá clúdach náisiúnta iomlán don scéim ar fáil anois in 2010.

Faoin bpróiseas iniúchta don Scéim Tithe Níos Teo, tugadh ar aird go raibh torthaí iniúchta an-lag do na conraitheoirí príobháideacha ag tús leathadh amach na scéime leathnaithe. De réir an SEAI, ní hé nach mbeifí ag súil leis sin, mar go raibh conraitheoirí ag dul i gcleachtadh ar shonraíochtaí teicniúla agus ní dhearnadh ceardlanna go dtí go raibh an painéal conraitheoirí bunaithe ar feadh píosa. De réir an SEAI, shroich pasrátaí iniúchta 92% ar an meán faoi 2010.

### *Torthaí agus Meastóireacht*

26.16 Go dáta ní dhearnadh aon measúnú seachtrach ar an tionscadal seo. Bhainfeadh an scéim leas as meastóireacht ag an bpointe seo dá bhforbairt, lena n-áirítear iniúchadh ar an méid agus a bhfuil a gcuspóirí luaite bainte amach aici mar

- éifeachtacht fuinnimh agus imthosca compoird na líonta tí spriocdhírithe atá ag fulaingt de bharr bhochtaineacht fuinnimh a fheabhsú
- na córais a bhunú agus acmhainneacht in Éirinn a mhéadú chun na bearta éifeachtacha fuinnimh a shuiteáil

26.17 Níor léir cibé ar baineadh na líonta tí a fhaigheann cúnamh faoin scéim ó bhochtaineacht fuinnimh mar nach tomhaiseann an SEAI tionchar na scéime ar éifeachtacht fuinnimh na líonta tí a fhaigheann cúnamh deontais. I mí na Samhna 2008, mheas an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) go raibh idir 68,000 agus 301,000 líon tí ag fulaingt de bharr bochtaineachta fuinnimh de chineál éigin. Ach níl modheolaíocht bunaithe go fóill chun na líonta tí sin a shainmhíniú nó a aithint. Cé go bhfuil teidlíocht an líon tí do liúntas breosla mar phríomhchritéar incháilitheachta do dheontas Tithe Níos Teo, chun an tionchar is mó a bhaint amach ní mór don scéim díriú go gníomhach ar dhaoine a fhaigheann liúntas breosla. Tá cor poist chuig 20,000 teach i rith 2009 chun faighteoirí liúntas breosla a chur ar an eolas faoin Scéim Tithe Níos Teo mar thionscnamh maith maidir leis sin.

26.18 Tá Straitéis Inacmhainneachta Fuinnimh nua á dréachtú ag an DCENR, an DSP agus ag an SEAI. Tuigtear go mbeidh an chéad dréacht den Straitéis réidh faoi Fhómhar 2010.

### *Tithe Níos Glaise*

26.19 Soláthraíonn an Scéim Tithe Níos Glaise deontais chun teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite a shuiteáil. Cuireadh tús léi in 2006 le achar beartaithe de chúig bhliana.

#### *Bunús agus Cuspóirí na Scéime*

26.20 Áirítear ar na suiteálacha sa chatagóir seo grianphainéil teasa, caidéil teasa, soirn scealpóg adhmaid\millíní adhmaid agus cóirí gásúcháin adhmaid.

26.21 Athraíonn an leibhéal tacaíochta deontais ó €800 go dtí €3,500 an suiteáil. Féadann suiteálaí atá cláraithe leis an SEAI na suiteálacha a dhéanamh. Tá cáilíochtaí faighte ag na suiteálaithe seo faoi scéimeanna oiliúna atá ceadaithe ag FETAC[201].

26.22 Is iad cuspóirí na scéime seo ná

- líon na líonta tí in Éirinn a úsáideann teas fuinnimh inathnuaite a mhéadú
- tomhaltóirí a threorú agus feasacht a fheabhsú ar roghanna teasa fuinnimh inathnuaite
- a chinntiú go leanann an margadh do na táirgí,[202] na seirbhísí[203] agus breosla[204] ar aghaidh ag forbairt ar bhealach bríomhar
- an méid a bhraitheann Éire ar allmhairí breosla iontaise a laghdú
- leas a dhéanamh don timpeallacht trí astuithe dé-ocsaíd charbóin a laghdú.

#### *Socruithe Feidhmithe*

26.23 Déanann iarratasóirí iarratas ar dheontas go díreach chuig an SEAI. Nuair a fhaigheann siad ceadú on SEAI féadfaidh siad leanúint ar aghaidh leis an suiteáil. Fostaíonn an t-iarratasóir an suiteálaí. Déanann an suiteálaí an obair agus deimhníonn sé go gcloíonn sé leis na caighdeáin riachtanacha. Déantar na híocaíochtaí díreach chuig na hiarratasóirí de bhun éilimh dhoiciméadaithe agus dheimhniúcháin an tsuiteálaí.

#### *Toradh agus Costais*

26.24 Socraíodh an buiséad don Scéim Tithe Níos Glaise don tréimhse ag 2006-2010 ag €27 milliún. Méadaíodh an buiséad lithroinnte go dtí €57 milliún in 2007 chun na leibhéil éilimh a bhí níos airde ná a raibh súil leo a chur san áireamh. In 2009, is é an buiséad atá leithroinnte don scéim ná €68 milliún. Mar an gcéanna le deireadh 2009 bhí iomlán de €67 milliún caite. Tá costais, toradh agus roinnt suiteálacha beartaithe don scéim do 2006-2009 leagtha amach i bhFíor 133.

---

201 Is í Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) an comhlacht dámhachtana náisiúnta do bhreisoideachas agus d'oiliúint in Éirinn.

202 Ar na táirgí a mheastar a bheith incháilithe faoin scéim tá córais fuinnimh-bhunaithe inathnuaite faoi na catagóirí seo a leanas – téamh na gréine, caidéil teasa, soirn scealpóga adhmaid/ millíní adhmhaid agus cóirí gásúcháin adhmaid.

203 Baineann seirbhísí sa chás seo le suiteálaithe agus soláthróirí táirgí.

204 Faoin scéim seo, is scealpóga agus millíní adhmaid na breoslaí atá i gceist.

**Fíor 133 Costais, Toradh agus Líon Suiteálacha Beartaithe, don Scéim 2006-2009**

| | 2006 | 2007 | 2008 | 2009[a] | Iomlán go dtí deireadh 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| Costais Bheartaithe | 4.90 | 28.20 | 22.50 | 12.35 | **67.95** |
| Toradh | 5.04 | 27.67 | 22.55 | 11.65 | **66.91** |
| **Líon Suiteálacha** | **1,338** | **8,387** | **9,643** | **7,311** | **26,679** |

Foinse: SEAI

Note:

a Sonraí sealadacha iad sonraí 2009

## *Riaradh na Scéime*

26.25 I ndiaidh suiteála, déanann an SEAI iniúchadh ar na fearais agus na córais atá suiteáilte. In 2006, beartaíodh go ndéanfadh an SEAI iniúchadh ar 10% de na suiteálacha gach bliain. I láthair na huaire, roghnaítear na hiniúchtaí go randamach nó mar thoradh ar ghearáin nó más suiteálaí nua a rinne an obair. Amhail mí na Nollag 2009, bhí 2,255 suiteáil i gcríoch a léiríonn 8.5% de na suiteálacha go léir. Fuair iniúchtaí amach gur chaith an suiteálaí cuairt a thabhairt in athuair nó réiteach a fháil ar 1,477 suiteáil nó 65% den obair ar fad a ndearnadh iniúchadh uirthi. Tá toradh na n-iniúchtaí sin i bhFíor 134.

**Fíor 134 Cigireachtaí agus Leibhéil Déine Saincheisteanna**

| | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | Iomlán go dtí deireadh 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Leibhéal 1[a] | 21 | 81 | 105 | 36 | **243** |
| Leibhéal 2[b] | 124 | 419 | 399 | 292 | **1,234** |
| Leibhéal 3[c] | 31 | 125 | 126 | 131 | **413** |
| Gan aon Saincheist | - | 116 | 134 | 115 | **365** |
| | **176** | **741** | **764** | **574** | **2,255** |

Foinse: SEAI

Nótaí:

a Riosca Sláinte agus Sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith ann agus a dteastaíonn cuairt in athuair uaidh.

b Gnéithe a bhfuil sé de chumas acu tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht an chórais agus a dteastaíonn cuairt in athuair uathu.

c. Saincheisteanna a chuirtear in iúl don suiteálaí i gcomhair tagartha amach anseo nach dteastaíonn cuairt in athuair uathu.

26.26 Ó tharla go léiríonn an líon sin cuairteanna in athuair agus ábhar imní go dteastaíonn aghaidh a thabhairt ar chaighdeán na suiteálacha, chuaigh mé ar thóir tuairimí an SEAI. Thug an SEAI le fios gur mheas sé nach hé nach mbeifí ag súil leis an leibhéal sin oibre in athuair nuair a chuirtear an cur chuige a ghlactar i dtaobh iniúchta go ginearálta san áireamh faoi chláir SEAI agus na rioscaí a bhfuil eolas orthu sa treallús beartas náisiúnta chun córais nuálacha nó neamhchomónta a thabhairt isteach i margadh baile neamhrialáilte traidisiúnta. Deirtear sa chéad ásc, go raibh iniúchtaí in aghaidh caighdeáin an-arda a bhí socraithe ag an SEAI. Mar gheall air sin, ní gá go gciallódh obair in athuair go raibh an suiteáil lag nó dona. Agus ar an dara dul síos, bhí an cur chuige a glacadh i dtreo iniúchta ina chur chuige a bhí dírithe ar riosca. Áiríodh ar an gcritéar/eolas a chuireann eolas ar fáil don rogha suíomhanna nó suiteálaithe lena n-iniúchadh

gearáin, suiteálaithe a cláraíodh le déanaí chomh maith le rogha randamach. Chiallódh an córas seo go mbeadh na torthaí claonta i dtreo fheidhmíocht níos ísle go huathoibríoch.

26.27 Thug an SEAI le fios gur chuir torthaí na n-iniúchtaí ó seoladh an clár leis na cláir oiliúna, ceardlanna forbartha leanúnacha do shuiteálaithe, nuachtlitreacha do shuiteálaithe a d'aithin na cúiseanna is comónta d'obair in athuair agus réitigh. I dteannta le tabhairt isteach oiliúint éigeantach in 2008, ba é an toradh a bhí air sin ná leibhéal na hoibre in athuair a laghdú i ndiaidh iniúchtaí sna blianta ina dhiaidh sin den scéim.

26.28 Ceann de na príomhchuspóirí den chóras iniúchta láidir seo arna fheidhmiú ag an SEAI ná lena chinntiú go bhforbraíonn an margadh inathnuaite baile leis na caighdeáin agus an cháilíocht is fearr. Cuireadh na cúiseanna coitianta maidir le hobair in athuair le chéile agus baineadh úsáid astu chun cabhrú le suiteálaithe sárchleachtas a bhaint amach ina n-oibreacha suiteáilte. Tá torthaí an chóimheasa sin le feiceáil ar láithreán gréasáin an SEAI. D'fhéadfadh smachtbhanna a bheith mar thoradh ar earráidí a dhéantar in athuair nó teip ó thaobh obair in athuair a thabhairt i gcríoch suas go dtí díchlárúchán ó liosta suiteálaithe cláraithe na Scéime Tithe Níos Glaise agus sin san áireamh.

26.29 Thug Oifigeach Cuntasaíochta an DCENR le fios go mbeadh sé mar chuspóir leanúnach ag Scéim Tithe Níos Glaise rátaí filleadh in athuair a laghdú agus caighdeán suiteála a fheabhsú. Sa chás sin thug sé ar aird go raibh aiseolas leanúnach torthaí iniúchtaí maidir le oiliúint suiteála i bhfeidhm ó tugadh isteach an Scéim Tithe Níos Glaise.Dúirt sé go raibh an leibhéal ard cuairteanna in athuair mar thoradh loighciúil ar chóras iniúchta dírithe ar riosca a roghnaíodh in aon turas a bhí deartha go sonrach chun díriú ar fhadhbanna dóchúla. Níor léirigh sé fianaise ar fhadhb cháilíochta níos mó. Dúirt sé gur chiallaigh an cur chuige riosca-bhunaithe i dtreo roghnú samplach gur tugadh tús áite do suiteálaithe nua nó do shuiteálaithe lenár bhain ceisteanna. Chuir sé sin isteach ar na torthaí agus chinntigh sé gur bhain custaiméirí leas as forléargas níos mó na ndaoine sin gur dóigh nach mbeadh cur amach acu ar na teicneolaíochtaí sin. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go raibh tionchar dearfach an chur chuige sin le feiceáil sna rátaí fillte arda, mar gur dhírigh an mheicníocht iniúchta ar fheabhsúchán cáilíochta agus ar fhorbairt na gcaighdeáin fhoriomlána. Ba é an toradh a bhí air sin ná laghdú ar líon agus leibhéil déine na saincheisteanna a eascraíonn ó iniúchtaí araon.

## *Toradh agus Meastóireacht*

26.30 Tá méadú tagtha ar líon na líonta tí a úsáideann córais teasa fuinnimh inathnuaite le ceithre bliana anuas agus seasann líon na suiteálacha iarbhír ag 26,679 faoin scéim seo.

26.31 Tá an DCENR, faoi bhabhta 2009 go dtí 2011 den Tionscamh Athbhreithnithe Beartas agus Luach ar Airgead i mbun tuarascála ar an Scéim Tithe Níos Glaise. Tá súil go mbeidh an tuarascáil sin i gcríoch go luath.

26.32 Ceann de chuspóirí na scéime is ea a chinntiú go leanfaí ag forbairt an mhargaidh do tháirgí, seirbhísí agus breosla ar shlí bhríomhar. Níor socraíodh aon spriocanna sa réimse seo. Thuairisc an SEAI go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na dtáirgí sa mhargadh atá cláraithe le SEAI ó 241 in Aibreán 2006 go dtí 968 i mí na Nollag 2008. Tá méadú tagtha chomh maith ar líon na suiteálaithe le 1,625 cláraithe le SEAI i mí na Nollag 2009. Thuairisc an SEAI go bhfuil méadú tagtha ar sholáthróirí scealpóg agus millíní adhmaid ó bhonn an-íseal in Aibreán 2006 go dtí 92 i mí na Nollag 2008.

26.33 Measann an SEAI go bhfuil 64 cileathona d'astuithe $CO^2$ sábháilte in aghaidh na bliana ag an scéim go dtí seo. Ó shin i leith meastar gurbh ionann an earnáil chónaithe agus 25% (11,896 cileathona $CO^2$) d'astuithe $CO^2$ a bhaineann le fuinneamh in 2006. Thabharfadh sé sin le fios gur chuir an scéim le sábháilt de 0.5% de leibhéal iomlán astuithe $CO^2$ in 2006 san earnáil chónaithe.

26.34 Ní forálann an scéim d'aiseolas ar cibé ar fheabhsaigh suiteálacha éifeachtacht fuinnimh. Tá sé tugtha le fios ag an SEAI nach mbeidh aon tionchar ag bearta faoin Scéim Tithe Níos Glaise ar éifeachtacht fuinnimh. Tugadh le fios go bhfuil an Scéim Tithe Níos Glaise deartha chun an treá ar chórais fuinnimh inathnuaite a mhéadú. Ní mór do tháirgí is féidir a shuiteáil a bheidh cláraithe le SEAI áfach, lena chinntiú go gcomhlíonann siad meánchaighdeán éifeachtachta.

## Teach na Todhchaí

26.35 Bhunaigh SEAI Scéim Theach na Todhchaí i Meán Fómhair 2001 thar ceann an DCENR mar chuid de Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

### *Bunús agus Cuspóirí na Scéime*

26.36 Dhírigh an scéim ar fheabhsuithe i bhfeidhmíocht fuinnimh i dtithíocht na hÉireann a luathú. Cuireadh tús léi sin sa Pháipéar Glas ar Fhuinnimh Inbhuanaithe in 1999[205], a leag béim ar easnaimh maidir leis sin.

26.37 Ba é cuspóir bunúsach na scéime ná an bhféadfaí 40% d'fheabhas ar na rialacháin tógála atá ann cheana a bhaint amach trí mhaoiniú a sholáthar d'fhorbairtí a n-éireodh leo é sin a bhaint amach tríd an dearadh, an cleachtas agus na teicneolaíochtaí is fearr agus is nuálaí agus is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de.

26.38 Leagadh béim ar chleachtais tógála agus sonraíochta, ard-dearthaí fuinnimh inbhuanaithe a ghlacadh go forleathan agus a spreagadh sa mhargadh tógála baile agus i bhfeabhsúcháin baile nua araon.

### *Socruithe Feidhmithe*

26.39 Bhí an scéim seo dírithe ar fhorbróirí tithíochta a bhí ag tógáil deich n-áit chónaithe ar an laghad. Áirítear ar raon na bhforbairtí scéimeanna tithíochta athghiniúna poiblí agus cóiríochta foscaidh ar scála mór – a sholáthraítear go suntasach ó airgid phoiblí.

26.40 Ba é an sprioc don scéim in 2001 ná 135 tionscadal nó 3,000 teach. Bheadh meascán geografach agus teicniúil san áireamh leis sin.[206] Níor socraíodh sprioc bhliantúil don scéim seo. Bhí an freagra tosaigh ón margadh a d'fhéadfadh a bheith ann an-lag in 2001 go dtí 2003 agus faoi thús 2004 ní raibh ach 15 tionscadal ceadaithe, le formhór na n-iarratasóirí sin ag teacht ón margadh tithíochta sóisialta.

26.41 Mhéadaigh spéis thar an tréimhse 2004-2007 mar thoradh ar chur chun cinn ag an SEAI nuair a dhírigh sé ar an tionscal tógála trí Chónaidhm an Tionscail Tógála agus Cumann Tógalaithe Tithe na hÉireann. Ar deireadh, in 2007, dúnadh an scéim d'iarratasóirí nua mar gheall go raibh na spriocanna bainte amach i dtéarmaí líon na dtithe agus leathnuithe geografacha.

---

205 Páipéar Glas ar Fhuinnimh Inbhuanaithe, An Roinn Fiontar Poiblí, 1999.

206 Baineann an meascán geografach leis an gá atá ann forbairtí a scaipeadh ar fud na tíre. Baineann an meascán teicniúil le punann de ghnéithe nuálacha a bheadh in ann teicneolaíochtaí agus a n-éifeachtacht a léiriú.

## *Toradh agus Costais*

26.42 Ba ionann an tacaíocht airgeadais a tairgeadh do thógálaithe agus 50% de na costais bhreise suas go huasmhéid de €8,000 an áit chónaithe, do thionscadail tithíochta nua. Bhí costais neamh-chaipitil ghaolmhair teoranta do nach mó ná 30% den deontas iomlán. Leagann Fíor 135 amach na costais, toradh agus líon na dtionscadal beartaithe thar thréimhse naoi mbliana na scéime.

**Fíor 135 Costais, Toradh agus Líon Suiteálacha Beartaithe, don Scéim 2001-2009**

| | 2001-2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009[a] | Iomlán go Dáta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| Costais Bheartaithe | 2.32 | 2.60 | 3.52 | 8.00 | 9.00 | 2.00 | **27.44** |
| Toradh | 2.06 | 2.94 | 3.87 | 7.91 | 8.78 | 1.56 | **27.12** |
| **Líon na dTionscadal Iomlán**[b] | **10** | **11** | **18** | **33** | **60** | **9** | **141** |

Foinse: SEAI

Nótaí:

a Sonraí sealadacha iad sonraí 2009

b Áirítear 13 tionscadal staidéir fhéidearthachta taighde agus forbartha.

26.43 Ba iad na heilimintí a suiteáladh i líon iomlán de 5,292 teach ná

- 3,086 cóire comhdhlúthúcháin
- 1,411 téiteoir uisce te gréine
- 2,380 córas uisce aeraithe meicniúil/aisghabhála teasa
- 718 caidéal teasa
- 1,266 coire bithmhaise adhmaid.

## *Riaradh na Scéime*

26.44 Bhain na nithe seo a leanas le riaradh na scéime

- athbhreithniú ar an iarratas agus síniú bhainisteoir teicniúil an SEAI lena chinntiú go raibh na gnéithe éifeachtachta fuinnimh beartaithe ag teacht le riachtanais theicniúla na scéime
- deimhniú ón suirbhéir cainníochta, nó ón innealtóir ar an suíomh, go raibh gnéithe teicniúla arna maoiniú ag an SEAI suiteáilte
- go ndearna bainisteoir teicniúil SEAI cuairt amháin ar an laghad ar gach suíomh lena chinntiú go raibh na gnéithe a bhí leagtha amach san iarratas ann agus suiteáilte.

## *Torthaí agus Meastóireacht*

26.45 Go dáta ní dhearnadh aon mheasúnú seachtrach ar an scéim seo. Tá cáipéisíocht tairisceana dréachtaithe ag an SEAI do mheasúnú den sórt sin áfach. Tá sé ar intinn ag an SEAI an measúnú a dhéanamh go luath.

26.46 Dar leis an SEAI is é príomhrath chlár Theach na Todhchaí ná an méid a chuir sé le hathbhreithniú na Rialachán Tógála in 2008 maidir le caighdeáin Theach na Todhchaí a léiriú.

26.47 Féachadh ar thionchar an chláir trí athrú rialála luathaithe, ag leibhéal áitiúil ar dtús agus ag leibhéal náisiúnta ina dhiaidh sin

- Ó 2005 ar aghaidh, thosaigh údaráis áitiúla aonair ag glacadh le caighdeáin Theach na Todhchaí nó le caighdeáin chomhchosúla, rud a léirigh clúdach sa todhchaí de 10,000 aonad tithíochta nua. Meastar go dtiocfaidh feabhas 40% ar éifeachtacht fuinnimh de bharr na gcaighdeán sin.
- Chiallaigh Athbhreithniú na Rialachán Tógála de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in 2008 go raibh na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh agus carbóin sin mar riachtanas i ngach aonad tithíochta nua.

26.48 Thug an SEAI le fios gurbh é an tionchar a bhí ag príomhshruthú na gcaighdeán ná 'caighdeáin Theach na Todhchaí' a bhí nuálach ar dtús báire a athrú go dtí na gnáthchaighdeáin rialála anois.

26.49 Measann an SEAI go bhféadfaí astuithe $CO^2$ a laghdú 615 cileathona faoi 2020 le feidhmiú na Rialachán Tógála athbhreithnithe mar thoradh ar an scéim.

## Conclúid

Cé go bhfuil infheistíocht déanta i raon tionscnamh fuinnimh faoin Scéim Tithe Níos Teo, níl aon obair déanta chun an méid agus atá ag éirí leo na líonta tí a fhaigheann cúnamh a bhaint ó bhochtaineacht fuinnimh a fháil amach. Ní léir ach an oiread cibé an dtéann an scéim chomh fada leis na líonta tí is mó a dteastaíonn cúnamh uathu ach is tionscnamh maith maidir leis sin an cor poist a rinneadh le déanaí chuig 20,000 teach i rith 2009 chun faighteoirí liúntas breosla a chur ar an eolas faoin scéim. Ba chóir na saincheisteanna sin a iniúchadh le linn meastóireachta cuimsithí.

Bhí os cionn 26,000 suiteáil faoin Scéim Tithe Níos Glaise i bhfeidhm amhail Nollaig 2009. Tugadh ar aird gurbh éigean don suiteálaí filleadh agus réiteach a fháil i gcás 65% de na hiniúchtaí mar chuid den phróiseas dearbhaithe. Tá gá le gníomh chun rátaí fillte a ísliú agus cáilíocht suiteála a fheabhsú.

Tá tionchar ag an moilliú sa tionscal tógála ar rátaí críochnúcháin tógála agus tá sé deacair an tionchar ar scéim Theach na Todhchaí a mheas dá bharr. Bhí tionchar ag an scéim seo ar athbhreithnithe Rialachán Tógála na hÉireann 2008, ach ní fheicfear an tionchar go hiomlán go ngabhfaidh an earnáil tógála ar ais go dtí leibhéil aschuir inbhuanaithe.

Tá gach dealramh ann go mbeidh an líon maoine a bhfuil tionchar ag na rialacháin athbhreithnithe orthu thart ar 20,000 nó 30,000 agus áirítear ar na príomhfheabhsúcháin

- coirí ola nó gáis (comhdhlúthúcháin) ard-éifeachtachta éigeantachta, a tugadh isteach ar dtús mar ghnáthchoinníoll nuálach laistigh de chlár Theach na Todhchaí ó mhí Mhárta 2008
- feabhsúcháin 40% feidhmíochta fuinnimh agus carbóin spriocdhírithe (i.e. caighdeán Theach na Todhchaí go héifeachtach), go hainmniúil ó 1 Iúil 2008. Chiallaigh foráil díolúine idirthréimhseach atá comónta le Rialacháin Tógála nach raibh éifeacht leis an bhforáil seo i gcleachtas go dtí 1 Iúil 2009 áfach.

Léirigh an t-iniúchadh go raibh an córas rialaithe a rialaíonn íocaíochtaí sásúil agus fuarthas go raibh na cásanna a athbhreithníodh ó thaobh cáilitheachta i dteideal íocaíochta. Tríd is tríd cuireadh rialachán airgeadais na scéimeanna i bhfeidhm de réir nósanna imeachta réamhshocraithe.

Tá meastóireacht na dtrí scéim fuinnimh a bhfuil iniúchadh déanta orthu go dtí seo teoranta agus inmheánach ó thaobh carachtair de. Ag an bpointe seo, bheadh sé úsáideach a n-éifeachtacht a athbhreithniú go neamhspleách agus, go háirithe, a mhéid agus atá na cuspóirí atá luaite acu bainte amach acu a athbhreithniú. Tá na tionchair seo a leanas tuairiscithe ag na meastóireachtaí inmheánacha

- Déanfar uasghrádú ar 60,000 teach faoi 2010 faoin Scéim Tithe Níos Teo a dhíríonn ar na líonta tí is mó atá i mbaol de bharr bochtaineachta fuinnimh.
- D’éirigh leis an Scéim Tithe Níos Glaise a bpríomhchuspóir maidir le forbairt teicneolaíochtaí fuinnimh inbhuanaithe ar leith a spreagadh.
- Tá tionchar Scéim Thithe na Todhchaí ar chaighdeáin feidhmíochta fuinnimh feabhsaithe mar a éilítear faoi na Rialacháin Tógála athbhreithnithe.

## Aguisín A  Scéimeanna Fuinnimh Inmharthana

Tá sé scéim nó tionscnamh dírithe ar éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú san earnail chónaithe. Tá achoimre orthu sin thíos.

| Scéimeanna | Cur Síos | Aschur |
|---|---|---|
| Scéim Tithe Níos Teo | Tacaíocht a thabhairt d'fheabhsúcháin éifeachtachta fuinnimh i líonta tí atá ar ioncam íseal | Feabhas ar os cionn 32,000 teach ó 2003-2009 |
| Teach na Todhchaí | Tacaíochtaí don earnáil tógála i dtreo ardfheidhmíochta fuinnimh i bhfoirgnimh nua | Os cionn 5,000 teach eiseamláire. Cruthúnas ar inmharthanacht ar chaighdeáin mhéadaithe – athbhreithniú na Rialachán Tógála 2008 mar thoradh air |
| Scéim Spárála Fuinnimh Baile | Tacaíocht d'úinéirí tí atá ag infheistiú i bhfeabhsúcháin éifeachtachta fuinnimh | Feabhas ar 18,800 teach in 2009, 2,500 conraitheoir cláraithe |
| Rátáil Fuinnimh Foirgneamh | Cloí le EPBD[a] agus eolas ar fheidhmíocht fuinnimh tithe á sholáthar roimh cheannachán nó cíosú – ag múnlú rogha agus iompraíocht an tomhaltóra | Rátáil ar 118,000 teach agus 2,200 meastóir cláraithe |
| Scéim Tithe Níos Glaise | Tacaíocht d'úinéirí tí chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí teasa inathnuaite nua | 26,600 córas suiteáilte, margadh láidir de 1,500 suiteálaí cáilithe agus 1,100 táirge incháilithe bunaithe |
| Feachtas Power of One | Tionchar ag clár feasachta tomhaltóra ar rogha agus iompraíocht an tomhaltóra ar tháirgí úsáide fuinnimh sa teach | Rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne i raon leathan teachtaireachtaí iompraíochta fuinnimh |

Nóta:

a EPBD - Treoir ar Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh

# Caibidil 27

## An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

## Cigireachtaí Talmhaíochta

# Cigireachtaí Talmhaíochta

27.1 Tugadh isteach an Scéim Íocaíochta Aonair (SPS) in Éirinn in Eanáir na bliana 2005 in ionad na scéimeanna a bhí ann cheana ar nós préimheanna beostoic agus scéimeanna tacaíochta curaíochta. Baineann an SPS go ginearálta le feirmeoirí a bhí ag plé go gníomhach le feirmeoireacht le linn na mblianta tagartha 2000, 2001 agus 2002, a fuair préimheanna beostoic agus/tacaíocht churaíochta agus a d'fhan leis an fheirmeoireacht in 2005. Tá an SPS díchúpláilte ó tháirge agus tá sí bunaithe ar mheáníocaíochtaí a fuarthas le linn na mblianta tagartha.

27.2 Éilítear ar fheirmeoirí faoin SPS líon Riachtanais Bhainistíochta Reachtúla (SMRnna) a thagann ó Reachtaíocht AE ar shláinte comhshaol, pobail, ainmhithe, plandaí agus ar leasa ainmhithe a chomhlíonadh agus le talamh a choimeád i nDea-Riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil (GAEC). Tugtar tras-chomhlíonadh ar chloí leis na coinníollacha bainistíochta feirme, comhshaoil, sláinte agus leasa sin.

27.3 Cuireadh le tras-chomhlíonadh in Éirinn ón mbliain 2007 le líon scéimeanna eile a chlúdach, go príomha, an Scéim do Phríomh-Cheantair faoi Mhíbhuntáiste (DAS) agus an Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS).

## Scéimeanna agus Cigireachtaí

27.4 Maoiníonn an AE an SPS go hiomlán agus déanann an AE páirt-mhaoiniú ar DAS agus REPS. B'ionann agus €1.8 billiún in 2009 luach na trí scéime sin d'fheirmeoirí na hÉireann. Is í an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (An Roinn) an ghníomhaireacht íocaíochta do na scéimeanna agus tá sí freagrach as na scéimeanna a riaradh agus a rialú agus as cáilitheacht agus cigireacht tras-chomhlíonta.

27.5 Tá na cigireachtaí lánpháirtithe ar mhaithe leis an aidhm ghinearálta líon na gcuairteanna cigireachtaí ar fheirmeacha a íoslaghdú agus gluaiseacht i dtreo riocht ina ndéanfar, sa chuid is mó de na cásanna, na seiceálacha cáilitheachta agus tras-chomhlíonta le linn aon chuairte amháin ar an fheirm. Foráiltear don cheanglas lánpháirtiú a dhéanamh ar chigireachtaí i rialacháin AE freisin[207]. Is í an Rannóg Rialaithe Comhtháite (ICD) na Roinne a dhéanann na cigireachtaí. Faoi rialacháin AE ba chóir go roghnófaí go randamach idir 20% agus 25% den na cásanna a ndéantar cigireacht orthu, roghnaítear an chuid eile ar bhunús riosca.

27.6 Féadfar pionóis a fhorchur nuair a aithnítear sáruithe le linn cigireachta. Gearradh pionóis de €1.9 milliún i ndáil le cáilitheacht, tras-chomhlíonadh iomlán agus Aitheantas agus Clárú (IDR) sa bhliain 2009[208].

27.7 Mura bhfeidhmítear rialú airgeadais ar íocaíocht mar atá leagtha síos i rialacháin AE d'fhéadfaí dícheadú a chur i bhfeidhm maidir le scéimeanna AE. Tabhaíodh dícheadú de €715,000 in Éirinn sa bhliain 2009 mar thoradh ar iniúchadh Choimisiún an AE sa bhliain 2005.

---

[207] Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh 796/2004.

[208] Cuirtear 80% de na pionóis chun sochair chiste an AE agus coimeádtar agus cuirtear an 20% eile chun sochair Leithreasaithe-i-gcabhair Vóta na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

## Béim na Caibidle

Bhí sé i gceist a chinntiú leis an iniúchadh

- cibé an bhfuil an modheolaíochta riosca atá in úsáid ag an Roinn éifeachtach chun próifíliú a dhéanamh ar an daonra feirmeoireachta ar bhealach a chinntíonn éifeachtúlacht cigireachta trí dhíriú ar na cásanna is mó a bhfuil riosca ag baint leo.
- cibé an bhfuil struchtúr agus eagrú an chláir cigireachta leordhóthanach le seiceáil a dhéanamh ar an raon iomlán critéar le tráthúlacht bhunchoinníollacha a thabhairt san áireamh agus cibé an bhfuil oibríocht Rannóg Rialaithe Comhtháite na Roinne costaséifeachtach i bhfianaise phatrúin an ghníomhaíocht chigireachta
- an bealach inar dhíriú an Roinn ar shaincheisteanna a bhí mar chúis le gur gearr an AE pionós de €715,000.

## Clár Cigireachta

27.8 Tá an clár cigireachta bliantúil deartha le monatóireacht agus cigireacht a dhéanamh ar fhiontair fheirmeoireachta mar a sonraítear i Rialacháin AE ábhartha ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh coinníollacha agus rialacháin na scéime. Tá an raon tástálacha a dtugtar fúthu leagtha amach i bhFíor 136

**Fíor 136 An Clár Cigireachta atá Sonraithe i Rialacháin AE**

| Cineál Tástála | An cion den daonra a scrúdaíodh | Modh roghnaithe |
|---|---|---|
| Cáilitheacht | 5% den daonra iomlán do na scéimeanna SPS, DAS agus REPS | 20-25% ar bhonn randamacha agus an chuid eile ar bhonn measúnuithe riosca |
| Tras-Chomhlíonadh | an 1% den sampla a roghnaíodh chun cáilitheacht a thástáil. | 20-25% ar bhonn randamacha agus an chuid eile ar bhonn measúnuithe riosca |
| Seiceálacha aitheantais agus cláraithe | 5% d'fheirmeoirí eallach agus 3% d'fheirmeoirí caorach a chlúdaíonn 5% den tréad caorach | 20-25% ar bhonn randamacha agus an chuid eile ar bhonn measúnuithe riosca |

### *Béim na gCigireachtaí*

27.9 Tá sraith áirithe cuspóirí cigireachta ag gabháil le gach aon chineál cigireachta. Tá siad sin léirithe i bhFíor 137

**Fíor 137 Fócas Cigireachta**

## Cigireacht Cáilitheachta

Déantar seiceálacha cáilitheachta le teidlíocht ar íocaíochtaí faoin SPS, DAS agus REPS a dheimhniú. Tá sé mar aidhm le seiceálacha cáilitheachta do SPS agus do DAS deimhniú a dhéanamh ar:

- go bhfuil an ceantar ainmnithe atá dearbhaithe sna hiarratais ar aon dul leis an gceantar atá ar fáil don fheirmeoir an bhliain sin agus nach bhfuil aon éilimh forluiteach nó dúbailte ann
- gur ionann an úsáid atá á bhaint as an talamh agus an úsáid atá dearbhaithe san iarratas
- go bhfuil na hasbhaintí cuí déanta maidir leis na ceantair neamh-incháilithe ar fad ar nós foirgnimh
- go bhfuiltear ag comhlíonadh ráta stocála de 0.15 aonad/heicteár beostoc i gcás DAS.

Fíoraíonn seiceálacha cáilitheachta REPS talamh agus úsáid talún dearbhaithe agus cloí leis na coinníollacha éagsúla atá leagtha amach in iarratas REPS aonair gach feirmeora.

## Seiceálacha Tras-Chomhlíonta

Tá sé mar aidhm le seiceálacha tras-chomhlíonta a fhíorú go bhfuil:

- feirmeoirí ag comhlíonadh na SMRnna is infheidhme mar a comhaontaíodh i reachtaíocht AE i réimsí sláinte comhshaol, pobail, ainmhithe, plandaí agus leasa ainmhithe
- feirmeoirí ag coimeád na talún i ndea-choinníollacha talmhaíochta agus comhshaoil mar atá leagtha síos i rialacháin GAEC.

## Seiceálacha Aitheantais agus Cláraithe

Tá sé mar aidhm le seiceálacha aitheantais agus cláraithe a fhíorú go bhfuil:

- laonna clibeáilte leis na clibeanna ceadaithe laistigh de chreata ama atá sonraítear tar éis a mbreith
- an t-eallach ar fad clibeáilte, le pasanna cearta agus doiciméid atá comhlán agus cothrom le dáta
- na cláir thréada agus na mionsonraí ar chóras CMMS[a] na Roinne ceart agus cothrom le dáta.

Nóta:

a Bunaigh an Roinn an Córas Monatóireachta Gluaiseachta Eallaigh (CMMS) le rianú a dhéanamh ar ghluaiseacht eallaigh ó bhreith go diúscairt.

27.10 Éilíonn seiceálacha Tras-Chomhlíonta agus Aitheantas agus Clárú (IDR) cuairteanna a thabhairt ar an bhfeirm. Déantar Cigireachtaí Tras-Chomhlíonta gan aon fhógra a thabhairt roimh ré don fheirmeoir, is féidir cigireachtaí IDR a dhéanamh trí fhógra roimh ré a thabhairt nó gan aon fhógra a thabhairt don fheirmeoir.

27.11 Féadfar seiceálacha cáilitheachta a dhéanamh faoi rialacháin AE trí úsáid a bhaint as cianbhraiteacht[209]. Tá sé mar aidhm ag an Roinn dhá thriain de na seiceálacha sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as cianbhraiteacht agus an chuid eile a dhéanamh trí chuairt a thabhairt ar an bhfeirm. Fostaítear conraitheoir seachtrach a bhaineann úsáid as cianbhraiteacht le seiceálacha cáilitheachta a dhéanamh. Cuirtear an íomhá satailíte i gcomparáid leis an iarratas le cáilitheacht a dheimhniú. D'fhéadfadh cuairteanna ar an bhfeirm a bheith i gceist le roinnt de na cásanna sin le teacht ar chinneadh faoi cháilitheacht, rud a chiallaíonn turas allamuigh tapa nó cigireacht iomlán ar an bhfeirm.

27.12 Fuarthas amach san iniúchadh gur sháraigh leibhéal na gcineál cigireachtaí ar fad an méid a cheanglaítear faoi rialacháin AE.

## Cigireacht Riosca-Bhunaithe

27.13 Tá roghnú critéar riosca agus cinntí maidir leis an gcion den sampla a roghnaíodh ar bhonn an chritéir aonair ríthábhachtach d'éifeachtacht an chur chuige riosca-bhunaithe.

27.14 Scrúdaíonn an Grúpa Anailíse Riosca sa Roinn torthaí seiceálacha cáilitheachta agus tras-chomhlíonadh na mblianta roimhe sin, ar bhonn bliantúil, chun meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht an chritéir riosca a úsáideadh.

27.15 Tá an obair comhdhéanta de dhá ghné

- Scrúdú a dhéanamh ar na pionóis a gearradh sa sampla riosca-bhunaithe chun a fháil amach cén critéar riosca ar bhain an chuid is mó de na pionóis leis. Tógann an scrúdú sin san áireamh cásanna ar bhain pionóis leo mar gheall ar chritéar dhifriúil agus a bhí roghnaithe faoi chritéar riosca áirithe.
- Scrúdú a dhéanamh ar na pionóis a gearradh sa sampla a roghnaíodh go randamach. Tá critéar riosca ag gabháil le gach cás a roghnaíodh go randamach. Déantar scrúdú ar na pionóis a gearradh ansin chun na critéir riosca is mó atá ag cruthú pionóis a fháil amach. Baintear úsáid as torthaí na gcigireachtaí randamacha mar bhunlíne lenar féidir feidhmíocht riosca a thomhas ina n-aghaidh.

27.16 Baintear úsáid as torthaí na measúnaithe sin le cinneadh a dhéanamh maidir le cion an tsampla riosca-bhunaithe a roghnaíodh ar bhonn critéar riosca aonair sna blianta ina dhiaidh sin.

### *Torthaí Chigireachtaí 2009*

27.17 Fuarthas amach san iniúchadh, go ndearnadh cigireacht i ndáil le cáilitheacht ar 7,455 feirmeoir ar an iomlán agus gur bhain pionós le 1,361 (18%) arbh ionann é agus €902,052 agus a thug meán-phionós de €663 dá réir sin. Léirigh an anailís gur:

- Gearradh pionóis mar thoradh ar chigireachtaí randamacha i 23% de chásanna a ndearnadh cigireacht orthu agus b'ionann an céatadán riosca-bhunaithe comhréireach agus 17%. Tá 54% de phionóis a gearradh i gcásanna a roghnaíodh go randamach níos lú ná 3% d'íocaíochtaí ábhartha i gcomparáid le 60% i ndáil le cásanna a roghnaíodh ar bhonn measúnaithe riosca.
- Is ionann agus 23% an ráta pionóis do chuairteanna ar an bhfeirm i gcomparáid le 15% do chásanna ina ndéantar cáilitheacht a sheiceáil trí chianbhraiteacht.

---

209 Áirítear ar chianbhraiteacht anailísiú agus léirmhíniú a dhéanamh ar íomhánna aeir agus satailíte le cáilitheacht a dheimhniú.

- Is ionann agus 3% na pionóis a gearradh nó níos lú d'íocaíochtaí ábhartha i 66% de chásanna SPS, 44% de chásanna DAS agus 53% de chásanna REPS.
- B'ionann idir 75% agus 100% d'íocaíochtaí ábhartha na pionóis a gearradh i líon beag de chásanna i ngach scéim – 4% de chásanna SPS, 1% de chásanna DAS agus 3% de chásanna REPS.
- Bhí an céatadán ab airde pionóis ar an SPS, 16%, sheas DAS ag 10% agus REPS ag 1%.

27.18 Tá dhá chatagóir cigireachta ann a dhéanann scrúdú ar chomhlíonadh:

- Seiceálacha tras-chomhlíonta iomlán a chlúdaíonn na 18 SMR ar fad lena n-áirítear seiceálacha IDR d'eallach agus do chaoirigh agus GAEC
- Seiceálacha IDR a scrúdaíonn aitheantas agus clárú d'eallach agus do chaoirigh

27.19 Rinneadh cigireacht i ndáil le tras-chomhlíonadh ar 1,505 feirmeoir ar an iomlán, agus áiríodh ar an gcuid ba mhó acu sin seiceálacha i ndáil le IDR d'eallach agus do chaoirigh[210]**.** Gearradh pionóis de €510,875 ar an iomlán ar 469 feirmeoir (31%). B'ionann agus €1,089 an meánphionós tras-chomhlíonta. Gearrtar pionóis i 32% de chásanna a roghnaítear ar bhonn measúnaithe riosca i gcomparáid le 28% do chásanna a roghnaítear go randamach. Mar a chéile le pionóis cháilitheachta tá formhór na bpionós a ghearrtar i gcatagóir 3% nó níos lú d'íocaíochtaí ábhartha – 62% d'fheirmeoirí.

27.20 Bhí 6,362 seiceáil IDR ann comhdhéanta de:

- chigireacht ar 4,296 feirmeoir i ndáil le IDR eallach amháin agus gearradh pionóis arbh fhiú luach iomlán de €245,895 é orthu i 329 cás nó 8% díobh sin
- chigireacht ar 1,763 feirmeoir do IDR caorach amháin agus gearradh pionóis iomlán de €163,703 in 226 cás nó 13% díobh sin
- chigireacht ar 303 feirmeoir d'IDR eallach agus caoirigh agus gearradh pionóis de €38,098 in 47 nó 15% de chásanna.

27.21 Ag tógáil dhá chatagóir na seiceálacha tras-chomhlíonta san áireamh, rinneadh cigireacht ar 7,867 feirmeoir ar an iomlán in 2009 agus gearradh pionós de €958,571 ar an iomlán ar 1,071 (14%).

27.22 Gearradh pionóis i gcás 5% de na feirmeoirí a roghnaíodh go randamacha agus rinneadh cigireacht i ndáil le IDR eallach ar 8% de na feirmeoirí a roghnaíodh ar bhonn measúnaithe riosca. Gearradh pionós ar 5% de na feirmeoirí a roghnaíodh go randamach agus ar 10% de na feirmeoirí a roghnóidh ar bhonn measúnaithe riosca nuair a rinneadh cigireacht orthu i ndáil le IDR caorach.

### *Tuairimí an Oifigigh Chuntasóireachta*

27.23 Mar gur ardaíodh ceisteanna i ndáil le héifeachtúlacht an chórais cigireachta i gcásanna ar sháraigh an leibhéal neamh-chomhlíonta a braitheadh i gcigireachtaí randamacha an leibhéal i gcigireachtaí a bhí dírithe ar riosca lorg mé tuairimí an Oifigigh Chuntasóireachta.

27.24 Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíocht go gcomhlíonann cur chuige na Roinne i leith anailísiú riosca ceanglais rialacháin an AE. Éilíodh ar Bhallstáit roimh 2008 go n-áireofaí 10 gcritéar riosca éigeantach gach bliain, agus dar leis an Roinn níorbh é sin an córas ab fhearr mar gur dearnadh cigireacht ar fheirmeoirí den chineál sin gach bliain.

---

210 Bhí 1,462 seiceáil i ndáil le IDR eallach agus 1,433 seiceáil i ndáil le IDR caorach san áireamh san iomlán den 1,505 cigireacht tras-chomhlíonta iomlán.

27.25 Tugann an Coimisiún cead do Bhallstáit ón mbliain 2008, sainmhíniú a thabhairt ar an gcritéar riosca cuí trí ábharthacht gach aon fhachtóir riosca a chruthú. Baintear é sin amach trí thorthaí cásanna riosca-bhunaithe a chur i gcomparáid le cásanna a roghnaítear go randamach trí fhachtóirí sonracha i ngach Ballstát a thabhairt san áireamh. Rinne an Roinn tástáil ar chur chuige riosca ualaithe freisin ach chruthaigh anailís go raibh sé deacair intuarthacht na dteagmhas pionóis a aithint.

27.26 Tá sé d'oibleagáid ar an Roinn rioscaí cáilitheachta a oireann don SPS, do DAS agus do REPS a thabhairt san áireamh. Mar go bhfuil critéar cáilitheachts difriúil ag na scéimeanna cuireann sé sin le líon na rioscaí nach mór don Roinn a thabhairt san áireamh beag beann ar a gcuid feidhmíochta.

27.27 Shonraigh sé gur dheimhnigh staidéir an Choimisiúin ar thorthaí na gcigireachtaí i ngach Ballstát an deacracht a bhaineann lena chinntiú go sáraíonn cásanna measúnaithe riosca cásanna a roghnaítear go randamach.

27.28 Shonraigh an tOifigeach Cuntasóireachta go mbeidh an ráta earráide do chianbhraiteacht go ginearálta níos ísle ná do chuairteanna ar an bhfeirm mar gheall ar chásanna áirithe neamh-chomhlíonadh a mbaineann le deacracht lena n-aithint go cianda. Tá úsáid á bhaint in Éirinn as 12 crios cianbhraiteachta trí chigireachtaí riosca-bhunaithe comhchruinnithe sna ceantair sin. Mar go roghnaítear cásanna randamacha ón daonra iomlán, tá an chuid is mó acu sin lasmuigh de na criosanna cianbhraiteachta agus mar sin éilítear cuairteanna a thabhairt ar an bhfeirm a mbíonn ráta pionóis níos airde ó chigireachtaí randamacha ag baint leo.

27.29 Bhí an tOifigeach Cuntasóireachta sásta go bhfuil an lamhháltas[211] agus an córas pionóis leordhóthanach mar fhíor-chosc i ndáil le neamh-chomhlíonadh agus tá an córas faoi réir ag iniúchtaí leanúnacha ón gCoimisiún gan aon torthaí diúltacha go dtí seo.

## Ag Riaradh agus ag Cur Acmhainní ar Fáil don Chlár Cigireachta

27.30 Bíonn cuairt a thabhairt ar an bhfeirm i gceist leis na seiceálacha rialaithe ar fad seachas na seiceálacha cáilitheachta a dhéantar trí chianbhraiteacht. Socraítear agus déantar cigireacht i gceithre chéim le linn na bliana mar atá léirithe i bhFíor 138

- Déantar cigireachtaí aitheantais agus cláraithe i gCéim 1.
- Is ionann Céim 2 agus seiceálacha cáilitheachta ar an bhfeirm ar thairbhithe DAS. Féadfar cigireacht a dhéanamh ar na feirmeoirí sin freisin i ndáil le IDR nó tras-chomhlíonadh. Ní mór na seiceálacha sin a bheith tugtha chun críche faoi Mheán Fómhair sula n-eisítear íocaíochtaí DAS.

211 Rinne an Roinn forbairt ar chóras ualaithe laistigh den chigireacht tras-chomhlíonta, rud a thugann deis le haghaidh leibhéal áirithe lamhháltas do sháruithe, atá neamhaireach agus mion de réir nádúir. Nuair a fheidhmítear lamhháltas cuirfear an feirmeoir ar an eolas maidir leis an sárú agus tabharfar am dó lena cheartú, agus déanfaidh cigire athsheiceáil air ansin. Má mhainnítear sin a dhéanamh cuirfear pionós le híosmhéid de 1% i bhfeidhm.

- Ciallaíonn Céim 3 seiceálacha cáilitheachta ar an bhfeirm ar iarratasóirí nach tairbhithe aon scéim eile iad seachas DAS. Féadfar cigireacht a dhéanamh ar na feirmeoirí sin freisin i ndáil le IDR nó tras-chomhlíonadh agus ní mór iad a thabhairt chun críche roimh mhí Dheireadh Fómhair sula n-eisítear íocaíochtaí SPS.
- Tá Céim 4 comhdhéanta den chuid eile de na seiceálacha tras-chomhlíonta agus seiceálacha aitheantais agus cláraithe nach bhfuil déanta cheana i gcomhar le seiceálacha cáilitheachta. Is é an t-aon cheanglas a bhaineann leis na cigireachtaí sin ná iad a dhéanamh laistigh den bhliain fhéilire.

**Fíor 138 Patrúin Chuairteanna Feirme 2009**

| Mí | Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 | Céim 4 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Eanáir | | | | | |
| Feabhra | | | | | |
| Márta | | | | | |
| Aibreán | 47 | | | | **47** |
| Bealtaine | 825 | | | 1 | **826** |
| Meitheamh | 886 | 486 | 2 | - | **1,374** |
| Iúil | 187 | 981 | 43 | 4 | **1,215** |
| Lúnasa | 21 | 646 | 54 | 22 | **743** |
| Meán Fómhair | 16 | 523 | 163 | 17 | **719** |
| Deireadh Fómhair | 267 | 2 | 305 | 37 | **611** |
| Samhain | 757 | 3 | 2 | 407 | **1,169** |
| Nollaig | 1062 | 1 | 1 | 279 | **1,343** |
| ***Fo-Iomlán*** | ***4,068*** | ***2,642*** | ***570*** | ***767*** | ***8,047*** |
| SCWS | | | | | 603[a] |
| **Iomlán** | **4,068** | **2,642** | **570** | **767** | **8,650** |

Nóta:

a Rinneadh 1,128 cigireacht SCWS ar an iomlán le linn na bliana 2009, rinneadh 525 cigireacht i gcomhar le cigireachtaí eile, agus rinneadh 603 cigireacht SCWS agus sin amháin le linn na bliana.

27.31 Tá líon foirne de 152 ag Rannóg Rialaithe Comhtháite na Roinne; 140 acu sin atá rannpháirteach i gcigireachtaí agus 12 i mbun riaracháin. Sa bhliain 2009 bí foireann de 86 Oifigeach Talmhaíochta (TAOnna) ann, 29 i ngrád Oifigeach Maoirseachta Talmhaíochta (SAO) agus 25 Maoirseoir Ceantair (DS) ann. Is ionann na TAOnna agus an fhoireann tosaigh a dhéanann na cigireachtaí, agus seiceálann an SAO iad ansin. Seiceálann an DS íosmhéid de 20% de na comhaid ar fad agus caithfidh sé cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal an phionóis a chuirfear i bhfeidhm i gcásanna neamh-chomhlíonta. Déanfaidh an TAO 100 cigireacht ar an meán le linn na bliana. Tugann na cigirí faoi thrí chigireacht ar an meán gach seachtain, ag tógáil saoire bhliantúil agus fachtóirí eile ar nós patrúin chigireachta san áireamh.

27.32 Níl costas iomlán na seirbhíse ar fáil ná níl cionroinnt an chostais a bhaineann leis na scéimeanna difriúla atá faoi fhreagracht an Rannáin ar fáil. Níl gnáthaimh i ndáil le costas agus tréimhse na gcineálacha cigireachta éagsúla forbartha ag an Roinn. Mar sin féin, tá sé mar aidhm aici nach dtógfadh cigireachtaí níos mó ná leathlae don ghnáth feirmeoir.

27.33 Go foriomlán, nuair a thógtar costais tuarastail díreacha, forchostais[212], costais pinsean barúlach[213] agus taisteal agus cothabháil san áireamh tá costas an chláir cigireachta thart ar €15.8 milliún. Bunaithe ar sin, tá an meánchostas cigireachta thart ar €1,800. Ní bheadh ríomh ceart bunaithe ar dhéine gach aon chigireacht indéanta, áfach, ach amháin sa chás go mbeadh gnáthaimh cruthaithe ag an Roinn bunaithe ar a cuid taithí féin.

### *Tuairimí an Oifigigh Chuntasóireachta*

27.34 Mar gheall ar an íos-am dealraitheach a léiríodh sa phatrún úsáide acmhainní lorg mé tuairimí an Oifigigh Cuntasóireachta. Chuir an tOifigeach Cuntasóireachta ar an eolas mé gurb é polasaí na Roinne, íoslaghdú a dhéanamh ar líon na gcuairteanna cigireachta agus gluaiseacht i dtreo riocht ina mbeidh, chomh fada agus is féidir, seiceálacha cáilitheachta, tras-chomhlíonta agus IDR a ndéanamh le linn aon chuairt amháin ar an bhfeirm, ar mhaithe lena chinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtúla as acmhainní. Mar sin féin, ní féidir níos mó ná aon chuairt amháin ar an bhfeirm a sheachaint i gcónaí. Dá bhrí sin, is ionann i ndáiríre an cur chuige ceithre chéime a ghlactar leis agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní agus ag an am céanna freastal ar cheanglas rialaithe lena n-áirítear tráthúlacht na gcigireachtaí.

27.35 Mar nach bhfaigheann an Roinn iarratais SPS go deireadh mí na Bealtaine gach uile bhliain, ní féidir tús a chur le cigireachtaí cáilitheachta roimh an dáta sin agus ní mór iad a thabhairt chun críche sula n-eisítear aon íocaíochtaí. Ciallaíonn sé, áfach, go mbíonn lag trá ann i míonna tosaigh na bliana, a éascaíonn seiceálacha réamhfheidhmíochta, leagan amach critéar riosca don fheachtas cigireachta atá amach romhainn agus ullmhú lámhleabhair nósanna imeachta agus oiliúna. Sa bhreis ar sin, tá an Roinn ag tabhairt faoi 1,500 chigireachta níotráite ar an bhfeirm thar ceann na n-údarás áitiúil ó Fheabhra na bliana 2010.

27.36 Maidir le costas cigireachta shonraigh an tOifigeach Cuntasóireachta cé gur féidir rianú a dhéanamh ar an am a thógann sé ó eisítear comhad aonair go ndéantar an chigireacht agus seoladh ar ais an chomhaid sin, níl sé indéanta am a chur ar bhonn aonair ar an am a bhaineann le gach aon chigireacht mar go bhféadfadh an TAO a bheith ag déanamh líon cigireachta difriúla le linn a chuairte ar an bhfeirm.

## Ag Tabhairt faoi Shaincheisteanna ba chúis le Dícheadú AE

27.37 Rinne Coimisiún an AE iniúchadh ar Imréiteach chuntais Ráthaíochtaí EAGGF faoi Airteagal 7(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1258/1999 agus (CE) Uimh. 1663/95 sa bhliain 2005. Dhírigh an t-iniúchadh, *inter alia*, ar an Roinn

- maidir le freagracht le seiceálacha ar an láthair a dhéanamh
- anailís riosca a dhéanamh
- cáilíocht tuarascálacha
- smachtbhannaí a fheidhmiú i gceart
- a cumas a chinntiú gur clúdaíodh na saincheisteanna tras-chomhlíonta ar fad.

27.38 B'iad na príomhthorthaí ar tháinig an Coimisiún orthu nach raibh an córas rialaithe do sheiceálacha tras-chomhlíonta i ndáil le cúnamh díreach d'fheirmeoirí na hÉireann ag teacht leis na

---

212 Tá ráta forchostais de 40% curtha i bhfeidhm bunaithe ar threoir ar chostáil seirbhísí poiblí atá san áireamh i dtreoirlínte ó Roinn an Taoisigh, Meitheamh 2009.

213 Tá úsáid á bhaint as costas pinsean barúlach de 13% bunaithe ar Thuarascáil Speisialta Uimh 68, Pinsin Seirbhíse Poiblí, Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

forálacha atá leagtha síos faoi Airteagal 47 (1) de Rialachán 796/2004[214] mar nach ndearnadh seiceáil i leith na SMRnna ar fad a bhain leis na feirmeoirí ar fad a roghnaíodh do sheiceálacha tras-chomhlíonta. D'éiligh an Coimisiún ar an Roinn briseadh síos a sholáthar maidir leis an daonra ar chur an neamh-chomhlíonadh as dóibh ag taispeáint an líon feirmeoirí nár seiceáladh do na SMRnna agus GAEC ábhartha ar fad sa bhliain 2005.

27.39 Ar bhonn torthaí an iniúchadh agus na sonraí a chuir an Roinn ar fáil don Choimisiún, chinn an Coimisiún go raibh riosca airgeadais ag baint le córas na hÉireann agus mhol sé ceartú airgeadais arbh fhiú €1.8 milliún é in Eanáir 2008. B'ionann é sin a cheartú airgeadais de 5% a chur i bhfeidhm ar an tsuim a mheas an Coimisiún a bheith faoi riosca. Tá an tsuim sin de €35.4 milliún bunaithe de réir treoirlínte an Choimisiúin i ndáil le pionóis tras-chomhlíonta ag 3% d'íocaíochtaí díreacha d'éileamh na bliana 2005. D'éiligh an Roinn comhréiteach agus rinne an Coimisiún laghdú ar an dí-cheadú go €715,000 i mí Feabhra 2009.

### *Tuairimí an Oifigigh Chuntasóireachta*

27.40 I bhfianaise na cailliúna do chistí poiblí lorg mé tuairimí an Oifigigh Chuntasóireachta maidir leis an mbealach ar tugadh aghaidh ar na nithe as ar eascair na dícheadaithe. Chuir an tOifigeach Cuntasóireachta ar an eolas mé go raibh an córas anailíse riosca ar glacadh leis in Éirinn in 2005 chomh héifeachtach is a bhí an córas a mhol an Coimisiún dar leis féin. Roghnaíodh feirmeoirí do chigireacht tras-chomhlíonadh ag an tráth sin ar bhunús an riosca a bhain le gach aon SMR aonair, agus roghnaíodh 1% d'fheirmeoirí do chigireacht faoi gach SMR. D'áitigh an Coimisiún gur chóir go roghnófaí agus go ndéanfaí cigireacht ar 1% de na feirmeoirí maidir le comhlíonadh gach aon SMR aonair a bhain leo.

27.41 Tá a riosca anailíse tras-chomhlíonta curtha in oiriúint ag an Roinn ón mbliain 2006 ar aghaidh ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil sí ag comhlíonadh na gceanglas rialacháin go hiomlán. Sonraigh an tOifigeach Cuntasóireachta gur leasaíodh rialacháin AE a rialaíonn roghnú an tsampla rialaithe do thras-chomhlíonadh ina dhiaidh sin sa bhliain 2007 ionas go bhféadfadh Ballstáit glacadh le roghnú riosca cosúil leis an gceann ar ghlac an Roinn leis in 2005.

---

214 Forálann Airteagal 47 (1) de Rialachán 796/2004 do "i bhfeidhmiú na seiceálacha ar an sampla ar foráladh dó faoi Airteagal 44, cinnteoidh an tÚdarás rialaithe comhpháirte go ndéanfar na feirmeoirí ar fad a roghnaíodh dá réir sin a sheiceáil maidir le ceanglais agus caighdeáin as a bhfuil sé freagrach a chomhlíonadh.

## Conclúid

Go foriomlán, shroich nó sháraigh an leibhéal cigireachta ceanglas rialacháin an AE. Comhlíon na tástálacha cáilitheachta, tras-chomhlíonta agus IDR a rinneadh in 2009 ceanglas an AE, sé sin go roghnófaí 20%-25% de sheiceálacha a bhí riachtanach ar bhonn randamach.

Maidir le cigireacht cáilitheachta, bíonn níos lú sáruithe comhlíonta i gceist le cigireachtaí atá dírithe ar riosca ná mar a bhíonn i fíor chásanna randamacha. Tuigtear as sin an gá atá ann le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn measúnaithe riosca mar gurb é an cuspóir bunúsach atá le measúnú riosca ná cuidiú le heagraíocht díriú ar chásanna a bhfuil níos mó riosca ag baint leo.

Is é costas measta a bhaineann le cigireacht thart ar €1,800 agus tugann cigirí trí chigireacht ar an meán chun críche in aghaidh na seachtaine. Ar mhaithe le teacht ar chostais níos mionfheabhsaithe bunaithe ar mhéid agus ar dhéine gach aon chigireacht, beidh gá le sonraí ábhartha a bhailiú agus gnáthaimh a chruthú.

Ionas go mbeifí in ann measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht ó thaobh costais na seirbhísí cigireachta de, beidh costáil na gcineálacha difriúla cigireachtaí ag teastáil. Níl sonraí ar fáil faoi láthair chun é sin a dhéanamh. Mar gheall ar sin agus ar mhaithe le gnáthaimh a chruthú i ndáil le tréimhse agus costais na gcigireachtaí ba chóir go mbreithneodh an Roinn bealaí le costáil a dhéanamh ar a cuid seirbhísí cigireachta.

# Caibidil 28

## An Roinn Iompair

## Córas Dola gan Bhacainn ar an M50

# Córas Dola gan Bhacainn ar an M50

28.1 Tá deich scéim dola i bhfeidhm thar líonra na bpríomh-bhóithre náisiúnta. Oibríonn an chuid is mó de na scéimeanna sin mar shocruithe Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí. I gcás an M50, an mótarbhealach a théann timpeall an taobh thiar de Bhaile Átha Cliath, shocraigh an Stát cearta cuideachta príobháidí National Toll Roads (NTR) a cheannach amach agus dolaí a choimeád ar an mótarbhealach.

28.2 Suas go dtí mí Iúil 2008 bhí córas dola le ríomhbhailiúchán páirteach dola (ETC) i bhfeidhm agus roinntí ioncam ó dholaí idir an Stát agus an comhpháirtí príobháideach. Ó shin i leith fabhraíonn an Stát féin an t-ioncam ar fad agus coimeádann an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) é. Suiteáladh córas iomlán dola gan bhacainn ón 30 Lúnasa 2008 i leith.

## Béim na Caibidle

Tugann an chaibidil seo tuairisc ar thorthaí athbhreithnithe a rinneadh ar choimisiúnú na n-áiseanna agus ar an gcéad bhliain d'oibriú an tionscadail (Lúnasa 2008 – Iúil 2009). Ina theannta sin, scrúdaigh sí

- an fheidhmíocht airgeadais chomparáideach thar an mbliain roimhe agus na dúshláin a bhaineann leis an ioncam dola a uasmhéadú
- an chaoi a ndéantar monatóireacht ar oibríochtaí.

## Áiseanna Dola a Choimisiúnú

28.3 D'fhonn bogadh chuig córas dola gan bhacainn chuathas i mbun oibre le hoibreoir dola chun áiseanna dola a thógáil agus a chothabháil agus chun na háiseanna sin a oibriú thar ceann an Stáit. Chun córas dola gan bhacainn a fhorbairt agus bogadh chuige, bhí ar an oibreoir an córas a dhearadh, a thógáil agus a oibriú chun cinntiú go ndéanfaí gach idirbheart dola a ghabháil agus go ngearrfaí an muirear ceart ar gach feithicil. Comhaontaíodh plean tástála feidhmíochta i Lúnasa 2007. Ba é cuspóir an phlean sin ná cinntiú go raibh an córas ag oibriú de réir mar a bhí beartaithe agus go raibh sé slán. Bhí gnéithe éagsúla ag baint leis an bplean tástála lenar áiríodh

- tástáil a dhéanamh ar an gcóras chun cinntiú go bhféadfadh sé ualach/méid na bhfeithiclí agus na n-idirbheart a láimhseáil
- tástálacha a rith chun cinntiú gur tugadh an ghné airgeadais de gach idirbheart chun críche trí mheán íocaíochta nó ar dhóigh eile
- tástáil a dhéanamh ar na heilimintí de na córais chun cinntiú go raibh siad ag déanamh cumarsáide lena chéile agus leis an oibreoir, an Ghníomhaireacht Malairte Faisnéise,[215] leis an Aonad Cláraithe Feithiclí sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus leis na bainc
- tástáil ar chineál úsáideora – tástáil a dhéanamh ar conas a dhéanfadh an córas (clárú, láithreán gréasáin agus íocaíocht) idirghníomhú leis an úsáideoir.

28.4 Bunaíodh coiste chun cinntí a dhéanamh tar éis tástála agus socrú cibé ar chomhlíon na tástálacha na ceanglais chonartha. Nuair a bheadh an NRA cinnte go raibh ceanglais an chonartha

[215] Is teach imréitigh le haghaidh dolaí í sin.

comhlíonta ag an oibreoir, agus gur éirigh leis sna tástálacha feidhmíochta, d'eiseodh sé cead oibriúcháin sealadach.

28.5 D'fhostaigh an NRA athbhreithnitheoir neamhspleách (an t-athbhreithnitheoir dola). Bhí ról an athbhreithnitheora dola le linn na céime coimisiúnaithe agus tástála dírithe ar oibriú leis an oibreoir chun pleananna tástála a fhorbairt le cinntiú go raibh turais á ngabháil agus á bpróiseáil i gceart ag an gcóras agus ar spriocanna agus aschuir feidhmíochta a chomhaontú don oibreoir. Ina dhiaidh sin, athraíodh béim an róil chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chórais agus iniúchadh a dhéanamh ar na tuarascálacha iniúchta a ghintear leis.

28.6 Áit ar aithníodh easpaí ó thaobh feidhmíochta le linn tástála tugadh tosaíocht dóibh ó thaobh tionchair. Ní chuirfí aon córas dola gan bhacainn i bhfeidhm go réiteofaí aon fhadhbanna a mbeadh tionchar acu ar bhailiúchán ioncaim agus ar thaithí custaiméirí. Cé nár éirigh le córas an oibreora sna tástálacha feidhmíochta go léir ní raibh aon easpaí móra i gceist agus shocraigh an NRA dul ar aghaidh le córas dola gan bhacainn a oibriú ó 30 Lúnasa 2008. Leanadh ar aghaidh le hobair chun mioneaspaí sa chóras a chur i gceart.

28.7 Shonraigh an NRA dá ndéanfaí na tástálacha feidhmíochta arís go gcuirfí moill ar an gcóras a dhul beo agus go gcuirfí isteach ar an am promhaidh go dtí go seolfaí an córas dola gan bhacainn. Eisíodh an cead oibriúcháin sealadach le héifeacht ó 1 Eanáir 2009.

## Feidhmíocht Airgeadais Chomparáideach

28.8 Sa chéad bhliain oibrithe, rinneadh 32.8 milliún turas ar an M50, méadú 3.8% ón mbliain roimhe (Lúnasa 2007 – Iúil 2008). Cuireann an NRA an méadú sin i leith críochnú chuid de na hoibreacha bóthair ar an M50[216] agus tabhairt isteach an chórais dola gan bhacainn. Mheas sé go ndearnadh an trácht ar an M50 ag Droichead Dola an Naisc Thiar a chosc sa tréimhse 2006-2008 toisc go raibh oibreacha bóthair ar siúl chun an mótarbhealach a uasghrádú. Measadh go raibh an cosc idir 4% agus 11%.

28.9 Fíor 139 comparáid idir iomlán na dturas agus an t-airgead a bailíodh i dtaobh dolaí ar an mbonn céanna le haghaidh na dtréimhsí dhá mhí dhéag roimh an gceannach amach agus ina dhiaidh sin.

**Fíor 139 Trácht ar an M50 agus Ioncam ó Dholaí**

| | Líon na dTuras | Ioncam ó Dholaí €m |
|---|---|---|
| ***Tar éis an cheannaigh amach (Lúnasa 2008-Iúil 2009)*** | | |
| Airgead agus ETC[a] | 2,703,616 | 6.3 |
| Córas Dola gan Bhacainn | 30,107,150 | 70.3 |
| **Toradh [b]** | **32,810,766** | **76.6** |
| ***Roimh an gceannach amach (Lúnasa 2007-Iúil 2008)*** | | |
| Córas Dola gan Bhacainn [c] | 31,595,781 | 79.5 |
| Lúide CBL | | 14.0 |
| **Toradh Comparáideach** | **31,595,781** | **65.5** |

Nótaí:
a Roimh 30 Lúnasa 2008 bhí córas airgid agus córas páirteach ETC i bhfeidhm. Bailíodh €3.7 milliún san iomlán i mbothanna dola agus bailíodh €2.6 milliún san iomlán in ioncam ETC.
b Níl aon CBL i bhfeidhm.
c Ní áiríonn an t-ioncam cúiteamh €3.2 milliún a íocadh le National Toll Roads in ionad méaduithe ar tharaifí HGV.

[216] Tá sé beartaithe go gcuirfear na hoibreacha sin i gcrích in 2010.

28.10 Tháinig méadú 17% go €77 milliún ar ioncam thar an tréimhse chomhfhreagrach roimh an gceannach amach nuair a dhéantar é a thomhas ar an mbonn céanna. Sa chéad mhí tar éis an cheannaigh amach bailíodh dolaí i mbothanna dola agus trí chóras páirteach ETC agus ina dhiaidh sin bailíodh iad trí chóras dola gan bhacainn. Nuair a cuireadh an córas dola gan bhacainn i bhfeidhm tháinig athrú ar struchtúr na táille dola agus bhí muirir mhalartacha maidir leis na modhanna éagsúla íocaíochta a bhí ar fáil d'úsáideoirí[217].

28.11 Rinne na socruithe airgeadais athbhreithnithe soláthar freisin do phionóis as íocaíocht dheireanach. Bailíodh €10 milliún breise trí mheán pionós sna chéad dhá mhí dhéag. Bailíodh táillí bainistíochta cuntais de €1.2 milliún freisin ó úsáideoirí a raibh clibeanna leictreonacha acu.[218].

28.12 D'fhéach an t-iniúchadh leis an méid airgid a bailíodh le haghaidh na chéad aon mhí dhéag d'oibriú an chórais dola gan bhacainn a réiteach leis an méid a measadh a bheith dlite ar bhonn na dturas. Ar an iomlán, bhí an t-ioncam inbhailithe ar aon dul leis an tréchur tráchta. Tá an toradh leagtha amach i Fíor 140

**Fíor 140 Ioncam le haghaidh na Chéad Aon Mhí Dhéag d'Oibriú an Dola**

| | Líon na dTuras | Ioncam Measta €m |
|---|---|---|
| Líon iarbhír na dturas | 30,107,150 | |
| Turais díolmhaithe[a] | (484,363) | |
| | 29,622,787 | |
| Idirbhearta caillte mar thoradh ar fhadhbanna teicniúla[b] | (273,185) | |
| **Turais a d'fheadfaí a aisghabháil** | **29,349,602** | **81.0** |
| Tarscaoilte/iarchurtha[c] | | (2.9) |
| **Ioncam Dola Dlite** | | **78.1** |
| Ioncam bailithe[d] | | (70.3) |
| Méideanna gan íoc - ar cosúil go mbaileofar iad[e] | | (2.5) |
| **Méideanna gan íoc** | | **5.3** |

Nótaí:

a Áirítear leo siúd turais ar ghluaisrothair agus i bhfeithiclí atá díolmhaithe faoi na Fodhlíthe lena n-áirítear feithiclí atá curtha in oiriúint go speisialta do dhaoine faoi mhíchumas, otharchairr, feithiclí an Gharda Síochána, briogáidí dóiteáin agus feithiclí earraí na Comhairle Contae.

b Cailleadh 702,185 turas san iomlán mar thoradh ar fhadhbanna teicniúla – bhíothas in ann 269,000 díobh siúd a aisghabháil ón oibreoir agus d'íoc na húsáideoirí 160,000 eile díobh ina dhiaidh.

c Baineann sé sin den chuid is mó le húsáideoirí ar gearradh dolaí orthu ag na rátaí dola arda ar dtús ach a aistríodh chuig na rátaí dola ísle ina dhiaidh sin faoi na roghanna íocaíochta cláraithe.

d Níl pionóis ná táillí bainistíochta cuntais a bailíodh san áireamh ansin.

e Seasann sé sin do mhéideanna reatha atá dlite ón oibreoir agus ó úsáideoirí dola.

28.13 Fíor 141 miondealú ar na dolaí neamhíoctha ag deireadh mhí Iúil 2009 áit nach cosúil go mbaileofar iad.

---

217 Ba é an meántaraif dola sa tréimhse roimh an gceannach amach ná €2.51 agus €2.76 a bhí i gceist sa tréimhse tar éis an cheannaigh amach.

218 Féadann úsáideoirí a roghnú go ndéanfaí a gcuid turas a bhrath trí mheán clibe leictreonaí ar feiste bheag í a chuirtear anuas ar ghaothscáth na feithicle.

**Fíor 141 Dolaí Neamhíoctha – Fiachais Amhrasacha in Iúil 2009**

| | €m |
|---|---|
| Cuntais E-flow gan dóthain cistí | 0.7 |
| Feithiclí eachtracha[a] | 2.2 |
| Muirir dhola as forfheidhmiú[b] | 2.0 |
| Neamh-aisghabháil mheasta muirear dola atá á bpróiseáil faoi láthair[c] | 0.4 |
| **Iomlán** | **5.3** |

Nótaí:

a Feithiclí as Tuaisceart Éireann iad an chuid is mó acu siúd nach raibh sonraí coimeádaí ar fáil dóibh ó Údaráis Thuaisceart Éireann. Síníodh Meabhrán Tuisceana idir an dá dhlínse in 2010 chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin.

b Is ionann é sin agus breis is 700,000 cás le forfheidhmiú.

c Thángthas ar an bhfigiúr sin trí ráta aisghabhála a úsáid a bhí bunaithe ar shonraí le haghaidh na chéad 11 mhí d'oibriú.

28.14 Tá sé sonraithe ag an NRA go bhfuil sé mar bheartas aige fiachais amhrasacha a lorg tríd an bpróiseas forfheidhmithe agus, déanfaidh sé méideanna atá dlite i dtaobh feithiclí as Tuaisceart Éireann go háirithe a lorg toisc go bhfuil rochtain faighte aige ar na sonraí ábhartha den chéad uair anois.

28.15 Tá tionchar airgeadais an chinnidh bogadh chuig córas dola gan bhacainn agus an conradh leis an NTR a cheannach amach go dtí deireadh na chéad dhá mhí dhéag d'oibriú leagtha amach i bhFíor 142.

**Fíor 142 Tionchar Airgeadais an Chórais Dola gan Bhacainn go deireadh mhí Iúil 2009**

| | €m | €m |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Airgead agus ETC | | 6.3 |
| Córas Dola gan Bhacainn | 78.1 | |
| Lúide: Dolaí neamhíoctha – fiachais amhrasacha | (5.3) | 72.8 |
| **Ollioncam ó dholaí** | | **79.1** |
| Pionóis agus táillí Bainistíochta Cuntais | | 11.2 |
| | | **90.3** |
| **Costais** | | |
| Oibríochtaí dola | 20.0 | |
| Forfheidhmiú | 3.4 | |
| An tAthbhreithnitheoir dola | 2.1 | 25.5 |
| **Barrachas ar ghníomhaíochtaí dola reatha** | | **64.8** |
| Lúide: Iarratas measta um cheannach amach M50 | | **(51.3)** |
| Lúide: Costais bhunaithe[a] | | |
| Costais tógála | 11.5 | |
| An tAthbhreithnitheoir dola | 4.8 | **(16.3)** |
| **Glanchostas Measta an chórais dola suas go deireadh mhí Iúil 2009** | | **(2.8)** |

Nóta:

a Ba iad sin na costais a tabhaíodh agus an córas dola gan bhacainn á thógáil agus á choimisiúnú. Costais iad nach dtarlóidh arís.

28.16 Sna dá mhí dhéag roimh an gceannach amach fuair an Stát ioncam de thart ar €22 milliún ón NTR. Fuarthas ioncam dola agus ioncam bainteach de níos mó ná €90 milliún ón gceannach amach agus mar thoradh air sin tháinig méadú go €68 milliún ar ioncam.

28.17 Tá sé geallta ag an Stát faoi chonradh suim bhliantúil a íoc le NTR as an gceannach amach a bheidh innéacsaithe de réir gluaiseachtaí san Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí le haghaidh na tréimhse Lúnasa 2008 go Márta 2020[219]. Ba é an bunmhéid ná €50 milliún a bhí i bhfeidhm ar feadh na chéad chúig mhí agus a rinneadh a innéacsú ina dhiaidh sin. Le haghaidh na chéad dhá mhí dhéag den oibriú ba é suim an cheannaigh amach ná €51.3 milliún.

## Conclúid – Tionchar Airgeadais an Chórais Dola gan Bhacainn

Ba é a bhí i gceist leis an gcinneadh bogadh chuig córas dola gan bhacainn ná an conradh reatha le National Toll Roads (NTR) a cheannach amach. Faoi chomhaontuithe leis an Stát, bhí cearta eisiacha ag NTR chun an píosa droichid den mhótarbhealach M50 a oibriú agus dolaí a ghearradh uirthi go dtí 2020.

Ba é costas an cheannaigh amach sna chéad dhá mhí dhéag den oibriú ná €51 milliún. Thabhaigh an NRA costais de thart ar €42 milliún go dtí deireadh na tréimhse i dtaobh choimisiúnú agus oibriú an chórais dola gan bhacainn. Mar thoradh ar an gceannach amach tháinig méadú de thart ar €68 milliún ar ioncam don Stát sna chéad dhá mhí dhéag.

Nuair a rinneadh comparáid idir an t-ioncam a fuarthas sa tréimhse roimh an gceannach amach leis an ioncam a fuarthas sa tréimhse tar éis an cheannaigh amach tháinig méadú 17% ar an ioncam a bailíodh. Ba iad na príomhchúiseanna leis an méadú ar ioncam ná an méadú ar thrácht agus ar an taraif dola.

Tar éis na chéad aon mhí dhéag d'oibriú, bhí amhras ann go mbaileofaí níos mó ná €5 mhilliún a bhí dlite don oibreoir dola toisc nach raibh dóthain cistí i gcuntais e-flow, mar thoradh ar neamhíocaíocht ag feithiclí eachtracha agus muirir dhola gan íoc le linn an fhorfheidhmithe.

## Monatóireacht ar Fheidhmíocht Oibriúcháin

28.18 Laistigh de thréimhse dhá mhí dhéag ó cuireadh tús leis an gcóras dola gan bhacainn, cheangail an conradh ar an oibreoir a chruthú go raibh an córas ag feidhmiú go sásúil. Nuair a bheadh an NRA cinnte go raibh téarmaí an chonartha comhlíonta ag an oibreoir, d'eiseodh sé cead oibriúcháin deireanach.

28.19 Mar ghné lárnach de théarmaí an chonartha a chomhlíonadh bhí sé riachtanach Ráta Láimhseála Cirte (RLC) de 91% ar a laghad a bhaint amach trí mhí as a chéile.

---

219 Freisin nuair a rinneadh an comhaontú don cheannach amach ghlac an Stát freagracht láithreach as CBL de thart ar €122 milliún agus as dliteanas measta de thart ar €18 milliún le linn thréimhse an cheannaigh amach.

**Ráta Láimhseála Cirte**

Déanann an córas Ríomhbhailiúcháin Dola Free-flow faisnéis a phróiseáil faoi chustaiméirí d'fhonn táille a ghearradh ar úsáideoirí dola an M50. Déanann an CHR feidhmíocht an chórais a thomhas agus léiríonn sé an céatadán d'imeachtaí dola[220] a aithníodh agus a próiseáladh i gceart agus roinnt táscairí á n-úsáid.

- idir imeachtaí dola arna bpróiseáil ag an gcóras agus iad siúd a dhéantar a chomhaireamh de láimh ar chóras iniúchta físe
- aitheantais úsáideoirí (aicme feithicle agus stádas clárúcháin) a aithníodh i gceart, gan iad siúd a dhéanann iarracht éalú d'aon turas ón gcóras dola á gcomhaireamh
- ríomhaireacht agus próiseáil cheart an dola agus aird ar mhodh íocaíochta an úsáideora
- próiseáil cheart um bailiú agus forfheidhmiú áit nach bhfuil dolaí íoctha.

28.20 Rinneadh an modh ríofa CHR a chomhaontú go sealadach[221] i Meitheamh 2009 agus rinne an t-athbhreithnitheoir neamhspleách na sonraí a bhailíochtú le haghaidh an cheathrú ráithe de 2009. Tugadh an obair sin chun críche trí thástáil shamplach agus trí shlabhraí faisnéise a sheiceáil idir an trealamh cois bóthair agus na córais bhilleála agus íocaíochta.

28.21 Bhí sé beartaithe ar dtús go n-eiseofaí an cead oibriúcháin deireanach i Lúnasa 2009 nuair a bhainfí an sprioc CHR amach agus nuair a réiteofaí aon fhadhbanna nach raibh socraithe. Níor bhain an t-oibreoir an ráta sprice CHR amach go dtí an ceathrú ráithe[222] de 2009. Eisíodh an cead oibriúcháin deireanach le héifeacht ó Eanáir 2010. Ní raibh plean iomlán athshlánaithe ó thubaiste críochnaithe faoin am sin, áfach, agus ní raibh an caighdeán tionscail maidir le cárta íocaíochta bainte amach fós. Faomhadh an plean athshlánaithe tubaiste ó shin agus rinneadh an t-oibreoir dola a bhailíochtú as an gcaighdeán tionscail maidir le cárta íocaíochta a chomhlíonadh.

28.22 Faoin gconradh méadaíonn spriocanna CHR ó 91% sa chéad bhliain d'oibriú go 95% faoin gceathrú bliain. Tá an t-oibreoir incháilithe chun bónas feidhmíochta a fháil áit a sáraítear an sprioc ábhartha CHR. Tá na socruithe bónais struchtúrtha chun dreasacht a thabhairt don oibreoir i bhfoirm rátaí íocaíochta níos airde sna chéad dhá bhliain d'oibríochtaí. Áit nach mbaintear na spriocanna CHR amach, fulaingíonn an t-oibreoir laghdú ar íocaíochtaí[223].

## *Ceanglais Leanúnacha Tuairiscithe*

28.23 Mar chuid den chonradh, ceanglaítear ar an oibreoir tuarascálacha laethúla, seachtainiúla agus míosúla a chur faoi bhráid an NRA chun ceadú dó monatóireacht a dhéanamh ar an ngníomhaíocht dola agus ar a chuid feidhmíochta araon.

28.24 Is iad na príomhuirlisí bainistíochta atá ar fáil don NRA ná tuarascálacha míosúla a chlúdaíonn méid na tráchta, ioncam, oibríochtaí agus seirbhís do chustaiméirí, chomh maith le cruinnithe míosúla leis an athbhreithnitheoir neamhspleách agus leis an oibreoir. Cuirtear aon saincheisteanna a thagann chun cinn ó na tuarascálacha ar an gclár oibre le plé ag cruinniú míosúil leis an oibreoir.

---

220 Tarlaíonn imeacht dola nuair a théann feithicil trí phointe dola (is cuma cibé acu an bhfuil dola iníoctha nó an bhfuil díolúine ón dola i bhfeidhm).

221 Cuireadh é sin i gcrích in Iúil 2010.

222 Ag an gcéim sin baineadh amach ráta de 92.1%.

223 Cuirtear lamháltas suas le 5% den sprioc CHR i bhfeidhm agus cinneadh á dhéanamh an bhfuiltear chun laghdú a dhéanamh.

28.25 Tá athbhreithniú ar na tuarascálacha míosúla lárnacha (i. tuarascálacha tráchta agus ioncaim) déanta ag an athbhreithnitheoir dola a d'fhostaigh an NRA agus chuir sé réamhthuarascáil faoi bhráid an NRA le déanaí a rinne faisnéis maidir le trácht agus ioncam sna tuarascálacha a bhailíochtú.

## Conclúid - Ceanglais Leanúnacha Tuairiscithe

Tá spriocanna feidhmíochta ag baint leis an meicníocht conartha a mhéadaíonn ó 91% go 95% faoi bhliain a ceathair agus a fhreagraíonn do laghduithe ar íocaíochtaí bónais atá ag teacht le hionchas maidir le feabhsúcháin oibriúcháin le himeacht ama agus leis an ngá dreasacht níos mó a thabhairt don oibreoir i mblianta luatha an chonartha.

Ní dhearnadh an CHR, an mhodheolaíocht chun tomhas a dhéanamh ar fheidhmíocht an oibreora maidir le gach idirbheart a ghabháil, a chomhaontú go sealadach go dtí Meitheamh 2009. Eisíodh an cead oibriúcháin deireanach in Eanáir 2009 tar éis CHR de 92% a bhaint amach le haghaidh na ráithe deireanaí de 2009.

### *Monatóireacht na Roinne*

28.26 Leag an tOifigeach Cuntasaíochta na socruithe seo a leanas amach maidir le monatóireacht ar éifeachtacht.

- Mar chuid den phróiseas bliantúil buiséadach, cuirtear réamh-mheastacháin an NRA maidir le hioncam agus le costas i dtaobh a chuid oibríochtaí dola ar fáil don Roinn.
- Is í an phríomh-mheicníocht fhoirmiúil thuairiscithe ná na cuntais agus na tuarascálacha bliantúla faoi oibriú chóras dola gan bhacainn an M50.

28.27 Soláthraíonn cruinniú ráithiúil den Ghrúpa Monatóireachta um Bóithre Náisiúnta idir an NRA agus an Roinn fóram chun monatóireacht a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar thionscadal dola an M50 agus baintear úsáid as chun na críche sin.

## Conclúid

Ba é an barrachas oibriúcháin ar ghníomhaíochtaí dola an M50 le haghaidh na chéad dhá mhí dhéag d'oibriú ná thart ar €65 milliún, a áiríonn €11 milliún a fuarthas i bpionóis agus i dtáillí bainistíochta cuntais.

Tháinig méadú 17% ar ioncam dola ar an mbonn céanna thar an tréimhse chomhfhreagrach mar thoradh ar mhéadú ar thrácht agus ar an taraif dola.

Ar an iomlán, tar éis na costais a bhain le ceannach amach an M50 agus costais bhunaithe a thógáil san áireamh ba é glanchostas na n-oibríochtaí dola go dtí deireadh na chéad dhá mhí dhéag d'oibriú ná €3 mhilliún.

# Caibidil 29

## An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta

## An Ciste Náisiúnta Oiliúna - Skillnets

# An Ciste Náisiúnta Oiliúna - Skillnets

29.1 Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Oiliúna (CNO) faoin Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna, 2000. Úsáidtear acmhainní an Chiste chun maoiniú a sholáthar d'oiliúint daoine atá fostaithe nó a bhfuil fostaíocht á lorg acu. Cuirtear acmhainní ar fáil don chiste trí thobhach a bhailítear ó fhostaithe mar chuid de na ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh. Socraíodh é ag 0.7% de thuillimh ináirithe na bhfostaithe sa bhliain 2009. Féadtar íocaíochtaí ón gCiste a úsáid chun maoiniú a sholáthar do raon scéimeanna a dhírítear ar

- cur le scileanna na ndaoine sin atá fostaithe
- oiliúint a sholáthar dóibh siúd is mian leo scileanna a fháil chun cabhrú leo fostaíocht a fháil
- faisnéis a sholáthar a bhaineann le riachtanais scileanna sa gheilleagar faoi láthair nó ar dócha go mbeidh siad ag teastáil amach anseo.

29.2 Déanann an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta[224] (an Roinn) na méideanna atá le híoc de bhun na gcuspóirí sin a chinneadh le toiliú an Aire Airgeadais. Léirítear an caiteachas iomlán ón gCiste sa bhliain 2008 agus 2009 i bhFíor 143.

**Fíor 143 Caiteachas an Chiste Náisiúnta Oiliúna 2008 agus 2009**

| Caiteachas | 2008<br>€ m | 2009[a]<br>€ m |
|---|---|---|
| ***Oiliúint dóibh siúd atá fostaithe*** | | |
| FÁS | 168.8 | 103.2 |
| Skillnets Limited[b] | 26.0 | 16.6 |
| Fiontraíocht Éireann | 3.0 | 2.9 |
| An tÚdarás Forbartha Tionscail, Éire | 2.5 | 2.5 |
| Skillnets Services Limited[c] | 0.7 | - |
| Comhlachtaí eile | 1.3 | 1.4 |
| | **202.3** | **126.6** |
| ***Oiliúint i gcomhair fostaíochta*** | | |
| FÁS | **195.8** | **238.9** |
| ***Soláthar faisnéise maidir le riachtanais scileanna*** | | |
| FÁS – An tAonad Anailíse Scileanna | 0.4 | 0.4 |
| Forfas | 0.5 | 0.5 |
| | **0.9** | **0.9** |
| **Caiteachas Iomlán** | **399.0** | **366.4** |

Foinse: An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta.

Nótaí:

a Tá figiúir chaiteachais 2009 faoi réir iniúchta.

b Áirítear ar mhéid 2009 arbh ionann é agus €16.6 milliún leithdháileadh €1 milliún don Finuas Networks Programme atá tiomanta do shainoiliúint a sholáthar laistigh den tionscal Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta.

c Is fochuideachta faoi lánúinéireacht í Skillnets Services Ltd de Skillnets Limited a bunaíodh chun bainistíocht a dhéanamh ar an Accel Programme ón mbliain 2006 go 2008. B'ionann costas iomlán an chláir agus €24.2 milliún. Soláthraíonn tacaíocht ESF suas go 75% arb ionann é agus maoiniú €13. milliún, chuir an Ciste Náisiúnta Oiliúna €3.6 milliún ar fáil (rinneadh íocaíochtaí deiridh €0.7 milliún in 2008) agus sholáthair ballchuideachtaí an €7.6 milliún eile.

---

224 Aistríodh freagracht as FÁS agus Skillnets agus as an gCiste Náisiúnta Oiliúna chuig an Aire Oideachais agus Scileanna an 1 Bealtaine 2010.

## Béim na Caibidle

De bhrí gur sampla é Skillnets de shamhail soláthair seirbhíse ina ndéantar seirbhísí fóirdheontais a sholáthar tríd an earnáil phríobháideach amach ón gcomhlacht maoinithe, rinne mé athbhreithniú ar conas a sholáthraítear na seirbhísí seo agus conas a dhéantar monatóireacht ar úsáid an mhaoinithe phoiblí chun a chinntiú go gcuirtear chun feidhme é don chuspóir a beartaíodh dó.

## Clár Skillnets

29.3 Is cuideachta é Skillnets Limited (Skillnets) a lánmhaoinítear ón CNO d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na scileanna san áit oibre. Tacaíonn sé agus maoiníonn sé líonraí fiontar ionas go mbeidh siad in ann baint a bheith acu le hoiliúint a bhaineann go sonrach le tionscal faoin gClár Líonraí Oiliúna (CLO). Is éard atá ar bord Skillnets fostóir agus ionadaithe d'fhostaithe chomh maith le triúr a ainmníonn an tAire Oideachais agus Scileanna. Oibríonn Skillnets faoi chomhaontú cúig bliana leis an Roinn Oideachias agus Scileanna agus mairfidh an comhaontú reatha go dtí 2010.

29.4 Is éard atá i gceist leis an gcoincheap líonraí fiontar a thacú agus mhaoiniú chun go mbeidh siad in ann teacht le chéile chun aghaidh a thabhairt i dteannta lena chéile ar a gcomhriachtanais oiliúna, comhoibriú a dhéanamh le fiontair eile agus teagmháil a dhéanamh le saineolaithe, oiliúnóirí, comhlachtaí deimhníochta agus daoine eile chun obair a dhéanamh leo a chabhróidh leo a gcuid spriocanna oiliúna a bhaint amach. I ndiaidh dó leithdháileadh buiséid comhaontaithe a fháil ón Roinn, fáiltíonn Skillnets roimh iarratais ar mhaoiniú ó ghrúpaí fiontar lena n-áirítear líonraí oiliúna atá ann cheana féin. Déantar na tograí a fhaightear a mheas in aghaidh critéar socraithe sula ndéantar líonraí a bhfuil ag éirí go maith leo a mhaoiniú don CLO ar bhonn dhá bhliain.

### *Socruithe Maoinithe*

29.5 Leithdháileadh €24.8 milliún ó thús do Skillnets don bhliain 2009. Mar gheall ar an gcor chun donais sa gheilleagar agus laghduithe ar chaiteachas an Rialtais, áfach, laghdaíodh an leithdháileadh ina dhiaidh sin i mí an Mhárta 2009 faoi beagnach €5 mhilliún agus faoi thart ar €3.5 mhilliún eile faoi lár mhí na Bealtaine, rud a d'fhág an buiséad deiridh ag €16.6 milliún don bhliain. Léirítear caiteachas arna dhéanamh ag Skillnets in 2008 agus 2009 i bhFíor 144.

**Fíor 144 Caiteachas Skillnets Ltd sna blianta 2008 agus 2009**

| | **2008**<br>**€m** | **2009[a]**<br>**€m** |
|---|---|---|
| Costas Díreach an Chláir | 23.6 | 13.8 |
| Costas Riaracháin [b] | 2.6 | 2.7 |
| **Iomlán** | **26.2** | **16.5** |

Foinse: Skillnets

Nótaí:

a Is figiúirí sealadacha iad méideanna 2009 toisc nár cuireadh ainm leis na ráitis airgeadais go dtí seo.

b Bhí na costais riaracháin níos ísle sa bhliain 2008 toisc gur chuir Skillnets Services Ltd fóirdheontais thart ar €500,000 ar fáil a bheag nó a mhór de bharr aistrithe foirne agus acmhainní eile idir Accel agus CLO.

29.6 Le linn bainistíocht a dhéanamh ar an CLO, ní chuireann Skillnets oiliúint ar fáil go díreach do líonraí[225]. Nuair a cheadaítear líonra do mhaoiniú CLO, ceapann sé eagraíocht chonarthach[226] chun comhaontú maoinithe a shíniú le Skillnets thar a ceann. Áirítear sa chomhaontú plean líonra agus leagtar amach spriocanna an líonra ann i dtaobh soláthair agus torthaí agus an bhuiséid cheadaithe. Ceapann an eagraíocht chonartha bainisteoir líonra chun bainistíocht a dhéanamh ar chur i ngníomh an phlean.

29.7 Déanann Skillnets íocaíochtaí deontais ar bhonn céimnithe le líonraí agus eisítear an chéad íocaíocht (30% den deontas) roimh ré ar mhaithe le rochtain láithreach a thabhairt don líonra ar na cistí atá ag teastáil chun an plean a chur i bhfeidhm. Déantar a thuilleadh íocaíochtaí ar an gcoinníoll go sroicheann an líonra leibhéal áirithe gníomhaíochta agus feidhmíochta. Ní dhéantar an íocaíocht choinneála deiridh (15% den deontas iomlán) go dtí an bhliain ina dhiaidh sin agus déantar é ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an líonra riachtanais go léir airgeadais agus tuairiscithe *Skillnets*, lena n-áirítear tuarascáil cuntasóra neamhspleáigh a chur ar aghaidh.

29.8 Úsáidtear an maoiniú a fhaightear chun tacú le líonraí fiontar páirt a ghlacadh in oiliúint. Is iad na fiontair féin a bhíonn i gceannas ar na líonraí agus a dhéanann bainistiú orthu a dhéanann cláir sainoiliúna a dhearadh, a bhainistiú agus a sholáthar ar fud raon earnálacha tionscail agus seirbhíse. Déanann Skillnets monatóireacht ar na líonraí chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na treoirlínte go léir tuairiscithe agus oibríochta a eisítear agus éilítear orthu ansin monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar agus ar chaighdeán na hoiliúna d'fhostaithe na mballchuideachtaí.

29.9 Cuireann ballchuideachtaí méid áirithe maoinithe chomhfhreagraithe ar fáil. Faoi CLO 2008-2009, sholáthair bhallchuideachtaí maoiniú comhfhreagrach idir thart ar 10% go 30% de chostas na ngníomhaíochtaí incháilithe líonra go léir. Bhí an maoiniú comhfhreagrach i bhfoirm táillí comhaltais agus/nó táillí cúrsa oiliúna.

29.10 Leagann Skillnets amach treoirlínte soláthair do líonraí. Clúdaíonn siad seo socruithe clúdaigh i dtaobh soláthraithe oiliúna a cheapadh[227]. Is iad an bainisteoir líonra, an grúpa stiúrtha agus an eagraíocht chonartha atá freagrach as na socruithe soláthair le haghaidh na gceapachán sin.

## *Aschur Cláir*

29.11 Ceadaíodh 123 líonra oiliúna ar dtús le haghaidh maoinithe faoi CLO 2008-2009. Laghdaíodh iad seo ina dhiaidh sin chuig 103 faoi dheireadh 2009 mar thoradh ar chiorruithe maoinithe. Socraíodh sprioclíon na ndaoine a bhí le dul faoi oiliúint sa bhliain 2009 ag 39,850. Ba é 40,123 an líon iarbhír a tuairiscíodh. Bhí oiliúint don lucht bainistíochta san earnáil Fiontar Beag agus Meánmhéide, ar príomh-spriocghrúpa é do Skillnets, i gceist le 35% den oiliúint iomlán in 2009.

29.12 Ba é 193,757 an líon iarbhír laethanta oiliúna a cuireadh ar fáil sa bhliain 2009, figiúr a bhí 6% níos airde ná sprioclíon na laethanta oiliúna a socraíodh leis an gclár arbh ionann é agus 182,400 lá. Ba é 30% céatadán na gcúrsaí deimhnithe creidiúnaithe faoin gCreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí[228] agus bhí 59% de na laethanta oiliúna a cuireadh ar fáil i gceist leis. Dhreasaigh CLO 2008-2009 líonraí

---

225 Is í an eisceacht Dioplóma leibhéal 6 i Líonraí Gnó a Bhainistiú, arna chreidiúnú ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn Skillnets gach bliain do bhainisteoirí líonra.

226 Ní mór don eagraíocht chonartha a bheith ina comhlacht corparáideach agus bíonn sí freagrach as Grúpa Stiúrtha a bhunú, bainisteoir líonra a cheapadh agus cur i ngníomh an phlean líonta agus comhlíonadh choinníollacha go léir an tsocraithe mhaoinithe a chomhlíonadh.

227 Níl aon ghaolmhaireacht dhíreach tráchtála ná chonartha ag Skillnets leis an soláthraí oiliúna toisc go bhfuil na líonraí lena mbaineann faoi dhliteanas díreach faoi chomhaontú maoinithe sínithe idir an dá pháirtí ina leagtar amach na hoibleagáidí dlíthiúla, airgeadais, oibríochta agus tuairiscithe go léir.

228 Tá Creatlach Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann freagrach as cur i ngníomh na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochtaí a tugadh isteach in 2003, a sholáthraíonn creatlach chun leibhéal agus caighdeán cáilíochtaí éagsúla a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.

chun an méid oiliúna a bhí á chur ar fáil dóibh siúd nach raibh ach bunscileanna isle acu a mhéadú trí bhiseach breise a sholáthar do líonraí chun oiliúint den sort sin a chur ar fáil. Sa bhliain 2009, cuireadh 93,020 lá oiliúna ar fáil dóibh siúd nach raibh ach bunscileanna isle acu i gcoinne sprioc 79,950 lá.

### *Rialú agus Monatóireacht*

29.13 Leithdháiltear bainisteoir tacaíochta cláir laistigh de Skillnets ar gach líonra chun tacaíocht a sholáthar agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an airgeadas líonra. Déanann bainisteoirí tacaíochta cláir athbhreithnithe ráithiúla ar dhul chun cinn gach líonra maidir leis an gclár oiliúna spriocdhírithe a sholáthar lena n-áirítear mionsonraithe ioncaim agus caiteachais, ballchuideachtaí, rannpháirtithe agus gníomhaíochtaí oiliúna. Déantar iad seo a thaifead ar chóras faisnéise bainistíochta – córas tuairiscithe ar líne Bhainistíocht Gníomhaíochta Skillnets (BGS). Cuireann na líonraí nuashonruithe rialta ar aghaidh go leictreonach maidir lena ngníomhaíocht airgeadais, a ngníomhaíocht oiliúna agus faisnéis mheastóireachta a nascann leis na tuarascálacha ráithiúla maidir le dul chun cinn. Úsáidtear córas faisnéise chomh maith chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais tuairiscithe líonraí sula ndéantar an íocaíocht deontais deiridh. Áirítear ar na riachtanais seo tuarascáil cuntasóra neamhspleáigh a chur ar aghaidh maidir le hairgeadais líonra agus tuarascáil meastóra neamhspleáigh a dhéanann measúnú ar an méid a bhfuil spriocanna feidhmíochta bainte amach.

29.14 Tá sé mar aidhm ag Skillnets cuairt mhonatóireachta a thabhairt ar gach líonra uair amháin i ngach timthriall dhá bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar an eagraíocht agus rialú a dhéanamh ar an líonra, na hairgeadais líonra agus chun treoir a thabhairt i leith saincheisteanna airgeadais– tugtar cuairteanna airgeadais orthu seo. Tugadh faoi 16 chuairt airgeadais sa bhliain 2008, dhá cheann sa bhliain 2009 agus ceann eile go dtí seo sa bhliain 2010. De réir eolais atá ag Skillnets, bhí éifeacht ag ualach oibre méadaithe agus acmhainní foirne laghdaithe mar thoradh ar laghduithe maoinithe ar an gcumas a bhí aige na cuairteanna airgeadais a dhéanamh.

29.15 Le linn cuairt a thabhairt ar Skillnets, rinne baill foirne ó m’Oifigse athbhreithniú ar thuarascálacha imscrúdaithe a d’eascair as na cuairteanna airgeadais. Léirigh siad seo gur aithníodh laigí rialaithe éagsúla agus gur eisíodh tráchtaí agus moltaí do na líonraí chun rialuithe a fheabhsú. Ar na laigí rialaithe a aithníodh i gcuairteanna airgeadais, áiríodh

- Tháinig saincheisteanna soláthair chun cinn i 12 as na 19 líonra ar tugadh cuairt orthu idir an 1 Eanáir 2008 agus tús 2010 – bhí doiciméadacht tacaíochta cosúil le bileoga scórála ar iarraidh i naoi gcinn de na 19 líonra agus ní dhearna conarthaí a thairiscint i gcúig cinn de na 19 líonra a athbhreithníodh.
- Bhí bileoga próifíle oiliúnaí ar iarraidh nó neamhiomlán i gcúig chinn de na 19 líonra ar tugadh cuairt orthu agus le haghaidh cúrsa amháin, bhí 18 gcinn as 50 próifíl ar iarraidh. Cuireadh tic le bileoga freastail in ionad iad a shíniú in dá líonra agus bhí siad ar iarraidh do chúrsa amháin agus cúigear rannpháirtithe i líonra eile. Bhí foirmeacha luachála ar iarraidh nó neamhiomlán i gcúig líonra.
- Bhain laigí rialaithe eile le saincheisteanna cosúil le haicmiú mícheart caiteachais nó nithe ioncaim agus taifid ó chruinnithe ar iarraidh.

29.16 Bhí líonra amháin as na 19 gcinn ar tugadh cuairt orthu mar ábhar líomhaintí anaithnide míchleachtais a fuarthas sa Roinn i mí Feabhra 2009. Bhí roinnt údar imní ag Skillnets ag deireadh 2008, a d’eascair as a nósanna imeachta monatóireachta féin, maidir leis an líonra a bhain le cleachtais bhaincéireachta agus saincheisteanna nós imeachta agus bhí iniúchadh á dhéanamh sula fuarthas na líomhaintí. Rinne baill foirne Skillnets athbhreithniú ar na nósanna imeachta go léir airgeadais agus oibríochta i mí an Mhárta 2009 agus aithníodh saincheisteanna maidir le hoibriú dara cuntas bainc agus soláthar seirbhísí oiliúna ag meastóir seachtrach a ceapadh chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an líonra.

29.17 Bhain an príomhúdar imní le cleachtais soláthair an líonra. Dhícheadaigh Skillnets an caiteachas go léir don chuideachta oiliúna sa bhliain 2008 arbh ionann é agus €37,965 agus measadh freisin go raibh costais a tabhaíodh sa bhliain 2009 arbh ionann iad agus €65,520 incháilithe. Níor cailleadh aon chistí poiblí sa chás seo.

## Údair Imní maidir le Soláthar Oiliúna

29.18 I ndiaidh do Skillnets líomhaintí anaithnide a fháil i mí Feabhra 2010, thosaigh Skillnets imscrúdú agus d'aithin sé 24 líonra a raibh íocaíochtaí déanta acu le soláthraí oiliúna sonrach i CLO 2008-2009. Thug oifigigh ó Skillnets cuairteanna gan fhógra ar cheithre líonra i mí Feabhra 2010 a ainmníodh sna líomhaintí agus toisc go raibh drochamhras orthu go raibh calaois ar siúl i gcás dhá líonra, cuireadh fios ar Bhiúró an Gharda Síochána um Chaolaois a Imscrúdú i Márta 2010. Cheap Skillnets seirbhísí gnólachta Cuntasóirí Cairte, a ghníomhaigh mar iniúchóirí inmheánacha freisin do Skillnets don trí bliana roimhe sin, chun cabhrú leis an imscrúdú agus a fionnachtana a thuairisciú do Bhord Skillnets.

### *Fionnachtana Imscrúdaithe*

29.19 Aimsíodh san imscrúdú a rinne cuntasóirí go raibh íocaíochtaí déanta ag 24 líonra leis an soláthraí oiliúna i CLO 2008-2009. Bhí fianaise chun tacú leis na líomhaintí a bhain le 12 de na líonra sin. Ní fuarthas aon fhianaise ar neamhrialtachtaí i ndeich gcinn agus tá imscrúduithe ar an dá cheann eile fós ar siúl. D'íoc na 12 líonra €319,520 ar an iomlán leis an soláthraí oilúna le haghaidh 24 cúrsa. Ba iad na nithe seo a leanas na nithe a aimsíodh maidir le 24 cúrsa

- níor soláthraíodh ocht gcúrsa
- soláthraíodh ocht gcinn eile de na cúrsaí do chuideachtaí nach raibh ina mbaill den líonra ábhartha
- seachadadh ocht gcúrsa do bhaill líonra ach i gceithre cinn de na cásanna seo do bhaill an líonra ach i gceithre cinn de na cásanna seo ní raibh dóthain fianaise ann gur fhreastail gach oiliúnaí a ndearnadh éileamh ina leith
- i dtrí cinn de na hocht gcúrsa a seachadadh do bhaill an líonra, bhailigh an soláthraí oiliúna an t-ioncam comhfhreagrach go díreach ó na ballchuideachtaí
- dícheadaíodh íocaíocht ar chúrsa amháin a seachadadh toisc gur maoiníodh go poiblí é, cé gur bhall den líonra ábhartha ab ea an chuideachta, agus ní raibh sé incháilithe dá bhrí sin.

~~29.20~~ Aimsíodh san imscrúdú go raibh bileoga próifíle oiliúnaí, foirmeacha meastóireachta agus bileoga tinrimh sínithe i gcomhaid le haghaidh cúrsaí nár reáchtáladh d'oiliúnaithe ar líomhnaíodh gur fhreastail siad ar na cúrsaí sin.

29.21 Rinne ceann amháin de na 12 líonra íocaíocht €12,000 leis an soláthraí oiliúna as dhá chúrsa a sholáthar. Chuir an soláthraí oiliúna in iúl don líonra ina dhiaidh sin nár chóir iarratas a dhéanamh ar an íocaíocht toisc gur íoc oiliúnaithe a dtáillí féin ar ceann amháin de na cúrsaí agus gur cuireadh an ceann eile ar ceal mar gheall ar easpa daoine. Aimsíodh san imscrúdú go d'fhéadfadh gur ullmhaíodh na doiciméid go calaoiseach nó gur mí-ionramháladh iad i dtaobh an chúrsa a cuireadh ar ceal. Tharraing Skillnets aird Bhiúró an Gharda Síochána um Chaolaois a Imscrúdú ar an ábhar seo. D'aisíoc an soláthraí an €12,000 leis an líonra ach níor cuireadh Skillnets ar an eolas maidir leis an eachtra sin, a d'fhéadfadh a bheith mar chúnamh ag an am sin chun cosc a chur ar mhíchleachtais eile. Caitheadh leis an aisíocaíocht go mícheart ansin mar ioncam mar thoradh ar ró-éileamh caiteachais incáilithe ag an Líonra, atá á scrúdú ag Skillnets.

29.22 Tugadh faoi deara i rith an imscrúdaithe gur coimeádadh roinnt deimhnithe de chuid Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (ITPL) ar taifead mar fhianaise ar oiliúint. Rinne Skillnets teagmháil le

ITPL i mí na Bealtaine 2010 agus sholáthair sé fianaise dhoiciméadach ar dheimhnithe ITPL lena fíorú. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na teastais, chuir ITPL in iúl do *Skillnets* nár dhealraitheach gur fhíordheimhnithe a bhí iontu ná nach raibh siad sínithe ag oifigeach údaraithe. Tá a thuilleadh imscrúdaithe le déanamh ag ITPL ar an ábhar.

29.23 I dtaobh aon ghlanchaillteanas cistí poiblí, tá athbreithniú déanta ag Skillnets ar na cúrsaí go léir a sholáthair an soláthraí ainmnithe do na 24 líonra agus féadfaidh sé caiteachas líonra arb ionann é agus €319,720 ar an iomlán a ainmniú mar neamh-incháilithe bunaithe ar a bhfionnachtana, agus maoiniú deontais Skillnets infheidhmithe i leith na n-íocaíochtaí sin arb ionann iad agus €202,586. Go dtí seo, tá caiteachas €129,800 ainmnithe mar neamh-incháilithe agus maoiniú deontais infheidhmithe i leith an chaiteachais seo arb ionann é agus €95,634. Tar éis airgead coinneála a chur san áireamh a d'fhaibhrigh chuig na líonraí ón mbliain 2009, measann *Skillnets* gurb ionann uaschaillteanas na gcistí poiblí agus €59,645. Tá Skillnets ag obair le heagraíochtaí conartha na líonraí bainteacha chun caillteanas na gcistí poiblí a ghnóthú, ar cibé slí a bhíonn cuí agus déanfaidh sé breithniú ar chaingean dlí a thionscnamh chun fiachas a ghnóthú nó cúiteamh i gcás gur cuí.

29.24 Tháinig an t-imscrúdú ar chásanna inar íoc an soláthraí oiliúna an t-ioncam comhfhreagrach leis an líonra. Má cheadaítear don soláthraí oiliúna an t-ioncam comhfhreagrach a bhailiú, is é an toradh a bhíonn ann go laghdaítear an teagmháil a bhíonn ag an líonra lena bhallchuideachtaí agus a oiliúnaithe agus ardaítear an fhéidearthacht go gcuirfí oiliúnaithe bréagacha san áireamh toisc nach féidir leis an líonra líon na n-oiliúnaithe a fhreastalaíonn a fhíorú go díreach agus cabhraíonn an nós seo le cúrsaí oiliúna nár reáchtáladh a cheilt.

29.25 D'aithin an t-imscrúdú dhá líonra a raibh níos mó na cuntas bainc amháin á n-oibriú acu chun maoiniú comfhreagrach a lóisteáil, rud a bhí i gcoinne choinníollacha maoinithe Skillnets.

## Líomhaintí a Bhain le FÁS

29.26 Chuir Skillnets Príomhfheidhmeannach FÁS ar an eolas i mí Feabhra 2010 maidir le líomhaintí go raibh FÁS ainmnithe i leith na míchleachtas seo. Bhuail FÁS le Skillnets an 26 Feabhra 2010 agus chuir siad tús láithreach le hathbhreithniú ar ghníomhaíochtaí leis an oiliúnaí mar thoradh ar an gcruinniú sin. Rinneadh cinneadh, bunaithe ar an obair sin chun ball den fhoireann iniúchóireachta inmhéanaí a ainmniú chun tús a chur le himscrúdú. Cuireadh tús leis an obair mhionsonraithe i mí na Bealtaine 2010. Chuir FÁS in iúl dom

29.27 go raibh conarthaí de luach €658,498 faighte ag an soláthraí oilúna idir na blianta 2003 agus 2010. Tá an obair iniúchóireachta ag díriú ar dtús ar ceithre chonradh ceannoifige arb ionann a luach iomlán agus €107,500 sa bhliain 2008-2009.

29.28 Ní féidir caillteanas poitéinseal na gcistí poiblí a mheas go cruinn go dtí go gcríochnófar an t-imscrúdú agus déanfar aon chaillteanas a fhritháireamh i gcoinne airgid atá dlite don soláthraí oiliúna. Tá íocaíochtaí €38,362 atá gan íoc leis an soláthraí á gcoinneáil siar faoi láthair chomh maith le hairgead coinneála €12,458 i leith conartha oiliúna.

29.29 Tá an t-imscrúdú ag leanúint ar aghaidh agus ní féidir le FÁS tiomantas a dhéanamh maidir le dáta ar a gcríochnófar tuarascáil go dtí go dtabharfar na fiosrúcháin go léir chun críche.

## Breathnuithe atá déanta ag Skillnets

29.30 Luaigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil tiomantas déanta ag Skillnets anois chun cuairt amháin maidir le comhlíonadh a thabhairt ar gach líonra uair amháin sa bhliain ar a laghad. Cuirfidh an tiomantas do sheiceálacha ar chomhlíonadh leis na próisis ráithiúla agus bhliantúla. Déanfar scóip na gcuairteanna seo a leathnú níos faide ná seiceálacha cuairte airgeadais chun seiceálacha samplacha a

chur san áireamh le cuideachtaí agus oiliúnaithe maidir leis an oiliúint a sholáthraítear. Is féidir na seiceálacha samplacha a dhéanamh am ar bith i rith na bliana agus cuireadh líonraí ar an eolas gur ordaigh Skillnets gur chóir do bhainisteoirí líonra freastal ar an méid imeachtaí oiliúna is indéanta agus gur chuir sé in iúl do líonraí go bhféadfaidh baill foirne *Skillnets* freastal ar imeachtaí oiliúna ar bhonn neamhfhógartha.

29.31 Luaigh an Príomhfheidhmeannach gur bhfuil na treoirlínte oibríochta agus na socruithe maoinithe leasaithe chun soiléiriú a thabhairt i leith na slí ar chóir do líonraí a ngaolmhaireachtaí le ballchuideachtaí a bhainistiú, na rialacha a bhaineann le híocaíocht an ioncaim chomhfhreagraigh agus an riachtanais go n-oibreoidh na líonraí cuntas bainc amháin. Leathnaíodh treoirlínte soláthair freisin chun a thuilleadh treorach maidir le conraitheoireacht le soláthraithe seirbhíse.

29.32 Mar fhreagairt ar an fiosrúchán a rinne mé maidir le cad iad na gníomhartha eile atá beartaithe ag *Skillnets* a dhéanamh chun an t-ábhar seo a thabhairt chun críche, mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh obair á déanamh acu ar an méid seo a leanas

- cinneadh deiridh a dhéanamh ar an scála neamh-incháilithe do na líonraí go léir i gcás go bhfuil cinneadh fós le déanamh
- i gcás nach gcoinnítear dóthain airgead coinneála, dul sa tóir ar aisíocaíocht deontais a bhaineann le caiteachas neamh-incháilithe
- leanúint d'idirchaidreamh le FÁS agus ITPL de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn ina n-imscrúduithe féin agus leanúint de theagmháil a dhéanamh le Biúró an Gharda Síochána um Chalaois a Imscrúdú
- bunaithe ar an gcomhairle dlí a fuarthas, cuireadh in iúl do na líonraí go léir atá ann faoi láthair gan soláthraí oiliúna ainmnithe a úsáid gan cead a fháil ó Skillnets
- tá tús curtha ag Skillnets le hiniúchadh samplabhunaithe ar sholáthraithe do na blianta 2008 agus 2009 bunaithe ar chritéar an scála chaiteachais, leathnú na gníomhaíochta le líonraí eile agus cásanna inar aithníodh saincheisteanna.

## Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

29.33 Ba í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a bhí freagrach as an gCiste Náisiúnta Oiliúna roimh mhí na Bealtaine 2010 agus dá bhrí sin, as maoiniú Skillnets chomh maith. Ó tharla gur aistríodh freagracht ó shin chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), d'iarr mé ar bhreathnuithe ó Oifigeach Cuntasaíochta ón Roinn sin.

29.34 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go ndéanann ROS aon cheanglais shonracha a d'fhéadfadh an Roinn a chur i bhfeidhm i dtéarmaí aidhmeanna beartais atá le tacú ag CLO Skillnets a chur in iúl do Skillnets mar choinníollacha de dhearbhú a mhaoinithe. Déanann ROS imscrúdú ar iarratais ar thráinsí cistí a vótáladh do Skillnets chun a n-oiriúnacht a chinntiú. Ainmníonn an tAire triúr ionadaithe do Bhord Skillnets, a bhíonn duine amháin acu ina oifigeach nó ina hoifigeach ó ROS. Leagtar amach an ghaolmhaireacht idir Skillnets agus ROS sa Sainordú agus Comhaontú Maoinithe do CLO a mhairfidh go dtí deireadh 2010 san fhoirm atá air faoi láthair. Faigheann ROS dearbhú maidir le rialú airgeadais Skillnets trí shásraí monatóireachta agus rialaithe a oibríonn Skillnets chomh maith leis na sásraí tuairiscithe don Bhord agus do ROS.

29.35 I dtaobh na líomhaintí mírialtachtaí, choimeád Skillnets ROS ar an eolas ag gach céim agus tá ROS sásta leis an imscrúdú atá déanta ag Skillnets ar an ábhar go dtí seo. D'aontaigh ROS le *Skillnets* go bhfuil gá le roinnt beart monatóireachta treisithe agus moltaí na tuarascála imscrúdaithe á nglacadh san áireamh. Déanfar breithniú ar ábhair a thiocfaidh chun cinn ó na líomhaintí agus déanfar machnamh faoi imscrúdú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs aon mhaoinithe amach anseo dodo CLO Skillnets.

29.36 Déanfar ROS breithniú ar thorthaí meastóireachta seachtraí ar CLO, atá le coimisiúnú ag Skillnets sa bhliain 2010, ag féachaint d'aon fheabhsuithe a mholtar sa CLO agus dá oibriú. Bhí éileamh déanta ag ROS cheana féin i mí na Nollag 2009 agus maoiniú á chur ar fáil acu do CLO 2010, go gcuirfí roinnt beart nua i bhfeidhm, lena n-áirítear

- comhdhlúthú agus tabhairt roinnt líonraí a maoiníodh dá réir chéile (agus uaslíon 70 le maoiniú)
- riachtanas go soláthróidh líonraí leibhéal méadaithe 50%
- teorainn ar chostais bhainistíochta na líonraí ag 25% de chaiteachas iomlán, a bhfuil na costais sin go léir le híoc trí mhaoiniú príobháideach
- teorainn a chur ar íocaíochtaí coinneála ag 10% de dheontais iomlán a íocadh agus ag €1 milliún ar an iomlán ar fud an CLO.

## Conclúid

Tá gá le plean rialaithe a dheartar chun a chinntiú go ndéantar seirbhísí a soláthraítear fóirdheontas dóibh a chur ar fáil go fírinneach chun a chinntiú go n-úsáidtear airgead poiblí faoi dheoidh don chuspóir a beartaíodh dóibh.

Bhí drochéifeacht ag laghduithe maoinithe ar roinnt cuairteanna monatóireachta a thug Skillnets.

Mar thoradh ar easpa teagmhála dírí ag Skillnets le ballchuideachtaí nó le hoiliúnaithe agus d'éagmais samplála nó corrsheiceálacha ar chúrsaí nó imeachtaí aonair á reáchtáil ag líonraí bhí sé deacair a fhíorú gur reáchtáladh an oiliúint sin i ndáiríre.

Bhí gá le níos mó deighilte a dhéanamh ar fheidhmeanna an tsoláthair oiliúna. Bhí deacrachtaí le fáil amach nár reáchtáladh cúrsaí nó nár cuireadh ar fáil iad ar mhaithe le leas na mball toisc gur ligeadh don soláthraí oiliúna ról róghníomhach a ghlacadh maidir le soláthar agus bainistíocht airgeadais líonraí oiliúna.

Tugtar achoimre le moltaí na gcuntasóirí imscrúdúcháin ar na réimsí ina bhfuil gá le Skillnets a réim rialaithe a fheabhsú, lena n-áirítear

- iar-theagmháil dhíreach Skillnets le hoiliúnaithe
- cumarsáid shoiléir i scríbhinn do gach líonra maidir lena fhreagrachtaí
- aitheantóir uathúil a cheapadh do gach soláthraí oiliúna agus athbhreithniú ráithiúla ag Skillnets ar íocaíochtaí iomlán le gach ceann acu
- sonraí iomlána faoin ioncam comhfhreagrach atá le taifeadadh ag líonraí ar chóras bainistíochta Skillnets agus réiteach ioncaim chomhfhreagraigh do gach cúrsa
- athbhreithniú ar sholáthar i ngach líonra
- dearbhú i scríbhinn ó stiúrthóirí líonra nár oibríodh ach cuntas bainc amháin agus riachtanas go bhfaighidh cuntasóirí neamhspleácha dearbhuithe caighdeánacha bainc.

Mar fhreagairt ar mo chuid fiosrúchán maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh mar thoradh ar an eachtra seo agus conas a bheidh an taithí seo mar bhonn eolais do nósanna imeachta monatóireachta agus oibríochta amach anseo, chuir Príomhfheidhmeannach Skillnets in iúl dom gur glacadh go hiomlán leis na moltaí i leith córas nua agus leasaithe rialaithe atá i tuarascáil an imscrúdaithe agus go cuirfear i bhfeidhm iad sa bhliain 2010. Dúirt sé gur léirigh an t-eachtra na rioscaí a bhaineann nuair a lig na líonraí don soláthraí oiliúna ról róghníomhach a ghlacadh i soláthar agus bainistíocht airgeadais na hoiliúna. Leag sé béim chomh maith ar an gá le Skillnets chun monatóireacht níos éifeachtúla a dhéanamh, ar bhonn samplach, ar úsáideoirí deiridh na hoiliúna i.e. oiliúnaithe agus cuideachtaí.

# Caibidil 30

## An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta

## Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta

# Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta

30.1 Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (an Roinn) freagrach as iomarcaíocht agus scéimeanna dócmhainneachta reachtúla a bhainistiú faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go dtí 2007 agus faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984. Riarann an Roinn trí phríomhchineál íocaíochta faoi na scéimeanna sin

- lacáistí chuig fostóirí de 60% de na híocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla a íoctar le fostaithe
- íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla chuig fostaithe i gcásanna nach mbíonn fostóirí ábalta na híocaíochtaí a dhéanamh
- i gcásanna dócmhainneachta, íocaíochtaí chuig fostaithe (a dhéantar trí leachtaitheoirí nó glacadóirí de ghnáth) maidir le teidlíochtaí gan íoc a bhaineann le pá.

30.2 Is é an Ciste Árachais Shóisialaigh (SIF) faoi bhainistíocht na Roinne Coimirce Sóisialaí (DSP) a íocann costas na scéimeanna. Tá sé i gceist an fheidhm seo a lánpháirtiú isteach sa DSP faoi Eanáir 2011.

## Toradh na Scéime

30.3 Tugann Fíor 145 imlíne ar íocaíochtaí a rinneadh i ndáil le hiomarcaíocht agus dócmhainneacht do na blianta 2004 go dtí 2009[229].

**Fíor 145 Caiteachas na Scéime, 2004-2009**

| Scéim | 2004 €m | 2005 €m | 2006 €m | 2007 €m | 2008 €m | 2009 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Lacáistí Fostóra | 137.8 | 137.9 | 152.1 | 167.4 | 161.8 | 247.9 |
| Íocaíochtaí Fostaí | 14.3 | 11.3 | 14.3 | 15.9 | 31.9 | 88.0 |
| Íocaíochtaí Dócmhainneachta | 5.5 | 4.6 | 4.3 | 5.7 | 10.1 | 20.0 |
| **Caiteachas Iomlán** | **157.6** | **153.8** | **170.7** | **189.0** | **203.8** | **355.9** |
| Lúide Fáltais | 10.6 | 3.8 | 1.0 | 1.6 | 1.9 | **6.2** |
| **Glanchaiteachas** | **147.0** | **150.0** | **169.7** | **187.4** | **201.9** | **349.7** |

Foinse: Rannán Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta, An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta.

30.4 Go foriomlán, bhí méadú faoi thrí ar líon na n-éileamh a bhain le hiomarcaíocht idir 2007 agus 2009, ó 25,459 go dtí 77,001. Tháinig méadú thart ar an méid céanna ar éilimh dhócmhainneachta chomh maith ó 5,895 in 2007 go dtí 21,411 in 2009.

## Béim na Caibidle

Dhírigh an t-iniúchadh ar riarachán íocaíochtaí iomarcaíochta agus athbhreithníodh rialuithe rannacha chun na córais íocaíochta a bhainistiú. Chomh maith leis sin scrúdaigh sé pátrúin fostaíochta ina dhiaidh sin do dhaoine a chaill a bpost de bharr na hiomarcaíochta suas go dtí deireadh 2009.

---

229 Tá na figiúirí do 2009 sealadach.

## Riarachán Íocaíochtaí

30.5 Roghnaíodh sampla de 15 fostóir, a bhain le 902 fostaí a chaill a bpost de bharr na hiomarcaíochta, lena fháil amach cibé an raibh rialuithe dóthanacha i bhfeidhm lena chinntiú go ndearnadh íocaíochtaí iomarcaíochta laistigh de pharaiméadair na scéime nó nach raibh. Scrúdaigh an t-iniúchadh nósanna imeachta atá i bhfeidhm lena chinntiú

- go raibh an cháipéisíocht riachtanach ar fad curtha isteach leis na héilimh
- gur dheimhnigh oifigigh chuí go ndearnadh na héilimh laistigh de rialacha na scéime
- go ndearna oifigeach údaraithe údarú ar íocaíocht an éilimh
- go ndearnadh taifeadadh ar mhéideanna inaisíoctha ag fostóirí
- go ndearnadh teidlíocht na n-éilitheoirí faoi chritéir leasa shóisialaigh a sheiceáil
- go ndearnadh na sonraí sa chóras ríomhaireachta Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta a thaifeadadh go cruinn.

30.6 Sheiceáil an t-iniúchadh 110 éileamh go mion lena chinntiú go raibh siad ag cloí le critéir incháilitheachta agus go raibh na híocaíochtaí a d'eascair astu cruinn.

### Conclúid - Riaracháin

Léirigh an t-iniúchadh go raibh an córas rialaithe a rialaíonn íocaíochtaí sásúil agus fuarthas go raibh na cásanna a athbhreithníodh do cháilitheacht i dteideal íocaíochta.

## Bainistíocht Fiachais

30.7 Cruthaítear iarmhéid féichiúnaí agus lorgaítear forchúiteamh ón bhfostóir nuair a íoctar cnapshuimeanna 100% de theidlíochtaí iomarcaíochta reachtúla le fostaí nó nuair a íoctar méideanna faoin Scéim Dhócmhainneachta amach as an SIF.

30.8 Amhail an 31 Nollaig 2009 bhí €144 milliún dlite ag fostóirí don SIF. Tá achoimre ar dhliteanais fhostóirí rangaithe de réir aoise i bhFíor 146.

**Fíor 146 Anailís Aosaithe ar Fhéichiúnaithe Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta**

| Bliain na bhFiach | Féichiúnaí Bunaidh a Bailíodh | Fáltais[a] i leith na Bliana | Fáltais mar Chéatadán an Fhéichiúnaí Bunaidh | Díscríobh agus Coigeartuithe[b] i leith na Bliana | Gan Íoc 31 Nollaig 2009[c] |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | % | € | € |
| Suas go dtí Nollaig 2004 | 70,231,015 | 15,413,469 | 22% | 15,824,961 | 38,992,585 |
| 2005 | 9,821,792 | 1,695,372 | 17% | 1,360,982 | 6,765,438 |
| 2006 | 10,939,261 | 3,312,308 | 30% | 355,485 | 7,271,468 |
| 2007 | 12,923,670 | 678,387 | 5% | 70,752 | 12,174,532 |
| 2008 | 24,063,239 | 821,219 | 3% | 129,772 | 23,112,247 |
| 2009 | 56,583,460 | 674,411 | 1% | 15,089 | 55,893,960 |
| **Iomlán** | **184,562,437** | **22,595,166** | **12%** | **17,757,041** | **144,210,230** |

Nótaí:

a Ní áirítear sna fáltais €15,820 a fuarthas in 2009 a bhain le fiacha a bailíodh in 2010.

b Áirítear laghduithe de €569,135 sna méideanna atá dlite chun athrú stádais chuideachta ó mhainnitheoir go dtí dócmhainneach a léiriú.

c Tá na figiuirí féichiúnaithe sealadach agus faoi réir ag iniúchadh.

30.9 Tá ardú thart ar 62% (€55 milliún) tagtha ar leibhéal an fhiachais dlite don SIF ó 2007 go dtí 2009. Ag deireadh 2009, bhí dliteanas €78 milliún fós gan íoc i leith na scéime Iomarcaíochta agus €66 milliún i leith na scéime Dócmhainneachta. B'ionann fiachas a d'eascair in 2009 agus thart ar 39% de sin, agus b'ionann méideanna a bhí dlite le hos cionn cúig bliana agus 27% de suimeanna gan íoc.

30.10 Tá 22% de na fiacha a bailíodh sa tréimhse suas go dtí 2004 agus sin san áireamh bailithe anois. Ó shin i leith, seachas 2006 ag a bhfuil aisghabháil ag ráta 30% faoi láthair, tá rátaí aisghabhála íseal.

30.11 I gcás fiacha dócmhainneachta, thug an Roinn le fios go bhfuil sí ag díriú faoi láthair ar chásanna ina bhfuil leachtaitheoirí agus glacadóirí ceaptha.

30.12 Cé nach bhfuil aon spriocanna foirmiúla ann chun méideanna gan íoc a aisghabháil, is í an aidhm ghinearálta ná an méid agus is féidir den fhiach a aisghabháil.

### *Fáltais*

30.13 In 2009, b'ionann an t-iomlán a bailíodh ó fhéichiúnaithe chuig an SIF agus €6.2 milliún. Tugann patrún an bhailiúcháin le fios gur féidir moill shuntasach a bheith ann ó thaobh na méideanna gan íoc a aisghabháil. Léiríonn Fíor 147 na haisghábhálacha in 2009 go dtí an bhliain inar tabhaíodh an fiach.

**Fíor 147 Fáltais 2009 de réir na mBlianta inar Tabhaíodh iad**

| Bliain inar Cruthaíodh an Fiach | Bailiúchán 2009 € |
|---|---|
| Suas go dtí Nollaig 2004 | 1,318,944 |
| 2005 | 464,039 |
| 2006 | 2,528,137 |
| 2007 | 517,877 |
| 2008 | 736,381 |
| 2009 | 674,411 |
| 2010[a] | 15,820 |
| **Iomlán** | **6,255,609** |

Nóta:

a Fuarthas fáltais €15,820 in 2009 a bhain le fiacha a bailíodh in 2010.

## *Díscríobh*

30.14 Tharla €8.7 milliún den mhéid carnach dí-scríofa de €17.2 milliún in 2009.

30.15 Agus na méideanna díscríofa seo á riaradh, tá cead ag Coiste Díscríofa a bunaíodh sa Roinn in Aibreán 2008 déileáil le méideanna faoi €10 milliún, faoi réir ag cead ag leibhéal Rúnaí Cúnta sa Roinn. Caithfidh Rúnaí Ginearálta na Roinne méideanna a sháraíonn an tairseach sin a cheadú. Déanann Fíor 148 cur síos ar na méideanna a díscríobhadh in 2009 go dtí an bhliain inar eascair an fiach don chéad uair.

**Fíor 148 Fiacha a díscríobhadh in 2009**

| An Bhliain ar Tabhaíodh iad | Díscríofa 2009 € |
|---|---|
| Suas go dtí Nollaig 2004 | 7,153,512 |
| 2005 | 1,145,213 |
| 2006 | 353,395 |
| 2007 | 49,240 |
| 2008 | - |
| 2009 | - |
| **Iomlán** | **8,701,360** |

30.16 Tá na cuideachtaí ar fad a bhfuil an Coiste Díscríofa ag déileáil leo faoi leachtú, ghlacadóireacht nó faoi réir ag Ordú Ard-Cúirte d'fhoirceannadh. Ó bunaíodh é in 2008 tá fiacha a bhaineann le beagnach 680 cuideacht díscríofa ag an gCoiste Díscríofa. Ba é an díscríobh ba mhó ná €1.9 milliún agus an ceann ba lú ná €127.

## Tuairimí na Roinne Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta

30.17 Le linn na tréimhse ó Eanáir 2009 go Bealtaine 2010, íocadh iomlán de 80,188 éileamh iomarcaíochta le teidlíocht iomarcaíochta reachtúil gaolmhar de €789 milliún.

30.18 Mar fhreagra ar m'fhiosrúcháin luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur chóir féachaint ar fhás na bhfiach in 2009 agus méid mainneachtana fostóra i bhfianaise an chúlaithe sa gheilleagar nach raibh súil leis inar tháinig méadú ar líon na gcuideachtaí a chuir stop iomlán le trádáil agus a mhainnigh ar a gcuid fiacha. Leanann an Roinn, in ainneoin brúnna suntasacha ó thaobh íocaíochtaí de, ag leanúint go gníomhach gach airgead atá dlite don SIF agus í ag eisiúint meabhrúchán ar bhonn ráithiúil do chuideachtaí agus do trádálaithe aonair a bhfuil dliteanas i leith an Chiste acu.

30.19 Luaigh sé go bhfuil an Roinn níos gníomhaí anois ag áitiú, i gcás dócmhainneachta neamhfhormiúil, aitheantais fostóra ar an 40% dliteanas chuig an SIF. Tá an Roinn i mbun idirchaidrimh le cuideachtaí chun pleananna íocaíochta tráthchodanna a lorg agus tá roinnt torthaí dearfacha tagtha as sin. B'ionann aisghabhálacha de €6.2 milliún in 2009 agus ardú suntasach ar bhlianta roimhe sin ach tá sé fós beag i gcomparáid leis an leibhéal caiteachais ón scéim, a sheasann do 1.7% den chaiteachas Iomarcaíochta iomlán in 2009.

30.20 I gcásanna ina ndearnadh íocaíochtaí scéime thar ceann fostóra dhóchmhainnigh, caithfidh an Roinn, agus í mar chreidiúnaí tosaíochta, fanacht go dtí go mbíonn an leachtú curtha i gcríoch ag an leachtaitheoir, sular féidir cinneadh a dhéanamh maidir le cén díbhinn a íocfar, má íoctar ceann ar bith. Sa chás nach bhfuil an díbhinn a íocadh dóthanach chun íoc as an dliteanas chuig an gciste agus inar díscaoileadh an chuideachta, díscríobhann an Coiste Díscríofa an t-iarmhéid. Chomh luath agus a aithnítear an dliteanas chuig an gcoiste, níl aon teorainn reachtúil ar a inbhailitheacht agus seoltar meabhrúcháin chucu siúd le dliteanais chuig an gciste.

30.21 I gcás fostóirí a bhfuil fiacha acu cheana a bhíonn i dteideal lacáiste agus ar theip orthu a dteidlíochtaí reachtúla a íoc le fostaithe eile, déantar an dliteanas chuig an gciste a shásamh ón lacáiste.

### Conclúid - Bainistíocht Fiachais

Fuarthas go raibh na fiacha go léir liostaithe lena n-aisghabháil. Cé go gcuireann na coinníollacha eacnamaíochta atá ann faoi láthair i gcoinne aisghabhála, theastódh ón Roinn bainistíocht riosca dhírithe a chur i bhfeidhm ar gach comhchuid den fhiach agus cosaint i gcoinne díscríobh roimh am de na méideanna atá dlite.

## Stair Fostaíochta ina Dhiaidh Seo

30.22 Íoctar iomarcaíocht reachtúil mar aitheantas ar an bhfianaise go bhfuil an fostaí, inter alia, i bhfostaíocht leanúnach lena iarfhostóir ar feadh tréimhse dhá bhliain ar an laghad. Tá sé i gceist leis an íocaíocht seo cabhrú le haistriú an fhostaí sin isteach i bhfostaíocht eile, a d'fhéadfadh tarlú díreach i ndiaidh deireadh a bheith curtha lena fhostaíocht roimhe seo.

30.23 Níl teorainn ar bith ar fhostaithe a chaill a bpost de bharr na hiomarcaíochta fostaíocht nua a fháil.

30.24 Fuair an scrúdú amach gur chaill 16,211 fostaí a bpost de bharr na hiomarcaíochta i 903 cuideachta in 2009 agus gur ath-fhostaigh siad 1,464 fostaí ina dhiaidh sin. B'ionann teidlíocht iomarcaíochta reachtúil na bhfostaithe a athghabhadh agus €12.9 milliún. Tháinig thart ar 54% de na fostaithe a d'athfhostaigh an fostóir céanna ó thógáil agus ó hinnealtóireacht shibhialta nó ó

dhéantúsaíocht. B'ionann fostaithe a athghabhadh laistigh de thrí mhí i ndiaidh dóibh a bpost a chailleadh de bharr na hiomarcaíochta agus 24% dóibh siúd a athghabhadh. Athghabhadh 7% laistigh de mhí amháin.

30.25 Bhog 425 fostaí a bhí fostaithe i 19 cuideachta roimhe sin en bloc i ngrúpaí de dheichniúr nó níos mó chuig fostóir eile. B'ionann teidlíocht iomarcaíochta reachtúil na ndaoine aonair sin agus €7.4 milliún. Bhí níos mó ná aon trian athfhostaithe laistigh de 30 lá agus bhí formhór acu fostaithe laistigh de trí mhí.

30.26 D'aistrigh deichniúr nó níos mó fostaí chuig socruithe pinsin i gcás 15 fostóir. In iomlán, aithníodh go raibh 544 duine aonair le teidlíocht iomarcaíochta reachtúil de €20.6 milliún ag aistriú chuig socruithe pinsin.

## Conclúidí - Fostaíocht ina Dhiaidh Seo

Go foriomlán, thug an t-iniúchadh ar aird

- gur bhain 1.6% de theidlíocht reachtúil iomlán na n-íocaíochtaí a scrúdaíodh sa tréimhse Eanáir 2009 go dtí Bealtaine 2010 le daoine a d'athfhostaigh na fostóirí sin ba chúis lena n-iomarcaíocht.
- gur léirigh 1% sampla fostaithe a d'athfhostaigh fostóirí i ngnólachtaí gaolmhara i ngrúpaí de dheichniúr nó níos mó
- go raibh 2.6% comhdhéanta d'fhostaithe a bhog chuig scéimeanna pinsin.

## Conclúid

Sholáthair an t-iniúchadh deimhniú go bhfuil íocaíochtaí iomarcaíochta ag teacht le teidlíocht.

Íocadh €552 milliún glan amach as an gCiste Árachais Shóisialaigh sa 24 mí go dtí 31 Nollaig 2009. Áirítear sa mhéid sin oibleagáidí €79 milliún ar fhreastail an Stáit orthu i ndiaidh mainneachtana na bhfostóirí.

Agus freagracht na scéime á n-aistriú chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí tá deis ann monatóireacht ar phatrúin fostaíochta foriomlána a mhéadú, lena n-áirítear athfhostú i ndiaidh iomarcaíochta. D'fhéadfadh eolas den sórt sin ionchur luachmhar maidir le tionscnaimh pholasaí fostaíochta sa todhchaí a sholáthar.

# Caibidil 31

## An Roinn Coimirce Sóisialaí

## Caiteachas ar Leas Sóisialach

# Caiteachas ar Leas Sóisialach

31.1 Tá An Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) cuntasach as caiteachas €20.5 billiún i 2009. Próiseáladh na cistí seo trí Vóta 38 (€10.7 billiún[230]) agus tríd an gCiste Árachais Shóisialta (€9.8 billiún). Chomh maith leis sin, tharla caiteachas leasa shóisialaigh suntasach faoi scéimeanna a maoiníodh trí Vótaí eile.

## Béim na Caibidle

Tugann an chabidil seo achoimre ar an gcaiteachas ar leas sóisialach as na cuntais éagsúla, ag léiriú foinse agus feidhmiú na gcistí a cuireadh i bhfeidhm le ceithre bliana anuas, mar aon le teilgin 2010.

## Caiteachas Leasa Shóisialaigh

31.2 Tá an caiteachas ar fad faoi Vóta na Roinne agus faoin gCiste Árachais Shóisialta (SIF) curtha san áireamh sa chomhdhlúthú. Cuireadh an caiteachas seo a leanas faoi na Vótaí eile san áireamh chomh maith.

- Íocaíocht Luathchúraim Leanaí – maoinithe trí Vóta 41: Oifig an Aire do Leanaí
- Liúntas Cúraim Baile (DCA), a bhí Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) ag feidhmiú go dtí 2009.
- Liúntais na nDall, atá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) ag feidhmiú faoi láthair.

31.3 Rinneadh cinneadh Rialtais i 2006 an fhreagracht maidir le DCA agus scéimeanna Liúntas na nDall a aistriú chun na Roinne. Chinn an Roinn gach éileamh nua don DCA ó 1 Aibreán 2009 i leith, agus ghlac sí freagracht maidir le híocaíocht gach éileamh DCA uirthi féin ón HSE i Meán Fómhair 2009. Níl dáta socraithe fós d'aistriú scéim Liúntas na nDall ón HSE chuig an Roinn.

31.4 Tá sonraí an chaiteachais bhliantúil bunaithe ar fhigiúirí chuntas leithreasaithe iniúchta (2006 go 2009) agus ar shonraí SIF iniúchta (2006 go 2008). I gcás 2009, úsáideadh figiúirí dréachtaithe do SIF mar gheall nach bhfuil iniúchadh ar chuntais 2009 tugtha chun críche go fóill[231]. Tógadh na figiúirí do chaiteachas Vótaí agus SIF atá beartaithe i 2010 ón Meastachán Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2010.

## Caiteachas agus Maoiniú Leasa Shóisialaigh

31.5 Tugann Fíor 149 achoimre ar chaiteachas leasa shóisialaigh ar gach príomhchatagóir faighteoirí. Léiríonn sí foinsí an chaiteachais sin chomh maith.

---

230 Glan ó chostais riaracháin a aisghabháladh ón gCiste Árachais Shóisialaigh

231 Bunaithe ar an taithí ar bhlianta roimhe sin, níltear ag ceapadh go dteastóidh athruithe suntasacha chun figiúirí an chuntais a dhréachtú.

**Fíor 149 Caiteachas ar Leas Sóisialach trí phríomhchatagóir an fhaighteora agus trí fhoinse an mhaoinithe, 2006 go 2009, agus measta do 2010[a.]**


| **Catagóir Caiteachtais** | **2006** | **2007** | **2008** | **2009** | **2010 Measta** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Tacaíocht do Theaghlaigh agus do Leanaí | 5,941 | 6,700 | 7,544 | 7,669 | 7,253 |
| Tacaíocht do Dhaoine sa Mhargadh Saothair | 2,304 | 2,692 | 3,500 | 5,408 | 5,966 |
| Tacaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumais | 1,428 | 1,622 | 1,875 | 1,975 | 1,911 |
| Tacaíocht do Dhaoine Scothaosta | 3,724 | 4,414 | 4,885 | 5,202 | 5,275 |
| Riarachán, Bainistíocht, Taighde, srl. | 541 | 595 | 610 | 627 | 630 |
| **Caiteachas Iomlán** | **13,938** | **16,023** | **18,415** | **20,881** | **21,035** |
| ***Maoinithe trí:*** | | | | | |
| Chiste Árachais Shóisialta | 6,326 | 7,251 | 8,400 | 9,783 | 9,560 |
| Chaiteachas Vótaí | | | | | |
| Vóta 38 Cosaint Shóisialta | 7,196 | 8,200 | 9,353 | 10,697 | 11,400 |
| Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 70 | 88 | 120 | 103 | 9 |
| Vóta 41 Gnóthaí Leanaí agus Óige | 281 | 418 | 480 | 231 | 5 |
| Caiteachas faoi Vótaí eile | 50 | 50 | 45 | 51 | 46 |
| Cíos barúlach ar mhaoin faoi úinéireacht an Stáit | 15 | 16 | 17 | 16 | 15 |
| **Maoiniú Iomlán** | **13,938** | **16,023** | **18,415** | **20,881** | **21,035** |

Nóta:

a Mar gheall ar shlánúchán, d'fhéadfadh nach mbeadh caiteachas scéimeanna cothrom le luachanna comhiomlána.

31.6 Léiríonn Fíor 150 treocht i gcaiteachas trí phríomhchatagóir caiteachais. Tharla an méadú is tapúla i leibhéal an caiteachais ar thacaíocht leasa shóisialaigh do dhaoine sa bhfórsa saothair, ag léiriú an líon daoine atá dífhostaithe agus atá ag méadú go tapa.

**Fíor 150 Caiteachas ar Leas Sóisialach trí phríomhchatagóir an fhaighteora agus trí fhoinse an mhaoinithe, 2006 go 2009, agus measta do 2010[a]**




31.7 Tugann Fíor 151 briseadh síos ar chaiteachas leasa shóisialaigh trí chatagóir an fhaighteora agus na scéime.

**Fíor 151 Caiteachas ar Leas Sóisialach trí Scéim agus Chatagóir an Fhaighteora, 2006 go 2009, agus an Caiteachas Measta do 2010[a]**

| Catagóir Caiteachtais | 2006<br>€m | 2007<br>€m | 2008<br>€m | 2009<br>€m | 2010 Measta<br>€m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tacaíocht do Theaghlaigh agus do Leanaí** | | | | | |
| Sochar Leanaí | 2,056 | 2,233 | 2,454 | 2,495 | 2,261 |
| Scéimeanna baintreach mná/baintreach fir/Íocaíochtaí Caomhnóra | 1,212 | 1,239 | 1,342 | 1,392 | 1,353 |
| Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora | 834 | 962 | 1,067 | 1,121 | 1,120 |
| Liúntas Leasa Forlíontach | 686 | 740 | 867 | 1,032 | 1,026 |
| Íocaíocht Cúramóra | 301 | 388 | 484 | 533 | 573 |
| Sochair Mháithreachais | 181 | 258 | 316 | 331 | 352 |
| Sochair Chóireála | 95 | 92 | 97 | 100 | 34 |
| Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh | 107 | 140 | 170 | 167 | 215 |
| Deontais Sosa i leith Cúraim | 50 | 72 | 98 | 99 | 153 |
| Deontais do Bhéilí Scoile | 14 | 28 | 32 | 35 | 35 |
| Deontais Mhéala agus Tuismitheoirí i mBaintreachas | 16 | 21 | 24 | 24 | 26 |
| Banchéilí tréigthe agus Banchéilí Príosúnach | 105 | 108 | 111 | 106 | 99 |

| Catagóir Caiteachtais | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 Measta |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| Sochair Uchtaithe | 1 | 1 | 2 | 1 | 1 |
| Íocaíochtaí Luathchúraim Leanaí | 281 | 418 | 480 | 231 | 5 |
| **Caiteachas Iomlán** | **5,941** | **6,700** | **7,544** | **7,669** | **7,253** |
| **Tacaíocht do Dhaoine sa Mhargadh Saothair** | | | | | |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 455 | 545 | 929 | 1,734 | 1,546 |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 769 | 875 | 1,159 | 2,005 | 2,760 |
| Sochar Breoiteachta | 628 | 755 | 852 | 920 | 884 |
| Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta | 116 | 145 | 161 | 194 | 229 |
| Sochair Dhíobhálacha Ceirde | 96 | 104 | 112 | 112 | 110 |
| Scéim Cúnaimh Feirme | 71 | 79 | 85 | 93 | 96 |
| Iomarcaíocht agus Dócmhainneacht | 170 | 188 | 202 | 350 | 340 |
| Sochair Sláinte agus Sábháilteachta | * | 1 | 1 | 1 | 1 |
| **Caiteachas Iomlán** | **2,304** | **2,692** | **3,500** | **5,408** | **5,966** |
| **Tacaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumais** | | | | | |
| Liúntas Míchumais | 738 | 901 | 1,053 | 1,143 | 1,101 |
| Pinsin Easláine | 602 | 618 | 686 | 682 | 686 |
| Pinsin na nDall | 17 | 15 | 16 | 16 | 16 |
| Liúntas Cúram Baile | 62 | 78 | 110 | 123 | 99 |
| Liúntas na nDall | 8 | 9 | 11 | 11 | 9 |
| **Caiteachas Iomlán** | **1,428** | **1,622** | **1,875** | **1,975** | **1,911** |
| **Tacaíocht do Dhaoine Scothaosta** | | | | | |
| Pinsin Stáit | 3,166 | 3,754 | 4,183 | 4,473 | 4,489 |
| Liúntais Réamhscoir | 113 | 124 | 118 | 97 | 75 |
| Taisteal Saor in Aisce | 58 | 64 | 68 | 73 | 77 |
| Liúntas Leictreachais | 108 | 147 | 157 | 166 | 202 |
| Liúntas Teileafóin | 90 | 99 | 112 | 120 | 121 |
| Liúntas Breosla | 117 | 146 | 161 | 185 | 209 |
| Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce | 49 | 52 | 56 | 56 | 59 |
| Liúntais Gháis Nádúrtha/Buidéalaithe | 9 | 15 | 16 | 18 | 24 |
| Liúntas Toitcheo | 13 | 12 | 15 | 15 | 19 |
| **Caiteachas Iomlán** | **3,724** | **4,414** | **4,885** | **5,202** | **5,275** |
| **Riarachán, Bainistíocht, Taighde, srl.** | | | | | |
| Riarachán agus bainistíocht[b] | 466 | 506 | 518 | 543 | 547 |
| Deontais gníomhaireachta agus seirbíse[c] | 68 | 82 | 86 | 81 | 79 |
| Míbhuntáiste eacnamaíochta agus sóisialta | — | — | — | 1 | 1 |
| Eile | 7 | 7 | 7 | 2 | 2 |
| **Caiteachas Iomlán** | **541** | **595** | **610** | **627** | **630** |

| Catagóir Caiteachtais | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Measta |
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| Caiteachas ar na scéimeanna ar fad | 13,938 | 16,023 | 18,415 | 20,881 | 21,035 |

Nótaí:

* Léiríonn sé go raibh caiteachas níos lú na €500,000.

a Mar gheall ar shlánúchán, b'fhéidir nach mbeadh caiteachas scéimeanna cothrom le luachanna comhiomlána.

b Speanais Oifig an Ombudsman Pinsean san áireamh

c Deontais íoctha leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, leis an tSeirbhís Bhuiséadaithe agus Comhairle Airgid, leis an mBord Faisnéise Saoránach agus leis an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine. Díscaoileadh an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine an 1 Iúil 2009 agus rinneadh a feidhmeanna agus a cuid foirne a lánpháirtiú i Rannán um Chuimsiú Sóisialta na Roinne. Aistríodh an tSeirbhís Bhuiséadaithe agus Comhairle Airgid chuig an mBord Faisnéise Saoránach i rith 2009.

## Scéimeanna nár áiríodh sa Chomhdhlúthú

31.8 Cuireann ranna agus gníomhaireachtaí eile tacaíocht de chineál leasa shóisialaigh ar fáil do dhaoine aonair faoi na scéimeanna a riarann siad nach bhfuil curtha san áireamh sna figiúirí comhdhlúite. Ina measc tá

- caiteachas cártaí leighis a tabhaíodh faoi Vóta an HSE
- an Scéim Sóisialta Tuaithe, á feidhmiú ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta a chosain iomlán de €48 milliún i 2009 (€49 milliún i 2008)
- caiteachas de chuid FÁS ar liúntais na Scéime Fostaíochta Pobail ag costas de €282 milliún i 2009 (€274 milliún i 2008).

31.9 Tar éis cinneadh Rialtais an 27 Aibreán 2010, tá an Roinn chun freagracht a ghlacadh uirthi féin níos déanaí i 2010 as an Scéim Sóisialta Tuaithe (agus an Clár Seirbhísí Pobail) ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta chomh maith le na cláir seirbhísí fostaíochta agus pobail atá á bhfeidhmiú ag FÁS (lena n-áirítear an Scéim Fostaíochta Pobail).

31.10 D'fhéadfaí caitheachas oideachais áirithe eile a bhreithniú mar chaiteachas a bhfuil cuspóir leasa shóisialaigh aige, sa mhéid agus go bhfuil an deis aige bochtaine leanaí a laghdú agus deiseanna saoil daoine aonair a fheabhsú agus torthaí sóisialta níos fearr a chruthú. Mar sin féin, ní dhearnadh aon chionroinnt den chaiteachas seo.

## Cúlchistí Árachais Shóisialta


31.11 Íoctar ranníocaíochtaí árachas sóisialta pá-choibhneasta a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ó fhostóirí, ó fhostaithe agus ó dhaoine féin-fhostaithe isteach sa SIF. Íoctar sochair faoi scéimeanna árachais shóisialta as cuntas reatha an SIF. Aistrítear cistí nach gá dóibh freastal ar chaiteachas reatha chuig cuntas infheistíochta, atá bainisithe agus rialaithe ag an Aire Airgeadais. Faoi Alt 9 (9) (a) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005, tá foráil ann go maoineoidh an Státachiste aon easnamh.

31.12 Sna blianta suas go dtí 2007, bhí caiteachas ar scéimeanna leasa shóisialaigh níos lú ná an t-ioncam a fuair an SIF trí ranníocaíochtaí. Mar thoradh air sin, d'ardaigh iarmhéid an chuntais infheistíochta, ag seasamh ag beagán os cionn €3.6 billiún ag deireadh 2007. Ó shin i leith, tá laghdú tagtha ar ranníocaíochtaí a fhaigheann an SIF, agus tá ardú tagtha ar an gcaiteachas faoi na

scéimeanna sochair. Mar thoradh air sin, tarraingíodh anuas na hiarmhéideanna sa chuntas infheistíochta. Ag deireadh 2009,ba ionann an t-iarmhéid agus €871 milliún. Féach Fíor 152.

31.13 Rinneadh foráil sa Vóta do 2010 d'íocaíocht leis an SIF de suas go dtí €1.55 billiún. Cuireadh tús le fóirdheontas ón Státchiste chuig an SIF an 26 Bealtaine 2010

**Fíor 152 Iarmhéid sa Chuntas Infheistíochta Chiste Árachais Shóisialta ag deireadh gach bliana 2006 go 2009, agus teilgthe ag deireadh 2010.**



# Caibidil 32

## An Roinn Coimirce Sóisialaí

## Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

# Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

32.1 Tá sé den riachtanas go ndéanfadh an Roinn Coimirce Sóisialaí (An Roinn) a chinntiú go bhfuil

- aon chaiteachas a thabhaíonn sé i bhfeidhm ar mhaithe leis na fáthanna ar chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus
- a n-idirbheartanna airgeadais ag comhlíonadh na núdarás faoina airbheartaítear iad a dhéanamh.

32.2 Feictear idirbheartanna mar 'rialta' nuair a chomhlíontar an dá choinníoll thuasluaite.

32.3 Dhírigh tuarascálacha bliantúla a tháinig roimhe seo ar fhianaise go bhfuil fadhb leanúnach íocaíochaí leasa shóisialaigh á dhéanamh atá de bhreis ar theidlíochtaí na n-éilitheoirí faoi théarmaí na scéimeanna leasa éagsúla.

## Béim na Caibidle

Rinneadh iniúchadh ar an bhfianaise maidir le ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh d'fhonn scála foriomlán na faidhbe a nochtadh, agus impleachtaí do rialtacht caiteachais tuairiscithe i gcuntais an Vóta do Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Ciste Árachais Shóisialaigh. Rinneadh an t-iniúchadh athbhreithniú chomh maith ar leorgacht na mbeartanna úsáidte ag an Roinn maidir lena bhfeidhmíocht i gcás bhainistiú a dhéanamh ar rioscaí ró-íocaíochta, agus éifeachtacht a gníomhaíocht rialaithe.

## Íocaíochtaí Leasa Mírialta

32.4 Tarlaíonn íocaíochtaí leasa a bhíonn de bhreis ar theidlíochtaí éilitheoirí ar fáthanna éagsúla. Iad seo a leanas na príomh-thosca sonraithe i gcás ró-íocaíochtaí a dhéanamh

- **calaois** — uair a thugann an t-éilitheoir sonraí neamhiomlán nó míchruinne d'fhonn sochair a fháil
- **earráid éilitheora** — a tharlaíonn nuair atá sonraí míchruinne nó neamhiomlána tugtha ag an éilitheoir, nó nuair nach bhfuil siad tar éis athrú cúinsí a thuairisciú, ach nach bhfuil aon intinn calaoiseach i gceist i gcás an éilitheora
- **earráid roinne nó riaracháin** — nuair a déantar sochair a íoc go mícheart de bharr neamhfheidhme, moille nó botún déanta ag an Roinn agus a cuid foirne.

### *Ganníocaíocht*

32.5 Cé gur féidir ró-íocaíocht le héilitheoir leasa a bheith mar thoradh ar earráidí roinne, féadann íocaíocht atá faoi bhun teidlíocht éilitheora a bheith mar thoradh ar freisin. Nuair atá éilitheoirí (nó ionadaithe thar a gcinn) ar an eolas maidir lena bhfuil de cheart acu a fháil, tá sé dóchúil (go ceart) go ndéanfadh siad agóid in aghaidh ganníocaíochtaí dá leithéid nó achomharc in aghaidh an chinnidh deonaithe éilimh, go dtí go n-íoctar an mhéid chuí. Mar sin féin, feictear cásanna ina gcuireann éilitheoirí na sonraí riachtanacha go léir isteach, ach go bhfaigheann siad méid níos lú ná mar is cóir.

### *Íocaíocht Iomarcach agus Ró-íocaíocht*

32.6 Tá sé úsáideach idirdhealú a tharraingt idir an leibhéal bunúsach d'íocaíochtaí iomarcacha laistigh de na scéimeanna coimirce sóisialaí agus leibhéal na ró-íocaíochtaí aimsithe agus taifeadta.

- Cabhraíonn obair shuirbhéireachta chalaoise agus earráide linn leibhéal bunúsach na níocaíochtaí mírialta i scéim a nochtadh.
- Féadann an toradh a bhíonn ar íocaíochtaí iomarcacha a bheith go ndéantar teidlíocht a choigeartú ó dháta reatha agus, nuair atá dóthain faisnéise ar fáil, go ndéantar ró-íocaíochtaí a liostú do ghnóthú.

32.7 Nuair a thagann eolas nua maidir le héilimh reatha chun solais, féadann an Roinn a chinneadh go foirmeálta nach bhfuil an t-éilitheoir i dteidil na méide atá á íoc leis/léi m.sh. go bhfuil an íocaíocht reatha iomarcach. De thoradh ar seo de ghnáth stoptar íocaíochtaí nó laghdaítear leibhéal na híocaíochta go dtí an leibhéal cuí, láithreach.

32.8 Tarlaíonn ró-íocaíocht nuair, ar aon dul le Cuid 11 d'Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 (Acht 2005), a dhéanann oifigeach breithiúnachta cinneadh athbhreitnithe, agus a bhíonn laghdú iardhearcach ar theidlíocht éilitheora mar thoradh air. Déantar taifeadadh ar ró-íocaíochtaí trí chinntí foirmeálta á leanúint amháin, ar aon dul le hAcht 2005.

32.9 In an-chuid cásanna ina ndéantar íocaíochtaí a laghdú nó a chríochnú i ndiaidh athbhreithnithe, ní dhéanann an Roinn fiachas ró-íocaíochta a thaifeadadh. I gcás earráide de chuid an éilitheora nó na Roinne, féadann an t-oifigeach breithniúnachta a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh acu ar an gcás dáta glan aon chinneadh athbhreithnithe a chinneadh mar dháta reatha, in ionad a bheith mar dháta siarghabhálach, rud a chiallódh nach dtarlódh aon ró-íocaíocht go dlíthiúil. I gcásanna eile, féadann nach mbeadh aon tslí éifeachtach an dáta ar athraíodh teidlíocht an éilitheora a aimsiú.

32.10 Sa bhliain 2009, rinne an roinn taifeadadh ar fhiachas ró-íocaíochta iomlán de €67 milliún – thart ar €47 milliún de bainteach le híocaíochtaí Vóta-chistithe agus beagnach €20 milliún de bainteach le scéimeanna Chiste Árachais Shóisialaigh.

## Tuairisciú ar Fheidhmíocht Gníomhaíochta Rialaithe

32.11 Déanann an Roinn tuairisciú ar fheidhmíocht a gníomhaíocht rialaithe, go príomha i dtéarmaí

- leibhéil ghníomhaíochta athbhreithnithe cáis, tomhaiste go ginearálta ag líon na néileamh athbhreithnithe gach bliain[232]
- meastacháin ar leibhéal an chaiteachais iomarcaigh coiscthe ó bheith tabhaithe amach anseo, de bhar cásanna íocaíochta iomarcaí a aimsiú – a ghaireann an Roinn mar choigiltí rialaithe.

232 San áireamh i ngníomhaíocht rialaithe chomh maith tá iniúchadh ar fhostóirí roghnaithe chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh riachtanas Árachais Sóisialta Pá-Choibhneasta (ÁSPC). Sa bhliain 2009, cuireadh 1,500 iniúchtaí dá leithéid ar bun.

### *Leibhéil Athbhreithnithe 2009*

32.12 Tá an Roinn tar éis a thuairisciú go bhfuil siad tar éis taifeadadh a dhéanamh ar thart ar 750,000 athbhreithniú éilimh thar na scéimeanna Vóta agus Ciste-bhunaithe sa bhliain 2009[233]. San áireamh anseo tá athbhreithnuithe a tharlaíonn toisc go dtugann éilitheoirí sonraí nua, agus nuair a roghnaíonn an Roinn í féin cásanna le hathbhreithniú.

32.13 D'fhéadfadh deimhniú ar an íocaíocht reatha, an leibhéal íocaíochta a chiogeartú (suas nó síos, ag braith ar na cúinsí) nó an íocaíocht a chríochnú nó a chur ar fionraí a bheith mar thoradh ar athbhreithniú cáis. Ní dhéanann an Roinn monatóireacht nó tuairisciú ar thorthaí athbhreithnithe. Tá sé luaite aici nach bhfuil sé indéanta, de bharr líon na n-éileamh próiseáilte agus coimpléascachtaí córais, líon na n-éileamh críochaithe a aithint, nó le leibhéal laghdaithe íocaíochta, de thoradh ar ghníomhaíocht rialaithe.

### *Coigilteas Rialaithe*

32.14 Cainníochtaíonn an Roinn leibhéal na gcoigilteas a baineadh amach trí luach na n-íocaíochtaí (seachtanúla den chuid is mó) a críochnaíodh a mhéadú faoi fachtóirí réamhshocraithe iolraitheacha, a athraíonn ó scéim go scéim. Tá na hiolraitheoirí bunaithe ar ar an mbonn go mbeadh, munar aithníodh an íocaíocht iomarcach mar thoradh ar ghníomhaíocht rialaithe, sé tar éis leanúint do thréimhse socraithe todhchaí ar a laghad. Go ginearalta, socraítear an tréimhse iolraitheach ag 52 seachtain, ach i gcásanna áirithe, socraítear an tréimhse iolraitheach suas go 136 seachtain.

32.15 Tá sé measta ag an Roinn go raibh de thoradh ar ghníomhaíocht rialaithe 2009 ná coigilteas ar luach €484 milliún. Cé go reáchtálann an Roinn os cionn 750,000 athbhreithnuithe rialaithe gach bilain, níl sé indéanta líon na gcásanna a ghineann coigiltí a thuairisciú de bharr teorainneacha a bheith ann i bpróiseáil agus i mbogearraí athbhreithnithe.

32.16 Tá sé sonraithe ag an Roinn go n-aithnítear agus go n-úsáidtear iolraitheoirí coigilteas idirnaisiúnta. Measann sí an fíor de choigilteas rialaithe bliantúil ina tháscaire feidhmíochta úsáidte ag an Ardbhainistíocht chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht bhearta rialaithe ar bhonn bliain ar bhliain agus chomh fada agus go mbíonn ríomh coigiltis dá leithéid comhsheasmhach, is féidir leis an mBainistíocht éifeachtach rialaithe a thagarmharcáil ansin. Tá athbhreithniú tosaithe aici ar úsáideacht an mheastacháin rialaithe choigiltis mar thomhas ar a bhfeidmíocht i gcás a gcuid oibre rialaithe a dhéanamh.

## Suirbhéanna Calaoise agus Earráide

32.17 Léiríonn suirbhéanna speisialta calaoise agus earráide curtha ar bun ar bhonn tréimhsiúil ag an Roinn go n-athraíonn scála fhadhb na n-íochaíochtaí iomarcacha ó scéim go scéim. Na rudaí a mbíonn tionchar acu ar mhéid na híocaíochta mírialta ná coinníollacha teidlíochta socraithe do scéimeanna, cúinsí na spriocphobal agus na próisis úsáidte ag an Roinn chun measúnú a dhéanamh ar éilimh agus chun íocaíochtaí leanúncha a rialú. Go ginearálta, feictear go bhfuil líon na gcalaoisí agus na n-earráidí níos airde sna scéimeanna a thástáiltear ó thaobh acmhainne ná sna scéimeanna a bhfuil teidlíocht bunaithe go príomha ar chuntas ranníocaíochta árachais sóisialaigh an éilitheora.

233 Cuireann an Roinn faoi chaibil gur dearnadh athbhreithnithe breise éilimh ach nár dearnadh taifeadadh orthu de bharr brúnna oibre.

32.18 Dhírigh an dá shuirbhé calaoise agus earráide is déanaí ar chuir an Roinn ar bun ar

- scéimeanna Pinsin Stáit (Ranníocach) agus Pinsin Stáit (Aistriú)[234], agus íoctar an dá cheann ag an gCiste Árachais Shóisialaigh
- scéim Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, a íoctar as an Vóta.

## *Suirbhé Caolaoise agus Earráide na Scéimeanna Pinsin Ranníocacha*

32.19 Íoctar an Pinsean Stáit (Ranníocach) le duine atá 66 bliain d'aois nó níos sine a bhfuil cuntas árachais shóisialaigh chuí acu. Go ginearálta, is iocaíocht fad saoil í nach stopann ach nuair a éagann an t-éilitheoir. Tá an Pinsean Stáit (Aistriú) bunaithe chomh maith ar chuntas árachais shóisialaigh an éilitheora, ach níl sé iníochta ach le haghaidh bliana, idir na haoiseanna 65 agus 66, i gcás an fhaighteora a bheith ar scor go hiomlán, nó ag obair agus ag tuilleamh níos lú ná €38 in aghaidh na seachtaine ina chuid fostaíochta.

32.20 Ag deireadh na bliana 2009, bhí thart ar 265,000 duine ag fáil an Phinsin Stáit (Ranníocach) agus thart ar 8,400 duine ag fáil an Phinsin Stáit (Aistriú). Fuair an-chuid de na faighteoirí seo liúntais agus sochair ábhartha tánaisteacha. Ba é caiteachas iomlán 2009 ná €3.5 billiún.

32.21 Fad is a bhí suirbhé calaoise agus earráide ar siúl do na scéimeanna, roghnaigh an Roinn líon iomlán de 1,035 cásanna d'íocaíocht go randamach i mí Márta 2008 le hathbhreithniú a dhéanamh orthu. Rinneadh an sampla a sheiceáil le claonadh a aimsiú maidir le príomh-pharaiméadair daonra ar nós suíomh geografach, modh íocaíochta, teidlíocht liúntais tánaisteach, cleithiúnaithe, agus aimsíodh go raibh sé ionadaíoch don líon éilitheoirí ar an iomlán.

32.22 Rinne an fhoireann rannach measúnuithe deisce/doiciméadach de na cásanna samplacha nuair nach raibh aon liúntas tánaisteach á íoc leis an éilitheoir (21% de chásanna) nó nuair a bhí seoladh ag an éilitheoir lasmuigh d'Éirinn (13.6% de chásanna) I gcásanna gur chónaitheoirí eachtranacha iad na héilitheoirí, eisíodh teastais cháilitheachta arna chomhlánú ag an éilitheoir agus ag finné.[235] Rinneadh an 65% de chásanna eile a atreorú go Cigirí Leasa Shóisialaigh arna iniúchadh agus arna mheasúnú.

32.23 Cuireadh na measúnuithe i gcrích i 989 de na cásanna roghnaithe i.e. 96% de na cásanna a ndearnadh sampláil orthu. Is de bharr seo a leanas nár cuireadh na measúnuithe nár dearnadh i gcrích

- 21 cásanna nár chuir na Cigirí Leasa Shóisialaigh isteach in am
- 15 cásanna nach raibh aon chomhad Roinne inaimsithe agus nuair nach raibh sé indéanta sonraí an éilitheora a athchruthú go hiomlán
- sé chásanna nuair a thug an Cigire tuairisc go raibh an t-éilitheoir ró-bhreoite le hagallamh a dhéanamh[236].

---

234 Rinneadh measúnú ar na scéimeanna seo mar pháirt de shuirbhé amháin.

235 I gcásanna inar cuireadh an teastas ar ais agus é neamh-seachadta, stopadh an íocaíocht. I gcásanna áirithe, nuair a bhí an t-éilitheoir tar éis bogadh tí agus nár chuir sé/sí an seoladh nua in iúl don Roinn, atósaíodh an íocaíocht i ndiaidh don éilitheoir dul i dteagmháil leis an Roinn agus an teastas a chomhlíonadh.

236 Bhí na hatbhreithnuithe ar na cásanna eile leanúnach nuair a tiomsaíodh an tuarascáil seo.

32.24 Iad seo a leanas príomh-thorthaí na measúnuithe

- bhí díreach os cionn 94% d'éilitheoirí ag fáil méideanna cuí íocaíochta agus liúntas tánaisteach
- bhí 3.3% d'éilitheoirí ag fáil níos mó ná mar a bhí ina dteideal agus laghdaíodh nó críochnaíodh a n-íocaíochtaí – luach iomlán na laghduithe nó críochnuithe íocaíochta dá thoradh sin ná 1.1% den mhéid foriomlán íoctha leis an sampla cásanna[237]
- ní raibh 2.2% d'éilitheoirí ag fáil gach íocaíochta nó liúntas a bhí ina dteideal, agus ardaíodh a gcuid íocaíochtaí dá bharr – chuir na harduithe 0.3% leis an iomlán íoctha go seachtanúil leis na héilitheoirí samplacha.

32.25 Níor aimsíodh ach i gcás amháin d'íocaíocht iomarcach go raibh calaois toiliúil i gceist leis. Tharla anseo go lean ball clainne ag tarraingt phinsin ar feadh níos mó ná dhá bhliain i ndiaidh bháis an phinsinéara. Rinneadh taifeadadh ar ró-íocaíóchtaí ar luach de bhreis ar €30,000, agus rinneadh atreorú ar an gcás le hionchúiseamh a dhéanamh agus an ró-íocaíocht a fháil ar ais.

## Comparáid Idirnáisiúnta – Pinsean Scoir an RA

Déanann Department of Work and Pensions an RA scéim Phinsin Scoir comhchosúil a riaradh. Léirigh suirbhé calaoise agus earráide a cuireadh ar bun maidir leis an scéim sin i 2005/2006 go raibh

- cailteanas an Department of Work and Pensions de bharr na híocaíochta iomarcaí sna Pinsin Scoir ar mhéid 0.1% de chaiteachas
- leibhéal ganníocaíochta aimsithe de theidlíocht Phinsean Scoir ag 0.3% de chaiteachas[238].

Tá an céatadán measta d'íocaíocht iomaracach pinsean ranníocach ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, ag 1.1% i bhfad níos airde ná an 0.1% measta do scéim Phinsin Scoir an RA.

### *Suirbhé Calaoise agus Earráide i gcás Liúntas do Lucht Cuardaigh Fosatíochta*

32.26 Cuireann an scéim Liúntas do Lucht Cuardaigh Fosatíochta íocaíochtaí ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe. Tá sé den riachtanas go mbeadh éilitheoirí ar fáil chun agus ar thóir oibre, agus tá siad faoi réir thástáil acmhainne. Tá íocaíochtaí faoin scéim, a d'fhéadfadh leanúiint ar feadh tréimhse éiginnte fad is a bhíonn coinníollacha na scéime á gcomhlíonadh, stiúrtha ag Vóta na Roinne. Mar chodarsnacht ar sin, níl íocaíochtaí faoin scéim Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta atá maoinithe ag árachas sóisialaigh – iníoctha d'uasteorainn 9 nó 12 mí, ag braith ar ranníocaíochtaí árachais sóisialaigh – faoi réir aon tástáil acmhainne.

32.27 Ag deireadh na bliana 2009, bhí líon na bhfaighteoirí Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta díreach os cionn 203,000. Bhí iomlán an chaiteachais faoin scéim sa bhliain 2009 os cionn €2 billiún.

32.28 Rinne ceann de na céad-shuirbhéanna calaoise agus earráide ar chuir an Roinn ar bun iniúchadh ar shamplaí d'íocaíochtaí Sochair Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta.[239] Léirigh sé

---

[237] San áireamh sa chatagóir seo bhí cásanna a cuireadh ar fionraí toisc nach fios cá bhfuil siad. B'ionann iad seo agus 0.9% de na cásanna a ndearnadh measúnú orthu.

[238] Department of Work and Pensions (UK), *Fraud and Error in the Benefit System: Aibreán 2008 go Márta 2009*, Táblaí 2.1 and 2.2. Glaoitear ró-íocaíochtaí ar íocaíochtaí atá de bhreis ar theidhlíocht sa bhfoilseachán seo.

go raibh líon measta de 15.8% de chásanna Liúntais iniúchta ag fáil níos mó ná mar a bhí ina dteideal, i gcomparáid le 1.8% amháin de chásanna Sochair inar aimsíodh ró-íocaíocht. Ní dearnadh aon taifeadadh ar iarmhairt airgeadais na ró-íocaíochtaí mar pháirt den suirbhé.

32.29 Chuir an Roinn an dara suirbhé calaoise agus earráide ar bun de Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta bunaithe ar shampla randamach de 1000 cás íocaíochta i mí Deireadh Fómhair 2009. Léirigh tuarascáil deiridh ar thorthaí an tsuirbhé (Meán Fómhair 2010) go comhlánaíodh measúnuithe de chuid Chigirí Leasa Shóisialaigh maidir lenar chóir rátá ardaithe nó laghdaithe a íoc le héilitheoir ar sheachtain áirithe i 1,000 de na cásanna roghnaithe.

32.30 Iad seo a leanas na príomh-torthaí a tuairiscíodh i ndréacht-tuarascáil Bealtaine 2010

- go raibh 84% de na héilimh Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a ndearnadh iniúchadh orthu ag an leibhéal cuí íocaíochta
- in 11% de na samplaí a ndearnadh iniúchadh orthu, fuarathas go raibh méid níos mó ná mar a bhí ina dteideal á íoc le héilitheoirí agus laghdaíodh na híocaíochtaí chuig an leibhéal cuí nó críochnaíodh iad
- in 4.1% de na samplaí a ndearnadh iniúchadh orthu, fuarathas go raibh ganníocaíocht á dhéanamh le héilitheoirí i gcomparáid leis an méid a bhí ina dteideal — chuir na harduithe san íocaíocht dá thoradh sin 0.8% leis an gcaiteachas foriomlán.

32.31 Rinneadh taifeadadh chomh maith ar na fáthanna athraithe ar íocaíochtaí éilimh in 16% de chásanna Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta. Léirigh an anailís go raibh

- calaois amhrasta sonraithe i 3% de na cásanna iniúchta
- earráid éilitheora ina chúis d’íocaíochtaí míchearta in 8.6% de chásanna
- sonraíodh earráid roinne in 4.1% de chásanna iniúchta – in 2.9% de chásanna a ndearnadh iniúchadh orhtu, bhí íocaíochtaí iomarcacha mar thoradh ar seo in 1.2% de chásanna iniúchta.

[239] Ag an uair sin, dá ngairtear Cúnamh Dífhostaíochta agus Sochar Dífhostaíochta sna scéimeanna seo.

## Comparáid Idirnáisiúnta — Liúntas do Lucht Cuardaigh Fosatíochta

Déanann Department of Work and Pensions an RA scéim a riaradh darbh ainm Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta chomh maith. Murab ionann agus scéim na hÉireann, cuimsíonn scéim an RA teidlíochtaí bunaithe ar árachas sóisialta agus ar thástáil acmhainne. Déantar athbhreithniú ar éilimh an RA a roghnaítear go randamach ar bhonn rollach chun measúnú a dhéanamh ar mhinicíocht chalaoise agus earráide. Léirigh an tuarascáil is déanaí ar thorthaí an tsuirbhé go raibh cailteanas Roinn an RA dlite ó íocaíochtaí de bhreis ar theidlíochtaí ar mhéid 5.4% de chaiteachas na scéime (i gcomparáid le 4.1% de suirbhé na hÉireann). Bhí leibhéal ganníocaíoctaí ar theidhlíochtaí aimsithe i gcásanna an RA ar mhéid 0.4% de chaiteachas na scéime (i gcomparáid le 0.8% de shuirbhé na hÉireann).

An príomh-dífríocht idir torthaí suirbhéanna na hÉireann agus an RA ná leibhéal na n-íocaíochtaí iomarcacha luaite le hearráid roinne (dá dtagraítear 'official error' air i suirbhé an RA). Fuarathas gur thug seo cuntas in íocaíochtaí iomarcacha ar mhéid 2.4% de scéim chaiteachais an RA, i gcomparáid le 0.6% amháin i suirbhé na hÉireann. Bhí an iarmhairt mheasta airgeadais de ghanníocaíochtaí a tharla de bharr earráidí riaracháin mar an gcéanna sa dá dhlínse, ag ráta 0.2% de chaiteachas foriomlán.

### *Léirmhíniú ar Thorthaí Suirbhé*

32.32 Tá na meastacháin a cruthaíodh sna suirbhéanna calaoise agus earráide faoi réir aon earráid samplála. In aon ghníomh samplála suirbhé-bhunaithe, féadann na meastacháin a thagann ón sampla a bheith éagsúil ó na torthaí a thiocfadh amach dá ndéanfaí iniúchadh ar an daonra iomlán ónar tógadh an sampla a ndearnadh iniúchadh air. Déantar é seo a mheasúnú de ghnáth tríd an leibhéal earráide a léiriú (laistigh de chéim sainithe dibhéirseachta) i dtéarmaí leibhéal sonraithe muiníne.

32.33 Léiríonn Deparment of Work and Pensions an RA a gcuid meastachán calaoise agus earráide ag leibhéal muiníne 95%. Cuireann siad seo earráidí samplála agus roinnt éiginnteachtaí meastacháin san áireamh m.sh. toisc gur gá toimhdí a chur san áireamh do shonraí neamhiomlána nó neamhfhoirfe, nó toisc go bhfuil meastacháin don bhliain reatha ag cur torthaí suirbhé san áireamh ó thréimhsí ama éagsúla. Ar an mbonn sin, tugann sé tuairisc ar lár-mheastachán do chalaoisí agus earráidí de 2.2% thar a scéimeanna leasa caiteachais iomlán don bhliain 2008/2009. Tagann an raon muiníne gaolmhar de 95% ó 1.9% go 2.6% caiteachas iomarcach.

32.34 Ní léiríonn na tuarascálacha ar chalaoisí agus earráidí a comhlíonadh ag an Roinn go dtí seo teorainneacha muiníne nó raon muiníne do na meastacháin. É sin ráite, tá sé luaite ag an Roinn go bhféadfadh go mbeadh an lamháil earráide dá torthaí earráide thart ar mhéid 1% (i.e. an lár-luach meastacháin ± 1%). Tá codarsnacht idir seo agus lamháil earráide ± 3% de theorainneacha muiníne Department of Work and Pensions an RA. Luaigh an Roinn go léiríonn an t-athraitheas na cineálacha cur chuige éagsúla a úsáideadh i gcása suirbhéanna calaoise agus earráide. Cé go reáchtálann an Department of Work and Pensions suirbhéanna go bliantúil ina bhfuil líon na samplaí mór, úsáideann an Roinn Coimirce Sóisialaí líon samplaí beag, ní chomh rialta céanna, agus ar scéim amháin ag an am.

## Meastachán ar Leibhéal Foriomlán an Chaiteachais Iomarcaigh

32.35 I gcúrsa an chur i láthair fianaise ag cruinniú de chuid Coiste na gCuntas Poiblí ar an 25 Feabhra 2010, luaigh Oifigeach Cuntasaíóchta na Roinne go meastar go raibh riosca na n-íocaíochtaí mírialta a tharla de bharr calaoise nó earráide ionann agus meán de 3% caiteachas iomlán bliantúil na Roinne, sa Chiste Árachais Shóisialaigh agus Vóta araon. Bhí an meastachán seo bunaithe ar mheánú a dhéanamh ar na torthaí airgeadais de shuirbhéanna calaoise agus earráide ar chuir an Roinn ar bun, agus tomhaiste ag úsáid leibhéal caiteachais 2008.

32.36 Ag baint úsáide as an modheolaíocht chéanna, meastar go bhfuil an meán-íocaíocht iomaracach do na scéimeanna Vóta-chistithe a ndearnadh suirbhé orthu in 2009 ag ráta 4%. I gcodarsnacht leis sin, meastar go bhfuil meán-ró-íocaíocht do na scéimeanna árachas-chistithe a ndearnadh suirbhé orthu ag ráta 1%. Féach Fíor 153. .

32.37 San iomlán, is ionann scéimeanna Vóta-chistithe a bhí faoi réir suirbhéanna calaoise agus earráide sa tréimhse 2004 go 2009, má déantar nuashonrú air ag baint úsáide as luachanna láithreacha, agus 76% de chaiteachas iomlán íocaíochtaí scéime de €10.4 billiún faoin Vóta in 2009. San áireamh sna scéimeanna nach raibh faoi réir suirbhéanna calaoise agus earráide go fóill tá. Liúntas Leasa Forlíontach[240], Liúntas do Chúramóírí agus Cúnamh Feirme. Déantar tástáil acmhainne sna scéimeanna seo, ar a caitheadh iomlán de €1.6 billiún sa bhliain 2009. B'ionann na sochair scéime saor in aisce agus €345 milliún breise, agus b'ionann seirbhísí tacaíochta fostaíochta agus €193 milliún.

**Fíor 153 Íocaíochtaí iomarcacha measta i dteidlíochtaí leasa, in ord scéime agus foinse cistithe, 2009**

| | Bliain | Costas scéime 2009 | Íocaíocht iomarcach measta sa bhliain 2009 | |
|---|---|---|---|---|
| | | €m | % | €m |
| **Scéimeanna vóta-chistithe** | | | | |
| Sochar Linbh | 2004 | 2,495 | 1.8% | 45 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 2005 | 167 | 3.3% | 6 |
| Liúntas Míchumais | 2005 | 1,143 | 7.0% | 80 |
| Pinsean Stáit (neamh-ranníocach) | 2007 | 1,001 | 2.1% | 21 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 2007 | 1,121 | 7.3% | 82 |
| Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta[a] | 2009 | 2,005 | 4.1% | 82 |
| **Iomlán na scéimeanna Vóta a ndearnadh suirbhé orthu** | | **7,932** | **4.0%** | **316** |
| **Scéimeanna Chiste Árachais Shóísialaigh** | | | | |
| Sochar Breoiteachta | 2006 | 920 | 0.4% | 4 |
| Pinsean Stáit (Ranníocach/Aistriú) | 2009 | 3,472 | 1.1% | 38 |
| **Iomlán na scéimeanna Ciste a ndearnadh suirbhé orhtu** | | **4,392** | **1.0%** | **42** |
| **Iomlán na scéimeanna ar fad a ndearnadh suirbhé orthu** | | **12,324** | **2.9%** | **358** |

Foinse: Modheolaíocht na Roinne Coimirce Sóisialaí, nuashonraithe ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta:

a Bonnbhliain do shuirbhéanna calaoise agus earráide.

240 Cuireadh suirbhé calaoise agus earráide de chásanna forlíonta cíosa ó Liúntas Leasa Forlíontach, a riartar trí Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, ar bun i gceithre réigiúin. Thairis sin, toisc go raibh athraitheas ard i dtorthaí na réigiún ar fad, feictear don Roinn go bhfuil an suirbhé neamhiontaofa.

32.38 Is ionann na scéimeanna árachas-chistithe a ndearnadh suirbhé orthu agus 46% de chaiteachas na scéime árachais, €9.8 billiún sa bhliain 2009. San áireamh sna mórscéimeanna nach bhfuil faoi réir suirbhéanna calaoise agus earráide go fóill iad Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta[241], Pinsean Baintrí Ranníocach, Pinsean Easláine, agus Sochar Máithreachais.

32.39 D'éagmais na suirbhéanna calaoise agus earráide, tá leibhéal na híocaíochta iomarcaí a tharlaíonn i scéimeanna nach ndéantar suirbhé orthu éiginnte. Tá sé luaite ag an Roinn go bhféadfaí smaoineamh go bhfuil na scéimeanna sin ag ráta riosca íseal bunaithe ar thorthaí suirbhéanna eile, ach amháin na híocaíochtaí Liúntas Leasa Forlíonacha b'fhéidir (€1 billiún in 2009).

32.40 Tá an cur chuige ar ghlac Department of Work and Pensions an RA leis chun teacht ar mheastachán foriomlán do leibhéal íocaíochtaí iomaracha thar na scéimeanna leasa ar fad pragmatach. Bunaithe ar thorthaí suirbhé ó scéimeanna le struchtúir agus coinníollacha comhchosúla, cuireann sé rátaí measta d'íocaíochtaí iomarcacha i bhfeidhm do chaiteachas faoi scéimeanna nach bhfuil suirbhéanna á ndéanamh orthu.

32.41 D'éagmais comparáidí córasacha idir scéimeanna Vóta-chistithe a ndearnadh agus nach ndearnadh suirbhé orthu, cur chuige níos coimeádaí é a thoimhdiú gur ionann íocaíochtaí iomarcacha faoi scéim Liúntas Leasa Forlíonach agus 2% den chaiteachas scéime (i.e. thart ar leath an ráta do scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu), agus gurb ionann íocaíochtaí iomarcacha faoi scéimeanna eile nach ndearnadh suirbhé orthu agus 1% de chaiteachas na scéime. Ar an mbonn sin, bheadh meán-ráta na níocaíoctaí iomarcacha thar na scéimeanna uile Vóta-chistithe ionann is 3.4%. Má chuirtear lamháil earráide na Roinne i bhfeidhm ar an meastachán sin feictear go bhfuil ráta íocaíochta iomarcaí foriomlán sa réimse 2.4% go 4.4% de chaiteachas iomlán na scéime. I dtéarmaí airgid, bheadh sé seo ar aon dul le híocaíocht iomarcach sa réimse €246 milliún go €455 milliún.

32.42 Déanann an ganntanas de thorthaí suirbhé maidir le scéimeanna leasa íoctha as an gCiste Árachais Sóisialta níos éiginntí é meastachán a dhéanamh ar an leibhéal caiteachais iomlán don Chiste. Is intuigthe as na scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu go bhfuil meán-ráta íocaíochta iomarcaí (1%) ina íocaíocht iomarcach de €42 milliún. Is toimhde coimeádach é a cheapadh go mbeadh ráta iomlán do chaiteachas scéime Chiste de tuairim is 0.5%, comhionann le thart ar €47 milliún, de thoradh ar íocaíocht iomarcach de 0.1% do na scéimeann eile ar fad.

## Conclúidí ar Rialtacht Chaiteachas Leasa

Léiríonn an fhianaise ó na suirbhéanna calaoise agus earráide ar chuir an Roinn ar bun go bhfuil fadhb shuntasach maidir le híocaíochtaí iomarcacha, agus mírialta dá bharr, i gcás an-chuid de na scéimeanna íocaíochta leasa atá á reáchtáil aige. Cé go bhfuil sé soiléir go bhfuil scála na faidhbe níos mó do scéimeanna Vóta-chistithe, tá leibhéal measta na níocaíochtaí mírialta faoi na scéimeanna Pinsin Stáit (Ranníocach) árachas-chistithe agus Pinsin Stáit (Aistriú) ábharach.

Tá éagsúlacht leathan sa leibhéal íocaíochtaí mírialta idir scéimeanna Vóta-chistithe, ach léiríonn an ábharthacht chomhsheasmhach i gcás leibhéal na faidhbe thar na scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu go bhfuil sé dóchúil go mbeadh an suíomh comhchosúil do scéimeanna Vóta-chistithe nach ndearnadh suirbhé orthu, le han-chuid dóibh ina ndéantar tástáil acmhainne.

241 Cuireadh cásanna de Shochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta san áireamh sa chéad shuirbhé calaoise agus earráide ar chuir an Roinn ar bun in 2003. D'aimsigh seo go raibh íocaíocht ag an ráta mícheart á dhéanamh le thart ar 1.8% de na cásanna a ndearnadh suirbhé orthu. Ní dearnadh taifeadadh ar iarmhairt airgeadais na nathruithe seo, áfach.

Má úsáidimid toimhdí coimeádacha i dtaca le rátaí íocaíochta iomaracacha do na scéimeanna nach ndearnadh suirbhé orthu, léirítear mean-ráta thar na scéimeanna Vóta-chistithe atá measta ag 3.4% de chaiteachas scéime 2009. Ag baint úsáide as lamháil earráide na Roinne, bheadh ráta foriomlán íocaíochtaí mírialta dá leithéid sa réimse 2.4% go 4.4% den chaiteachas foriomlán scéime. Cé gur aimisigh an Roinn lion suntasach éileamh leasa áit ar aimisigh sí go raibh íocaíochtai de bhreis ar theidlíochtaí, ní dhéanann sí taifeadadh ar iarmhairt airgeadais na laghduithe íocaíochta iarmhartaí nó críochuithe éilimh. Ní déantar ró-íocaíochtaí a thaifeadadh i ngach cás dá leithéid agus, dá bharr sin, níl sé ionadaíoch do thomhas iontaofa ar iarmhairt airgeadais na níocaíochtaí mírialta in aon bhliain amháin.

Tá sé de dhualgas orm, faoi alt 3 (5) d'Acht an Ard-reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tagairt i mo theastas iniúchóireachta nó i gcuntas leithghabhála d'aon chás ábharach inar tharla

- nár chuir an Roinn caiteachtas a ndearnadh taifeadadh air sa chuntas i bhfeidhm i dtéarmaí na bhfáthanna ar chuir an tOireachtas na leithghabhálacha ar fáil, nó
- nach raibh idirbhearta ar a ndearnadh taifeadadh sa chuntas de réir an údaráis faoina raibh said airbheartaithe.

Tá an chaibidil seo ullmhaithe agam chun raon dóchúil na híocaíochta atá de bhreis ar theidlíochtaí a n-áirítear sa mhuirear don Vóta a shonrú.

I mo thuairim féin, cé go ndéanann an muirear ar an gCuntas Leithghabhála na híocaíochtaí atá déanta sa bhliain a léiriú i gceart, braitheann fairsinge rialtacht na níocaíochtaí sin ar an méid a bhfuil na leibhéil foriomlána earráide aimsithe i suirbhéanna maolaithe ag

- leasuithe rialaithe dá éis i gcórais sheachadta
- cleachtaí meaitseála sonraí
- athruithe timpeallachta sa timpeallacht eacamaíoch reatha láithreach.

## Dearcthaí an Oifigigh Cuntasaíochta

32.43 Tá sé luaite ag an Oifigeach Cuntasaíochta go nglacann sí féin agus an fhoireann go léir sa Roinn a ról go han-dáiríre i soláthar timpeallachta rialaithe láidir atá deartha chun a chinntiú go ndéantar gach airgead vótáilte, bailithe agus dáilte ag an Roinn a íoc agus a thabhairt faoi chuntas, agus go ndéantar gach airgead atá ag dul do chustaiméirí na Roinne a íoc leo.

### *Íocaíochtaí Mírialta*

32.44 Tá sé luaite aici go bhfeictear go bhfuil íocaíochtaí mírialta nuair atá fianaise ar fáil d'oifigeach breithiúnachta a léiríonn nach bhfuil coinníollacha na scéime á gcomhlíonadh nó go bhfuil ráta na híocaíochta mícheart, le cúinsí áirithe an chustaiméara curtha san áireamh. Is íocaíochtaí mírialta iad ró-íocaíochta, de réir sainmhínithe. Is iad seo an t-aon dá chúinse amháin inar féidir a chruthú go conclúideach go ndearnadh íocaíocht a íoc go mícheart. Go dtí go bhfuil fianaise ar fáil le cruthú nach bhfuil éilitheoir i dteideal íocaíochta, ní féidir glacadh le híocaíocht mar mírialta.

32.45 Ina dearcadh féin, déanann suirbhéanna calaoise agus earráide measúnú ar riosca mírialtacha ach ní féidir leo fairsinge nó fíric na mírialtachta a dhearbhú. Ní féidir é seo a bhaint amach ach trí measúnú agus ríomh foirmeálta a dhéanamh ar ró-íocaíóchtaí. De réir Cuid 11 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005, tarlaíonn ró-íocaíocht nuair a dhéanann oifigeach breithiúnachta cinneadh athbhreithnithe ar theidlíocht éilitheora a mbionn laghdú cúlghabhálach ina dteidlíocht mar thoradh air. Ní féidir ró-íocaíocht a thaifeadadh ach amháin de réir forálacha

reachtúla. Ar an mbonn sin, feictear di go bhfuil ró-íocaíochtaí ar an bhfianaise is fearr agus is conclúidí de mhírialtacht.

## *Suirbhéanna Calaoise agus Earráide*

32.46 Tá sé luaite aice gurb é is aidhm do shuirbhé calaoise agus earráide ná leibhéal an riosca atá bainteach le scéimeanna agus réimsí áirithe a aithint d'fhonn próisis agus bearta rialaithe a chruthú atá deartha go sonrach leis an leibhéal riosca todhchái a laghdú. Ní hé aithint ró-íocaíochtaí is aidhm dóibh. Ar an mbonn sin

- d'fhéadfadh, i gcás roinnt de na daoine ar cuireadh críoch lena gcuid íocaíochta i ndiaidh athbhreithnithe, go ndéanfar a gcuid íocaíochta a thosú arís ar achomharc amach anseo nó
- mar is gnáth do shuirbhéanna dá leithéid seo, tá lamháil earráide i gceist leo.

### *Iontaobh ar Shuirbhéanna Stairiúla*

32.47 Tá sé léirithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta nach féidir torthaí suirbhéanna stairiúla a chur i bhfeidhm chun faisnéis ábhartha agus iontaofa a sholáthar maidir le bliain airgeadais 2009. I bhfíor 153, tá 42% de ríomh íocaíochtaí iomarcacha de scéimeanna Vóta bunaithe ar eachtarshuíómh a rinneadh de bhun suirbhéanna ó 2004 agus 2005, agus tá 74% bunaithe ar fhaisnéis atá dhá nó trí bliana d'aois. Ní thagann ach 26% de na torthaí eachtarshuímh seo ó shuirbhé i 2009.

32.48 Dearcadh an Oifigigh Chuntasaíochta ina leith ná go bhfuil nádúr agus substant na straitéise rialaithe ar ghlac an Roinn léi agus na próisis gaolmhara forbartha go bunúsach agus feabhsaithe go forchéimnitheach thar tréimhse seacht mbliana anuas ó cuireadg an chéad shuirbhé calaoise agus earráide ar bun laistigh den Roinn i leith. Tá na feabhsuithe próisis agus an ardfheidhmíocht teicneolaíochta chun monatóireacht, meaitseáil agus seiceáil a dhéanamh ar íocaíochtaí le sonraí eile atá ar fáil tar éis gníomhaíochtaí rialaithe leasaithe a chruthú agus slite luachmhara eile le teidlíocht éilimh a dheimhniú. Mar thoradh ar seo, ní féidir glacadh leis na leibhéil riosca i suirbhéanna calaoise agus earráide a tháinig roimhe mar bailí sa lá atá inniu ann chun an suíomh reatha a thomhas.

32.49 Thairis sin, tá an timpeallacht eacnamaíoch tar éis athrú ó reáchtáladh an-chuid de na suirbhéanna seo. Cé go raibh rannpháirtíocht sa lucht oibre ard sa bhliain 2007 agus go raibh tuileamh buacach, táimid tar éis iompú suntasach a fheiceáil sa taoide le leibhéil arda dífhosatíochta, méadú ar laghduithe uaireanta oibre agus leibhéil tuillimh íslithe. Shonraigh na suirbhéanna athruithe in acmhainní/tuilleamh mar ardriosca ach seans go léireodh suirbhéanna leantacha nach mbeadh an oiread sin cásanna athraithe toisc nach bhfuil an acmhainneacht i dtuilleamh neamh-tuairiscithe chomh mór sin sa timpeallacht eacnamaíoch reatha.

32.50 Tá sé léirithe aci gur cuireadh polasaí athbhreithnithe rialaithe i bhfeidhm chun rioscaí a shonrú sna scéimeanna ar fad a íoctar ó chaiteachas vótáilte. Tá suirbhéanna atá suas chun dáta riachtanach le rioscaí reatha agus na costais táirgeachta gaolmhara a bhunú. Ceaptar go mbeadh leibhéal athbhreithnithe chun íoctha níos ísle ag an-chuid scéimeanna toisc gur aithníodh agus sonraíodh rioscaí cheana féin.

### *Táirgeachtaí Suirbhéanna Deiridh a chur san Áireamh*

32.51 Tá sé luaite ag an Oifigeach Cuntasaíochta go bhfuil sí ar an eolas gur gá do shuirbhéanna a athdhéanamh le rioscaí reatha agus na costais ghaolmhara calaoise agus earráide a aithint. Tá sé curtha in iúl aici go gcuirfidh an chéad bhabhta eile suirbhéanna leis an bhfaisnéis agus an saineolas atá faighte thar an tréimhse ar iarmhairtí atá sainiúil don scéim. Os rud é go bhfuil an cur

chuige a úsáidtear i dtéarmaí scála agus fairsinge suirbhéanna dian ar acmhainní go háirithe i gcás acmhainní iniúchta, luaigh sí chomh maith, i gcomhthéacs leanúnachas an soláthar seirbhíse a chinntiú, nach mbainfear an spriocmhiniciócht suirbhéireachta amach ach amháin sa chás gur féidir cineál cur chuige éagsúil a úsáid i suirbhéanna dá leithéid.

32.52 Cuirtear béim ar an riachtanas é seo a dhéanamh sa suirbhé a reáchtáladh sa scéim Liúntas Míchumais ceithre bliana ó shin. I dtéarmaí ginearálta, tá ráta na n-achomharc ag thart ar 48%. Sa scéim Liúntas Míchumais, áfach, tá ráta achomhairc ard ann agus níor cuireadh torthaí na n-achomharc seo san áireamh i dtorthaí an tsuirbhé, de bharr na modheolaíochta úsáidte. Tá torthaí an tsuirbhé bunaithe ar 59 críochnuithe ríomhtha ag deireadh an tsuirbhé. Cuireadh tús arís le 24 éileamh, áfach, agus bhog ceathrar éilitheoirí chuig scéimeanna eile. Bhí 27 duine dóibh nach raibh ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh. Tugann an iarmhairt le fios go bhfuil an fíor-riosca i bhfad níos lú ná 7% de chostas bliantúil na scéime. Dearcadh an Oifigigh Cuntasaíochta ina leith ná go bhfuil an fhoghlaim seo tábhachtach i dtéarmaí na modheolaíochta suirbhé a fhorbairt, fad is a bhíonn cuspóirí an tsuirbhé curtha san áireamh.

32.53 Molann an Roinn, i gcás suirbhéanna calaoise agus earráide amach anseo, go mbeadh gné eile san áireamh iontu a dhéanfadh i ndiaidh, tuairim is, sé mhí iniúchadh ar gach cás a mheastar nach bhfuil méideanna cuí á fháil acu. Déanfar plé ar an modheolaíocht iomlán roimh ré le hOifig an Ard-reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Conclúid

Tá gníomhaíochtaí rialaithe na Roinne dírithe ar scéimeanna agus éilitheoirí a bhfuil riosca ard d'íocaíocht iomaracach meabhairbhraite i gceist leo. Déantar athruithe ar íocaíochtaí agus sochair eile ar líon suntasach cásanna gach bliain, agus nuair a déantar taifeadadh ar fhiachas ró-íocaíóchta, téimid ar a dtóir le haghaidh aisíocaíochta. Os rud é nach ndéantar taifeadadh ar ró-íocaíochtaí i gcuid shuntasach de na cásanna athbhreithnithe ina ndéantar teidlíochtaí éilimh a laghdú nó a chríochnú, níl ró-íocaíochtaí mar thomhas maith ar leibhéal íocaíochtaí mírialta. Thairis sin, ní bhraitear aon íocaíochtaí iomarcacha.

Is bealach úsáideach féideartha é suirbhéanna calaoise agus earráide tréímhsiúla a dhéanamh, bunaithe ar shamplaí randamacha seachas ar shamplaí sonracha éilimh, chun scála na faidbhe bunúsaí a aithint agus chun feidhmíocht na Roinne a rianú thar tréimhse ama maidir le leibhéal íocaíóchta iomarcaí. Féadann an suirbhé a bheith ina chabhair don Roinn chomh maith príomh-thosca a aithint a bheadh ina gcúiseanna le híocaíochtaí iomarcacha, agus cabhrú léi díriú ar ghníomhaíocht rialaithe ar bhealach níos éifeachtaí i gcás réimsí ardriosca.

An polasaí atá luaite ag an Roinn ná suirbhéanna calaoise agus earráide a chur ar bun ar na scéimeanna ardriosca is mó a mheabhairbhraitear gach dhá bhliain. Sa bhliain 2008 agus 2009, níor cuireadh ach ceann amháin den saghas seo suirbhé ar bun in aghaidh na bliana. Tá roinnt mórscéimeanna nach bhfuil tar éis a bheith faoi réir an chineál seo suirbhé, agus téann na torthaí suirbhé is déanaí maidir le scéimeanna áirithe chomh fada siar le 2004. Tá sé riachtanach go mbeadh suirbhéanna níos rialta ná sin ann chun lucht riaracháin na roinne agus gníomhaíocht rialaithe a stiúradh, agus chun a comhlíonadh maidir lena gcuid freagrachta i gcás rialtacht íocaíochta a léiriú.

Cé nach bhfuil an iontaobh seo ar thorthaí sean-suirbhéanna ina shuíomh idéalach, agus nach bhfuil sé dóchúil go léireodh sé an suíomh láithreach go beacht, ní bheadh sé stuama neamhaird a thabhairt orthu d'éagmais torthaí níos nua. Thairis sin, tá an fhianaise eile atá ar fáil ar aon dul leis an gcoincheap gur ann d'íocaíochtaí iomarcacha. Tá sé seo amhlaidh i gcás na scéimeanna Pinsin Stáit (Neamh-Ranníocach) agus Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora, mar a shonraítear i gCaibidlí 34 agus 35 faoi seach.

Bunphrionsabal chun suirbhéanna iontaofa calaoise agus earráide a chinntiú ná go mba chóir go ndéantar gach cás athbhreithnithe a thástáil go hiomlán chun teacht ar aon sárú féideartha de choinníollacha scéime. Go hiarbhír, ciallaíonn seo de ghnáth go ndéantar gach promhadh agus tástáil an athuair – agallaimh, cuairteanna baile, athdheimhniú acmhainne, nó athbhreithnuithe míochaine, mar is cuí, san áireamh – a mbeadh i bhfeidhm dá gcuirfí an t-éileamh isteach arís, le cinneadh úr ó oifigeach breithniúnachta. Bheadh ráta ard d'iarmhairtí rathúla achomharic calaoise agus earráide ag léiriú go raibh an próiseas suirbhéireachta lochtach.

Tugann an tOifigeach Cuntasaíochta tuairisc gur atosaíodh íocaíochtaí le beagnach leath de na héilimh a ndearnadh iad a chríochnú i ndiaidh athbhreithnithe don suirbhé Liúntas Mhíchumais ar achomharc. Dá mbeadh an ráta calaoise agus earráide measta don scéim sin ag leath an leibhéil tuairiscithe amháin agus rátaí earráide na scéimeanna nach ndearnadh suirbhé orthu measta go coimeádach , bheadh an lármheastachán don ráta íocaíochta iomaracaí foriomlán do scéimeanna Vóta-chistithe ag 3% (in ionad 3.4%). Ag an meastachán sin atá ar leibhéal níos ísle, fanann leibhéal na níocaíochtaí mírialtach ábharach.

Moltar go ndéanfadh an Roinn clár meán-téarma a chruthú do reáchtáil athbhreithnuithe bunaithe ar shamplaí randamacha ina gcuid mórscéimeanna ar fad. Ba chóir an clár suirbhéanna seo a ionchorpú i straitéis rialaithe na Roinne, agus ba chóír maoirseacht staitistiúil proifisiúnta agus rialú cáilíochta ar na suirbhéanna seo a sholáthar. Ba chóir don Roinn aird a dhíriú chomh maith ar thuairisciú a gcuid gníomhaíochta rialaithe a struchtúrú chun aghaidh a thabhairt ar na trí príomh-chúiseanna a bhaineann le híocaíochtaí mírialta i.e. calaois, earráid chliaint agus earráid roinne. Tá sé dóchúil go mbeadh an fhreagairt ar gach ceann acu seo éagsúil. Ba chóir na príomh-spriocanna do ghníomhaíocht rialaithe a léiriú i dtearmaí laghdú sonraithe i ngach ceann de na réimsí seo.

# Caibidil 33

## An Roinn Coimirce Sóisialaí

## Fiachais Ró-Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

# Fiachais Ró-Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

33.1 Tá feidhm bainistithe fiachais ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (An Roinn) atá leagtha amach le taifeadadh a dhéanamh ar bhreis íocaíochtaí le héilitheoirí leasa shóisialaigh agus nuair is féidir na breis íocaíochtaí sin a aisghabháil.

33.2 Glactar san áireamh i gcur chuige na Roinne i dtaobh bainistiú fiachais na cúinsí ba chúis leis na ró-íocaíochtaí agus na hacmhainní airgeadais teoranta a bhíonn ar fáil do go leor daoine a fhaigheann leas sóisialach. D'fhéadfaí socruithe aisíocaíochta ina ghálaí a chomhaontú le féichiúnaithe, lena n-áirítear asbhaintí as íocaíochtaí leasa shóisialaigh má bhíonn an té atá i gceist fós ina dteideal.

33.3 Ba chóir gur spreagadh a bheadh ann d'éilitheoirí a chinntiú go bhfuil an t-eolas a sholáthraíonn siad i dtaca lena n-éileamh iomlán agus cruinn go bhféadfadh an Roinn féachaint le haon ró-íocaíochtaí a dhéantar, le cois a bhfuiltear ina dteideal, a aisghabháil. Sa chás is go mbíonn fianaise ann go ndearna éilitheoir éileamh bréagach nó calaoiseach féadfaidh an Roinn imeachtaí coiriúla a thionscnamh in aghaidh an duine/daoine atá i gceist chomh maith le féachaint leis na fiachais ró-íocaíochta a aisghabháil.

## Béim na Caibidle

Scrúdaítear sa tuarascáil seo próisis bhainistithe fhiachais agus ionchúisimh choiriúla na Roinne lena fháil amach chomh éifeachtach is atá siad i dtaobh fiachais íocaíochta leasa shóisialaigh a aithint, a thaifeadadh agus a aisghabháil chomh maith le cásanna calaoiseacha a ionchúiseamh.

## An Bunús atá le Ró-Íocaíochtaí a Thaifeadadh

33.4 D'fhéadfadh an Roinn a aithint, mar gheall go gcuireann an t-éilitheoir faisnéis nua ar fáil go deonach nó mar thoradh ar ghníomhaíocht rialúcháin na Roinne, go bhfuil íocaíocht leasa shóisalaigh níos mó ná mar atá éilitheoir i dteideal. Nuair a aithnítear go bhfuil ró-íocaíocht á déanamh cuirtear deireadh leis an íocaíocht nó laghdaítear an tsuim go dtí an leibhéal ceart.

33.5 Ní gá go ndéanfaí taifead i gcónaí ar fhiachas ró-íocaíochta nuair a chuirtear deireadh/laghdaítear íocaíocht. Sa chás is gur dearmad a bhí ar an éilitheoir nó ar an roinn d'fhéadfadh an t-oifigeach breithiúnachta a dhéanann athbhreithniú ar an gcás a chinneadh gurb é an dáta reatha a dtiocfaidh suim na híocaíochta athbhreithnithe in éifeacht in ionad dáta siarghabhálach agus sa chás sin ní ró-íocaíocht a bheadh i gceist de réir an dlí. I gcásanna eile, d'fhéadfadh go raibh raibh ró-íocaíocht i gceist san am a caitheadh ach nach mbeadh aon fhianaise ag an oifigeach breithiúnachta lena dhéanamh amach cén dáta ar tosaíodh ag déanamh na ró-íocaíochta agus dá réir sin ní fhéadfaí ró-íocaíocht a thaifeadadh ná féachaint lena fáil ar ais. Dá bharr sin ní théitear sa tóir mar ró-íocaíochtaí ach ar sciar d'íocaíochtaí a aithnítear mar íocaíochtaí a déanadh le cois teidlíochtaí. Ní thomhasann ná ní thuairsicíonn an Roinn a mhéid ró-íocaíochtaí a thaifeadaítear mar fhiachas ró-íocaíochta.

33.6 Tá an Roinn i mbun clár gníomhaíochta atá leagtha amach chun cásanna ina ndéantar íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíochtaí. Déantar taifead de láimh ar chásananna gníomhaíochta rialúcháin agus ar na torthaí. Mar thoradh air sin níl an Roinn ábalta sonraí cruinne a sholáthar ar an líon iomlán cásanna ar cuireadh deireadh le híocaíocht nó ar laghdaíodh íocaíocht i ndiaidh athbhreithnithe ná cad a b'fhiú na laghduithe ar íocaíocht nó deireadh a chur leo.

33.7 I gcásanna go leor nuair a chuirtear deireadh le híocaíocht nó nuair a laghdaítear í mar thoradh ar ghníomhaíocht rialúcháin ríomhann an Roinn 'sábháil rialaithe'. I 2009 meastar gur

déanadh sábháil de thart air €484 milliún i ndáil le tuairim is 68,300 cás. Sin i gcomparáid le ró-íocaíochtaí a taifeadadh maidir le 42,500 cás.

33.8 Ag leibhéal scéime, níl aon ghaol soiléir idir sábhail rialaithe a éileamh agus taifead ar ró-íocaíocht lena haisghabháil. Mar shampla, éilíodh sábháil rialaithe maidir le timpeall is 12,800 cás Lucht Cuardaigh Poist a athbhreithníodh ach taifeadadh ró-íocaíochtaí i 23,700 cás den sórt sin. I gcomparáid, éilíodh sábháil rialaithe i 13,200 cás Iocaíocht Aon Tuismitheora a athbhreithníodh agus i dtimpeall is 9,200 cás Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh ach taifeadadh ró-íocaíochtaí i dtimpeall is 1,500 agus 740 cás faoi seach.

33.9 Seachas deacrachtaí bunúsacha a bheith ag baint le fianaise leordhóthanach a fháil a bheadh mar bhuntaca le fiachas ró-íocaíochta deir an Roinn go bhfuil dhá chúis leis na difríochtaí atá leis an líon cásanna ina n-éilítear sábháil rialaithe agus ró-íocaíochtaí.


- Féadtar ró-íocaíochtaí a thaifead i gcásanna a ndéanann éilitheoir faisnéis a sholáthar go deonach a thabharfadh le fios gur tharla ró-íocaíocht san am a caitheadh nó a leanann ar feadh tréimhse i ndiaidh eolas a thabhairt.
- Mar thoradh ar riaráistí próiseála éileamh i ndáil le cásanna Lucht Cuardaigh Poist ní áirítear gach cás a athbhreithnítear i dtaifid sábhála rialaithe ina gcuirtear deireadh le híocaíocht nó ar laghadaítear íocaíocht.

33.10 Ní bhreithníonn an Roinn gur féidir comparáid a dhéanamh idir meastacháin sábhála rialaithe agus taifead ar ró-íocaíochtaí. Féachann sí ar na figiúirí sábhála rialaithe mar tháscaire feidhmíochta inmheánach lena n-úsáid ag an mbainistíocht chun feidhmhíocht gníomhaíochta rialaithe a mheas. Ní mheasann sí gur táscairí ar fheidhmíocht iad an líon cásanna ró-íocaíochta agus/ná luach na ró-íocaíochtaí a taifeadaítear.

## Ró-Íocaíochtaí a Taifeadadh i 2009

33.11 Taifeadann an Roinn suimeanna ró-íocaíochta i gcóras Bainistiú Fiachais agus Ró-Íocaíochtaí na Roinne. I 2009 taifeadadh ró-íocaíochtaí maidir le teidlíochtaí leasa shóisialaigh ar bhfiú €66.8 milliún ar an iomlán iad (féach Fíor 154). Is ionann sin is ardú carnach 48% ó 2006. Bhí sin ag teacht leis an ardú 51% ar an leibhéal foriomlán caiteachais ar scéimeanna leasa shóisialaigh sa tréimhse chéanna.


**Fíor 154 Luach comhiomlán ró- íocaíochtaí ar theidlíochtaí leasa shóisialaigh a taifeadadh gach bliain ó 2006 go 2009**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

33.12 Taifeadadh gur déanadh ró-íocaíochtaí i mbeagán le cois 42,500 cás ar an iomlán i 2009 (féach Fíor 155). Bhí titim 13% ar an líon cásanna ró-íocaíochta a taifeadadh idir 2008-2009. Thit an líon cásanna a bhain le scéimeanna árachais shóisialaigh agus cúnaimh shóisialigh.


**Fíor 155 An líon cásanna ró-íocaíochta a taifeadadh ar theidlíochtaí leasa shóisialaigh, de réir catagóire scéime, 2006-2009**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

33.13 Mar gheall ar an ardú ar luach na ró-íocaíochtaí a taifeadadh i dteannta titim ar líon na gcásanna bhí ardú suntasach ar mheánluach na ró-íocaíochtaí a taifeadadh (féach Fíor 156). Bhí an meán ró-íocaíocht a taifeadadh i 2009 i gcásanna cúnaimh shóisialaigh 38% níos airde ná i 2008. I gcásanna árachais shóisialaigh bhí an meán i 2009 31% níos airde ná 2008. D'fhéadfadh gur bhain fiachais i gcásanna aonair le ró-íocaíochtaí a théann siar roinnt blianta.

**Fíor 156 Meán luach na ró-íocaíochtaí ar theidlíochtaí leasa shóisialaigh a taifeadadh, de réir catagóire scéime, 2006 go 2009**




Foinse: Anailís a rinne Oifig an C&AG

33.14 Dar leis an Roinn is mar thoradh ar thitim ar an líon cásanna ró-íocaíochtaí gearrthéarmacha a taifeadadh a tháinig ardú ar an meánluach ró-íocaíochtaí a taifeadadh i 2009. Tháinig laghdú ar ró-íocaíochtaí a mhair níos lú ná seachtain ó timpeall 19,400 i 2008 go 15,200 i 2009. Nuair a tháinig deireadh leis na cásanna (m.sh. nuair a fuair éilitheoir fostaíocht), d'fhéadfadh go leanfadh íocaíocht ar feadh tréimhse ghearr agus dhá bhrí sin taifeadaítear ró-íocaíochtaí i dtréimhse ghearr (agus dá bhrí sin luach níos lú). Mar thoradh ar athruithe i nósanna imeachta rialaithe cásanna íocaíochta Lucht Cuardaigh Poist a aistriú go híocaíocht Oifige Poist seachas ríomhaistriú airigid (EFT) tá laghdú díréireach tagtha freisin ar chomhréir cásanna ró-íocaíochta gearrtéarmacha.

## *Na Cúiseanna le Ró-íocaíocht*

33.15 Rangaíonn an Roinn fiachais leasa shóisialaigh faoi thrí cheannteideal a thagann leis na príomhchúiseanna a dtarlaíonn ró-íocaíocht. Is iad sin

- Ró-íocaíocht mar thoradh ar chalaois -amhras faoi nó é deimhnithe.
- Ró-íocaíocht mar thoradh ar dhearmad a bheith ar an gcliant nó ar thríú páirtí a sholáthraíonn faisnéis maidir le héilimh
- Ró-íocaíochtaí mar thoradh ar dhearmad roinne nó cléireachais
- Tá catagóir breise ann ina dtarlaíonn ró-íocaíocht is a dtagraítear dó mar 'cásanna eastáit' is atá bunaithe ar an tslí a bhfaightear amach faoin ró-íocaíocht. Tagann seo chun cinn de ghnáth nuair a dhéantar tuairisceáin éigeantacha a chur go dtí an Roinn nuair a bhíonn eastáit duine a cailleadh á phróiseáil agus a léiríonn go m'fhéidir nach raibh an té a bhí i gceist i dteideal na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar fad a fuair siad nó cuid díobh. Ní nós leis an Roinn cásanna den chineál sin a rangú mar chásanna calaoise nó a mbeadh amhras fúthu go ndearnadh calaois.

33.16 I bhFíor 157 roinntear ró-íocaíochtaí a taifeadadh i 2009 ag baint leasa as an rangú a leagtar amach thuas. Léirítear ann gur bhain beagnach leath de na ró-íocaíochtaí a déanadh le dearmaid a rinne éilitheoirí nó tríú páirtithe. Bhain beagnach gach cás eastáit, ar bhain €10.6 milliún (16%) de na ró-íocaíochtaí a taifeadadh leo, le faighteoirí an phinsin Stáit neamh-ranníocaigh.

**Fíor 157 Luach na ró-íocaíochtaí a taifeadadh i 2009, de réir rangaithe ró-íocaíochta**

| Rangú Cásanna | Cásanna Árachais Shóisialigh | Cásanna Cúnaimh Shóisialaigh | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | % |
| De bharr calaoise | 6.8 | 13.9 | 20.7 | 31 |
| De bharr dearmad éilitheora/tríú páirtí | 10.7 | 20.8 | 31.5 | 47 |
| De bharr dearmad roinne | 2.8 | 1.2 | 4.0 | 6 |
| Cásanna Eastáit | — | 10.6 | 10.6 | 16 |
| **Iomlán** | **20.3** | **46.5** | **66.8** | **100** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

33.17 Bhí níos lú ná aon tríú de shuimeanna d'fhiachas ró-íocaíochta a taifeadadh i 2009 luaite le héileamh chalaoiseach. Sin i gcomparáid leis an gcéatadán 38% de ró-íocaíochtaí a taifeadadh i 2008 a bhain le calaois. Ba é an figúr comhionann i 2006 ná 45%. Idir 2006 agus 2009 bhí luach na ró-íocaíochtaí a taifeadadh gach bliain is a bhí luaite le calaois idir €20 milliún agus €21.5 milliún.

33.18 Fuarthas amach gur bhain calaois nó bhí amhras faoi chalaois i mbreis is 13,000 de na cásanna ró-íocaíochta a taifeadadh i 2009. B'ionann sin agus titim 29% ar an líon a taifeadadh i 2008 (féach Fíor 158).

**Fíor 158 An líon cásanna ró-íocaíochta a luadh le calaois nó amhras faoi chalaois, 2006 go 2009**

| | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|---|
| Cásanna Árachais Shóisialaigh | 7,877 | 8,304 | 9,991 | 6,788 |
| Cásanna Cúnaimh Shóisialaigh | 8,950 | 9,808 | 8,347 | 6,251 |
| **Iomlán** | **16,827** | **18,112** | **18,338** | **13,039** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

33.19 Dar leis an Roinn an chúis gur tháinig laghdú ar an gcéatadán ró-íocaíochtaí a bhí luaite le calaois ná go raibh go leor de na sealbhóirí fiachais nua ag éileamh ró-íocaíochta don chéad uair agus go minic ba chustaiméirí chéad uaire iad leis an Roinn. Nuair a chinntear cén catagóir ró-íocaíochta a bhíonn i gceist i gcásanna den chineál sin, glactar leis gur dearmad ionraic a bhíonn i gceist agus de ghnáth rangaítear ró-íocaíochtaí mar dhearmad ar an gcustaiméir. Breithnítear freisin mar go bhfuil rialú níos éifeachtaí ann gur lú deis atá ann tabhairt faoi ghníomhaíocht chalaoiseach – sampla amháin de sin athrú a déanadh ar an bpróiseas íocaíochta i dtaobh íocaíochtaí Lucht Cuardaigh Poist ó EFT go íocaíochtaí don duine ag Oifig Phoist – ag cur deireadh le cásanna calaoiseacha beaga.

## Fiachais Ró-Íocaíochta a Aisghabháil


33.20 Faigheann an Roinn fiachais ró-íocaíochta ar ais ar dhá bhealach:

- Íocaíocht dhíreach ó fhéichiúnaithe
- Trí chuid d'aon íocaíocht leasa shóisalaigh a bheadh ag dul d'fhéichiúnaí a choinneáil siar nó an íocaíocht iomlán a choinneáil siar.

I gcásanna aonair, d'fhéadfaí fiachais a aisghabháil ar bhealach amháin díobh thuas nó ar na bealaí thuas le chéile.

33.21 Ba é an luach comhiomlán a d'aisghabháil an Roinn i 2009 ná €32.9 milliún (féach Fíor 159). Ba shin 22% níos mó ná an tsuim a fuarthas ar ais i 2008 agus 46% níos mó ná a fuarthas ar ais i 2006. Léiriú iad na harduithe sa mhéid atáthar a aisghabháil ar na harduithe i leibhéal na bhfiachas ró-íocaíochta atáthar a thaifead agus ar an leibhéal caiteachais foriomlán sa tréimhse chéanna.

**Fíor 159 Aisghabháil Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh, de réir bealaí aisghabhála, 2006 go 2009**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

33.22 Fuarthas timpeall €16 milliún (49% den tsuim iomlán a aisghabháladh) i bhfoirm íocaíochta dhírigh i 2009. Sin i gcomparáid le €15.6 milliún (58%) a aisghabháladh in airgead tirim i 2008. Aisghabháladh fiacha de €8.7 milliún a bhain le cásanna pinsin Stáit neamh-ranníocaigh i 2009, aisghabháil in airgead tirim den chuid is mó.

### *Aisghabhálacha ó Éilitheoir Reatha Leasa Shóisialaigh*

33.23 Bailíodh os cionn leath d'fhiachais ró-íocaíochta a aisghabháladh i 2009, ar bhfiú €16.9 milliún ar an iomlán é, i bhfoirm asbhaintí as íocaíochtaí a bhfuil éilitheoirí ina dteideal san am i láthair. Seasann sin d'ardú suntasach sa leibhéal aisghabhála trí asbhaintí i gcomparáid le 2008 nuair a coinníodh €11.3 milliún siar.

33.24 Deir an Roinn go raibh 64,000 duine (46%) as na 139,000 duine ar taifeadadh fiachais ina gcoinne ag seirbhísiú a bhfiacha ag leibhéal éigin. Mar go bhfuil a bhformhór díobh ar ioncam íseal bíonn an gnáthluach a bhíonn le haisíocaíochtaí a dhéantar níos lú ná €10 sa tseachtain.

33.25 Tá cumas dlí na Roinne ró-íocaíocht fiachas a aisghabháil trí asbhaintí sochair teoranta[242]. Ní mór an tsuim iomlán atá le haisghabháil chomh maith le cumas an duine í a aisíoc a ghlacadh san áireamh is aisghabhálacha den chineál sin á ndéanamh. I gcásanna den chineál sin, d'fhéadfadh an íocaíocht leasa shóisialaigh sa tseachtain a bheith faoin liúntas leasa shóisialaigh forlíontach sa tseachtain a d'fheilfeadh cúinsí an duine nó an teaghlaigh ach ní dhéantar sin ach amháin le comhaontú i scríbhinn roimh ré ón éilitheoir.

## *Fiachais Leasa Shóisialaigh a Dhíscríobh*

33.26 D'fhéadfaí fiachais ró-íocaíochta a dhiúscairt freisin, ina n-iomlán nó cuid díobh, dá ndíscríobhfadh an Roinn go forimiúil iad. Déantar sin de ghnáth ar an mbun nach féidir na fiachais a aisghabháil ar chúis éigin.

33.27 I 2008 rinne an Roinn athbhreithniú ar na nósanna imeachta a bhaineann le fiachais a dhíscríobh i dtaobh iad a cheadú nó a thaifeadadh. Is iad seo a leanas príomhghnéithe an phróisis.

- Tá údarás de réir an dlí ag gach bainisteoir scéime ró-íocaíochtaí fiachas a dhíscríobh.
- Is féidir aisíocaíocht fiachas a chur ar ceal nuair nach bhfuil aon dóigh réalaíoch ann go n-aisíocfar an fiachas nó nach bhfuil aon dóigh réasúnach ann gur féidir an fiachas a aisghabháil laistigh d'amscála réasúnach gan costais riaracháin móra a thabhú. Leag an Roinn amach na cineálacha cúinsí a bhféadfadh sé seo tarlú m.sh. má tá an duine a ró-íocadh caillte gan eastáit; baineann Reacht na dTréimhsí (i.e. nár cuireadh an duine ar an eolas laistigh de shé bliana ó aimsíodh an ró-íocaíocht); gur dearmad Roinne a bhí san ró-íocaíocht agus nach suim suntasach a bhí i gceist; má bhíonn riocht sláinte tromhchúiseach ag dul do dhuine; má bhíonn an ró-íocaíocht níos lú ná €63.50.
- Ní mór an chúis a bhí leis an díscríobh a thaifeadadh ar na páipéir éilimh agus iad a bheith sínithe ag an oifigeach údaraithe (nó taifeadta go leictreonach le gníomh taifeadta ina n-éilítear síniú/pasfhocal digiteach) chun rian iniúchóireachta a choinneáil.
- Déanann maoirseoir athbhreithniú ar 5% de chásanna díscríofa.
- Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar nósanna imeachta lena chinntiú go bhfuil siad ag obair go sásúil.

33.28 B'ionann fiacha díscríofa is €11.6 milliún i 2009. B'shin breis is dhá oiread an leibhéil a díscríobhadh i 2008 nuair a díscríobhadh €4.9 milliún ar an iomlán. Deir an Roinn gur thug sí faoi chleachtadh i 2009 le hathbhreithniú a dhéanamh ar iarmhéid fiachais ar chóras na Roinne. Faoi seo fuarthas amach go ndéantar iarmhéid suntasach a thuairisciú gach bliain i ndáil le custaiméirí a bhíonn básaithe le hos cionn sé bliana agus dá bhrí sin bheadh sé dodhéanta fiachais a aisghabháil. Déanadh breis scrúdú ar fhiachais den chineál sin agus díscríobhadh fiachais ar bhfiú €6.8 milliún iad.

33.29 D'fhéadfaí fiachais a taifeadadh roimhe seo a chur ar ceal mar thoradh ar chinneadh athbhreithnithe de bharr faisnéis nua nó bhreise a theacht chun cinn nó chun dearmaid a cheartú i suimeanna taifeadta. Cuireadh fiachais ar bhfiú €1.3 milliún iad ar ceal i 2009. €1.1 milliún a bhí i gceist i 2008.

---

242 Airteagal 245, SI 142, 2007.

## Iarmhéid Fiachais Leasa Shóisialaigh

33.30 Léirítear an tionchar glan a bhí ag fiachais ró-íocaíochta leasa shóisialaigh nua a thaifead an Roinn, chomh maith le fiachais a haisghabháladh agus díscríobhadh i bhFíor 160

**Fíor 160 Gluaiseacht in Iarmhéideanna Fiachais na Roinne, 2006 go 2009**

| | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m |
| Fiachais Gan Íoc an 1 Eanáir | 131.2 | 149.5 | 232.1 | 256.6 |
| Ró-íocaíocht a taifeadadh sa bhliain | 45.2 | 50.5 | 55.6 | 66.8 |
| Coigeartuithe ón mbliain roimhe [a] | — | 61.6 | 1.8 | (1.0) |
| Fiachais ar Ceal | (0.1) | (1.4) | (1.1) | (1.3) |
| Fiachais a Díscríobhadh | (4.3) | (4.3) | (4.9) | (11.6) |
| Fiachais iomlána in-aisghabhála | 172.0 | 255.9 | 283.5 | 309.5 |
| Fiachais a aisgabháladh (airgead tirim nó coinnithe siar) | (22.5) | (23.8) | (26.9) | (32.9) |
| **Fiachais Gan Íoc an 31 Nollaig** | **149.5** | **232.1** | **256.6** | **276.6** |

Nóta:

a Nuair a tugadh córas Bainistiú Fiachas agus Ró-íocaíochta isteach (Samhain 2006) scríobhadh fiachais áirithe (€44 milliún ar an iomlán) a díscríobhadh roimhe seo ach a breithníodh go m'fhéidir go bhféadfaí a aisghabháil ar ais ar an gcóras chun críocha cuntasaíochta. Cláraíodh €17 milliún eile de ró-íocaíochtaí nár taifeadadh roimhe seo ach a breithníodh go bhféadfaí iad a aisghabháil ar an gcóras freisin. Déanadh roinnt coigeartuithe níos lú i 2008.

33.31 Tá ráta foriomlán aisghabhála fiachais na Roinne – a thomhastar i bhfoirm na bhforghabhálacha mar chéatadán de na fiachais iomlána a d'fhéadaí a aisghabháil sa bhliain – íseal. Ag 10.6% i 2009, sheas sin d'ardú sách beag ó ráta 2008 a bhí ag 9.5%. Tá 90% den tsuim a bhreithnítear a d'fhéadfaí a aisghabháil fós gan íoc áfach.

33.32 Táscaire eile d'fheidhmíocht bainisitithe fiachas is ea próifíl aoise an fhiachais atá gan íoc. Léiríonn Fíor 161chomh sean is atá na fiacha atá gan íoc ag deireadh Nollag gach bliain ó 2006 go 2009. Tá beagnach aon tríú den fhiachais trí bliana nó níos sine.

**Fíor 161 Anailís ar aois na bhfiachas ró-íocaíochta gan íoc ag deireadh Nollag , 2006 to 2009**

| Aois na bhfiachas gan íoc | 2006 [a] | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|---|
| | % | % | % | % |
| Níos lú ná bliain | 21 | 13 | 15 | 17 |
| Idir 1 agus 2 bhliain | 20 | 11 | 10 | 11 |
| Idir 2 agus 3 bliana | 24 | 12 | 9 | 9 |
| 3 bliana nó níos sine | 35 | 64 | 66 | 63 |
| **Iomlán** | **100** | **100** | **100** | **100** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta:

a Tháinig ardú ar an gcéatadán d'fhiachas níos sine i 2007 mar gur athscríobhadh fiachas in-aisghabhála isteach sa chóras nua Bainistiú Fiachas agus Ró-íocaíochtaí.

## Forfheidhmiú an Dlí

33.33 Breithníonn an Roinn cásanna a raibh calaois i gceist nó ar baineadh mí-úsáid ceann ar aghaidh ar an gcóras leasa shóisialaigh agus é mar aidhm aici imeachtaí dlí a thionscnamh nuair a bhíonn sin cuí. D'fhéadfadh ionchúisimh choiriúla a bheith i gceist nuair a bhíonn cásanna móra mí-úsáide i gceist agus/nó go dtionscnófaí imeachtaí sibhialta chun aisghabháil ar ró-íocaíochtaí na scéime a éascú nó riaráistí ÁSPC a bhailiú.

### *Cáseanna Ionchúisimh Choiriúil*

33.34 Cuireann an Roinn béim air go nglacfar ionchúisimh i gcásanna níos tromchúisí má bhíonn fianaise láidir ann calaois atá i gceist. Chuige sin tá maitrís forbraithe ag an Roinn le cásanna ionchúisimh choiriúla a sheiceáil. Baintear leas as naoi dtréith agus meáchan ag dul le gach ceann lena chinneadh cé na cásanna ba chóir a bhreithniú a ionchúiseamh. I measc na dtréithe sin tá an fhad is a bhí an chalaois ar siúl, an tsuim ró-íocaíochta, dearbhú bréagach nuair a déanadh an t-éileamh, gan an Roinn a chur ar an eolas gur tháinig athrú ar chúinsí airgeadais agus stair go dtí seo i dtaobh calaoise ar an Roinn. Forbraíodh clár ríomhaireachta atá bunaithe ar an maitrís agus má scórálann cás os cionn figiúr áirithe breithneofar an ndéanfar é a ionchúiseamh. Tá an mhaitrís in úsáid faoi láthair ag Lár-Sheirbhís Ionchúisimh na Roinne ar chásanna 'beo' a chuir cigirí leasa shóisialaigh ar aghaidh chucu. Leathnófar é ar fud gach réigiún sna ceithre mhí deiridh de 2010.

33.35 Le linn 2009, chuir an Roinn 301 cás inar líomhnaíodh gur déanadh calaois chuig Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO) lena n-ionchúiseamh. Bhí sin timpeall 15% níos lú ná an meán sna trí bliana roimhe sin. Déantar miondealú i bhFíor 162 ar na cásanna a chuir an Roinn chuig an CSSO sa tréimhse 2006-2009 de réir cineál.

**Fíor 162 Cásanna fiachais a cuireadh chuig an CSSO agus é mar aidhm iad a ionchúiseamh, 2006 go 2009**

| | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|---|
| Liúntas Lucht Cuardaigh Poist | 169 | 184 | 183 | 153 |
| Sochar Lucht Cuardaigh Poist | 113 | 124 | 140 | 113 |
| Sochar Breoiteachta | 20 | 9 | 9 | 13 |
| Liúntas Míchumais | — | 5 | 6 | 2 |
| Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora | 16 | 8 | 4 | 10 |
| Cásanna íocaíochta leasa shóisialaigh eile | 1 | 3 | 4 | — |
| **Gach cás íocaíochta leasa shóisialaigh** | **319** | **333** | **346** | **291** |
| Cionta Fostóra [a] | 21 | 13 | 5 | 9 |
| Ag obair le huimhir bhréagach PPS [b] | 6 | 4 | 3 | 1 |
| Ag cur cosc ar chigirí leasa shóisialaigh | 2 | 7 | — | — |
| **Gach cás a bhain le fostaíocht/cosc** | **29** | **24** | **8** | **10** |
| **Iomlán cásanna ar aghaidh chuig CSSO** | **348** | **357** | **354** | **301** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:

a Nuair nach n-íocann fostóirí ranníocaíochtaí ÁSPC; nuair nach soláthraíonn siad taifid chearta ar phá ; nó nach soláthraíonn siad mionsonraí fostaíochta fostaithe san áireamh

b Chomh maith leis sin bhí líon beag breise cásanna gach bliain inar baineadh míúsáid as uimhreacha PPS nuair a bhí duine ag éileamh íocaíocht leasa shóisialaigh lena n-uimhir PPS féin agus ag an am céanna ag obair faoi uimhir PPS eile. Tá na cásanna seo san áireamh in uimhreacha na bhfigiúr scéime cuí.

33.36 I gcomórtas leis an líon cásanna ró-íocaíochta leasa shóisialaigh a thaifeadaítear gach bliain ina n-aimsítear calaois nó a mbíonn amhras faoi tá an ráta a gcuirtear cásanna chuig an CSSO an-íseal, níos lú ná 2% ar an meán sa bhliain.

33.37 Go ginearálta ní ionchúisítear ach cásanna a mbíonn líon ard ró-íocaíochtaí i gceist. Mar shampla, bhain cásanna a tugadh chun críche sa chúirt i 2009 le ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh de os cionn €5,800 ar an meán an ceann i gcomparáid le luach na ró-íocaíochtaí a taifeadadh sa bhliain de timpeall €1,500 ar an meán.

33.38 Chomh maith leis na 301 cás a cuireadh chuig an CSSO lena n-ionchúiseamh i 2009 breithníodh nach raibh 70 cás eile oiriúnach lena n-ionchúiseamh. An Roinn, ar chomhairle ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO), a ghlac an cinneadh gan na cásanna sin a ionchúiseamh. Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí le gan ionchúiseamh a dhéanamh:

- 13 cás de bharr chomh fada is a bhí sé ó rinneadh an chion.
- 19 cás de bharr nach raibh fianaise leordhóthanach ann le himeachtaí coiriúla a thionscnamh
- 16 cás de bharr nár chomhlíon siad critéir ionchúisimh
- 13 cás de bharr cúinsí pearsanta an chliaint
- 9 cás mar nach raibh an té a bhí i gceist fós ina chónaí sa Stát/nárbh fhios cá raibh an duine/bhí an té básaithe.

33.39 I 2009 chuir cigirí leasa shóisialaigh 42 cás breise a bhain le calaois pearsanaíochta/céannachta ar aghaidh chuig An Garda Síochána lena n-ionchúiseamh faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001. Níl na cásanna sin san áireamh sa líon cásanna a cuireadh ar aghaidh chuig an CSSO.

### *Toradh na gCásanna Ionchúisimh*

33.40 Ag tús 2009 bhí 889 cás coiriúil áitiúla a chuir an Roinn ar aghaidh chucu idir lámha ag an CSSO agus ag aturnaetha stáit. Bhí na cásanna seo ag céimeanna éagsúla den phróiseas ionchúisimh. I dteannta na 301 cás breise a cuireadh ar aghaidh le linn na bliana b'ionann sin agus cásualach gníomhach iomlán de 1,190.

33.41 Tá ardú tagtha le roinnt blianta ar líon na gcásanna ionchúisimh choiriúil i gcoinne faighteoirí íocaíochta leasa shóisialaigh a thugtar chun críche sna cúirteanna. Tugadh 347 cás ar an iomlán chun críche le linn 2009 (féach Fíor 163). Is ionann sin is ardú 12% ar an mbliain roimhe.

**Fíor 163 Torthaí na n-éisteachtaí cúirte chásanna ionchúisimh choiriúil a bhain le faighteoirí leasa shóisialaigh, 2006 to 2009**

| Toradh | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|---|
| Fíneáil [a] | 99 | 107 | 199 | 225 |
| Seirbhís don Phobal | 10 | 7 | 9 | 10 |
| Pianbhreith Príosúnachta | 4 | 12 | 2 | 11 |
| Pianbhreith ar fionraí | 16 | 22 | 19 | 34 |
| Rialú Síochána | 2 | 4 | 1 | 1 |
| Acht Promhaidh | 51 | 51 | 44 | 48 |
| Ar atráth le cead ath-iontráil (aisíocaíocht ordaithe) | 56 | 7 | 17 | 4 |
| Cás caite amach | 14 | 10 | 17 | 12 |
| Tarraingthe Siar | 4 | 2 | 1 | 2 |
| **Iomlán Cásanna a Tugadh Chun Críche** | **256** | **222** | **309** | **347** |

Foinse: An Roinn Coimrice Sóisialaí

Nóta:

a Gach bliain i líon beag cásanna gearradh fíneáil chomh maith le pionós eile.

33.42 Tarraingíodh siar dhá chás agus caitheadh amach 12 acu (3.5%). Tharla ciontú (nó cuireadh ar atráth le cead athiontrála) sna cásanna eile. Gearradh fíneáil in dhá thrian de na cásanna a cinneadh (i dteannta pionós eile i roinnt cásanna m.sh. seirbhís don pobal nó pianbhreith ar fionraí). Ba é an meánfhíneáil a gearradh i 2009 ná breis is €900.

33.43 Tugadh seacht gcás a bhain le fostóirí chun críche i 2009 (sin titim ó 15 cás i 2008). Tarraingíodh siar cás amháin agus caitheadh amach cás eile. Gearradh fíneáil i dtrí chás a bhí ar an meán beagán os cionn €580 an ceann. Bhí duine acu siúd a ciontaíodh faoi ordú na seirbhíse pobail agus duine eile faoin Acht Promhaidh.

33.44 Tugadh sé déag cás a cuireadh ar aghaidh chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit roimh 2009 ach nár seirbheáladh toghairmeacha chun críche d'uireasa imeachtaí cúirte i 2009 de bharr imeacht aimsire.

33.45 Ag deireadh 2009 bhí 820 cás coirúil a chuir an Roinn ar aghaidh chucu idir lámha ag an CSSO agus ag aturnaetha stáit áitiúla agus a bhí ag céimeanna éagsúla den phróiseas ionchúisimh.

### *Poiblíocht i dtaobh Torthaí Ionchúisimh*

33.46 Téann cinneadh cúirte a dhéantar i dtaobh cásanna ionchúisimh aonair ar an taifead poiblí agus tá an pobal ábalta an t-eolas sin a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís cúirte áitiúil i réigiún ar leith. Tugtar toradh cás ionchúisimh chun solais go minic i bpáipéir nuachta áitiúla. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an bpoiblíocht seo ar dhaoine eile sa cheantar agus go gcuirfeadh sé bac orthu tabhairt faoi chalaois a dhéanamh.

### *Imeachtaí Sibhialta maidir le Forfheidhmiú Fiachais*

33.47 Ní thugann an Roinn faoi imeachtaí sibhialta le fiachas a aisghabháil ach amháin má tá súil réasúnach ann go bhfuil maoin leordhóthanach ag an bhféichiúnaí leis an bhfiachas a ghlanadh. Le himeacht ama, d'fhéadfadh go gcaithfí amach roinnt cásanna ar chúiseanna éagsúla ach d'fhéadfaí cinn eile a shocrú roimh an éisteacht chúirte. Is beag cás a théann chun cúirte sa deireadh.

33.48 Idir 2005 agus 2009 chuir an Roinn 28 ar an iomlán ar aghaidh chuig an CSSO le himeachtaí sibhialta fiachais a thionscnamh. Tá an ráta tarchuir bliantúil tite go mór ó 13 cás i 2005 go dó nó trí de chásanna i ngach bliain den trí bliana atá caite (féach Fíor 164).

**Fíor 164 Cásanna Imeachtaí Sibhialta maidir le Forfheidhmithe Fiachais, 2005 go 2009**

| | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna a cuireadh ar aghaidh go dtí an CSSO | 13 | 8 | 2 | 2 | 3 |
| Cásanna a tugadh chun críche sa bhliain | 21 | 13 | 6 | 48 | 13 |

33.49 Thug an Roinn 101 cás imeachtaí sibhialta ar an iomlán chun críche sa tréimhse 2005-2009. Díobh sin cuireadh deireadh le 47 cás de bharr athrú ar chúinsí an fhéichiúnaí (29 cás) nó cuireadh na cásanna faoi urchosc reachta (18 cás)

33.50 Bhí torthaí dearfacha ann don Roinn i 54 cás imeachtaí sibhialta idir 2005 agus 2009.

- Comhaontaíodh socraíochtaí cnapshuime i seacht gcás gan dul chun cúirte agus dá bharr aisgabháladh €103,000 ar an iomlán (timpeall €14,700 ar an meán in aghaidh gach cás).
- Comhaontaíodh socraíochtaí i 41 cás eile go n-íocfaí fiachas atá gan íoc ina ghálaí.
- Tugadh sé chás chun críche sa chúirt inár tugadh breith i bhfabhar na Roinne – deonaíodh foraitheanta i dtrí chás, orduithe tráthchoda in dhá chás agus breithiúnas morgáiste sa chás eile

33.51 Bhí 56 cás imeachtaí sibhialta nach raibh fós tugtha chun críche ag deireadh 2009 (2008-58 cás)

## Conclúid

Nuair a bhíonn fianaise leordhóthanach ann lena dhéanamh taifeadann an Roinn fiachais ró-íocaíochta agus féachann le híocaíochtaí breise a aisghabháil. I gcásanna eile, d'fhéadfadh dóthain fianaise a bheith ann le stop a chur le híocaíocht nó íocaíocht a laghdú ach gan é a thaifead mar fhiachas ró-íocaíochta. Ní fios cé chomh fairising a tharlaíonn sé nach ndéantar íocaíochtaí breise a thaifead. Theastódh ón Roinn feabhas a chur ar chórais na Roinne le tomhais agus monatóireacht a dhéanamh cé chomh minic a chuirtear stop le híocaíochtaí nó a laghdaítear iad mar thoradh ar neamh-theidlíocht ach nach ndéantar fiachais ró-íocaíochta a thaifead.

I 2009, thaifeadaigh an Roinn fiachas leasa shóisalaigh de €66.8 milliún ar an iomlán. B'ionann sin agus timpeall 0.3% de leibhéal foriomlán caiteachais na Roinne ar scéimeanna leasa shóisialaigh sa bhliain. I dteannta fiachais a taifeadadh roimhe sin ba é an t-iomlán a taifeadadh lena n-aisghabháil sa bhliain ná €310 milliún. €32.9 milliún an tsuim iarbhír a haisghabháladh.

Tá an leibhéal fiachais ró-íocaíochta a thaifead an Roinn ardaithe gach bliain de réir an léibhéil fhoriomláin íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Tá an tsuim d'fhiachas gan íoc a aisgabháladh gach bliain ag coinneáil leis an gcaiteachas leasa shóisialaigh.

Tá an leibhéal aisghabhála ar fhiachais thaifeadta íseal, tá sé sa raon idir 9% agus 13% thar na 4 bliana anuas bliain. Tá beagnach dhá thrian den fhiachas a taifeadadh lena aisghabháil os cionn trí bliana d'aois. Tá roinnt de na híocaíochtaí leasa shóisialaigh breise a bhaineann leis na fiacha níos sine fós.

I 2009, ba i bhfoirm aisíocaíochtaí in airgead tirim ó fhéichiúnaithe nó thar ceann féichiúnaithe a aisgabháladh os cionn leath den fhiacha. Aisghabháladh an chuid eile trí shuimeanna a choinneáil siar as teidlíochtaí leasa shóisialaigh reatha. Ag deireadh na bliana 2009 bhí 46% de na ró-íocaíochtaí taifeadta sin ag seirbhísiú a gcuid fiachais ar an tslí sin. Go ginearálta, tá na suimeanna a choinnítear siar as teidlíochtaí reatha beag ach ag leibhéal aonair d'fhéadfadh siad a bheith mór go maith mar go mbíonn ioncam teoranta ag an éilitheoir atá i gceist. Tá srian de réir an dlí ar an Roinn sna suimeanna atá sí in ann a choinneáil siar ar an tslí seo.

## Tuairmí an Oifigigh Chuntasaíochta

33.52 I dtaca le hionchúísimih, tá sé luaite ag an Oifigeach Cuntastaíóchta nach mbeidh fiachas i gceist le gach cás a chuirtear isteach.d'ionchúiseamh coiriúil. I measc na gcoireanna eile atá san áireamh tá mí-úsáid uimhireacha PPS. Den chuid is mó, is cásanna oibre agus éilimh iad na coireanna a cuirtear isteach. Iarrfaidh breithimh i gcónaí, áfach, faisnéis orainn maidir le méid an fhiachais (má tá ceann i gceist) nuair atá cinneadh á dhéanamh acu ar an bpionós cuí a ghearradh ar aon chás. Coinníonn an roinn le haon chásanna d'ionchúiseamh coiriúil den chuid is mó nuair a léiríodh mí-úsáid tromchúiseach i gcás an chórais thar tréimhse ama a raibh ró-íocaíocht mhór mar thoradh air. Léiríonn an fíric go raibh meánluach na ró-íocaíochtaí ar chásanna coiriúla iad ar cuireadh i gcrích sa chúirt i 2009 de bhreis ar €5,800 i gcomparáid le meánluach ró-íocaíóchta taifeadta de €1,500 sa bhliain sin go gcoinníonn an Roinn leis na cásanna calaoise is tromchúisí.

33.53 Luaigh sí go bhfuil na Cúirteanna neamhspleách ar an mbrainse feidhmeannach den rialtas agus go bhfuil gá gach cás de chalaois líomhnaithe a chruthú os comhair bhreithimh. Ní tharlaíonn an tóiríocht seo ar imeachtaí sibialta le fiachas a ghnóthú ach i gcásanna oiriúnacha,ach go háirithe nuair atá sé sonraithe go bhfuil sé ar chumas an duine an fiachas a aisíoc agus nach bhfuil aon iarracht déanta aige/aici é sin a dhéanamh.

# Caibidil 34

## An Roinn Coimirce Sóisialaí

## An Scéim Pinsin Neamh-ranníocaigh Stáit

# An Scéim Pinsin Neamh-ranníocaigh Stáit

34.1 Íocann an Roinn Coimirce Sóisialaí pinsin Stáit do dhaoine breacaosta agus ar scor faoi réimse scéimeanna. Ó thaobh líon na dtairbhithe agus caiteachais bhliantúil, is iad seo a leanas na príomhscéimeanna[243]

- Pinsean Stáit (ranníocach) — a íoctar do thart ar 265,000 pinsinéirí, ar chostas €3.4 billiún i 2009
- Pinsean Stáit (neamh-ranníocach) — a íoctar do thart ar 98,000 pinsinéirí, ar chostas €1 billiún i 2009

34.2 Chun a bheith i dteideal an phinsin ranníocaigh Stáit, caithfidh go ndearna an t-éilitheoir go leor ranníocaíochtaí dá árachas sóisialta i rith a shaoil. Nuair a rinne an t-éilitheoir go leor ranníocaíochtaí, déanfar an íocaíocht bhainteach cibé sócmhainní nó ioncam ó fhoinsí eile atá ag an éilitheoir .

34.3 D'fhéadfadh duine, atá 66 bliain d'aois nó níos sine nach bhfuil i dteideal an phinsin ranníocaigh Stáit nó atá i dteideal pinsean ranníocach ar ráta laghdaithe, iarratas a dhéanamh ar phinsean neamh-ranníocach Stáit (PNRS). De réir na scéime seo, tugann an Roinn aon acmhainn airgeadais atá ag an éilitheoir san áireamh chun cinneadh a dhéanamh maidir lena t(h)eidlíocht phinsin, agus le suim na híocaíochta. Mar gheall air seo, bíonn sé níos casta teidlíocht PNRS a mheas i gcomparáid le cásanna pinsin ranníocaigh, agus bíonn níos mó baoil ann go ndéanfar ró-íocaíochtaí.

34.4 Roimh 2006, bhí faighteoirí íocaíochtaí faoi scéimeanna eile tástáilte ó thaobh acmhainne in ann leanúint ar aghaidh mar éilitheoirí ar an mbunscéim tar éis aois scoir a shlánú. Sa bhliain 2006, aistríodh faighteoirí reatha íocaíochtaí eile tástáilte ó thaobh acmhainne a bhí 66 bliain d'aois nó níos sine chun na scéime PNRS go huathoibríoch d'fhonn na scéimeanna a réasúnú. De thoradh an aistrithe seo, méadaíodh líon na bpinsinéirí PNRS ó 84,000 ag deireadh 2005 go thart ar 97,000 ag deireadh 2006. Bhí méadú diomaibhseach ar líon na bpinsinéirí PNRS ó shin.

## Béim na Caibidle

Mar chuid den iniúchadh airgeadais ar Chuntas Leithreasaithe 2009 i dtaca le Vótáil Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, rinneadh iniúchadh ar bhainistiú éileamh faoi scéim pinsin Stáit (neamh-ranníocach). Is iad seo a leanas bunaidhmeanna an iniúchta:

- chun a chinntiú go raibh íocaíochtaí faoin scéim ceart agus ar aon dul le coinníollacha na scéime, bunaithe ar iniúchadh ar shampla randamach de chásanna.
- chun a mheas go bhfuil rialúchán ar íocaíochtaí dóthanach, de bharr buntréithe na scéime, agus go bhfuiltear á gcur i bhfeidhm mar atá beartaithe
- chun a dheimhniú go n-aimsítear íocaíochtaí de bhreis ar theidlíocht, agus go n-aisghabhtar iad chomh fada agus is féidir.

34.5 Rinne an t-iniúchadh athbhreithniú ar an gcreatlach rialaithe a chuir an Roinn i bhfeidhm maidir leis an scéim PNRS. Rinne sé iniúchadh ar an eolas a bhí ar ríomhchóras um próiseáil chásanna de chuid na Roinne i dtaca le héilimh reatha ar PNRS ar 16 Deireadh Fómhair 2009

---

243 Faoin scéim Pinsin Stáit, bhí thart ar 8,400 duine a bhí 65 bliain d'aois ag fáil íocaíochtaí tacaíochta ioncaim ag deireadh 2009, ar chostas €105 milliún in aghaidh na bliana. Faoin scéim Liúntais Réamhscoir, bhí thart ar 7,500 duine a bhí idir 57 agus 64 bliain d'aois ag fáil íocaíochtaí ag deireadh 2009, ar chostas €97 milliún in aghaidh na bliana.

chomh maith. Asbhaineadh sampla de 29 cás PNRS ón gcomhad íocaíochta d'fhonn mioniniúchadh a dhéanamh orthu, agus iarradh ar an Roinn an comhad doiciméadach ina iomlán, ina bhfuil stair na gcásanna ar fad, a chur ar fáil. Bhí sí in ann 27 bunchomhad agus 2 chomhad dúblála[2] a chur ar fáil[244].

34.6 Rinneadh mioniniúchadh ar chúig chás chomh maith ina raibh taifead ar fhiacha móra ró-íocaíochta i 2009, agus ar thuairiscí bainteacha ó Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne.

## Struchtúr na Scéime

34.7 Chun a bheith i dteideal PNRS, caithfidh:

- an t-iarratasóir a bheith 66 bliain d'aois nó níos sine
- Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a bheith ag an iarratasóir
- go bhfuil an t-iarratasóir ina g(h)náthchónaí sa Stát
- acmhainní measta de €237.50 nó níos lú a bheith ag an iarratasóir in aghaidh na seachtaine (acmhainní céile nó páirtí san áireamh, más ann)

34.8 Is é an ráta pearsanta íocaíochta is mó d'éilitheoir aonair faoi scéim €219 in aghaidh na seachtaine. Faigheann pinsinéir atá 80 bliain d'aois nó níos sine €10 sa bhreis in agahdih na seachtaine, agus tá éilitheoir atá ina chónaí ina (h)aonar i dteideal €7.70 sa bhreis in aghaidh na seachtaine. Faigheann pinsinéir atá ag éileamh íocaíochta ráta iomlán agus a bhfuil duine fásta cleithiúnach aige/aici €144.70 sa bhreis in aghaidh na seachtaine. D'fhéadfadh go bhfuil éilitheoirí ar PNRS i dteideal sochar eile faoi scéimeanna éagsúla "saor in aisce" de chuid na Roinne.

34.9 Nuair atá acmhainní ag an éilitheoir (nó ag a c(h)éile nó a p(h)áirtí), d'fhéadfadh go laghdófar an teidlíocht íocaíochta ar an iomlán. Tugtar neamhaird ar shuimeanna éagsúla ioncaim (ag brath ar a bhfoinsí). Laghdaítear an tsuim iníoctha mar a mhéadaítear an méid measta acmhainne. Tá sé de dhualgas dleathach ar aon duine a éilíonn pinsin aon mhéadú acmhainne a chur in iúl don Roinn (laistigh de 3 mhí), ionas go mbeadh an Roinn in ann an íocaíocht a athrú, más gá[245].

34.10 Ba é an mheáníocaíocht d'éilitheoirí PNRS thart ar €10,200 i 2009, nó €195 in aghaidh na seachtaine. I gcomparáid le héilitheoirí pinsin ranníocaigh, ba é an mheáníocaíocht pinsin ranníocaigh Stáit €12,400 in aghaidh na bliana, nó thart ar €240 in aghaidh na seachtaine.

---

244 Úsáideann an Roinn an téarma 'comhad dúblála' maidir le comhad a cruthaíodh i dtaca le cás nuair nach féidir bunchóip den iarratas a aimsiú, mar shampla, de bharr comhdú mícheart. De ghnáth, toisc gur cóip den iarratas é, ní bhíonn an cháipéisíocht ar fad a bhaineann leis an gcás in éineacht leis.

245 Is féidir le duine aonair, a bhfuil caipiteal de luach €40,999 aige/aici, a bheith i dteideal uasráta pinsin. Nuair atá caipiteal de luach €92,000 ag duine aonair, is féidir leis/léi a bheith i dteideal pinsin ar ráta laghdaithe, tuairim is €7 in aghaidh na seachtaine.

## Próifíl Éilitheora

34.11 Léiríonn próifíl fhaighteoirí an PNRS[246] éagsúlachtaí i dtosca déimeagrafacha agus i margadh stairiúil fostaíochta/taithí árachais shóisialta ar earnálacha éagsúla an daonra. Mar gheall air sin

- tá thart ar dhá thrian (63%) d'fhaighteoirí an PNRS ina mná — níl ach aon trian (34%) d'fhaighteoirí an phinsin ranníocaigh Stáit ina mná.
- níl daoine fásta cleithiúnacha faoi chúram ach 3% d'fhaighteoirí an PNRS, i gcomparáid le 24% d'fhaighteoirí an phinsin ranníocaigh Stáit — de bharr go ndéanann an chuid is mó de dhaoine fásta cleithiúnacha i gcásanna PNRS iarratas ar a bpinsean féin nuair atá siad 66 bliain d'aois.
- tá i bhfad níos mó pinsinéirí ag brath ar an bPNRS i réigiúnacha tuaithe an Stáit i gcomparáid leis an bpinsean ranníocaigh Stáit — tá líon céanna na bpinsinéirí ag brath ar phinsin ranníocacha agus ar an bPNRS i Réigiún na Teorann agus an Iarthair; sa Chabhán, i nDún na nGall, Maigh Eo agus Ros Comáin mar shampla. Tá beagnach 6 faighteoirí an phinsin ranníocaigh do gach aon faighteoir amháin an PNRS i mBaile Átha Cliath.
- Braitheann pinsinéirí níos sine ar phinsin neamh-ranníocacha go mór — braitheann 43% de phinsinéirí Stáit atá 80 bliain d'aois agus níos sine ar an bPNRS, agus braitheann 21% de phinsinéirí Stáit atá níos óige ná 80 bliain d'aois ar an bPNRS.

## Riarachán na Scéime

34.12 Riarann Oifig Phinsin na Roinne (Seirbhísí Leasa Shóisialaigh), lonnaithe i Sligeach, an scéim pinsin neamh-ranníocaigh go lárnach. Bainistíonn an Roinn éilimh an PNRS ar a gcóras PENLIVE.

34.13 Chuir an Roinn in iúl go bhfuil tionscadal ar bun chun clár nua-aoisithe soláthair sheirbhíse (SDM) don scéim PNRS a chur i bhfeidhm d'fhonn dul i ngleic le sriantaí an chórais PENLIVE. Is iad seo a leanas buntáistí ionchais an chláir nua-aoisithe soláthair sheirbhíse:

- córais níos éifeachtaí i leith calaois agus mí-úsáid a chur faoi smacht
- acmhainn chun eolas éilimh a fheiceáil ar líne in aon áit amháin, a tabharfaidh an deis don fhoireann seirbhís ar chaighdeán níos airde a chur ar fáil
- acmhainn chun seirbhísí a chur ar bun d'éilitheoirí go réamhghníomhach
- teachtaireachtaí a ghineann an córas a chuirfidh eolas a bhaineann lena dteidlíochtaí ar fáil d'éilitheoirí go tráthúil.
- acmhainn i leith struchtúir eagraíochta níos solúbtha, a thabharfaidh deis don fhoireann obair éagsúil a dhéanamh agus scileanna a fhorbairt dá bharr.

34.14 Caithfidh iarratasóirí nua foirm mhionsonraithe iarratais a líonadh, a chaithfidh siad a sheoladh chuig an Oifig Phinsin, chomh maith le cáipéisíocht bhainteach. Ní mór don iarratasóir acmhainn phearsanta a fhógairt, chomh maith le hacmhainn céile nó páirtí más gá. Beidh ar iarratasóirí a fhaigheann liúntas tacaíochta ioncaim faoi scéim eile, agus a bheidh 66 bliain d'aois go luath, foirm chosúil dearbhaithe a líonadh chomh maith.

246 Bunaithe ar shonraí maidir le deireadh 2009 ó Thuarascáil Staitistiúil na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh 2009 (Iúil 2010)

34.15 Déantar seiceáil ar iarratais chun a chinntiú go bhfuil siad líonta ina n-iomlán agus seolfar ar ais chuig an iarratasóir má tá eolas nó cáipéisíocht bhainteach ar iarraidh. Cláraítear iarratais iomlána agus cuirtear faoi bhráid Oifigigh Sheiceála iad chun a dhearbhú cé acu an gcuirfear an comhad faoi bhráid Cigire Leasa Shóisialaigh d'fhonn an t-iarratasóir a chur faoi agallamh maidir lena (h)iarratas , nó an mbeidh siad in ann an t-iarratas a mheasúnú ar an láthair, bunaithe ar an eolas a soláthraíodh. Fiafróidh an tOifigeach Seiceála den iarratasóir aon eolas/cháipéisíocht atá ar iarraidh chomh maith sula ndéanfar aon chinneadh maidir leis an teidlíocht.

34.16 Cuireann Oifigeach Cinnidh comhaid iomlána (tuairiscí ó Chigirí Leasa Shóisialaigh san áireamh nuair atá bainteach) faoi chaibidil, agus déanann sé cinneadh ar theidlíocht íocaíochta (más ann). Cuireann an tOifigeach Cinnidh an t-iarratasóir ar an eolas faoina chinneadh. Ansin, cuirtear tús le híocaíochtaí i gcleithiúnas go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal an phinsin.

34.17 Is féidir leis an iarratasóir cinneadh an Oifigigh Chinnidh a achomharc.

## *Éilimh a Phróiseáil go Tráthúil*

34.18 Molann an Roinn d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar PNRS trí mhí roimh a 66ú breithlá d'fhonn go mbeidh dóthain ama chun an t-éileamh a phróiseáil, agus chomh fada agus is féidir, go gcuirfear tús le híocaíochtaí ar bhreithlá an iarratasóra. Glactar le hiarratais suas go 6 mhí roimh 66ú breithlá an chustaiméara, ach beidh ar an gcustaiméir a dheimhniú nach raibh aon athrú ar a (h)acmhainní idir an dá linn sula dtosófar na híocaíochtaí.

34.19 Is féidir le híocaíochtaí a shiardhátú i gcás iarratais dhéanacha, suas go 6 mhí de ghnáth, ar chuntar go dtugtar cúis bhailí leis an iarratas déanach. D'fhéadfaí íocaíochtaí a shiardhátú níos mó ná 6 mhí i gcásanna eisceachtúla.

34.20 Fuair an Roinn tuairim is 10,800 iarratas ar PNRS i 2009. Thóg sé idir 9 agus 10 seachtaine ar an meán chun iarratas a phróiseáil.

## *Rialaitheoirí maidir le hIarratas a Fhaomhadh*

34.21 Cuireadh próiseas iarratais agus rialaitheoirí maidir le hiarratas a fhaomhadh i bhfeidhm mar a bhí beartaithe den chuid is mó sa shampla de 29 comhad a cuireadh faoi chaibidil le linn an iniúchta.

34.22 Tugadh roinnt fadhbanna le foirmeacha iarratais ar PNRS faoi deara i líon beag cásanna a cuireadh faoi chaibidil le linn an iniúchta, lena n-áirítear:

- dáta mícheart nó easpa dáta ar na foirmeacha
- iarratais a chomhdú ar cearr.

34.23 Rinne an Roinn athbhreithniú ar thosca na gcásanna a cuireadh ar a súile le linn an iniúchta, i gcomhthéacs na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm nuair a bhí na hiarratais sin á meas. Bhain sí de thátal as gur déileáladh leo i gceart agus ar aon dul le nósanna imeachta.

34.24 Tugadh faoi deara le linn an iniúchta chomh maith nár chuir an Roinn stampa dáta ar 8 bhfoirm iarratais. Maíonn an Roinn go gcuirtear iarratas ar PNRS isteach trí bhealaí éagsúla — tríd an bpost chuig an oifig i Sligeach, trí oifigí eile na Roinne, trí Chigirí Leasa Shóisialaigh, nó seolta isteach ag ionadaithe áitiúla nó polaiteoirí. Ní chuirtear stampa dáta ach ar fhoirmeacha iarratais a fhaightear tríd an bpost. Iontráiltear iarratais eile ar an gcóras PENLIVE nuair a fhaightear iad san Oifig PNRS. Cuireann an Roinn in iúl nach bhfuil an dáta fála tábhachtach ach amháin nuair a fhaightear an t-iarratas i ndiaidh 66ú breithlá an iarratasóra.

### *Fianaise ar Iarmhéideanna Bainc*

34.25 Braitheann an Roinn ar fhéindearbhúchán ioncaim, coigiltí agus sócmhainní eile (sócmhainní de chuid duine fásta cleithiúnach san áireamh, nuair atá bainteach) nuair atá sí ag meas acmhainní éilitheoirí. Iarrtar ar éilitheoirí sonraí maidir lena gcuntais i institiúidí airgeadais a chur in iúl, agus ráitis i dtaca le gach cuntas a chur isteach, a léiríonn iarmhéideanna le linn na tréimhse 3 mhí roimh cur isteach an iarratais.

34.26 Nuair a rinneadh iniúchadh ar an gcáipéisíocht tacaíochta sna cásanna sampla, tugadh faoi deara gur shonraigh éilitheoirí i 6 chás go raibh cuntas bainc acu, ach nach raibh na ráitis bhainc 3 mhí comhdaithe mar a bhí cuí.

34.27 Deir an Roinn nach gcoinnítear ráitis bhainc i ngach cás. De ghnáth, cuireann cigire na ráitis bhainc faoi chaibidil i rith an agallaimh agus tugtar na ráitis ar ais chuig an gcustaiméir mura bhfuil aon rud neamhghnách iontu nó aon rud ar a dteastaíonn tuilleadh iniúchta. I gcásanna eile, iarrann an t-éilitheoir ar an Roinn na cáipéisí a sheoladh ar ais chomh luath agus is féidir, agus seolfaidh an tOifigeach Cinnidh na ráitis bhainc ar ais chuig an éilitheoir tar éis dó cinneadh a dhéanamh maidir leis an teidlíocht. De ghnáth, ní choinnítear cóipeanna de ráitis bhainc ach amháin nuair atá fianaise iontu ar fhoinse ioncaim eile, mar shampla, íocaíocht pinsin ghairme nó pinsin eile, nó ioncam rialta ó lóisteálacha i nótaí. Phléigh an Roinn cóipeanna de ráitis bhainc a choinneáil, ach bheartaigh siad go mbeadh an iomarca iarrachta riaracháin i gceist leis.

### *Seiceálacha Cruinnis*

34.28 Chuir an Roinn próiseas ar bun ag tús 2010 chun 5% de chásanna PNRS gach mí a sheiceáil go neamhspleách, d'fhonn cruinneas na gcinntí a dheimhniú, agus chun a chinntiú go bhfuil siad i gcomhréir le teidlíocht agus go n-íoctar an duine ceart. Chomh maith leis sin, cuirtear 5% d'éilimh atá measúnaithe ar an láthair faoi bhráid Cigire Leasa Shóisialaigh d'fhonn cruinneas an chinnidh/na híocaíochta a dheimhniú. Déanann bainisteoirí na scéime scrúdú ar 5% de chásanna inar íocadh riaráistí idir €1,905 agus €7,500, agus faomhann siad gach cás lena bhfuil riaráistí níos mó ná €7,500 i gceist roimh ré.

34.29 Ní dhearnadh aon taifead foriomlán ar cé chomh minic is a rinneadh athbhreithniú ar chinntí de bharr seiceálacha cruinnis ach deir an Roinn go gcuirfear socruithe i bhfeidhm chun taifead láimhe a dhéanamh ar thorthaí na seiceálacha as seo amach. Tuigtear go n-éascófar cuíchóiriú na seiceálacha cruinnis agus go mbeidh níos mó smachta ar na seiceálacha cruinnis de bharr an chláir nua-aoisithe soláthair sheirbhíse (SDM) do PNRS.

### *Straitéis Athbhreithniúcháin agus Rialúcháin*

34.30 Rinne an Roinn athmheas ar a straitéis athbhreithniúcháin agus rialúcháin maidir leis an scéim PNRS le linn 2009. Thug an t-athmheas seo torthaí tuairisce iniúchta inmheánaigh maidir le cásanna eastáit i Meitheamh 2008 agus torthaí suirbhé calaoise agus botúin ar PNRS i 2007 faoi deara. Bunaithe ar mheasúnú riosca, tá sé mar aidhm ag an straitéis a chinntiú go dtugtar faoi athbhreithniúcháin dhírithe ar cásanna pinsin go tráthúil. Chomh maith leis sin, déantar athmheas ar chásanna PNRS nuair a chuireann an t-éilitheoir tuilleadh eolais ar fáil, nó nuair a thagtar eolas nua chun solais.

34.31 Cuireadh moill le cur i ngníomh na straitéise mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch ach tá Aonad Rialaithe ar leith á chur ar bun i Sligeach faoi láthair agus tá sé molta go n-aistreofar an scéim chuig an gclár nua-aoisithe soláthair sheirbhíse (SDM) faoi dheireadh 2010.

34.32 Shonraigh an Roinn gur é an riosca is mó a bhí aitheanta i rith ná suirbhé calaoise agus botúin ná nach n-athraítear rátaí íocaíochta d'fhaighteoirí pinsin mar thoradh ar athruithe a

rinneadh ar íocaíochtaí pinsin scoir sa Ríocht Aontaithe. Tá an Roinn ag díriú ar an riosca seo i láthair na huaire trí phróiseas nua meaitseála sonraí I gcomhar le húdaráis sa Ríocht Aontaithe, a dhéanann comparáid idir daoine a fhaigheann an pinsean scoir sa Ríocht Aontaithe agus a fhaigheann íocaíochtaí PNRS chomh maith.

34.33 Is féidir leis an Roinn sócmhainní agus ioncam atá fógartha a bhailmheas trí eolas a fhaightear ó roinnt foinsí eile, lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha. Le déanaí, tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis eolas maidir le sócmhainní atá ar a mbunachar sonraí a chur ar fáil.

### *Minicíocht na nAthbhreithniúchán*

34.34 Leag an Roinn sprioc amach go ndéanfaí athbhreithniú ar 7,660 cás PNRS i 2009. Is ionann 7,660 cás agus tuairim is 8% de na héilimh ó thaobh íocaíochta de. D'ainneoin na sprice, rinneadh athbhreithniú ar 8,814 cás — thart ar 9% de na héilimh ó thaobh íocaíochta de i 2009.

34.35 Maidir leis an sampla de 29 cás PNRS a bhí curtha faoi chaibidil le linn an iniúchta, thug cáipéisí na gcásanna le fios:

- nach ndearnadh athbhreithniú ach ar 5 chás le linn na tréimhse 2007-2009
- nach ndearnadh athbhreithniú ar 7 gcás ó 2005 nó 2006
- nach ndearnadh athbhreithniú ar 15 chás ó 2003 nó roimhe sin, agus chuir dátaí athbhreithniúcháin is déanaí ar chásanna éagsúla in iúl nach ndearnadh athbhreithniú orthu ó 1988.
- nach ndearnadh aon athbhreithniú ar dhá chás (lenar cuireadh tús i 2001 agus 2006 faoi seach) ó cuireadh ar bun iad.

Tá na torthaí seo i gcomhréir le sprioc mhinicíochta athbhreithniúcháin 2009 den chuid is mó.

34.36 Cuireadh tús le híocaíochtaí, i dtaca le ceann de na cásanna samplacha ar a ndearnadh athbhreithniú, i 1993. Nuair a rinneadh scrúdú ar cháipéisíocht an cháis, ba léir gur theip ar an Roinn torthaí agus moltaí athbhreithniúcháin a chur i ngníomh maidir leis an gcás ar bhonn leanúnach. Sa chás seo, d'aimsigh athbhreithniúcháin, a rinne Cigire Leasa Shóisialaigh i 2003 agus arís i 2005, gur dhíol an t-éilitheoir réadmhaoin i 1999 gan í a fhógairt, agus go raibh roinnt cuntas bainc éagsúla aige i ngan fhios don Roinn. Chuir sé seo le fios go raibh acmhainní de bhreis ar theorainneacha pinsin ag an éilitheoir. Rinneadh an cinneadh go mbeadh bac curtha ar íocaíochtaí i 2004, agus arís i 2005, ach bhí an t-éilitheoir fós ag fáil an t-uasráta pinsin nuair a tugadh faoin iniúchadh, agus ní dhearnadh aon taifead ar ró-íocaíocht. Cé nach léiríonn cúinsí aon chás amháin go bhfuil bainistíocht na scéime lochtach ar an iomlán, is údar imní é an cás seo toisc nach déanadh aon bheart de bharr torthaí na n-athbhreithniúchán.

### *Deireadh Íocaíochta*

34.37 Cuireadh deireadh le tuairim is 6,600 éileamh PNRS mar gheall ar bhás an éilitheora. De ghnáth, scoirtear de theidlíocht ar íocaíochtaí ar lá bhás an éilitheora, ach is féidir le céile/páirtí an éilitheora nach maireann an pinsean a éileamh ar feadh 6 seachtaine tar éis a bháis de réir na scéime PNRS.

34.38 Is féidir le muintir an éilitheora nach maireann nó ionadaithe d'eastát an éilitheora an Roinn a chur ar an eolas faoi bhás an éilitheora. Tá sé mar aidhm ag an Roinn básanna a chlárú ar chóras PENLIVE laistigh de sheachtain amháin. Cuirfidh an clárú seo stop le híocaíochtaí.

34.39 Mura bhfaightear fógra báis ó dhuine muinteartha nó ionadaí eile d'eastát an éilitheora, nó má chuirtear moill air, d'fhéadfadh go gcuirfí deireadh le híocaíochtaí mar gheall ar fhógra ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin, a chuireann an Roinn ar an eolas faoi gach bás sa Stát go huathoibríoch. Ní gá dlíthiúil bás a chlárú go ceann 6 mhí áfach agus bíonn baol ann go leanfar leis na híocaíochtaí ar feadh tréimhse tar éis bhás an éilitheora.

34.40 Chuir an Roinn in iúl go n-íoctar gach éilitheoir pinsin trí 'An Post' nó díreach chuig a chuntas in institiúid airgeadais. Dá ndéanfaí íocaíocht tar éis bás éilitheora, is féidir leis an Roinn an ró-íocaíocht sin a fhorchúiteamh ó 'An Post' nó ón institiúid airgeadais atá i gceist.

34.41 Deir an Roinn go raibh siad in ann ró-íocaíocht a fhorchúiteamh ó 'An Post', ón institiúid airgeadais, nó as teidlíocht chéile/pháirtí an éilitheora nach maireann ar íocaíochtaí ar feadh 6 seachtaine, i 95% de na cásanna a raibh ró-íocaíocht tar éis bhás an éilitheora i gceist leo.

## *Cásanna Eastáit*

34.42 Tá Aonad Forchúitithe Cáis Eastáit ag feidhmiú sa Roinn, ag a bhfuil sé mar aidhm ró-íocaíochtaí a aithint (más ann) i gcásanna a bhaineann le pinsinéirí nach maireann. Bíonn na hathbhreithniúcháin bunaithe ar eolas agus dearbhuithe a bhíonn curtha ar fáil don Aonad ag ionadaithe d'eastát an éilitheora, a chaithfidh an Roinn a chur in iúl nuair atá siad ag próiseáil sócmhainní eastáit.

34.43 Rinne an tAonad athbhreithniú ar 1,548 cás eastáit[247] i 2009. Is ionann é seo agus tuairim is 23% de na cásanna a tugadh chun críche de bharr báis phinsinéirí sa bhliain. Tugann an Roinn faoi deara nach bhfágann roinnt mhaith pinsinéirí aon eastát nuair a fhaigheann siad bás.

34.44 Aithníodh 324 ró-íocaíocht mar gheall ar an athbhreithniú ar chásanna PNRS. Is é luach na ró-íocaíochtaí a bhí aitheanta €9 milliún (thart ar €27,800 in aghaidh an cháis ar an meán).

34.45 B'údar imní iad na rudaí seo a leanas nuair a tugadh faoi iniúchadh inmheánach ar fheidhmiú an Aonaid Forchúitithe Cáis Eastáit i 2008:

- Ní raibh aon mheicníocht rialaithe ann sa Roinn chun a chinntiú gur cuireadh gach cás eastáit bainteach in iúl dóibh
- D'aontaigh Cigirí Áitiúla Leasa Shóisialaigh, a bhí ag imscrúdú cásanna eastáit, le hionadaithe na n-eastát bainteach maidir leis an tsuim ró-íocaíochta dlite, agus shocraigh siad aisíocaíocht na suimeanna aontaithe, d'ainneoin go bhfuil sé de dhualgas ar an Oifigeach Cinnidh an tsuim ró-íocaíochta dlite a shocrú tar éis an cás a athbhreithniú.
- Níor forchúitíodh ach roinnt féich ró-íocaíochta mar gheall ar shocraíochtaí i gcásanna eastáit cé go raibh dóthain sócmhainní san eastát. I 10 gcás shamplacha, a chuir na hIniúchóirí Inmheánacha faoi chaibidil, bhí dóthain sócmhainní san eastát chun an fiach a aisíoc ina iomlán, ach níor forchúitíodh ach idir 42% agus 81% den fhiach iomlán. Níor tugadh aon mhíniú sa cháipéisí maidi

247 Roinnt cásanna eastáit phinsin bhaintrí (neamhranníocach) san áireamh

leis na suimeanna nach ndeachthas sa tóir orthu.

34.46 Is iad seo a leanas na socruithe atá i bhfeidhm ag an Roinn faoi láthair i dtaca le cásanna eastáit:

- Braitheann siad ar na dualgais dhlíthiúla atá ar ionadaithe pearsanta na ndaoine nach maireann chun iad a chur in iúl nuair atá siad ag próiseáil sócmhainní eastáit. Chomh maith leis sin, tá sé socruithe anois go bhfaighidh siad tuairiscí ón Oifig Probháide go rialta, a aithneoidh cásanna ar a ndéanfaidh an tAonad Forchúitithe Cáis Eastáit athbhreithniú dírithe.
- Áiríonn Cigire áitiúil Leasa Shóisialaigh an tsuim ró-íocaíochta atá dlíthe i gcásanna aonair, bunaithe ar nósanna imeachta na Roinne. Ar mhaithe le praiticiúlacht, is féidir le hionadaithe eastáit íocaíocht a dhéanamh ar chuntas bunaithe ar áirimh an chigire.
- Uaireanta, tuigtear go bhfuil dóthain sócmhainní ag eastát áirithe chun na riaráistí a aisíoc ina n-iomlán, ach bíonn sé deacair cineálacha sócmhainne a thiontú ina n-airgead tirim. Ceadaítear costais dhlisteanacha an eastáit (mar shampla, costas sochraide) sula ndéanfar aon chinneadh ar shocraíocht deiridh. Nuair atá an t-eastát bunaithe ar shócmhainní seasta nach féidir a thiontú ina n-airgead tirim go héasca, tógtar cur chuige pragmatach de ghnáth d'fhonn a chinntiú go ndéantar cinneadh ar shocraíocht go tráthúil.

Tá athbhreithniú ar bun i láthair na huaire d'fhonn próisis agus nósanna imeachta i dtaca le heastáit a fheabhsú tuilleadh.

## Íocaíochtaí de bhreis ar Theidlíochtaí

### *Torthaí ar Shuirbhé calaoise agus botúin*

34.47 Thug an Roinn faoi shuirbhé calaoise agus botúin maidir le PNRS i 2007. Mar chuid den suirbhé seo, rinneadh athbhreithniú ar 1,000 éileamh reatha shamplacha. I níos mó ná 17% de na cásanna seo, tugadh faoi deara gur chóir an íocaíocht a cheartú i slí éigin, stop a chur le híocaíocht nó méid an íocaíochta a athrú d'fhonn athrú acmhainne a chur san áireamh. Ba é 1.9% an ceartú glan ar íocaíochtaí do phinsinéirí sa ghrúpa samplach ar an iomlán. Tugann sé seo le tuiscint go bhfuil méid tábhachtach airgid i gceist le ró-íocaíochtaí PNRS.

34.48 Tugann torthaí ar shuirbhéanna calaoise agus botúin, a dhéantar ar bhonn leanúnach sa Ríocht Aontaithe, le fios go bhfuil luach 5.1% de chaiteachas na scéime ar an iomlán i 2008/2009 i gceist le ró-íocaíochtaí faoi scéim sochair phinsin tástáilte ó thaobh acmhainne.

34.49 Cuireann an Roinn in iúl gur forbraíodh polasaí athbhreithnithe rialaithe i ndiaidh an tsuirbhé calaoise agus botúin maidir leis an scéim PNRS, d'fhonn díriú ar na rioscaí rialaithe a bhí aitheanta sa suirbhé. Tá an polasaí sin á chur i bhfeidhm faoi láthair. De bharr ghníomhartha na Roinne chun dul i ngleic leis na rioscaí, maíonn siad nach bhfuil costas 1.9% ar chalaois agus botúin sa scéim a thuilleadh. Chomh maith leis na rialaitheoirí feabhsaithe agus dírithe atá i bhfeidhm anois, beidh an Roinn in ann próiseas níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a chur ar bun d'éilitheoirí, próiseas uathoibríoch athdheimhniúcháin san áireamh, nuair a athrófar an scéim chuig an gclár nua-aoisithe soláthair sheirbhíse (SDM) faoi dheireadh 2010.

## Meastac*hán ar Choigiltí Rialaithe*

34.50 Measann an Roinn gur choigil siad níos mó ná €42 milliún ar chaiteachas a bhaineann leis an bPNRS de bharr gníomhaíochtaí rialaithe/athbhreithnithe faoinar tugadh i 2009.

34.51 Tá an meastachán ar choigiltí rialaithe bunaithe ar iolraitheoir de 136 seachtain, i.e. an méid aimsithe ró-íocaíochta in aghaidh na seachtaine iolraithe faoi 136 d'fhonn coigiltí rialaithe a mheas i ngach cás. Úsáideann an Roinn an t-iolraitheoir seo go minic i dtaca le cásanna na scéimeanna fadtéarma. Cuireann an Roinn in iúl go bhfuil siad ag tabhairt faoi athbhreithniú i láthair na huaire ar an iolraitheoir coigiltí rialaithe a úsáideann siad.

## *Ró-íocaíochtaí Taifeadta*

34.52 Rinne an Roinn taifead foirmiúil ar ró-íocaíochtaí, a raibh luach €10.3 milliún orthu, a bhain le 1,080 cás PNRS i 2009. Tugtar breac-chuntas i bhFíor 165 ar rangú cúinsí na Roinne a bhí ina gcúis leis an ró-íocaíocht taifeadta

**Fíor 165 Ró-íocaíochtaí Taifeadta i gcásanna PNRS, de réir cúise, 2009**

| Cúis ar Ró-íocaíocht | Líon cásanna | | Luach na ró-íocaíochtaí | | Meánluach |
|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | €000 | % | €/cás |
| Acmhainní neamhainmnithe – cásanna eastáit | 324 | 30 | 9,000 | 88 | 27,800 |
| Acmhainní neamhainmnithe – eile [a] | 53 | 5 | 517 | 5 | 9,800 |
| Íocaíochtaí tar éis báis | 508 | 47 | 405 | 4 | 800 |
| Íocaíochtaí dúblacha | 84 | 8 | 57 | 1 | 700 |
| Cúiseanna Eile | 111 | 10 | 249 | 2 | 2,200 |
| **Iomlán (gach cúis)** | **1,080** | **100** | **10,288** | **100** | **9,500** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta::

a Cásanna nach raibh na hacmhainní ar fad ainmnithe iontu, agus cásanna inar méadaíodh acmhainní tar éis iad a bheith ainmnithe ar dtús agus nach raibh curtha in iúl don Roinn.

34.53 Is é an príomhmhodh chun ró-íocaíochtaí PNRS a aimsiú agus a dhearbhú ná trí chásanna eastáit. Bhain tuairim is 90% de luach na ró-íocaíochtaí a bhí taifeadta le cásanna eastáit. Tá €27,800 ar an meán i gceist le gach cás, a thugann le tuiscint go bhfuil suimeanna ró-íocaíochta de bhreis ar theidlíochtaí suntasach agus fadtréimhseach.

34.54 Aimsíodh i measúnuithe go raibh ró-íocaíochtaí á ndéanamh le 5% de chásanna eastáit. Tugann sé seo le fios go bhfuil ró-íocaíocht suntasach i gceist le cásanna PNRS ar an iomlán.

## Conclúid

Tar éis sampla de cháipéisí PNRS a iniúchadh, tugadh faoi deara gur cuireadh an próiseas iarratais agus rialaitheoirí maidir le hiarratais a fhaomhadh i bhfeidhm mar a bhí cuí den chuid is mó. I gcás amháin, áfach, bhí an bunchóip den iarratas ar phinsin ar iarraidh ó 2006 de bharr comhdú mícheart. Ba chóir don Roinn prótacal oiriúnach um athdhearbhú éileamh a chur ar bun ionas go mbeidís in ann é a chur i bhfeidhm dá gcaillfí bunchóipeanna iarratais.

Tá sé de dhualgas ar éilitheoirí PNRS ráitis bhainc a chur ar fáil mar fhianaise ar iarmhéideanna bainc a luann siad ar a bhfoirm iarratais. I 6 chás a bhí iniúchta, luaigh éilitheoirí iarmhéideanna bainc ar a n-iarratais ach ní raibh na ráitis bhainteacha comhdaithe ag an Roinn. Mura gcomhdaítear cóipeanna de na ráitis, ba chóir taifead a dhéanamh gur cuireadh an fhianaise riachtanach isteach, go raibh sí ar aon dul leis na hiarmhéideanna ar an bhfoirm agus gur tugadh ar ais don éilitheoir í. Bheadh an Cigire Leasa Shóisialaigh, agus/nó an tOifigeach Cinnidh in ann nóta meabhráin a chur leis an gcomhad a chuireann an taifead seo in iúl.

Tugann fianaise shuirbhé calaoise agus botúin na Roinne i 2007, torthaí an athbhreithniúcháin ar chásanna eastáit, athbhreithniúcháin eile, agus ró-íocaíochtaí taifeadta le fios go ndéantar íocaíochtaí PNRS de bhreis ar theidlíocht na bpinsinéirí. Tarlaíonn sé seo den chuid is mó toisc nach bhfógraíonn pinsinéirí a n-acmhainní nó nach bhfógraíonn siad a n-acmhainní ina n-iomlán. De ghnáth, leanann íocaíochtaí faoin bPNRS ar feadh i bhfad, agus cé go bhfuil sé de dhualgas ar éilitheoirí aon athrú in acmhainní a fhógairt, déanann roinnt éilitheoirí dearmad nó neamhaird air.

Déantar mionscrúdú ar ioncam agus sócmhainní pinsinéirí nach maireann mar chuid d’athbhreithniú ar chásanna eastáit. Mar gheall ar na mionscrúduithe seo, tagtar ar ró-íocaíochtaí suntasacha pinsin. Tá baol ann nach tugtar ró-íocaíochtaí faoi deara nuair a úsáidtear sócmhainní nó nuair a dhiúscraítear iad i slí eile sula bhfaigheann an t-éilitheoir bás. D’fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí ann maidir leis na híocaíochtaí a fhorghníomhú agus go gcuirfí moill air i gcomhthéacs imeachtaí probháide, a bheadh ina chúis le níos lú féich a fhorchúitithe.

Ba chóir don Roinn córas athdheimhniúcháin thréimhsiúil a mheas le haghaidh pinsinéirí neamh-neamhranníocacha. D’fhéadfaí an t-athdheimhniúchán a dhéanamh ar thimthriall fada — gach 3 bliana mar shampla. D’fhéadfadh an Roinn iarraidh ar ráitis bhainc chomh maith chun teidlíocht a spotseiceáil.

## Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

34.55 Tuigeann an Roinn go mbíonn teagmháil rialta agus leanúnach ag teastáil le héilitheoirí chun a chinntiú go mbíonn eolas tráthúil ar fáil don Roinn chun teidlíochtaí PNRS a mheas ar bhonn leanúnach. Tá an Roinn den bharúil go gcuirfear feabhas ar an bpróiseas athbhreithniúcháin ar mhaithe le héilitheoirí nuair a bhunófar an tAonad Rialaithe PNRS agus nuair a aistreofar an scéim chuig an gclár nua-aoisithe soláthair sheirbhíse (SDM). Tá siad ag súil go gcinnteoidh an clár nua-aoisithe soláthair sheirbhíse (SDM) go mbeidh a fhios ag custaiméirí go gcaithfidh siad an Roinn a chur ar an eolas faoi aon athrú in acmhainní a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a dteidlíochtaí.

34.56 Déanfar plé le hathdheimhniúcháin thréimhsiúla ar éilimh PNRS nuair a aistreofar an scéim chuig an gclár nua-aoisithe soláthair sheirbhíse (SDM), a d’fhéadfadh an próiseas seo a éascú.

34.57 Tugann an Roinn faoi deara gur luaigh an suirbhé calaoise agus botúin maidir le PNRS go bhfuil an scéim ina scéim íosriosca agus nach raibh calaois shuntasach ann. Tá gach cosúlacht ann go gcoigleofar airgead rialaithe mar thoradh ar iarrachtaí nua cosúil le tionscadail a chuireann sonraí de chuid an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, na gCoimisinéirí Ioncaim agus maidir le híocaíochtaí an phinsin scoir sa Ríocht Aontaithe i gcomparáid lena chéile.

# Caibidil 35

## An Roinn Coimirce Sóisialaí

## Íocaíochtaí Teaghlach Aontuismitheora

# Íocaíochtaí Teaghlach Aontuismitheora

35.1 Is íocaíocht thástáilte ó thaobh acmhainne de í an íocaíocht teaghlach aontuismitheora (ÍTA) a dhéantar le fir agus mná atá ag tabhairt aire do leanbh nó leanaí gan tacaíocht ó pháirtí, nó gan ach tacaíocht theoranta i bhfoirm íocaíochtaí cothabhála á fháil acu. Ní ceadmhach d'éilitheoirí a bheith ag maireachtáil i bhfochair a chéile.

35.2 Ag deireadh 2009, bhí tuairim is 90,000 teaghlach ag fáil íocaíochtaí ÍTA. B'ionann an caiteachas faoin scéim sa bhliain 2009 agus breis is €1.1 billiún. B'ionann an meáníocaíocht faoin scéim agus tuairim is €12,500 sa bhliain, nó €239 sa tseachtain. Ní áiríonn seo íocaíochtaí faoin scéim Sochair Leanaí, agus sochair eile cosúil le fóirdheontas cíosa atá iníoctha le roinnt teaghlach, ag brath ar a gcúinsí.

35.3 Tá na coinníollacha ag gabháil le teidlíocht ÍTA ina gcoinníollacha casta agus is dúshlán ar leith iad don Roinn ó thaobh rialuithe éifeachtacha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm d'íocaíochtaí faoin scéim.

- Féadfaidh éilitheoirí leibhéal áirithe ioncaim a bheith acu ó fhoinsí éagsúla— e.g. ó fhostaíocht nó ó thacaíocht chothabhála— sula mbeidh tionchar aige ar ÍTA, agus laghdaíonn teidlíochtaí de réir mar a mhéadaíonn acmhainní go dtí go sroicheann leibhéal scoir.
- Féadfaidh deacracht a bheith ann leibhéal na tacaíochta cothabhála a chinneadh ar féidir le tuismitheoir nach éilitheoir é/í a sholáthar dá t(h)eaghlach nó ar chóir dó/di a sholáthar.
- Tá deacracht ar leith ag baint le fáil amach an bhfuil daoine ag maireachtáil i bhfochair a chéile.

35.4 Féadfaidh aon cheann de na cúinsí seo athrú i gcásanna ar leithligh thar thréimhse ghearr go leor, agus mar thoradh air sin d'athródh teidlíochtaí faoin scéim, agus bheadh rioscaí móra ann nach mbeadh na híocaíochtaí atá á ndéanamh de réir na dteidlíochtaí reatha.

35.5 Bunaíodh an scéim ÍTA sa bhliain 1997, agus tháinig i gcomharba ar na scéimeanna a bhí ann an tráth sin – eadhon Liúntas Tuismitheoir Aonair agus Sochar Banchéile Thréigthe. Ar dtús rinne na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh i Sligeach an scéim nua a riar go lárnach. Sa bhliain 2003, bheartaigh an Roinn an fhreagracht don riarachán ar iarratais nua faoin scéim a dhéabhlóideadh chuig a líonra d'oifigí áitiúla, a dhéileáil go dtí sin, go príomha, le scéimeanna do chuardaitheoirí poist.

35.6 Cuireadh i bhfeidhm clár céimneach ÍTA. Is éard a bhí i gceist leis seo ná oiliúint a sholáthar d'fhoireann na hoifige áitiúla ar na cuspóirí agus na gnéithe den scéim nua. A luaithe is a bhí an oiliúint déanta, thosaigh oifigí áitiúla ag próiseáil na n-éileamh nua ÍTA. Tá freagracht as bainistiú na n-éileamh reatha á haistriú chuig na hoifigí áitiúla iomchuí ar bhonn céimneach, de réir mar is indéanta. Faoi dheireadh 2009, bhí tuairim is 63% de gach cás reatha á riar ag na hoifigí áitiúla, agus an chuid eile fós á riar ó oifig lárnach na scéime i Sligeach.

## Béim na Caibidle

Mar chuid den iniúchadh airgeadais ar Chuntas Leithghabhála 2009 don Vóta Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, rinneadh mionscrúdú ar bhainistiú ÍTA in dhá oifig áitiúla – an Muileann gCearr agus Sráid Óstaí an Rí (Baile Átha Cliath). Na príomhaidhmeanna leis an iniúchadh ná seo a leanas:

- dearbhú a dhéanamh, bunaithe ar iniúchadh ar shampla randamach de chásanna ÍTA, go raibh na híocaíochtaí a rinneadh ceart agus gur chloígh siad le coinníollacha na scéime
- a mheas cibé acu an raibh na rialuithe le haghaidh ÍTA ina rialuithe imleora nó nach raibh, i bhfianaise chineál na scéime, agus go raibh siad á ndéanamh mar a bhí beartaithe
- a dhearbhú i gcás go bhfuarthas go raibh íocaíochtaí déanta a sháraigh na teidlíochtaí ITA, go ndearnadh iad a thaifeadadh mar fhiacha ró-íocaíochta agus go bhfuarthas iad ar ais a mhéad ab fhéidir.

35.7 Thosaigh oifig Shráid Óstaí an Rí ag próiseáil na n-iarratas nua ÍTA i mí Mheán Fómhair 2004. Ag deireadh mhí na Nollag 2009, bhí an oifig ag riar 1,637 cás, agus bhí 1,453 cás breise bainteach le docharcheantar na hoifige (Baile Átha Cliath – tuaisceart na cathrach) aitheanta mar chásanna a d'fhéadfaí a aistriú ar deireadh thiar go dtí Sligeach. Thosaigh oifig an Mhuilinn Chearr ag próiseáil iarratais nua ÍTA i mBealtaine 2005. Ag deireadh 2009, bhí an oifig ag riar 570 cás reatha íocaíochta. Tá 788 éileamh breise beartaithe a aistriú go Sligeach.


35.8 Rinneadh obair iniúchta in dhá oifig roghnaithe áitiúla. Roghnaíodh samplaí randamacha de chásanna atá á n-íoc agus arna mbainistiú in oifigí áitiúla le go ndéanfaí iniúchadh sonrach orthu—23 cás sa Mhuileann gCearr agus 23 i Sráid Óstaí an Rí.

## Próifíl Éilitheora

35.9 Mhéadaigh líon na bhfaighteoirí ÍTA ó isteach is amach le 70,000 ag deireadh na bliana 1999 go dtí tuairim is 90,000 ag deireadh 2009 — méadú tuairim is 28% i dtréimhse 10 mbliana. Is mná iad formhór na bhfaighteoirí ÍTA dar aois idir 20 agus 44 bliain d'aois— a dhéanann suas 86% den iomlán.

35.10 Bhí sé ar taifead go raibh tuairim is 150,000 leanbh ag maireachtáil in aonaid teaghlaigh a bhí ag fáil ÍTA. I gcás 56% de na faighteoirí bhí leanbh cleithiúnach amháin acu, agus i gcás 28% bhí beirt leanaí cleithiúnacha acu. Féach Fíor166.

**Fíor 166 Éilimh íocaíochtaí teaghlach aontuismitheora, de réir líon na leanaí cleithiúnacha, deireadh 2009**




Foinse: Eolas Staitistiúil faoi Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh, 2009

35.11 Ag deireadh 2009, i gcás 14% d'fhaighteoirí ÍTA — tuairim is 12,600 teaghlach — níorbh náisiúntacht Éireannach a bhí acu.

## Leibhéil Íocaíochta

35.12 B'ionann an ráta uasta pearsanta d'íocaíochtaí le haghaidh éilitheora faoin scéim sa bhliain 2009 agus €204 in aghaidh na seachtaine do dhuine fásta agus €26 in aghaidh na seachtaine do gach leanbh suas go dtí aois 18, nó go dtí aois 22 i gcás go raibh an leanbh in oideachas lánaimseartha. Féadtar na méideanna seo a laghdú, ag brath ar leibhéal na hacmhainne measta ag an iarratasóir.

35.13 I gcás éilitheora ÍTA atá scartha, colscartha nó neamhphósta éilítear orthu mar choinníoll faoin scéim go ndéanfaidís iarrachtaí iomchuí cothabháil a lorg ó thuismitheoir(í) eile an linbh chleithiúnaigh/na leanaí cleithiúnacha. Féadtar costais do thithíocht dheimhnithe de suas le €95.23 sa tseachtain (e.g. cíos nó morgáiste) arna thabhú ag an éilitheoir a fhritháireamh i gcoinne aon chothabhála faighte, agus déantar leath d'iarmhéid na tacaíochta a mheas mar acmhainn nuair atáthar ag cinneadh ráta na híocaíochta faoin scéim.

35.14 Ní chuirtear san áireamh sa mheasúnú acmhainne olltuilleamh ó fhostaíocht suas le €146.50 sa tseachtain i.e. féadtar na rátaí iomlána pearsanta a íoc. Déantar leath an olltuillimh idir €146.50 agus €425 sa tseachtain a mheas mar ioncam, agus laghdaítear an ráta íocaíochta dá réir. I gcás duine a thuilleann níos mó ná €425 sa tseachtain níl siad incháilithe le haghaidh íocaíochta[248].

35.15 Éilítear ar éilitheoirí a chur in iúl go pras don Roinn i gcás go bhfuil aon athrú ar a gcúinsí nó a n-acmhainn a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a dteidlíocht leanúnach íocaíochtaí a fháil faoin scéim. Ní foláir méaduithe in acmhainn/ioncam a chur in iúl don Roinn laistigh de sheacht lá.

## Modh Íocaíochta

35.16 Féadfaidh faighteoirí ÍTA roghnú go n-íocfaí a dteidlíochtaí ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- Ríomhaistriú Faisnéise (RF) — iníoctha go seachtainiúil go craobh áitiúil d'Oifig an Phoist ar thabhairt isteach cáipéisí aitheantais le grianghraif. Seoltar ar ais íocaíochtaí neamhbhailithe RF chuig an Roinn tar éis 20 lá, agus spreagann seo athbhreithniú ar éilimh.
- Ríomhaistriú Airgid (RA) — déantar íocaíochtaí a chur chun sochair chuntais bhainc an chliaint.

Tugtar na roghanna éagsúla modha íocaíochta chun freastal ar theaghlaigh a bhfuil cúinsí éagsúla acu e.g. i gcás go bhfuil an t-éilitheoir ag obair go lánaimseartha

35.17 Sna samplaí de chásanna arna n-iniúchadh in oifigí áitiúla sa Mhuileann gCearr agus i Sráid Óstaí an Rí bhí éagsúlacht shuntasach idir na modhanna íocaíochta. Sa chéad chás, íocadh ceithre cinn as cúig (78%) le RF. I gcomparáid leis sin, níor íocadh ach díreach breis is ceann amháin as ceithre cinn de na héilimh (26%) in oifig Shráid Óstaí an Rí trí RF.

---

[248] Tá foráil faoin scéim i gcúinsí áirithe go leanfadh faighteoirí ÍTA ag fáil íocaíochtaí ar feadh tréimhse suas le sé mhí (íocaíochtaí idirthréimhse), i gcás gur ardaigh ioncam ó thuilleamh airgid os cionn €425 sa tseachtain.

35.18 Ó dhéanach sa bhliain 2007, ar ghríosú ón mBainisteoir Réigiúnach, an polasaí atá ann in oifig Shráid Óstaí an Rí ná gan RA a thairiscint mar rogha íocaíochta ÍTA ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Glacadh an cinneadh seo mar fhreagra ar fhianaise go raibh roinnt íocaíochtaí leasa shóisialaigh a seachadadh go cuntais bhainc Éireannacha ag cliaint á n-aistriú chuig cuntais bhainc Eachtracha nó bhí na cuntais sin á rochtain go leictreonach ó lasmuigh d'Éirinn ag cliaint nach raibh ina gcónaí anseo a thuilleadh. Glacadh an polasaí srian a chur le rochtain ar an modh íocaíochta ÍTA ina dhiaidh sin i mí Iúil 2008 ar fud gach réigiúin d'éilimh nua ÍTA.

## Iarratas ar Sheiceálacha Cásanna Nua

35.19 Éilítear ar iarratasóirí nua foirm iarratais shonrach a chomhlánú, agus ní foláir an fhoirm sin a chur isteach chuig an oifig áitiúil leasa shóisialaigh, maille le doiciméadúchán tacaíochta. Éilíonn an fhoirm ar iarratasóir dearbhú a thabhairt maidir le hacmhainn phearsanta, lena n-áirítear aon íocaíochtaí cothabhála faighte.

35.20 Déantar iarratais a chlárú nuair a fhaightear iad ar chóras ISTS na Roinne. Ar dtús déantar na hiarratais a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil siad iomlán, agus de ghnáth atreoraítear iad chuig Cigire Leasa Shóisialaigh a bhfuil de cheangal air/uirthi iniúchadh a dhéanamh ar chúinsí an cháis ar leith, ar cúinsí iad a bhaineann le teidlíocht a fháil amach. Féadfaidh an Cigire cuairt a thabhairt ar an éilitheoir agus/nó ar thuismitheoir(í) na leanaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe do chleithiúnas linbh agus cothabháil linbh. Ansin déanann an Cigire tuairisciú ar fhíricí an cháis. Cuireann an tOifigeach Breithiúnachta san áireamh tuarascáil an Chigire agus é/í ag cinneadh na teidlíochta i leith íocaíochta (más ann dó). Scríobhann an tOifigeach Breithiúnachta chuig an iarratasóir chun an cinneadh a chur in iúl agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin, agus cuireann tús le híocaíocht.

35.21 Féadtar éilimh a chinneadh i roinnt cásanna gan atreorú chuig an gCigire. I gcás go dtarlaíonn seo, ba chóir an cás a atreorú ina dhiaidh sin le go ndéanfadh Cigire athbhreithniú air go luath.

### *Iomláine an Doiciméadúcháin Tacaíochta*

35.22 Fuarthas san athbhreithniú ar chomhaid na gcásanna íocaíochta reatha in dhá oifig áitiúla go raibh cásanna ann a raibh píosaí doiciméadúcháin in easnamh nó lochtach, doiciméadúchán a éilítear mar fhianaise chun tacú leis an méid íoctha. D'áirigh seo cásanna

- a raibh iarratais iontu nach raibh an dáta stampáilte orthu ar a bhfuair foireann na Roinne iad (ceithre chás sa Mhuileann gCearr, 12 chás i Sráid Óstaí an Rí)
- a raibh sé de cheangal cóipeanna de dhoiciméid tacaíochta iomchuí a sholáthar — cosúil le ráitis bhainc — in éineacht na foirme iarratais. Tharla in ocht gcás nach raibh cóipeanna de na doiciméid tacaíochta iomchuí sa chomhad (dhá chás sa Mhuileann gCearr agus sé cinn i Sráid Óstaí an Rí) — ina ionad seo, chuir tuarascálacha na gCigirí Leasa Shóisialaigh in iúl go bhfacthas na doiciméid iomchuí
- ní raibh tuarascálacha na gCigirí comhdaithe in dhá chás sa Mhuileann gCearr — sa dá chás, bhí an t-iarratasóir ag cónaí lena t(h)uismitheoirí tráth an iarratais, ach ina dhiaidh sin bhog go dtí a c(h)óiríocht féin
- ní raibh aon iarratas comhdaithe chun tacú le híocaíochtaí do leanaí breise a cuireadh leis na héilimh in dhá chás i Sráid Óstaí an Rí
- i gcás amháin i Sráid Óstaí an Rí, bhí údarú an Oifigigh Breithiúnachta ar iarraidh ón gcomhad agus ní raibh aon fhianaise gur eisigh an tOifigeach Breithiúnachta fógra maidir le cinneadh chuig an iarratasóir.

35.23 Mar fhreagra ar thorthaí an iniúchta, dhearbhaigh an Roinn na nithe seo a leanas:

- Ó chur i bhfeidhm céimneach riar ÍTA sna hoifigí áitiúla, déantar formhór mór na n-éileamh ÍTA go pearsanta san oifig áitiúil. Déantar an t-éileamh a chlárú ann agus ansin ar an gcóras ISTS agus ina dhiaidh sin coinnítear an t-éileamh ar an gcóras, agus ní ar chomhad páipéir. Áirítear sa taifead ríomhaire dáta an chlárúcháin (a shannann an córas go huathoibríoch) agus dáta tosaithe i gcás go bhfuil sin éagsúil. Chomh maith leis sin, cuireann an t-iarratasóir ar fáil dáta breithe an linbh ar tionscnaíodh an t-éileamh dá bhun. Go hidéalach ba chóir an fhoirm féin a stampáil, ach sa mhéid go nglactar é go pearsanta agus go n-iontráiltear ar an gcóras é mar chuid den phróiseas éileamh a thógáil, meastar gur gnáthamh ceart é.
- I gcás go soláthraíonn cliaint doiciméadúcháin tacaíochta, cosúil le ráitis chuntais bhainc agus ráitis ó institiúidí airgeadais eile, do Chigirí le linn don Chigire a bheith ar cuairt I dteach cliaint, dearbhaíonn an Cigire i scríbhinn go bhfuil an doiciméad i gceist feicthe aige/aici agus scríobhann sé/sí taifead d'ábhair an doiciméid sin. Bíonn an tuarascáil seo ina cuid de bhundoiciméid ar a mbíonn an tOifigeach Breithiúnachta ag brath chun an cinneadh á dhéanamh. Is léiriú seo ar ról an Chigire agus ar nach bhfuil sé praiticiúil fótachóipeanna a dhéanamh de dhoiciméid i dteach cliaint.
- I ndáil leis an dá chás i Sráid Óstaí an Rí nuair nach raibh aon fhoirm iarratais ann ag tacú le leanaí breise a chur san éileamh, bhí na héilitheoirí tar éis teastais bhreithe a sheoladh le haghaidh na leanaí nuabheirthe le litir nó soláthraíodh sonraí eile ar an teileafón agus bhí na hoifigigh a bhí ag déileáil leis an gcás den tuairim go raibh sin dóthanach. Go hidéalach, bheadh foirm éilimh iomchuí comhlánaithe i ndáil leis an dá éileamh agus tá céimeanna á nglacadh chun a chinntiú go ndéanfar an fhoirm a chomhlánú amach anseo i gcásanna dá leithéid.
- I ndáil leis an comhaid do chásanna nach ndearnadh taifeadadh ar chinneadh an Oifigigh Breithiúnachta agus nár cuireadh an toradh maidir leis an éileamh in iúl go foirmiúil don iarratasóir, cuirfear cóip den doiciméadúchán a bhí ar iarraidh leis an éileamh.

### *Seiceálacha ar Shonraí 'Gaol faoi Dhliteanas'*

35.24 Tá sé de cheangal ar éilitheoirí ÍTA dearbhú a thabhairt faoi cé hé/hí tuismitheoirí (nó tuismitheoirí) eile an linbh, agus seoladh a sholáthar, i gcás go bhfuil sé ar eolas. Tá na tuismitheoirí eile faoi dhliteanas ó thaobh an dlí de, ag brath ar a n-acmhainní. Déanann Cigirí Leasa Shóisialaigh iniúchtaí chun na tuismitheoirí sin a aimsiú –ar a dtugtar 'gaolta faoi dhliteanas' – agus i gcás go bhfuil sé indéanta cuirtear iad faoi agallamh, chun a n-oibleagáidí dlíthiúla a chur in iúl dóibh agus chun a fháil amach cén cumas atá acu tacaíocht a sholáthar. Féadfaidh Cigirí Leasa Shóisialaigh cuairteanna a thabhairt ar sheoltaí baile na ngaolta faoi dhliteanas chun a sonraí cónaitheachta a dhearbhú maille le haon socruithe cothabhála, agus iad a sheiceáil i gcoinne na féidearthachta go bhfuil na tuismitheoirí ag cónaí i bhfochair a chéile.

35.25 I gcás roinnt éilitheoirí ní dhearbhaíonn siad céannacht an ghaoil faoi dhliteanas, agus féadfaidh roinnt gaolta faoi dhliteanas a bheith ag cónaí lasmuigh den stát. I gcásanna ina meastar nach féidir agallamh a chur ar na gaolta faoi dhliteanas, tá sé de cheangal ar Chigire Leasa Shóisialaigh iad a chur ar an eolas, tríd an bpost, go bhfuil oibleagáidí cothabhála orthu.

35.26 Sna cásanna samplacha arna n-iniúchadh sna hoifigí áitiúla, fuarthas

- go ndearnadh sonraí an ghaoil faoi dhliteanas a thabhairt i 78% (36) de na cásanna arna n-iniúchadh — 16 as 23 cás sa Mhuileann gCearr agus 20 as 23 cás i Sráid Óstaí an Rí.
- gur aithníodh 38 gaol faoi dhliteanas (nochtadh beirt ghaolta faoi dhliteanas i gcás indibhidiúil a ndearnadh iniúchadh air i ngach ceann de na hoifigí)

- as 87% (33) de na gaolta dearbhaithe faoi dhliteanas go raibh siad ag cónaí in Éirinn
- nár tharla ach i gceithre chás gur léirigh an comhad gur tugadh cuairt sa bhaile ar ghaolta faoi dhliteanas – bhí siad seo go léir sa Mhuileann gCearr; níor tugadh aon chuairt ar gaolta faoi dhliteanas i gcásanna Shráid Óstaí an Rí
- as 25 cás a raibh seoladh an ghaoil faoi dhliteanas ar eolas, nár eisíodh fógraí i scríbhinn I ndáil le baint a bheith acu le héilimh ÍTA agus oibleagáidí cothabhála ach i gcúig chás – ceithre cinn sa Mhuileann gCearr agus ceann amháin de na cásanna i Sráid Óstaí an Rí.

35.27 Dhearbhaigh an Roinn, go mbíodh sé níos coitianta san am atá thart gur thug Cigirí cuairt ar bhailte na ngaolta faoi dhliteanas. Cibé scéal é, fuarthas nach raibh ach toradh 'nach fiú a áireamh' ar na cuairteanna sin. Anois, toisc srianta acmhainní, ní théitear ar na cuairteanna seo ach i gcás go bhfuil táscairí prima facie ann a chuireann in iúl gur fiú na cuairteanna ó thaobh rialú agus/nó aisghabháil cothabhála. I bhfianaise na mbrúnna atá ag teacht ón gClár Beo agus an méadú bainteach a bhaineann le héilimh ó Chuardaitheoirí Poist, is gá cothromaíocht a bhaint amach idir próiseáil éilimh agus gníomhaíochtaí rialúcháin. Ní foláir do na gnéithe rialúcháin cúinsí eacnamaíochta agus sóisialta atá i réim a chur san áireamh i gcomhthéacs chor chun donais na heacnamaíochta agus athrú thimpeallacht an mhargaidh fostaíochta. I roinnt cásanna, tuigtear go bhfuil an gaol dearbhaithe faoi dhliteanas ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh..

## *Íocaíochtaí Cothabhála*

35.28 Bhunaigh an Roinn Aonad Aisghabhála Cothabhála, lonnaithe i gCora Droma Rúisc. An aidhm atá leis an aonad ná a chinntiú go ndéanfaidh gaolta faoi dhliteanas, a bhfuil leanaí acu I dteaghlaigh ÍTA, íocaíochtaí i gcás go bhfuil siad in ann, chun tacaíocht chothabhála a sholáthar, ar daoine iad nach bhfuil sin á dhéanamh acu faoi láthair. Déantar gaolta faoi dhliteanas a bhfuil níos mó ná €18,000 sa bhliain á thuilleamh acu a mheas le haghaidh dliteanas cothabhála. Ní théitear ar thóir roinnt catagóirí de ghaolta faoi dhliteanas toisc cúinsí pearsanta mar go bhfuil ioncaim ísle acu.

35.29 Éilíonn an t-iarratas ÍTA ar na éilitheoir gaol(ta) faoi dhliteanas na leanaí a ainmniú, agus a léiriú más rud é go bhfuil íocaíochtaí cothabhála á ndéanamh cheana féin. Éilítear faoi ghnáthaimh na Roinne go seolfadh foireann na hoifige áitiúla sonraí iomchuí chuig an Aonad Aisghabhála Cothabhála. I gcásanna nach ndearnadh íocaíocht chothabhála, féachann an tAonad le daoine a rianú chun a gcumas a mheas ranníocaíocht a dhéanamh i dtreo chostas ÍTA. Eisíonn an tAonad litir cinnidh a leagann amach méid na ranníocaíochta measúnaithe.

35.30 Sa bhliain 2009, rinne an tAonad scrúdú ar 13,200 cás san iomlán, agus d'eisigh orduithe cinnidh le go n-íocfaí cothabháil i 2,170 cás (16%). San iomlán bhailigh an Roinn ranníocaíochtaí de €851,000 go díreach mar leithghabháil i gcabhair don Vóta Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh sa bhliain 2009.

35.31 Sna cásanna samplacha a ndearnadh scrúdú orthu san iniúchadh, fuarthas

- Nár seoladh sonraí na ngaolta faoi dhliteanas agus a socruithe cothabhála chuig an Aonad Aisghabhála Cothabhála ach i 39% de chásanna oifig an Mhuilinn Chearr (i.e. naoi gcinn as 23), cé gur nochtadh sonraí na ngaolta faoi dhliteanas in dhá thrian de na cásanna. Seoladh dearbhuithe chuig an Aonad in 87% de chásanna oifig Shráid Óstaí an Rí (20 as 23).
- Go raibh taifeadta go raibh 19 de na gaolta faoi dhliteanas a aithníodh (50% den iomlán) ag déanamh ranníocaíochtaí cothabhála ag tacú lena dteaghlaigh.
- Go raibh íocaíochtaí cothabhála sa raon idir €20 agus €85 sa tseachtain i seacht gcinn de chásanna an Mhuilinn Chearr, agus sa raon €30 go €248 i gcásanna Shráid Óstaí an Rí.

Cuireadh na méideanna sin san áireamh agus leibhéal iomlán na teidlíochta ÍTA á mheas le haghaidh na n-éilitheoirí.

- Nár cinneadh ach ceann amháin de na 19 ngaol faoi dhliteanas eile a bheith in ann ranníocaíochtaí cothabhála a dhéanamh, ach nach raibh siad ag déanamh amhlaidh.

35.32 Léirigh an t-iniúchadh go raibh éagsúlacht ann sa chleachtas reatha idir oifig an Mhuilinn Chearr agus oifig Shráid Óstaí an Rí i ndáil le fógraí a thabhairt don Aonad Aisghabhála Cothabhála. I Sráid Óstaí an Rí, comhlánaítear foirm thuarascála (dá dtagraítear LR3) agus seoltar í chuig an Aonad i ndáil le gach bronnadh ÍTA a dhéantar, is cuma cá mhéad eolais a sholáthraítear faoin ngaol faoi dhliteanas. Sa Mhuileann gCearr, ní sheoltar foirm chuig an Aonad ach amháin I gcás go bhfuil roinnt sonraí faoin ngaol ar fáil.

## Íocaíochtaí a Sháraíonn Teidlíochtaí

35.33 I suirbhéanna ar chalaois mhórscála agus earráide a rinne an Roinn sa bhliain 2003 agus arís sa bhliain 2007 fuarthas go raibh gá leasuithe a dhéanamh ar íocaíochtaí reatha i níos mó ná ceathrú de chásanna a roghnaíodh go randamach. I roinnt de na cásanna ‘athraithe’ seo, bhí gá méadú ar na híocaíochtaí, ach i bhformhór na gcásanna, fuair na suirbhéanna go raibh na híocaíochtaí ag sárú na dteidlíochtaí. Thug torthaí shuirbhé 2007 le tuiscint go raibh an caiteachas foriomlán faoin scéim tuairim is 7.3% níos mó ná mar ba chóir. Tugann seo le fios go raibh caillteanas de thuairim is €82 milliún ann don cháiníocóir sa bhliain ag rátaí 2009.

35.34 Tá sé beartaithe le gníomhaíocht athbhreithniúcháin fhoireann na Roinne, i gcás go bhfuil sé indéanta, cásanna d’íocaíochtaí iomarcacha a thabhairt faoi deara go luath nó teidlíocht íocaíochta a leasú go pras. I gcás go dtugtar faoi deara go bhfuil ró-íocaíochtaí á ndéanamh, féachfar leis na híocaíochtaí iomarcacha a aisghabháil, i gcás go bhfuil sé indéanta agus iomchuí déanamh amhlaidh. Féadtar seo a dhéanamh trí aisíocaíocht dhíreach a dhéanfadh an t-éilitheoir, nó trí mhéideanna a choinneáil siar ó theidlíochtaí leanúnacha.

### *Athbhreithnithe ar Chásanna*

35.35 Tuairiscíonn an Roinn go ndearnadh breis is 74,000 athbhreithniú cáis ar chásanna ÍTA sa bhliain 2009. Tá seo cothrom le meánráta athbhreithniúcháin bliantúil de isteach is amach le 82%. Rinneadh íocaíocht a stad nó a laghdú i dtuairim is 18% de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu — sin tuairim is 13,100 cás. Meastar gurb ionann na coigiltis ón rialú a bhaineann leis na híocaíochtaí sin a stad/a laghdú agus tuairim is €114 milliún[249].

35.36 D’áirigh cineálacha athbhreithniúcháin ar chásanna ÍTA sa bhliain 2009 iad seo a leanas

- Ar dtús rinne an Roinn riar ar éilimh ÍTA ar an gcóras PENLIVE, ach ina dhiaidh sin d’aistrigh an t-eolas chuig an gcóras ISTS. Ag tús na bliana 2009, bhí beagnach 22,400 éileamh ÍTA fós ar an gcóras PENLIVE agus aistríodh isteach is amach le 19,650 I rith na bliana, agus mar sin fágadh grúpa de tuairim is 2,750 cás fós le haistriú ag deireadh na bliana. (Cuireadh i gcrích an t-aistriú seo sa bhliain 2010.) Rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar gach cás a aistríodh mar chuid den phróiseas aistrithe, agus mar thoradh air seo cuireadh deireadh le 510 éileamh agus laghdaíodh íocaíochtaí i 2,795 cás. Ciallaíonn seo i 17% de chásanna a aistríodh go rabhthas ag fáil níos mó ná a dteidlíochtaí faoi théarmaí na scéime.

[249] Agus coigiltis á ríomh ag an Roinn, cuirtear i bhfeidhm iolraitheoir de 136 uair na híocaíochta seachtainiúla i gcás éilimh scortha agus 52 uair an méid a asbhaineadh i gcásanna d’íocaíochtaí laghdaithe.

- Sainaithníodh i gcleachtadh 'tosach fostaíochta' bunaithe ar shonraí arna soláthar ag na Coimisinéirí Ioncaim iomlán de 767 cás ÍTA ina raibh an t-éilitheoir tar éis tosú ag obair, Tar éis athbhreithniú a dhéanamh, fuarthas gur chóir deireadh a chur le 43 de na héilimh, agus 357 eile a laghdú.
- I gcás go bpósann faighteoir ÍTA scorann an duine sin de bheith i dteideal íocaíochtaí a fháil. Soláthraíonn an Phríomh-Oifig Chlárúcháin fógra uathoibrithe don Roinn maidir le gach pósadh a chláraítear sa Stát. Úsáidtear seo go lárnach i gcleachtadh meaitseála sonraí ag cuidiú le bainisteoirí na scéime ÍTA a aithint má phós éilitheoirí agus nár chuir siad an t-eolas sin in iúl.

35.37 Dhearbhaigh an Roinn go bhfuil go sé, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ag fiosrú cibé acu an féidir rochtain a fháil ar eolas ón mbunachar sonraí de thionóntachtaí agus iarratais an údaráis áitiúil, ag féachaint le meaitseáil sonraí a dhéanamh ar eolas le héilimh ÍTA. D'fhéadfadh seo fianaise a sholáthar faoi dhaoine a d'fhéadfadh bheith ag cónaí i bhfochair a chéile nó éagsúlachtaí i seoltaí ag léiriú athruithe féideartha ar theidlíochtaí.

### *Féindearbhú Tréimhsiúil*

35.38 Tá polasaí ag an Roinn éileamh ar fhaighteoirí ÍTA aischur féindearbhaithe a thabhairt ar a laghad gach dara bliain. Eisítear foirmeacha dearbhúcháin chuig seoladh baile atá ar taifead do gach faighteoir. Déantar teidlíochtaí a athbhreithniú bunaithe ar an eolas arna sholáthar, agus féadfaidh Cigirí Leasa Shóisialaigh tuilleadh iniúchtaí a dhéanamh, má mheastar seo a bheith iomchuí. Cuirtear deireadh le híocaíochtaí i gcásanna nach bhfaightear an t-aischur faoin dáta dlite, nó i gcás go seoltar ar ais gan oscailt an litir a éilíonn an fhoirm a chomhlánú.

35.39 San iniúchadh fuarthas go n-eisítear na foirmeacha dearbhúcháin gach dara bliain chuig faighteoirí a ndéantar a n-éilimh a riar ó Shligeach. Eisítear foirmeacha gach bliain ó oifigí áitiúla an Mhuilinn Chearr agus Shráid Óstaí an Rí. I dtrí chás a ndearnadh iniúchadh orthu in oifig an Mhuilinn Chearr, thug an comhad le fios go raibh foirmeacha féindearbhúcháin déanach ach go raibh an íocaíocht ag leanúint ar aghaidh. Dúirt an Roinn gur aimsíodh na foirmeacha tar éis an iniúchta.

## Ró-íocaíochtaí a thaifeadadh

35.40 Ag leibhéal foriomlán na scéime, rinne an Roinn taifeadadh go foirmiúil ar fhiacha ró-íocaíochta i ndáil le breis is 1,500 cás ITA sa bhliain 2009 — tá seo cothrom le tuairim is cás amháin as gach naoi gcinn den iomlán i gcás gur stadadh nó gur laghdaíodh íocaíocht i rith na bliana. B'ionann luach iomlán na bhfiacha ró-íocaíochta a taifeadadh agus €9.5 milliún.

35.41 I Fíor 167 tá achoimre ar rangú na Roinne ar chúinsí is cúis le ró-íocaíochtaí ar taifead. An chúis is minice do ró-íocaíochtaí taifeadta ná gur aimsíodh go raibh acmhainní ann nár nochtadh. Bhí líon suntasach de chásanna ró-íocaíochta a taifeadadh inchurtha i leith fianaise go raibh éilitheoir ag cónaí i bhfochair duine eile, nó gur athraigh a stádas pósta ach nár nochtadh an t-eolas sin. San iomlán, b'ionann na cásanna sin agus dhá thrian de luach na ró-íocaíochtaí ar taifead.

**Fíor 167 Ró-íocaíochtaí taifeadta i gcásanna ÍTA, de réir cúise, 2009**

| An chúis leis an ró-íocaíocht | Líon na gcásanna | % den iomlán | Luach na ró-íocaíochtaí taifeadta €000 | % den iomlán | Meánluach in aghaidh an cháis € |
|---|---|---|---|---|---|
| Éilitheoir ag cónaí i bhfochair céile | 206 | 13 | 5,056 | 53 | 24,540 |
| Stádas pósta athraithe | 151 | 10 | 1,306 | 14 | 8,650 |
| Acmhainn nár nochtadh [a] | 595 | 39 | 1,541 | 16 | 2,590 |
| Gan aon leanbh incháilithe/íoctha thar teidlíocht | 123 | 8 | 540 | 6 | 4,390 |
| Ag obair i gcomhthráth le bheith ag éileamh | 200 | 13 | 262 | 3 | 1,310 |
| As láthair ón stát | 40 | 3 | 249 | 2 | 6,220 |
| Cúiseanna eile | 219 | 14 | 596 | 6 | 2,720 |
| **Iomlán (gach cúis)** | **1,534** | **100** | **9,550** | **100** | **6,230** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta Eolais:

a Áiríonn seo cásanna ina bhfuarthas go raibh acmhainní nár nochtadh go lánmhéid a luacha agus éileamh á dhéanamh, agus cásanna inar mhéadaigh acmhainní i ndiaidh an éilimh agus nár tuairiscíodh sin go pras don Roinn.

35.42 Bhí tuairim is 43% de ró-íocaíochtaí arna dtaifeadadh sa bhliain 2009 inchurtha i leith calaoise a tharla d’aon ghnó. Bhí 55% inchurtha i leith earráide a rinne na héilitheoirí. Bhí pas beag os cionn 1% inchurtha i leith earráide a rinne an roinn.

35.43 San iniúchadh rinneadh scrúdú freisin ar shampla de chásanna d’íocaíochtaí reatha chun a fháil amach an raibh leibhéal na ró-íocaíochtaí taifeadta, agus a mhéid a aisghabhadh. Seo a leanas príomhthorthaí an scrúdaithe.

- Léirigh comhaid na gcásanna go raibh íocaíochtaí a rinneadh a sháraigh teidlíochtaí i seacht gcás i Sráid Óstaí an Rí agus sé chás sa Mhuileann gCearr.
- Rinneadh ró-íocaíochtaí a thaifeadadh i ndhá chás, cás amháin acu inar gnóthaíodh iomlán na hearráide agus an cás eile inar aimisíodh de bharr iniúchóireachta nach raibh asbhaintí ann ón éileamh láithreach. Chuir an Roinn in iúl go rachadh sí ar thóir chomhaontaithe asbhainte leis an éilitheoir chun an mhéid amuigh a aisíoc.
- Taifeadadh ró-íocaíocht Liúntais Cuardaitheora Poist arb ionann é agus €2,225 i gcás eile arna iniúchadh sa Mhuileann gCearr. Tharla seo toisc gur dhearbhaigh an Roinn go raibh ‘obair i gcomhthráth le héileamh’ ag tarlú sa tréimhse Meán Fómhair 2003 go dtí Eanáir 2004. Go dtí tráth an iniúchta níor aisghabhadh aon chuid de na fiacha ró-íocaíochta ó na teidlíochtaí reatha ÍTA. Léirigh an Roinn nach bhfuil oifig áitiúil an Mhuilinn Chearr in iúl ar an ró-íocaíocht seo, agus go ndéanfar scrúdú ar an gcás chun a fháil amach an féidir asbhaintí a chomhaontú mar bhealach na fiacha a aisíoc.
- I roinnt cásanna sa dá oifig, leasaíodh na leibhéil íocaíochta ÍTA ó ‘dháta reatha’ tráth a fuarthas amach go raibh airgead faighte ó ioncam nó ó íocaíochtaí cothabhála níos airde ná an méid a dearbhaíodh roimhe sin, ach nár fiosraíodh uainiú na n-athruithe agus nár fiosraíodh na ró-íocaíochtaí.

35.44 Chuir an Roinn in iúl go ndéanfaidh sé iniúchadh ar na saincheisteanna arna dtabhairt chun solais ag an iniúchadh i ndáil le roinnt cásanna indibhidiúla, agus go mbreithneoidh ró-íocaíochtaí eile a fhiosrú.

## Conclúid

Cuireadh tacaíocht leasa shóisialaigh ar fáil do isteach is amach le 90,000 teaghlach sa bhliain 2009 faoin scéim ÍTA, ag costas iomlán de €1.1 billiún.

Tá fianaise ann go bhfuil fadhb sheasmhach agus ábhartha ann go bhfuil íocaíochtaí scéime á ndéanamh a sháraíonn teidlíochtaí reatha na n-éilitheoirí. Tugann suirbhéanna calaoise agus earráide a rinne an Roinn le fios go bhfaigheann 24% d'éilitheoirí níos mó ná mar ba chóir dóibh, agus go bhfuil tuairim is 7.3% sa bhreis ar theidlíocht na n-éilitheoirí á íoc leo. Má chuirtear an leibhéal seo d'íocaíocht iomarcach i bhfeidhm i leith na scéime sa bhliain 2009, an toradh air ná go raibh caillteanas ann don cháiníocóir sa bhliain 2009 arb ionann é agus isteach is amach le €82 milliún.

Dearbhaíonn gníomhaíocht athbhreithniúcháin leanúnach a rinne an Roinn go bhfuil an fhadhb ann d'íocaíochtaí iomarcacha. Sa bhliain 2009, in 18% de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu I roinnt tionscnamh éagsúil fuarthas gur íocadh iomarca, agus gur cuireadh deireadh le héilimh nó gur laghdaíodh iad. Tá sé measta ag an Roinn gurb ionann na coigiltis a baineadh amach mar thoradh ar an obair seo agus €114 milliún.

D'ainneoin go bhfuarthas leibhéal ard d'íocaíochtaí iomarcacha, tá an ráta de thaifeadadh ró-íocaíochtaí fiach íseal. Sa bhliain In 2009, taifeadadh pas beag os cionn 1,500 cás le luach comhiomlán de €9.5 milliún.

I bhfianaise mhinicíocht agus scála na n-íocaíochtaí iomarcacha, ba chóir don Roinn na nithe seo a leanas a dhéanamh

- suirbhéanna calaoise agus earráide a dhéanamh níos rialta i ndáil leis an scéim ÍTA – gach dara bliain ar a laghad – nó sampla de chásanna ÍTA a chur san áireamh go tráth rialta I gclár athbhreithniúcháin don scéim i.e. i gcomhthráth le hathbhreithniúcháin spriocdhírithe
- torthaí an athbhreithniúcháin leanúnaigh a thuairisciú ó thaobh a thionchair ar leibhéil íocaíochtaí reatha, seachas bunús na gcoigilteas réamhtheilgthe ó rialú
- Monatóireacht a dhéanamh ar chostas na hoibre athbhreithniúcháin a dhéanann an Roinn I ndáil le ÍTA, ionas go mbeidh eolas bríoch costéifeachtach ar fáil a bheidh mar bhonn le cinntí acmhainní a leithdháileadh.

Tá sé de cheangal ar éilitheoir ÍTA mar choinníoll ag gabháil leis an scéim go ndéanfadh sé/sí iarrachtaí iomchuí cothabháil a lorg ó 'ghaol faoi dhliteanas' (i.e. tuismitheoir eile an linbh) linbh chleithiúnaigh. Bunaithe ar chásanna arna n-iniúchadh ag dhá oifig áitiúla ar tugadh cuairt orthu, faigheann an Roinn sonraí faoi ghaol faoi dhliteanas i roinnt mhaith de na cásanna, agus tá a bhformhór ina gcónaí in Éirinn. Níor tharla ach i mbeagán na gcomhad de chásanna gur thug Cigirí Leasa Shóisialaigh cuairt ar thithe na ngaolta faoi dhliteanas chun a chinntiú gurbh é sin a ngnátháit chónaithe nó chun a n-oibleagáidí cothabhála a dhearbhú.

Ó thaifeadadh a ndearnadh ar íocaíochtaí cothabhála, aimsíodh gur íocadh le 50% iad de na cásanna iniúchta i ndhá oifig áitiúil – leis an lebhéal tacaíochta taifeadta ag aistriú ó €20 go €248 in aghaidh na seachtaine. Déileálann an tAonad Aisghabhála Cothabhála go príomha le cásanna d'éilimh nua, os rud é gur féidir le cúinsí airgeadais athrú le caitheamh ama, d'fhéadfadh go ndéanfaí éilimh láithreacha a atreorú chuig an Aonad ar son measúnaithe.

# Caibidil 36

## An Roinn Sláinte agus Leanaí

## An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

# An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

36.1 Bunaíodh an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (NTPF) ar bhonn reachtúil in 2004 d'fhonn rochtain ar chóireáil a éascú do na hothair phoiblí is faide atá ag feitheamh ar ghnáthaimh mháinliachta. Mar chuid dá théarmaí tagartha, tá freagracht ar an NTPF as sonraí faoin liosta feithimh do chásanna lae agus do chásanna na n-othar cónaitheach náisiúnta chomh maith. Is iad na hospidéil phoiblí a chuireann an fhaisnéis sin ar fáil tríd an gClár do Chóireáil Othar (PTR)[250].

36.2 In 2009, tugadh mar fheidhm don NTPF táillí leapa i dtithe altranais a shocrú d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) mar chuid den Acht um Scéim Tacaíochta Tithe Altranais 2009. Rinneadh comhaontuithe praghais le 440 teach altranais príobháideach agus deonach faoi dheireadh 2009. Tá mionsonraí faoi chaiteachas an NTPF agus an líon othar ar cuireadh cóireáil orthu i ndáil leis an tréimhse 2006 – 2009 san áireamh i bhFíor 168.

**Fíor 168 Caiteachas an NTPF agus Othair ar Cuireadh Cóireáil Orthu 2006-2009**

| | 2006<br>€m | 2007<br>€m | 2008<br>€m | 2009 [a]<br>€m |
|---|---|---|---|---|
| ***Ionchuir*** | | | | |
| Cúram Othair | 74 | 87 | 100 | 86 |
| Tuarastail agus Luach Saothair | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Riarachán Eile | 3 | 3 | 2 | 2 |
| **Buiséad Bliantúil** | **79** | **92** | **104** | **90** |
| An Líon Foirne | 35 | 41 | 47 | 46 |
| ***Aschuir*** | | | | |
| Cóireálacha Roghnaithe | 15,003 | 19,769 | 20,829 | 19,995 |
| Comhairliúcháin Othar seachtrach | 7,480 | 10,569 | 12,342 | 6,388 |
| MRIanna Curtha ar Fáil[b] | 1,928 | 2,300 | 3,098 | 2,513 |

Foinse: NTPF

Nótaí:

a Laghdaíodh buiséad an NTPF faoi €14 milliún (14%) i rith 2009. Mar thoradh air sin, comhaontaíodh leibhéil ghníomhaíochta athbhreithnithe i mí Bealtaine 2009.

b MRI – Íomháú Athshondais Mhaighnéadaigh – teicníc íomháú liachta.

250 Is éard atá sa PTR clár othar ar liostaí feithimh maidir le cásanna máinliachta agus liachta d'othair chónaitheacha agus lae. Coimeádann ospidéil a liostaí feithimh féin maidir le hothair agus baintear úsáid astu chun aistrithe a dhéanamh chuig an NTPF. Úsáidtear na haistrithe sin chun an PTR a choinneáil cothrom le dáta.

## Béim na Caibidle

Rinne an t-iniúchadh iarracht an méid seo a leanas a fháil amach

- stádas reatha thionscnamh píolótach na n-othar seachtrach
- an tslí a n-oibrítear an próiseas atreoraithe othair
- an tslí a ndéantar bainistiú ar chonarthaí le hospidéil phríobháideacha
- torthaí bhailíochtú liostaí feithimh
- meántréimhse feithimh na n-othar a raibh a gcóireálacha maoinithe ag an NTPF agus idirdhealú á dhéanamh idir
  - an meántréimhse ama caite ar liosta feithimh ospidéal poiblí le haghaidh cóireála
  - an tréimhse ama a caitheadh idir an t-am ar socraíodh an chóireáil agus an t-am ar cuireadh an chóireáil sin i gcrích.

## Tionscnamh Píolótach na nOthar Seachtrach

36.3 Ó 2005, tá tionscnamh píolótach na n-othar seachtrach á oibriú ag an NTPF maidir le roinnt speisialtachtaí máinliachta agus liachta. Tá tionscnamh píolótach na n-othar seachtrach ar fáil do gach ospidéal poiblí agus in 2009, rinne 26 ospidéal othair a atreorú agus shocraigh an NTPF comhairliúcháin in 19 ospidéal poiblí agus príobháideach. Iarrann an NTPF ar ospidéil na hothair is faide atá ag feitheamh a atreorú ó réimsí speisialtacha áirithe sa chás go bhfuil líon ard othar ann agus sa chás go bhfuil moill ann coinní othar seachtrach a fháil dóibh.

36.4 In 2009, chlúdaigh an tionscnamh 13 speisialtacht agus bhain os cionn leath na n-atreoruithe go léir leo sin – oftailmeolaíocht (21%), deirmeolaíocht (17%) agus ENT[251] (16%). Leagtar amach comhairliúcháin othar seachtrach agus an tslí ar próiseáladh iad i bhFíor 169.

---

[251] Gnáthaimh Cluasa, Sróin agus Scornaigh.

**Fíor 169 Comhairliúcháin Othar Seachtrach agus Torthaí 2005-2009**

| Mionsonraí | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009[a] | Iomlán | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An líon othar a ndeachthas i dteagmháil leo | 10,497 | 17,795 | 20,630 | 23,056 | 10,166 | 82,144 | **100** |
| An líon othar bailíochtaithe ón liosta | (3,154) | (4,000) | (5,331) | (5,579) | (2,925) | (20,989) | **26** |
| An líon othar a roghnaigh fanacht ar an liosta ospidéil | (2,713) | (1,972) | (2,018) | (2,254) | (397) | (9,354) | **11** |
| An líon othar nár thug freagra | (216) | (4,343) | (2,712) | (2,881) | (456) | (10,608) | **13** |
| Comhairliúcháin othar seachtrach a chuir an NTPF ar fáil | 4,414 | 7,480 | 10,569 | 12,342 | 6,388 | 41,193 | **50** |
| **Torthaí na gComhairliúchán** | | | | | | | |
| Teagmháil déanta agus coinne comhaontaithe le hothair agus níor fhreastail othair orthu dhá uair | 795 | 748 | 740 | 617 | 703 | 3,603 | **9** |
| Othair le máinliacht ag teastáil uathu | 1,677 | 3,141 | 4,016 | 4,567 | 1,278 | 14,679 | **36** |
| Othair le coinní/ imscrúduithe breise ag teastáil uathu | 794 | 1,197 | 1,902 | 2,962 | 1,469 | 8,324 | **20** |
| Othair scaoilte ar ais chuig GP nó ospidéal[b] | 1,148 | 2,394 | 3,911 | 4,196 | 2,938 | 14,587 | **35** |

Foinse: NTPF Feabhra 2010.

Nótaí:

a Rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí coigeartú ar bhuiséad an NTPF i rith na bliana, rud a laghdaigh an cumas a bhí aige déileáil le hothair sheachtracha.

b Is iad na hothair a chuirtear ar ais chuig cúram a GP nó ospidéal iad sin a mheastar a bheith níos oiriúnaí do chóireáil a fháil sa suíomh sin.

36.5 Chruthaigh obair bhailíochtaithe ar liostaí othar seachtrach a d’eascair as sin éiginnteachtaí bunúsacha maidir le fíormhéid na liostaí othar seachtrach agus faoin tslí a ndéantar iad a bhainistiú. Fuair ospidéil amach, nuair a rinne siad teagmháil le hothair chun comhairliúchán sa Roinn Othar Seachtrach (OPD) a thairiscint dóibh tríd an NTPF, gurbh fhéidir, le cúig bliana anuas, meánmhéid de 26% d’othair ar liostaí na n-othar seachtrach a bhaint ón liosta feithimh ar an gcúis nár theastaigh coinne uathu níos mó agus nár thug 13% eile de na hothair freagra nuair a rinne an t-ospidéal teagmháil leo. Bhí díreach os cionn 50% de na hothair a ndearnadh teagmháil leo sásta glacadh le comhairliúchán.

36.6 Déantar freastal ar na hothair a dteastaíonn tuilleadh cóireála uathu mar thoradh ar an gcéad chomhairliúchán othar seachtrach trí iad a atreorú díreach le haghaidh cóireála faoin gcóras othar

cónaitheach. Le cúig bliana anuas, tá freastal déanta ar 36%[252] d'othair sheachtracha ar an gcaoi sin.

## Tuairimí na Roinne

36.7 Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte agus Leanaí (an Roinn) go mbailítear sonraí faoi liostaí feithimh na n-othar seachtrach go príomha ag leibhéal an ospidéil aonair faoi láthair, agus nach bhfuil sé faoi réir ag sainmhínithe sonraí caighdeánaithe ná rialacha maidir le liostaí a bhainistiú. Tá córas á fhorbairt ag an HSE a chuirfidh sonraí caighdeánaithe agus inchomparáide ar fáil faoi liostaí feithimh othar seachtrach de réir ospidéil agus speisialtachta. Is é an aidhm atá aige

- aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cáilíochta agus sainmhínithe ó thaobh sonraí
- an t-éileamh ar sheirbhísí a fháil amach agus an tréimhse ama a chaitheann an t-othar ó atreorú go dtí coinne OPD agus ar deireadh go dtí glacadh isteach san ospidéal, más cuí sin, a thomhas.

Tá an HSE ag obair i dtreo chur i bhfeidhm na socruithe sin ar bhonn céimnithe, ag tosú in 2011.

36.8 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur iarr an Roinn ar an HSE, maidir leis an tionscadal seo, machnamh a dhéanamh, i gcomhairle leis an NTPF de réir mar is cuí, ar an gcur chuige is oiriúnaí maidir le liostaí feithimh OPD atá ann cheana féin a bhailíochtú le gur féidir an líon daoine atá ag feitheamh go hiarbhír ar chomhairliúcháin a chainníochtú agus le gur féidir socruithe a dhéanamh coinní a thairiscint dóibh chomh luath agus is féidir. Dúirt sé freisin go bhfuil Plean Seirbhíse an HSE 2010 tiomanta táscairí feidhmíochta nua a fhorbairt i ndáil le rochtain ar sheirbhísí OPD. Ina theannta sin, tá Stiúrthóir Náisiúnta an HSE do Chúram Cáilíochta agus Cliniciúil ag tabhairt aghaidh ar raon saincheisteanna cliniciúla atá ag díriú ar a chinntiú go gcuirtear seirbhísí na n-othar seachtrach ar fáil go héifeachtúlach agus go bhfuil siad iomchuí go cliniciúil.

## An Próiseas Atreoraithe – Cóireálacha Roghnaithe

36.9 Is féidir leo seo a leanas othair a atreorú chuig an NTPF: an t-ospidéal poiblí a chuireann ar an PTR iad, a gcomhairleoirí féin nó a GP féin. Féadfaidh siad teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an NTPF iad féin. Ina theannta sin, scríobh an NTPF chuig 3,822 othar in 2009.[253]

36.10 In 2009, cuireadh cóireáil ar lion iomlán de 19,995 cás, 2,634 (13.2%) a rinne teagmháil dhíreacht leis an NTPF agus an chuid eile atreoraithe ó ospidéil nó ó chomhairleoirí. Gach bliain, tar éis idirbheartaíochta, déanann an bhainistíocht shinsearach in ospidéil phoiblí agus an NTPF comhaontú ar an lion othar atá le hatreorú chuig an NTPF. Bunaítear atreoruithe ar an lion daoine a bhíonn ag feitheamh ar an PTR gníomhach, lena n-áirítear réimsí speisialtachta sonracha lena mbaineann méideanna arda othar. Déantar comhaontú ar mhéideanna táscacha othar ag tús na bliana agus déantar athbhreithniú orthu gach ráithe. Ceadaíonn na hathbhreithnithe sin do na nithe seo a leanas

252 Tá an figiúr sin bunaithe ar thuairisceáin láimhe a cuireadh le chéile ag tús na bliana tar éis an chéad chomhairliúcháin. Dá ndéanfaí é sin níos deireanaí sa bhliain, bheadh go leor othar imithe ar aghaidh níos faide tríd an tionscnamh agus bheadh céatadán níos airde rangaithe faoin gceannteideal seo.

253 Scríobh an NTPF chuig na hothair b'fhaide a bhí ar na liostaí feithimh lena chur in iúl dóibh go bhféadfaí a ngnáthaimh a chur i gcrích faoi thionscnamh an NTPF agus gur choir dóibh teagmháil a dhéanamh leo dá mbeadh siad ag iarraidh dul ar aghaidh leis an ngnáthamh tríd an NTPF.

- Plé/cruinniú le bheith ann leis na hospidéil phoiblí a d'imigh ón tiomantas beartaithe agus do ghníomh ceartaitheach le tógáil
- Athbhreithniú foriomlán ar phatrúin atreoraithe na n-ospidéal go léir, rud a éascaíonn agaí cóireála a aistriú idir na hospidéil[254].

36.11 Cé go n-úsáidtear an leithdháileadh iomlán, ní bhaineann gach ospidéal úsáid iomlán as a chuóta. Léiríonn Fíor 170 an méid éagsúlachta a bhí ann i rith na bliana. D'imigh na naoi n-ospidéal luaite faoi 21% ón nglacadh isteach a bhí beartaithe ar dtús agus faoi 15% méid athbhreithnithe de réir mar a rinneadh coigeartú air i rith na bliana.

[254] Tar éis athbhreithnithe i mBealtaine agus i nDeireadh Fómhair 2009, rinneadh agaí ama a ath-leithdháileadh ar ospidéil eile a bhí rannpháirteach sa tionscnamh de réir mar a tháinig sé chun cinn go raibh roinnt de na hospidéil ag déanamh mainneachtana othair a atreorú, nó go raibh ráta atreoraithe íseal acu.

**Fíor 170 Ospidéil a raibh Agaí Ama Leithdháilte Neamhúsáidte acu in 2009**

| Ospidéal | Méideanna Táscacha Comhaontaithe i mí Eanáir | Gluaiseacht i rith na Bliana tar éis Athbhreithnithe | Figiúrí Críochnaitheacha don Mhéid Comhaontaithe tar éis Athbhreithnithe | Méid Iomlán Úsáidte ag Ospidéal | Méid Iomlán Neamhúsáidte ag Ospidéal | % Neamhúsáidte |
|---|---|---|---|---|---|---|
| OLHSC Cromghlinn | 450 | - | 450 | 427 | 23 | 5% |
| Ospidéal Réigiúnach Luimnigh agus ospidéil eile de chuid an HSE sa cheantar sin | 550 | (50) | 500 | 320 | 180 | 36% |
| Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo | 20 | - | 20 | 9 | 11 | 55% |
| Ospidéal na Trócaire | 200 | (31) | 169 | 144 | 25 | 15% |
| Ospidéal Thulach Mhór agus ospidéil eile de chuid an HSE sa cheantar sin | 900 | (56) | 844 | 833 | 11 | 1% |
| Ospidéal Shligigh | 450 | - | 450 | 342 | 108 | 24% |
| Ospidéal San Séamas | 1,400 | (170) | 1,230 | 1,105 | 125 | 10% |
| Ospidéal Naomh Eoin | 420 | (24) | 396 | 227 | 169 | 43% |
| Sráid an Teampaill | 220 | 20 | 240 | 228 | 12 | 5% |
| **Iomlán** | **4,610** | **(311)** | **4,299** | **3,635** | **664** | **15%** |

Foinse: NTPF

36.12 I gcás Ospidéil Ghinearálta Mhaigh Eo, níor ghlac an t-ospidéal páirt sa tionscnamh in 2009. Ba le haghaidh othar a rinne teagmháil leis an NTPF go díreach ó cheantar an ospidéil sin a bhí na 20 aga ama a cuireadh ar fáil. Tá Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo páirteach sa tionscnamh 2010, áfach.

36.13 In 2009, thairg an NTPF ocht n-áit do OLHSC Chromghlinn d'othair a raibh máinliacht dromlaigh ag teastáil uathu. Níor ghlac ach cúigear othar OLHSC[255] leis an tairiscint sin, áfach.

### *Atreoruithe Ospidéal Poiblí*

36.14 Tugann an Roinn cead don NTPF roinnt othar a atreorú le haghaidh cóireála laistigh den chóras poiblí, agus cuireann sí uasmhéid ar líon na n-atreoruithe sin ag 10% den mhéid iomlán don bhliain. Ba é an réasúnaíocht don 10% teorainn a chur ar na leapacha poiblí a bhí in úsáid mar leapacha príobháideacha, chun srianadh a chur ar chomhairleoirí a gcuid othar féin a atreorú chun cóireáil a chur orthu agus chun deis a thabhairt cóireáil a chur ar othair nach bhfuil oiriúnach a atreorú chuig áiteanna eile. Thug an scrúdú sin ar aird, ó na sonraí a chuir an NTPF ar fáil, gur cuireadh 4.5% de chóireálacha othar cónaitheach i gcrích in ospidéil phoiblí in 2009.

36.15 Áirítear ar an 4.5% sin roinnt othar a bhí atreoraithe chuig an NTPF ag an ospidéal céanna i dtús báire. Baineann formhór mór díobh sin le cúig ospidéal poiblí, mar a léirítear i bhFíor 171.

**Fíor 171 Cóireálacha Othar Cónaitheach a Shocraigh an NTPF sna hOspidéil Phoiblí a d'Atreoraigh iad**

| Atreoruithe chuig an Ospidéal Céanna | Méideanna Cóireálacha arna n-atreorú chuig an NTPF | Cóireál In-Tí Curtha | % Atreoruithe chuig an Ospidéal Céanna | Tuairimí |
|---|---:|---:|---:|---|
| Ospidéal Ortaipéideach na Ceapaí | 393 | 153 | 39 | Is ospidéal speisialtachta aonair é an t-ospidéal seo. |
| OLHSC Chromghlinn | 410 | 135 | 33 | Tá seirbhísí péidiatraiceacha teoranta ar fáil san earnáil phríobháideach. |
| Páirc Mhuirlinne Gaillimh | 364 | 84 | 23 | Cuirtear atreoruithe ó Pháirc Mhuirlinne agus ó Ospidéal Choláiste na hOllscoile Gaillimh le chéile faoin gceannteideal seo. |
| An Uaimh | 136 | 51 | 38 | |
| Ospidéal Súil is Cluas Victoria Ríoga Baile Átha Cliath | 1,078 | 192 | 18 | Is ospidéal speisialtachta aonair é seo. |
| **Iomlán** | **2,381** | **615** | **26** | |

255 Don bhliain 2010, chomhaontaigh an NTPF le OLHSC Chromhghlinn go bhfreastalódh siad ar ochtar othar a raibh máinliacht dromlaigh ag teastáil uathu. Faoi Bhealtaine 2010, léirigh an PTR 23 othar a bhí ag feitheamh ar feadh níos mó na 12 mí ar an máinliacht sin ag an ospidéal. Ag an am céanna, ní raibh othar ar bith atreoraithe ag an ospidéal chuig an NTPF.

36.16 Tugadh ar aird ó na sonraí a cuireadh ar fáil gurb ionann an comhairleoir a d'atreoraigh an t-othar agus an comhairleoir a chuir cóireáil ar an othar, maidir le 8.5% de na cóireálacha a cuireadh ar fáil faoin NTPF. Is féidir tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an 8.5% sin de réir stádas an chomhairleora coireála. Fuarthas gur cuireadh 3.7% de na cóireálacha sin i gcrích i suíomh poiblí agus 4.8% i suíomh príobháideach. Chosnaigh na cóireálacha sin €13.5 milliún in 2009, figiúr a b'ionann agus 16.3% den chostas iomlán cóireála. Ba iad na príomh-speisialtachtaí i gceist ná ortapéidic (35%) agus cairdeolaíocht (17%).

36.17 Tugadh ar aird freisin ó na sonraí a chuir an NTPF ar fáil maidir le hatreoruithe othar seachtrach gur tugadh coinne in ospidéal poiblí do 32% díobh. Ba €643,000 an costas a bhain leis sin. Léiríonn Fíor 172 na mór-ócáidí inar atreoraigh an NTPF othair sheachtracha ar liostaí feithimh ospidéil phoiblí chuig comhairliúcháin sa chóras poiblí.

**Fíor 172 Comhairliúcháin Othar Seachtrach a Cuireadh chuig Ospidéil Phoiblí**

| Ospidéal | Atreoraithe chuig an NTPF | Curtha chuig Ospidéal Poiblí | % |
|---|---:|---:|---:|
| OLHSC Chromghlinne | 401 | 363 | 91 |
| Ospidéal San Séamas | 1,241 | 1,055 | 85 |
| Ospidéal Thamhlachta | 1,555 | 964 | 62 |
| Ospidéal Naomh Uinseann | 556 | 226 | 41 |
| Sráid an Teampaill | 151 | 46 | 31 |

Foinse: NTPF

## Tuairimí na Roinne

36.18 Dúirt an Roinn go bhfuil teorainn 10% de ghníomhaíocht phoiblí de réir mhéid na n-othar leagtha amach agus go bhfuil sé sin beartaithe cóireáil cásanna a chumasú sa chás nach bhfuil ach acmhainneacht theoranta nó gan acmhainneacht ar bith laistigh d'earnáil na n-ospidéal príobháideach. Ina theannta sin, sa chás go ndéanann an NTPF conradh le hospidéil phoiblí, ní mór don ghníomhaíocht i gceist a bheith sa bhreis ar an méid a bhfuil an t-ospidéal tiomanta faoina phlean seirbhíse agus faoina bhuiséad don bhliain i gceist.

36.19 Níl aon choinníoll faoi leith i bhfeidhm ag an Roinn maidir le comhairliúcháin othar seachtrach a aimsiú ach, dar léi, bheadh feidhm leis an bprionsabal céanna. Tá an Roinn sásta, tar éis an cheist a phlé leis an NTPF, go raibh cúiseanna cliniciúla bailí ann, a bhain go príomha le leanúnachas cúraim a sholáthar do na hothair i gceist, le comhairliúcháin i roinnt réimsí a shocrú sna hospidéil phoiblí a bhí i gceist. Is é an tuiscint atá ag an Roinn ar an scéal nach raibh cóireáil othar cónaitheach riachtanach mar thoradh ar fhormhór mór na gcomhairliúchán in Ospidéal Naomh Uinseann (réamaiteolaíocht), in Ospidéal Thamhlachta (scagadh reitineach) agus in Ospidéal San Séamas (deirmeolaíocht). Léiríonn coinní othar seachtrach gníomhaíocht lena mbaineann méideanna arda ar ndóigh, agus bhí tinreamh 3.4 milliún sa chóras poiblí in 2009. Mar sin, is ionann líon na gcomhairliúchán sin in ospidéil phoiblí a bhí maoinithe ag an NTPF agus cion beag den mhéid iomlán a bhí ann sna hospidéil i gceist.

## Athbhreithniú ar Ospidéal na Ceapaí

In 2009, d'íoc an NTPF os cionn €12 milliún nó thart ar 13% dá bhuiséad bliantúil ar ghnáthaimh mháinliachta ortaipéideacha. Mar chuid den athbhreithniú seo, rinneadh athbhreithniú ar shocruithe ag an Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach sa Cheapach, atá in ospidéal speisialtachta aonair a dhéanann atreorú agus cóireáil araon.

Tá líon ard daoine ag feitheamh ar sheirbhísí ortaipéideacha sa Cheapach agus i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá tiomtantas conartha ag formhór na máinlianna ortaipéideacha in ospidéil ghéarmhíochaine i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath seirbhísí a chur ar fáil in Ospidéal na Ceapaí. In 2009, chuir Ospidéal na Ceapaí cóireálacha i gcríoch don NTPF agus fuair sé os cionn €2 milliún air sin.

Tá éagsúlacht mhór ann maidir le costas ionchurtha ionchlannáin ortaipéideacha. Rinne an Rialtóir Airgeadais in Ospidéal na Ceapaí cleachtadh ar chostas ionchlannáin mháinliachta do ghnáthaimh a rinneadh ag an ospidéal thar ceann an NTPF. Léiríonn na torthaí

- go raibh raon na gcostas ar ionchlannáin glúine idir €2,433 agus €10,166 agus, as na 77 obráid a ndearnadh athbhreithniú orthu, go raibh an costas céanna taifeadta i gcás 12 ceann díobh
- go raibh raon na gcostas ar ionchlannáin cromáin idir €1,029 agus €17,188 agus, as na 76 obráid a ndearnadh athbhreithniú orthu, nach raibh an costas céanna taifeadta ach i gcás cúig cinn díobh

Cé go ndéanfaidh an comhairleoir cóireála an cinneadh faoi riachtanas cliniciúil an othair, ba chóir don NTPF agus don Roinn machnamh a dhéanamh ar athbhreithniú ar fháil ionchlannán a dhéanamh chun na coigiltis a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcás fháil náisiúnta agus i gcás chaighdeánú an raon ionchlannán a úsáidtear (faoi réir ag cúrsaí cliniciúla) a chinneadh.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird go gcaithfidh Ospidéal na Ceapaí, chomh maith le gach ospidéal poiblí, oibriú laistigh dá leithdháileadh airgeadais gach bliain agus go bhfuil ceanglas ar bhainistíocht an ospidéil tabhairt faoi na bearta a mheasann sí a bheith riachtanach lena chinntiú go mbaintear sin amach.

Dúirt sé gur cheist don HSE í an tsaincheist a ardaíodh i ndáil le costas na n-ionchlannán máinliachta maidir le gnáthghníomhaíocht na n-ospidéal poiblí agus don NTPF maidir leis na seirbhísí dá dtugann sé conarthaí. Tuigeann an Roinn go bhfuil an HSE ag fiosrú bealaí chun máinliacht ortaipéideach a chur ar fáil ar shlí níos éifeachtaí ó thaobh costais de, agus go bhfuil úsáid próistéisí níos saoire, ach amháin i gcás táisc chliniciúil, i measc na saincheisteanna atá faoi bhreithniú maidir leis sin.

## Bainistiú Conarthaí – Cóireálacha Roghnaithe

36.20 Ag tús gach bliana, téann an NTPF i mbun idirbheartaíochta le hospidéil phríobháideacha faoi phraghsanna do raon gnáthamh. Déantar comparáid idir thograí agus cuirtear cúrsaí mar scaipeadh geografach, an acmhainneacht a bhíonn ar fáil agus praghsanna eile san áireamh sula gcuirtear idirbheartaíocht le hospidéil ar leithligh i gcrích. Féadfaidh trí mhí a bheith i gceist sula gcuirtear idirbheartaíocht i gcríoch agus de ghnáth déantar í sa chéad ráithe de gach bliain. Nuair a dhéantar comhaontuithe idir an NTPF agus ospidéil phríobháideacha, tugtar córais faisnéise an NTPF cothrom le dáta chun na praghsanna nua a bhíonn i bhfeidhm ón dáta sin a léiriú. Déanann na socruithe soláthar do théarmaí agus coinníollacha lena n-áirítear socruithe do lascainí agus

struchtúr na bpraghsanna. Is féidir praghsanna a athbheartú i rith na bliana de réir mar a thagann athrú ar dhálaí don NTPF nó don ospidéal.

36.21 Mar chuid den iniúchadh, lorgaíodh dearbhú, agus teicnící iniúchta ríomhchuidithe á n-úsáid, go raibh íocaíochtaí chuig ospidéil phríobháideacha á ndéanamh ag teacht leis na praghsanna sna conarthaí.

36.22 Fuarthas go bhféadfaí 90% de na híocaíochtaí a ndearnadh scrúdú orthu a mheaitseáil laistigh d'éagsúlacht réasúnach leis an bpraghas comhfhreagrach de réir an phraghasliosta.

36.23 Maidir leis an 10% eile de na híocaíochtaí, scrúdaíodh sampla de 71 mionsonraí íocaíochta agus rinneadh athbhreithniú ar na páipéir lenar bhain siad. Léirigh an t-athbhreithniú


- go bhféadfaí 57 íocaíocht a mheaitseáil leis an bpraghasliosta nuair a cuireadh dálaí faoi leith a bhain leis na gnáthaimh i gceist san áireamh
- gur gearradh praghas ró-ard i gcás amháin
- gur gearradh praghas ró-íseal i 13 cás.

36.24 As na 14 cás de ghearradh praghsanna míchearta, bhain ocht gcás le hospidéal amháin agus b'ionann an glanmhéid a bhí i gceist agus díreach os cionn €1,900. Mar thoradh air sin, bhí dearbhú réasúnach ann go raibh na híocaíochtaí ar an iomlán ceart go bunúsach.

36.25 Mar chuid eile den scrúdú, ullmhaíodh liosta de na híocaíochtaí comhiomlána a rinne an NTPF de réir an ghnáthaimh. Ón liosta sin, roghnaíodh deich gcinn de na gnáthaimh chostais níos airde agus ríomhadh an meánphraghas íoctha. Ansin cuireadh sin i gcomparáid leis an ngnáthphraghas conartha.

36.26 Bhí éagsúlacht mhór ann idir na praghsanna conartha a comhaontaíodh le soláthróirí faoi leith. Mar sin féin, níor imigh na híocaíochtaí a rinneadh go hiarbhír go mór ón ngnáthphraghas conartha agus tríd is tríd bhí siad 0.2% faoi bhun an gnáthphraghas conartha maidir leis an deich ngnáthamh a ndearnadh scrúdú orthu. B'ionann na gnáthaimh sin agus 38% de chostas na ngnáthamh roghnaithe. Tugann Fíor 173 léiriú grafach ar an imeacht sin ón ngnáthphraghas íoctha ón meánphraghas, ón bpraghas conartha ba airde agus ón bpraghas conartha ba ísle.

**Fíor 173 Meánphraghas Íoctha ón Meánphraghas, ón bPraghas Conartha ba Airde agus ón bPraghas Conartha ba Ísle**




## Liostaí Feithimh a Bhailíochtú

36.27 I bhfianaise thorthaí dhá fhiosrú samplacha ar bhailíochtú[256] a rinneadh in 2009, a rinne athbhreithniú ar 6,331 othar a bhí ag feitheamh breis agus naoi mí ar chóireáil ar an PTR, d'fhéadfadh amhras a bheith ann maidir le cruinneas roinnt liostaí feithimh. Dealraíonn sé gur de bharr droch-chleachtais riaracháin in ospidéil é sin. Fuair na cleachtaí bailíochtaithe amach nach raibh othar ar bith ar fáil do chóireáil NTPF. Briseadh na torthaí síos mar seo a leanas

256 Is éard atá i gcleachtadh bailíochtaithe athbhreithniú ar shonraí faoi liostaí feithimh othar cónaitheach lena chinntiú (trí spotsheiceálacha) go bhfuil na sonraí cruinn agus go bhfuil na treoirlínte náisiúnta maidir le bainistiú sonraí faoi liostaí feithimh othar cónaitheach á gcur i bhfeidhm sna hospidéil.

- theastaigh cóireáil ina n-ospidéal féin ó 28% de na cásanna de bharr gur measadh an mháinliacht a bhí riachtanach a bheith mí-oiriúnach don NTPF
- dhiúltaigh 5% de na cásanna cóireáil a fháil ón NTPF agus roghnaigh siad cóireáil ina n-ospidéal féin
- ní raibh 38% de na cásanna ar fáil don NTPF de bharr saincheisteanna riaracháin nó iarmhartacha i.e. na hospidéil sin nár chloígh le treoirlínte comhaontaithe maidir le liostaí feithimh
- bhí 29% de na cásanna curtha san áireamh ar an PTR go mícheart de réir threoirlínte an PTR.

36.28 Tríd is tríd, sna cleachtaí bailíochtaithe a rinneadh, fuair an NTPF go raibh 33% de na cásanna a scrúdaíodh le linn bailíochtaithe mí-oiriúnach lena n-atreorú chuig an NTPF nó gur dhiúltaigh siad cóireáil NTPF agus nár chóir 67% a mheas mar a bheith ag feitheamh go gníomhach, nó nach raibh na hospidéil cinnte cibé an raibh cóireáil fós ag teastáil ó na hothair. Baineann líon beag ospidéal leis an méid ard sin

36.29 Maidir leis an 28% de na hothair is faide atá ag feitheamh a mheastar a bheith oiriúnach do chóireáil ina n-ospidéal féin agus sin amháin, tá gá dealraitheach ann an fáth nach bhfuil sé de chumas ag na hospidéil phoiblí gnáthaimh a sholáthar don líon beag othar is faide atá ag feitheamh a fhiosrú nuair a smaoinítear ar an líon iomlán a fhaigheann cóireáil gach bliain agus go mbreathnaíonn sé go bhfuil sé de chumas ar na hospidéil cóireáil a dhéanamh ar fhormhór mór na n-othar is giorra atá ag fanacht laistigh de thréimhse ama inghlactha.[257].

36.30 Thug an cleachtadh bailíochtaithe ar aird freisin go mbaineann líon beag ospidéal le céatadán ard de na daoine b'fhaide a bhí ag feitheamh agus nár ghlac roinnt de na hospidéil sin leis na hagaí ama a bhí ar fáil dóibh ón NTPF in 2009.

36.31 Baineann roinnt speisialtachtaí le cion mór den liosta feithimh. Mar shampla, deir an NTPF go bhfuil méadú tagtha ar líon na n-othar atá ag feitheamh ar ghnáthaimh ortaipéideacha ó 1,995 go dtí 2,466 (24%) idir Bealtaine May 2008 agus Bealtaine 2010. Is ionann othair atá ag feitheamh ar athchur cromáin agus glúine agus beagnach leath den mhéadú sin. As an méadú iomlán don chatagóir othair seo, bhí beagnach 70% in Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre Thulach Mhór nó in Ospidéal Thamhlachta. Léiríonn Fíor 174 an ghluaiseacht sa dá ghnáthamh coitianta sin sna hospidéil sin i rith na tréimhse.

**Fíor 174 Othair a bhí ag Fanacht os cionn Trí Mhí idir Bealtaine 2008 agus Bealtaine 2010**

| | Athchur Cromáin | | Athchur Glúine | |
|---|---|---|---|---|
| **Tréimse** | **Ospidéal Thulach Mhór** | **Ospidéal Thamhlachta** | **Ospidéal Thulach Mhór** | **Ospidéal Thamhlachta** |
| Bealtaine 2008 | 88 | 72 | 59 | 70 |
| Bealtaine 2010 | 142 | 106 | 129 | 109 |
| Méadú | 61% | 47% | 119% | 56% |

Foinse NTPF

257 Is ionann an meán-am feithimh do gach gnáthaimh agus 2.5 mí. Tá meán-am feithimh de 2-5 mí ag na gnáthaimh mháinliachta is mó (thart ar 70% de na gnáthaimh mháinliachta go léir). Foinse: Tuarascáil ar an gClár Náisiúnta do Chóireáil Othar, Aibreán 2010.

36.32 Dá dtarlódh na athruithe sin ar mhéideanna in ospidéil eile, bheadh tionchar aige sin ar acmhainneacht an NTPF an tseirbhís leagtha amach ina chomhaontú seirbhíse leis an Roinn a sholáthar, de bharr gur ghnáthaimh ardchostais iad sin.

## Tuairimí na Roinne

36.33 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go n-oibríonn an Roinn lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhordaithe idir an HSE agus an NTPF i bhfeidhm d'fhonn dul i ngleic leis an líon daoine atá ar liostaí feithimh ar feadh níos mó ná 12 mí agus go bhfuil sé sin curtha i bhfeidhm go ráthúil go pointe suntasach. Thit an líon daoine a bhí ag feitheamh ar feadh níos mó ná 12 mí ó 4,637 i mí na Nollag 2007 go dtí 719 i mí na Nollag 2009. Tugtar ar aird go mbaineann líon beag ospidéal agus speisialtachtaí laistigh d'ospidéil le cion mór dóibh sin atá ag feitheamh níos mó ná bliain amháin.

36.34 Chuir an Roinn in iúl don NTPF gur chóir leanúint ar aghaidh ag breathnú go géar ar an líon daoine atá ag feitheamh lena chinntiú go bhfaighidh na hothair go léir a dteastaíonn cóireáil chónaitheach uathu an chóireáil sin laistigh de 12 mí tar éis a bheith curtha ar liosta feithimh. I bhfianaise na laghduithe a baineadh amach sa chohórt "os cionn 12 mí", iarradh ar an NTPF béim nua a chur, in 2010, ar na hothair sin atá ag feitheamh naoi mí nó níos faide ar chóireáil.

36.35 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil an Roinn sásta go dtugann na Treoirlínte ar Pholasaí Náisiúnta na Liostaí Feithimh athbhreithnithe, a tugadh chun críche agus a fógraíodh don chóras ospidéil ag deireadh 2009, bunús do thomhas cruinn a dhéanamh ar an líon daoine atá ag fanacht ar chóireáil othar cónaitheach. Is ag na hospidéil phoiblí atá an tasc na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm sa chéad ásc.

36.36 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta freisin go dtagann liostaí feithimh chun cinn i bhfianaise chúram buiséad-teoranta, agus go mbeadh sé mícheart glacadh leis go bhféadfaí deireadh ar fad a chur leo de bharr méadú beag á chur ag an gcóras poiblí ar a aschur iomlán. Is é an fíor-dhúshlán atá ann aschur a bhainistiú go héifeachtach, agus teacht ar bhealaí éifeachtúlach chun agaí feithimh a íoslaghdú d'othair phoiblí. Measann an tOifigeach Cuntasaíochta go gcomhlíonann an NTPF an sprioc sin ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais, go ginearálta.

## Agaí Feithimh

36.37 Tá ceanglas ar an NTPF díriú ar na hothair sin is faide atá ag feitheamh ar ghnáthaimh ospidéil. Is féidir othair a théann faoi chóireáil an NTPF a aimsiú ó dhá fhoinse. Is iad sin

- othair atá ar an PTR, a d'fhreastail ar chomhairleoir agus a dteastaíonn gnáthamh uathu
- othair a fuair coinne faoi thionscnamh píolótach na n-othar seachtrach agus a dteastaíonn gnáthamh uathu. Mar chuid den tionscnamh sin, déanann an NTPF socruithe do chóireáil a chur ar othair a dteastaíonn gnáthamh uathu mar thoradh ar an gcoinne a rinne an NTPF.

36.38 In 2009, cuireadh cóireáil ar 16,782 othar ón PTR agus ar 3,213 othair mar thoradh ar choinní othar seachtrach a shocraigh an NTPF.

36.39 Fuair athbhreithniú ar shonraí a bhí coinnithe i ndáil le hothair a fuair cóireáil tríd an NTPF in 2009, gur fhan othair a bhí ar an PTR agus a fuair cóireáil ón NTPF 59 lá, ar an meán, ón am a d'ordaigh an NTPF cóireáil go dtí an dáta ar glacadh isteach san ospidéal iad. Ba 297 an meánmhéid laethanta ó cuireadh othair ar liosta feithimh na n-ospidéal poiblí go dtí an dáta a bhfuair na hothair sin cóireáil. Leagann Fíor 175 na hagaí feithimh a bhí ag bhí ag daoine fásta agus ag leanaí amach.

**Fíor 175 Agaí Feithimh de réir Chatagóir Cóireála[a]**

| Duine Fásta/ Leanbh | Catagóirí Cóireála | Líon na nOthar a Fuair Cóireáil | Aga Feithimh an NTPF[b] (laethanta) | Aga Feithimh Iomlán (laethanta) |
|---|---|---|---|---|
| Duine Fásta | Cás Lae | 2,346 | 29 | 253 |
| | Othar Cónaitheach | 12,898 | 65 | 302 |
| | | **15,244** | **60** | **295** |
| **Leanbh** | Cás Lae | 113 | 39 | 391 |
| | Othar Cónaitheach | 1,425 | 50 | 312 |
| | | **1,538** | **49** | **318** |
| **Iomlán** | | **16,782** | **59** | **297** |

Nótaí:


a D'fhéadfadh roinnt cásanna lena mbaineann agaí feithimh fhada an dearcadh a athrú tríd an meánmhéid a ardú. Is 41 lá an t-airmheán d'aga feithimh an NTPF agus is é 248 lá an t-aga feithimh iomlán. Is ionann an t-airmheán agus an t-othar láir i ngach catagóir.

b Tagraíonn sin don mheánmhéid laethanta ón am a ndéanann an NTPF an t-ordú cóireála go dtí glacadh isteach don ghnáthamh a fháil.

36.40 Tríd is tríd in 2009, fuarthas go raibh othair ag feitheamh ar ghlacadh isteach san ospidéal ar feadh ar a laghad seacht nó ocht mí[258] roimh leas a bhaint as socrú cóireála an NTPF. Ar atreorú chuig an NTPF, ba 59 lá an meán aga feithimh ón atreorú sin go dtí glacadh isteach. Mar sin féin, bhí roinnt mhaith othar ag feitheamh i bhfad níos faide ná sin, agus ar an taobh eile den scéal, is iomaí othar nár chaith móran ama ar na liostaí feithimh. Léiríonn Fíor 176 na sonraí ar a mbunaítear an anailís i bhfoirm ghrafach.

258 Braitheann sin ar cibé an mbaintear úsáid as an meán nó an t-airmheán.

**Fíor 176 Aga Feithimh d'Othair a Fuair Cóireáila**




Nóta:

a Déantar aga feithimh a thomhas ón dáta ar ordaigh an NTPF cóireáil go dtí an dáta glactha isteach san ospidéal

36.41 Fuarthas gur chaith na hothair a fuair cóireáil faoi thionscnamh píolótach na n-othar seachtrach meánmhéid de 554 lá ó cuireadh ar liostaí feithimh phoiblí do chomhairliúcháin othar seachtrach iad go dtí an t-am a atreoraíodh chuig an NTPF do chomhairliúchán iad agus 139 lá ón t-atreorú sin go dtí glacadh isteach san ospidéal. Léirítear torthaí na hanailíse i bhFíor 177, a leagann na hagaí ama a bhí ag daoine fásta agus ag leanaí amach.

**Fíor 177 Agaí Feithimh – Othair Sheachtracha a Fuair Cóireáil**

| Duine Fásta/ Leanbh | Líon na nOthar a Fuair Cóireáil | Meánmhéid Laethanta ó dhul ar Liosta Feithimh Othar Seachtrach in Ospidéal Poiblí go dtí Glacadh Isteach | Meánmhéid Laethanta ó dhul ar Liosta Feithimh Othar Seachtrach in Ospidéal Poiblí go dtí Atreorú chuig an NTPF | Meánmhéid Laethanta ó Atreorú chuig an NTPF go dtí Glacadh Isteach |
|---|---|---|---|---|
| **Duine Fásta** | 3,028 | 694 | 554 | 140 |
| **Leanbh** | 185 | 663 | 537 | 126 |
| **Iomlán** | **3,213** | **693** | **554** | **139** |

## Conclúid

Tá cóireáil á cur ag an NTPF ar othair atá ag feitheamh ar chóireáil ar feadh tréimhsí fada. Ar an meán, féadfaidh othair a bheith ag súil leis go mbeidh siad ag feitheamh thart ar ocht mí sula nglactar isteach san ospidéal iad.

Tá na praghsanna a n-íoctar le hospidéil phríobháideacha as gnáthaimh a dhéantar faoi chóras an NTPF ag teacht go mór leis na praghsanna conartha, agus de ghnáth tugann dálaí an cháis míniú ar éagsúlachtaí ón bpraghas conartha.

Tuairiscíonn an NTPF go bhfuil formhór mór na n-ospidéal ag cloí le polasaí náisiúnta athbhreithnithe ó thaobh liostaí feithimh anois, polasaí comhaontaithe idir é féin, an Roinn, an HSE agus na hospidéil agus a tugadh isteach i mí na Nollag 2009. Mar sin féin, tá cúig ospidéal fós ag cur sonraí nach gcomhlíonann an polasaí sin ar ais. Mar thoradh air sin, tugann torthaí a chuid cleachtaí bailíochtaithe le tuiscint go bhfuil scóip ann fós iontaofacht an PTR a fheabhsú ionas go léireoidh sé líon iarbhír na n-othar atá ag feitheamh ar chóireáil ar riochtaí liachta.

I gcás chomhairliúcháin othar seachtrach, fuair cleachtaí bailíochtaithe go bhfuil patrún comhchosúil ann, eadhon, tar éis bailíochtaithe, níor ghlac ach 50% de na hothair le comhairliúcháin agus bailíochtaíodh níos mó ná aon cheathrú díobh taobh amuigh den liosta. Léiríonn sin an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar an tslí a dhéantar feitheamh othar seachtrach a thaifeadadh agus a bhainistiú. Tá sé curtha in iúl ag an NTPF gurb é ceann de na fáthanna a raibh an céatadán sin chomh hard ná gur dhírigh sé ar na hothair b'fhaide a bhí ar an liosta feithimh, othair a bhí ag feitheamh ar feadh blianta ar choinne in go leor cásanna.

Bunaithe ar ráta neamhfhreastail ard, thabharfadh sé sin le tuiscint, go mbeadh liostaí feithimh na n-othar seachtrach níos cruinne agus níos iontaofa dá mbeidís comhordaithe trí chóras bailithe lárnach a d'fhéadfaí a bhailíochtú ar bhealach cosúil le bailíochtú an PTR d'othair chónaitheacha. Tá gá le mionsonraí cruinne ar líon na n-othar atá ag fanacht le coinní OPD ar feadh an chórais chun tacú le seachadadh níos éifeachtaí ar sheirbhísí, mar nach mbeidh an córas in ann freagra ar sholáthar pleanáilte a thabhairt gan eolas a bheith aige ar an éileamh achtúireach.

Tá deis ann féachaint ar an ngné sin de bhainistiú liostaí feithimh faoi na socruithe nua atá á bhforbairt ag an HSE.

# Caibidil 37

# Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Clár SKILL

# Clár SKILL

37.1 Is éard atá sa chlár SKILL[259] ná clár oiliúna agus forbartha do mhaoirseoirí agus d'fhoireann tacaíoctha atá fostaithe sna seirbhísí sláinte agus sóisialta. Tá thart ar 32,000 comhalta foirne den sórt sin sa tseirbhís sláinte.

37.2 Bunaíodh an clár faoi chomhaontú a idirbheartaíodh idir fhostóirí na seirbhíse sláinte, an Roinn Sláinte agus Leanai (DOHC), an Roinn Airgeadais agus ceardchumainn ábhartha na hearnála sláinte. D'eascair sé as moladh a rinne an Chúirt Oibreachais i mí Dheireadh Fómhair 2003 a bhí ag déileáil leis an gcaidreamh pá idir gráid neamh-altranais sa tseirbhís sláinte agus oibrithe ceirde na seirbhíse sláinte.

37.3 Mhol an Chúirt Oibreachais gur chóir clár oiliúna agus forbartha a bhunú arna mhaoiniú ag ciste €60 milliún chun an tréimhse 2004 go dtí 2008 a chlúdach. Ina dhiaidh sin, bhí ciste €12 milliún (treoirnasctha) le soláthar ar bhonn bliantúil. Ba é cuspóir an chláir ná cur chuige caighdeánaithe a chinntiú i leith freastail ar riachtanais oiliúna na ngrád foirne tacaíochta. Mhol an Chúirt Oibreachais chomh maith gur chóir athbhreithniú ar oibriúchán an chláir a dhéanamh tar éis trí bliana.

37.4 Is iad aidhmeanna chlái SKILL ná

- feasacht, scileanna agus taithí na foirne a nuashonrú agus a leathnú le go mbeidís níos éifeachtaí sna jabanna a dhéanann siad agus go dtiocfadh feabhas ar sheirbhísí chuig othair/cliaint dá bharr.
- réimsí saineolais a fhorbairt chun riachtanais meascán scileanna na seirbhíse sláinte a chur chun cinn
- sásamh poist agus spreagadh a fheabhsú le go bhféadfaidh an fhoireann níos mó a dhéanamh chun misean na heagraíochta a baint amach agus
- straitéisí a fhorbairt chun deiseanna a bhaineann le hasraonta chur chun cinn agus gluaiseacht shlí bheatha a chruthú.

## Ráiteas FSS ar Rialú Airgeadais Inmheánach - 2009

Thaifead ráitis airgeadais an FSS don bhliain 2009 a ndearna mé tuairisc orthu an 21 Bealtaine 2010 an méid seo a leanas sa Ráiteas Gaolmhar ar Rialú Airgeadais Inmheánach seo a leanas.

*"Chur an FSS tús le hathbhreithniú iniúchta inmheánach i Meán Fómhair 2009 ar riaradh chlár SKILL, clár oiliúna agus forbartha d'fhoireann tacaíochta agus do bhainisteoirí líne/maoirseoirí i seirbhísí mar lónadóireacht, bainistiú tí, cúntóirí teiripe, teicneoirí, cothabháil, póirtéireacht agus foirne neamh-chliniciúil, neamh-riaracháin eile. D'aithin an t-iniúchadh laigí i rialachas, rialú, agus cuntasacht na gcistí eisíoctha i leith riaradh an chláir. Go háirithe, d'aithin an t-athbhreithniú iniúchta íocaíochtaí de €2.353 milliún chuig eagraíocht amháin a rinneadh thar na tréimhse 2002 go dtí 2009 agus cásanna ina ndearnadh íocaíochtaí ach nach raibh an cháipéisíocht tacaíochta chuí ag gabháil leo. Tá deireadh leis na híocaíochtaí go léir chuig an eagraíocht sin ó mhí na Samhna 2009. Tuairiscíodh torthaí an iniúchta chuig an gCoiste Iniúchta, chuig an mBord agus chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá sé ordaithe ag an mBainistíocht go ndéanfaí iniúchadh breise ar chostais an chláir a bhaineann le hoiliúint agus go bhfoilseofar torthaí an iniúchta sin chuig an gCoiste Iniúchta, chuig an mBord agus chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste á choinneáil ar an eolas an t-am ar fad agus tá an Garda Síochána ar an eolas."*

---

259 Seasann SKILL do Eolas a Dhaingniú Laistigh d'Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil.

37.5 Dhírigh Iniúchadh Inmheánach an FSS ar riarachán agus ar ghnéithe gaolmhara. Tá dhá iniúchadh inmheánacha breise ar siúl i láthair na huaire. Is é ábhar na n-iniúchtaí sin ná Soláthar SKILL agus clár SKILL Ranníocaíochtaí Aislíonta.

## Seachadadh Cláir agus Cuntasaíocht

37.6 Chuir an DOHC maoiniú €2.75 milliún don chlár SKILL ar fáil don Ghníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte (HSEA)[260] in 2004. I rith na bliana sin, bhí an clár á riaradh ag Oifig na Bainistíochta Sláinte (OHM)[261] agus rinne an HSEA na híocaíochtaí faoin gclár faoina stiúir. D'aistrigh feidhmeanna an OHM agus an HSEA araon chuig an FSS nuair a bunaíodh í in 2005 mar aon leis an iarmhéid thart ar €500,000 de mhaoiniú nár caitheadh. Ina dhiaidh sin, ionchorpraíodh caiteachas an chláir isteach i ráitis airgeadais an FSS.

## Rialachas agus Bainistíocht an Chláir

37.7 In 2004, sular bunaíodh an FSS, bunaíodh Grúpa Stiúrtha Náisiúnta a bhí comhdhéanta d'ionadaithe d'fhostóirí sláinte, ó na ceardchumainn, agus ón earnáil sláinte dheonach chun cur i bhfeidhm chlár SKILL a mhaoirsiú. I mí Lúnasa 2005 chuaigh ionadaithe ón DOHC agus ón Roinn Airgeadais isteach sa Ghrúpa Stiúrtha. Dréachtaíodh Meabhráin Tuisceana don na tréimhsí 2004 – 2008 agus 2009 – 2016 idir an FSS, an DOHC agus an Roinn Airgeadais.

37.8 I mí an Mheithimh 2005, leag an Stiúrthóir Náisiúnta Gníomhach Acmhainní Daonna amach na socruithe rialachais agus tuairiscithe don chlár, a cheadaigh an Grúpa Stiúrtha i mí an Mheithimh 2005. Chlúdaigh na socruithe na réimsí leathana seo a leanas

- Struchtúr Rialachais – Grúpa Stiúrtha agus an caidreamh leis an FSS
- Pleanáil tionscadail agus córais tuairisce
- Córais airgeadais agus chuntasachta
- Soláthar foirne.

## Ról an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta

Ba é ról an Ghrúpa Stiúrtha ná

- plean straitéiseach foriomlán a fhorbairt agus a chomhaontú
- cuspóirí foriomlána an tionscadail a chomhaontú
- obair na foirne tionscadail a threorú, a mhaoirsiú agus a mheas
- leathnú amach na gclár a cheadú de réir mar a forbraíodh iad agus mar a bhí fáil orthu
- an clár oibre creidiúnaithe a fhorbairt
- athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha dul chun cinn démhíosúla.

37.9 Níor chiallaigh na socruite rialachas go raibh an Grúpa Stiúrtha freagrach as rialuithe airgeadais. D'fhoráil sé go bhforbródh an FSS na socruithe airgeadais agus cuntasaíochta cuí lena chur i bhfeidhm lena n-áirítear

---

260 Léiríonn taifid an HSEA go bhfuarthas an maoiniú trí Bhord Sláinte an Oirdheiscirt.

261 Bhunaigh an DOHC an OHM i 1997 chun an Straitéis Forbartha Bainistíochta don tSeirbhís Shóisialta Sláinte agus Phearsanta a chur i bhfeidhm.

- ionad costais a dhéanfadh idirdhealú idir costais phá/neamhphá a bhunú
- cinneadh ar cé a d'fhéadfadh caiteachas in imthosca ar leith agus ullmhú an phrótacail chuí a cheadú
- riachtanais tuairiscithe a bhunú.

37.10 D'fhoráil sé chomh maith do thuarascáil ráithiúla a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Náisiúnta Airgeadais ag an nGrúpa Stiúrtha. Sannadh Bainisteoir Ginearálta don chlár SKILL a raibh freagracht feidhmeannais agus chuntasachta aige do sheachadadh lá go lá na hoibre a leagadh amach i bplean an chláir, lena n-áirítear forbairt theicniúil na hoiliúna, dearbhú cáilíochta na hoiliúna, comhlíonadh leis na ceanglais tairisceana, ceanglais cumarsáide agus ceanglais tuairiscithe a chinntiú. I gcleachtas, ghníomhaigh an Bainisteoir Ginearálta mar shealbhóir buiséid agus próiseáladh íocaíochtaí trí chóras íocaíochtaí an HSEA. Sholáthair an Bainisteoir Ginearálta tuarascálacha airgeadais ráithiúla don Ghrúpa Stiúrtha.

## Béim na Caibidle

Athbhreithníonn an chaibidil seo an eisíocíocht faoin gclár, an méid agus a bhfuil cuntasacht déanta ar a gcostas trí thagairt do cháipéisíocht bhailíochtaithe, na socruithe seachadta agus meastóireacht ar an gclár agus soláthar oiliúna agus seirbhísí eile.

## Costais an Chláir

37.11 Measadh gur chosain an clár agus gníomhaíochtaí gaolmhara €47 milliún sa tréimhse 2004 – 2009.

37.12 Tabhaíodh costais oiliúna sheachtracha os cionn €15 milliún sa tréimhse 2004 – 2009 agus tabhaíodh beagnach dhá oiread na suime sin i ndeontais chuig fostóirí mar ranníocaíocht do chostais athsoláthair foirne ('deontais aislíonta') den chuid is mó. Tá na ranguithe leathana ina chuirtear na cistí i bhfeidhm leagtha amach i Fíor 178.

**Fíor 178 Caiteachas Chlár SKILL 2004 go dtí 2009**

| Rangú Caiteachais | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| Costas Oiliúna Seachtrach | - | 8 | 1,133 | 5,239 | 4,923 | 4,430 | **15,733** |
| Costas Oiliúna Inmheánach | 2,088 | 2,474 | 6,147 | 5,142 | 7,166 | 5,009 | **28,026** |
| Deontais | 50,[a] | - | 250 | 250 | 250 | 250[b] | **1,050** |
| Aisíocaíochtaí[b] | 3 | - | 25 | 92 | 228 | - | **348** |
| Costais Eile[c] | 100 | 573 | 387 | 365 | 339 | 132 | **1,896** |
| **Iomlán** | **2,241** | **3,055** | **7,942** | **11,088** | **12,906** | **9,821** | **47,053** |

Foinse: D'aithin an tIniúchadh Inmheánach san FSS na costais. Is iad foireann iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a rinne an rangú agus na nótaí.

Nótaí:

a De réir thaifid an HSEA, íocadh an deontas €50,000 in 2004 a léirítear i Fíor 178 chuig SIPTU.

b B'ionann an deontas a íocadh in 2009 agus €208,200. Caitheadh le méid de €41,800 a réamhíocadh in 2008 mar chuid de dheontas 2009 a shásamh.

c D'fhéadfaí breathnú ar roinnt de na híocaíochtaí a tagraíodh dóibh mar aisíocaíochtaí mar íocaíochtaí arna ndéanamh de bhun iarratas breise ar mhaoiniú. Ar mhaithe le caothúlacht, déantar iad a chomhbhailiú le méideanna a íoctar mar aisíocaíochtaí ar chaiteachas.

d Áirítear caiteachas ar oibríochtaí oifige SKILL, comhairleacht, fógraíocht, Comhaltachtaí Kennedy, Scéim Deontais SKILL, taisteal agus cothabháil, óstáin, comhdháileacha agus tacsaithe.

37.13 Is ionann na híocaíochtaí deontais a léirítear i bhFíor 178 agus caiteachas a ghearrtar ar chlár SKILL. Ó 2006 ar aghaidh, áiríodh íocaíochtaí bliantúla chuig SIPTU sa mhuirear chuig an gclár. Bhí na seiceanna iníoctha do Chiste Tobhaigh Údarás Áitiúil agus Sláinte Náisiúnta SIPTU agus lóisteáladh iad i gcuntas bainc leis an ainm sin. Tá sé tugtha le fios ag SIPTU d'Iniúchadh Inmheánach an FSS nach bhfuil an cuntas sin ina chuntas atá údaraithe ag an gceardchumann

37.14 Roimhe seo, in 2004, d'íoc an OHM deontais arbh fhiú €225,000 iad chuig Ciste Tobhaigh Údarás Áitiúil agus Sláinte Náisiúnta SIPTU agus deontas €10,000 faoi thionscnamh Phlean Gníomhaíochta do Bhainistiú Daoine, chuig SIPTU. In 2005, eisíodh seic do €250,000, a bhí luaite le haghaidh "Rannán Sláinte SIPTU". Mar sin, b'ionann an t-iomlán a fuair SIPTU agus Ciste Tobhaigh Údarás Áitiúil agus Sláinte Náisiúnta SIPTU, i bhfoirm deontais, ón FSS nó ó heagraíocht a bhí ann roimpi, sa tréimhse 2004 go dtí 2009 agus €1,535,000. Ina theannta sin, rinneadh aisíocaíochtaí €348,322.

37.15 Chuir Fóram Chomhpháirtíocht Náisiúnta na Seirbhísí Sláinte maoiniú breise de €876,000 ar fáil faoi thionscnamh Phlean Gníomhaíochta do Bhainistiú Daoine sa tréimhse 2004 go dtí 2008 leis na seiceanna iníoctha le Ciste Tobhaigh Údarás Áitiúil agus Sláinte Náisiúnta SIPTU. Déanfar cuntasaíocht na n-íocaíoctaí sin a thuairisciú ar leithligh nuair a bheidh cuntais 2008 an Fhóraim á dheimhniú.

37.16 Soláthraíonn clár SKILL maoiniú don dá thionscnamh eile seo a leanas

- Scoláireachtaí Comhaltachta John F Kennedy[262] - Chómhaoinigh an clár 16 comhaltacht thar na tréimhse 2006 – 2010 ar bhfiú €17,952 iad.
- Scéim Deontais SKILL[263] - D'íoc an clár €52,855 i ndeontais don tréimhse 2005 go dtí 2009.

## *Costas Oiliúna Seachtrach*

37.17 Faoi mhaoirseacht an Ghrúpa Stiúrtha, ceapadh creataí inniúlachta bunaithe ar thaighde lena n-áirítear suirbhé oideachais agus oiliúna. Chuir na creataí sin eolas ar fáil do na cláir deartha agus oiliúna, a chuaigh ar aghaidh chun creidiúnú FETAC[264] a bhaint amach faoin gCreat Oibre Náisiúnta Cáilíochtaí[265].

37.18 Cuirtear rannpháirtithe atá ag filleadh ar an oideachas tar éis a bheith as láthair ar feadh blianta fada agus a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu i réimse na litearachta, na teanga nó IT ar aghaidh chun an tacaíocht sin a fháil ag FETAC Leibhéal 3 nó 4. Ina dhiaidh sin, féadfaidh siad dul chun chun cinn chuig FETAC Leibhéal 5 nó 6. Tá gach cúrsa comhdhéanta d'ocht modúl, a chomhlíontar thar tréimhse 12 mí de ghnáth le ceithre lá saoire neamhláithreachta íoctha ag teastáil ó gach modúl de ghnáth.

37.19 Bhí trí sholáthraí oiliúna fostaithe chun an t-oideachas agus an oiliúint a sholáthar.

- Sholáthair SKILLVEC – comheagras de Choistí Gairmoideachais (VECanna) faoi cheannas VEC Chathair Bhaile Átha Cliath – cúrsaí go náisiúnta.
- Sholáthair an Coláiste Oiliúna Oscailte dhá mhodúl speisialaithe don earnáil mhíchumais.
- Sholáthair Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath dhá mhodúl speisialaithe do sheirbhísí radagrafaíochta.

37.20 Seachadann na soláthraithe seachtracha sin cláir don fhoireann tacaíochta go léir lena n-áirítear Cúntóirí Cúraim Sláinte. Ba iad seo a leanas na híocaíochtaí[266] a rinneadh le gach soláthraí sa tréimhse 2004 go dtí 2009

- €15,157,855 chuig VEC Chathair Bhaile Átha Cliath
- €489,325 chuig an gColáiste Oiliúna Oscailte
- €27,749 chuig Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.

37.21 Ina theannta sin soláthraíonn Ionaid Oideachas Altranais agus Cnámhseachais (CNME) cúrsaí do chúntóirí cúraim sláinte. Soláthraíonn an clár dhá chúrsa deimhnithe aag FETAC atá sonrach ó thaobh earnála.

---

262 Is scoláireacht agus clár meantóireachta gairme í seo ina bhfaigheann comhaltaí íocaíocht $1,500 in aghaidh na bliana do staidéar acadúil 2 bhliain. Áirítear tréimhse staidéir acadúil thar lear sa chomhaltacht.

263 Soláthraíonn an scéim deontais chun leabhair scoile agus ábhar ranga a cheannach do dhaoine aonair a thógann cúrsaí staidéir ceadaithe ar leith. Tá na deontais suas go dtí uasmhéid de €300 do leibhéal an Teastais Shóisearaigh, €500 do leibhéal na hArdteistiméireachta agus €1,000 do leibhéal Dioplóma/Céime.

264 Is í Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) an comhlacht dámhachtana náisiúnta do bhreisoideachas agus d'oiliúint in Éirinn. Déanann FETAC dámhachtainí atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta agus atá mar chuid den Chreat Oibre Cáilíochtaí Náisiúnta 1-6.

265 Is córas é an Creat Oibre Náisiúnta Cáilíochta (NFQ) le 10 leibhéal le gach leibhéal bunaithe ar chaighdeáin eolais, scileanna agus inniúlachta a chomhaontaítear go náisiúnta i.e. cad ar chóir a bheith ar eolas ag duine aonair, próiseas foghlama a thuiscint agus a bheith ábálta é a chur i gcrích go rathúil.

266 Rinneadh íocaíochtaí ilghnéitheacha ar bhfiú €58,291 iad in iomlán chuig 5 sholáthraí oideachais eile.

- Dámhachtain FETAC Leibhéal 5 (Teastas i Scileanna Seirbhíse Sláinte) atá dírithe ar fhoireann tacaíochta.
- Dámhachtain FETAC Leibhéal 6 (Ard-Teastas i Scileanna Bainistíochta Maoirseachta) atá dírithe ar mhaoirseoirí

37.22 Leagann Fíor 179 amach líon na mac léinn atá rannpháirteach faoi láthair nó a bhí rannpháirteach sa chlár don tréimhse 2004 – 2010 agus a chríochnaigh é. D'fhéadfadh an uimhir iarbhír rannpháirtithe in aon bhliain amháin a bheith beagán níos airde toisc nach gcomhairtear rannpháirtithe a chríochnaíonn níos mó na leibhéal amháin thar tréimhse blianta ach uair amháin.

**Fíor 179 Líon na Rannpháirtithe 2004 go dtí 2010**

| | 2003/04 | 2004/05 | 2005/06 | 2006/07 | 2007/08 | 2008/09 | 2009/10 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Rannpháirtithe CNME | 456 | 820 | 743 | 657 | 528 | 428 | 261 | **3,893** |
| Rannpháirtithe VEC[a] | - | - | - | 1,368 | 887 | 1,068 | 1,018 | **4,341** |
| **Iomlán** | **456** | **820** | **743** | **2,025** | **1,415** | **1,496** | **1,279** | **8,234** |

Nóta:

a Áirítear ar rannpháirtithe VEC iad siúd a bhí céim acu, atá ag fanacht ar chéim agus atá rannpháirteach go gníomhach ar mhodúil agus tá siad bunaithe ar an líon a thosaigh sa bhliain lúide daoine a tharraing siar ina dhiaidh sin.

## Torthaí an Iniúchta - Costais Oiliúna Sheachtracha

Ardaíodh roinnt ábhar imní i ndiaidh athbhreithniú ar chostais oiliúna.

- Cé gur foilsíodh fógra tairisceana in Iris na hEorpa an 13 Aibreán 2005 do sholáthar na soláthraithe oiliúna seachtracha agus gur ullmhaíodh iarratas sonrach do cháipéis tairisceana, ní raibh aon fhianaise ar fáil do m'fhoireann ar an tslí a dhéantar tairiscintí a mheas agus a roghú chun an oiliúint a sholáthar.
- Áiríodh ar íocaíocht €111,712 chuig an gColáiste Oiliúna Oscailte i mí Lúnasa 2008 €53,312 maidir le hoiliúint a chur ar 372 macléinn i dhá modúl idir Meán Fómhair 2007 agus Lúnasa 2008. Níor thaifead an bunachar sonraí gaolmhar (a thug an soláthraí cúrsa cothrom le dáta) ach 245 rannpháirtí. Ní mór do bhainistíocht an FSS an neamhréiteach sin a athbhreithniú.
- I gcás íocaíochtaí SKILLVEC, cuirtear bileoga modúil aonair isteach le sonraisc. Áirítear iontu sin sonraí ar láthair an choláiste, na modúil a sheachadtar, an dáta seachadta agus líon na ndaoine a d'fhreastail. Socraíodh íosmhuirear, bunaithe ar ghrúpaí de 15 a bhí ag freastal ar gach modúl. Roghnaíodh sampla de chéad bileog seachadta modúil chun anailís a dhéanamh orthu. Tugadh ar aird gur fhreastal 15 nó níos mó ar chaoga cúig modúl, gur fhreastal níos lú ná 15 ar cheathracha cúig modúl gan ach 10 nó níos lú ag freastal ar fiche cúig acu sin. Ó tharla go bhfuil an strúchtur íocaíochta bunaithe ar na modúil a sheachadtar seachas ar na daoine a fhreastalaíonn orthu, níl aon tionchar aige, sa chás seo, ar chruinneas an mhuirir. Bíonn impleachtaí luach ar airgead, áfach, ag leibhéil ísle lucht freastail in aghaidh an mhodúil.
- Rinneadh sampla d'fhiche cúig bileog seachadta modúl a chros-sheiceáil in aghaidh an bhunachar sonraí ghaolmhair. Níor réitigh 72% den sampla leis na figiúirí freastail ar an mbunachar sonraí. D'ardódh sé sin roinnt ábhar imní maidir le cruinneas an bhunachar sonráí agus na bhfigiúirí aschuir a tuairscíodh.

### *Costais Oiliúna Inmheánacha*

37.23 Soláthraíonn clár SKILL deontas d'fhostóirí i leith gach rannpháirtí (€3,500 i láthair na huaire). Is ranníocaíochtaí iad na deontais aislíonta i dtreo costais a bhaineann le scaoileadh foirne chun a bheith rannpháirteach sa chlár SKILL. Ina theannta sin, faigheann gach CNME leithdháileadh €1,554 an rannpháirtí ón gclár SKILL.

## Cúis Imní an Iniúchta – Costais Oiliúna Inmheánacha

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta faoin tslí ar cinneadh méid an deontais aislíonta le haird ar chinneadh Dheireadh Fómhair 2007 an Ghrúpa Stiúrtha chun luach na ranníocaíochtaí aisíoctha a mhéadú "*chun maoiniú SKILL a úsáid go hiomlán*"agus cibé an raibh na méideanna sin oiriúnach i ngach cás.

37.24 Maidir le cibé an raibh aislíonadh cuí nó riachtanach i ngach cás nó nach raibh luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur aithníodh athsholáthar den sórt sin mar phríomhriachtanas seirbhíse chun rannpháirtíocht ar na cláir a éascú. Toisc gur príomhoibrithe túslíne iad an fhoireann tá siad riachtanach ó thaobh cúram othar lá go lá agus mar chuid lárnach de na huainchláir foirne. Níl sé de chumas ag buiséid FSS atá ann cheana maoiniú iomlán a dhéanamh ar athsholáthairtí sealadacha d'fhoireann tacaíochta.

37.25 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur thug an Grúpa Stiúrtha faoi chleachtadh in 2007 chun na costais aislíonta iarbhíre a theastaíonn a scrúdú. Bunaithe ar athsholáthar duine le duine, aithníodh easnamh idir na costais iarbhíre agus an deontas a d'íoc SKILL. Chinn an Grúpa Stiúrtha an ranníocaíocht aislíonta a mhéadú toisc go raibh sé de chumas ar bhuiséad SKILL é sin a éascú, ag an am sin, bunaithe ar thríchur na n-uimhreacha. Bunaithe ar an ngnáthphá feadh na gcatagóirí foirne tacaíochta, is ionann an costas athsholáthair iomlán a bhaineann le scaoileadh foirne agus €4,384 lúide ÁSPC an fhóstóra. Is ionann luach an deontais aislíonta agus €3,500. Bhí an cinneadh bunaithe ar an gá atá ann tacaíocht a thabhairt d'fhostóirí freastal ar na costais aislíonta. Duirt sé go gceanglaítear ar eagraíochtaí freastal ar an difríocht idir costas an athsholáthair iomláin agus costas an deontais aislíonta ó laistigh dá mbuiséad féin. Bheadh tionchar ag easnamh ar bith ar sholáthar seirbhíse túslíne.

## Torthaí an Iniúchta - Costais Oiliúna Inmheánacha

Léirigh athbhreithnithe a rinne m'fhoireann

- go ndearnadh íocaíocht €10,000 chuig Meabhairshláinte Éireann bunaithe ar iarratas a fuarthas chun "oiliúint mheabhairshláinte a chur chun cinn do chúntóirí cúraim sláinte". Cheadaigh an Grúpa Stiúrtha an íocaíocht sin.
- go ndearnadh íocaíocht €30,000 chuig Cónaidhm na hÉireann um Míchumas agus chuig Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha (€15,000 an ceann) do thionscadail ad-hoc. Ní raibh aon iarratas gaolmhar i gcomhad. Ceadaíodh na híocaíochtaí sin tar éis chur i láthair don Ghrúpa Stiúrtha.
- i gcás cúrsaí CNME, léiríonn taifid an chláir SKILL go ndearnadh íocaíocht i leith 4,241 rannpháirtí. Bunaithe ar eolas a sholáthair an tAonad Forbartha agus Pleanála Altranais agus Cnáimhseachais, thuairisc Iniúchadh Inmheánach an FSS gur chláraigh 4,592 duine aonair agus gur tharraing 699 siar ina dhiaidh sin, rud a d'fhág nar chríochnaigh ach 3,893 an cúrsa.
- go ndearnadh sampla de cheithre ranníocaíocht aislíonta ar bhfiú €696,500 iad a scrúdú. Cé go raibh iarratais ar iocaíocht i gcomhad i ngach cás ní raibh liostuithe de rannpháirtithe aonair ach ag péire amach as ceithre cinn. Mar sin, ní raibh aon fhianaise ann go raibh na híocaíochtaí nasctha le rannpháirteacht iarbhír sa chlár. I bhfianaise an mhéid sin, níor chosúil go raibh próiseas dóthanach i bhfeidhm chun seachadadh clár a nascadh leis na híocaíochtaí a rinneadh chuig na CNMEanna.

### *Íocaíochtaí Deontais*

37.26 I dteannta leis an gcaiteachas SKILL díreach d'eascair caiteachas ar leith as tiomantais a ndeachaigh an DOHC ina mbun ar dtús agus a bhí ann sular thosaigh an clár. Rinneadh deontais bhliantúla de €190,000 chuig Ciste Tobhaigh Údarás Áitiúil agus Sláinte Náisiúnta SIPTU suas go dtí 2004 agus ó 2005 ar aghaidh íocadh deontais de €250,000.

37.27 In 2001, chuaigh an DOCH i mbun socraithe chun maoiniú a dhéanamh ar oiliúint a sholáthar do mhaoirseoirí túslíne sna seirbhísí sláinte (cláir mhaoirseoireachta túslíne). D'iarr an DOHC ar Oifig na Bainistíochta Sláinte (OHM) pacáiste oiliúna a fhorbairt agus an clár a phíolótú. Cuspóir amháin a bhí ag an gclár ná scil cheannaireachta na maoirseoirí túslíne a fheabhsú. Ina dhiaidh sin, rinne an OHM coimisiúnú ar Ollscoil Luimnigh chun cabhrú leis an gclár. Shocraigh an DOHC go n-íocfaí an maoiniú chuig an OMH via An Bord Sláinte Lár Tíre, tráth dá raibh, fo-ghlacadh an dá cheann isteach san FSS nuair a bunaíodh í in 2005. Chuir an RSL comhairle ar an OHM íocaíochtaí a dhéanamh le CSTGT.

37.28 D'íoc an OHM dhá dheontas eile in 2004 - €35,000 chuig Ciste Tobhaigh Údarás Áitiúil agus Sláinte Náisiúnta SIPTU i leith costas a bhain le taighde agus forbairt i gcaidrimh thionsclaíoch agus i gcláir bhainistiú acmhainní daonna agus €10,000 chuig SIPTU i leith taighde a rinneadh chun scileanna agus tréithe bainistíochta a aithint do sheirbhísí tacaíochta. D'íoc an HSEA €50,000 le SIPTU in 2004 i leith cláir mhaoirseoirí túslíne.

37.29 Nuair a mhéadaigh an DOHC an maoiniú go dtí €250,000 ó 2005 dheimhnigh sé go SIPTU go gcuirfí maoiniú leanúnach den mhéid sin ar fáil amach as buiséad an chláir SKILL. Luadh an deontas a bheith chun na críocha "*tacaíocht a chothabháil do scéimeanna acmhainní daonna/forbartha pearsanta SIPTU agus comhpháirtíochtaí bainistíochta/ceardchumann sárchleachtais i bhfiontair sláinte a fhorbairt*". Luaigh an faomhadh chomh maith "*Cuireadh an maoiniú sin ar fáil i litir cinnidh Bhord Sláinte Lár Tíre do 2005, ar an mbonn go ndéanfaí é a stiúradh chuig SIPTU via Oifig na Bainistíochta Sláinte, amhail a tharla na blianta roimhe sin.*"

## Cúis Imní an Iniúchta – Íocaíochtaí Deontais

Sa tréimhse 2004 go dtí 2009, fuair SIPTU agus/nó Ciste Tobhaigh Údarás Áitiúil agus Sláinte Náisiúnta SIPTU deontais de €1,535,000. Ina theannta sin, sheas Ciste Tobhaigh Údarás Áitiúil agus Sláinte Náisiúnta SIPTU costais riaracháin ar leith ar dtús báire thar ceann an chláir SKILL ar bhonn aisíoca. Déileáiltear leo sin faoi Chaiteachas Riaracháin.

Lorg mé tuairimí Oifigeach Cuntasaíochta an DOHC maidir le

- cuspóir na ndeontas a sholáthair sé do SIPTU, na coinníollacha a ghabhann leis na deontais sin agus an tslí ar shásaigh an Roinn í féin go raibh na coinníollacha sin comhlíonta.
- aschuir a fuarthas do na deontais íoctha.

37.30 Thug Oifigeach Cuntasaíochta an DOHC le fios dom gur tionscnamh comhpháirtíochta idir an Roinn agus SIPTU iad na Cláir Mhaoirseoireachta Túslíne chun oiliúint do mhaoirseoirí túslíne i seirbhísí coimhdeacha a fhorbairt agus go bhfuil scéimeanna forbartha acmhainní daonna/pearsanra SIPTU ag leanúint as an tionscnamh comhpháirtíochta sin. Mheas sé go mbeadh an méid a leanas i measc na gníomhaíochtaí a bheadh le tuiscint ag na scéimeanna

- cláir oiliúna agus forbartha pearsanta a sholáthar
- cláir oiliúna agus forbartha do mhaoirseoirí túslíne
- tionscnaimh chomhpháirtíochta fostóra/cheardchumainn ó thaobh sárchleachtas
- cleachtais oibre nua a fhorbairt agus a phíolótú
- cuairteanna staidéir chuig córais sláinte eile.

37.31 Ba é an tuairim a bhí ann ná go bhféadfadh athchóiriú agus feabhsú seirbhísí, a bhí mar bhonn taca ag cur chuige comhpháirtíochta, cabhrú chun spriocanna seirbhíse sláinte agus sástacht poist feabhsaithe araon a sheachadadh d'oibrithe túslíne. Sa chomhthéacs sin, aithníodh oiliúint agus cur chun cinn gairme do chomhaltaí foirne túslíne a bheith tairbhiúil ó thaobh caighdeán seirbhíse agus sástacht foirne araon a fheabhsú. Léirigh an cur chuige maidir le ceadú mhaoiniú na Roinne sa chás seo an seasamh ginearálta sular bunaíodh an FSS, rinneadh leithdháileadh foirne chuig boird sláinte agus leag siad sin amach ag leibhéal réasúnta ard na cuspóirí lena raibh an maoiniú beartaithe. Ba é an cur chuige a bhí ann na chun maoiniú a sholáthar do chuspóirí ar leith agus go mbeadh sé suas ag an mbord sláinte an úsáid is fearr ó thaobh maoine de agus aon sainchomhlíonadh nó coinníollacha a d'eascródh a chinneadh go hoibríochtúil, laistigh de pharaiméadair an chuspóra iomláin.

37.32 Cé go mb'fhéidir go dtosódh an DOHC ag soláthar maoiniú do chuspóir ar leith, lena n-áirítear tacú le gníomhaíochtaí thar ceann eagraíochta eile, ar an laghad bheifí ag súil go ndéanfadh bord sláinte, agus é ag gníomhú mar ghníomhaire, maoirseacht airgeadais agus monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an mhaoinithe a soláthraíodh. Sa chás sin, bheadh an DOHC ag súil go mbeadh a gcuspóir comhlíonta ag an OHM agus ag Bord Sláinte Lártíre socruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm maidir leis na coinníollacha a bhaineann leis na deontais agus le bailíochtú caiteachais.

### *Costais Riaracháin agus Eile*

37.33 I mí an Mheithimh 2005, thug comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha ar aird go raibh moilleanna ann ó thaobh sonraisc óstán a íoc. Mhol ionadaí SIPTU ar an nGrúpa Stiúrtha go n-íocfadh SIPTU na sonraisc sin idir an dá linn agus go n-aisíocfadh an FSS é níos déanaí. Ó mí na Nollag 2004 go dtí mí an Mhárta 2009, íocadh iomlán €348,322 le Ciste Tobhaigh Údarás Áitiúil agus

Sláinte Náisiúnta SIPTU trí aisíoc costas lena n-áirítear costais comhdhála SKILL, máistir-ranganna, Comhaltachtaí Kennedy agus taisteal agus cothabháil.

37.34 Rinne na hiarratais ar íocaíocht, den chuid is mó, cur síos ar éilimh ar dheontais i dtéarmaí ginearálta agus ní raibh siad tacaithe ag cáipéisíocht bhailíochtaithe. D'ordaigh gach iarratas ar aisíocaíocht gur chóir na seiceanna a eisiúint do Chiste Tobhaigh Údarás Áitiúil agus Sláinte Náisiúnta SIPTU. Go dtí seo, níor éirigh leis an FSS í féin a shásamh gur léirigh na méideanna a éilíodh agus a íocadh mar aisíocaíochtaí caiteachas a tabhaíodh go cuí chun críche an Chláir SKILL. Mar chuid de phróiseas Iniúchta Imheánach an FSS, chuaigh an FSS i dteagmháil le SIPTU ag lorg cáipéisíocht a thacódh aisíocaíocht na gcostas. Thug SIPTU le fios don FSS nach bhfuair sé na híocaíochtaí deontais a lóisteáladh chuig Ciste Tobhaigh Údarás Áitiúil agus Sláinte Náisiúnta SIPTU agus chomh maith leis sin nár íoc sé aon chostas thar ceann an FSS nó níor lorg sé forchúiteamh ón FSS do na costais sin. Tá an Garda Síochána curtha ar an eolas ag an FSS faoin ábhar seo agus tá sé á bhfiosrú faoi láthair ag an nGarda Síochána.

37.35 Ina theannta sin, cé gur aithin Iniúchadh Inmheánach an FSS go raibh taisteal thar lear mar chuid den chostas a bhí clúdaithe ag Údarás Áitiúil agus Sláinte Náisiúnta SIPTU, ní raibh an FSS in ann na híocaíochtaí a nascadh go díreach leis na héilimh aisíoca.

37.36 Fuair Iniúchadh Inmheánach an FSS amach gur thabhaigh clár SKILL caiteachas €12,746 ar sheirbhísí tacsaí thar na tréimhse 2006 go dtí Meán Fómhair 2009 agus nár úsáid sé conradh tacsaí an FSS a bhí i bhfeidhm ag an am. Ina athbhreithniú ar sonraisc a cuireadh isteach do thacsaithe, fuair Iniúchadh Inmheánach an FSS amach go ndearnadh roinnt turas idir an baile agus an oifig agus idir óstáin, bialanna agus tithe tabhairne agus go ndearnadh na turais sin lasmuigh d'uaireanta oifige.

### *Earraí agus Seirbhísí a Fháil ar Bhonn Neamhchomórtais*

37.37 Thuairiscigh Iniúchadh Inmheánach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur sáraíodh polasaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le hearraí agus seirbhísí a fháil agus nár úsáideadh conarthaí a bhí an Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cheana féin. Go háirithe, chinn sé nach raibh aon phróiseas tairisceana ann I gcás roinnt seirbhísí, lena n-áirítear:

- seirbhísí sainchomhairle ar chostas €429,708 (ina n-áirítear íocaíochtaí €72,873 le comhalta de Ghrúpa Stiúrtha)
- fógraíocht agus seirbhísí poiblíochta ar chostas €241,446.

## Ábhar Imní Iniúchta – Rialú ar Chaiteachas Riaracháin

D'iarr mé tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta faoi na cinntí i dtuarascáil Iniúchadh Inmheánach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis na heasnaimh i ndáil le rialú ar chaiteachais riaracháin.

37.38 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearnadh an scrúdú ag an Iniúchadh Inmheánach a thionscnamh, mar ghníomh dearfach dea-rialachais, ar iarratas ó Stiúrthóir náisiúnta Acmhainní Daonna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Ghlac sé le cinneadh Iniúchadh Inmheánach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte inar dearbhaíodh go raibh an cultúr a bhí i bhfeidhm in oifig SKILL ina chúis le líon suntasach sáruithe ar cheanglais na hearnála poiblí agus ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil le conarthaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bhaint amach agus a úsáid. Dúirt sé gur ghlac sé go hiomlán leis na moltaí sa tuarascáil an Iniúchta Inmheánaigh agus go bhfuil clár gníomhach i bhfeidhm maidir le cur chun feidhme na moltaí sin. Chomh maith leis sin, dhéileáil Bord

Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis an ábhar go han-dáiríre, ar leibhéal fochoiste agus ar leibhéal an Bhoird araon agus go raibh tuairiscí faighte ag an mBord faoi chinntí an iniúchta agus faoi stádas na moltaí. Áirítear an méid seo a leanas sna moltaí

- gur cheart go mbeadh na socruithe le haghaidh taistil thar lear, agus costais an taistil sin, trédhearcach, go gceadófaí na costais sin roimh ré agus go dtabhófaí na costais sin i gcomhréir le treoirlínte na seirbhíse poiblí maidir le taisteal agus i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais poiblí
- gur cheart a chur i gcuimhne don fhoireann gur cheart na socruithe go léir le haghaidh taistil thar lear ag foireann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a dhéanamh trí Aonad Taistil Gnó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Poiblí i gcomhréir le polasaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- nach mór d'Oifig SKILL gach polasaí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena n-áirítear na Rialacháin Náisiúnta Airgeadais agus Polasaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le hEarraí agus Seirbhísí a Fháil, a chur chun feidhme agus nach mór di cloí leis na polasaithe sin
- gur cheart tairiscintí a lorg le haghaidh gach seirbhís i gcomhréir le polasaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nár cheart ach rátaí cothabhála ceadaithe a íoc i gcás ina bhfuil oifigigh as baile thar oíche agus gur cheart úsáid tacsaithe a bheith go hiomlán i gcomhréir le polasaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le húsáid tacsaithe
- gur cheart d'Acmhainní Daonna beart a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a rialacha rialaithe fostaíochta agus oibleagáidí maidir le hearcaíocht san earnáil phoiblí.

37.39 Maidir le hearraí agus seirbhísí a fháil ar mhodh neamhchomórtais, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur roghnaíodh an sainchomhairleoir trí agallamh ach níl aon fhianaise ann gur seoladh próiseas comórtais. Dúirt sé freisin nach raibh sé inghlactha ar chor ar bith go ndéanfadh an Grúpa Stiúrtha neamhshuim de pholasaithe maidir le hearraí agus seirbhísí a fháil nuair a bhí an ceapachán seo á dhéanamh. Ní raibh sé inghlactha ach oiread go gceapfadh an Grúpa Stiúrtha duine dá chomhaltaí féin chuig post sainchomhairleoireachta.

## Cuntasacht maidir le Maoiniú Clár

37.40 I meastacháin bhliantúla Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, bhí soláthar ann maidir le maoiniú €13.8 milliún sa bhliain le haghaidh gach ceann de na blianta ó 2005 go 2008 agus maoiniú €12 mhilliún don bhliain 2009 I leith gníomhaíochtaí a bhaineann le SKILL - €67.2 milliún san iomlán. Sainaithníodh na figiúirí gach bliain i litir bhliantúil ón Roinn Airgeadais inar tugadh cead an Aire Airgeadais i leith caiteachas beartaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí na litreacha sin chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

37.41 Iarradh ar Stiúrthóireacht Airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gach bliain maoiniú a thabhairt don Ghníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte ar bhonn buiséid inar cuireadh san áireamh íocaíochtaí le soláthraithe oiliúna agus ar bhonn costas aislíonta a bhí bunaithe ar an líon beartaithe rannpháirtithe. Chuir an Ghníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte tuairisceáin chaiteachais chuig Stiúrthóireacht Airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gach mí (agus caiteachas chlár SKILL san áireamh) agus ionchorpraíodh an caiteachas sin I dtuairisceáin mhíosúla chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí.

37.42 Bhí na ceanglais seo a leanas leagtha síos ag an Roinn Airgeadais ar leibhéal cláir i gcoitinne:

- nach raibh feidhm ag ceadú tarmligthe maidir leis an maoiniú seo agus gur cheart é a úsáid chun na críche sainráite dár soláthraíodh é
- go ndéanfaí an tionscnamh oiliúna a bhainistiú i gcomhréir le gnáthchleachtas cuntasaíochta rialtais agus go ndéanfaí aon bharrachas ag deireadh gach bliana airgeadais a thabhairt ar ais don Státchiste.

37.43 Sa tréimhse 2005 – 2009, bhí thart ar €22 mhilliún[267] sa bhreis sa mhéid a soláthraíodh i gcomparáid leis an méid a úsáideadh go díreach. Go praiticiúil, comhlíonadh ceanglas na Roinne Airgeadais maidir le himfhálú trí chistí barrachais an Vóta a thabhairt suas ag deireadh na bliana. I ngach bliain, bhí an barrachas an Vóta níos mó ná aon choigiltis ar an gclár.

37.44 Ach i gcás íocaíochtaí deontais agus aisíocaíochta ina raibh suim €1,595,502, ar íocaíochtaí iad a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le SIPTU agus/nó le Ciste Tobhaigh Sláinte Náisiúnta agus Údaráis Áitiúil SIPTU ó bhí an bhliain 2005 ann a bhí san áireamh sa toradh foriomlán, ní raibh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in ann a dhaingniú gur úsáideadh na méideanna i dtrácht go hiomlán chun na críche dár deonaíodh iad ós rud é go raibh na sonraisc a bhain leo de chineál ginearálta agus nach raibh dearbháin mhionsonraithe ann i leith na méideanna a éilíodh.

## Tuairimí Ginearálta an Oifigigh Cuntasaíochta

37.45 Mar fhreagra ar fhiosruithe iniúchóireachta, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach ndearnadh roinnt gnéithe de na socruithe rialachais agus tuairiscthe a chur chun feidhme. Go háirithe, ní raibh aon chinneadh foirmiúil ann i dtaobh cé na daoine a fhéadfaidh caiteachas a cheadú agus níor soláthraíodh tuarascálacha ráithiúla don Stiúrthóir Náisiúnta Airgeadais de réir mar a shamhlaítear leis na socruithe ar aontaigh an Grúpa Stiúrtha leo. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gurbh é a lean as na socruithe a cuireadh chun feidhme iarbhír ná "sadhlann" a chruthú ina raibh maoirseacht á déanamh ar chlár SKILL ag an nGrúpa Stiúrtha seachas ag Stiúrthóireacht Náisiúnta Acmhainní Daonna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

37.46 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh deacracht ann mar gheall ar fhógra díreach ón Roinn Sláinte agus Leanaí chuig eagraíocht tríú páirtí á rá gor raibh socrú déanta aici cistí a sheoladh chuig an eagraíocht tríú páirtí tríd an mBord Sláinte Lár Tíre mar a bhí ann an tráth sin. Dúirt sé nach raibh aon chumarsáid ann le hOifigeach Cuntasaíochta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis an ábhar seo tar éis bhunú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Ar aon chuma, bhí easpa soiléireachta ann ón Roinn Sláinte agus Leanaí maidir leis na críocha agus na húsáidí sonracha ar dóibh a bhí na deontais le tabhairt do SIPTU.

37.47 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta freisin go ndéanfaí an clár a athstruchtúrú i gcomhréir le moltaí luachála neamhspleáiche luach ar airgead atá á seoladh. Ghlac sé le moladh iniúchóireachta inmheánaí ar dá réir a ndíscaoilfí an Grúpa Stiúrtha go dtí go ndéanfaí struchtúr nua rialachais a chinneadh agus a chur chun feidhme.

37.48 Maidir le gníomhaíochtaí chlár SKILL, dúirt sé gur cheart, i gcás ina gcinnfear de bharr na luachála go leanfar den chlár sin, na gníomhaíochtaí sin a ionchorprú isteach i Roinn Cheannaireachta, Oideachais agus Forbartha Acmhainní Daonna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gur cheart go mbeadh sé faoi réir réimse iomlán pholasaithe agus nósanna imeachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte lena n-áirítear tuarascálacha iomlána míosúla airgeadais agus oibríochta a sholáthar lena n-athbhreithniú ag an Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna.

---

267 Ina theannta sin, bhí maoiniú neamhchaite tuairim is €500,000 ann ón mbliain 2004 agus aistríodh an méid sin chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nuair a bunaíodh í.

37.49 Dúirt sé gur cheart don Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna struchtúr soiléir rialachais a tharraingt suas agus a cheadú, ar struchtúr é ina sainaithneofaí róil, freagrachtaí agus cuntasachtaí na Stiúrthóireachta Náisiúnta Acmhainní Daonna, an Bhainisteora Ghinearálta agus an Grúpa Stiúrtha (más ann dó) faoi seach agus ina sainaithneofaí go soiléir an ghaolmhaireacht dhíreach maidir le bainistíocht line ón mBainisteoir Ginearálta go dtí an Stiúrthóireacht Náisiúnta Acmhainní Daonna agus ón nGrúpa Stiúrtha (más ann dó) go dtí an Stiúrthóireacht Náisiúnta Acmhainní Daonna. Ba cheart an struchtúr ceadaithe rialachais a dhoiciméadú, a shíniú agus a dhátú.

## Luacháil ar Éifeachtacht

37.50 Rinne an Grúpa Stiúrtha roinnt staidéar a choimisiúnú thar ré an chláir. Bhí dhá earnáil leathana ann i gcás na staidéar sin:

- luacháil ar an bpróiseas soláthair agus
- luacháil ar thionchar an chláir.

### *Luachálacha ar an bPróiseas Soláthair*

37.51 Bhí an luacháil ar an bpróiseas soláthair dírithe ar na nithe seo a leanas:

- modúil an chláir
- an próiseas cur chun feidhme
- an próiseas ar tríd a thug na Coistí Gairmoideachais ról do shaineolaithe ábhar i bhforbairt mhodúil an chláir.

#### *Luacháil ar na Modúil*

37.52 Ba é a bhí i gconclúid ghinearálta na luachála ar na modúil – a rinneadh sa tréimhse ó Mheitheamh 2006 go Deireadh Fómhair 2007 – ná nach raibh gá le hathbhreithniú maidir le 29%, go raibh gá le mion-athbhreithniú maidir le 60% agus go raibh gá le mór-athbhreithniú maidir le 11%. Fuarthas amach freisin gur mheas na rannpháirtithe go raibh 77% ar an meán den obair/de na hábhair a bhain leis na cúrsaí ábhartha d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus go raibh meánleibhéal sástachta na rannpháirtithe sa réimse 75%-100%. Tá dearbhú tugtha ag an Oifigeach Cuntasaíochta dom go ndearnadh na hathbhreithnithe go léir agus go ndearnadh sin I gcomhar le saineolaithe ábhar agus go ndearna luachálaithe seachtracha an t-ábhar a scrúdú tuilleadh ina dhiaidh sin.

#### *Luacháil ar an bPróiseas Cur Chun Cinn*

37.53 Bhí an luacháil ar an bpróiseas cur chun cinn bunaithe ar agallaimh agus ar fhócasghrúpaí a eagraíodh leis na geallsealbhóirí tábhachtacha. Cinneadh go rabhthas ag glacadh le SKILL mar thionscnamh dearfach sa tseirbhís chúraim sláinte ach

- chun a chinntiú go lorgódh líon níos mó daoine áiteanna, go mbeadh tábhacht ag baint le tiomantas agus cuntasacht shoiléir ar thaobh na bainistíochta
- go raibh gá le cumarsáid níos fearr faoi ghnéithe den chlár amhail socruithe clúdaigh agus conas ar ba cheart maoiniú a úsáid chun clúdach a sholáthar
- go raibh roinnt ábhar imní loighistiúil ann go háirithe i dtaobh an bhféadfaí modúil a sholáthar ar an láthair chun go seachnófaí an gá le taisteal ar thaobh na foirne agus i dtaobh úsáid a bhaint as modúil leathlae seachas modúil lae iomláin chun scaoileadh foirne a éascú.

37.54 Luadh sa luacháil gur bhacainn ar SKILL é an easpa clúdaigh i dtaca le foireann a a scaoileadh. Bhí ábhar imní ann i measc na foirne nach raibh clár SKILL á chur chun cinn ag bainisteoirí, go bhféadfadh sé go raibh tosaíocht ag oiliúint eile, amhail sláinte agus sábháilteacht, agus nach raibh aon nasc ann idir SKILL agus an gnáthchóras measúnachta agus forbartha foirne.

37.55 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta dá aire, maidir le foireann a scaoileadh chun freastal ar chlár SKILL, go raibh friotaíocht ann ar dtús i measc an lucht bainistíochta i roinnt réimsí den tseirbhís sláinte. Le déanaí, bhí ábhar áirithe imní ann faoi thionchar fhionraí earcaíochta san earnáil phoiblí agus faoin ngá le leanúnachas a áirithiú i dtaca le soláthar cúraim agus seirbhísí. Chun muinín a chothú, tá comhairle glactha go forleathan le bainisteoirí ar fud an chórais trí leas a bhaint as nuachtlitreacha, as láithreán gréasáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus, chomh maith leis sin, as seisiúin áitiúla faisnéise arna seoladh ag Acmhainní Daonna. Tá an t-éileamh ar áiteanna níos airde anois ná an líon áiteanna atá á soláthar. Tá eolas agus taithí ag bainisteoirí ar an luach a ghabhann le fórsa saothair a bheith acu atá eolasach, inoiriúnaithe agus cothrom le data agus ag a bhfuil cáilíochtaí oideachais a chomhlíonann ceanglais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) maidir le caighdeáin.

37.56 Meastar anois gur clár é clár SKILL a dhéileálann le riachtanais Pleanála Forbartha Pearsanta na foirne tacaíochta. Tá roinnt ospidéal tar éis SKILL a chomhtháthú isteach ina gcóras foireann-bhunaithe bainistíochta feidhmíochta/measúnachta agus forbartha foirne. Tá pacaí faisnéise ina dtugtar achoimre ar ábhar na modúl ar fail do bhainisteoirí chun gur féidir leo eolas a chur orthu. Maidir le hábhar imní loighistiúil le linn na tréimhse dhá bhliain go trí bliana seo caite, tá tuilleadh airde tugtha ar oibriú le hospidéil agus le seirbhísí pobail mar láithreacha maise criticiúla (CMS)[268] a bhfuil thart ar tríocha ceann díobh ann anois agus iad ag céimeanna éagsúla forbartha ar fud na tire.

37.57 Soláthraítear cláir ar an láthair nó ar shiúl ón láthair chun freastal ar riachtanais an duine aonair agus na heagraíochta agus, sa tslí sin, chun leanúnachas soláthair seirbhíse a áirithiú do na hothair/cliaint. Tá próiseas leanúnach comhthéacsúcháin modúl á chur i gcrích freisin chun a chinntiú go bhfuil ábhar agus leagan amach na modúl 'oiriúnach don chuspóir' agus go bhfreastalaíonn said ar riachtanais seirbhíse.

### *Ról a thabhairt do Shaineolaithe Ábhar*

1.57 Maidir leis an luacháil ar an bpróiseas ar dá réir a thug na Coistí Gairmoideachais ról do shaineolaithe ábhar i bhforbairt mhodúil an chúrsa, thángthas ar an gconclúid gur mhothaigh roinnt saineolaithe ábhar go raibh neamhréireachtaí ann sa tslí inar dhéileáil na Coistí Gairmoideachais leo agus thug siad le fios gurbh é sin an chúis, go páirteach, nár chlúdaigh na modúil na hinniúlachtaí riachtanacha i gcónaí. Moladh go ndéanfaí próiseas soiléir a tharraingt suas chun go bhféadfadh an Coiste Gairmoideachais agus na saineolaithe ábhar oibriú le chéile chun modúil a athbhreithniú nó a fhorbairt. Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta dom go ndearnadh amhlaidh.

---

268 Tríd an gcur chuige CMS, áirithítear go rachaidh líon mór daoine den fhoireann tacaíochta atá ag fostóir amháin ar leith tríd an gclár ag an am céanna. Sa tslí sin, tá tionchar na gcúrsaí agus an chláir ar an ionad oibre níos trédhearcaí.

### *Measúnú ar an Tionchar san Fhadtéarma*

37.58 Rinne an Grúpa Stiúrtha coimisiúnú freisin ar dhá mheasúnú leis an tionchar a bheadh ag an gclár sa bhfadtéarma a mheas agus a bhí dírithe ar:

- A chinneadh ar chur chríochnú na módúl SKILL le scileanna agus le heolas ar fud na n-inniúlachtaí a sainaithníodh a bheith ríthábhachtach don ról tacaíocht a thabhairt d'fhoireann agus do mhaoirseoirí.
- An tionchar gnó atá ag SKILL a thomhais.

37.59 Sainaithníodh sa dá mheasúnú go raibh teorainn ag baint le cleachtaí den chineál sin. D'fhéadfadh gur breathnadóireacht an bealach is fearr leis an bhfeabhas ar scileanna agus ar eolas a thomhais ach ó tharla gur breithníodh nach raibh sin praiticiúil i dtimpeallacht sláinte bhí an measúnú ag brath ar anailís a dhéanfaí sula gcomhlánfadh rannpháirithe agus a gcuid bainisteoirí ceistiúcháin agus ar anailís a dhéanfaí ina dhiaidh. Maidir le tionchar gnó, bhí deacrachtaí ann bearta oiriúnacha a roghnú agus i roinnt cásanna idirdhealú a dhéanamh idir an tionchar a bhí ag rannpháirtíocht na foirne i gclár SKILL ó fhachtóirí eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhearta ar leith.

37.60 Baineadh de thátal as na measúnuithe go raibh tionchar soiléir ag cúrsaí SKILL ag leibhéal 5 ar an bhféin-mheasúnú a rinne rannpháirithe ar athrú iompair agus gur thug bainisteoirí líne é sin ar aird freisin. Ní raibh tátal soiléir le baint as na measúnaithe i dtaobh cúrsaí SKILL ag leibhéal 6 ach is féidir a rá, bunaithe ar fhéin-mheasúnú rannpháirtithe, go raibh feabhas mór i dtaobh inniúlachta i roinnt réimsí mar thoradh ar rannpháirtíocht i SKILL.

37.61 Baineadh de thátal as an measúnú ar an tionchar gnó gur tháinig roinnt feabhsuithe ar thorthaí ag an leibhéal gnó mar thoradh ar SKILL ach nach bhféadfaí a rá gur mar thoradh ar SKILL a tharla go leor feabhsuithe eile. Tugadh le fios ann nach bearta ar nós athrú foirne ná asláithreachas foirne na bearta is oiriúnaí leis an tionchar a bhí le bheith rannpháirteach i SKILL a thomhais. Tugadh ar aird freisin go raibh imní ar roinnt bainisteoirí faoi chomh oiriúnach is a bhí roinnt modúl agus faoi go raibh siad ag teacht salach ar chúrsaí inmheánacha chomh maith leis an lóistíocht a bhain le clúdach agus le huainchlár.

## Cuairteanna Staidéir Bainteacha

37.62 In Iniúchadh Inmheánach FSS tuairicíodh gur thug baill de Ghrúpa Stiúrtha SKILL turais go dtí SAM, go dtí an Astráil agus Hong Kong. Níor taifeadadh aon chaiteachas i dtaobh taistil, óstán ná aon chaitheachais eile a bhain le turais den chineál sin i dtaifid airgeadais SKILL. Déantar achoimriú i bhFíor 180 ar thaisteal thar lear a sainaithníodh in Iniúchadh Inmheánach FSS.

**Fíor 180 Turais Thar Lear a sainaithníodh in Iniúchadh Inmheánach FSS**

| Ceann Scríbe | Bliain | | | | | | Líon Iomlán Turas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | |
| Nua Eabhrac | 1 | 1 | 2 | 2 | 1 | 2 | 9 |
| Ríocht Aontaithe[a] | | 3 | 3 | 3 | 3 | 4 | 16 |
| An Astráil | | 1 | | | | | 1 |
| Los Angeles | | | | 1 | | | 1 |
| Cúpla Suíomh[b] | | | | | 1 | | 1 |
| Bostún | | | | 1 | | | 1 |
| Savannah, Georgia | | | | | 1 | | 1 |
| An Bhruiséil | | | | | 1 | | 1 |
| **Iomlán** | **1** | **5** | **5** | **7** | **7** | **6** | **31** |

Nótaí:

a Ar na turais go dtí an RA bhí Londain (10), Oxford (2) Southampton (2), Sheffield (1) Birmingham (1).

b Orthu sin bhí Los Angeles, An Astráil agus Hong Kong.

37.63 Tá mionsonraí ar thaisteal thar lear bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar baill a bhí ar an nGrúpa Stiúrtha san am a caitheadh agus baill reatha d'Iniúchadh Inmheánach FSS chomh maith le baill d'Fhoireann an Togra SKILL. Thug an tIniúchadh Inmheánach FSS le fios gur oifigeach de chuid SIPTU a bhí ina bhall den Ghrúpa Stiúrtha a d'eagraigh na cuairteanna staidéir lena n-áirítear socruithe taistil agus cóiríochta. Tugadh ar ard freisin nach dtagraítear do thaisteal cianaistir sna miontuairiscí agus nach raibh ach líon beag den ghrúpa ar an eolas faoi ná rannpháirteach sna cuairteanna staidéir seo. Thug an t-oifigeach SIPTU le fios go raibh

- turais go Londain, Southampton, Sheffield, Newcastle agus Manchester agus áiríodh costas na dturas sin in éilimh ar aisíocaíochtaí a cuireadh ar aghaidh chuig an gclár SKILL
- taisteal thar lear agus cé go raibh pearsanra SKILL agus baill den Ghrúpa Stiúrtha rannpháirteach iontu nach cuairteanna de chuid SKILL a bhí iontu ach cuairteanna comhpháirtíochta cistíodh na cuairteanna seo ag airgead comhpháirtíochta.

## Gnóthas Iniúchóireachta

De bharr torthaí na tuarscála Iniúchóireachta Inmheánaí chuaigh me i gcomhar le hOifigigh Chuntasaíochta na Roinne Sláinte agus Leanaí, an Roinn Airgeadais agus an FSS d'fhonn a gcuid tuairimí a fháil.

## Tuairimí na nOifigeach Cuntasaíochta - Taisteal Coigríche

37.64 Chuir Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte agus Leanaí ar an eolas mé nach mbreithníonn baill reatha den Ghrúpa Stiúrtha ná baill a bhí air san am a caitheadh gur faoi scáth an Ghrúpa Stiúrtha a déanadh an taisteal thar lear ná ar ordú uaidh. An t-aon eisceacht a bhí ann ná turais a bhain díreach le hÁnracht JFK d'fhoireann tacaíochta. Seachas sin ní chreideann oifigigh cuí gur phlé ná gur cheadaigh an Grúpa Stiúrtha aon cheann de na turais a dtagraítear dóibh in bhFíor 180 ná aon mhaoiniú ina leith. Deir sé cé go raibh roinnt ionadaithe Roinne ann a bhí rannpháirteach i roinnt de na turais ní amhlaidh a bhí i ngach cás.

37.65 Go ginearála is é an t-aiseolas atá ann ó oifigigh Roinne agus ó bhaill an Choiste Stiúrtha agus ó dhaoine eile a raibh eolas acu ar na cuairteanna staidéir nár facthas na cuairteanna ag an am mar chuairteanna a bhain le SKILL go baileach ach gur iarrachtaí a bhí iontu ó thaobh comhpháirtíochta de cur le caidrimh thionsclaíoch agus le comhthuiscint ar an scóp a bhí ann d'athrú agus d'athchóiriú ar sheirbhísí sláinte.

37.66 Chuir Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte agus Leanaí ar an eolas mé go ndearna Oifigeach Pearsanra na Roinne athbhreithniú ar éilimh taistil a rinne oifigigh ó Eanáir 2000 maidir le cuairteanna staidéir a bhféadfadh baint a bheith acu le clár SKILL nó gníomhaíocht comhpháirtíochta ceardchumainn/bainistíochta. Fuair an tOifigeach Pearsanra chomh maith eolas ó fhoireann atá ar dualgas agus ó iar-bhaill foirne maidir le cuairteanna nuair nach dearnadh éilimh taistil agus cothabhála chuig an Roinn. I gcuid de na cásanna, ach ní iontu ar fad, d'íoc SIPTU na costais cothabhála sin. Is iad na cuairteanna cuí a raibh oifigigh rannpháirteach iontu, i measc iad siúd atá liostáithe i bhFíor 180, Nua Eabhrac (2004, 2005, 2006 agus 2009), An Astráil (2005 agus 2008), Bostún agus Savannah. Sa bhreis air sin, bhí oifigigh rannpháirteach i gcuairteanna staidéir go Vancouver (2003) agus chuig St. Paul/Minneapolis (2004) nach bhfuil liostaithe i bhFíor 180 ach a áirítear a bheith mar an gcéanna ó thaobh cuspóra agus eagraíochta don bhainistíocht/aontas atá liostaithe ansin. Go hachoimreach, d'aithin an t-athbhreithniú go raibh deich gcuairt staidéir ina raibh oifigigh Roinne rannpháirteach iontu, a raibh seacht n-oifigeach éagsúla i gceist. Thacaigh ábhar na gcuairteanna sin le comhbhainistíocht/staidéar aontais ar athchóiriú seachadta na seirbhíse. Chuaigh na hoifigigh i mbun cuairteanna staidéir le cead óna daoine a bhí os a gcion.

37.67 Dúirt an tOifigeach Cuntasachta go ndeachaigh iar-oifigeach amháin a chuaigh ar scor in 2006 ar chuairteanna eachtracha i gcáil phearsanta. Áiríodh ar a ionchur, ag gníomhú mar rapporteur ar 4 cuairt staidéir agus mar rannpháirtí i 5 cuairt chuig ollscoileanna RA a bhí bainteach go sainiúil le hoiliúint SKILL. Chabhraigh na hOllscoileanna sin leis an NHS le huas-scilliú foirne trí oiliúint agus oideachas.

37.68 Dheimhnigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur déanadh 8 éileamh ar an iomlán ar thaisteal agus ar chothabháil leis an Roinn maidir leis na cuairteanna staidéir atá sonraithe thuas. An ráta comhdhála[269] a héilíodh i ngach cás. De réir taifead, níor íoc an Roinn aon chostais cóiríochta ná eitilte maidir le haon cheann de na cuairteanna staidéir thuas agus is é tuiscint na n-oifigeach cuí gur íocadh gach costas eitilte agus cóiríochta amach as an deontas bliantúil a chuir an OHM/HSE ar fáil do SIPTU.

37.69 San athbhreithniú a déanadh ar na héilimh ar thaisteal thar lear a rinne an t-oifigeach de chuid na Roinne Airgeadais, a bhí ina bhall den Ghrúpa Stiúrtha, sainaithníodh gur déanadh ceithre éileamh ar dúradh a bhain le togra SKILL. B'shin cuairteanna chuig Ollscoil Southhampton, Ollscoil/Ospidéal Newcastle, Iontaobhas Ospidéal Londain agus Ollscoil Chathair Nua Eabhrac maidir le Comhdháil Scoláireachta JFK.

37.70 Rinne an t-oifigeach é féin éileamh ar liúntas cothabhála ag ráta comhdhála maidir le turas go Savannah, Georgia mar a sainaithnítear i dTuarascáil an Iniúchta Inmheánaigh FSS. Níor déanadh aon tagairt do SKILL san údar a tugadh a bhí leis an turas ach déanadh cur síos air mar Chomhpháirtíocht Sláinte/Comhpháirtíocht Áitiúil. Seachas cuairt amháin go Londain, níor déanadh ag aon tráth éileamh ar Vóta Oifige an Aire Airgeadais maidir le haerthaisteal. Bhí eolas ag an té a bhí os cionn an oifigigh go raibh sé rannpháirteach i ngach ceann de na cuairteanna sin. Chuir Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais ar an eolas mé gur cheap seisean go raibh an t-oifigeach sin rannpháirteach i roinnt bheag, nach raibh le cois cúig, de thurais eile a bhain le SKILL ag deireadh 2008 agus 2009 agus nár déanadh aon éileamh ar chostais taistil ná cothabhála

---

269 Tá an ráta comhdhála ag ráta laghdaithe marthana a chuireann i gcuntas go ndéanfar íoc as cóiréail nó go ndéanfar é a chúiteamh ar leithligh. Faoi rialacha na Roinne Airgeadais, níor chóir an ráta comdhála a bhronnadh de ghnáth ar chuairteanna faisnéise.

i gcoinne na Roinne. Tá líon na dturas deiridh sin á bhfiosrú faoi láthair ag Iniúchadh Inmheánach na Roinne.

37.71 Chuir Oifigeach Cuntasaíochta FSS ar an eolas mé go bhfuil tús curtha le fiosrúchán inmheánach faoi nithe a bhain le roinnt saincheisteanna maidir le hoibríocht chlár SKILL. Meastar gur iniúchóir neamhspleách a thuairisceoidh ar ais chuig FSS i bhFómhar 2010. Seo a leanas na téarmaí tagartha:

- Deimhneofar an fhoireann FSS agus comhpháirtithe, má bhaineann, a bhí páirteach i dtaisteal thar lear don chlár SKILL.
- Cinnfear críoch an taistil sin.
- Cinnfear conas a heagraíodh an taisteal sin agus a híocadh as.
- Sainaithneofar na costais agus na costais chothabhála a bhain leis an taisteal seo a d'éiligh foireann FSS.
- Sainaithneofar ar aisíocadh costais taistil. Má bhí aisíocaíochtaí i gceist cá chuige a cuireadh ar aghaidh é.
- Cinnfear cé chomh oiriúnach is a bhí an taisteal thar lear agus cibé a bhfuarthas luach ar airgead.
- Déanfar moltaí chun cur le bainistiú taistil agus go mbeidh meas ag foireann HSE ar an gcód rialachais agus rialacháin taistil atá ann.
- Maidir leis an gclár SKILL, gheofar amach ar comhlíonadh na rialacháin airgeadais agus Acmhainní Daonna a bhí ann ag an am.

## Conclúid

Léiríonn athbhreithniú a déanadh ar mhiontuairiscí an Ghrúpa Stiúrtha gur thug an Grúpa faoina ról le dúthracht. Bíonn an claonadh i gcónaí ann, áfach, nuair a bhíonn grúpa stiúrtha ann a dtarraingítear ar rannpháirtithe ón taobh amuigh d'eagraíocht nach mbeidh cuntasacht chomh láidir de bharr míthuisceana nó mearbhall faoi rólanna. Tá gá a chinntiú go mbíonn an caidreamh a bhíonn idir grúpa den chineál sin agus an tOifigeach Cuntasaíochta go hiomlán trédhearcach agus go dtuigeann gach páirtí gur faoin Oifigeach Cuntasaíochta atá an rialú, an bhainistiú agus an chuntasacht.

Cé gur lorgaíodh tairiscintí i dtaobh mórchostas seachtrach an chláir viz. Oiliúint a sholáthar, níor coinníodh taifead ceart ar mheasúnuithe. Sáraíodh nósanna imeachta a bhain le soláthar seirbhísí eile.

Is gá go ndéanfaí soláthar ar bhealach trédhearcach agus go gcoinneofaí taifead leordhóthanach ar an bpróiseas a leantar agus conas mar a dhéantar cinntí.

Bhí roinnt cásanna ann a bhain le sárú ar rialacháin airgeadais FSS.

Ba cheart go bhfaigheadh FSS deimhniú ó gach sealbhóir buiséid, ar bhonn bliantúil, go bhfuil rialuithe i bhfeidhm i réimsí freagrachta na sealbhóirí sin.

Cé gur shílfeá go bhfuil an réasúnú a bhaineann le híocaíochtaí aslíonta réasúnach, níl aon fhianaise ann gur baineadh leas as na híocaíochtaí aslíonta chun clúdach a chur ar fáil d'fhoirne a bhí rannpháirteach sa chlár nuair a bhí siad as láthair. Níl sé soiléir ach an oiread an bhfuil an leibhéal íocaíochta ag teacht leis an taifead den líon daoine a bhí rannpháirteach.

Ba chóir don FSS a athbhreithniú a mhéid is atá aschur cláir agus rannpháirtíocht ag teacht le costais réamhíochta.

Ní bheadh ach leas teoranta ag baint leis na tearmaí, mar a cuireadh síos orthu, faoi mar a híocadh maoiniú le Cuntas Ciste Tobhaigh Údarás Náisiúnta Sláinte agus Áitiúil SIPTU chun cur ar chumas ceachtar an OHM ná an FSS an méid a bheifí ag súil leis a sholáthar ón maoiniú a chinneadh.

Tá sé riachtanach go mbeadh soiléiriú ann faoi nádúr agus críoch an mhaoinithe, faoi na haschuir a bhfuiltear ag súil leo agus faoi mar a dhéanfaidh faighteoir cuntasacht a scaoileadh.

Déanann an comhfhreagras ábhartha tagairt do ‘mhaoiniú’ gan soiléiriú a dhéanamh an deontas nó deontas i gcabhair a bhí san íocaíocht. Faoi Nósanna Imeachta Poiblí Airgeadais ní mór deontais a dheimhniú go hiomlán agus aon iarmhéid a bheadh fanta ag deireadh na bliana nach mbeadh súil leis a ghéilleadh. Ní theastaíonn deimhniú sonrach maidir le deontas i gcabhair ach tá sé d’oibleagáid ar an deonaí cuntais iniúchta a sholáthar.

Ní mór don Roinn Airgeadais a shoiléiriú an féidir deontais a dhéanamh ar bhonn bloc (gan deimhniú sonrach ag teastáil) agus cé na deontais a bheadh i gceist chomh maith le treoir bhainteach a sholáthar.

Rinneadh maoiniú ar chuairteanna staidéir as deontais a híocadh leis an gCuntas Ciste Tobhaigh Údarás Náisiúnta Sláinte agus Áitiúil SIPTU. Ní raibh roinnt de na cuairteanna ríthábhachtach don chlár SKILL agus an t-aon cheangal a bhí ann ná gur as maoiniú a soláthraíodh as buiséad SKILL a seasadh na costais.

Ní raibh na socruithe a déanadh maidir le scaoileadh na gcostas taistil a bhain leis na cuairteanna sásúil sa tslí is gur as buiséad SKILL a seasadh na costais eitilte agus chóiríochta agus b’iad an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Airgeadais a sheas na costais eile chothabhála.

Chun cuntasacht agus bainistiú soiléir agus trédhearcach a chinntú, ba chóir gach costas a bhaineann le gnó poiblí Roinne nó Comhlachta Stáit a ghearradh ar chuntas na Roinne nó an Chomhlachta sin.

Déanadh aisíocaíochtaí leis an gCuntas Ciste Tobhaigh Údarás Náisiúnta Sláinte agus Áitiúil SIPTU maidir le costais €348,322 a sheas an ciste thar ceann chlár SKILL. Ba chóir gach íocaíocht a phróiseáil tríd an gcuntas poiblí ábartha lena dhearbhú go bhfuil rialú leordhóthanach ann ar thionscnamh, ar údarú agus faoi mar a ghearrtar caiteachas ar chistí poiblí.

Ó thaobh costais taistil agus chothabhála, níl sé soiléir an raibh sé oiriúnach an ráta comhdhála a úsáid maidir le cuairteanna staidéir.

Ba chóir don Roinn Airgeadais a bhreithniú ar cheart na rialacha a bhaineann le húsáid an ráta comhdhála a athlua le comhlachtaí poiblí.

Rinne an Grúpa Stiúrtha coimisiniú ar roinnt athbhreithnithe ar chomh héifeachtach is a bhí an oiliúint a soláthraíodh faoin gclár. Ach níl na torthaí maidir le cúrsaí Leibheál a 6 áfach, cinnte.

Bheadh sé úsáideach don FSS athmheasúnú a dhéanamh ar na cúrsaí. D’fhéadfadh sé a bheith oiriúnach freisin socruithe nua a chur ar bun chun dul i ngleic le saincheisteanna lóistíochta a sainaithníodh sna measúnuithe.

# Caibidil 38

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Bainistiú Réadmhaoine

# Bainistiú Réadmhaoine

38.1 I Nollaig 2009, luacháladh bunsócmhainní thalamh agus foirgnimh an FSS ar €4.3 billiún[270].

38.2 Go deireanach in 2006, bhunaigh an FSS Stiúrthóireacht Eastát, atá freagrach as a phunann eastáit iomlán a fhorbairt agus a bhainistiú go straitéiseach lena n-áirítear a idirbhearta réadmhaoine agus bonneagar réadmhaoine a bhainistiú. I mBealtaine 2010, bhí foireann de 476 ann ina raibh 290 pearsanra cothabhála. In 2009, ba é €26.8 milliún an costas a bhain leis an Stiúrthóireacht Eastát a reáchtáil.

38.3 Ar an bPlean Corparáideach de chuid an FSS a chuimsíonn an tréimhse idir 2008 – 2011 tá gealltanas "an luach ar réadmhaoin agus áiseanna an FSS a uasmhéadú, costais a laghdú trí rialúcháin dhiana a thabhairt isteach agus a chinntiú go mbeadh bonneagar cuí i bhfeidhm más gá." Príomhtháirge insoláthartha ba ea bunachar sonraí réadmhaoine náisiúnta (NPD) a chur i gcrích a bhí ar siúl cheana ó dheireadh 2006 nuair a chuir an Stiúrthóireacht Eastát tús le tionscadal bunachar sonraí náisiúnta. Cuireadh an tionscadal ar fáil agus soláthraí córais in úsáid a chuir bogearraí ar fáil roimhe sin agus a thug tacaíocht do cheithre iarbhord sláinte ar chostas €54,000.

38.4 Níor chuir an FSS tairiscint isteach ar leathnú náisiúnta don tionscadal sin ar ar chaith sé €224,000 idir 2007 agus Meitheamh 2010. Cé nár chomhaontaigh an FSS táirgí insoláthartha go foirmiúil le hamlínte ar leith don tionscadal leis an soláthraí córais leagadh amach raon na hoibre i ndoiciméad a d'ullmhaigh an soláthraí córais i Nollaig 2008. Tá na garspriocanna agus na táirgí insoláthartha tuairiscithe mar atá leagtha amach i ndoiciméad ar fáil ar Fhíor 181.

**Fíor 181 Garspriocanna don Bhunachar Sonraí Réadmhaoine Náisiúnta**

| Garsprioc | Táirge Insoláthartha Tuairiscithe |
|---|---|
| Nollaig 2007 | Liostú de réadmhaoine FSS tiomsaithe agus curtha i láthair ag an gCoiste Bainistíochta Réadmhaoine. |
| Márta 2008 | Bonneagar Teicneolaíocht Faisnéise uasghrádaithe agus curtha i bhfeidhm chun rochtain ar bhunachar sonraí a éascú. |
| Márta 2008 | Fuair réigiún Bhaile Átha Cliath rochtain. |
| Bealtaine 2008 | Tús le bailíochtú logánta. |
| Deireadh Fómhair 2008 | Bonneagar gréasáin suiteáilte chun rochtain ar bhunachar sonraí a éascú ar an ngréasán[a]. |
| Nollaig 2008 | Cros-seiceáil ar liostú réadmhaoine curtha i gcrích. |

Nóta:

a Íocadh táillí in 2009 agus in 2010 chun tacú leis an mbogearra sin.

38.5 Luaigh Tuarascáil an FSS ar Phlean Seirbhíse um Tháirgí Insoláthartha 2008 gur cuireadh an bunachar sonraí náisiúnta i gcrích i Nollaig 2008 ach gur próiseas leanúnach a bhí sa bhunachar sonraí réadmhaoine a bhainistiú agus a riar. Faoi Mhárta 2010, taifeadadh 3,379 réadmhaoin ar an NPD.

38.6 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ar an eolas mé, ar bhonn go raibh na bogearraí don bhunachar sonraí reatha agus na ceadúnais i bhfeidhm, nach raibh gá le tairiscint a chur isteach ar an mbunachar sonraí náisiúnta. Luaigh sé chomh maith gur dhearbhaigh an soláthraí den

---

270 Léiríonn cuntais an FSS do 2009 gurb iad talamh agus foirgnimh tromlach na sócmhainní (83 faoin gcéad).

bhogearra reatha don fhoireann tionscadail i Nollaig 2006 go bhféadfaí an bogearra a bhí i bhfeidhm (i gceithre cinn as aonáin an FSS) a úsáid don bhunachar sonraí náisiúnta a chuimsíonn gach ceann de dheich n-aonán an FSS. Luaigh an FSS freisin gurbh ionann €17,470 agus na costais a bhain le ceadúnais ó Nollaig 2006 go Meitheamh 2010 agus go leanfadh na híocaíochtaí sin fiú mura raibh tionscadal bunachar sonraí náisiúnta tionscanta.

## Béim na Caibidle

Tuairiscíonn an chaibidil ar thoradh an scrúdaithe a lorg an méid seo a leanas a bhunú

- an dul chun cinn a baineadh amach chun bunachar sonraí réadmhaoine náisiúnta cruinn agus iomlán a chruthú
- an bealach a úsáidtear agus a chosnaítear sócmhainní an FSS.

## Comhláine de Bhunachar Sonraí Réadmhaoine

38.7 D'fhonn comhláine de Bhunachar Sonraí Réadmhaoine Náisiúnta (NPD) a thástáil, cuireadh a raibh ann i gcomparáid le

- réadmhaoine an FSS atá cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine (PRA)
- taifid foinsí a choimeádann an FSS
- na cláir a choimeádtar d'fheidhmeanna cuntasaíochta.

### *Comparáid le taifid PRA*

38.8 Comparáid de shonraí a taifeadadh ar bhunachar sonraí an PRA[271] inar cláraíodh an teideal faoi úinéireacht an FSS ina raibh sonraí ar an NPD a léirigh nár taifeadadh trí réadmhaoin as 172 sa NPD. Tá na torthaí leagtha amach ar Fhíor 182.

**Fíor 182 Torthaí ó Thástáil Comhláine ó Thaifid PRA**

| Méid Taifeadta de Réadmhaoin Shampláilte | Uimhir |
|---|---|
| Taifeadta ar NPD | 169 |
| Neamhthaifeadta ar NPD | 3 |
| **Taifid Iomlána Shampláilte** | **172** |

38.9 Ó tharla an iniúchta, luaigh an FSS go bhfuil péire de na réadmhaoine ar liosta an bhunachair sonraí agus gur fágadh an ceann eile amach le linn na túschéime um ascnamh sonraí ach go mbeidh siad ar an liosta go gairid.

### *Comparáid le Taifid Foinsí*

38.10 Rinneadh athbhreithniú ar an 169 réadmhaoin a taifeadadh in aghaidh taifid foinsí[272]. Rinneadh agallaimh le foireann réadmhaoine chun sonraí a shoiléiriú i gcás ina raibh comhaid neamhleorach. Leagtar amach na torthaí faoi mar atá ar Fhíor 183 ina raibh sonraí an tsuímh neamhiomlán i 91 cás agus ina raibh rangú an tsuímh mhíchirt i 32 cás. Tugann na torthaí le

271 Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine freagrach as an mbainistiú agus an rialú ar thalamh sa Stát a chlárú.

272 Bhí taifid foinsí sa chás sin ina thaifid a bhí coinnithe mar chruachóip don réadmhaoin.

tuiscint go bhfuil gá le bailíochtú cuimsitheach lena chinntiú go bhfuil na sonraí taifeadta agus comhlánaithe i gceart.

**Fíor 183 Cruinneas Bunachar Sonraí**

| | | |
|---|---|---|
| **Sonraí an tSuímh** [a] | | |
| Comhlánaithe | 78 | |
| Neamhchomhlánaithe | 91 | |
| **Taifid Iomlána Athbhreithnithe** | | **169** |
| **Rangú an tSuímh** [b] | | |
| Ceart | 137 | |
| Mícheart | 32 | |
| **Taifid Iomlána Athbhreithnithe** | | **169** |

Nótaí:

a Sonraí an tSuímh: Áirítear sonraí cosúil le cineál, tionacht agus méid an tsuímh.

b Rangú an tSuímh: Áirítear sonraí cosúil le húsáideoir agus stádas an tsuímh (in úsáid/gan áitiú).

38.11 Luaigh an FSS, maidir le torthaí an iniúchta i ndáil le cruinneas an bhunachair sonraí, go léirítear go bhfuil na sonraí le bailíochtú go fóill, agus go mbeidh na sonraí riachtanacha bailíochtaithe, leasaithe nó ionchurtha go gairid.

## *Comparáid le Taifid Chuntasaíochta*

38.12 Mar chuid de chruthúnas an NPD, baineadh úsáid as cláir de shócmhainní seasta an FSS chun an bunachar sonraí a phobalú.

38.13 I gcaitheamh an scrúdaithe sin, rinne an clár de shócmhainní seasta tástáil dhéthaobhach don NPD agus ón NPD go dtí an clár de shócmhainní seasta. Sa chéad tástáil, rinneadh na cláir de shócmhainní seasta a choimeád Rannóga Airgeadais i gceithre réimse FSS a chur i gcomparáid leis an NPD. Léirigh an tástáil shamplach theoranta nach raibh 10% de shuíomhanna a taifeadadh ar chláir de shócmhainní seasta taifeadta ar an NPD. Tá na torthaí faoi mar atá leagtha amach ar Fhíor 4.

**Fíor 184 Torthaí den Athbhreithniú ar Chláir de Shócmhainní Seasta leis an NPD**

| **Stádas Taifeadta** | **Uimhir** |
|---|---|
| Taifeadta ar NPD | 36 |
| Neamhthaifeadta ar NPD | 4 |
| **Taifid Iomlána Athbhreithnithe** | **40** |

38.14 Tá péire de na ceithre réadmhaoin neamhthaifeadta ar na haonfhoirgnimh ar na suíomhanna sin. Is aonaid nua altra pobail iad an dá fhoirgneamh eile atá curtha i gcrích agus caipitlithe ag an Rannóg Airgeadais in 2009 araon. Tá na réadmhaoine sin i limistéar ina bhfuil tús á chur le bunachar sonraí a chur i bhfeidhm agus a úsáid ó Mhárta 2008.

38.15 Ag freagairt do thorthaí an iniúchta, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur iontráladh na sonraí tosaigh a taifeadadh sa NPD ar leibhéal 'láthair' amháin agus gur taifeadadh an 40 taifead

sin ar an leibhéal sin agus go dtabharfar aghaidh ar an leibhéal tógála indibhidiúil ag an gcéad chéim eile den tionscadal.

38.16 Faoi láthair, agus an FSS ag gnóthú réadmhaoine, cuireann an Rannóg um Sheirbhís Réadmhaoine[273] áitiúil sonraí faoi bhráid na Rannóige Airgeadais. Tógadh sampla ón NPD agus cuireadh i gcomparáid é leis an gclár de shócmhainní seasta atá in úsáid faoi láthair agus tá na torthaí mar a leagtar amach ar Fhíor 185. Léiríonn na torthaí nach raibh trí shuíomh a taifeadadh ar an NPD taifeadta ar na cláir de shócmhainní seasta taifeadta i Márta 2010.

**Fíor 185 Torthaí den Athbhreithniú ar NPD leis na Cláir de Shócmhainní Seasta**

| **Stádas Taifeadta** | **Uimhir** |
|---|---|
| Taifeadta ar Chlár de Shócmhainní Seasta | 36 |
| Neamhthaifeadta ar Chlár de Shócmhainní Seasta | 3 |
| **Taifid Iomlána Athbhreithnithe** | **39** |

38.17 Bhí na trí réadmhaoin nár taifeadadh ar an gclár de shócmhainní seasta mar réadmhaoine a bhí faoi úinéireacht an FSS/an Bhoird Sláinte le blianta anuas.

38.18 In ainneoin gur fhoráil dearadh an NPD aitheantóirí na dtaifead airgeadais a thaifead, ní raibh na huimhreacha tagartha a iontráil ar cheann de na luath-tháirgí insoláthartha sa tionscadal. Dá bhrí sin, is deacair an dá sheit de shonraí a chur i gcomparáid mar nach bhfuil fáil ar aon chrostagairt idir na cláir de shócmhainní seasta agus an NDP[274]. Dá mbeadh na cóid thagartha sin taifeadta ar an NPD le linn uasghrádú na dtaifead in 2008, d'éascódh an méid sin na taifid airgeadais agus réadmhaoine a réiteach. Chuir an FSS ar an eolas mé go bhfuil an cúram sin ar cheann de na táirgí insoláthartha um mionleasú ar bhunachar sonraí sa chéim reatha den tionscadal NPD.

38.19 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara gur aithníodh mar ábhar plé an taifead a rinneadh ar na huimhreacha rangaithe ar chlár de shócmhainní seasta ar an NPD ag an gCoiste Stiúrtha um Bunachar Sonraí Réadmhaoine[275] agus dá mbeadh sin déanta, d'éascódh sé tuairisciú bríoch agus crostagairt ar shonraí níos éasca idir an dá chóras taifeadta sócmhainní. Maidir leis an difríocht idir an bunachar sonraí agus taifid airgeadais an FSS, luaigh an FSS go raibh na rialacháin airgeadais a rialaíonn aistriú tionscadal/réadmhaoine – ó obair idir láimhe go foirgnimh laistigh den sceideal de shócmhainní seasta – faoi rialú ag gnéithe prótacail na Stiúrthóireachta Airgeadais agus féadtar ceisteanna tráthúlachta maidir le réadmhaoin a bheith le feiceáil ar na cláir NPD agus na cláir de shócmhainní seasta a bheith mar thoradh air sin.

---

273 Laistigh den Stiúrthóireacht Eastát, tá naoi réimse ann agus tá Rannóg um Sheirbhís Réadmhaoine ag gach réimse.

274 Tá a chód tagartha uathúil féin ag gach sócmhainn a thaifeadtar sna cláir athbhreithnithe de shócmhainní seasta.

275 Ar an gcoiste sin tá pearsanra a dhéanann ionadaíocht d'fheidhmeanna Eastát réigiúnacha agus corparáideacha.

## Cruinneas de Thacair Sonraí

38.20 Mar chuid den scrúdú, rinneadh athbhreithniú ar chruinneas an eolais a bhí ar an NPD i gcoinne na dtaifead foinsí[276] agus tá na torthaí leagtha amach ar Fhíor 186.

**Fíor 186 Cruinneas Bunachar Sonraí**

| Cruinneas Bunachar Sonraí | Iomlán a Athbhreithníodh | Ceart | Mícheart |
|---|---|---|---|
| Stádas – Gan áitiú, in Úsáid nó Ligthe | 80 | 70 | 10 |
| Tionacht – Ruíleas/Léasacht | 80 | 73 | 7 |
| Catagóir Úsáideoir Seirbhíse | 80 | 59 | 21 |
| Ainm Suímh | 80 | 77 | 3 |
| Achar Urláir | 80 | 17 | 63 |

38.21 Léirigh an scrúdú maidir leis an sampla de 80 a athbhreithníodh go raibh an stádas mícheart ag na deich gcinn a taifeadadh agus go raibh an tseirbhís mhícheart ag os cionn an ceathrú cuid a bhí liostaithe mar áititheoirí an áitribh. Léiríodh freisin nach raibh an t-achar urláir ar fáil agus ceart ach i 17 gcás.

38.22 Mar chuid den bhunachar sonraí, déantar taifead ar shonraí réadmhaoine cosúil leis an gcineál seirbhíse a chuirtear ar fáil ón bhfoirgneamh sin. Tá os cionn 100 rangú nach bhfuil aon chóras ordlathais acu, áfach[277]. Mar sin, maidir leis na rangúcháin a úsáidtear, tá siad neamhéifeachtach chun aon eolas tuairiscithe bríoch a thabhairt thar chatagóirí oibríochtúla.

38.23 Luann an FSS go léiríonn earráidí atá san iniúchadh an chéim atá bainte amach ag an mbunachar sonraí réadmhaoine agus go dtabharfar aghaidh ar bhreis oibre a bheidh ag teastáil amach anseo.

38.24 Léirigh an t-iniúchadh go raibh comhaid sonraí tugtha cothrom le dáta go rialta ar na córais a úsáidtear sna réimsí sin. Bhí próiseas athbhreithnithe neamhleorach i bhfeidhm lena chinntiú go dtugtar comhaid cothrom le dáta i gceart agus go cruinn mar gheall nach raibh aon bhailíochtú de chruinneas ionchuir. Luann an FSS go bhfuil aghaidh tugtha ar an mbailíochtú ar chruinneas ionchuir tríd an bpróiseas athbhreithnithe atá ar siúl sa chéim reatha den tionscadal bunachar sonraí.

## An NPD a úsáid le haghaidh Feidhmeanna Bainistíochta

38.25 I Samhain 2009, d'eisigh an FSS an bunachar sonraí chuig na 11 Bainisteoir Eastát agus a bhfoireann i naoi láthair. Ba é an t-ionchas go mbeadh an bunachar sonraí mar phríomhfhoinse tagartha ina dhiaidh sin. Is mar seo a leanas a bhí an éagsúlacht maidir leis an stádas feidhmithe agus úsáide i gceithre oifig ar ar tugadh cuairt mar chuid den scrúdú sin

38.26 lean oifig amháin, ag a raibh an bogearra roimh an bhforbairt ar an mbunachar sonraí náisiúnta, á úsáid i gcaitheamh na forbartha agus tá an córas nua in úsáid faoi láthair atá forbartha ar an mbogearra céanna.

276 Taifid a choinnítear mar chruachóip do gach réadmhaoin.

277 Córas atá bunaithe ar na príomhréimsí den FSS cosúil le Cúram Príomhúil\ Meabhairshláinte\ Riarachán agus ansin foroinnte sna réimsí gaolmhara.

38.27 lean oifig eile, ag a raibh an bogearra roimh an bhforbairt, á úsáid go dtí Eanáir 2009 agus ansin chuir sé tús le córas malartach agus ní dheachaigh sé ar ais go dtí an NPD nuair a chuaigh sé beo i Samhain 2009.

38.28 lean an dá oifig eile ag úsáid córais mhalartacha i gcaitheamh na tréimhse forbartha sin agus níor athraigh siad go dtí an córas nua i Samhain 2009.

38.29 Ar an iomlán, ba é oifig amháin as ceithre oifig ar ar tugadh cuairt i gcaitheamh an scrúdaithe sin a bhain úsáid as an mbogearra nua. Ó shin i leith, cuireadh isteach níos mó ar fheidhmiú mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch i bhFeabhra 2010. D'aithin an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh sé ceart i gcomhthéacs na céime reatha den tionscadal NPD. Luaigh sé go raibh rochtain leanúnach ag oifig amháin ar an bhfreastalaí ar ar cruthaíodh an bunachar sonraí náisiúnta nua cé nach raibh rochtain ag na trí oifig eile. Bhí an oifig a raibh rochtain ar na bogearraí in ann athrú láithreach go dtí an NPD a luaithe agus a cruthaíodh an tacar sonraí náisiúnta mar gheall go bhfuil sé ag oibriú sa réigiún céanna. Ní raibh na hoifigí eile (ná go deimhin gach láthair Eastát réigiúnach eile) in ann.

## Athbhreithniú ar Ghníomhais agus Léasanna

38.30 Mar chuid den scrúdú sin, roghnaíodh sampla de thaifid go randamach ón NPD lena bhunú cibé an raibh gníomhais agus léasanna ar fáil agus in ord.

38.31 Léirigh an t-iniúchadh nach raibh an FSS in ann comhad a chur ar fáil i dtrí chás a bhí liostaithe mar réadmhaoin léasaithe ar an mbunachar sonraí. Ní raibh eolas gníomhais ar fáil i gceithre chás agus is gá obair dhlí[278] a dhéanamh i ndeich gcás.

38.32 Ó 2006, ceadaíodh agus søíniodh léasanna a bhí ar aon dul le prótacal lárfhógartha[279] i seacht gcinn as na 13 chás a athbhreithníodh. Níor leanadh an prótacal i dtrí chás agus, i gceann de na cásanna, réamhíocadh €126,000 chun réadmhaoin a léasú thar thrí bliana.

38.33 I 31 cás nuair a cuireadh tús le léasanna roimh 2006, bhí comhaontú léasa sínithe ar comhad ag seacht gcinn, bhí léas ceadaithe ach neamhshínithe ag naoi gcinn agus ní raibh aon léas foirmiúil i bhfeidhm ag 12 chomhad. Tugadh faoi deara freisin i gceithre cinn as na 12 cás sin, nach raibh comhaontú ag tríú páirtí a bhí ag cur seirbhís ar fáil thar ceann an FSS leis an FSS chun a chuid freagrachtaí a rialú chun an réadmhaoin a bhainistiú. Tá achoimre de na sonraí ar Fhíor 187.

278 Ní féidir castacht na hoibre le déanamh a mheas go cruinn mar bíonn éagsúlachtaí sna comhaid.

279 Leagann sé seo amach na nósanna imeachta ar leith le leanúint nuair a ghnóthaíonn nó nuair a dhiúscraíonn an FSS aon réadmhaoin.

**Fíor 187 Athbhreithniú ar Ghníomhais agus Léasanna**

| Cineál Doiciméid | Ar fáil | An líon a scrúdaíodh | Iomláin |
|---|---|---|---|
| **Gníomhais** | Ar an Láthair | 16 | |
| | Lasmuigh den Láthair [a] | 6 | |
| | Coigeartú teidil ag teastáil | 3 | |
| | Gníomhas urscaoilte ag teastáil | 3 | |
| | Aistriú teidil ag teastáil | 4 | |
| | Eolas Gníomhais | 4 | **36** |
| **Léasanna** | | | |
| *Léasanna roimh 2006* [b] | Gan comhad ar fáil | 3 | |
| | Léas sínithe ar comhad | 7 | |
| | Ceadaithe ach gan léas sínithe ar comhad | 9 | |
| | Gan léas foirmiúil | 12 | **31** |
| *Léasanna tar éis 2006* | Ceadaithe agus léas sínithe ar comhad | 7 | |
| | Ceadaithe agus gan léas sínithe ar comhad | 3 | |
| | Gan léas i bhfeidhm [c] | 3 | **13** |
| **Réadmhaoine Iomlána** | | | **80** |

Nótaí:

a Tagraíonn lasmuigh den láthair do ghníomhais atá tuairiscithe a bheith ag dlíodóirí.

b Bhí critéir difriúil i bhfeidhm sular cuireadh an prótacal i bhfeidhm in 2006.

c I ndiaidh an iniúchta, cuireadh sonraí a bhain le léas amháin ar fáil.

38.34 Ó Mhárta 2010, bhunaigh an FSS roinn dlí. Tá réadmhaoin ar cheann dá fheidhmeanna. Táthar ag súil go gcuirfidh an roinn sin feabhas ar ghníomhais teidil agus socruithe léasaithe a láimhseáil laistigh den FSS. Beartaítear freisin go láimhseálfar gach gníomhas teidil in ionad amháin i mBaile Átha Cliath. Níor bunaíodh aon sprioc ná amlíne go fóill chun é sin a bhaint amach. Beartaíodh, mar chuid den fhorbairt ar an NPD, go ndéanfaí athbhreithniú ar na gníomhais teidil agus go gcuirfí gníomh ceartaitheach i bhfeidhm más gá le linn 2007. Ní dheachaigh an plean sin ar aghaidh mar gheall ar chúiseanna acmhainní.

38.35 Más gá réadmhaoin a ghnóthú nó spás a ligean ar cíos faoi chomhair cás éigeandála gan choinne, is féidir úsáid a bhaint as meicníocht cosúil le ceadúnas. Is éard is ceadúnas ann ná conradh gearrthéarmach go ginearálta, a úsáidtear ar feadh tréimhse ama seasta, ina n-íocann an ceadúnaí táille. Cé go dtugann léas ceart eisiatach áitithe ar an réadmhaoin iomlán don tionónta, ní ionann é sin agus ceadúnas. Is gá ceadúnais a bheith údaraithe agus ceadaithe ag an Stiúrthóir Náisiúnta ar Eastáit (NDE) agus ag an mbord nuair atá an t-idirbheart níos mó ná €2 mhilliún agus ag an NDE amháin nuair atá sé níos lú ná €2 mhilliún.

38.36 Athbhreithníodh deich gceadúnas chun cinneadh a dhéanamh cibé an raibh na socruithe a ceadaíodh go cuí faoi réir comhaontuithe oifigiúla. Níor aimsíodh aon cheadú ná ainm do phéire de na ceadúnais. Cé gur gá nós imeachta éigeandála a bheith ar fáil, chun ligean do réadmhaoine a bheith gnóthaithe nó ligthe ar cíos faoi chomhair cásanna éigeandála gan choinne, ba cheart na ceaduithe cuí a lorg i gcónaí. Tá torthaí an athbhreithnithe leagtha amach ar Fhíor 188.

**Fíor 188 Socruithe Ceadúnais**

| Sonraí Ceadúnais | Iomlán |
|---|---|
| Ceadúnas Ceadaithe agus Sínithe ag Stiúrthóir Seirbhíse amháin | 4 |
| Ceadúnas Ceadaithe agus Sínithe ag Stiúrthóir Eastát amháin | 4 |
| Gan Ceadúnas Sínithe i bhfeidhm | 2 |
| **Ceadúnais Iomlána** | **10** |

38.37 Maidir leis an dá cheadúnas gan síniú, luaigh an FSS go bhfuil obair ar siúl chun é sin a cheartú.

## Sócmhainní a Úsáid agus a Chosaint

38.38 Tá na sócmhainní réadmhaoine a úsáideann an FSS fairsing agus éagsúil, ina bhfuil réimse i gceist ó ionaid mhóra ospidéil go hionaid bheaga sláinte. Thug an t-iniúchadh faoi deara nach ndéantar suirbhéanna réadmhaoine ach amháin nuair a bhíonn athbhreithniú cíosa dlite nó nuair a mheastar réadmhaoin le haghaidh diúscartha. Níl aon nós imeachta struchtúrtha chun suirbhé tréimhsiúil a dhéanamh i bhfeidhm.

38.39 Mar chuid den straitéis fhoriomlán um Stiúrthóireacht Eastát, tá riachtanas ar gach limistéar pleananna réadmhaoine straitéiseacha a fhorbairt. I Márta 2010, ní raibh aon phlean den sórt sin ar fáil le haghaidh gach limistéar. Tá forbairt á déanamh faoi láthair ar dhréachtphleananna réadmhaoine áfach. Ar na pleananna sin, a bhfuil sé beartaithe tréimhse trí go cúig bliana a chuimsiú, beidh comhpháirteanna cosúil leis an méid seo a leanas

- an plean caipitil sceidealaithe atá ann faoi láthair
- idirbhearta atá idir lámha (léasú, cineálacha diúscartha agus éadálacha ruílsí)
- impleachtaí cúram príomhúil a leathnú amach agus
- tograí um sheirbhísí meabhairshláinte.

38.40 Dar leis an FSS, athbhreithníonn na ranna cothabhála coinníollacha tógála go rialta agus cuirtear an t-eolas sin ar aghaidh chuig na Bainisteoirí Eastát. Bíonn cruinnithe tréimhsiúla ann idir Ranna Seirbhíse agus Bainisteoirí Eastát ina mbíonn riachtanais réadmhaoine ar cheann de na hábhair a phléitear. Tugadh faoi deara áfach

38.41 in dhá réimse go dtuairiscíonn an fhoireann cothabhála eolas réadmhaoine ar bhealach ad hoc agus neamhfhoirmiúil chuig na ranna réadmhaoine laistigh de na réimsí Eastát.

38.42 I réimse amháin, tá an fhoireann cothabhála freagrach as seiceálacha ar gach réadmhaoin ach d'fhéadfadh an rialtacht a bheith ag brath ar chásanna ina mbeadh gá le seirbhís ar an gcoire nó ar an aláram dóiteáin.

38.43 Chomh maith le pleananna réadmhaoine straitéiseacha nach bhfuil i bhfeidhm, tá sonraí teoranta ar fáil ar an NPD maidir le riocht foirgnimh, costais chothabhála, oiriúnacht fheidhmiúil agus úsáid na réadmhaoine sealbhaithe, a d'áitigh nó a léasaigh an FSS. Ní léir, mar sin, an bealach ar féidir leis an FSS cinntí a dhéanamh a bheadh éifeachtach ó thaobh costas de agus pleanáil go straitéiseach maidir lena phunann réadmhaoine gan sonraí cuimsitheacha agus láraithe sa chás sin.

38.44 Dar leis an FSS, is príomhchuspóir é Pleananna Réadmhaoine a chruthú do gach Limistéar Eastát Réigiúnach le haghaidh eastát an FSS a bhainistiú go héifeachtach. Cuireadh tús leis na pleananna sin i mórán de na Limistéir Eastát Réigiúnacha agus forbrófar agus scagfar iad le linn 2010. Tá sé mar chuspóir Pleananna Réadmhaoine a bheith i bhfeidhm ag deireadh 2010 agus comhphleananna chun mórdhoiciméad ar bhainistíocht eastát straitéiseach a chruthú. Tar éis na pleananna a chruthú, déanfar an próiseas ceadaithe idirbhirt réadmhaoine a shruthlíniú freisin agus gné eile a chur leis na huirlisí pleanála agus cinnteoireachta atá ar fáil don Stiúrthóireacht.

38.45 Tá sampla de nochtadh an FSS, a d'fhéadfadh a bheith ann, nuair a chuirtear isteach ar idirbhearta neamhfhoirmiúla, le tabhairt faoi deara ó thaithí ó ghnóthú Ionad Acmhainní na gCealla Beaga.

### *Ionad Acmhainní na gCealla Beaga*

38.46 In 2002, aithníodh riachtanas le haghaidh ionad acmhainní do Sheirbhísí um Míchumas Foghlama Dhún na nGall i limistéar na gCealla Beaga. In 2006, thug an Bainisteoir Ginearálta Réigiúnach le haghaidh Seirbhísí um Míchumas Intleachta gealltanas scríofa réadmhaoin 6,000 troigh chearnach a ghnóthú ar chostas €69,000. In 2009, ardaíodh an chuid le gnóthú go 9,134 troigh chearnach ar chostas €105,000.

38.47 Athbhreithníodh an tionscadal seo le hIniúchadh Inmheánach i nDeireadh Fómhair/Samhain 2009 agus cé nach raibh sé ar intinn de bhun tola próis chuí don tionscadal sin a sheachaint, aithníodh líon de mheancóga rialaithe le hocht mbliana anuas. Ar na meancóga sin bhí an méid seo a leanas

38.48 Ba cheart gach gnóthachan ar an méid sin a thabhairt chun críche dar leis an FSS nó na hiarthreoirlínte ón mBord Sláinte. Ní dhearnadh aon soláthar don earnáil phoiblí ná ceacht fógraíochta chun suíomhanna a aithint.

38.49 Bhí easpa cumarsáide idir an Bainisteoir Eastát agus an Bainisteoir Réadmhaoine le linn an phróisis. Bhí socrú tuairiscithe ilroinnte ann inar thuairiscigh an Roinn Réadmhaoine ar an taobh Thiar Thuaidh leis an Roinn Airgeadais Réigiúnach i nGaillimh agus an Bainisteoir Eastát ag tuairisciú le Corparáid na nEastát i mBaile Átha Cliath.

38.50 Bhí easpa cumarsáide idir an Bainisteoir Ginearálta Réigiúnach agus an Bainisteoir Réadmhaoine sa tréimhse ní ba luaithe (2002 – 2003).

38.51 Comhaontaíodh leis an úinéir talún dá ndiúltaíodh cead pleanála don ionad acmhainní, go n-íocfadh an FSS 50% de na táillí dearaidh agus sin amháin. Diúltaíodh pleanáil in 2003 agus d'íoc an FSS iomlán na dtáillí dearaidh. Nuair a tugadh cead pleanála ina dhiaidh sin, léirigh an t-úinéir talún go n-íocfaí aisíocaíocht €7,500. Tá an méid sin fós le híoc.

38.52 Fuair an Rannán Réadmhaoine foirmeacha foréilimh deimhnithe a leag amach go raibh gá le cóiríocht do Sheirbhísí um Míchumas Foghlama Dhún na nGall agus an Roinn Fisiciúil agus Céadfach in Aibreán 2005. Ach níorbh fhéidir leis an Iniúchadh Inmheánach fianaise a fháil gur tugadh na foirmeacha sin i láthair don iarChoiste Réadmhaoine de chuid na mbord sláinte nó do Choiste Réadmhaoine an FSS, a bhí mar chleachtas riachtanach ag an am.

38.53 Bhí deacrachtaí ann mar gheall ar chúngracht trí fhorbairt ar an suíomh ar shuíomh úinéir talún comharsanachta. Bhí fianaise ar comhad gur chuir an Bainisteoir Réadmhaoine an Bainisteoir Ginearálta Réigiúnach ar an eolas i Samhain 2005 faoi na deacrachtaí sin agus gur tugadh comhairle dó gan leanúint leis an tionscadal.

38.54 Thug an Bainisteoir Ginearálta Réigiúnach gealltanas scríofa réadmhaoin a ghnóthú i ndiaidh dó comhairle a fháil a bhí i gcodarsnacht leis an méid ón Roinn Réadmhaoine go luath in 2006.

38.55 Dhiúltaigh Coiste Réadmhaoine an FSS an léas a cheadú i nDeireadh Fómhair 2008 agus chuaigh an Leas-Stiúrthóir Náisiúnta d'Eastáit i dteagmháil leis an NDE maidir le himní faoi chúrsaí rialachais agus soláthair.

38.56 Thug an NDE ceadú an léas a thógáil agus an dara léas i Lúnasa 2009.

38.57 Shínigh an NDE na léasanna i nDeireadh Fómhair 2009 leis an bpríomhléas le haghaidh cúig bliana agus an léas eile le haghaidh deich mbliana.

38.58 I Márta 2010, fuair an Bainisteoir Réadmhaoine litir ó úinéir réadmhaoin a bhí láimh le talamh an ionaid acmhainní chun é a chur ar an eolas gur comhaontaíodh socrú lasmuigh den chúirt (€100,000) leis an tiarna talún i mBealtaine 2009, maidir le cúngracht ar thalamh atá mar chuid d'ionad páirceála an ionaid acmhainní. Chuir an t-úinéir talún ar an eolas ansin é go raibh an socrú fós le híoc agus gur mhian leis comhairle a thabhairt don FSS faoi na cúinsí agus iarraidh air gan an réadmhaoin a áitiú.

38.59 Le linn an iniúchta in Aibreán 2010, dearbhaíodh go raibh an réadmhaoin sin neamháitithe.

## Dearcthaí ón Oifigeach Cuntasaíochta

38.60 Luaigh an FSS go bhfuarthas comhfhreagras ó thríú páirtí i Márta 2010 a bhí mar chúis imní maidir le teideal ar chuid den réadmhaoin. Tar éis an t-eolas sin a fháil chuir an Bainisteoir Réadmhaoine ar aghaidh chuig dlíodóir an FSS é chun comhairle phráinneach a lorg. Agus comhairle dlí faighte, d'eisigh an Bainisteoir Réadmhaoine treoracha gan aon íocaíocht cíosa sa bhreis a phróiseáil agus gach baint leis an tionscadal a chur ar feitheamh go dtí go mbeadh dlíodóirí an FSS sásta gur cuireadh an socrú lasmuigh den chúirt i gcrích idir an tiarna talún agus an t-úinéir comharsanaigh. Comhaontaíodh an socrú lasmuigh den chúirt de €100,000 idir an tiarna talún agus an t-úinéir talún comharsanaigh. Tá an t-airgead iníoctha ag an tiarna talún agus níl dliteanas ag an FSS sa chomhthéacs sin. Luaigh an FSS go bhfuil sé ag fanacht le réiteach ar an ábhar maidir le socrú lasmuigh den chúirt idir an tiarna talún agus an t-úinéir talún comharsanaigh.

38.61 Luaigh an FSS nach bhfuil sé sásta leis na tús-socruithe a glacadh ar láimh maidir leis an soláthar den réadmhaoin sin. Cé go bhfuil sé lasmuigh de phrótacal an FSS, d'éirigh leis an bpróiseas luach ar airgead a bhaint amach. Níorbh fhéidir leis an bpróiseas leantach a chinntiú, áfach, gur mar sin a bheadh sé leis na hidirbhearta eile. Ó cuireadh an t-ábhar seo ar shúile Eastáit an FSS, dearadh gach beart lena chinntiú go mbeadh cosaint á tabhairt do leasa an Stáit maidir le slán teidil trí chomhairle dlí neamhspleách agus léas ar réadmhaoin á dhréachtú.

## Conclúid

Cé gur luaigh Tuarascáil an FSS ar Phlean Seirbhíse um Tháirgí Insoláthartha 2008 gur cuireadh an bunachar sonraí réadmhaoine náisiúnta i gcrích i Nollaig 2008 thug an t-iniúchadh faoi deara go raibh easnaimh sa bhunachar sonraí. D'fhonn luach a fháil ar a infheistíocht teastaíonn ón FSS, *I measc nithe eile*,

- a inneachar a bhailíochtú
- é a chomhtháthú in obair foirne ó lá go lá
- an t-eolas a úsáid chun sócmhainní a bhainistiú trí acmhainní a chomhoiriúnú le riachtanas seirbhíse
- an bunachar sonraí réadmhaoine a thabhairt chun réiteach le taifid airgeadais.

# Caibidil 39

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Rialachas ICT

# Rialachas ICT

39.1 Éilíonn an Roinn Airgeadais go mbeadh próisis rialachais iomchuí agus próisis bhainistíochta iomchuí curtha i bhfeidhm ag comhlachtaí a thabhaíonn caiteachas ar thionscadail, córais nó infreastruchtúir theicneolaíochta faisnéise agus teileachumarsáide (ICT). D'eisigh sí treoir in 2005 faoin gcaoi ar chóir do FSS na héilimh sin a chomhlíonadh.

39.2 Sa Tuarascáil Bhliantúil 2006 athbhreithníodh an dul chun cinn a bhí déanta ag FSS maidir le socruithe iomchuí rialachais a fhorbairt i dtaca le ICT. Rinneadh an t-athbhreithniú tráth nach raibh FSS in ann formheas tarmligthe a fháil ón Roinn Airgeadais i dtaca lena caiteachas ICT agus bhí sé de cheanglas uirthi mar sin ceadú a fháil i dtaobh caiteachas ICT ar bhonn gach cáis de bhua a thuillteanais.

39.3 In 2007, bhí an méid seo a leanas tugtha le fios ag an Oifigeach Cuntasaíochta

- Cuireadh plean gearrthéarmach nó straitéis i bhfeidhm do 2007/2008 agus ag an am céanna bhí straitéis fhadtéarmach á forbairt don tréimhse idir cúig agus deich mbliaina ina dhiaidh sin.
- Bhí socruithe nua maidir le rialachas TFC curtha i bhfeidhm ó thús na bliana sin a chloígh leis na prionsabail a bhí leagtha amach ag an Roinn Airgeadais.
- Bhí sé beartaithe struchtúr nua eagraíochta a fheidhmiú maidir le TFC ina mbeadh rannán tréan Corparáideach TFC.
- Bhunófaí Oifig Cláir TFC chorparáideach a ghlacfadh freagracht as bainistíocht feidhmíochta TFC – lena n-áireofaí tuairisciú agus buiséadú.

## Béim na Caibidle

Tuairiscítear sa Chaibidil seo an toradh ar fhiosrúcháin iniúchta faoin méid seo a leanas:

- ar forbraíodh straitéis TFC agus an ndearna athbhreithniú agus nuashonrú rialta uirthi
- an méid a bhí comhshocruithe rialachais TFC agus próisis bhainistíochta feidhmíochta, arna sonrú ag an Roinn Airgeadais, curtha i bhfeidhm in FSS
- an dul chun cinn a bhí déanta i dtaobh mórchórais a fheidhmiú.

## Straitéis

Tá straitéis TFC tábhachtach le go mbeidh forbairtí TFC ag teacht le riachtanais ghnó.

39.4 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom nach bhfuil straitéis TFC ag FSS faoi láthair atá glactha go foirmiúil ag an mBord. Idir an dá linn tá dréachtstraitéis TFC ann a forbraíodh idir 2007 agus 2008 a úsáidtear le tograí tionscadail a bhailíochtú agus le cinntí infheistithe caipitil in TFC a threorú. Ní thógann an dréacht sin athruithe san áireamh, áfach, atá riachtanach le hathruithe ar shamhail ghnó FSS ina dhiaidh sin a léiriú i.e. tionchar Chlár Athchumraíochta FSS.

39.5 Luaigh sé go raibh obair ar siúl ar an straitéis a thabhairt cothrom le dáta agus gur ullmhaíodh agus gur athbhreithníodh straitéis achomair i gcomhar le comhaltaí ó fhoireann bainistíochta FSS, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

39.6 Leis an straitéis sin soláthrófar liosta athmheasta de chláir agus tionscadail tosaíochta a gcaithfear féachaint lena ngnóthú sa tréimhse idir trí agus cúig bliana atá romhainn d’fhonn an straitéis a fheidhmiú. Rinneadh roinnt anailíse ar na himpleachtaí a bhaineann le hacmhainní a chur ar fáil (acmhainní TFC agus eile). Ní mór ceisteanna a bhaineann le ganntanais shuntasacha acmhainní a réiteach sula bhfoilseofar an straitéis. Ar an toimhde go ndéanfar sin, foilseofar an straitéis faoi dheireadh 2010.

39.7 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go gcaithfidh straitéis TFC, cibé i bhfoirm dhréachta nó foilsithe é, go gcaithfidh sé cloí le straitéis agus cuspóirí foriomlána FSS mar atá léirithe i gClár Athraithe FSS. Déanann FSS cinnte de go ndéantar infheistíochtaí i gcónaí de réir thosaíochtaí Chlár Athraithe FSS atá doiciméadaithe agus foilsithe mar seo a leanas

- seirbhísí comhtháite a fhorbairt ar fud na gcéimeanna ar fad san aistear cúraim
- seirbhísí Cúraim Phríomhúil, Phobail agus Leanúnaigh a chur in oiriúint leis na torthaí is fearr a sheachadadh agus a bheidh éifeachtach ó thaobh costais de
- seirbhísí ospidéil a chur in oiriúint leis na torthaí is fearr a sheachadadh agus a bheidh éifeachtach ó thaobh costais de
- samhail a fheidhmiú chun tinnis ainsealacha a chosc agus a bhainistiú
- tomhas agus bainistíocht feidhmíochta bunaithe ar chaighdeáin a fheidhmiú ar fud FSS
- a chinntiú go rannpháirtíonn gach ball foirne i sláinte agus cúram sláinte in Éirinn a athrú.

## Socruithe maidir le Rialachas TFC

Shainigh an Roinn Airgeadais in 2005 gur chóir go mbeadh Coiste Stiúrtha TFC amháin ag FSS le cinntí tosaíochta nó cinntí gníomhachtaithe a dhéanamh maidir le gach togra tionscadail mhóir.

39.8 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur i mí na Samhna 2008 a bhí an cruinniú deireanach den Choiste Stiúrtha TFC. De bharr athstruchtúrú FSS, tháinig meath ar ionadaíocht ó réimsí éagsúla de réir a chéile agus baill foirne á n-athlonnú chuig réimsí nua freagrachta. Bhí moilleanna ann i dtaobh Stiúrthóir TFC a cheapadh, rud a chuir i gcoinne athfhoirmiú an Choiste Stiúrtha.

39.9 Tá sé beartaithe ag FSS an Coiste Stiúrtha a athbhunú nuair a cheapfar Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua i Meán Fómhair 2010. Idir an dá linn, is iad seo a leanas a dhéanann cinntí, ag bráth ar a gcineál, a dhéanfadh an Coiste Stiúrtha in imthosca eile

- foireann bainistíochta TFC (an Stiúrthóir Náisiúnta agus na Stiúrthóirí Náisiúnta Cúnta)
- Stiúrthóir na Seirbhísí Tráchtála agus Tacaíochta – dá dtuairiscíonn an Stiúrthóireacht TFC agus is ball d’Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí FSS.
- Foireann Bainistíochta Sinsearaí FSS féin.

## Cinnteoireacht Lárnach

Threoraigh an Roinn Airgeadais do FSS gur chóir go mbeadh foinse lárnach cinnteoireachta amháin ann maidir le straitéisí TFC, beartais TFC agus tionscadail TFC a fheidhmiú arbh é an comhéadan iondúil freisin é leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an Roinn Airgeadais.

39.10 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gurb é foireann bainistíochta TFC, atá comhdhéanta den Stiúrthóir TFC agus baill foirne shinsearacha ar leibhéal Stiúrthóra Náisiúnta Chúnta, a dhéanann na cinntí a thagann faoi réimse freagrachta na Stiúrthóireachta TFC amháin e.g. reáchtáil rialta ranna TF nó miontionscadail.

39.11 Tugann an Stiúrthóireacht TFC méid mór tionscadal chun críche gach uile bhliain. Chuir sí 45 tionscadal i gcrích in 2007, 99 ceann in 2008 agus 60 ceann eile in 2009. Tá 72 tionscadal ceadaithe ar siúl aici faoi láthair agus tá ceithre cinn sa bhreis atá faoi athbhreithniú ag piaraí. Ar na 72 tionscadal, tá 43 acu ag céim an tsainithe mhionsonraithe nó ag céim an tsoláthair agus tá 29 díobh ag céim an fheidhmithe.

39.12 Ardaítear cinntí nach dtagann faoi réimse freagrachta Stiúrthóireacht TFC chuig Stiúrthóir na Seirbhísí Tráchtála agus Tacaíochta. Ansin, ag bráth ar chineál na ceiste/an chinnidh atá ann, cuirfidh Stiúrthóir na Seirbhísí Tráchtála agus Tacaíochta an cheist faoi bhráid Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí FSS.

39.13 Féadfaidh feidhmeanna áitiúla FSS tograí tionscadail a thógáil ach caithfidh gach iarraidh ar mhaoiniú caipitil cloí le próiseas formheasa tionscadal creata FSS. Maidir le gníomhaíocht nach mbaineann le tionscadail, leithroinntear buiséad ar fheidhmeanna áitiúla FSS ag tús gach bliana agus is é nó is í an bainisteoir áitiúil atá freagrach as an maoiniú sin a bhainistiú. Bíonn mórchuid den bhuiséad leithroinnte roimh ré sa mhéid go n-úsáidtear é le costais na foirne a mhaoiniú, le muirir theileachumarsáide a íoc agus le híoc as costas na gconarthaí bliantúla tacaíochta agus cothabhála i leith córas suiteáilte. Ó thaobh praiticiúlachta de, mar sin de, is an-teoranta an tionchar lánroghnach a bhíonn ag bainisteoir áitiúil i dtaobh ioncam a chaitheamh ar TFC áitiúil. Cuireann FSS tuairisceán in aghaidh na bliana faoi bhráid na Roinne Airgeadais ina ndéantar cur síos ar an gcaoi ar caitheadh an maoiniú ioncaim le linn na bliana roimhe sin.

## Bainistíocht Tionscadal

Mhol an Roinn Airgeadais gur chóir bord tionscadail a bhunú i gcás gach tionscadail shuntasaigh, bord a thuairisceodh chuig Coiste Stiúrtha TFC agus a d'úsáidfeadh modheolaíocht bhainistithe tionscadal arna roghnú ag FSS agus a d'úsáidfeadh na treoracha maidir le breithmheas caipitil arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais.

39.14 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil an Oifig Bhainistithe Tionscadal (PMO) aitheanta go maith anois. Is í PMO TFC atá freagrach as an modheolaíocht bhainistithe tionscadal agus as próiseas caighdeánach a fheidhmiú le tionscadail a sheachadadh taobh istigh de TFC. Agus an mhodheolaíocht sin fós ag céim phíolótach, tá de cheanglas ar gach tionscadal ceadaithe, idir an dá linn, tuairiscí míosúla stádais i bhformáid chaighdeánach a chur faoi bhráid an PMO TFC. Tá 'leathanach faisnéise suntasaí' ann a forbraíodh leis an bhfaisnéis sin a chur i láthair fhoireann bainistíochta TFC FSS i bhfoirm achomair. Coinníonn an PMO clár tionscadal ina bhfuil an fhaisnéis phríomha faoi gach tionscadal amhail úinéir an tionscadail, bainisteoir an tionscadail, an caiteachas go dtí sin, an stádas ceadaithe. na costais fhoriomlána atá fágtha agus an stádas saolré.

39.15 In éagmais Coiste Stiúrtha TFC, is í PMO TFC an pointe riachtanach teagmhála amháin ag a bhfuil léargas ar na tionscadail go léir a lorgaíonn formheas (ceadú).

39.16 Féadfaidh PMO TFC, mar sin de, an méid seo a leanas a dhéanamh go neamhspleách:

- a dheimhniú go dtacaíonn an bhainistíocht shinsearach leis an togra, i gcomhréir le scála an tionscadail agus, in éagmais an Choiste Stiúrtha TFC, a dheimhniú go dtacaíonn an stiúrthóir seachadta iomchuí TFC leis
- bailíocht na dtograí a sheiceáil i gcomórtas le straitéisí, cuspóirí, pleananna gnó corparáideacha agus pleananna seirbhíse de chuid FSS agus TFC FSS
- deiseanna a aithint le haghaidh tionscnaimh agus tionscadail áitiúla nó réigiúnacha a fhorbairt ar bhonn níos fairsinge
- a sheiceáil le haghaidh forluí ar thograí ó fheidhmeanna eile roimhe sin
- faileanna a aithint le haghaidh conarthaí náisiúnta nó le haghaidh comhaontuithe creata agus
- neamhréireachtaí costála a aithint bunaithe ar thograí tionscadal roimhe sin.

39.17 Nuair a bheidh na seiceálacha sin déanta, oibríonn an PMO i gcomhar na foirne iomchuí ag ullmhú na hiarrata chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí agus chuig an Roinn Airgeadais lena cheadú de réir an chiorcláin rialaithe[280].

39.18 Tá stiúrthóir seachadta TFC (ar leibhéal Stiúrthóra Náisiúnta Chúnta,) ceaptha do gach ceann de na catagóirí tionscadail i.e. duine do thionscadail chorparáideacha, duine do thionscadail ospidéil, duine do thionscadail Chúraim Phríomhúil, Phobail agus Leanúnaigh agus duine do thionscadail de chineál bonneagair TFC. Tuairiscíonn an bainisteoir tionscadail TFC atá ceaptha do gach aon tionscadal don stiúrthóir seachadta TFC iomchuí. Bunaítear bord tionscadail i gcás tionscadail mhóir nó chasta.

## Soláthar TFC

Mhol an Roinn Airgeadais go n-úsáidfí pointe lárnach bainistíochta amháin a bheadh faoi rialú stiúrthóra Seirbhísí Faisnéise i dtaobh an cheannaigh go léir maidir le crua-earraí, bogearraí, teileachumarsáid, forbairt TFC nó seirbhísí comhairleacha ar fud FSS lena n-áirítear ospidéil, ionaid liachta agus aonaid eile a thagann faoina rialú ó thaobh maoinithe de.

39.19 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom nach feidhm taobh istigh de TFC an soláthar ach gur cuid d'fheidhm sholáthar foriomlán FSS é. Tá FSS ag iarraidh conarthaí náisiúnta agus comhaontuithe creata a bhunú a d'fhéadfadh feidhmeanna soláthair a úsáid – is cuma cá mbeadh siad suite – chun luach feabhsaithe a thabhairt ó thaobh airgid de – go fiú in éagmais feidhme ceannaigh láraithe taobh istigh de TFC. Tharla sé sin i réimse na teileachumarsáide, ríomhairí pearsanta agus ríomhairí glúine agus soláthraíodh coigilteas suntasach go dtí seo dá bharr agus is féidir go ndéanfar tuilleadh coigiltis amach anseo. Áirítear ar na comhaontuithe atá á bhforbairt comórtais maidir le soláthar córas stórála FT agus trealaimh líonraí logánta.

39.20 Tá an clár 'Luach ó thaobh Airgid de' (VFM) taobh istigh de FSS ag dul i ngleic le réimsí mórchaiteachais ioncaim. Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta Airgeadais atá i gceannas ar an gclár. Taobh istigh de TFC bhí costais na teileafónaíochta ar na réimsí is túisce a imscrúdaíodh. Roimhe seo, is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí a rinneadh le muirir fón póca agus teileafónaíochta a laghdú.

- bunaíodh creataí soláthair náisiúnta do sheirbhísí móibíleacha teileafóin. Anois, roghnaíonn feidhmeanna taobh istigh de FSS an tseirbhís is fearr a fhreastalaíonn a gcuid riachtanas ar

---

[280] Circular 02/09 - Arrangements for ICT expenditure in the Civil and Public Service

bhonn áitiúil agus ag an am céanna féadann siad tairbhe a bhaint as cumas ceannaigh náisiúnta.

- is trí líonra FSS a dhéantar glaonna línte talún a ródú chuig oibritheoirí móibíleacha anois. Ba trí líonraí tríú páirtí a dhéantaí glaonna ó línte talún FSS a ródú chuig fóin mhóibíleacha roimhe seo, próiseas lena ngabhann costais bhreise ar ghlaonna.

## Dul chun Cinn maidir le Tionscadail Mhóra

Tá ceithre thionscadal phríomha ar siúl nó atá á bpleanáil a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu ar fud an chórais, Is iad sin

- an Córas Náisiúnta Airgeadais agus Soláthair
- an Córas Náisiúnta Íomháithe Leighis Comhtháite
- an Córas Bainistíochta Othar
- an Córas Faisnéise Saotharlainne

Lorg mé eolas ón Oifigeach Cuntasaíochta ar stádas na forbartha i ngach cás díobh.

39.21 San iomlán, is féidir achoimre a dhéanamh ar fheidhmiú na dtionscadal mar seo a leanas:

- Cuireadh tús leis an gCóras Náisiúnta Airgeadais agus Soláthair in 2006 ach ní go Meitheamh 2010 a cuireadh dréacht deiridh den chás gnó faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí. Idir an dá linn bhí plé ar siúl idir FSS agus an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Airgeadais agus rinneadh roinnt athleaganacha den chás gnó. Go luath sa bhliain 2010, comhaontaíodh , i gcomhar leis na Ranna, an cur chuige le glacadh maidir leis an gcás gnó a fhorbairt agus tá an cás gnó curtha i gcrích agus cuireadh ar aghaidh lena cheadú.
- Cuireadh Córas Náisiúnta Íomháithe Leighis Comhtháite (NIMIS) ar conradh go luath sa bhliain 2010 agus tá tógáil an chórais ar siúl faoi láthair. Tá sé beartaithe NIMIS a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe ar fud chóras na n-ospidéal nuair a bheidh an tástáil críochnaithe.
- D'fhormheas Bord FSS Córas Bainistíochta Othar lena fheidhmiú ar bhonn náisiúnta, i bhFeabhra 2005. Sa chás sin, áfach, bheadh gá le próisis shuntasacha athraithe agus le caighdeánú náisiúnta. Idir an dá linn, agus aire á tabhairt aici do phriacail oibríochtúla, cheadaigh an Roinn Airgeadais athsholáthar roinnt córas faisnéise ospidéil, agus an córas a thabhairt isteach i dTulach Mhór, sa Mhuileann gCearr agus i bPort Laoise. Tá feidhmiú níos leithne den chóras faoi athbhreithniú.
- Cuireadh próiseas tairisceana maidir le Córas Faisnéise Saotharlainne i gcrích agus cé gur aithníodh soláthraí tosaíochta agus gur dréachtaíodh conarthaí, níor leanadh ar aghaidh leis an tionscadal bunaithe ar chleachtadh díchill chuí a rinne FSS. Tá sé socruithe anois ag FSS dul ar ais ar an margadh.

Tá eolas níos mionsonraithe ar an dul chun cinn i dtaobh na tionscadail sin a fheidhmiú leagtha amach in Iarscríbhinní A go D.

## Dearcthaí Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Sláinte agus Leanaí

39.22 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhféachann an Roinn ar TFC mar chuid riachtanach de nuachóiriú na seirbhíse sláinte agus d'fheabhsú na seirbhíse agus is léir go mbeidh gá le hobair shuntasach eile ó TFC, ón bhainistíocht oibríochtúil agus ó bhaill foirne chliniciúla / ghairmiúla lena chinntiú go mbainfear tairbhe as TFC chun críocha seirbhíse seachadta feabhsaithe agus éifeachtúlachta eagraíochtúla.

39.23 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl go láidir go bhféachann an Roinn ar chóras airgeadais aonair a imscaradh ar fud FSS mar phríomhthosaíocht. Is amhlaidh a thugann an tionscadal dúshlán shuntasach do FSS lena mbaineann priacail tionscadail nach beag agus tá sé ríthábhachtach go ndéanfar é a phleanáil agus a mheas ar bhealach cuí réadúil. D'oibrigh an Roinn le FSS lena chinntiú go mbeadh an tsoiléireacht, an tsainaithint agus bainistíocht riosca ba ghá ag an gcur chuige atá beartaithe agus go mbeadh sé ag teacht le gnóthaí soláthair agus dlí. Ba é breithiúnas na Roinne nár shásaigh na tograí tionscantacha a rinneadh ag deireadh 2008 na gnóthaí sin go hiomlán.

39.24 Rinne FSS an togra a athbhreithniú ina dhiaidh sin le cur chuige nua soláthair a chur ann, rud a léiríonn an chomhairle dlí a tugadh do FSS. Mínítear gur mar gheall ar laigí sa togra a cuireadh ar aghaidh agus ar an am a glacadh leis an gcur chuige a athbhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar na laigí sin a tharla na moilleanna go dtí seo. Tá sé tábhachtach i gcás tionscadail ar scála chomh mór sin a chlúdaíonn feidhmeanna ríthábhachtacha an airgeadais agus an tsoláthair ó lá go chéile, go dtabharfar aird chuí do cháilíocht phleanála agus bhainistithe tionscadal agus d'ainneoin féachaint leis an tionscadal a bhogadh ar aghaidh a luaithe is féidir, go ndéanfar measúnú oibiachtúil ar na ceisteanna sin sula ndéanfar mór-acmhainní a chur ar fáil.

39.25 Fuarthas tograí athbhreithnithe ó FSS i Meitheamh 2010 maidir le Córas Náisiúnta Airgeadais agus Soláthair, agus faoi réir soiléiriú ar líon beag eilimintí áirithe tá sé beartaithe an togra a chur faoi bhráid na Roinne Airgeadais go foirmiúil.

## Conclúid

Bhí moill mhór ann maidir le bonneagar TFC na Seirbhíse Sláinte a fhorbairt.

Bíonn céimeanna fada pleanála, soláthair agus feidhmithe i gceist gan dabht le tionscadail ar scála mór. Formhéadaítear na rioscaí a bhaineann le tionscadail den chineál sin nuair atá an eagraíocht ag féachaint le hathruithe mórscála gnó a dhéanamh freisin.

Sna cúinsí sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh FSS straitéis shoiléir TFC a fhorbairt a bheidh ag teacht go huile lena cuspóirí athraithe agus lena cuspóirí athchumraithe agus ina gcuirfear socruithe rialachais TFC i bhfeidhm.

## Iarscríbhinn A Córas Náisiúnta Airgeadais agus Soláthair

Is iad seo a leanas na cuspóirí a bhaineann le Córas Náisiúnta Airgeadais agus Soláthair (NFPS) a fheidhmiú

- a chur ar chumas FSS leanúint lena clár athruithe trí Sheirbhísí Náisiúnta Comhroinnte a fhorbairt
- riachtanais bhainistithe Vótála an Oifigigh Chuntasaíochta a chur i gcrích
- rialú agus comhlíonadh atá ann cheana a fheabhsú
- acmhainní a réiteach le faisnéis a thuairisciú agus a anailísiú le tacú leis an bhfoireann tosaigh
- cumas ceannaigh agus rialú FSS a uasmhéadú trí thacú le comhdhlúthú éileamh, trí chomhlíonadh le conarthaí a fhorfheidhmiú, trí fheiceálacht a bhunú maidir le caiteachas ar fud shaolré an tsoláthair agus trí rialú na lóistíochta agus trí bhainistiú an fhardail.

Eascraíonn an gá le córas náisiúnta i gcomhthéacs bhuiséad HSS is níos mó ná €14 billiún in 2010 agus i gcomhthéacs eagraíochta móire casta Airgeadais lena bhfuil feidhmeanna a bhaineann le hAirgeadas i 31 Ospidéal Géarmhíochaine, 184 suíomh Cúraim Phríomha, Phobail agus Leanúnaigh (PCCC) agus ocht n-oifig réigiúnacha ar fud na tíre. Déileálann an fheidhm Airgeadais le thart ar

- 93,000 cuntas ghníomhacha díoltóra (figiúirí 2008)
- 2.2 milliún sonrasc cuntais iníoctha in aghaidh na bliana
- 500,000 sonrasc cuntais infháltais in aghaidh na bliana

Baineadh de thátal as athbhreithniú deireanach bainistíochta lóistíochta agus fardail gur bac bunúsach ar sheirbhís a bhaint amach sna réimsí sin, a bheadh éifeachtach ó thaobh costais de, éagmais chórais chomhtháite náisiúnta aonair. Bíonn deacrachtaí móra i gceist maidir le faisnéis bhainistíochta a fháil de bharr éagsúlacht agus neamhréireacht na gcóras atá i bhfeidhm.

### *Dul Chun Cinn go dtí seo*

Is ar chás gnó a fhorbairt lena mbeadh mionsonraí dóthanacha mar thaca le cinneadh tathagach ar mhéid ar dócha gur cinneadh suntasach infheistithe caipitil a bheidh i gceist leis, is air sin a bhí fócas iomlán an tionscadail, beagnach, go dtí seo.

Bhí roinnt athleaganacha den chás gnó roimhe seo a bhí bunaithe go léir ar réiteach den chineál pointe rochtana seirbhíse (SAP). I ndiaidh plé á dhéanamh ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, comhaontaíodh go raibh gá le cás nua gnó nach mbeadh an bonn tuisceana leis go mbunófar an réiteach críochnaitheach ar na suiteálacha (SAP) atá ann cheana a shíneadh ar bhonn náisiúnta. Rinneadh an cás gnó dréachta is deireanaí a fhorbairt ar an mhodh sin.

Cé gur glacadh leis go ginearálta go raibh gá le córas airgeadais nua náisiúnta, bhí roinnt agúis ann i dtaobh infheistíocht chomh mór sin a chur ar fáil agus í ag teacht i ndiaidh Córais Phearsanra agus Phárolla agus Córais Ghaolmhara (PPARS) agus Tionscadal Córas Eolais Airgeadais (FISP). Chuir an Roinn Airgeadais stop foirmiúil leis an tionscadal FISP in 2006. Ní mór aird a thabhairt ar an gcomhthéacs sin i gcás na hamlíne, sínte de réir dealraimh, a bhaineann leis an gcás a ullmhú lena cheadú ag an Roinn Sláinte agus Leanaí agus ag an Roinn Airgeadais agus atá leagtha amach thíos anseo.

**Fíor 189 Amlíne do Chóras Náisiúnta Airgeadais agus Soláthair a Fhorbairt**

| | |
|---|---|
| Meitheamh 2006 | Cruthaíodh dréacht tionscantach den chás gnó |
| 2007 | Próisis inmheánacha airgeadais (52) deartha chun obair le réiteach SAP toimhdithe |
| Meán Fómhair 2008 | dréacht tionscantach déanta agus athbhreithnithe go hinmheánach agus curtha faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí. |
| Nollaig 2008 | Togra achomair curtha faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí |
| CC1, 2009 | Iomad buailtí leis an Roinn Sláinte agus Leanaí le tograí agus leis an gcás gnó a athbhreithniú |
| C2, 2009 | Cineálacha éagsúla cur chuige pléite leis an Roinn Sláinte agus Leanaí |
| Iúil 2009 | Comhairle dlí faighte go mbeadh gá le FSS dul ar ais ar an margadh le haghaidh an réitigh agus le haghaidh na seirbhísí feidhmithe araon. Glacadh leis roimhe sin nach mbeadh gá le dul ar an margadh ach le haghaidh seirbhísí feidhmithe amháin agus go bhféadfaí úsáid SAP mar réiteach a shíneadh. |
| Meán Fómhair 2009 | Leagan críochnaitheach den Togra achomair agus cur chuige athbhreithnithe leis curtha faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí |
| Eanáir 2010 | Cruinniú leis an Roinn Sláinte agus Leanaí – comhaontaíodh cur chuige beartaithe |
| Feabhra 2010 | Cruinniú leis an Roinn Airgeadais leis an gcur chuige comhaontaithe a athbhreithniú |
| Feabhra 2010 | Tús le dréacht den chás nua gnó |
| Meitheamh 2010 | Cás nua gnó formheasta go hinmheánach agus curtha faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí. |

Tá an tionscadal seo fós faoi réir formheas inmheánach agus seachtrach. Tá scála an tionscadail den mhéid sin go mbeidh sé faoi réir Athbhreithniú Piaraí na Roinne Airgeadais.

Faoi réir ceadú, tá na céimeanna seo a leanas fós gan déanamh

- Tairiscint
- Conraitheoireacht
- Dearadh croíláir agus tástáil
- Imscaradh chuig suíomhanna ar fud na tíre.

Tugadh le fios sa chás gnó dréachta a cuireadh isteach lena cheadú go nglacfaidh sé 14 mí ar a laghad leis an tionscadal a chruthú ón uair a cheadófar an cás gnó. Tugtar le fios sa chás gnó freisin go mbeidh tréimhse dhá bhliain ar a laghad i gceist le haghaidh fheidhmiú an tionscadail. Meastar gur sin an toradh is fearr a d'fhéadfadh tarlú, bunaithe ar thaithí FSS ar thionscadail den mhéid sin agus den chastacht sin a fheidhmiú roimhe seo. Braithfidh fad an fheidhmithe iarbhír ar an méid seo a leanas

- líon na foirne a shanntar don tionscadal
- an táirge agus an soláthraí a roghnófar
- an méid a dhéanfar na próisis atá ann cheana a athmhúnlú agus castacht an taisc athraithe bainistíochta a bhainfidh leis na próisis nua a fheidhmiú.

# Iarscríbhinn B Córas Náisiúnta Íomháithe Leighis Comhtháite

Tá úsáid scannán x-gha sa tSeirbhís Sláinte ar na fachtóirí riosca is mó agus ar na cúngaigh is mó maidir le seachadadh seirbhíse sa réimse íomháithe leighis. Tá sin amhlaidh de thoradh an scannán a bheith mar ionchollú ar mhodh aonair diagnóiseach

- is minic nach mbíonn teacht air nuair a bhíonn gá leis
- is deacair a stóráil agus a bhainistiú
- nach éasca a leanann sé othair de réir mar a ghluaiseann siad trí na conairí cúraim.

Le Córas Cartlannú Pictiúr agus Cumarsáide (PACS) déantar íomhánna othair a stóráil agus a nochtadh go leictreonach agus cuirtear deireadh leis na fachtóirí riosca sin. Sa tréimhse 1998 go 2008, suiteáladh córas PACS in 18 ospidéal. Feabhsaítear go mór na tairbhí a bhaineann le PACS nuair a dhéantar iad a chomhtháthú le Córais Eolais Raideolaíochta (RIS) agus le háiseanna Aitheanta Cainte. Soláthraíonn an réiteach a eascraíonn as an fheidhmiúlacht atá ag teastáil chun an tseirbhís íomháithe raideolaíochta a athmhúnlú agus a fheabhsú go suntasach.

Tá líon cuspóirí uileghabhálacha ag baint le tionscadal an Chórais Náisiúnta Íomháithe Leighis Comhtháite (NIMIS). Is iad sin

- réitigh PACS/RIS a shuiteáil i ngach ospidéal nach bhfuil siad ann
- tuairisciú cianda a éascú agus seirbhísí tuairiscithe raideolaíochta a athchumrú
- deireadh a chur le fachtóirí riosca suntasacha a bhaineann le húsáid íomháithe scannán-bhunaithe.

Beidh gá le comhéadain lena chinntiú go mbeidh comh-inoibritheacht le córais áitiúla atá ann cheana féin. Tá riachtanais mhionsonraithe na gcomhéadan sin á bhforbairt faoi láthair agus, faoi réir ceadú, leanfaidh FSS ar aghaidh chun tairisceana i ndáil leis na comhéadain sin a fhorbairt.

### *Costais*

Ní raibh aon chaiteachas caipitil TFC ar an tionscadal seo go dtí seo. Na costais a tabhaíodh go dtí seo, ní costais iad a bhain le TFC ach costais a bhain go hiomlán le soláthar, seoladh agus le tionscnamh an tionscadail. Tá NIMIS maoinithe ó chaipiteal nach caipiteal TFC é seachas i gcás earraí sonracha TFC dá n-iarrtar céadú sonrach.

Tá an córas NIMIS á imscaradh ar bhonn céimnithe. Tá roinnt suíomhanna fisiceacha i gceist i ngach céim. I gcomhaontú leis an Roinn agus leis an Lárionad Forbartha Bainisteoireachta agus Eagrúcháin (CMOD), cuirfidh FSS iarraidh ar cheadú ar leithligh isteach i gcás gach céime den tionscadal agus ní thabhófar caiteachas caipitil iarbhír TFC ach amháin de réir mar a gheofar ceadú.

Is é € 50 milliún costas measta go deireadh an tionscadail. Áirítear sa chonradh NIMIS a síníodh i bhFeabhra 2010 soláthar an PACS lena n-áirítear RIS do na hospidéil go léir nach bhfuil PACS ann cheana féin chomh maith le roinnt de na córais atá ann cheana a uasghrádú nó a athrú. Ina theannta sin, clúdaíonn sé suíomhanna PACS FSS atá ann cheana maidir le sonraí a sheoladh chuig an gcartlann lárnach.

## *Dul Chun Cinn go dtí seo*

**Fíor 190 Amlíne do NIMIS a Fhorbairt**

| | |
|---|---|
| Lúnasa 2007 - Eanáir 2008 | Cás gnó don tionscadal NIMIS a fhorbairt |
| Feabhra 2008 | Cás Gnó formheasta ag Bord na dTionscadal agus ag Ceann na nEastát (FSS) agus formheas le dul ar aghaidh chun tairisceana |
| Márta - Iúil 2008 | Forbairt shonraíocht an chórais |
| Iúil 2008 | Tairiscint OJEU (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh) eisithe |
| Nollaig 2008 | Gearrliosta de na tairiscintí agus athbhreithniú an phróisis soláthair ag an Ard-Aighne ar iarratas ón Roinn Airgeadais |
| Márta 2009 | Formheas chun dul ar aghaidh chun an soláthar a chríochnú le díoltóirí ar an ngearrliosta |
| Iúil 2009 | Roghnú díoltóra tosaíochta déanta |
| 1 Meán Fómhair 2009 | Formheasta ag Foireann Bainistíochta FSS |
| 10 Meán Fómhair 2009 | Formheasta ag Bord FSS |
| Meán Fómhair 2009 - Feabhra 2010 | Plé ar chonradh a thabhairt chun críche |
| 23 Feabhra 2010 | Conradh sínithe |
| Márta 2010 | Tús curtha le pleanáil an tionscadail |
| Bealtaine 2010 | Foireann an díoltóra in situ |
| Meitheamh 2010 | Céim an dearaidh mhionsonraithe agus tús curtha le suíomhanna, lena n-áirítear sonraíocht chomhéadan le córas riaracháin othar (PAS) áitiúil agus le córais eile |

Is mar seo a leanas atá sé beartaithe go mbeidh forbairt an tionscadail amach anseo

| **Garsprioc** | **Céim an Tionscadail** |
|---|---|
| Lúnasa - Deireadh Fómhair 2010 | Dearadh/cumraíocht an chórais |
| Samhain 2010 | Tús na tástála |
| Feabhra 2011 | Deireadh na tástála agus tús na hoiliúna |
| Márta 2011 go Feabhra 2013 | Gach suíomh le bheith ag feidhmiú |

## Iarscríbhinn C  Córas Bainistíochta Othar

Is é an córas riaracháin othar (PAS), an feidhmchlár ríomhaireachta bunúsach d'ospidéal géarmhíochaine lena soláthraítear na feidhmeanna is gá chun bainistiú a dhéanamh ar réimse na bpróisis riaracháin othar lena n-áirítear, inter alia, atreoruithe, liostaí feithimh, othair chónaitheacha (ligin isteach /ligin amach / aistrithe), coinní na ranna eisothar agus bainistiú na dtaifead leighis.

### *Dul chun cinn maidir le Feidhmiú*

I mí Feabhra 2005, d'fhormheas Bord FSS tionscadal ina ndéanfaí, mar chéim thosaigh, an seanchóras oidhreachta PAS a bhí i mbaol ag an am sin a athrú, go príomha san Oirthuaisceart agus san Iarthuaisceart agus ina dhiaidh sin, tús a chur le réiteach náisiúnta a thógáil bunaithe ar ID uathúil othar, ar phróisis chaighdeánacha, agus ar chumraíocht chaighdeánaithe. Bhí sé beartaithe sa togra go bhféadfadh costas €366 milliún a bheith i gceist. Ba é an tsraith táirge iEPR arna soláthar ag iSoft an córas a roghnaíodh. Áirítear sa tsraith modúl riarachán othar – iSOFT Patient Manager (iPM) agus modúl tacaithe cliniciúla - iSOFT Clinical Manager (iCM).

Mar a tharla, cheadaigh an Roinn Airgeadais an chéim thosaigh den tionscadal i.e. an córas oidhreachta PAS a bhí i mbaol ag an am sin a athrú. Ceadaíodh suíomhanna breise ó shin i leith de réir mar a d'éirigh siad a bheith i mbaol freisin. Ceadaíodh córas i leith an ospidéil nua i dTulach Mhór nach raibh PAS ann, agus mar an gcéanna i leith Ospidéal an Mhuilinn Chearr agus Ospidéal Phort Laoise.

I rith 2009, tugadh ábhar imní i dtuarascáil Iniúchta Inmheánaigh maidir le cur chun feidhme an Chórais Bhainistithe Othar (iPMS). Go sonrach, fuarthas amach

- go raibh difríochtaí suntasacha i gcur chun feidhme agus i gcumraíocht an chórais ó shuíomh go chéile. D'fhéadfadh go mbeadh fadhbanna ann dá bharr dá gcinnfí ar an gcóras a úsáid, in am trátha, le taifead othair comhroinnte caighdeánach aonair a sheachadadh
- nach raibh straitéis náisiúnta maidir le seoladh iPMS
- de bharr neamhréireachtaí aitheantóirí othar idir na suíomhanna d'fhéadfadh go mbeadh taifid iolrach ann don aon othar taobh istigh de chóras comhtháite
- is ar an leibhéal áitiúil go príomha a dhéantar cinntí maidir le cur chun feidhme agus cumraíocht
- ní dhéantar anailís tairbhe ar leibhéal náisiúnta, d'ainneoin cur i bhfeidhm i níos mó ná 30 suíomh.

D'fhiafraigh mé den Oifigeach Cuntasaíochta cad a shíl sé faoi na torthaí sin. Chuir sé in iúl dom gur fhormheas Bord FSS cur chun feidhme ar bhonn náisiúnta ar a mbeadh próisis athraithe shuntasaigh agus caighdeánú náisiúnta de dhíth ach ina ainneoin sin gur cur chuige i bhfad níos coimeádaí ab éard a cheadaigh an Roinn Airgeadais. Mar thoradh air sin, bheifí ag súil go bhfeicfí

- roinnt difríochtaí sa chumraíocht idir na suíomhanna
- aitheantóirí othair éagsúla idir na suíomhanna
- cinntí maidir le cur chun feidhme agus cumraíocht á ndéanamh go príomha ar leibhéal áitiúil
- gan anailís tairbhe á déanamh ar leibhéal náisiúnta – ós ar leibhéal áitiúil a fhabhraíonn na buntáistí go príomha sula mbeidh seoladh ann ar bhonn náisiúnta.

Mar gheall ar an tslí a gcaithfí iPMS a imscaradh, cuireadh rudaí ar leithligh chun feidhme i suíomhanna éagsúla. Mar thoradh air seo cuireadh roinnt cumraíochtaí isteach sa réiteach a bhain go sonrach le suíomhanna áitiúla ar leith arbh fhéidir go ndéanfaí nó nach ndéanfaí foráil dóibh dá mba rud é go n-imscarfaí na córais ar bhonn réigiúnach nó ar bhonn náisiúnta. Agus an méid sin ráite, is é an t-ospidéal féin a bhaineann an tairbhe is suntasaí as réiteach PAS a imscaradh, agus baintear tairbhe bhreise amach de réir mar a leathnaítear an réiteach le braislí ospidéal réigiúnach agus náisiúnta a chlúdach. Ar choinníoll go mbeidh roinnt comhionannas maidir le húsáid samhlacha sonraí agus leis an tslí a dtaifeadfar sonraí, féadfar ollstóráil sonraí agus tuairisciú náisiúnta a úsáid fós le sonraí a thógáil amach go lárnach. D'fhéadfadh ollstóráil agus tuairisciú den sórt sin léargas náisiúnta a sholáthar ar staitisticí príomha fiú in éagmais aon áisc, cé gur sonraí oibríochtúla seachas sonraí cliniciúla a tháirgfí.

Dheimhnigh an tOifigeach Cuntasaíochta dom nár tharla aon cheisteanna comh-inoibritheachta idir na suíomhanna mar go socraítear na suíomhanna is mó a chaithfidh comh-inoibriú ar an ásc céanna sa bhunachar sonraí de ghnáth, mar a tharlaíonn sé – e.g. na hospidéil i gCorcaigh Níor áiríodh ar raon feidhme na hoibre feidhmithe go dtí seo aistriú leictreonach faisnéise faoi othair idir ospidéil dhíchosúla - e.g. idir ionaid thánaisteacha agus ionaid threasacha. Bheadh infheistíocht mhór ama agus acmhainní i gceist leis seo agus níorbh fhéidir raon feidhme an tionscadail a leathnú leis an méid sin a chur san áireamh. Is laistigh de bhraislí na n-ospidéal athchumraithe, ina mbíonn grúpaí ospidéal ag obair i gcomhar lena chéile, laistigh den réigiún céanna, le seirbhísí a sholáthar ar bhealach comhroinnte taobh istigh dá cheantar sin atá an tosaíocht maidir le hidir-inoibritheacht. Beidh ásc coiteann de iPMS á chomhroinnt ag na braislí, rud a thacóidh le taifead coiteann othar ar fud na suíomhanna.

Is éard atá i gceist sa phlean ag dul ar aghaidh leis na suíomhanna go léir arna gceadú ag an Roinn Airgeadais ón gcuid dheireanach de 2009 ar aghaidh ásc amháin de iPMS a imscaradh i gcás gach 'braisle' ospidéal. Tá na braislí sin sainithe ag Clár Athchumraithe FSS. Tá an clár seo ag sainiú faoi láthair cé na hospidéil atá i ngach braisle agus cad iad na seirbhísí atá le tairiscint ag gach suíomh laistigh de na braislí. Cuireadh tús le iCM a shuiteáil ar aon suíomh amháin.

Tá an cur chuige atá beartaithe maidir le córais a fheidhmiú amach anseo agus le córais imscartha atá ann cheana faoi athbhreithniú faoi láthair, áfach, i ndiaidh plé leis an Roinn Airgeadais le déanaí.

Tá pleananna ann freisin chun obair bhreise a dhéanamh ar shuíomhanna ina bhfuil iPMS imscartha cheana féin le go mbeidh siad in ann oibriú freisin mar bhraislí. Ba chóir a thabhairt ar aird gur ghlac iar-Bhord Sláinte an Deiscirt le iSOFT mar tháirge roghnaithe i roinnt suíomhonna ar fud an réigiúin le haghaidh PAS sular measadh mar thionscadal náisiúnta é. Áireofar freisin ar liosta na súiomhanna le meas taobh istigh de raon feidhme na hoibre breise seo, dá bhrí sin, suíomhanna de chuid iar-Bhord Sláinte an Deiscirt a ritheann iSOFT. Sa Deisceart, beidh an bhraisle bunaithe thart ar Ospidéal Ollscoil Chorcaí.

Is é an leagan "réamh-Lorenzo" amháin de na bogearraí a chuireann FSS chun feidhme faoi láthair. Tá sé sin ag teacht leis an méid a d'fhormheas an Roinn Airgeadais. Is é measúnú FSS i gcás forbartha Lorenzo go bhfuil an dul chun cinn mall agus dá bhrí sin, gurb é an leagan réamh-Lorenzo an táirge is ceannasaí fós. Mar sin de, leanfar ar aghaidh ag lántacú leis an leagan réamh-Lorenzo de na bogearraí. Faoin chonradh idir FSS agus iSOFT tá sé de cheanglas ar an gcuideachta an táirge a fhorbairt agus tacú leis i gcás ar bith go dtí 2015 ar a laghad (agus níos faide, más gá, i bhfianaise na gceart sínte conartha atá ag FSS).

### *Costais*

Is ionann €29.1 milliún agus an caiteachas caipitil ar iPM agus ar iCM sa tréimhse 2005 – 2010. Ag an bpointe seo, tá iPMS in úsáid ar 29 suíomh.

Is é cineál an chonartha leis an díoltóir iSOFT go ndéanfar na táillí ceadúnais a theorannú nuair a bheidh an córas in úsáid i líon comhaontaithe suíomhanna ospidéil ghéarmhíochaine. Ina dhiaidh sin, féadfar an córas a úsáid i ngach ospidéal géarmhíochaine eile gan costais cheadúnais bhreise a thabhú. Beidh na costais a bhaineann le suíomhanna breise ina dhiaidh sin teoranta chuig costais imscartha aon uaire agus costais chur chun feidhme. Déanfar aon imscaradh sa bhreis den chóras PAS a chur ar fáil, faoi réir ceadú, ar bhonn ‘mar a bheidh gá leis', i.e. de réir mar a thagann córais oidhreachta chuig 'deireadh saoil' agus is gá athsholáthar.

## Iarscríbhinn D Córas Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne

Is córas ríomhaireachta an Córas Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne (LIMS) a uathoibríonn na gníomhaíochtaí cléireachais a bhaineann le próiseáil torthaí na dtástálacha saotharlainne. Áirítear ar na sochair a bhaineann leis cruinneas níos fearr, aisghabháil ghiorraithe maidir le torthaí tástála, agus táirgiúlacht feabhsaithe.

Is é cuspóir an tionscadail seo táirge aonair a sholáthar agus a imscaradh a dhéanfaidh freastal ar riachtanais chóras faisnéise saotharlainne ospidéalbhunaithe ar fud na tíre. Tá gá le hathsholáthar i gcás seanchóras ar shuíomhanna ospidéal mór i gcás a mbeidh na córais sin tagtha chuig deireadh saoil agus gá freisin le córais a shuiteáil ar shuíomhanna a oibríonn próisis láimhe nó próisis chléireachais atá trom ó thaobh oibríochta de.

Aithnítear an tionscadal LIMS i ndréachtstraitéis TFC FSS mar cheann de na tionscadail phríomha ar chóir a chur chun cinn ar bhonn náisiúnta. Tá sé ag teacht leis an gClár Athraithe FSS toisc gur ceapadh é le turas othair a éascú, le rioscaí a laghdú agus le fáil réidh le diomailt a eascraíonn as atástálacha.

Ní raibh aon chaiteachas caipitil TFC ar an tionscadal go dtí seo. Bhain aon chostais a tabhaíodh le cruinnithe den fhoireann tionscadail (taisteal agus cothabháil) agus le roinnt comhairle dlí maidir le saincheisteanna soláthair nó conartha. Chlúdaigh buiséid ioncaim áitiúla caiteachas den sórt sin go dtí seo.

Rinneadh dul chun cinn i dtaobh thionscadail LIMS go dtí an pointe ar tugadh an próiseas tairisceana chun críche agus ar aithníodh soláthraí roghnaithe. Dréachtaíodh dréachtchonarthaí ach níor cuireadh i gcrích iad.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom sa chás seo gur chinntigh na próisis fhormheasta agus bhainistithe tionscadal atá ar bun ó 2006 gur cuireadh stad leis an tionscadal sin sular cuireadh chun feidhme é bunaithe ar dhícheall cuí a rinneadh sula ndéanfadh FSS na conarthaí.

Tá FSS ag dul ar ais ar an margadh. Soláthróidh sé seo an deis freisin le riachtanais a thabhairt cothrom le dáta agus le haird a thabhairt ar fhorbairtí a tharla ó cuireadh tús le feidhmiú na buntairisceana. Cuirfear san áireamh torthaí athbhreithnithe mhóir ar sheirbhísí saotharlainne náisiúnta arna choimisiúnú ag FSS. Moladh san athbhreithniú sin go ndéanfar athruithe bunúsacha ar eagrú seirbhísí saotharlainne lena n-áirítear na saotharlanna a sholáthraíonn seirbhísí d’ospidéil ghéarmhíochaine móra a dheighilt ó na cinn a sholáthraíonn seirbhísí d’ospidéil nach ospidéil ghéarmhíochaine iad agus do Chúram Phríomhúil. Ghlac Bord FSS le moltaí an athbhreithnithe i mBealtaine 2007. Tá sé iomchuí dá bhrí sin go nglacfadh tionscadal LIMS leis na moltaí sin anois mar cheanglais agus iad ag ullmhú chun dul ar ais ar an margadh.

Nuair a bheidh an soláthar déanta, beidh na conarthaí curtha i bhfeidhm agus tionscadal tagtha trí athbhreithniú piaraí, bunaithe ar an taithí roimhe seo, táthar ag súil go dtógfaidh sé thart ar shé mhí leis na córais sin a imscaradh de réir ceantair (grúpaí ospidéal) agus ar an mbonn sin, go nglacfaidh sé sin thart ar dhá bhliain leis na córais a imscaradh chuig gach suíomh atá laistigh den raon feidhme faoi láthair. Glactar leis gurb é raon feidhme an tionscadail seo gach suíomh nach bhfuil tacú ann níos mó dá gcórais oidhreachta.

# Caibidil 40

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Bainistiú Ioncam Othar

# Bainistiú Ioncam Othar

40.1 Tuairiscíodh tráthúlacht bhailiúchán na muirear cothabhála dlite ó othair phríobháideacha agus cúiseanna a bhain leis na moilleanna bailiúcháin i dTuarascáil Bhliantúil 2008. Bailítear formhór mór na muirear cothabhála ó árachóirí príobháideacha na n-othar. Ba é tátal na Tuarascála 2008 ná go raibh moilleanna suntasacha maidir le fiachais a bhailiú ó árachóirí de bharr an méid seo a leanas

- córais riaracháin atá as faisean agus
- moilleanna na gcomhairleach ag síniú na n-éileamh.

## Béim na Caibidle

Déanann an Chaibidil seo athbhreithniú ar fheidhmíocht bailiúcháin i rith 2009 in iarracht a fháil amach cibé ar tháinig feabhas ar bhailiúchán fiachais ó árachóirí príobháideacha.

Lorgaíodh tuilleadh eolais ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis an ngníomh a glacadh nó atá beartaithe chun tráthúlacht an bhailiúcháin a fheabhsú.

# Feidhmíocht Bhailiúcháin

40.2 Tháinig ardú beag ar an bhfiachas gan íoc an 31 Nollaig 2009 ach bhí titim bheag sa tréimhse creidmheasa sna hospidéil mhóra FSS agus sna hospidéil dheonacha ollmhóra araon. Leagann Fíor 191 amach an fiachas gan íoc an 31 Nollaig 2009 agus meánlíon an ioncaim gach mí a léiríonn sé d'ospidéil mhóra FSS, mar aon leis na figiúirí comparáideacha an 31 Nollaig 2008.

**Fíor 191 Fiachas Gan Íoc d'Ospidéil Mhóra FSS an 31 Nollaig 2009**

| Ospidéal | Dlite ag Deireadh na Bliana | | Ioncam don Bhliain | | Féichiúnaithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2009 €m | 2008[a] €m | 2009 €m | 2008 €m | 2009 Míonna | 2008 Míonna |
| Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge | 8.5 | 12.3 | 14.1 | 13.2 | 7.2 | 11.1 |
| Ospidéal Ginearálta Shligigh | 3.9 | 5.7 | 8.9 | 7.6 | 5.2 | 9.0 |
| Ospidéal Ollscoile Chorcaí[b] | 13.0 | 9.4 | 36.5 | 26.3 | 4.2 | 4.3 |
| Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe | 13.1 | 11.9 | 23.7 | 21.8 | 6.6 | 6.5 |
| Ospidéal Réigiúnach Luimnigh | 11.4 | 8.9 | 22.8 | 18.2 | 6.0 | 5.8 |
| Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha | 6.7 | 8.4 | 13.1 | 13.9 | 6.1 | 7.2 |
| **Gach Ospidéal de chuid FSS** | **92.5** | **89.8** | **195.2** | **170.8** | **5.7** | **6.3** |

Foinse: Anailís á sholáthar ag an FSS.
Nótaí:
a Thug an FSS athbhreithniú ar chatagóiriú Ioncaim i rith 2009 i gcríoch agus mar thoradh air sin rinne árachóirí príobháideacha coigeartuithe leis an bhfiachas gan íoc ag deireadh 2008.
b In 2009, ionchorpraíonn Ospidéal Ollscoile Chorcaí na seirbhísí máithreachais a bhí á soláthar roimhe seo ag Ospidéal Erinville agus Naomh Fionbarra agus athluaitear figiúirí na bliana roimhe sin. I dTuarascáil Bhliantúil 2008, tugadh Máithreachas Aontaithe ar Ospidéal Erinville agus Ospidéal Naomh Fionbarra.

40.3 Leagann Fíor 192 amach an fhaisnéis chomhfhreagrach d'ospidéil dheonacha.

**Fíor 192 Fiachas Gan Íoc d'Ospidéil Mhóra Dheonacha an 31 Nollaig 2009**

| Ospidéal | Dlite ag Deireadh na Bliana | | Ioncam don Bhliain | | Féichiúnaithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2009 €m | 2008 €m | 2009 €m | 2008 €m | 2009 Míonna | 2008 Míonna |
| Ospidéal Mater Misericordiae[a] | 12.0 | 8.7 | 10.6 | 8.8 | 13.6 | 11.8 |
| AMNCH - Tamhlacht | 13.8 | 15.5 | 28.3 | 23.8 | 5.8 | 7.8 |
| Beaumont | 11.4 | 10.1 | 19.6 | 15.8 | 6.9 | 7.7 |
| Ospidéal San Séamas[b] | 7.3 | 6.9 | 26.5 | 22.2 | 3.3 | 3.7 |
| An Otharlann Theas | 3.8 | 3.5 | 12.9 | 10.3 | 3.5 | 4.1 |
| Ospidéal Shráid Holles | 4.5 | 3.2 | 12.5 | 10.0 | 4.3 | 3.8 |
| Ospidéal Ollscoile na Trócaire | 6.5 | 4.1 | 16.0 | 13.2 | 4.9 | 3.7 |
| **Gach Ospidéal Deonach** | **82.6** | **70.4** | **190.6** | **153.5** | **5.2** | **5.5** |

Foinse: Anailís á soláthar ag an FSS.

Nótaí:

a Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom nach raibh na figiúirí d'Ospidéal Mater Misericordiae fíoraithe.

b Mar thoradh ar thabhairt isteach phróiseáil leictreonach na n-éileamh, thug Ospidéal San Séamas athbhreithniú na bhféichiúnaithe iomlána gan íoc i rith 2009 agus ba é an toradh a bhí air sin ná coigeartuithe chuig an bhfiachas gan íoc ó árachóirí príobháideacha ag deireadh 2008.

## Tionscnaimh Bhainistíochta Fiachais 2009

40.4 Tuairiscíonn an FSS ceithre thionscnamh, atá deartha chun an méid ama a chaithfidh sé fanacht ar ioncam dlite ó othair phríobháideacha, atá tógtha nó atá beartaithe, a laghdú

- spriocanna bailiúcháin a bhunú ag leibhéal an ospidéil
- tíolacadh éileamh níos minice chuig árachóirí
- gluaiseacht chuig próiseáil leictreonach éileamh
- lárú billeála.

### *Spriocanna an Ospidéil*

40.5 Ón ráithe deiridh de 2009 tá spriocanna á socrú do bhailiúchán airgid tirim do gach ospidéal bunaithe ar an difríocht idir a laethanta féichiúnais iarbhír agus a sprioclaethanta féichiúnais de 65 (35 lá chun an t-éileamh a chur isteach agus 30 lá don árachóir chun an t-éileamh a phróiseáil augs a íoc). Chuir an FSS tábhacht an tionscadail seo don FSS in iúl do Bhainisteóirí Ospidéil, do Bhoird Feidhmiúcháin agus do Stiúrthóirí Cliniciúla agus iarradh orthu tacaíocht a thabhairt don tionscnamh. D'imlonnaigh na hOspidéil comhaltaí foirne chun cuidiú le tacaíocht a thabhairt don tionscadal agus i roinnt cásanna athghlaodh comhaltaí foirne óna saoire. Rinne Stiúrthóirí Cliniciúla agus Bainisteoirí Ospidéil teagmháil le comhairligh chun cabhrú le foirmeacha éilimh a chomhlíonadh. Déanann bainistíocht shinsearach an FSS monatóireacht ar

dhul chun cinn ar bhonn seachtainúil. D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, níor tháinig laghdú an-suntasach ar an tréimhse creidmheasa.

### *Árachóirí Príobháideacha*

40.6 Ó mhí na Nollag 2009, tá athrú tagtha ar an modh chun déileáil le hárachóirí, ag bogadh chuig éilimh a chur isteach gach lá seachas gach mí mar a bhí roimhe seo. Bunaíodh scéim phíolótach leis an VHI agus le Aviva Healthcare i sé ospidéal roghnaithe, a cheadaíonn do chomhairleoir tánaisteach a bhfuil baint aige/aici leis an gcás an fhoirm éilimh a shíniú tar éis tréimhse ama sainmhínithe. Táthar tar éis an scéim phíolótach a shíneadh chuig sé ospidéal eile agus comhaontaíodh athrú breise ina nglacfadh an VHI le héilimh gan sonrasc an phríomhchomhairligh féin. Cuireadh na tionscnaimh seo ar fionraí le linn na conspóide caidrimh thionsclaíoch le déanaí ach bhí siad á n-athghníomhachtú i mí Lúnasa 2010.

### *Éilimh a Chur Isteach go Leictreonach*

40.7 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil idirbheartaíochtaí ar bun le soláthróirí árachais príobháideacha chun malartú leictreonach sonraí a chur i bhfeidhm a chuirfidh luas suntasach faoi na scéimeanna agus leis an bpróiseas íocaíochta. Tá an FSS ag obair leis an Roinn Sláinte agus Leanaí (an Roinn) agus leis an Roinn Airgeadais féachaint chun sonraí éilimh a chur isteach go leictreonach, sa chéad ásc, sna deich ospidéal deonach agus FSS is mó. Tá an cás gnó chun próiseáil leictreonach éileamh a chur i bhfeidhm curtha faoi bhráid na Roinne. Rinne Ospidéal San Séamas píolótú ar an tionscadal seo agus d'éirigh leis meánmhíonna féichiúnaí a laghdú ó 3.7 mí in 2008 go dtí 3.3 mí in 2009.

### *Saoráid Bainistíochta Creidmheasa Náisiúnta Seirbhísí Roinnte*

40.8 Tá faomhadh faighte ón Roinn agus ón Roinn Airgeadais chun tús a chur le lárú chóras billeála iomlán an FSS. Tá sé seo deartha chun an próiseas a shruthlíniú agus aird a dhíriú ar bhailiúchán na bhfiachas gan íoc go léir. Eisíodh cáipéisí tairisceana don tionscadal in Eanáir 2010 ach bhí tionchar ag an gconspóid caidrimh thionsclaíoch le déanaí ar an tionscnamh. Tá an próiseas athghníomhachtaithe ag an FSS agus táthar ag súil go síneofar conradh sa ráithe deiridh de 2010 agus go mbeidh an t-aonad réidh chun tús a chur le próiseal na mbillí FSS go léir sa dara leath de 2011.

### *Moltaí chun Ioncam Othar a Bhainistiú Amach Anseo*

40.9 Chur an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur chreid an FSS, cé go bhfeasóidh na gníomhartha go léir atá tógtha go dtí seo bailiú ioncam agus go n-éascóidh siad luasghéarú bhailiú airgid tirim ina mbealach féin, go bhfuil an próiseas éileamh agus bailithe ioncam príobháidaigh, mar a sheasann sé, fabhtach go bunúsach agus caithfear é a athrú go mór. Bhí dhá rogha molta ag an FSS don Roinn Sláinte agus Leanaí in Iúil 2010 chun ioncam othar a bhainistiú amach anseo. Bhain an chéad rogha le teorainneacha agus íocaíochtaí airgid tirim comhaontaithe le hárachóirí agus bhain an dara rogha le muirir othar cónaitheach ospidéil agus íocaíochtaí muirear príobháideach a dhíchúpláil.

#### *Airgead Tirim Roimh Ré*

40.10 Bhainfeadh an chéad rogha le íocaíocht bhliantúil ar chuntas ar ionann é agus 95% d'íocaíochtaí na bliana roimhe sin a bheadh comhaontaithe le hárachóirí príobháideacha roimh ré agus a d'íocfaí leis an FSS le sceideal comhaontaithe i rith na bliana reatha. D'fhéadfadh árachóirí príobháideacha iniúchadh a dhéanamh ar chásanna ar leith ina dhiaidh sin ag leibhéal staitistiúil comhaontaithe agus aon choigeartuithe airgid tirim cuí a dhéanamh le hiarmhéideanna ospidéil

aonair de réir mar is gá. Chuirfeadh sé sin deireadh leis an bhfadhb a bhaineann le bailiú airgid tirim chomh maith le laethanta féichiúnaí a laghdú go dtí uasmhéid de 60.

40.11 Measann an FSS go mbeadh sreabhadh airgid tirim feabhsaithe aon uaire de thart ar €116 milliún chuig an gcóras ospidéil poiblí mar thoradh ar an sochar airgid. Mheas sí chomh maith go sábhálfaí 200 post comhionann lánaimsire ar an laghad sa chóras sláinte poiblí mar thoradh ar an laghdú i bhforchostas riaracháin san FSS agus in ospidéil dheonacha.

### *Díchúpláil*

40.12 Bhain an dara rogha le billeáil mhuirear othar cónaitheach ospidéil a dhíchúpláil ó bhilleáil mhuirear príobháideacha na gcomhairleach liachta. Is é tuairim an FSS é gur muirir reachtúla iad na muirir othar cónaitheach a chineann an tAire agus atá dlite lena n-íoc laistigh de 30 lá ó scaoiltear amach an othar de réir gnáth-théarmaí gnó agus ag fanacht laistigh de spiorad na reachtaíochta um Íoc Pras Cuntas. Bheadh an FSS ullmhaithe chun leanúint le billí muirear príobháideach a phróiseáil thar ceann na gcomhairleach ar choinníoll go dtiocfaí ar chomhaontú leis na hárachóirí príobháideacha go n-íocfaí muirir othar cónaitheach laistigh de 30 ó scaoiltear amach an othar.

## Conclúid

Tá laghdú beag tagtha ar an achar ama a bhfanann fiachais gan íoc i leith cothabhála othar. Tá sé molta ag an FSS sraith gníomhartha a thógáil chun bailiú muirear othar cónaitheach a fheabhsú. Ní bhainfear amach aon éifeacht shubstaintiúil ó na gníomhartha sin go dtí 2010 ar aghaidh. Ba chóir don FSS tionchar na mbeart a choinneá.

# Caibidil 41

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Scéim Aisíoca Fadchónaithe

# Scéim Aisíoca Fadchónaithe

41.1 De réir rialacháin 1976 ceanglaíodh ar othair fhadchónaithe nach raibh i teideal iomlán acu chun seirbhísí d'othair chónaithe saor in aisce cion (bunaithe ar chúinsí pearsanta) dá n-ioncam a thabhairt chun íoc as a gcúram. Ghearr na sean-bhoird sláinte na muirir fosta, áfach, ar othair fhadchónaithe a raibh nó a mheasfaí go raibh teideal iomlán acu.

41.2 Ceistíodh bailíocht na muirear seo, agus i mí na Nollag 2004 threoraigh an tAire Sláinte agus Leanaí go gcuirfí na muirir go léir a bhí á ngearradh ar othair fhadchónaithe (is cuma cén incháilitheacht) ar fionraí le héifeacht láithreach.

41.3 Tar éis comhairle dlí a fháil, thug an Rialtas reachtaíocht isteach [281] chun bunús dlí a chur ar fáil le haghaidh muirir a ghearradh ar gach othar fadchónaithe (is cuma cén incháilitheacht) i leith a gcuid cothabhála in institiúidí fadchónaithe. I mí Feabhra 2005, áfach, chinn an Chúirt Uachtarach go raibh nádúr cúlghabhálach an Bhille míbhunreachtúil. Aisghaireadh rialacháin 1976, agus le reachtaíochta nua (a achtaíodh an 14 Iúil 2005) dlisteanaíodh na muirir ar othair fhadchónaithe ón dáta sin.

41.4 Achtaíodh an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 (an tAcht) i mí an Mheithimh 2006 chun bunús dlí a chur ar fáil le haghaidh muirir fhadchónaithe a aisíoc ar mhuirir iad a gearradh ar dhaoine a raibh teideal iomlán acu ó 1976 i leith i.e. na daoine sin a raibh cárta leighis acu nó a bhí i dteideal cárta leighis.

## Íocaíochtaí Ex-Gratia

Roimh an scéim reachtúil aisíoca a thabhairt isteach, bhí othair bheo a raibh teideal iomlán acu agus a d'íoc muirir roimh an 9 Nollaig 2004 i dteideal íocaíochta *ex-gratia* de suas le €2,000 láithreach. Comhartha dea-thola ón Aire Sláinte agus Leanaí a bhí anseo. Eisíodh 11,322 íocaíocht *ex-gratia* ar fad arb ionann iad agus €21.9 milliún.

41.5 Tugadh isteach an scéim aisíoca i mí Lúnasa 2006, agus ba é an 31 Nollaig 2007 an dáta deiridh le haghaidh éileamh.

41.6 Bhí teidlíocht chun aisíoca ann sna cásanna seo:

- áitritheoirí in áiseanna fadchónaithe poiblí agus leapacha poiblí ar conradh a bhí beo an 9 Nollaig 2004 agus a muirearaíodh ag am ar bith ó Lúnasa 1976 i leith
- eastáit daoine i dteideal a muirearaíodh agus a fuair bás tar éis an 9 Nollaig, 1998
- céilí nó leanaí daoine i dteideal, a d'íoc muirir sláinte inghnóthaithe.

41.7 Chuimsigh na teidlíochtaí aisíoca na muirir sláinte inghnóthaithe móide suim chun boilsciú a chur san áireamh [282] ach lúide méid aon íocaíochta ex-gratia a fuarthas.

41.8 Leis an Acht fosta foráladh go mbunódh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ciste (Ciste (Síntiúis) na Scéime Aisíoca) lena bhféadfadh éilitheoirí síntiús a dhéanamh; mhaoineodh an ciste feabhsuithe aonuaire ar sheirbhísí sláinte poiblí le haghaidh daoine scothaosta

---

[281] An Bille Sláinte (Leasú) (Uimh.2), 2004.

[282] Arna ríomh i gcomhréir leis na Rialacháin Sláinte (Ús is Iníoctha ar Mhuirir Sláinte Inghnóthaithe) 2006 (IR 445 de 2006).

cleithiúnacha agus daoine le míchumais. Ní fhéadfaí an ciste a úsáid chun costais a íoc ar costais iad a íocfaí, i ngnáthchúrsa sholáthar na seirbhísí sláinte poiblí, trí leithdháileadh Stáit.

## Riarachán na Scéime

41.9 D'fhostaigh an FSS cuibhreannas lena n-áirítear gnólacht cuntasóirí agus gnólacht aturnaetha (Riarthóir na scéime) chun an scéim a dhearadh agus a bhainistiú d'fhonn a áirithiú gur leis na daoine cearta a dhéanfaí na haisíocaíochtaí, go n-íocfaí an méid ceart agus go ndéanfaí é chomh tapa agus ab fhéidir . Bhí Riarthóir na scéime chun

- faisnéis a chur ar fáil d'éilitheoirí sna céimeanna tosaigh
- déileáil le gach éileamh ar aisíoc faoin reachtaíocht
- incháilitheacht a fhíorú tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí
- na héilimh a ríomh agus éilitheoirí a chur ar an eolas maidir le stádas na n-éileamh.

41.10 Chomhlánaigh agus mhionnaigh éilitheoirí foirm iarratais agus chuir siad faoi bhráid Riarthóir na Scéime í. Fuair Riarthóir na Scéime amach ansin an raibh cárta leighis ag an duine, nó an raibh sé nó sí i dteideal cárta leighis. Rinne Riarthóir na Scéime athbhreithniú ar na taifid ábhartha sna saoráidí fadchónaithe éagsúla a measadh a bheith laistigh de théarmaí tagartha na scéime, d'fhonn méid na n-aisíocaíochtaí a bhí dlite a fháil amach. I gcás ina raibh na taifid neamhiomlán chomhaontaigh Riarthóir na Scéime agus an FSS, sraith rialacha a cheadódh meastachán ar an aisíocaíocht dhlite, ag féachaint do na taifid a bhí ar fáil agus/nó d'éilimh inchomparáide ó áitritheoirí in áiseanna fadchónaithe eile.

41.11 Nuair a bhí méid na muirear a bhí le haisíoc ríofa ag Riarthóir na Scéime, rinneadh asbhaintí maidir le haon íocaíocht *ex-gratia* agus muirir ar bith gan íoc a bhí iníoctha go cuí faoi na Rialacháin Sláinte (Táillí i leith Seirbhísí d'Othair Chónaithe) 2005 agus ansin cuireadh an boilsciú san áireamh. Cuireadh an méid sin in iúl ansin don éilitheoir i litir tairisceana. Tar éis don éilitheoir glacadh leis an tairiscint fógraíodh na híocaíochtaí dlite don FSS le haghaidh íocaíochta.

## Gníomhaíocht Éilimh

41.12 Fuarthas amach faoi incháilitheacht na n-othar beo ina gcónaí i gcúram fadchónaithe trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis go léir ar fáil lena n-áirítear taifid institiúideacha, taifid cárta leighis agus sonraí ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Bhí 13,673 iarratas ó dhaoine beo.

41.13 I ndáil le daoine a fuair bás tar éis an 9 Nollaig, 1998, nuair a bhí probháid bainte amach bhí an seiceadóir nó an riarthóir i dteideal iarratas a dhéanamh.

41.14 Murar eisíodh deonú probháide i leith an eastáit, d'fhéadfadh duine deimhniú teidlíochta a iarraidh ar Riarthóir na Scéime. Má bhí Riarthóir na Scéime sásta go raibh an t-iarratasóir i dteideal an t-éileamh a dhéanamh, eisíodh deimhniú teidlíochta ag cur ar chumas an duine sin iarratas a chur isteach. Bhí 18,543 iarratas den sórt sin agus 11,778 éileamh mar thoradh. San iomlán, fuarthas 21,693 iarratas i leith daoine éagtha.

41.15 Ba é líon na n-iarratas a fuarthas faoin scéim faoin 14 Bealtaine 2010 ná 35,366. Astu seo glacadh go raibh 21,301 bailí agus diúltaíodh do 14,038 agus bhí cinneadh fós le teacht ar an 27 cás eile. Ina theannta sin, tá cásanna inar eisíodh deimhnithe teidlíochta ach gan aon iarratas a bheith déanta. D'fhéadfadh suas le 165 iarratas leantach a bheith mar thoradh air seo fós.

41.16 Tá toradh phróiseáil na n-iarratas go dtí an 14 Bealtaine leagtha amach in Fíor 193.

**Fíor 193 Gníomhaíocht Iarratais ó Thús na Scéime go dtí an 14 Bealtaine 2010**

| | Othair bheo | Othair éagtha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Iomlán na n-iarratas** | 13,673 | 21,693 | 35,366 |
| Le próiseáil fós | (5) | (22) | (27) |
| **Iarratais phróiseáilte** | **13,668** | **21,671** | **35,339** |
| Diúltaithe | (5,850) | (8,188) | (14,038) |
| **Iarratais bhailí**[a] | **7,818** | **13,483** | **21,301** |

Foinse: FSS

Nóta:

a Tugadh 4,582 tairiscint d'othair bheo a ndearna an FSS iarratas ar a son nuair nach raibh an t-othar féin in ann éileamh a dhéanamh agus nuair nach raibh aon duine a ceapadh go dleathach a d'fhéadfadh éileamh a dhéanamh ar a son.

41.17 I measc an 21,301 iarratas bailí a fuarthas, bhí cásanna ina raibh ar dhuine eile an t-iarratas a dhéanamh arís, mar gheall ar bhás an éilitheora. De bharr an fhorluí seo, measann an FSS go mbeidh líon deiridh na n-éileamh a mbeidh aisíoc mar thoradh orthu thart ar 20,000.

41.18 I gcás 215 iarratas bailí ní dhearnadh aisíoc leis an éilitheoir toisc go raibh an aisíocaíocht chomhlán, agus coigeartú don bhoilsciú san áireamh, lúide muirir dhlite ar bith (má b’ann dóibh), níos lú ná luach na híocaíochta *ex-gratia* a íocadh leis an éilitheoir cheana féin.

41.19 D’fhéach cionmhaireacht na n-iarratas ar diúltaíodh dóibh ard ag 40% agus dá bhrí sin d'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta achoimre a thabhairt ar na cúiseanna gur diúltaíodh d’éilimh. Fíor 194 a thugann na cúiseanna go achomair.

**Fíor 194 Na cúiseanna gur diúltaíodh d’éilimh**

| Cúis | Líon na n-éileamh |
|---|---|
| Institiúid lasmuigh den scéim | 5,136 |
| Níor íocadh muirir inghnóthaithe ar bith | 2,161 |
| Tarraingthe siar mar gheall ar bhás an othair | 1,946 |
| Éilimh dhúbailte | 1,638 |
| Dáta báis roimh an 9 Nollaig 1998 | 812 |
| Tarraingthe siar ag an éilitheoir | 387 |
| Dáta iontrála tar éis an 10 Nollaig 2004 | 285 |
| Eile[a] | 1,673 |
| | **14,038** |

Foinse: FSS

Nóta:

a Clúdaíonn sé seo thart ar 20 cúis eile gur diúltaíodh d’éilimh.

## Glacadh leis an scéim

41.20 Mheas an FSS ar dtús go mbeadh idir 15,000 agus 20,000 duine a bhí beo fós agus idir 40,000 agus 50,000 eastát incháilithe don scéim ar chostas iomlán de thart ar €1 billiún. Mheas an FSS go raibh an meastachán don chohórt beo measartha cruinn agus é bunaithe ar uimhreacha an 9 Nollaig 2004. Ní raibh na figiúirí do na heastáit chomh hiontaofa chéanna i bhfianaise chaighdeáin éagsúla thaifid na n-institiúidí thar thréimhse 30 bliain.

41.21 Eisíodh 129,156 foirm iarratais san iomlán trí Oifigí an Phoist, ionaid FSS agus mar thoradh ar iarrataí chuig lárionaid glaonna.

41.22 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom nach raibh sé indéanta a bheith cinnte faoi na cúiseanna go raibh an glacadh íseal, mar nach raibh aon suirbhé sonrach déanta, ach gur chosúil go raibh na fachtóirí seo a leanas i gceist

- bhí na hothair agus a ngaolta sásta leis an gcúram a fuarthas agus ní raibh aon aisíoc á lorg acu
- d'fhéadfadh saincheisteanna maidir le cánachas agus na Coimisinéirí Ioncaim a bheith tagtha chun cinn
- i roinnt cásanna ní raibh neasghaol ar bith ann
- d'fhéadfadh gur chuir an méid cáipéisíochta a bhí riachtanach bac ar éilimh.

## Béim na Caibidle

Tugann an chaibidil toradh an athbhreithnithe a ndearnadh chun na nithe seo a fháil amach

- costas na n-aisíocaíochtaí faoin scéim go dtí an 31 Nollaig 2009 agus costas measta deiridh na n-aisíocaíochtaí
- an costas a bhain leis an scéim a riar go dtí an 31 Nollaig 2009 agus costas measta deiridh an riaracháin
- stádas na n-achomharc agus na gcaingne dlí a d'eascair as an scéim
- an úsáid a bhain FSS as na síntiúis a ndearnadh le Ciste na Síntiús.

## Aisíocaíochtaí

41.23 Tháinig an caiteachas go deireadh 2009 go dtí thart ar €446.9 milliún. Tá an caiteachas ar an scéim thar na blianta 2006 go 2009 leagtha amach in Fíor 195.

**Fíor 195 Caiteachas ar aisíocaíochtaí sláinte go dtí an 31 Nollaig 2009**

| | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| Íocaíochtaí le héilitheoirí | 13,382,473 | 119,804,063 | 214,928,756 | 73,138,689 | 421,253,981 |
| Costais Riaracháin | 2,966,464 | 4,890,425 | 12,851,682 | 4,901,445 | 25,610,016 |
| **Iomlán** | **16,348,937** | **124,694,488** | **227,780,438** | **78,040,134** | **446,863,997** |

Foinse: An Cuntas Speisialta chun críocha an Achta Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006.

41.24 Eisíodh €10 milliún sa bhreis in íocaíochtaí d'éilitheoirí go dtí an 30 Meitheamh 2010. Den €431 milliún san iomlán a íocadh le héilitheoirí go dtí lár na bliana 2010, baineann €335 milliún le haisíocaíochtaí agus €96 milliún leis an gcoigeartú don bhoilsciú.

## Muirir tar éis an 9 Nollaig 2004

41.25 Cé gur lean formhór na n-institiúidí treoir an Aire maidir leis na muirir a chur ar fionraí le héifeacht ó mhí na Nollag 2004, ní dhearna roinnt institiúidí amhlaidh. Tá thart ar 600 othar a muirearaíodh tar éis an dáta sin aitheanta ag an FSS.

41.26 Níl próiseáilte ag Riarthóir na Scéime ach aisíocaíochtaí bunaithe ar shonraí ó FSS go dtí Nollaig 2004 agus dá réir sin níor chuimsigh formhór na n-aisíocaíochtaí faoin scéim go dtí seo ach muirir a ghearradh go dtí mí na Nollag 2004. Forálann an tAcht d'aisíoc suimeanna a muirearaíodh ar dhaoine ábhartha, le hincháilitheacht iomlán faoi na Rialacháin i bhfeidhm, ag am ar bith roimh mhí Iúil 2005.

41.27 Is é beartas FSS gan aisíocaíochtaí a phróiseáil ach amháin i leith na ndaoine a d'éiligh, agus tá sé ag athsheiceáil chun a áirithiú go bhfuil gach muirear sa tréimhse go dtí Iúil 2005 aisíoctha. Níl sé i gceist aige aisíoc le daoine nó le heastáit mura bhfuil éileamh ar aisíoc faighte.

## Costas na Scéime Riaracháin

41.28 Tá na híocaíochtaí a rinne an FSS chun an scéim a riar thar an tréimhse go deireadh 2009 leagtha amach in Fíor 196.

**Fíor 196 Costas Riaracháin go dtí an 31 Nollaig 2009**

| Costais Riaracháin[a] | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| Costais Riarthóir na Scéime[b] | 1,202,901 | 2,284,119 | 10,058,972 | 2,981,748 | 16,527,740 |
| Costais Phá FSS | 312,002 | 962,846 | 1,256,912 | 1,197,371 | 3,729,131 |
| Fógraíocht | 823,909 | 452,998 | 70,858 | - | 1,347,765 |
| Táillí Dlí agus Gairmiúla | 485,725 | 749,601 | 1,189,208 | 608,646 | 3,033,180 |
| Costais Oifige | 141,927 | 440,861 | 275,732 | 113,680 | 972,200 |
| **Iomláin** | **2,966,464** | **4,890,425** | **12,851,682** | **4,901,445** | **25,610,016** |

Foinse: An Cuntas Speisialta chun críocha an Achta Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006.

Nótaí:

a Lena n-áirítear €1.2 milliún i leith chostais phárolla na hOifige Achomharc neamhspleáí.

b Is é an chuid den €16.5 milliún thuas a fhágtar tar éis CBL a bhaint ná €13.04 milliún.

41.29 De réir théarmaí an chonartha idir FSS agus Riarthóir na Scéime tá an costas iomlán teoranta do €15 milliún (gan CBL) beag beann ar líon na n-éileamh a phróiseáiltear nó an dáta ar a gcríochnaítear an t-éileamh deiridh a phróiseáiltear.

41.30 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom nach sárófar an teorainn de €15 milliún, gan CBL san áireamh, de réir an chonartha toisc go gcuireann téarmaí an chonartha iallach ar Riarthóir na Scéime próiseáil gach éilimh a chríochnú. Chuir sé in iúl dom chomh maith, toisc nach raibh ach líon beag éileamh gan íoc ag an 30 Meitheamh 2010, go rabhthas ag súil go gcríochnódh Riarthóir na Scéime próiseáil na n-éileamh seo agus an obair go léir a bhí le déanamh fós faoin

gconradh in 2011[283]. Chomh maith leis sin tá oibleagáid ar Riarthóir na Scéime próiseáil na n-éileamh a chríochnú má chuireann an Oifig Achomharc cinneadh bunaidh Riarthóir na Scéime ar ceal.

## An Próiseas Achomhairc

41.31 Forálann an reachtaíocht d'Oifig Achomharc neamhspleách. Má dhiúltaíonn Riarthóir na Scéime d'éileamh nó mura bhfuil éilitheoir sásta leis an méid a atá á thairiscint, is féidir achomharc a thaisceadh laistigh de 28 lá.

41.32 Tá an rogha ag an achomharcóir go ndéanfaí an t-achomharc a chinneadh ar bhonn fianaise dhoiciméadach nó tar éis éisteacht ó bhéal os comhair na hOifige Achomharc. Go dtí deireadh mhí na Nollag 2009, bhí éisteacht ó bhéal i gceist in 1,729, nó 42%, de na cásanna achomhairc go léir a tugadh chun críche.

41.33 Tá líon agus stádas na n-achomharc a ndearnadh ag deireadh mhí Iúil 2010 leagtha amach in Fíor 197.

**Fíor 197 Gníomhaíocht na hOifige Achomharc go dtí deireadh mhí Iúil 2010**

| | 2007 | 2008 | 2009 | Go dtí Iúil 2010 |
|---|---|---|---|---|
| Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe | - | 1,679 | 2,644 | 1,708 |
| Achomhairc a fógraíodh sa bhliain | 2,131 | 3,902 | 754 | 83 |
| Fógartha agus tarraingthe siar | (43) | (702) | (226) | (126) |
| Cinntí a glacadh | (409) | (2,235) | (1,464) | (515) |
| **Achomhairc a bhí fós le cinneadh ag deireadh na tréimhse** | **1,679** | **2,644** | **1,708** | **1,150** |

Foinse: Tuarascálacha bliantúla na hOifige Achomharc.

41.34 Chuir an Oifig Achomharc in iúl dom go mbeidh cinneadh críochnaitheach ar 514 de 1,150 achomharc fós ar feitheamh go dtí go mbíonn toradh leis na himeachtaí atá os comhair na hArd-Chúirte faoi láthair. Tá súil ag an Oifig Achomharc go mbeidh fuílleach na gcásanna seo tugtha chun críche faoi Aibreán 2011.

41.35 Bhí 4,623 cinntí glactha ag an Oifig Achomharc go dtí an 2 Iúil 2010. Bhí torthaí an phróisis achomhairc mar seo a leanas

- Sna 1,391 cás ina raibh agóid déanta i gcoinne mhéid na dámhachtana, thacaigh an Oifig Achomharc leis an tairiscint a rinne Riarthóir na Scéime in 51% de na cásanna. In 45% de na cásanna méadaíodh an tairiscint a bhí déanta agus sna 4% a bhí fágtha laghdaíodh é.
- Sna 3,232 cás inar dhiúltaigh Riarthóir na Scéime don éileamh, thacaigh an Oifig Achomharc leis an gcinneadh in 87% de na cásanna agus cuireadh an cinneadh ar ceal in 13%.

41.36 San iomlán, dá bhrí sin, thacaigh 76% de chinntí na hOifige Achomharc le cinneadh Riarthóir na Scéime.

41.37 Chuir an Oifig Achomharc in iúl dom go bhfuil formhór na gcinntí, nuair a d'aontaigh sé le cinneadh Riarthóir na Scéime diúltú d'éileamh, bunaithe ar an bhfíric nach gclúdaíonn an scéim

[283] D'fhéadfadh tionchar a bheith ag toradh na n-achomharc ar an scála ama seo.

na muirir a tabhaíodh i gcúram a conraíodh go príobháideach nó i gcúram pobalbhunaithe fadchónaithe.

41.38 Ina theannta sin, tá formhór mór na gcinntí, nuair nár aontaigh sé le cinneadh Riarthóir na Scéime diúltú d'éileamh, bunaithe cibé acu ar othar a bheith sainaitheanta go mícheart mar dhuine nach bhfuil teideal iomlán aige nó aici, nó ar leaba a conraíodh go poiblí a bheith sainaitheanta go mícheart mar leaba a conraíodh go príobháideach (agus muirir sláinte inghnóthaithe a bheith gearrtha ar an othar agus é nó í sa leaba sin a conraíodh go poiblí).

## Caingne Dlí

41.39 Tá roinnt caingne dlí a d'fhéadfadh impleachtaí a bheith acu maidir le costas socraíochta agus costas deiridh na scéime seo.

41.40 D'eisigh an Oifig Achomharc cinntí i dtrí chás shamplacha inar fhreaschuir sé diúltú Riarthóir na Scéime d'iarratais i leith trí eagraíocht dheonacha a rinne iarratas ar son a gcuid cliant. Diúltaigh Riarthóir na Scéime do na hiarratais ar an bhforas

- go raibh na cliaint i dteach altranais príobháideach nó in áit chónaithe pobail agus dá bhrí sin lasmuigh de raon feidhme na scéime agus
- nár luigh na muirir a d'íoc siad le brí na bhfocal "muirir sláinte inghnóthaithe" mar atá siad sainithe ag an Acht.

41.41 Tá achomharc ar phonc dlí [284] déanta ag FSS agus ag an tAire Sláinte agus Leanaí chuig an Ard-Chúirt in aghaidh na gcinntí seo de chuid na hOifige Achomharc. Tá impleachtaí ionchasacha aige seo i leith 511 éileamh breise atá faoi achomharc.

41.42 Tá achomhairc (thart ar 250) ó thrí eagraíocht dheonacha eile le réiteach go fóill ag an Oifig Achomharc.

41.43 Ina theannta sin, tá athbhreithniú breithiúnach amháin, agus trí achomharc os comhair na hArd-Chúirte. Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte agus Leanaí gur dúshlán do théarmaí na Scéime aisíoca go bunúsach atá san athbhreithniú breithiúnach atá os comhair cúirte agus go n-ardaíonn sé an tsaincheist faoi chatagóirí áirithe institiúide a bheith á n-eisiamh ón scéim. Is iad na daoine a thug na trí achomharc chuig an Ard-Chúirt ná na daoine a rinne iarratas ar aisíoc faoin scéim ach ar dhiúltaigh Riarthóir na Scéime dá n-iarratas agus ar dhíbhigh an Oifig Achomharc a n-achomharc (is í an Oifig Achomharc an Freagróir, agus is páirtithe fógra iad FSS agus an Roinn Sláinte agus Leanaí). Athraíonn na cúinsí ó chás go cás, ach ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas tá an cheist faoi thithe altranais príobháideacha/áiteanna cónaithe pobail a bheith á n-eisiamh ón Scéim Aisíoca agus/nó aisíocaíochtaí a bheith ríofa go mícheart.

41.44 Fuair an Scéim roinnt iarratas a bhain le hothair i dtithe altranais príobháideacha ar iarratais iad a diúltaíodh toisc nach raibh sé i gceist go mbeidís laistigh de raon feidhme na Scéime. In 306 cás tionscnaíodh imeachtaí a bhain le hothair a chaith seal i dteach altranais príobháideach. Ní dheachaigh aon cheann de na cásanna ar aghaidh chuig éisteacht fós.

---

[284] Faoi Alt 16 (6) Acht um Scéim Aisíoca 2006.

## Cuntas Síntiús

41.45 Ba é luach na síntiús a fuarthas faoi dheireadh na bliana 2009 a bhain leis an Scéim aisíoca fadchónaithe ná €344,343. Tá sé tugtha le fios ag roinnt éilitheoirí a léirigh suim i leith síntiús a íoc go n-íocfaidís a síntiús díreach lena n-institiúid áitiúil. Tá na síntiúis a tugadh don Chiste agus na deontais a íocadh as an gCiste leagtha amach in Fíor 198. €335,584 a bhí sa Chiste an 31 Nollaig 2009.

**Fíor 198 Ciste (Síntiúis) na Scéime Aisíocaa**

| | 2007<br>€ | 2008<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | - | 73,593 | 279,373 |
| Síntiúis | 73,613 | 210,101 | 60,629 |
| Ús bainc | (20) | 679 | 28 |
| **Fáltais ar fáil** | **73,593** | **284,373** | **340,030** |
| Deontais a tugadh | - | (5,000) | (4,446) |
| **Iarmhéid deiridh[a]** | **73,593** | **279,373** | **335,584** |

Foinse: Cuntas Chiste (Síntiúis) na Scéime Aisíoca Sláinte

Nóta:

a Ní raibh idirbhearta ar bith ann sa bhliain 2006.

b Faoi dheireadh mhí Iúil 2010, bhí €98,554 sa bhreis aistrithe ón gciste de bhun iarratas ceadaithe a fuarthas ó na suímh ábhartha, agus bhí iarratais ab fhiú €82,000 á measúnú.

41.46 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur chinn FSS, i bhfianaise fhorálacha an Achta, gur féidir an ciste a úsáid faoi chomhair na nithe sonracha seo a leanas

- laethanta saoire/sosanna d'othair
- soláthar áiseanna teiripe
- compord pearsanta
- ceol a chur ar fail i ndáil le Cúram, Ealaíon agus Ceardaíocht
- cuartaíocht chuidithe.

## Conclúid

Is dócha gurb é an toradh deiridh a bheith ar an scéim ná ábhairín níos lú ná leath den mhéad a ceapadh ar dtús. Is mar gheall ar an líon beag daoine a bhain leas as an scéim é seo. Maidir le héileamh a dhéanamh, ní dhearna ach leath líon measta na daoine i dteideal éilimh é, agus as gach ceithre fhoirm iarratais a eisíodh ní dhearnadh ach éileamh amháin.

B'ionann agus €25.6 milliún na costais riaracháin, lena n-áirítear costais FSS, go dtí deireadh 2009. Bhí an scéim á bainistiú ag riarthóir a bhfuil teorainn de €15.0 milliún (gan CBL san áireamh) curtha ar a chuid costas.

B’ionann agus €344,343 na síntiúis a dearnadh le Ciste (Síntiúis) na Scéime Aisíoca faoi mhí na Nollag 2009. Níor thosaigh caiteachas substaintiúil ón gCiste go dtí 2010.

Tá roinnt ceisteanna dlí os comhair na Cúirte a d'fhéadfadh roinnt ama a thógáil lena réiteach. D’fhéadfadh sé seo tionchar a imirt ar chostas deiridh agus ar shocraíocht thráthúil na scéime.

Tar éis achtú an Achta Sláinte (Leasú) 2005, gearrtar muirir anois ar sheirbhísí d'othair fhadchónaithe. In 2009, ghearr FSS muirir de €87.8 milliún i leith na seirbhísí sin.

# Caibidil 42

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## An tSeirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse

# An tSeirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse

42.1 D'fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí Straitéis ar Rialú Ailse in 2006. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis córas de rialú ailse a chur i bhfeidhm a laghdóidh tarlú ailse, galracht agus rátaí báis i dtaobh 15 thír an AE[285] roimh 2015. Dírítear ar an méid seo a leanas sa Straitéis

- cur chuige comhtháite agus comhghreamaitheach i dtaobh ailse lena mbaineann galarchosc, scagthástáil, diagnóis, cóir leighis agus cúram maolaitheach agus tacúil
- tomhas ar riachtanas agus aghaidh a thabhairt ar éagothroime trína chinntiú go gcuirfear gach gné de bheartas ailse agus seirbhís ar fáil go dtí an méid is mó is féidir
- athchóiriú agus atheagrú ar an mbealach a chuirtear seirbhísí ailse ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar athrú idir réigiúin agus an ilroinnt de sheirbhísí d'othair.

42.2 Thug an Straitéis 55 moladh i réimsí éagsúla. Thug an straitéis na moltaí seo a leanas maidir le scagthástáil ailse

- ba cheart scagthástáil cíoch a leathnú chun mná idir 50 agus 69 bliain d'aois a chur san áireamh
- ba cheart clár scagthástála ceirbheacs a thabhairt isteach ar fud na tíre
- ba cheart clár scagthástála ailse chalaireicteach a thabhairt isteach in Éirinn agus é a ailíniú le scagthástáil ailse cheirbheacs agus chíche.

42.3 Mhol an Straitéis go ndéanfadh an Roinn, an FSS agus BreastCheck[286] ailíniú ar chláir scagthástála daonrabhunaithe a bhainistiú agus a rialú agus go mba cheart go mbeadh aon fhorbairt amach anseo maidir le scagthástáil ailse chalaireicteach ailínithe le scagthástáil ailse cheirbheacs agus chíche.

## Béim na Caibidle

Dírítear ar an méid seo a leanas sa chaibidil seo

an méid atá curtha i gcrích ó na moltaí ón Straitéis ar Rialú Ailse maidir le scagthástáil ailse

nósanna imeachta um rialú airgeadais den Bhord um Sheirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse[a].

Nóta:

a Bhí an Bord um Sheirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse freagrach as cláir scagthástála ailse a fhorbairt agus a chur ar fáil go dtí gur comhchuimsíodh é i FSS an 1 Aibreán 2010.

---

285 Is iad an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe 15 thír an AE.

286 Tairgeann an clár náisiúnta cíoch-scrúdaithe, atá maoinithe ag an Rialtas, mamagraim saor in aisce do mhná idir 50 agus 64 bliain d'aois gach dara bhliain.

## An tSeirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse

42.4 Bunaíodh an tSeirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse (an NCSS) an 1 Eanáir 2007 tar éis bhunú an Bhoird um Sheirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse[287]. Agus an NCSS bunaithe, tháinig na seirbhísí le chéile ó iar-Chlár Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann[288] agus an clár BreastCheck faoi chreat rialachais amháin. Tá an NCSS freagrach as

- cláir scagthástála ailse ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur ar fáil in Éirinn
- comhairle a thabhairt ar na buntáistí a bhaineann le cláir scagthástála ailse eile a dhéanamh inar féidir buntáiste sláinte daonra a léiriú
- comhairle a thabhairt don Aire Sláinte agus Leanaí ar theicneolaíochtaí sláinte, lena n-áirítear vacsaíní, a bhaineann le hailse cheirbheacs a chosc
- bearta speisialta a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht ó dhaoine faoi mhíbhuntáiste sna cláir a chur chun cinn.

### BreastCheck

Bunaíodh BreastCheck i 1998[289] agus é mar aidhm básanna mar gheall ar ailse chíche a laghdú tríd an ngalar a aimsiú agus a chóireáil go luath. Cuireann an tseirbhís mamagraim ar fáil saor in aisce do mhná idir 50-64 ar thimthriall dhá bhliana, de réir an limistéir. Coimeádann sé clár de gach bean incháilithe a cuimsíodh ó líon foinsí, go príomha an Roinn Coimirce Sóisialaí, Scéim na Seirbhísí Ginearálta Míochaine agus cuideachtaí príobháideacha árachais. Tá na socruithe le haghaidh soláthar seirbhíse leagtha amach in Iarscríbhinn A.

### *Seirbhísí atá ar fáil*

42.5 Idir 1998 agus 2005, ní raibh Céim 1 de BreastCheck ar fáil ach do mhná ar an taobh Thoir Thuaidh, san Oirthear, sa Lár-Réigiún agus áiteanna den taobh Thoir Theas, agus dhá aonad chliniciúla nach mbíonn ag gluaiseacht agus ocht gcinn a bhaineann le haonaid scagthástála soghluaiste ag freastal ar na limistéir sin. Tá aonad amháin ar fáil ar champas Ospidéal Ollscoile Misericordiae an Mater (Aonad Eccles) agus tá an ceann eile ar champas Ospidéal Ollscoile Naomh Uinsinn (Aonad Mhuirfean). Tá ocht n-aonad scagthástála soghluaiste ag freastal ar na limistéir sin freisin.

42.6 I mBealtaine 2005, cheadaigh an Roinn an leathnú náisiúnta (Céim 2) den tseirbhís agus leithdháileadh €24.6 milliún chun dhá aonad nua, nach mbíonn ag gluaiseacht, a thógáil – ceann in aice le hOspidéal Ollscoile Otharlann Theas Victoria i gCorcaigh (Aonad an Deiscirt) agus na dara ceann ar champas Ospidéal Choláiste na hOllscoile i nGaillimh (Aonad an Iarthair). Bhí cian-saotharlann agus athchóiriú ar obrádlann san áireamh sna hoibreacha lena mbaineann. Cuireadh an dá aonad i gcrích i Samhain 2007 agus cuireadh tús le scagthástáil sa dá aonad i Nollaig 2007. Bhí an méid sin ar aon dul leis an sprioc a leagadh amach sa chlár náisiúnta le cur

287 An tOrdú fán mBord Náisiúnta um Sheirbhís Scagtha Ailse (Bunú) 2006 (I.R. Uimh. 632 de 2006).

288 Ba é Bord Sláinte an Mheán-Iarthair a chuir an tseirbhís ar fáil ó 2000 go 2005 agus ansin an FSS ó 2005 go 2007.

289 Bunaíodh an chéad chéim de BreastCheck faoin Ordú um an mBord Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe (Bunú), 1998 (I.R Uimh. 319 de 1998). Bunaíodh é ar bhonn píolótach chun freastal ar na hiar-réigiúin do Bhord Sláinte an Oir-Dheiscirt, Bord Sláinte Lár na Tíre agus Bord Sláinte an Oir-Thuaiscirt.

i bhfeidhm faoi 2007. Tá ocht n-aonad scagthástála soghluaiste i gcomhcheangal leis na haonaid nach mbíonn ag gluaiseacht ag freastal ar na limistéir sa Deisceart agus san Iarthar.

## *Aschur agus Feidhmiúchán*

42.7 Tá líon de spriocanna feidhmiúcháin forbartha ag an NCSS don chlár BreastCheck agus déantar tuairisc orthu gach bliain. Ar na paraiméadair fheidhmiúcháin a thomhaistear tá

- ráta glactha de chuireadh scagthástála
- fógra íosta de choinne a fuarthas (7 lá)
- tráthúlacht na dtorthaí a eisíodh
- tráthúlacht de ghníomh leantach.

42.8 Is é 70% an spriocráta glactha de chuireadh scagthástála agus is é 90% nó níos mó na paraiméadair fheidhmiúcháin atá fágtha.

42.9 Leagann Fíor 199 amach an spriocdhaonra agus an líon de mhná a rinneadh scagthástáil orthu idir 2007 agus 2009.

**Fíor 199 Scagthástáil a rinneadh, 2007-2009[a]**

| | 2007/2008 | 2008/2009 |
|---|---|---|
| An Spriocdhaonra is eol[b] | 89,383 | 122,737 |
| An líon a scagthástáladh | 66,527 | 92,061 |
| **An Ráta scagthástála don spriocdhaonra is eol** | **74.4%** | **75.0%** |
| An líon de mhná a fuair cuireadh chun scagthástála | 87,156 | 118,971 |
| An líon a scagthástáladh | 66,527 | 92,061 |
| **An Ráta glactha** | **76.3%** | **77.4%** |

Foinse: Tuarascálacha an Chláir BreastCheck 2007/2008 agus 2008/2009.

Nótaí:

a Tá méadú i gceist idir 2007/2008 go 2008/2009 mar gheall ar an leathnú náisiúnta den chlár BreastCheck.

b Tagraíonn 'Spriocdhaonra is eol' do na mná ar fad ag aois scagthástála atá aitheanta ag an gclár.

42.10 Bhí na rátaí glactha in 2007/2008 agus 2008/2009 níos mó ná sprioc an chláir de 70%.

42.11 Socraíodh líon de pharaiméadair fheidhmiúcháin don chlár. Díríonn siad ar thráthúlacht agus ar thorthaí a leagtar amach i bhFíor 200.

**Fíor 200 Na Paraiméadair Fheidhmiúcháin a Baineadh amach in 2008**

| Na Paraiméadair Fheidhmiúcháin | Sprioc | Toradh |
|---|---|---|
| An céatadán de mhná a fuair fógra coinne 7 lá | ≥90% | 98.6% |
| An céatadán de mhná a fuair torthaí mamagraim laistigh de 3 sheachtain | ≥90% | 98.6% |
| An céatadán de mhná a tairgeadh coinne le haghaidh clinic measúnachta laistigh de 2 sheachtain tar éis fógra de thoradh mínormálta mamagraim | ≥90% | 90.8% |
| An céatadán de mhná a fuair torthaí ó chlinic measúnachta laistigh de 1 seachtain | ≥90% | 95.6% |
| An céatadán de mhná incháilithe do scagthástáil a fuair cuireadh scagthástála laistigh de 2 bhliain ó bhíonn siad aitheanta ag an gclár | ≥90% | 94.7% |

Foinse: Tuarascálacha an Chláir BreastCheck 2007/2008 agus 2008/2009.

42.12 Tá dhá réimse nár bhain BreastCheck spriocfheidhmiúchán amach

- Tairgeadh áit san ospidéal le haghaidh cóireála do 81.7% bean laistigh de thrí seachtaine ó diagnóisíodh ailse chíche. Ba é 90% an sprioc. Tairgeadh leaba d'os cionn 90% bean laistigh de thrí seachtaine agus cúig lá, áfach. Ba mar gheall ar bhrú go príomha sna hospidéil óstacha a tharla an méid sin.
- Maidir le mná ar tugadh cuireadh chun scagthástála an athuair dóibh, bhain BreastCheck 86.5% amach i gcoinne sprioc de 90% scagthástála laistigh de 27 mí dá gcuireadh a fháil I mbabhta scagthástála roimhe sin. Tugadh cuireadh chun scagthástála an athuair do 93% de mhná laistigh de 28 mí dá gcuireadh a fháil i mbabhta scagthástála roimhe sin, áfach.

***CervicalCheck***

Tá sé mar aidhm ag scagthástáil ceirbheacs athruithe ceall réamhailseacha a aithint agus a chóireáil sula bhforbróidh siad go cealla ailse. Cuirtear tástálacha saor in aisce ar fáil i gcúram príomhúil do mhná idir 25-60 bliain d'aois.

42.13 I 1996, mhol an Tuarascáil ón Roinn Sláinte, an Coiste Scagthástála Ceirbheacs, Clár Scagthástála Ceirbheacs Náisiúnta a thabhairt isteach. Cuireadh tús le Céim 1 de Chlár Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann (ICSP) i réigiún an Iarthair Láir in 2000. Bunaíodh é mar chlár píolótach sular tugadh isteach clár scagthástála ceirbheacs náisiúnta. Bhí an clár ag feidhmiú ar dtús faoi choimirce Bhord Sláinte an Mheán-Iarthair ach bhog sé go dtí Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ó 2005.

42.14 Rinneadh athbhreithniú[290] ar oibriúchán na chéad chéime den chlár in 2004 agus é mar aidhm leasuithe a aithint a bhí ag teastáil sula mbunófaí an clár go náisiúnta. Luadh sa tuarascáil gur éirigh go maith le Céim 1 den chlár agus go mba cheart clár scagthástála ceirbheacs náisiúnta a thabhairt isteach a luaithe is féidir.

42.15 Aistríodh Rialachas an ICSP go dtí an NCSS nuair a bunaíodh é in 2007. I Meán Fómhair 2008, ba é an NCSS a bhunaigh CervicalCheck, an chéad chlár scagthástála ceirbheacs náisiúnta daonrabhunaithe in Éirinn. Ar dtús, tairgeadh scagthástáil ar bhonn oscailte, ach ó Mheán Fómhair 2009 áfach, bhog CervicalCheck go córas ar ghlaoch eagraithe, glaoch ar ais agus

290 Tuarascáil ar Chlár Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann, An Dr. Euphemia McGoogan, Iúil 2004.

scagthástáil roghnach. Tá na socruithe le haghaidh soláthar seirbhíse leagtha amach in Iarscríbhinn B.

### *Aschur agus Feidhmiúchán*

42.16 Is é 80% spriocleibhéal roghnaithe an chláir. In 2009, roghnaigh 306,000 bean an clár agus d'fhreastail siad ar ath-thástálacha ar eatraimh éagsúla. D'aistrigh an clár go córas ar ghlaoch, glaoch ar ais an 1 Meán Fómhair 2009. Scagthástáladh tuairim is 280,000 bean in 2009.

## Conclúid – Forbairt Chláir

Mhol an Straitéis ar Rialú Ailse go mbeadh ailíniú ar chláir scagthástála a bhainistítear agus a rialaítear in Éirinn. Bunaíodh an tSeirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse (an NCSS) i mí Eanáir 2007 tar éis an moladh sin a fháil. Agus an NCSS bunaithe, tháinig an fhorbairt agus soláthar scagtha ailse le chéile faoi chreat rialachais amháin.

Cuireadh BreastCheck i bhfeidhm go náisiúnta faoi Nollaig 2007 de réir an sprioc a leagadh síos, ach níor cuireadh an chéad bhabhta de scagthástáil i gcrích i ngach réimse laistigh den 24 mí a beartaíodh ar dtús. Bhain an clár na spriocanna feidhmiúcháin amach a leagadh síos i réimsí éagsúla, lena n-áirítear ráta cuirí scagthástála. Níor baineadh amach feidhmiúchán, áfach, maidir leis an gcéatadán de mhná ar tairgeadh áit san ospidéal dóibh le haghaidh cóireála laistigh de thrí seachtaine ó diagnóisíodh ailse chíche agus an líon de mhná ar tugadh cuireadh chun scagthástála an athuair dóibh laistigh de 27 mí.

Cuireadh tús le Céim 1 de Chlár Scagthástála Ceirbheacs na hÉireann (ICSP) i réigiún an Iarthair Láir in 2000. Tugadh CervicalCheck, an chéad chlár scagthástála ceirbheacs náisiúnta in Éirinn, isteach i Meán Fómhair 2008. Is é 80% spriocleibhéal roghnaithe an chláir, ach de réir mar a d'aistrigh an clár go córas ar ghlaoch eagraithe, glaoch ar ais agus scagthástáil roghnach ó Mheán Fómhair 2009 ní féidir leibhéil roghnaithe a dhearbhú go dtí go mbeidh sonraí ar fáil sna blianta beaga amach romhainn.

In Eanáir 2010, cheadaigh an tAire Sláinte agus Leanaí clár scagthástála ailse chalaireicteach a thabhairt isteach. Cuirfear tús leis an gclár in 2012 agus tairgfear scagthástáil do tuairim is 400,000 duine idir 60-69 bliain d'aois.

## Nósanna Imeachta Cistithe agus Cuntasaíochta

42.17 In Aibreán 2010, díscaoileadh an Bord Náisiúnta um Scagthástáil Ailse (an NCSSB) agus aistríodh a chuid feidhmeanna go dtí an FSS. Is é an Roinn Sláinte agus Leanaí a mhaoinigh an Bord. In 2007, fuair sé thart ar €52 milliún ón Roinn, ina raibh beagnach €20 milliún mar chistiú caipitil. Chuir an Roinn an cistiú sin ar fáil de réir nithe ar leith de chaiteachas caipitiúil. Tá cead cistiú caipitil a tharraingt anuas ón Roinn de réir dliteanais aibí amháin. Luaitear san fhoirm éilimh ar dheontas caipitil nár chóir ach "*éilimh maidir le dliteanais aibí a chur isteach*". Mura fhorálann coinníollacha conartha a mhalairt, is gnách sin nuair a dhéantar earraí nó seirbhísí a sheachadadh agus sonraisc a chur isteach. Ar an gcuma chéanna, ba cheart go ngearrtar caiteachas ar chuntais nuair a sheachadtar earraí nó seirbhísí.

42.18 I Nollaig 2007, d'iarr an NCSSB agus fuair sé 15 sonrasc[291] ó chúig sholáthraí ina raibh €5.9 milliún ar fad ann. Bhain na sonraisc le trealamh agus soláthairtí a bhí ag teastáil dá chláir scagthástála ach nár seachadadh go fóill. Bhain 14 sonrasc le trealamh caipitil a cheannach do leathnú náisiúnta an chláir BreastCheck agus bhain sonrasc amháin, ina raibh €2.7 milliún ar fad, le trealamh tástála a cheannach don chlár CervicalCheck a fhaigheann maoiniú ó chaiteachas reatha. Tar éis na 15 shonrasc a fháil, cuireadh luachanna an tsonraisc ar leabhair chuntasaíochta an NCSSB agus gearradh na méideanna faoi na teidil chaiteachais ábhartha dá réir agus cruthaíodh dliteanas airgeadais a bhí ar aon dul leis na soláthraithe. I Nollaig 2007, cuireadh isteach dhá éileamh ar chistiú caipitil chuig an Roinn ina raibh €4.5 milliún ar fad. Bhí 12 sonrasc ina measc, ina raibh €3 milliún, mar chuid de na héilimh a cuireadh isteach chuig an Roinn. Fuair an NCSSB an méid a iarradh ón Roinn an 20 Nollaig 2007.

42.19 Bhí socrú ag an NCSSB inar íocadh 75% de luach an 15 sonrasc (€4.4 milliún) i gcuntas eascró[292] a osclaíodh faoi ainm a ndlíodóirí. Ó tharla go raibh an cuntas eascró faoi ainm dlíodóirí níor taifeadadh é mar shócmhainn i ráitis airgeadais an NCSSB. Ní raibh aon fhianaise go raibh cead á lorg ón mBord sular osclaíodh an cuntas eascró ná ní raibh fianaise go raibh cead á lorg ón Roinn Sláinte agus Leanaí.

42.20 Rinneadh an t-aistriú go dtí an cuntas eascró i Nollaig 2007 le cúig sheic, ina raibh €4.4 milliún ar fad, i méideanna cothrom le 75% den mhéid a bhí sna sonraisc ó chúig sholáthraí. Nuair a rinneadh na híocaíochtaí chuig an gcuntas eascró, bhí cuntais soláthraithe curtha do dhochar leis na méideanna ábhartha rud a d'fhág an 25% de luach na sonrasc mar chreidiúnaí i gcuntais NCSSB don bhliain 2007.

42.21 Idir Feabhra agus Bealtaine 2008, rinneadh cúig íocaíocht ina raibh €1.3 milliún ar fad ón gcuntas eascró chuig ceathrar de na soláthraithe. Rinne dlíodóirí an NCSSB na hidirbhearta sin le treoir scríofa ón NCSSB a shínigh beirt den triúr seo a leanas – an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ceannaire ar Sheirbhísí Corparáideacha agus an duine a bhí ag feidhmiú mar Bhainisteoir Airgeadais.

42.22 Dúnadh an cuntas eascró ag deireadh Mheithimh 2008 agus aistríodh an t-iarmhéid de €3.2 milliún go dtí cuntas bainc an NCSSB. Maidir leis an €3.2 milliún a aistríodh, bhí iarmhéid neamhíoctha i gceist ar an dáta sin (€3.1 milliún) agus €61,000 in ús tuillte. Nuair a cuireadh an méid ar ais go dtí an NCSSB bhí na méideanna creidiúnaithe lena mbaineann athshuite. [athráite sa chéad alt eile]

42.23 I gcaitheamh an iniúchta airgeadais ar chuntais 2008 dhearbhaigh an NCSSB go bhfuair sé gach earra a bhain leis na cúig íocaíocht sin ina dhiaidh sin.

### *Éifeacht ar Chuntais an NCSSB*

42.24 Léiríodh na híocaíochtaí sa chuntas eascró mar dhliteanais urscaoilte a tháinig in aibíocht d'íocaíocht. Níor nochtadh go raibh cuntas eascró ann le linn thréimhse an iniúchta 2007 agus de réir na dtaifead cuntasaíochta bhí na hidirbhearta mar cheannacháin iomlána. Mar thoradh air sin, rinneadh áibhéil de chuntais 2007. D'athshonraigh na cuntais don bhliain 2008 na figiúirí ón mbliain roimhe sin chun an rótháille a cheartú. I mo thuarascáil iniúchta ar na ráitis airgeadais den NCSSB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008 bhí an forchoimeád seo a leanas agam.

291 Fuarthas na sonraisc seo idir an 10 agus an 20 Nollaig 2007.

292 Socrú dlíthiúil ina gcoimeádann tríú páirtí sócmhainn faoi iontaobhas go dtí go mbainfear amach riachtanas ar leith.

## Forchoimeád i dTeastas an Iniúchta sna Cuntais 2008

Tugadh faoi deara le linn an iniúchta gur taifeadadh sonraisc maidir le hearraí neamhsheachadta ar luach €5.9 milliún mar tháillí nó mar shócmhainní sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007 cé nár tháinig siad in aibíocht d'íocaíocht. Déileáladh le híocaíochtaí i gcuntas eascró de €4.4 milliún mar chuid urscaoilte de na dliteanais neamhaibí.

Tarraingím aird ar Nóta 17 de na ráitis airgeadais a nochtann an bealach a athshonraíodh figiúirí comparáideacha 2007 i gcomhthéacs an rud a tharla roimhe sin. Tá sé i gceist agam tuairisc a thabhairt ar an méid sin i mo Thuarascáil Bhliantúil ar Chuntais um Sheirbhísí Poiblí 2009.

### *Barúlacha an NCSSB*

42.25 I Nollaig 2007, maidir le formhór na dtionscadal caipitil a bhain le leathnú náisiúnta BreastCheck, tugadh chun críche iad. Ar cheann de na tionscadail náisiúnta den sórt sin bhí mamagrafaíocht digiteach i réigiún an Oirthir agus gach aonad soghluaiste reatha a athchur agus aonaid nua soghluaiste a cheannach ina mbeadh trealamh mamagrafaíochta digiteach do réigiúin an Deiscirt agus an Iarthair. Mar a bhí i Nollaig 2007, bhí sé mar rogha ag an NCSS seachadadh na n-aonad nua soghluaiste agus trealamh lena mbaineann a chur siar go dtí 2008.

42.26 Ba iad seo a leanas na príomhchúiseanna a cuireadh siar seachadadh na n-earraí

- Mar gheall ar choinníollacha oibríochtúla, go háirithe, an líon iomlán de radagrafaithe atá ar fáil, d'fhág sin nárbh fhéidir gach aonad nua soghluaiste a choimisiúnú agus a oibriú ag an am. Don chúis sin, measadh go raibh sé cuí seachadadh a chur siar ionas nach dtosódh an tréimhse bharánta agus d'fhonn na ceisteanna clú agus stórála a d'fhéadfadh ardú a sheachaint dá mbeadh líon aonad BreastCheck le seachadadh ach ní le húsáid.
- Ag deireadh 2007, bhí an NCSS ar an eolas faoi dhéantúsóir aonad soghluaiste sa Ríocht Aontaithe a bhí faoi ghlacadóireacht. Mar thoradh air sin, lorg an NCSS comhairle óna dhlíodóirí maidir leis an mbealach is fearr chun an NCSS a chosaint ó aon riosca de chaillteanas airgeadais ó aon sholáthraí trealaimh.

42.27 Arna bhunú in Eanáir 2007, tháinig an NCSSB in oidhreacht socrú tráchtála ón FSS inar réamhcheannaíodh luach bliana de threalamh tástála ag deireadh 2005 agus 2006 le seachadadh GO hincriminteach ar ghlacadóirí smearaidh i gcaitheamh na bliana ina dhiaidh sin. Chun leanúint le gníomhaíocht optamach laistigh den chlár CervicalCheck, bheartaigh an NCSSB leanúint leis na socrú sin in 2007 ach íocaíocht chuig an soláthraí a chur siar agus cistí a scaoileadh in áit tar éis na trealaimh a sheachadadh chuig na dochtúirí agus na haltraí cleachtaidh a dhéanann na tástálacha.

42.28 Chreid an NCSSB go raibh sé riachtanach an deontas caipitil iomlán le leithdháileadh a tharraingt anuas roimh dheireadh na bliana agus go gcaillfí aon chistiú nár tarraingíodh anuas agus dá bharr sin nach mbeadh na cistí ar fáil chun an caiteachas tiomanta a íoc. Dá réir sin, rinneadh socruithe leis na soláthraithe trealaimh sonraisc ábhartha a eisiúint agus tarraingíodh anuas na cistí deontais ón Roinn. Tar éis na cistí a tharraingt anuas a eagrú, theastaigh ón NCSSB meicníocht a fháil chun cistí a tharchur chuig na soláthraithe agus an NCSSB a chosaint ó aon riosca de chaillteanas airgeadais maidir le haon trealamh/earraí nach raibh ina sheilbh go fisiceach.

42.29 Lorg an NCSSB comhairle óna dhlíodóirí ar an ábhar agus mhol an comhlacht gur gnáthréiteach tráchtála a bhí i socrú eascró don riachtanas sin. Ghlac an NCSSB leis an méid sin agus íocadh na cistí leis na dlíodóirí a riar na socruithe eascró thar ceann an NCSSB go dtí

Meitheamh 2008 nuair, mar thoradh ar athruithe i gcur chuige Dhlí-Chumann na hÉireann maidir le socruithe eascró, thug na dlíodóirí ar ais na cistí a bhí fanta chuig an NCSSB mar aon le hús fabhraithe.

## Dearcthaí Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne

42.30 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nár chuir an NCSSB an Roinn ar an eolas faoi chuntas eascró a bunaíodh ná go raibh ceann ann ná nach raibh sé ar an eolas go raibh na héilimh ar chistiú caipitil a cuireadh faoina bhráid i Nollaig 2007 ag baint le, go páirteach, dliteanais aibí. Ba i Nollaig 2009 an chéad uair a cuireadh an Roinn ar an eolas faoi chuntas eascró a bheith ann. Cheistigh Aonad Beartais Ailse na Roinne cineál an idirbhirt ag a chruinniú míosúil leis an NCSSB an 14 Eanáir 2010.

42.31 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara go ndéileálann *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* le socruithe eascró agus go léiríonn siad, *i measc nithe eile*, i gcás ranna an Rialtais maidir le haon socrú chun na cineálacha íocaíochta a úsáid, go bhfuil gá le ceadú roimh ré ón Roinn Airgeadais. Dhearbhaigh sé leis an Roinn Airgeadais go mbaineann an fhoráil sin le gníomhaireachtaí Stáit a fhaigheann deontais ó chistí Vótáilte.

42.32 Ina theannta sin, thug sé faoi deara go mbaineann *An Creat um Rialachas Corparáideach agus Airgeadais* a d'eisigh an Roinn in 2006 le gach gníomhaireacht a mhaoinigh an Roinn. Leagann an Creat béim ar thábhacht ról Boird maidir lena chuntasacht a bhaint amach d'Ard-Rúnaí na Roinne mar Oifigeach Cuntasaíochta agus an riachtanas go gcuirfeadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nósánna imeachta i bhfeidhm chun deis a thabhairt don Bhord a chuntasacht a bhaint amach sa chás sin. Tagraíonn an Creat a tugadh isteach go sonrach don ghá atá ann go gcomhlíonfadh gníomhaireachtaí le treoirlínte ceadaithe Rialtais lena n-áirítear *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí.*

42.33 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta cé gur theastaigh ón Roinn mórthograí ailse a bhainistigh an NCSSB a chur i gcrích ar bhealach dlúsúil ar chúiseanna pleanála seirbhíse agus airgeadais araon, níor thug an Roinn comhairle don NCSSB ag céim ar bith go mba cheart an soláthar caipitil iomlán a tharraingt anuas gan aird ar dhliteanais aibí iarbhír ná go mbeadh cistiú ar fáil in 2008 chun caiteachas tiomanta a íoc.

42.34 Thaispeáin an tOifigeach Cuntasaíochta go mbeadh an Roinn ar an eolas faoin áis faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004 trína bhféadfadh ranna Rialtais iarratas a dhéanamh chun suas go 10% d'aon fhaoi-chaiteachas glan ar a Vóta caipitil a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn. Más rud é go gceadaíonn an tAire Airgeadais é, déantar foráil do thabhairt ar aghaidh den sórt sin in Acht Leithreasa don bhliain sin. Go hiarbhír, faoin bhforáil sin tugadh €2 mhilliún ar aghaidh go 2007 agus, as an €10.6 milliún a géilleadh don Státchiste ag deireadh 2007, fuair an Roinn cead €4.1 mhilliún a thabhairt ar aghaidh go 2008. Ina theannta sin, má bhíonn eolas cruinn maidir le tograí moillithe ar fáil in am trátha is féidir leis na meastacháin deiridh a léiriú don bhliain ina dhiaidh sin. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go mba chóir go mbeadh an comhthéacs thuas i gceist agus an Roinn ag iarraidh brú a choimeád ar an NCSSB chun mórthograí a chur ar fáil in am agus nuair nárbh fhéidir é sin a dhéanamh go mba chóir an Roinn a chur ar an eolas go beacht faoi impleachtaí sreabhadh airgid agus na riachtanais in 2008.

42.35 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur cheap an Roinn go raibh gá in 2008 agus 2009 le líon tromcheisteanna a ardú leis an NCSSB agus dul sa tóir orthu maidir le nósanna imeachta airgeadais. Ar na ceisteanna a ardaíodh bhí úsáid mhíchuí cistiú ioncaim do chuspóirí caipitil, cistiú ioncaim a tharraingt anuas de bhreis ar chaiteachas agus sealúchas míchuí d'iarmhéideanna airgid, teip ceadú ón Aire a lorg le haghaidh léasú maoine mar a éilítear faoi Ordú Bunaithe an

NCSSB agus tuairisciú míchruinn a sholáthar don Roinn maidir le cúrsaí airgeadais. Mar fhreagra ar chúiseanna imní na Roinne, chuir Cathaoirleach an NCSSB ar an eolas é gur chuir an Bord tús le hathbhreithniú cuimsitheach chun géilliúlacht a chinntiú leis an *gCód Cleachtais ar Rialachas na gComhlachtaí Stáit* a foilsíodh le deireanaí agus na téarmaí d'Ordú Bunaithe an NCSSB agus *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí*.

42.36 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur thuig sé gur in 2007 a tharla na cúrsaí a d'ardaigh na ceisteanna a tugadh aghaidh orthu sa chaibidil sin; chomh maith lena mhíshástacht a léiriú le nós imeachta airgeadais a shárú a léirítear sa chaibidil, áfach, go háirithe maidir le socrú eascró neamhúdaraithe a chur i bhfeidhm, ní mór dó a mhíshástacht a thaifeadadh nár thug an NCSSB na cúrsaí seo ar aird na Roinne in 2008 ná in 2009. Mar shampla, níor léiríodh go raibh cuntas eascró ann roimhe sin i bhfreagairt an NCSSB an 17 Meitheamh 2009 ar cheist na Roinne maidir le líon cuntais bainc a cuireadh ar bun ó bunaíodh é in 2007. Cé go raibh cuntas ar teachtadh ag an dlíodóir go teicniúil, dealraíonn sé go raibh ábharthacht gan amhras d'iarratas na Roinne.

## Conclúid – Cistiú agus Cuntasaíocht

Fuair an NCSSB sonraisc ar earraí nár seachadadh agus nach raibh íocaíocht dlite.

Rinne muirearú na sonrasc sin ar chuntais 2007 áibhéil ar an gcaiteachas ábhartha agus bhí sé mar shárú ar ghnáthnósanna imeachta cuntasaíochta. Bhí an úsáid a baineadh as sonraisc chun tacú le héilimh ar chistí caipitil a tharraingt anuas mar shárú ar shocruithe cistithe na Roinne Sláinte agus Leanaí a fhorálann nár cheart ach éilimh ar dhliteanais aibí a chur isteach.

Urscaoileadh an dliteanas iarmhartach a cruthaíodh i leabhair chuntais an NCSSB mar íocaíocht i gcuntas eascró. Níor nochtadh na socruithe sin le linn an iniúchta. Sháraigh an NCSSB nósanna imeachta inmheánacha nuair nach fuarthas cead roimh ré ón mBord cuntas eascró a oscailt. Ní raibh an Roinn Sláinte agus Leanaí ar an eolas go raibh an cuntas ann.

## Conclúid

Comhchuimsíodh an NCSS i FSS in 2010. Is mar seo a leanas atá an dul chun cinn ar scagthástáil ailse a leathnú le blianta beaga anuas

- Rinneadh BreastCheck – an clár scagthástála cíoch náisiúnta – a leathnú go náisiúnta i Nollaig 2007 agus, in 2009 scagthástáladh tuairim is 280,000 bean.
- Tugadh CervicalCheck – an clár scagthástála ceirbheacs náisiúnta – isteach i Meán Fómhair 2008 agus faoi mar a bhí i Nollaig 2009 bhí tuairim is 1.4 milliún bean ar an gclár scagthástála ceirbheacs.
- Cuirfear tús leis an gcéad chlár scagthástála ailse chalaireicteach in 2012 agus tairgfear scagthástáil do tuairim is 400,000 duine idir 60-69 bliain d'aois.

Ní raibh na socruithe cuntasaíochta agus cistithe a feidhmíodh in 2007 ar aon dul le nósanna imeachta. Cé go raibh feidhm ag gach ciste leis an aidhm a beartaíodh tá sé tábhachtach go mbeadh cuntais fíorchearta curtha ar fáil maidir le gach gníomhaíocht agus go scaoilfí acmhainní airgeadais foriomlána an Stáit de réir aibíocht dliteanais.

## Iarscríbhinn A – Soláthar Seirbhíse BreastCheck

Tá Céim 1 den chlár bunaithe go maith agus faoi láthair tá sé sa chúigiú babhta de scagthástáil. Tá Céim 2, a tosaíodh i Nollaig 2007, ina chéad chéim de scagthástáil. Tá ceithre aonad chliniciúla nach mbíonn ag gluaiseacht ag BreastCheck anois agus 16 aonad scagthástála soghluaiste digiteacha a dhéanann scagthástáil ar fud na hÉireann.

Measadh gur ghlac an chéad bhabhta de scagthástáil i réigiúin an Deiscirt agus an Iarthair tuairim is 24 – 27 mí le cur i gcrích, ach níor baineadh amach an sprioc sin, áfach, sna contaetha ar fad I gCéim 2 agus meastar anois nach gcuirfear scagthástáil i gcrích i limistéar an Deiscirt go dtí Nollaig 2010 agus nach gcuirfear i gcrích é i limistéar an Iarthair go dtí Meitheamh 2011. Bhí moill ar scagthástáil na chéad chéime a chur i gcrích mar gheall nach raibh fáil ar fhoireann mamagrafaíochta a bhí cáilithe go hoiriúnach ag tús Chéim 2. Luaigh an NCSS nár chuir an chéad bhabhta de scagthástáil – nár cuireadh i gcrích i ngach contae – isteach ar thús an dara babhta de scagthástáil i roinnt contaetha i limistéir an Deiscirt agus an Iarthair araon.

Is é an t-aonad nach mbíonn ag gluaiseacht an príomháis chliniciúil i ngach réigiún BreastCheck agus tá gach aonad nach mbíonn ag gluaiseacht suite ar champas nó in aice le hospidéal óstach. Tá gach aonad nach mbíonn ag gluaiseacht freagrach as sceidil a eagrú don scagthástáil atá le déanamh sa limistéar agus cuireann raideolaithe comhairleacha gach léamh i gcrích san aonad nach mbíonn ag gluaiseacht. Chomh maith le mamagrafaíocht a scagthástáil, bíonn clinicí um measúnú agus um thorthaí ag gach aonad nach mbíonn ag gluaiseacht le haghaidh gach bean a fhaigheann glaoch ar ais le haghaidh measúnú sa bhreis tar éis a céad mhamagram scagthástála. Eisíonn an t-aonad nach mbíonn ag gluaiseacht torthaí i litreacha do mhná agus dá ndochtúirí ginearálta agus is é an bunaonad é don fhoireann riaracháin ar an láthair.

Bíonn trí sheomra scagthástála mamagrafaíochta digiteacha ag gach aonad nach mbíonn ag gluaiseacht agus tá trí oiread an acmhainn scagthástála ag aonad soghluaiste nuair a bhíonn foireann iomlán ann. Bíonn cumas an aonaid nach mbíonn ag gluaiseacht ag brath ar líon na gclinicí um measúnú agus um thorthaí a dhéantar san aonad mar gheall nach dtarlaíonn scagthástáil nuair a bhíonn clinicí ar siúl.

Is é an t-aon fheidhm atá ag an 16 aonad scagthástála digiteacha soghluaiste ná scagthástáil mamagrafaíochta a chur ar fáil do mhná i limistéir atá gar dóibh agus an riachtanas ar mhná a thaistealaíonn slí fhada a laghdú. Feidhmíonn gach aonad soghluaiste le meaisín amháin mamagrafaíochta agus beirt radagrafaithe agus is féidir tuairim is 40 mamagram a dhéanamh in aghaidh an lae. Bíonn rátaí cuirí leagtha níos airde ná sin lena chinntiú go mbainfear uasúsáid as na hacmhainní.

# Iarscríbhinn B – Soláthar Seirbhíse CervicalCheck

Coimeádann CervicalCheck Clár Scagthástála Ceirbheacs ina bhfuil sonraí de mhná incháilithe idir 25 agus 60 bliain d'aois. Is é an Roinn Coimirce Sóisialaí a chuireann an t-eolas ar an gclár I dtoll a chéile mar aon le sonraí féinchláraithe. Is féidir leis an gClár mná a aithint in aoischohóirt bunaithe ar a ndáta breithe a thugann deis don chlár aoisghrúpaí níos óige a ghlacadh más gá. Is féidir le gach bean nach raibh tástáil acu le trí bliana anuas an clár a roghnú trí chlárú ar líne, foirm chláraithe a chomhlánú agus a sheoladh ar ais le saorphost nó trí glaoch ar CervicalCheck ar a uimhir saorghlao. Mar a bhí i Nollaig 2009, bhí tuairim is 1.4 milliún bean ar an gClár Scagthástála Ceirbheacs.

Tabharfar tairiscint ar scagthástáil ceirbheacs do gach bean idir 25 agus 60 bliain d'aois. Faoin gclár, tar éis an chéad tástáil, moltar do mhná idir 25 agus 44 bliain d'aois tástáil a ghlacadh gach trí bliana agus moltar do mhná idir 45 agus 60 bliain tástáil a ghlacadh gach cúig bliana más rud é go bhfuair siad dhá thoradh tástála 'gan mínormáltacht braite'.

Ó tharla go bhfuil CervicalCheck eagraithe mar chlár scagthástála ar ghlaoch, glaoch ar ais, daonrabhunaithe, eisítear litir cuiridh chuig bean chun tástáil saor in aisce a thairiscint di[293]. A luaithe is a thagann an litir is féidir leis an duine coinne a shocrú don tástáil saor in aisce le dochtúir nó altra cleachtais CervicalCheck dá rogha féin. Tá os cionn 4,150 d'fhoireann ghairmiúil den sórt sin atá cláraithe le CervicalCheck in os cionn 1,400 ionad ar fud na tíre.

Ní mór do mhná toiliú sínithe follasach a thabhairt chun a gcuid eolas sláinte a aistriú go dtí clár cláir atá coinnithe ar bhunachar sonraí scagthástála ceirbheacs lárnach in oifig an chláir i Luimneach. Tar éis do bhean freastal ar thástáil tabharfar glaoch ar ais di go huathoibríoch nuair a bheidh an chéad tástáil eile dlite.

---

293 Tá mná ar leith incháilithe tástáil smearaidh saor in aisce a fháil gan litir a fháil ó CervicalCheck, áirítear mná os cionn 60 nach bhfuair smearadh riamh agus mná ar aois ar bith a fuair scrúdú colpascópachta.

# Caibidil 43

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Acmhainní Altranais

# Acmhainní Altranais

43.1 Riamh sa saol mar acmhainní altranais soláthraíodh foireann fostaithe go díreach, foireann gníomhaireachtaí nó altraí ar ragobair. In 2009, chaith an FSS €44 milliún ar altranas gníomhaireachtaí. Baineann ospidéil eile atá maoinithe ag an Stát úsáid as altraí gníomhaireachtaí chomh maith. Le déanaí, baineadh triail as roinnt réiteach nuálacha chun acmhainní a chur ar fáil i roinnt ospidéal.

## Béim an Iniúchta

Déanann an Chaibidil seo athbhreithniú ar

- an fhreagairt ar thorthaí iniúchta inmheánaigh ar bhainistiú foirne gníomhaireachtaí
- an fáil ar malairt roghanna acmhainnithe.

## Costais Ghníomhaireachta a Bhainistiú

43.2 Rinne Iniúchadh Inmheánach an FSS athbhreithniú ar chostais ghníomhaireachta i réigiún an Deiscirt i mí na Samhna 2009 agus d'aithin roinnt saincheisteanna lena n-áirítear

- go bhféadfadh an costas a bhaineann le foireann ghníomhaireachta a bheith á húsáid an costas a bhaineann le foireann HSE a fhostú a shárú 36.5%
- easpa conarthaí náisiúnta nó áitiúla idir gníomhaireachtaí earcaíochta agus an FSS a shocródh téarmaí, coinníollacha agus costais na foirne gníomhaireachta agus tá neamhréireachtaí maidir le táillí riaracháin mar thoradh air sin. Go háirithe, fuarthas go raibh na táillí ag réimsiú idir 9% agus 15% ag brath ar an ngníomhaireacht ar baineadh úsáid aisti
- go raibh roinnt de na haltraí a sholáthair na gníomhaireachtaí ar shosanna gairme ón FSS, rud a sháraigh téarmaí na Scéime Sosa Gairme.

43.3 Thug roinnt de na bainisteoirí ar chuir an fhoireann iniúchta agallamh orthu le fios gur chiallaigh an moratorium ar earcaíocht foirne san FSS, a chuireann cosc ar fhoireann shealadach a fhostú laistigh den FSS (seachas gráid foirne shonraithe), nach raibh an dara rogha acu ach úsáid a bhaint as foireann shealadach chun seirbhísí tosaigh a chothabháil, beag beann ar na costais bhreise.

43.4 Mar fhreagairt ar cheist iniúchta luaigh an FSS

- go bhfuil polasaí curtha i bhfeidhm ag FSS an Deiscirt ragobair agus athimlonnú a úsáid sula bhfostaítear foireann ghníomhaireachta.
- go bhfuil teagmháil déanta ag an FSS leis na soláthróirí gníomhaireachtaí altraí go léir agus an t-uasráta gníomhaireachta náisiúnta a íocfar as riachtanais seirbhísí ar leith comhaontaithe acu. Tugann na riachtanais seirbhísí nua comhartha más rud é go raibh an comhalta foirne de chuid na gníomhaireachta mar fhostaí ag an FSS le cúig bliana roimhe sin. Tá na socruithe sin i bhfeidhm ar fud na tíre.
- go bhfuil forbairt bunachar sonraí ar shosanna gairme á scrúdú ag an FSS. Ceann de na leasanna a d'fhéadfadh a bheith leis sin ná soiléireacht a sholáthar dóibh siúd a earcaíonn foireann gníomhaireachtaí faoi an mbíonn daoine ar leith ar shos gairme ón FSS nó nach mbíonn.

## Malairt Roghanna Acmhainnithe

43.5 Scrúdaigh m'athbhreithniú malairt cur chuige acmhainnithe a úsáidtear in Ospidéal San Séamas agus in Ospidéal Beaumont. Is éard atá i gceist leis an socrú ná banc altraí a chruthú chun freastal ar riachtanais ar bhonn íostarraingthe. Tá forbairt déanta ar aonaid Bhanc Altraí i dtrí ospidéal eile ar an laghad - Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae, agus Ospidéal Adelaide agus na Mí.

### Gnéithe a bhaineann le Bainc Altraí

Cláraíonn altraí le haonad bainc altraí chun seirbhísí altranais a sholáthar, ar conradh bainc ar leith nó más comhalta foirne iad cheana féin, trí uaire breise a sholáthar. Is iad seo a leanas na modhanna fostaíochta a úsáidtear laistigh de struchtúr na mbanc altraí

- **Conarthaí Bainc** – Altraí a fhostú ar bhonn conarthaí "má theastaíonn siad agus nuair a theastaíonn siad". Íoctar rátaí de réir na hUaire leis na haltraí. Cuirtear téarmaí agus coinníollacha pro rata i bhfeidhm bunaithe ar na huaire a oibrítear. Cuirtear na huaire in iúl do gach altra ag tús gach tréimhse fostaíochta agus bíonn achair éagsúla sna conarthaí.
- **Uaire Breise** – D'fhéadfadh sé go mbeadh altraí páirtaimseartha in ospidéal ag iarraidh uaire breise a dhéanamh. Tugann na haltraí sin le fios don aonad bainc altraí go mbeidh siad ar fáil chun uaire breise a dhéanamh. Íoctar gnáthrátaí pá leo as na huaire breise go dtí go sroicheann siad an croí-thairseach uaire. Bíonn rátaí ragoibre i bhfeidhm i ndiaidh na tairsí sin
- **Ragobair** – D'fhéadfadh sé go mbeadh altraí lánaimseartha san ospidéal ag iarraidh uaire breise a dhéanamh mar ragobair. Tugann na haltraí sin le fios don aonad bainc altraí go mbeadh siad le fáil chun oibriú thar a gcroí-uaire agus íoctar rátaí ragoibre. Bíonn uaire breise a oibrítear faoi réir ag comhlíonadh An Treoir um Am Oibre ón Eoraip.

43.6 Sholáthair Ospidéal San Séamus agus Ospidéal Beaumont meastacháin ar na coigiltis réamh-mheasta agus iad ag baint úsáide as scéimeanna Bainc Altraí.

### *Ospidéal San Séamas*

43.7 Rinne an Rannóg Airgeadais in Ospideál San Séamas comparáid idir an costas a bhain le haltra fostaithe ar conradh Bainc Altraí agus ceann a bhain le hAltra Gníomhaireachta do na trí sceideal uainchláraithe is coitianta[294]. Meastar go ndearnadh coigilteas thart ar 14% go dtí 16%[295] sa tréimhse a athbhreithníodh. Rinneadh an dara comparáid idir an costas a bhaineann le haltra ar ragobair agus an costas a bhaineann le haltra gníomhaireachta agus measadh go raibh coigiltis thart ar 6% go dtí 8%[295] i gceist.

### *Ospidéal Beaumont*

43.8 Rinne Ospidéal Beaumont costasú chomh maith ar a Bhanc Altraí agus measadh go ndearnadh coigilteas de 17% agus uainchlár altraí bainc aon mhí amháin[296] á chur i gcomparáid leis na sealanna oibre comhréireacha a dhéanfadh foireann ghníomhaireachta. I mí na Bealtaine 2010, thug 62 (coibhéis lánaimseartha) post altranais a gcuid seirbhísí faoin gcóras Bainc Altraí.

---

294 Baineadh úsáid as dhá uainchlár éagsúla; ceann amháin do dhualgas lae agus ceann do sheachtain oícheanta.

295 Baineadh úsáid as costais ó dhá ghníomhaireacht éagsúla.

296 Baineadh úsáid as dhá uainchlár éagsúla do dhualgas lae agus dhá uainchlár éagsúla d'oícheanta thar an tréimhse míosa.

Cuireann sé córas den sórt céanna i bhfeidhm do chúntóirí cúraim sláinte chomh maith. I mí na Bealtaine 2010, chuir 30 post cúntóirí cúraim sláinte seirbhís ar fáil faoin gcóras sin.

43.9 Ar na leasanna eile a d'aithinbainistíocht altranais in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Beaumont fuarthas

- go raibh altraí bainc níos eolaí ó thaobh polasaithe agus nósanna imeachta ospidéil ná altraí gníomhaireachta
- gur féidir pleanáil agus éifeachtúlacht oibríochta níos mó a bhaint amach mar gur féidir teagmháil a dhéanamh le haltraí go díreach agus ar ghearrfhógra
- go gcuirtear oiliúint éigeantach ar nós insealbhú foirmiúil agus rialú ionfhabhtaithe ar fáil don fhoireann ar fad atá cláraithe ar bhanc altraí, rud a éascaíonn caighdeáin sábháilteachta níos mó
- go gcuirtear meascán scileanna na n-altraí atá ar fáil sa Bhanc Altraí san áireamh agus post folamh á líonadh.

## Conclúid

Agus creataí rialála fostaíochta agus buiséid srianta ag teacht chun cinn tá sé tábhachtach do bhainistíocht uas-chumas a lorg laistigh de na hacmhainní atá ann cheana.

Tugann na nithe a luaitear san iniúchadh le fios go gcaithfidh an FSS leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil an méid a foghlaimíodh ó athbhreithniú iniúchta inmheánaigh FSS an Deiscirt á scaipeadh ar fud na heagraíochta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go bhféadfaí coincheap an Bhainc Altraí, ar cuireadh tús leis in Ospidéil Teagaisc Acadúla Bhaile Átha Cliath, agus atáthar a úsáid ar bhonn píolótach, á úsáid níos forleithne.

Tá sé tugtha le fíos ag an FSS nach bhfuil aon phleananna náisiúnta ann faoi láthair, ach go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar nithe den sórt sin. Chuir Príomhfheidhmeannach Ospidéal San Séamas in iúl dom go bhfuil banc chúntóirí cúraim sláinte i bhfeidhm ag an ospidéal cheana féin agus go bhfuil sé i gceist aige córas den sórt céanna a chur i bhfeidhm don fhoireann cléireachais.

Cé go bhfuil teorainn le cumas na bhfostóirí sláinte na hacmhainní seo a úsáid go háirithe san áit a bhfuil gá le speisialtacht tá súil ann uas-chumas a choinneáil ag costas réasúnach. D'fhéadfadh sé go bhféadfaí córas den sórt sin a fhorbairt do chúntóirí cúraim sláinte in ospidéil agus d'fhoireann altranais ag leibhéal cúraim phríomhúil.

# Caibidil 44

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Cleachtadh Príobháideach Sainchomhairleoirí

# Cleachtadh Príobháideach Sainchomhairleoirí

44.1 Faoi Chonradh na Sainchomhairleoirí Leighis 2008 is é an teorainn maidir le cleachtadh príobháideach do shainchomhairleoirí nua ná 20%. Déanann an Conradh foráil freisin do theorainneacha suas le 30% le haghaidh sainchomhairleoirí a raibh conarthaí fostaíochta acu cheana féin a cheadaigh leibhéil de chleachtadh príobháideach sa bhreis ar 20%. Tá ceithre chineál conartha ann anois faoi Chonradh na Sainchomhairleoirí Leighis 2008 agus leibhéil dhifriúla de chleachtadh príobháideach ceadaithe faoi gach ceann acu. Cuireann Fíor 201 síos ar na leibhéil de chleachtadh príobháideach ceadaithe faoi gach cineál conartha agus ar líon na sainchomhairleoirí ar gach ceann acu ag deireadh mhí na Nollag 2009.

**Fíor 201 Cineálacha Conarthaí Sainchomhairleoirí faoi na Socruithe Conartha Nua**

| **Cineál** | | **Líon na Sainchomhairleoirí amhail an 31 Nollaig 2009** |
|---|---|---|
| A | Sainchomhairleoirí a oibríonn don ospidéal poiblí go heisiach agus a dtugtar luach saothair dóibh trí mheán tuarastail amháin. | **682** |
| B | Sainchomhairleoirí a fhéadann gabháil do chleachtadh príobháideach lena n-áirítear | |
| | • iontrálaithe nua a fhéadann gabháil do chleachtadh príobháideach teoranta ar an láthair ar chóimheas 80% poiblí le 20% príobháideach. | **320** |
| | • sainchomhairleoirí reatha a fhéadann gabháil do chleachtadh príobháideach ar chóimheas 70% poiblí le 30% príobháideach agus cleachtadh príobháideach lasmuigh den láthair le haghaidh othar seachtrach a choimeád. | **685** |
| B* | Sainchomhairleoirí reatha a fhéadann gabháil do chleachtadh príobháideach ar chóimheas 70% poiblí le 30% príobháideach agus cleachtadh príobháideach lasmuigh den láthair le haghaidh othar cónaitheach agus othar seachtrach a choimeád. | **338** |
| C | Comhairleoirí nua atá i dteideal gabháil do chleachtadh príobháideach lasmuigh den láthair le haghaidh othar cónaitheach agus othar seachtrach. | **-** |
| **Iomlán** | | **2,025** |

Foinse: FSS

Nóta:

a I dteannta leis na figiúirí thuas, bhí 335 sainchomhairleoir ar chonarthaí fostaíochta a bhí i bhfeidhm cheana féin.

## Béim na Caibidle

Dhírigh an t-iniúchadh a dtugtar tuairisc air sa chaibidil seo ar an tuairisciú a rinneadh roimhe seo a thabhairt suas le dáta agus fáil amach a mhéid is a bhí socruithe curtha i bhfeidhm ag FSS chun cur ar a cumas forálacha Chonradh na Sainchomhairleoirí Leighis 2008 a chur i bhfeidhm a fhorálann go gcuirfear ioncam breise ó chleachtadh príobháideach isteach i gciste speisialta.

## Socruithe Monatóireachta maidir le Comhlíonadh

44.2 Éilíonn Conradh na Sainchomhairleoirí Leighis 2008 go dtabharfadh gach sainchomhairleoir tuairisc do Stiúrthóir Cliniciúil ar a bhfuil freagracht as monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar chleachtadh poiblí/príobháideach sainchomhairleoirí. Go dtí seo tá 49 Stiúrthóir Cliniciúil[297] ceaptha ar fud an chórais ospidéal as na sainchomhairleoirí sin a ghlac leis an gconradh nua. Cé go bhfuil oibleagáid ar Stiúrthóirí Cliniciúla de réir conartha tuairisc a thabhairt do Bhainisteoir/POF an Ospidéil faoi ábhair a bhaineann le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar ghníomhaíocht phoiblí agus phríobháideach sainchomhairleoirí, níl aon mheicníochtaí i bhfeidhm faoi láthair chun taifeadadh a dhéanamh ar a mhéid is a dhéantar é sin.

44.3 Forálann Conradh na Sainchomhairleoirí Leighis 2008 go ndéanfar tomhas agus monatóireacht ar mhéid ualaí oibre phoiblí agus phríobháideacha na sainchomhairleoirí. Meastar go bhfuil sainchomhairleoirí ag sárú téarmaí a gconartha má sháraíonn siad na leibhéil shonraithe de chleachtadh príobháideach in aon ghníomhaíocht chliniciúil dá gcuid a áiríonn othair chónaitheacha, cásanna lae, othair sheachtracha agus diagnóisic. De réir Chonradh na Sainchomhairleoirí Leighis 2008 déantar méid an chleachtaidh a thomhas ar bhonn thréchur na n-othar agus déantar coigeartú ag brath ar chastacht na gcásanna bunaithe ar ualú cásmheascáin. Ní áiríonn sé sin gníomhaíochtaí neamhchliniciúla sainchomhairleoirí[298].

## Bunús na Monatóireachta

Is é atá i gcásmheascán ná córas a bhfuil glacadh leis go hidirnáisiúnta a dhéanann gníomhaíocht sainchomhairleoirí, idir ghníomhaíocht phoiblí agus phríobháideach a tharlaíonn ar champas an ospidéil phoiblí, a thomhas. Soláthraíonn sé ualú do ghníomhaíochtaí cliniciúla sainchomhairleoirí trína ndéantar méid ualach oibre cleachtaidh na sainchomhairleoirí a choigeartú chun castacht na cóireála atá i gceist a thógáil san áireamh agus tá sé bunaithe ar thréchur othar a shocraítear ó thaifid scaoilte na n-othar. Déantar cóireálacha a aicmiú i roinnt grúpaí discréideacha inláimhsithe ar a dtugtar Grúpaí Bainteach le Diagnóisic (DRGanna). Is é atá iontu siúd ná grúpaí de sheirbhísí cóireála sainchomhairleora atá bunaithe ar riocht cliniciúil gach othair agus ar mar a dhéantar ídiú ar acmhainní.

Bailítear sonraí faoi gach eipeasóid de chúram othar trí chóras um Fiosrúchán Othar Cónaitheach Ospidéil (HIPE). Cuireann sainchomhairleoirí (nó ball d'fhoireann Sainchomhairleora) faisnéis ar fhoirm chaighdeánach a phróiseáiltear trí húsáid a bhaint as códú agus sonraí DRG a chuireann Aonaid áitiúla Cásmheascáin sa bhunachar sonraí HIPE. Ansin déanann an córas gach eipeasóid a dháileadh ar aon DRG amháin agus freisin cuireann sé an eipeasóid sin i leith an tsainchomhairleora a rinne an tseirbhís a sheachadadh ar bhonn ualaithe. Ceadaíonn an córas

297 Ceapadh 35 Stiúrthóir Cliniciúil chuig ospidéil ghéarmhíochaine agus ceapadh 14 stiúrthóir chuig seirbhísí meabhairshláinte.

298 Áiríonn gníomhaíochtaí neamhchliniciúla sainchomhairleoirí múineadh, nuashonrú/athbhreithniú ar chairteacha othar, bualadh le gaolta othar, tástálacha a shocrú agus a athbhreithniú, iniúchadh míochaine, dualgais bhainistíochta, boird agallaimh, cruinnithe agus rannpháirtíocht ar choistí.

HIPE na sonraí a chur ar fáil i bhfoirm tuarascála ospidéil nó tuarascála sainchomhairleora aonair. Tá Cásmheascán mar bhunús ag na tuarascálacha míosúla le haghaidh cásanna othar cónaitheach agus cásanna lae. Cuirtear ar fáil iad do gach sainchomhairleoir agus do Stiúrthóirí Cliniciúla nó do Bhainisteoirí Ospidéil, mar is cuí, chun críocha monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh.

## *Cleachtadh a Thomhas*

44.4 D'eisigh Comhairle na nOspidéal FSS roinnt doiciméad treorach ar bhainisteoirí ospidéil le linn 2008 agus 2009 maidir le cleachtadh poiblí agus príobháideach sainchomhairleoirí a thomhas agus a eagrú.

44.5 Baineann an treoir le socruithe athbhreithnithe a chur i bhfeidhm chun othair phoiblí agus phríobháideacha a phróiseáil agus cóireáil a chur orthu chun athruithe ar léirmhíniú na reachtaíochta i leith cáilitheachta a léiriú. Tugadh na socruithe nua isteach chun cinntiú go bhfaigheadh daoine a fhreastalaíonn ar ospidéil phoiblí rochtain ar sheirbhísí ar bhonn cothrom, is cuma faoina stádas mar othair phoiblí nó phríobháideacha. Rinne an treoir cur síos freisin ar na foinsí agus na córais sonraí is cóir a úsáid chun taifeadadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sainchomhairleoirí maidir le hothair chónaitheacha, cásanna lae, le hothair sheachtracha agus le diagnóisic.

44.6 Tá córais tomhais nua forbartha ag FSS, i dteannta leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil cleachtaidh phríobháidigh sainchomhairleoirí ar bhonn aonair ar an dóigh a beartaíodh i gConradh na Sainchomhairleoirí Leighis 2008 (.i. méid na gníomhaíochta cliniciúla maidir le hothair chónaitheacha agus cásanna lae a choigeartú le haghaidh cásmheascáin). Tá na córais tomhais sin curtha i bhfeidhm sa 49 ospidéal géarmhíochaine go léir. Ní leor na córais atá ann faoi láthair áfach chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht othar seachtrach agus ar ghníomhaíocht dhiagnóiseach.

44.7 Déantar gníomhaíocht chliniciúil sainchomhairleoirí, idir ghníomhaíocht phoiblí agus phríobháideach, a thuairisciú sa mhéid is go dtarlaíonn sí ar champas ospidéil. Ní dhéantar gníomhaíochtaí neamhchliniciúla a thomhas.

44.8 Cruthaítear faisnéis faoi na leibhéil ghníomhaíochta phoiblí agus phríobháideacha atá ar siúl ag sainchomhairleoirí maidir le hothair chónaitheacha agus le cásanna lae (mar atá ualaithe le haghaidh cásmheascáin) ón gcóras HIPE gach mí sa 49 ospidéal géarmhíochaine. Cuirtear na tuarascálacha míosúla a thagann chun cinn dá bharr sin ar fáil do shainchomhairleoirí agus dá gcuid Stiúrthóirí Cliniciúla nó Bainisteoirí Ospidéil agus do Ghrúpa Forfheidhmithe náisiúnta FSS an Chonartha Sainchomhairleoirí chun críocha monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh.

## *Cleachtadh Príobháideach a Thuairisciú*

44.9 Tá dhá phríomhchineál tuarascála á chruthú

- meascán cleachtaidh sainchomhairleoirí aonair
- tuarascálacha achoimrithe ar mheascán cleachtaidh.

### *Tuarascálacha ar Chleachtadh Sainchomhairleoirí Aonair*

44.10 Éilíonn socruithe a tugadh isteach in Eanáir 2009, chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil chleachtaidh phríobháidigh sainchomhairleoirí go ndéanfaí tuarascáil tomhais ar an meascán poiblí/príobháideach a eisiúint gach mí ar gach sainchomhairleoir atá fostaithe ag an tseirbhís sláinte poiblí – is cuma cibé an bhfuil nó nach bhfuil Conradh na Sainchomhairleoirí Leighis 2008 acu. Ba cheart doiciméadú a dhéanamh sa tuarascáil sin ar a gcuid gníomhaíochta

maidir le cásanna othar cónaitheach, othar seachtrach agus othar lae. Chun críocha monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, déantar obair sainchomhairleoirí a thomhas ar bhonn trí-mhí i riaráiste.

44.11 Ón tréimhse tuairiscithe Eanáir 2009 ar aghaidh, tá tuarascálacha maidir le comhlíonadh sainchomhairleoirí aonair á gcur ar fáil do Stiúrthóirí Cliniciúla agus do Bhainisteoirí Ospidéil.

44.12 Tá mall-aga de thart ar cheithre mhí (faoi ghnáthchúinsí) i gceist maidir le tuarascálacha a chur ar fáil do shainchomhairleoirí agus do bhainisteoirí. Is é an fáth atá leis sin ná go dteastaíonn am chun gníomhaíochtaí a chódú ó thaifid othar. Eisíodh tuarascálacha comhlíonta don chéad tréimhse um thomhas gníomhaíochta, Eanáir – Márta 2009, ar shainchomhairleoirí aonair in Iúil 2009.

### *Tuarascálacha Achoimre FSS - Inmheánach*

44.13 Chomh maith le fógra a thabhairt do shainchomhairleoirí ar bhonn aonair, ullmhaítear tuarascáil iomlán stádais do FSS chun críocha monatóireacht agus bainistíocht inmheánach a dhéanamh. Tá tuarascálacha achoimre tiomsaithe ag FSS le haghaidh na dtréimhsí trí-mhí de ghníomhaíocht sainchomhairleoirí mar atá leagtha amach i bhFíor 202.

**Fíor 202 Tuarascálacha Achoimre ar Ghníomhaíocht Sainchomhairleoirí**

| Mí a Foilsíodh | Tréimhse Gníomhaíochta Clúdaithe |
|---|---|
| Meán Fómhair 2009 | Feabhra – Aibreán 2009 |
| Deireadh Fómhair 2009 | Márta – Bealtaine 2009 |
| Samhain 2009 | Aibreán – Meitheamh 2009 |
| Eanáir 2010 | Meitheamh – Lúnasa 2009 |
| Aibreán 2010 | Meán Fómhair – Samhain 2009 |

### *Tuarascálacha Achoimre FSS – Tuairisciú Poiblí*

44.14 Foilsíonn FSS tuarascálacha achoimre, a thaispeánann na leibhéil de ghníomhaíocht phoiblí agus phríobháideach sainchomhairleora maidir le hothair chónaitheacha agus cásanna lae. Déanann na tuarascálacha achoimre sin taifead ar

- an gcéatadán de shainchomhairleoirí a bhfuil Conradh na Sainchomhairleoirí Leighis 2008 sínithe acu
- an gcéatadán de shainchomhairleoirí atá laistigh de 10% óna dteorainn shonraithe de chleachtadh príobháideach.

## *Torthaí ar Thuairisciú*

44.15 Sa Tuarascáil Achoimre is deireanaí ó FSS maidir le Cleachtadh Príobháideach Sainchomhairleoirí a Thomhas a chlúdaíonn gníomhaíocht chliniciúil sainchomhairleoirí le haghaidh Othar Cónaitheach agus Cásanna Lae sa tréimhse Meán Fómhair go Samhain 2009 (dátaithe Aibreán 2010 agus eisithe in Iúil 2010) tugadh tuairisc ar leibhéil chomhlíonta le haghaidh 45 as an 49 ospidéal géarmhíochaine poiblí

- ní raibh sonraí ar fáil le haghaidh trí ospidéal.
- thug ospidéal amháin tuairisc ar leibhéil cleachtaidh phríobháidigh ar bhonn rátaí scaoilte Cásanna Othar Cónaitheach agus Lae agus foirne sainchomhairleoirí.

44.16 Taispeánann an céatadán de shainchomhairleoirí atá ag obair laistigh de chóimheasa comhaontaithe conartha (mar atá ualaithe le haghaidh cásmheascáin), agus ar tuairiscíodh sonraí faoi chleachtadh príobháideach ina dtaobh, gurb é an céatadán de shainchomhairleoirí a bhfuil téarmaí Chonradh 2008 á sárú acu ná thart ar 33%.

### Cleachtadh Othar Cónaitheach

44.17 Ar an iomlán, nuair a breathnaíodh orthu ó thaobh an ospidéil, thaispeáin 45 ospidéal a thug tuairisc na patrúin chomhlíonta seo a leanas

- Thuairiscigh cúig ospidéal go raibh a gcuid sainchomhairleoirí go léir ag comhlíonadh na leibhéil chonraithe de chleachtadh príobháideach.
- Thuairiscigh tríocha ospidéal eile go raibh 50% dá gcuid sainchomhairleoirí ag comhlíonadh a gcuid leibhéal conraithe de chleachtadh príobháideach.

### Obair Cásanna Lae

44.18 Tuairiscíodh sonraí ar leibhéil ghníomhaíochta maidir le cásanna lae othar príobháideach i gcás 45 ospidéal. Tugadh an méid seo a leanas le tuiscint ó na sonraí sin

- Go raibh 100% de na sainchomhairleoirí ag comhlíonadh i dtrí ospidéal.
- Thuairiscigh 36 ospidéal eile go raibh níos mó ná 50% dá gcuid sainchomhairleoirí ag comhlíonadh a gcuid leibhéal conraithe de chleachtadh príobháideach.

44.19 Shonraigh FSS go raibh litreacha scríofa ag Stiúrthóirí Cliniciúla/Bainisteoirí Ospidéil chuig 296 sainchomhairleoir faoi dheireadh Iúil 2010 ag cur in iúl dóibh go mbeadh orthu dul i ngleic le leibhéil iomarcacha de chleachtadh príobháideach.

### Patrún de Chleachtadh Othar Cónaitheach 2006-2009 de réir Grúpa Ospidéil

44.20 Tá faisnéis a sholáthair FSS le haghaidh an mheascáin chomhiomlánaithe phoiblí agus phríobháidigh de ghníomhaíocht othar cónaitheach le haghaidh na sainchomhairleoirí go léir i ngach ceann d'ocht gCeantar Líonra FSS le haghaidh na tréimhse 2006-2009 leagtha amach i bhFíor 203. Tuairiscítear iomláin náisiúnta freisin.

**Fíor 203 Meascán d'Othair Chónaitheacha Phoiblí agus Phríobháideacha (Coigeartaithe le haghaidh Cásmheascáin) 2006-2009**

| Grúpa Ospidéil | 2006 | | 2007 | | 2008 | | 2009 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Poiblí | Príobh-áideach | Poiblí | Príobh-áideach | Poiblí | Príobh-áideach | Poiblí | Príobh-áideach |
| | % | % | % | % | % | % | % | % |
| Baile Átha Cliath/Lár na Tíre | 73.2 | 26.8 | 74.7 | 25.3 | 76.9 | 23.1 | 78.6 | 21.4 |
| Baile Átha Cliath Thuaidh | 73.1 | 26.9 | 73.9 | 26.1 | 74.8 | 25.2 | 76.0 | 24.0 |
| Baile Átha Cliath Theas | 75.2 | 24.8 | 75.0 | 25.0 | 73.6 | 26.4 | 74.4 | 25.6 |
| An Meán-Iarthar | 66.5 | 33.5 | 67.2 | 32.8 | 63.2 | 36.8 | 64.3 | 35.7 |
| Oirthuaisceart | 99.9 | 0.1 | 76.2 | 23.8 | 76.3 | 23.7 | 78.2 | 21.8 |
| Oirdheisceart | 76.0 | 24.0 | 75.4 | 24.6 | 75.7 | 24.3 | 76.9 | 23.1 |
| An Deisceart | 70.5 | 29.5 | 69.3 | 30.7 | 68.9 | 31.1 | 70.6 | 29.4 |
| An tIarthar | 78.3 | 21.7 | 78.7 | 21.3 | 78.0 | 22.0 | 79.2 | 20.8 |
| **Iomláin Náisiúnta** | **76.0** | **24.0** | **74.2** | **25.8** | **74.1** | **25.9** | **75.5** | **24.5** |

Foinse: Aonad Faisnéise Gnó FSS bunaithe ar 49 ospidéal tuairiscithe.

44.21 Ba é an t-iomlán náisiúnta le haghaidh cóireálacha príobháideacha othar cónaitheach ná beagnach 26% in 2007 agus 2008. Tháinig laghdú beag ar an gcóimheas sin go 24.5% in 2009.

44.22 Thaispeáin na sonraí bunúsacha ar an 49 ospidéal a bhfuarthas faisnéis fúthu maidir le gníomhaíocht phoiblí agus phríobháideach othar cónaitheach gurbh amhlaidh in 2009

- Go raibh rátaí de chleachtadh príobháideach de 30% ag níos mó ag 13 ospidéal
- Go raibh na rátaí ab airde de chleachtadh príobháideach san Ospidéal Réigiúnach – Luimneach (53%) agus in Ospidéal Naomh Eoin– Luimneach (52.4%).
- Go raibh na leibhéil de chleachtadh príobháideach ag sárú leibhéal iomlán de 20% i 38 ospidéal[299].

## *Patrún Cleachtadh Cásanna Lae 2006-2009 de réir Grúpa Ospidéil*

44.23 Ba é an leibhéal náisiúnta de chleachtadh príobháideach cásanna lae le haghaidh na sainchomhairleoirí go léir ná 15.9% in 2009, agus ba ghnách go mbíodh sé níos lú ná 20% sa tréimhse ó 2006-2009. Maidir le cásanna lae, feictear claonadh i dtreo laghduithe ar na leibhéil gníomhaíochta príobháidí. Folaíonn na comhiomláin sin éagsúlachtaí suntasacha maidir le

[299] Is teorainn ilchodach í sin chun críocha monatóireachta. I gcleachtas, féadann teorainneacha éagsúla idir nialas agus 30% a bheith ann le haghaidh sainchomhairleoirí aonair atá fostaithe faoi Chonradh na Sainchomhairleoirí Leighis 2008, ag brath ar an gcineál conartha.

hospidéil aonair, áfach. Tugann na sonraí bunúsacha ospidéil maidir le cleachtadh cásanna lae le fios gurbh amhlaidh in 2009

- Gur sháraigh na leibhéil de chleachtadh príobháideach 30% i 17 ospidéal.
- Gur sháraigh cleachtadh príobháideach 28% i 28 ospidéal.
- Go raibh leibhéal de chleachtadh príobháideach de 48.5% ag an Ospidéal Ortaipéideach Réigiúnach – Luimneach.

44.24 Tá na sonraí de réir Grúpa Ospidéil thar an tréimhse 2006-2009 leagtha amach i bhFíor 204.

**Fíor 204 Meascán de Chásanna Lae Poiblí agus Príobháideacha (Coigeartaithe le haghaidh Cásmheascáin) 2006 - 2009**

| Grúpa Ospidéil | 2006 | | 2007 | | 2008 | | 2009 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Poiblí | Príobh-áideach | Poiblí | Príobh-áideach | Poiblí | Príobh-áideach | Poiblí | Príobh-áideach |
| | % | % | % | % | % | % | % | % |
| Baile Átha Cliath/Lár na Tíre | 68.9 | 31.1 | 75.3 | 24.7 | 76.4 | 23.6 | 79.3 | 20.7 |
| Baile Átha Cliath Thuaidh | 79.3 | 20.7 | 79.8 | 20.2 | 86.5 | 13.5 | 87.4 | 12.6 |
| Baile Átha Cliath Theas | 92.1 | 7.9 | 93.1 | 6.9 | 90.4 | 9.6 | 91.0 | 9.0 |
| An Meán-Iarthar | 57.9 | 42.1 | 68.2 | 31.8 | 66.7 | 33.3 | 70.4 | 29.6 |
| Oirthuaisceart | 100.0 | - | 77.7 | 22.3 | 77.9 | 22.1 | 78.3 | 21.7 |
| Oirdheisceart | 71.5 | 28.5 | 75.0 | 25.0 | 72.3 | 27.7 | 71.8 | 28.2 |
| An Deisceart | 79.7 | 20.3 | 59.8 | 40.2 | 84.6 | 15.4 | 83.8 | 16.2 |
| An tIarthar | 84.9 | 15.1 | 87.0 | 13.0 | 88.3 | 11.7 | 88.0 | 12.0 |
| **Iomláin Náisiúnta** | **81.2** | **18.8** | **78.7** | **21.3** | **83.5** | **16.5** | **84.1** | **15.9** |

Foinse: Aonad Faisnéise Gnó FSS

## *Cleachtadh Príobháideach – Coigeartuithe Airgeadais*

44.25 De dhroim na socruithe forfheidhmithe a bhí i gConradh 2008 bhí gá le córais a bhunú chun comhairleoirí a chur ar an eolas faoi aon chásanna áit a sáródh aon chineál cleachtaidh phríobháidigh an cóimheas a bheadh sonraithe ina gconradh fostaíochta. Ba é a bhí i gceist ná fógra scríofa a eisiúint laistigh d'aon mhí amháin ón bhfadhb a aithint. Dá ndéanfaí an scéal a leigheas laistigh de shé mhí ní bheadh tuilleadh gnímh ag teastáil. Dá mbeadh an fhadhb fós ann tar éis sé mhí, áfach, ba cheart fógra scríofa maidir leis sin a eisiúint ar an sainchomhairleoir agus éileamh air/uirthi bualadh leis an Stiúrthóir Cliniciúil, le Bainisteoir nó Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ospidéil agus le baill foirne ábhartha eile agus amchlár a shocrú chun an scéal a leigheas laistigh de na trí mhí dar gcionn.

44.26 Mura mbeadh an chothromaíocht chuí tugtha ar ais tar éis naoi mí ón dáta a aithníodh an sárú ar dtús, forálann Conradh na Sainchomhairleoirí 2008 go bhféadann lucht bainistíochta an ospidéil na háiseanna don chleachtadh príobháideach breise a bhaint.[300] nó iarraidh ar an sainchomhairleoir na táillí cleachtaidh príobháidigh i dtaobh na gníomhaíochta iomarcaí a íoc le Ciste Taighde agus Staidéir ospidéil faoi cheannas an Stiúrthóra Chliniciúil.

44.27 Rinne FSS rialachán airgeadais a leagann amach an mheicníocht chun táillí as cleachtadh príobháideach iomarcach a íoc. Mar achoimre, forálann an rialachán go ndéanfar gach ioncam ó tháillí príobháideacha a sháraíonn na teorainneacha forordaithe a aisíoc. Eisíodh an rialachán sin go luath i Lúnasa 2010.

44.28 Tá sé beartaithe sa rialachán go dtabharfar 30 lá d'aon sainchomhairleoir a mbeidh a theorainn cleachtaidh phríobháidigh sáraithe aige chun aon mhéid atá dlite leis an gCiste Taighde agus Staidéir a íoc. Tá sé beartaithe freisin

- i gcás go n-íocfaidh an sainchomhairleoir an méid a éilíodh, go mbeidh sé/sí i dteideal filleadh ar chleachtadh príobháideach tar éis dearbhú a fháil ón bhfostóir go bhfuarthas an méid a éilíodh
- i gcás nach dtabharfar an méid a éilíodh, ní fhillfidh an sainchomhairleoir ar chleachtadh príobháideach maidir leis an gcohórt de chleachtadh áit a bhfuil an cóimheas sonraithe á shárú aige/aici ar feitheamh na dtáillí gan íoc a íoc leis an gCiste Taighde agus Staidéir.

44.29 Tá sé sonraithe ag FSS nach bhfuil aon ioncam ó tháillí príobháideacha bailithe fós ó shainchomhairleoirí a bhfuil a gcuid leibhéal ceadaithe de chleachtadh príobháideach á sárú acu. Faoi lár mhí Lúnasa bhí litreacha ó FSS ag iarraidh go n-íocfaí a n-ioncam ó chleachtadh príobháideach iomarcach faighte ag 35 sainchomhairleoir a raibh a gcleachtadh príobháideach ag sárú na dteorainneacha ceadaithe. Mura n-íocfaí aon mhéid atá measta mar bheith dlite bheadh sárú conartha i gceist agus chuirfí tús leis na nósanna imeachta caighdeánacha maidir le sáruithe tar éis na tréimhse ama cuí.

## *Socruithe Áitiúla a Fhíorú*

44.30 Tá iniúchtaí á ndéanamh ag FSS ag roinnt ospidéal maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le chur chun feidhme Chonradh na gComhairleoirí. Is mar chuid de chlár bliantúil iniúchta FSS a bhfuiltear á dhéanamh seo. Scrúdaítear uainchláir na gcomhairleoirí, sonraí poiblí nó príobháideacha agus comhliostaí feithimh le linn an iniúchta. Is éard is comhliosta feithimh ann ná liosta de na hothair go léir, is cuma an stádas poiblí nó príobháideach atá acu, atá ag fanacht le gnáthamh áirithe, agus na socruithe atá déanta maidir le comhairleoirí a chur ar an eolas faoi neamhchomhlíonadh.

44.31 D'fhostaigh Stiúrthóireacht Inmheánach Iniúchta FSS PricewaterhouseCoopers le cabhrú chun clár mionsonraithe oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhair na n-iniúchtaí sin. Rinneadh an chéad iniúchadh ar bhonn píolótach in ospidéal amháin agus tá sé beagnach críochnaithe anois. Cuirfear cur chuige coigeartaithe i bhfeidhm in ospidéil eile go luath.

300 Deireadh a chur le cleachtadh príobháideach an tsainchomhairleora i dtaobh na gné sin den chleachtadh a sháraíonn an cóimheas sonraithe.

### *Dul Chun Cinn maidir le Nósanna Imeachta Ceartúcháin a Chur i bhFeidhm*

44.32 Tá na garspriocanna lárnacha atá beartaithe le tomhas cleachtaidh a thabhairt isteach leagtha amach i bhFíor 205.

**Fíor 205 Garspriocanna maidir leis an Meascán Poiblí: Príobháideach a Chur i bhFeidhm**

| Garsprioc | Gníomhaíocht |
|---|---|
| 1 Eanáir 2009 | Tús le tomhas |
| 1 Iúil 2009 | Na chéad tuarascálacha ráithiúla comhlíonta chuig sainchomhairleoirí |
| Iúil/Lúnasa 2009 | Fógra faoi sháruithe eisithe ar shainchomhairleoirí ábhartha |
| Eanáir 2010 | Tagann deireadh leis an tréimhse sé mhí chun aon éagothroime a chur i gceart |
| Márta 2010 | Tagann deireadh leis an tréimhse bhreise trí mhí um cheartú |
| Lúnasa 2010 | Litreacha eisithe ar 35 sainchomhairleoir ag iarraidh orthu táillí iomarcacha cleachtaidh a íoc |

44.33 I gcleachtas, is gnách go dtagraíonn tuarascálacha a eisítear ar shainchomhairleoirí do thréimhsí gníomhaíochta suas le sé mhí roimhe sin. Mar sin ní raibh an seasamh maidir le cóimheasa cleachtaidh phoiblí/phríobháidigh sainchomhairleoirí aonair le haghaidh Eanáir-Márta 2009 ar eolas go dtí Iúil na bliana sin.

44.34 Is é an toradh a bhíonn air sin ná i gcásanna áit a n-aithnítear sáruithe ar na leibhéil de chleachtadh príobháideach, féadann sé suas le sé mhí dhéag a thógáil idir an sárú a aithint agus aon smachtbhannaí a fhorchur nuair a thógtar san áireamh an tréimhse ghníomhaíochta trí mhí, moill ceithre mhí maidir le tuarascálacha a thiomsú agus an naoi mí atá ceadaithe chun an scéal a leigheas.

## Conclúid

Mar chuid de shocrú conartha a comhaontaíodh in 2008, thug sainchomhairleoirí gealltanas chun cleachtadh príobháideach a theorannú go leibhéil socraithe.

Ní dhearnadh mórán dul chun cinn maidir leis an bhforáil sin a chur i bhfeidhm sa mhéid is

- Gurb amhlaidh go sáraíonn na leibhéil de chleachtadh príobháideach in go leor ospidéal leibhéil cheadaithe fós, agus go bhfuil sárú suntasach i gceist i roinnt cásanna
- go bhfuil riaráiste mór i gceist maidir le monatóireacht agus obair á tuairisciú suas le naoi mí tar éis í a dhéanamh.

Cé go bhfuil sé mar chuspóir intuigthe de Chonradh na Sainchomhairleoirí 2008 deireadh a chur le haon dreasacht airgid ó thaobh na sainchomhairleoirí chun gabháil do chleachtadh príobháideach os cionn leibhéil chomhaontaithe, níl aon choigeartú airgeadais curtha i gcrích.

## Tuairimí Ginearálta an Oifigigh Chuntasaíochta

44.35 Cé go raibh scóip an athbhreithnithe a dtugtar tuairisc air thuas teoranta sa chás go raibh socruithe airgeadais i bhfeidhm chun cleachtadh príobháideach iomarcach a dhídhreasú, tá an conradh á chur i bhfeidhm i suíomh athraithe níos leithne. Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfeictear roinnt comharthaí luatha de dhul chun cinn maidir le ról a thabhairt do shainchomhairleoirí i mbainistíocht le ceannaireacht fhorleathan sainchomhairleora san athchumraíocht agus sa stiúrthóireacht cháilíochta laistigh de FSS. Shonraigh sé go bhfuil líon mór sainchomhairleoirí rannpháirteach i gcláir náisiúnta chúraim a dhearadh thar réimse leathan suíomhanna. Tá Stiúrthóirí Cliniciúla fostaithe ar fud an chórais sláinte agus cé nach bhfuil siad rannpháirteach ar bhealach comhionann, tá feidhmíocht thar cuimse acu i roinnt ionad.

# Caibidil 45

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Soláthar Seirbhísí Míchumais

# Soláthar Seirbhísí Míchumais

45.1 Sa bhliain 2009, sholáthair FSS thart ar €1.6 billiún chun seirbhísí míchumais a mhaoiniú. Dáileann sí 75%, nó €1.2 billiún, den mhéid sin trí eagraíochtaí neamhbhrabúis a sholáthraíonn os cionn 80% de na seirbhísí míchumais go léir. Tá 281 chomhlacht den sórt sin ann a sholáthraíonn seirbhísí míchumais i suíomhanna éagsúla pobail agus cónaithe.

45.2 Cuidíonn an maoiniú a sholáthraíonn FSS le tacaíocht a thabhairt do 53,326 dhuine faoi mhíchumas ar a laghad atá cláraithe sna bunachair náisiúnta míchumais[301], a bhfuil 8,997 nduine díobh faoi chúram cónaithe d'aosaigh. Tá 24,707 nduine faoi mhíchumas ann a bhaineann leas as seirbhísí lae d'aosaigh.

45.3 Fuarthas amach le tuarascáil roimhe seo[302] , maidir le soláthar seirbhísí míchumais, go bhfuil an cur chuige arb é maoiniú a thabhairt d'eagraíochtaí neamhbhrabúis a sholáthraíonn na seirbhísí bunaithe ar mhéaduithe breisíocha agus ar an gcostas a ghabhann le socruithe nua. Tugadh faoi deara sa tuarascáil sin gurb é an baol a ghabhann leis an gcur chuige sin go mbeadh baint lag, le himeacht aimsire, ag an bpríomh-leithroinnt maoinithe le leibhéil riachtanas aitheanta agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh nach mbeadh an maoiniú dírithe ar na réimsí is mó gá.

## Béim na Caibidle

Tuairiscíonn an caibidil ar thoradh an iniúchta lena mbreithniú

- cibé an bhfuil faisnéis leordhóthanach ag FSS chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal leithroinnte le haghaidh seirbhísí míchumais nó nach bhfuil agus
- a mhéid is féidir le comhlachtaí soláthraithe seirbhísí freastal do chostas cúraim agus do catagóirí agus daoine aonair faoi mhíchumas.

## Maoiniú ó FSS do Sholáthraithe Seirbhísí

45.4 Tugadh faoi deara san iniúchadh nach ndearnadh aon athrú substaintiúil ar chur chuige FSS i leith maoiniú a thabhairt d'eagraíochtaí neamhbhrabúis ó rinneadh scrúdú ar na nithe sin sa bhliain 2005. Leantar de leithroinnt a dhéanamh faoi threoir leibhéal stairiúil maoinithe, arna coigeartú le haghaidh forbairtí ar sheirbhísí nua. Déantar maoiniú a choigeartú i gcoitinne freisin chun socrú a dhéanamh i dtaobh boilsciú pá agus i dtaobh buiséid.

45.5 Thosaigh FSS, áfach, i rith na bliana 2009, ar shocruithe nua le haghaidh seirbhísí a thabhairt isteach atá ceaptha níos mó faisnéis a fháil ar ionchuir agus ar ghníomhaíochtaí ag leibhéal na soláthraithe. Dé réir mar a dhéanfar forbairt ar an bhfaisnéis sin, cuirfear leis an bhfaisnéis atá in dhá bhunachar míchumais atá ann cheana.

---

301 Toisc go bhfuil na bunachair shonraí bunaithe ar thuairisciú deonach, ní thugann siad léiriú ar mhéid iomlán soláthair seirbhísí speisialaithe do dhaoine faoi mhíchumas.

302 Tuarascáil Speisialta Uimh. 52 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste - Eagraíochtaí Neamhbhrabúis do Sholáthar Seirbhísí Míchumais, Nollaig 2005.

## Bunachair Mhíchumais

45.6 Tá dhá bhunachar míchumais phríomha – an Bunachar Náisiúnta Míchumais Intleachtúil (BNMI) agus an Bunachar Náisiúnta Míchumais Coirp agus Céadfa (BNMCC). Bhunaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí (an Roinn) na bunachair chun cuidiú le pleanáil seirbhísí. Déanann an Bord Taighde Sláinte iad a bhainistiú.

45.7 Le linn faisnéis a bhailiú le haghaidh an dá bhunachar, nó mór go ndéanfaidh oibrithe cásanna leithleacha/bailitheoirí sonraí ainmnithe san earnáil neamhreachtúil nó FSS agallamh a chur ar phearsana aonair atá faoi mhíchumas (nó i gcás BNMI ar a dteaghlaigh/a gcaomhnóirí). Déantar an fhaisnéis a sholáthraítear a chur isteach sa bhunachar iomchuí.

45.8 Faoi láthair déantar leis na bunachair sin faisnéis staidrimh ó úsáideoirí seirbhísí cláraithe aonair a chomhordú chun na nithe seo a leanas a sholáthar

- próifíl ar dhaoine atá faoi mhíchumas i ngach limistéar de chuid FSS ina bhfuil faisnéis faoi inscne, aoisghrúpa, leibhéal an mhíchumais agus cúinsí cónaithe
- leibhéil na seirbhísí a sholáthraítear faoi láthair do phearsana aonair arna lua i dtéarmaí ginearálta
- riachtanais seirbhíse aitheanta don todhchaí, arna lua i dtéarmaí ginearálta freisin.

45.9 Cé go ndéantar faisnéis a thaifeadadh sna bunachair d'úsáideoirí seirbhísí aonair, ní sholáthraíonn siad an leibhéal seirbhíse a theastaíonn ó gach pearsa aonair ó thaobh líon, cineál agus grád na foirne is gá. Mar sin, is beag an cúnamh iad do FSS maidir le leibhéil maoinithe a leagan síos do sholáthraithe seirbhísí.

45.10 Sa bhliain 2009, chinn an Roinn agus FSS athbhreithniú a dhéanamh ar na bunachair agus na córais faisnéise míchumais go léir d'fhonn comhtháthú a dhéanamh ar shonraí a bhailiú, ar chórais bainistithe agus tuairiscithe faoi chomhair a riachtanas pleanála agus cheanglais an Achta um Míchumas 2005 agus ar mheasúnachtaí aonair a dhéanamh. Níor tugadh an tionscnamh sin ar aghaidh, áfach, níos faide ná an chéim pleanála.

## Socruithe nua le haghaidh seirbhísí

45.11 Mar chuid de shocruithe nua atá á dtabhairt isteach faoi láthair, déanann soláthraithe seirbhísí raon faisnéise a chur faoi bhráid FSS ina leagtar amach na nithe seo a leanas le haghaidh gach suímh a bhaineann leis an tseirbhís a chuireann siad ar fáil

- an líon foirne agus na gráid foirne a fhostaíonn siad (e.g. gairmithe liachta, altranais, tacaíochta, cúraim sláinte agus shóisialaigh agus foireann riaracháin/bainistíochta)
- an líon úsáideoirí seirbhísí atá faoina gcúram
- próifíl na míchumas a ndéileáiltear leo sa suíomh sin.

45.12 Féachann na socruithe nua le haghaidh seirbhísí le faisnéis a fháil maidir le leibhéal na dtacaíochtaí atá ag teastáil. Trí scrúdú a dhéanamh ar shampla de na doiciméid sin, áfach, fuarthas amach nach n-aithnítear sna socruithe nua le haghaidh seirbhísí leibhéal na dtacaíochtaí a theastaíonn ó gach pearsa aonair atá faoi mhíchumas.

### *Caighdeáin Cáilíochta*

45.13 Ceanglaítear leis na socruithe nua le haghaidh seirbhísí idir FSS agus soláthraithe seirbhísí go mbeidh seirbhísí ceangailte le caighdeáin an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS), agus féinfhaireachán agus athbhreithniú FSS á ndéanamh ar bhonn leanúnach. Faoi láthair, ní dhéantar aon iniúchadh neamhspleách ar ionaid chónaithe do dhaoine atá faoi mhíchumas. Moltar i dTuarascáil ón gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú 2009[303] go dtosófar an tAcht Sláinte 2007 le go bhféadfar gach ionad míchumais agus gach seirbhís faoisimh do leanaí atá faoi mhíchumas a chlárú agus a iniúchadh ar bhonn neamhspleách.

## Caighdeáin Cáilíochta Náisiúnta

Rinne an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) *Caighdeáin Cáilíochta Náisiúnta: Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine atá faoi Mhíchumas* a fhoilsiú i mí Bealtaine 2009. Roimh mhí Bealtaine 2009, ní raibh aon chaighdeáin i bhfeidhm le haghaidh ionad cónaithe do phearsana aonair atá faoi mhíchumas. Go bunúsach, is é atá sna caighdeáin treoir do phearsana aonair agus do theaghlaigh i dtaobh céard leis is féidir leo a bheith ag súil le réasún ó shaoráidí cónaithe do dhaoine atá faoi mhíchumas. Déantar na caighdeáin a aicmiú ina seacht roinn mar léiriú ar na gnéithe éagsúla de sheirbhís ardcháilíochta atá dírithe ar an duine. Is iad na teidil a thugtar ar na seacht roinn Cáilíocht na Beatha, Foireann, Cosaint, Forbairt agus Sláinte, Cearta, an Timpeallacht Fhisiciúil agus Rialachas agus Bainistíocht agus tá roinnt caighdeán agus critéar gaolmhar ag gabháil leo.

45.14 Dúirt an Roinn Sláinte agus Leanaí (An Roinn) nach bhféadfaí, mar gheall ar an mbrú reatha ar an airgeadas poiblí, na Caighdeáin sin a chur i ngníomh go hiomlán ar bhonn reachtúil, lena n-áirítear na caighdeáin sin a bhaineann le clárú agus iniúchadh.

45.15 Mhol an Roinn agus FSS go bhféadfaí na caighdeáin a chur i ngníomh ar bhonn neamhreachtúil (.i. ar bhonn saorálach) trí dhíriú ar dtús ar chaighdeáin fheabhsaithe cúraim a bhaint amach laistigh de bhonneagar fisiciúil láithreach ionad cúram agus leibhéil reatha fhoriomlána ioncaim agus foirne.

## Costáil Seirbhíse

45.16 Cuspóir de chuid FSS ná noirm chostais a chur ar bun bunaithe ar riachtanais úsáideoirí seirbhísí agus chun socrú a dhéanamh go bhféadfaí comparáidí a dhéanamh ó thaobh costas idir soláthraithe seirbhísí a chuireann seirbhísí comhchosúla ar fáil. Ar dtús, níor mhór sonraí cuimsitheacha a ghiniúint. Faoi dheireadh 2009, d'aontaigh thart ar 76% de sholáthraithe seirbhísí, is ionann agus 80% de mhaoiniú reatha FSS don earnáil, páirt a ghlacadh sna socruithe nua.

45.17 Rinneadh scrúdú ar shampla den fhaisnéis a cuireadh ar ais faoi na socruithe nua le haghaidh seirbhísí. Tugadh neamhréireachtaí faoi deara sa tslí ar a gcuirtear na seirbhísí ar fáil agus sa líon agus sna gráid foirne a tuairiscíodh, mar shampla

- Luaigh soláthraí seirbhísí amháin go raibh foireann i suíomh sonrach ach ní dhearna sé an fhoireann sin a leithroinnt ar aonaid sa suíomh sin

303 Tuarascáil ón gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú 2009, Plean Forfheidhmithe (Gníomhaíocht 40).

- Níor nós go ginearálta le soláthraí seirbhísí eile gráid foirne a áireamh ina thuairisceáin -- gan an fhaisnéis sin, ní fhéadfadh FSS an meánchostas a ghabhann le soláthar na seirbhíse a chinneadh.

45.18 Thug an Roinn agus FSS le fios go bhfuil costais seirbhísí in aonaid soláthair laistigh de sholáthraithe seirbhísí á suíomh mar chuid d'athbhreithniú ar sheirbhísí míchumais. Mar gheall ar shonraí neamhiomlána agus neamhréireacha a chur isteach, ní mór d'fhoireann FSS, ag an leibhéal áitiúil, obair mhór fíoraithe a dhéanamh agus faisnéis a fháil go díreach ó sholáthraithe seirbhísí maidir le líon agus gráid foirne a fhostaítear in aonaid de chuid soláthraithe seirbhísí ionas gur féidir costais pá gach aonaid a shuíomh. Faightear faisnéis maidir le costais neamhphá go díreach ó na soláthraithe seirbhísí trí cheistneoir mionsonraithe.

45.19 Táthar ag súil go dtabharfar aghaidh san athbhreithniú míchumais ar chaighdeánú riachtanais FSS faisnéis a chaithfear a fháil ó sholáthraithe seirbhísí chun tacú le cinnteoireacht ag FSS atá bunaithe ar fhianaise maidir le leithroinnt maoinithe amach anseo agus maidir le costais in aghaidh an úsáideora seirbhísí a ríomh. Thug an Roinn le fios go bhféadfaí an méid sin a fhorbairt tuilleadh chun bandaí costais a tháirgeadh le haghaidh na bpríomhearnálacha úsáideora seirbhísí agus cineáil seirbhíse.

### Conclúid – Socruithe Seirbhíse Nua

D'fhéadfadh na socruithe nua feabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ar fáil chun cinntí a dhéanamh. Ní mór do FSS, áfach, an neamhréireacht sa soláthar faisnéise a réiteach ionas gur féidir comparáidí lánbhrí a dhéanamh agus chun cuidiú léi an costas a ghabhann le soláthar seirbhísí d'earnálacha sainmhínithe úsáideoirí seirbhísí a chinneadh.

## Faisnéis laistigh d’Eagraíochtaí Neamhbhrabúis

45.20 Rinneadh athbhreithnithe i gcúig cinn de sholáthraithe seirbhísí míchumais d'fhonn a shuíomh an bhféadfaí maoiniú a rianú chuig úsáideoirí seirbhísí agus a mhéid a d'fhéadfaí sin a dhéanamh. Is iad na comhlachtaí ar tugadh cuairt orthu Teach Naomh Mícheál, Iníonacha Carthanachta Naomh Uinseann de Pól, Seirbhísí Pobail Naomh Eoin le Dia, Grúpa Rehab agus Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann.

45.21 I gcoitinne, soláthraítear seirbhísí do ghrúpaí de phearsana aonair atá faoi mhíchumas go feadh méideanna éagsúla agus déantar costais a chuirtear síos do na grúpaí sin a leithroinnt ar bhonn grúpa. Fuarthas amach san iniúchadh go raibh éagsúlacht ann ó sholáthraí seirbhísí go chéile idir costas seirbhíse do dhaoine atá faoi mhíchumas go feadh méideanna comhchosúla. Bhí soláthraithe seirbhísí in ann costas measta do phearsana aonair ar dháta reatha a sholáthar i roinnt cásanna.

45.22 Bhí sé indéanta an costas sin a chur i gceangal le leithroinntí stairiúla go feadh méid theoranta sa cheathrú cuid de na cásanna a scrúdaíodh, a bheag nó a mhór. Sna cásanna sin, cé go rabhthas in ann an leithroinnt maoinithe bhunaidh ó FSS a aithint, bhí sé deacair coigeartuithe ina dhiaidh sin ar an leithroinnt a leithlisiú, cibé acu le haghaidh riachtanas sonrach úsáideoirí seirbhísí nó le haghaidh méaduithe pá-choibhneasa. Aithníodh roinnt cásanna, áfach, inar lú an costas reatha ná an leithroinnt bhunaidh roimh innéacsú.

45.23 Fuarthas amach i scrúdú ar shampla daoine a scoir de bheith ina n-úsáideoirí seirbhísí nach ndearna FSS leithroinntí a choigeartú sa chuid is mó de chásanna. Ní dhearna FSS iarracht maoiniú do sholáthraithe seirbhísí a laghdú nuair a d'fhág úsáideoirí seirbhísí ach amháin i gcás inar soláthraíodh maoiniú ollmhór.

45.24 I gcás inar fhág úsáideoirí seirbhísí cúram na soláthraithe, de ghnáth, rinne na soláthraithe iarracht a thaispeáint gur aithníodh ina dhiaidh sin úsáideoirí seirbhísí ionaid, nach raibh á maoiniú ag FSS, chun na háiteanna folamha a líonadh cé gur minic go raibh tréimhse shuntasach ama ann roimh dhéanamh amhlaidh. Dúirt soláthraithe seirbhísí nach raibh d'oibleagáid orthu a chur in iúl go foirmiúil do FSS nuair a d'fhág úsáideoirí seirbhísí a gcúram agus nach ndearna FSS iarracht laghdú airgeadais a dhéanamh ar an leithroinnt dóibh siúd a d'fhág.

45.25 Rinne soláthraí seirbhísí amháin, Seirbhísí Pobail Naomh Eoin le Dia, modheolaíocht treorach a bhunú chun teacht ar mhúnla níos cruinne le haghaidh leithroinnt acmhainní. Mar gheall ar an bhforbairt sin, d'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí costais a cheangal ar bhealach níos dlúithe le riachtanais aonair. Tugtar achoimre i bhFíor 206 ar mhúnla Naomh Eoin le Dia.

**Fíor 206 Treoirstaidéar i dtaobh Scála maidir le Leithroinnt Acmhainní agus Méid Tacaíochta i Seirbhísí Pobail Naomh Eoin le Dia**

I gcoitinne, déanann Seirbhísí Pobail Naomh Eoin le Dia, mar a dhéanann soláthraithe seirbhísí eile, a sheirbhísí a sholáthar do ghrúpaí de phearsana aonair i suíomhanna éagsúla. Chuir sé tús le treoirstaidéar laistigh de na seirbhísí cónaithe sa tSeirbhís Menni atá aige i samhradh na bliana 2009 chun ceangal díreach a dhéanamh idir a ionchuir airgeadais agus daonna le riachtanais pearsana aonair faoi mhíchumas atá faoina chúram.

Ba iad príomhchuspóirí an treoirstaidéir

- Múnla a aithint chun acmhainní airgeadais agus daonna a leithroinnt ar úsáideoirí seirbhísí aonair
- Modheolaíocht a aithint chun comhaontú a dhéanamh le FSS maidir le maoiniú le haghaidh seirbhísí nua.

Mar bhun leis an múnla tá próiseas measúnachta ina n-úsáidtear Foirm Agallaimh agus Próifíl aonair ina n-aimsítear riachtanais na pearsan aonair faoi ocht gcinn de chritéir éagsúla a bhaineann le riachtanais tacaíochta. Laistigh de gach critéar a bhaineann le riachtanais tacaíochta, cláraítear a mhinice a theastaíonn tacaíocht ón bpearsa aonair, ré laethúil na tacaíochta agus an cineál tacaíochta a theastaíonn ón bpearsa aonair agus tugtar 'grád' de réir mhéid na tacaíochta sin. Ríomhtar grád foriomlán trí shuimiú a dhéanamh ar na comhpháirteanna don phearsa aonair. Tugtar scór ar mhodh comhchosúil i gcás gach duine de na pearsana aonair sa suíomh a ndéantar measúnacht orthu. Cinntear an méid tacaíochta a theastaíonn ón bpearsa aonair tríd an scór sin de réir scála I-IV. Ansin, tríd an múnla, déantar leithroinnt ar an gcostas a ghabhann leis an tseirbhís a sholáthar do gach suíomh i measc na bpearsana aonair atá faoi chúram agus ar an gcaoi sin tagann siad ar an gcostas bliantúil a ghabhann le seirbhísí a sholáthar do gach pearsa aonair.

Gné den mhúnla seo, maidir leis an tslí ar a bhféadfaí leas a bhaint as chun cuidiú le FSS ina leithroinnt buiséid, go bhféadfaí riachtanas pearsan aonair ó thaobh acmhainní airgeadais, arna mheasúnú de réir an mhéid tacaíochta a theastaíonn in aon soláthraí seirbhísí, a chur i gcomparáid go díreach le pearsa aonair a ndearnadh measúnacht chomhchosúil air nó uirthi leis an soláthraí céanna nó le soláthraí eile. D'fhéadfaí leithroinnt buiséid FSS a shimpliú ar an gcaoi sin.

Nóta:

a Arna fhorbairt ag Cumann Mheiriceá um Míchumais Intleachtúla agus Forbartha (AAIDD) in 2004.

45.26 Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne go bhfuil oifigigh in Oifig na Roinne um Míchumas agus Meabhairshláinte (OMM) ar an eolas, i gcoitinne, i dtaobh mhúnla an scála maidir le Leithroinnt Acmhainní agus Méid Tacaíochta agus go mbreithníonn siad i gcónaí é i gcomhthéacs tograí beartais atá á dtabhairt chun críche faoi láthair. Rinneadh tagairt freisin don mhodheolaíocht sin nó modheolaíocht chomhchosúil a úsáid i saotharlann a bhí ann le déanaí. Chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais seimineár comhchéime ar siúl anuraidh maidir leis an múnla sin agus d'fhreastal oifigigh de chuid OMM ar an seimineár sin.

45.27 Déanfaidh an Roinn ábhair tuarascála a chur i gcuntas ar tuarascáil í ar a dtugtar "*Assessment Instruments and Community Services Rate Determination: Review and Analysis*" a ullmhaíodh don *Colorado Department of Human Services* (2006) ina ndéantar athbhreithniú ar láidreachtaí agus ar laigí deich gcinn d'uirlisí measúnachta a úsáidtear chun rátaí maoinithe cisealta a shuíomh le haghaidh seirbhísí cónaithe agus lae do dhaoine atá faoi mhíchumas intleachtúil. Tuigeadh gur moladh sa tuarascáil sin go n-úsáidfí an múnla sin. Leanfadh foireann an tionscadail a dhéanann scrúdú ar sheirbhísí míchumais de bhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an treoirstaidéir i Seirbhísí Pobail Naomh Eoin le Dia d'fhonn a fhionnadh cén chaoi a d'fhéadfadh sé cuidiú leo a gcuid breithniúchán a dhéanamh.

## Conclúid – Eolas agus Leithdháileadh

D'fhéadfaí seirbhísí a thomhas ar bhealach níos fearr trí chur chuige a ghlacadh atá comhchosúil le cur chuige treorach Seirbhísí Pobail Naomh Eoin le Dia. Cé nach bhfuil an treoirstaidéar críochnaithe go fóill agus nár úsáideadh é ach amháin gur úsáid an soláthraí seirbhísí é chun 'ráta'[304] a fhorbairt laistigh de cheann dá aonaid seirbhísí, measann sé go soláthrófar sa tuarascáil maidir leis an treoirthionscadal modh chun buiséad ionchasach a leagan amach le haghaidh seirbhísí nua.

Cuireann an tionscadal deis ar fáil costais chaighdeánacha a chinneadh i gcás seirbhísí míchumais. D'fhéadfadh sé a chur ar chumas FSS freisin an úsáid a bhaineann soláthraithe seirbhísí as maoiniú, le linn déileáil le leibhéil tacaíochta de mhéideanna éagsúla, a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile. Ba chóir do FSS an deis seo a choinneáil faoi athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh i dtaobh indéantacht agus rannchuidiú an bhealaigh cur chuige nuair a thugtar an treoirthionscadal chun críche.

## Ráitis maidir le Seirbhísí – Dul chun cinn go dtí seo

45.28 Déantar foráil leis an Acht um Míchumas 2005 maidir le teideal do dhaoine faoi mhíchumas chun ráitis maidir leis na seirbhísí sláinte agus oideachais a theastaíonn uathu tar éis measúnacht chliniciúil agus neamhchliniciúil a dhéanamh orthu. Teideal reachtúil is ea an ráiteas ach ní thugtar teideal chun na seirbhísí leis an Acht, áfach. Níl an foráil sin i bhfeidhm ach amháin do leanaí faoi cúig bliana d'aois.

45.29 Tá 3,603 measúnú I gcríoch suas go dtí mí na Nollag 2009 agus astu sin shásaigh 3,151 acu an sainmhíniú ar mhíchumas. Taispeántar i bhFíor 207 an líon measúnachtaí ar leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois a rinneadh i mbliana ó tháinig an Chuid seo den Acht i ngníomh i Meitheamh 2007, mar aon leo siúd a bhí thar téarma ag deireadh gach bliana.

---

304 Is é an míniú a thugtar ar 'ráta' an costas a ghabhann le seirbhís a sholáthar do phearsa aonair a chuireann a riachtanais tacaíochta i gcuntas.

**Fíor 207 An líon measúnachtaí ar leanaí faoi bhun 5 bliana d'aois arna ndéanamh agus thar téarma**

| Toradh an Mheasúnaithe | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|
| An tIarratasóir do theacht faoi réim an mhínithe ar mhíchumas | 61 | 1,395 | 1,695 |
| Gan an tIarratasóir do theacht faoi réim an mhínithe ar mhíchumas | 7 | 159 | 286 |
| **Measúnachtaí arna ndéanamh** | **68** | **1,554** | **1,981** |
| **Measúnachtaí thar téarma amhail ar an 31 Nollaig** | **0** | **627** | **884** |

Foinse: FSS

## Conclúid – Ráiteas Seirbhísí

Go dtí seo, tá measúnachtaí tugtha isteach do leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois agus sin amháin. San earnáil sin féin, tá líon suntasach leanaí nach bhfuair a dteidil do mheasúnú faoin Acht. 884 an líon measúnachtaí thar téarma ag deireadh na bliana 2009 (2008 – 627).

## Forbairtí le Déanaí

45.30 Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag FSS, ag an Roinn agus ag an Roinn Airgeadais ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht seirbhísí míchumais. Dúirt an Roinn go ndéanfar measúnú san athbhreithniú ar a mhéid a fhreagraíonn seirbhísí reatha do dhaoine faoi mhíchumas do chuspóirí na seirbhísí sin agus go dtabharfaidh sí tacaíocht do phleanáil agus forbairt seirbhísí míchumais amach anseo.

45.31 Dúirt an Roinn gur gné shuntasach den tionscadal é athbhreithniú ar bheartas ina ndíreofar aird ar chóras a chruthú atá freagrúil, cuntasach agus éifeachtach ó thaobh costais de chun tacú le cuimsiú gach duine faoi mhíchumas agus go dtabharfar sracléiriú sna tograí i dtaobh athbhreithniú ar an gcreat rialachais chun tacú leis an méid sin, agus go dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna amhail struchtúir bainistíochta, leithroinnt acmhainní ar bhonn na pearsan aonair, measúnacht ar riachtanais, seirbhísí a chur ar fáil/a choimisiúnú, córais dearbhaithe cáilíochta, priacal a bhainistiú agus próisis maidir le hathbhreithniú agus cuntasacht. Tá an Roinn ag súil leis go mbeidh mar chrann taca leis na tograí beartais modh leithroinnte acmhainní atá bunaithe ar riachtanais na pearsan aonair ar modh é a bheidh níos cothroime, bunaithe níos mó ar fhianaise agus níos inmharthana. Meastar go gcríochnófar an t-athbhreithniú faoi Mheán Fómhair 2010.

## Conclúid

Cé go n-aithnítear éagsúlacht riachtanais cliant comhlachtaí saorálacha, bheadh sé inmhianaithe druidim le maoiniú a thabhairt ar bhonn costála caighdeánaí.

D'fhéadfaí cóimheasa a ríomh agus a úsáid mar chuid de phléití bliantúla maidir le leithroinnt bunaithe ar an bhfaisnéis arna bailiú faoi na socruithe nua le haghaidh seirbhísí. Ní mór caighdeáin cáilíochta sonraí a fhorfheidhmiú, áfach, chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis lán-iontaofa.

D'fhéadfadh múnla an scála maidir le leithroinnt acmhainní agus méid tacaíochta atá mar threoirstaidéar ag Seirbhísí Pobail Naomh Eoin le Dia deis a chur ar fáil, tar éis measúnú iomlán a dhéanamh ar na torthaí, gnáthrátaí maoinithe a bhunú ar fud na hearnála míchumais agus imtomhaiste níos mó a bhaint amach agus maoiniú míchumais á riaradh.